

**Na Coláistí Gaeilge mar Ghné
d'Athbheochan na Gaeilge,
1904-1912**

**Seán Ó Coigligh BA, BD, MA, PhD,
ATO**

PhD


Coláiste Phádraig, Droim Conrach

**An Dr. Uáitéar Mac Gearailt
Roinn na Gaeilge**

Lúnasa 2014

DEIMHNIÚ

Tairgim an tráchtas seo i gcomhair na céime Ph.D. Dearbhaím gurb é mo shaothar féin ó thús deireadh é, cé is moite d'ábhar as saothar daoine eile a ndéantar tagairt dó i gcorp an tráchtais. Dearbhaím nár tairgeadh an tráchtas seo mar ábhar céime in ollscoil ar bith eile.



Seán Ó Coigligh

Uimhir 10263004

28 Lúnasa 2014



I gcuimhne Aoidh Mhig Eoin (1927–2010) - ‘ArdOllamh’ Choláiste Bhríde

Béal Feirste, Doire, mac uachtaigh Rann na Feirste.

Clár

Buíochais		10
Achoimre		12
Réamhrá		13
1.0.0.	An tsaincheist taighde	
1.1.0.	An comhthéacs pearsanta	
1.2.0.	Struchtúr an tráchtais. Cuid 1. Caibidil 1: An córas oideachais ins an naoú haois déag	
1.2.1.	Caibidil 2: An clár dátheangach 1904	
1.2.2.	Caibidil 3: Constaici i gcur i bhfeidhm an chláir dhátheangaigh	
1.2.3.	Cuid 2. Caibidil 4 agus 5: Feiniméan na gcoláistí Gaeilge	
1.2.4.	Cuid 3. Caibidil 6: Oidhreacht na gcoláistí Gaeilge	
1.2.5.	Aguisíní	
1.3.0.	Forbhreathnú ar an litríocht	
1.3.1.	An comhthéacs oideachasúil ins an naoú haois déag	
1.3.2.	An dátheangachas	
1.3.3.	An clár dátheangach	
1.3.4.	Léargas na scríbhneoirí dúchasacha	
1.3.5.	Na coláistí Gaeilge	
1.4.0.	Modheolaíocht	
1.5.0.	Nótaí téacs	
Cuid 1	An Ghaeilge agus an Córas Oideachais 1831-1904	31
Caibidil 1	An Ghaeilge agus an Córas Oideachais 1831-1900	32
2.0.0.	An córas oideachais náisiúnta 1831	
2.1.0.	An Bord Náisiúnta 1831-1870	
2.1.1.	Cigirí an Bhoird agus oidí	
2.2.0.	Aidhmeanna an chóras oideachais ó 1831	
2.2.1.	Curaclam gan Ghaeilge	
2.2.2.	Ag teip ar chuspóirí an chóras oideachais	
2.2.3.	Míshástacht le polasaí aonteangach an rialtais	
2.2.4.	An Béarla ag fáil na lámhe in uachtar ar an Ghaeilge	
2.2.5.	An milleán ar na scoileanna náisiúnta	
2.3.0.	Sir Patrick Keenan (1826-1894)	
2.3.1.	Forás ar an churaclam	
2.4.0.	Faoi scáth an Ghorta Mhóir – gluaiseacht athbheochan na Gaeilge	
2.4.1.	Agóid ar son na Gaeilge – cumainn na teanga	
2.4.2.	Cumann Múinteoirí Éireann (1868)	
2.4.3.	Cumann Buan-Choimeádta na Gaeilge (1876)	
2.4.4.	Aontas na Gaeilge (1882)	
2.4.5.	An Ghaeilge mar ‘ábhar breise’ (1878)	
2.4.6.	Guthanna eile – Ó Gramhnaigh agus Mac Néill	
2.5.0.	Conradh na Gaeilge (1893) agus ranganna na dtimirí	

- 2.5.1. Polasaithe an Chonartha i leith an oideachais Ghaelaigh
- 2.5.2. An Dr. Mícheál Ó hIcí
- 2.5.3. An Craoibhín
- 2.5.4. An Píarsach agus ‘athGhaelú’ an chóras oideachais
- 2.6.0. An Ghaeilge sna scoileanna náisiúnta c. 1900
- 2.6.1. Ó Máille, Ó hAnnracháin agus Ó Cadhla
- 2.6.2. Tomás Bán Ó Concheanainn i gCúige Uladh c. 1900
- 2.6.3. Iarthar Thír Chonaill
- 2.7.0. An Ghaeilge ins an chóras dara leibhéal
- 2.7.1. Coimisiún Ríoga 1899 – Mahaffy, Atkinson agus an Craoibhín
- 2.7.2. Acht nua oideachais 1900 ‘The Revised Programme’
- 2.8.0. An Ghaeilge sna scoileanna (1903-1911)
- 2.9.0. Conclúid

Caibidil 2 An Clár Dátheangach 1904

92

- 3.0.0. Éileamh ar an dátheangachas sa chóras oideachais
- 3.1.0. Fógairt an chláir dhátheangaigh 1904
- 3.1.1. Éabhlóid an dátheangachais sa chóras oideachais
- 3.1.2. Conradh na Gaeilge agus an dátheangachas
- 3.2.0. Fógairt an chláir - Aibreán 1904
- 3.2.1. Easpa muiníne as an Bhord Náisiúnta
- 3.3.0. Na meáin chumarsáide agus an clár dhátheangach
- 3.3.1. Cur in aghaidh an dátheangachais
- 3.4.0. Conspóid na dtáillí
- 3.5.0. An clár dátheangach
- 3.5.1. An clár dátheangach - rialacha agus teoracha ginearálta
- 3.5.2. Ganntanas acmhainní chun freastal ar an Ghaeilge
- 3.5.3. Na cumainn dhátheangacha
- 3.5.4. Spriocanna an chláir dhátheangaigh 1905
- 3.5.5. Téacsleabhair – *An Chéad Leabhar*
- 3.5.6. An clár dátheangach i dteach na scoile
- 3.5.7. Cúis cheiliúrtha agus fáilte roimh an chláir dhátheangach
- 3.6.0. An Píarsach agus an dátheangachas
- 3.6.1. Eanáir 1904
- 3.6.2. Aibreán-Bealtaine 1904
- 3.6.3. Meán Fómhair-Samhain 1904
- 3.6.4. Aibreán 1906
- 3.6.5. Deireadh Fómhair 1907-Iúil 1908
- 3.7.0. Conclúid

Caibidil 3 Constaicí i gcur i bhfeidhm an chláir dhátheangaigh

143

- 4.0.0. An mhoill i gcur i bhfeidhm an chláir dhátheangaigh
- 4.1.0. Na constaicí – na múinteoirí
- 4.1.1. An Píarsach agus na múinteoirí
- 4.1.2. An t-oide scoile, an Ghaeilge agus an náisiúnachas
- 4.1.3. Ó cháineadh go cúnaimh – comhairle an Phiarsaigh

4.1.4.	Teannas idir Cumann Mhúinteoirí Éireann agus an Bord	
4.2.0.	Cothrom na féinne	
4.2.1.	Ag filleadh ar thábhacht na hoiliúna	
4.3.0.	Na coláistí oiliúna	
4.3.1.	Gá le cultúr an tseomra ranga a Ghaelú	
4.3.2.	Coláiste Phádraig, Droim Conrach	
4.4.0.	An Píarsach agus na coláistí oiliúna	
4.5.0.	Conclúid	
Cuid 2	Na Coláistí Gaeilge	170
Caibidil 4	Na Coláistí Gaeilge agus aitheantas an Bhoird Náisiúnta	171
5.0.0.	Gá le modh eile chun teacht i gcabhair ar an Ghaeilge	
5.1.0.	An cúlra: tionscnamh Thomáis Uí Dhomhnaill	
5.1.1.	Cúrsaí samhraidh	
5.2.0.	Na coláistí Gaeilge a tháinig ar an saol idir 1904 agus 1906 – ó Bhéal Átha an Ghaorthaidh go Cloch Cheann Fhaola	
5.2.1.	Tuar Mhic Éadaigh	
5.2.2.	Béal Feirste, Leitir Ceanainn agus Cloch Cheann Fhaola	
5.2.3.	Forás na gcoláistí Gaeilge ar fud na tíre	
5.3.0.	Na coláistí Gaeilge agus an Bord - critéirí aitheantais	
5.3.1.	Iarratais na gcoláistí Gaeilge – <i>Training Colleges</i>	
5.3.2.	Iarratais na gcoláistí Gaeilge á meas ag an Bhord – an Cigire D. Lehane	
5.3.3.	Coinníollacha aitheantais – sonraí fisiciúla	
5.3.4.	Amchláir agus Siollabais – Coláiste Uladh	
5.3.5.	Coláiste na Mumhan	
5.3.6.	Coláiste Chonnacht	
5.3.7.	Coláiste na Rinne	
5.4.0.	Téacsanna	
5.4.1.	Coláiste Chonnacht	
5.4.2.	Coláiste na Rinne	
5.4.3.	Coláiste Uladh	
5.4.4.	Coláiste Bhríde, Ó Méith	
5.5.0.	Na foirne teagaisc - earcú ball foirne	
5.5.1.	Coláiste na Mumhan	
5.5.2.	Coláiste na Rinne	
5.5.3.	Coláiste Chonnacht, Tuar Mhic Éadaigh – Mícheál Breathnach	
5.5.4.	Pádhraic Ó Domhnalláin (1884-1960)	
5.5.5.	Coláiste Chonnacht, an Spidéal – Tomás Mac Domhnaill	
5.5.6.	Coláiste Uladh, Cloch Cheann Fhaola	
5.5.7.	Úna Ní Fhaircheallaigh (1874–1951) agus Séamus Ó Searcaigh (1861- 1965)	
5.5.8.	Coláiste Bhríde Ó Méith	
5.5.9.	Eoin Mac Néill (1867-1945) agus Peadar Ó Dubhda (1881-1971)	
5.5.10.	Cáilíochtaí á gceistiú ag an Bhord	
5.5.11.	Diarmuid Ó Laoghaire, Coláiste na Mumhan	
5.5.12.	Tomás Ó Colmáin, Coláiste Chonnacht	

- 5.5.12. Máire Ní Thuathail (1871-1954) agus Seán Ó Ruadháin (1883-1966)
- 5.6.0. Aitheantas oifigiúil and Bhoird á bhronnadh 1907
- 5.7.0. Conclúid

Caibidil 5 Reáchtáil na gcoláistí Gaeilge

244

- 6.0.0. Tús maith leath na hoibre
- 6.1.0. Tráchttaireacht ar obair na gcoláistí Gaeilge sna meáin – Coláiste na Mumhan (1904)
 - 6.1.1. Coláiste Uladh (1906)
- 6.2.0. Amchlár agus gnáthimeachtaí na gcoláistí Gaeilge
 - 6.2.1. Léachtaí – an tSean-Ghaeilge
 - 6.2.2. Stair na hÉireann
 - 6.2.3. Ag freastal ar an churaclam leathan
- 6.3.0. Modhanna múinte sna coláiste Gaeilge
 - 6.3.1. Na ranganna criticiúla
 - 6.3.2. An modh díreach agus an fhoghraíocht
 - 6.3.3. Tábhacht na foghraíochta ar shiollabais na gcoláistí Gaeilge
- 6.4.0. Tinreamh agus teistiúchán
 - 6.4.1. Coláiste Chonnacht 1907-10
 - 6.4.2. Coláiste Chonnacht an Spidéil 1910
 - 6.4.3. Coláiste Uladh
 - 6.4.4. Coláiste Bhríde, Ó Méith
- 6.5.0. Ionadaíocht
- 6.6.0. Teistiúchán agus cigireacht
 - 6.6.1. Coláiste na Mumhan - teistiúchán agus tinreamh
 - 6.6.2. Coláiste na Rinne
 - 6.6.3. Tábhacht an deontais £5
- 6.7.0. Cúrsaí airgid
 - 6.7.1. Síntiúis
- 6.8.0. Aighneas agus easaontas
 - 6.8.1. Conspóid an chanúnachais i gCúige Uladh agus Coláiste Chomhghaill 1905
 - 6.8.2. Réiteach ar chonspóid an chanúnachais
 - 6.8.3. Aighneas idir an Conradh agus an Bord (1905)
 - 6.8.4. Easaontas i gColáiste Chonnacht i ndiaidh bhás Mhíchíl Bhreathnaigh 1910
 - 6.8.5. Comhdháil na gColáistí Gaeilge
 - 6.8.6. Coláiste na Mumhan agus Comhdháil na gColáistí Gaeilge 1914
- 6.9.0. An díospóireacht faoi mhodhanna teagaisc
 - 6.9.1. An Modh Ráidhte agus an tAthair Domhnaill Ó Tuathail
 - 6.9.2. Eoin Mac Néill agus an tAthair Domhnall Ó Tuathail
- 6.10.0. Conclúid

Cuid 3	Oidhreacht na gColáistí Gaeilge	334
Caibidil 6	Oidhreacht na gColáistí Gaeilge	335
7.0.0.	Gá na gcoláistí Gaeilge	
7.1.0.	Éifeacht ghearrthéarmach na gcoláistí Gaeilge – an Ghaeltacht	
7.1.1.	Na coláistí Gaeilge agus geilleagar an cheantair Ghaeltachta máguaird	
7.2.0.	Éifeacht fhadtéarmach na gcoláistí Gaeilge - cúrsaí oideachais	
7.2.1.	Toradh pholasaí an Chonartha i leith an dátheangachais	
7.2.2.	Fadhb oiliúint na n-oidí agus obair na gcoláistí Gaeilge	
7.3.0.	An dul chun cinn de thairbhe na gcoláistí Gaeilge in earnáil an oideachais	
7.3.1.	An comhthéacs cultúrtha agus an dátheangachas	
7.3.2.	Fadhb na hoiliúna le réiteach go fóill faoi rialtas an tSaorstáit	
7.4.0.	An caidreamh idir na coláistí Gaeilge agus an Conradh	
7.5.0.	Clabhsúr scéal na gcoláistí Gaeilge	
Leabharliosta agus aistí tagartha		361
Aguisíní		370
Aguisín 1	Sonraí a bhain le hoiliúint na n-oidí 1893	371
Aguisín 2	Litir mhúinteoirí Dhún Garbhán, Iúl 1910	375
Aguisín 3	Tinreamh sna coláistí Gaeilge 1907–1920	378
Léaráidí		
Léaráid 1.	Tinreamh i gColáiste Chonnacht, Tuar Mhic Éadaigh idir 1907 agus 1921 de réir na gcontaetha.	270
Léaráid 2.	Tinreamh i gColáiste Chonnacht, An Spidéal idir 1911 agus 1921 de réir na gcontaetha.	272
Léaráid 3.	List of National Teachers (including Assistant Mistresses and Monitors) in attendance at the Summer Session 1913 (Omeath) (a).	275
Léaráid 4.	List of National Teachers (including Assistant Mistresses and Monitors) in attendance at the Summer Session 1913 (Omeath) (b).	276
Griangraif		
Coláiste na Mumhan, Béal Átha an Ghaorthaidh le Robert French (1841-1917)		178

Clár ama Choláiste na Mumhan ó lámh an Athar Ó Dálaigh	195
Amchlár Choláiste Bhríde, Ó Méith i bpeannaireacht Eoin Mhic Néill	202
An Chéad Choláiste ar an Airdí Bheag, Gort an Choirce	218
Litir an Ollaimh Osborn Ó hAimheirgín	225
Sonraí foirne Choláiste Chonnacht, Tuar Mhic Éadaigh 1908	232
Léarscáil na gcoláistí Gaeilge a bhí ann i 1922	239
Foireann agus Coiste Choláiste Bhríde 1913	277
Teastas Choláiste Chonnacht, Tuar Mhic Éadaigh 1910	279
Teastas a bronnadh ar Máille Ní Fhionnagáin ag deireadh cúrsa 1918 i gColáiste Bhríde, Ó Méith	288
Cuntais Choláiste Uladh 1916-17	289
Ráiteas bainc Choláiste Bhríde 1912	293
Bileog Eolais a d'eisigh Comhdháil na gColáistí Gaeilge roimh tús na gcúrsaí Gaeilge i 1918	328

BUÍOCHAIS

Ní bheadh an saothar seo indéanta gan an chabhair agus an cúnamh a tugadh dom le linn dom a bheith ina bhun. Bheadh sé dodhéanta mo bhuíochas a chur in iúl i gceart dóibh siúd a chuidigh liom. Tá súil agam, mar sin, gur leor iad a lua anseo. Beidh mé faoina gcomaoin go deo as ucht na flaithiúlachta a thaispeáin siad dom agus an obair seo ar bun agam.

- D’fhoireann Leabharlann Uí Chriagáin, as ucht an chúnaimh agus na foighne a thaispeáin siad dom nuair a bhí mé ar thóir an eolais.
- Don Dochtúir Aideen Ireland agus do Gregory O’Connor agus d’fhoireann na Cartlainne Náisiúnta, Baile Átha Cliath, as an bhealach chúirtéiseach chuidiúil ar phléigh siad liom.
- Do Sheán Ó Maoláin agus do Stiofáin Ó Briain, Leabharlann Chathair Chorcaigh.
- D’fhoireann na Leabharlainne Náisiúnta, Baile Átha Cliath.
- Do mo chara agus mo chomharsa Pronisias Ó Cuanaigh, Dún Dealgan, mo mhúinteoir Gaeilge nuair a bhí mé i mo ghasúr i Scoil na mBráithre Críostaí, Dún Dealgan, a thug comhairle dom go minic i rith an ama seo, mar a rinne sé sa seomra ranga fadó.
- Do Pádraig Chonail Ó Grianna, Rann na Feirste, do Réamonn Ó Ciaráin, Ard Mhacha, do Mhícheál Mac Suibhne, Carraig Mhachaire Rois, don Athair Mícheál Ó Céilleachair C.Ss.R., Baile Átha Cliath, do Dhonncha Eddie Ó Duibheannaigh, Carraig an Choill, Rann na Feirste, do Thadhg Mac Maoláin, Dún Dealgan, do Ruairí de hÁl, Dún Dealgan, don Athair Pádraig Ó Baoighill, S.P., Gaoth Dobhair, d’Éamonn Mac Niallais, Acadamh na hOllscolaíochta,

Gaoth Dobhair, d'Adhamhnán Mac Crabhagáin, An Pointe, Co. an Dúin agus do Thomás Ó hOisticín, Droichead Átha a thug leabhair agus irisí ar iasacht dom i rith an ama seo agus do Phádraig Ó Ceallaigh, Gort a'Choirce, atá imithe anois ar shlí na fírinne, a bhí sásta comhairle a thabhairt dom ar ábhair éagsúla a bhain le Coláiste Uladh, Cloch Cheann Fhaola.

- D'Ann McKeown, do Sheán O'Hanlon agus do Róisín Mulligan agus baill Chumann Staire Ó Méith Mara.
- Do mo mháthair, Máire Bean Uí Choigligh, agus do mo chlann a thug spreagadh agus tacaíocht dom.
- Do Doris, Kent, April agus Deanne Bjoringsoy, Maloy, An Ioruaidh, a thug spás dom i gcúinne an tí chun go mbeinnse in ann dul i mbun mo chuid oibre.
- Do mo chomhghleacaithe i gColáiste Rís, Dún Dealgan agus go háirithe do Phádraig Ó hAdhmaill, príomhoide na scoile, a bhí tuisceannach agus fial flaitiúil dom ins an spreagadh a thug siad dom i rith an ama a raibh an saothar seo á scríobh agam.
- Don Dochtúir Ciarán Ó Coigligh agus don Dochtúir Uáitéar Mac Gearailt, thar duine ar bith eile, a d'oibrigh liom agus a stiúraigh mo chuid scríbhneoireachta agus mo mhacnamh ó thosaigh mé ar an taighde seo i nDeireadh Fómhair 2010.

Tá mé cinnte go bhfuil daoine eile ann a chuidigh liom ach nach bhfuil luaite anseo agam. Tá brón orm faoin fhaillí seo. Gan an cuidiú seo ní bheadh an scéal seo á insint agam inniu. Guím cúnaimh Naomh Bhríde, Muire na nGael, oraibh ar fad.

Seán Ó Coigligh Meán Fómhair 2014

ACHOIMRE

Na Coláistí Gaeilge Mar Ghné d'Athbheochan na Gaeilge, 1904-1912

Cuireadh coláiste Gaeilge ar bun i mBéal Átha an Ghaorthaidh, Co. Chorcaí sa bhliain 1904 chun múinteoirí scoile náisiúnta a ullmhú chun an Ghaeilge a theagasc i gcraobhacha Chonradh na Gaeilge agus sna scoileanna Náisiúnta ar fud na hÉireann. Ceadaíodh teagasc na Gaeilge mar ghnáthabhar ar churaclam na scoileanna Náisiúnta den chéad uair riamh ó bunaíodh an córas oideachais náisiúnta in 1831 i scoileanna Náisiúnta na Gaeltachta nuair a fógraíodh an Clár Dátheangach in Aibreán 1904. Ba chuid den obair athnuachana ar an churaclam náisiúnta a tosaíodh i 1900 é an clár. Chonacthas, áfach, nach raibh dóthain oidí oilte ann chun dul i mbun theagasc na Gaeilge sna scoileanna. Chuir an Piarasach agus an Craoibhín bunús an mhilleáin ar an Bhord Náisiúnta agus ar na coláistí oiliúna stáit. Ba iarracht í bunú na gcoláistí Gaeilge an fhadhb seo a réiteach.

Glacadh go réidh leis na cúrsaí a bhí á n-eagrú i gColáiste na Mumhan agus níorbh fhada gur osclaíodh coláistí Gaeilge eile sna ceithre chúige idir 1904 agus 1912. Mheall na cúrsaí seo na sluaite oidí chun na ceantair ba láidre Gaeilge ina raibh na coláistí bunaithe iontu. Bronnadh teastais inniúlachta orthu siúd ar éirigh leo sna scrúdaithe a réachtáladh ag deireadh na gcúrsaí. Thuig an Bord Náisiúnta fiúntas a gcuid oibre agus d'aithin sé teastais na gcoláistí mar cháilíocht oifigiúil múinteoireachta.

Tá tábhacht ag na coláistí Gaeilge in éabhlóid theagasc na Gaeilge. Is iad a chuir oidí ar fáil don chóras oideachais. Bhí scoláirí móra na Gaeilge ar nós Eoin Mhic Néill, Risteard Uí Dhálaigh, Risteard de Hindeberg, Thomáis Uí Cholmáin, Mhíchíl Breathnaigh agus Úna Ní Fhaircheallaigh ag croílár obair na gcoláistí seo. Mar sin ba chéim chinniúnach é an feiniméan lenar bhain siad i scéal na Gaeilge sa chóras oideachais. Seasann na coláistí Gaeilge don idéalachas a spreag tréaniarracht na gConraitheoirí deiseanna oiliúna a chur ar fáil d'oidí scoile na tíre an Ghaeilge a theagasc d'aos óg agus do dhaoine fásta an ama sin nuair nach raibh rialtas na tíre sásta na deiseanna sin a chur ar fáil. Is é sin ábhar agus fócas an tsaothair seo.

Seán Ó Coigligh

Réamhrá

1.0.0 An tSaincheist Taighde

Cuireadh an córas oideachais náisiúnta ar bun sa bhliain 1831 agus is é an príomhchuspóir a bhí ag na coimisinéirí oideachais luachanna Impireacht na Breataine agus litearthacht sa Bhéarla a leathadh i measc mhuintir na hÉireann mar a bhí ar siúl i Sasana, in Albain agus sa Bhreatain Bheag. Córas righin a bhí ann a bhí dírithe ar na ‘3 Rs’ agus níor tugadh aird ar luachanna dúchasacha na hÉireann i dteach na scoile.

Níl sampla níos fearr ann a léireoidh an neamhaird chultúrtha seo ná an fhaillí a rinneadh sa Ghaeilge ar an churaclam scoile. Ní raibh teagasc na Gaeilge ceadaithe i dteach na scoile go dtí 1879, nuair a ceadáíodh an teanga a theagasc mar ‘ábhar breise’.¹ Ceadáíodh an t-ábhar a theagasc ó 1900 sna scoileanna Náisiúnta, a fhad is nár chuir na ranganna Gaeilge seo isteach ar chur i bhfeidhm an churaclaim a leag an Bord Náisiúnta síos. Nuair a rinneadh athnuachan ar an chóras oideachais faoin Revised Programme, .i. *an Clár Nua* i 1900, aithníodh áit lárnach an pháiste ins an bpróiseas oideachais² agus ceadáíodh teagasc na Gaeilge mar ghnáthábhar scoile sna ceantair ba láidre Gaeilge, .i. na ceantair Ghaeltachta, i 1904 faoi choinníollacha an chláir dhátheangaigh. Faoi rialacha an chláir seo ceadáíodh an Ghaeilge mar mheán teagaisc i gCo. na Gaillimhe, i gCo. Mhaigh Eo, i gCo. an Chláir, i gCo. Chiarraí, i gCo. Chorcaí, i gCo. Phort Láirge agus i gCo. Dhún na nGall. Tugadh ‘géilleadh’ ar fhógairt an chláir dhátheangaigh, dar le Pádraigín Ní Cheallaigh.³ Chuaigh Conradh na Gaeilge, go háirithe Pádraig Mac Piarais, i mbun feachtais in *An Claidheamh Soluis* idir 1904 agus 1908 chun bainisteoirí agus múinteoirí scoile a spreagadh an Ghaeilge a mhúineadh.

Bhí deacrachtaí suntasacha le sárú chun go n-éireodh leis an chlár. Cé gur litearthacht sa Bhéarla príomhaidhm an chóras oideachais ní raibh formhór oidí na tíre oilte i scileanna múinteoireachta. Tháinig an ganntanas seo chun solais nuair a chuaigh Coimisiún Ríoga Powis i mbun oibre i 1870, nuair nach raibh oiliúint fhoirmiúil i gcúrsaí múinteoireachta ach ag 34 fán gcéad d'oidí scoile in Éirinn.⁴ Ní raibh an oiliúint seo a bhí riachtanach á cur ar fáil ag an rialtas d'oidí scoile chun spriocanna an chláir nua nó an chláir dhatheangaigh a chur i bhfeidhm. Thug na coláistí oiliúna stáit cluas bhodhar d'achainí an Chonartha stadás a thabhairt don Ghaeilge ar an churaclam seachas na hiarrachtaí a bhí á ndéanamh i gColáiste Oiliúna De La Salle, Port Láirge agus i gColáiste Mhuire, Béal Feirste freastal ar an Ghaeilge. Dar le Mícheál Ó Máirtín, 'Ba bheag meas a bhí ag na coláistí oiliúna múinteoirí [sic] ar an Ghaeilge agus mar sin de ba doiligh múinteoirí cáilithe a fháil leis an Ghaeilge a theagasc sna scoileanna náisiúnta nó le hobair an Chonartha a chur i gcrích i measc an phobail.'⁵

B'as an ghéarghá seo a d'fhás feiniméan na gcoláistí Gaeilge, ábhar an taighde seo. Ba é an cuspóir a bhí ag na coláistí Gaeilge, a cuireadh ar bun ó 1904 ar aghaidh oiliúint i dteagasc na Gaeilge a chur ar mhúinteoirí scoile agus ar mhúinteoirí chraobhacha an Chonartha. Ba obair í seo a bhí i gcroílár ghluaiseacht an náisiúnachais ó chuir an Craoibhín, Ó hÍcí agus an Píarsach béim ar athGhaelú an chóras oideachais ag deireadh an naoú haois déag agus ag tús an fhichiú aois. D'fhéadfadh na mic léinn a d'fhreastail ar na coláistí Gaeilge teastas an Bhoird a aimsiú trí dhul faoi scrúdú ag deireadh cúrsa. Ó 1906 d'aithin an Bord na teastais a bhronn na coláistí Gaeilge mar cháilíocht oifigiúil i dteagasc na Gaeilge. Baineadh úsáid as modhanna teagaisc nua-aimseartha chun an obair seo a dhéanamh.⁶

Feictear an téarma ‘Training College’ in úsáid sna cáipéisí oifigiúla, Doicmiéid ED11, atá á gcoimeád ins an Chartlann Náisiúnta, Sráid an Easpaig, Baile Átha Cliath 8. Bhí na coláistí Gaeilge dírithe ar oiliúint a chur ar mhúinteoirí agus ar ábhair mhúinteora i dteagasc na Gaeilge. Luann Ó Máirtín an cuntas a thug Shane Leslie orthu siúd a bhí ag freastal orthu:

Professional teachers, people of leisure, Carmelites, Christian Brothers, some Gaels, some Galls. To a proportion of their countrymen they must appear mad; and it must be granted that there is method as well as purpose in their madness. The method is education; the purpose is a nation.⁷

Osclaíodh an chéad choláiste Gaeilge sa bhliain 1904 i mBéal Átha an Ghaorthaidh, Co. Chorcaí. Cuireadh Iolsgoil na Mumhan nó Coláiste na Rinne, Rinn Ua gCuanach ar bun i 1905 agus leathnaigh na hinstitiúidí seo ó thuaidh nuair a bunaíodh Coláiste Chonnacht i dTuar Mhic Éadaigh, agus Coláiste na gCeithre Máistrí i Leitir Ceanainn agus Coláiste Uladh i nGort an Choirce, Co. Dhún an nGall.⁸ Fán bhliain 1921 bhí breis agus scór coláiste Gaeilge i mbun oiliúna go dtí gur cuireadh oiliúint oidí scoile faoi chúram na gcoláistí oiliúna Stáit faoi Roinn Oideachas rialtas an tSaorstáit. Faoi thús na ndaichidí ba bheag múinteoir a fuair a chuid oiliúna mar mhúinteoir Gaeilge ins na seancholáistí Gaeilge. Mar sin tháinig laghdú ar líon na ndaoine fásta a bhí ag freastal orthu agus dhírigh roinnt acu ar theagasc na Gaeilge don aos óg, a bhí ag foghlaim na Gaeilge anois mar ábhar éigeantach sna scoileanna.⁹

1.1.0. An comhthéacs pearsanta

Eascraíonn an saothar seo as taighde a rinne mé mar chuid de chúrsa Máistreachta sa Ghaeilge i gColáiste Phádraig, Droim Conrach idir 2007 agus 2009. Ba é

traidisiún Ghaeltacht Oirghiall agus Coláiste Bhríde Ó Méith, a cuireadh ar bun sa bhliain 1912, ábhar an taighde sin. Is beag ábhar scríofa a bhí ann faoin choláiste ag an am, lasmuigh de chorralt a foilsíodh in iris Chumann Staire Ó Méith, *Omeath – looking back at the past*. Thuig mé, áfach, go raibh tábhacht ag baint le hÓ Méith a bhí i bhfad níba leithne ná Gaeltacht Oirghiall. Thuig mé go raibh scéal Choláiste Bhríde, Rann na Feirste, áit ar chaith mé na blianta mar scoláire ar dtús agus níos moille mar mhúinteoir, fréamhaithe in Ó Méith. Bhí mé ag iarraidh scéal an dlúthcheangail a bhí ann agus atá ann go fóill idir tuaisceart Lú agus na Rosa Íochtaracha a insint. Bhain Coláiste Bhríde, Ó Méith leis an fheiniméan a thosaigh i mBéal Átha an Ghaorthaidh i 1904.

1.2.0. Struchtúr an tráchtais - Caibidil 1: An córas oideachais agus áit na Gaeilge ins an naoú haois déag

Tá an tráchtas seo roinnte ina thrí chuid. Scrúdaíonn Cuid 1 an comhthéacs oideachais agus cultúrtha ó bunaíodh an córas oideachais i 1831 go dtí gur ceadaíodh teagasc na Gaeilge sna scoileanna Gaeltachta sa bhliain 1904 faoi rialacha an chláir dhátheangaigh. Féachtar ar an chóras oideachais agus go háirithe ar áit íseal na Gaeilge go dtí tús an fichiú haois i gCaibidil 1. Déantar iarracht achoimre a thabhairt ar an agóid a thóg na heagraíochtaí éagsúla a bhain le gluaiseacht na hathbheochana ó lár an naoú haois déag chun aitheantas iomlán a bhaint amach don Ghaeilge ar an churaclam scoile. Tháinig an ghluaiseacht seo faoi bhláth le bunú Chonradh na Gaeilge i 1893. Féachfar ar an mhéid a bhí le rá ag údaráis an Chonartha chun an cuspóir sin a bhaint amach, in a measc an Craoibhín, an Dr. Ó hÍcí agus Pádraig Mac Piarais.

1.2.1. Caibidil 2: An clár dátheangach 1904

In Aibreán 1904 d'fhógair an Bord an clár dátheangach, polasaí a thug cead do mhúinteoirí an Ghaeilge a theagasc sna scoileanna náisiúnta sna ceantair ba láidre ó thaobh na Gaeilge. Ba thoradh é fógairt an chláir dhátheangaigh ar an agóid a d'eagraigh Conradh na Gaeilge ó bhlianta dheireadh an naoú haois déag. Ba é cuspóir na hagóide seo córas oideachais dátheangach a chur i bhfeidhm in Éirinn chun freastal ar aos óg na Gaeltachta nach raibh ach an Ghaeilge acu agus chun an Ghaeilge a theagasc do gach dalta scoile sa tír. Féachtar i gCaibidil 2 ar chur chuige an pholasaí nua seo, ar an mhéid a bhí le rá ag lucht an Chonartha, ina measc siúd an Craoibhín agus an Piarsach, chun tábhacht an dátheangachais a mhíniú chun go nglacfadh pobal na hÉireann agus go háirithe na múinteoirí scoile leis. Is í leathanaigh iris an Chonartha, *An Claidheamh Soluis*, a fheictear an spreagadh seo, inar léirigh an Piarsach riachtanais an dátheangachais chun 'athGhaelú' a dhéanamh ar an chóras oideachais.

1.2.2. Caibidil 3: Constaicí i gcur i bhfeidhm an chláir dhátheangaigh

Cé gur cuireadh fáilte mhór roimh an chlár dátheangach ní raibh cur i bhfeidhm an chláir ar aon dul leis an chíocras a léirigh an Piarsach ina leith. Bhí fabhbanna bunúsacha le sárú ag an Bhord agus é ag iarraidh a pholasaí dátheangach a chur i bhfeidhm sna scoileanna náisiúnta. Scrúdóidh Caibidil 3 na deacrachtaí sin: easpa oiliúna na n-oidí scoile sa Ghaeilge agus i dteagasc na Gaeilge, dearcadh diúltach na gcoláistí oiliúna i leith na Gaeilge agus leisce an Bhoird deiseanna oiliúna a chur ar fáil chun oiliúint a chur ar na múinteoirí scoile.

1.2.3. Cuid 2. Caibidil 4 agus 5: Feiniméan na gcoláistí Gaeilge

Tá dhá chaibidil i gCuid 2 den tráchtas seo a dhíríonn ar fheiniméan na gcoláistí Gaeilge. Is iad sin na coláistí a bunaíodh idir 1904 agus 1912 agus is orthusan a bheidh fócas sa saothar seo. Tugtar ‘feiniméan’ in áit ‘gluaiseacht’ ar an éabhlóid a tháinig ar na hinstiúidí éagsúla seo. Bhí na coláistí neamhspleách ar a chéile cé go raibh siad dírithe ar an chuspóir chéanna, agus léireofar nach raibh siad i gcónaí ar aon intinn faoin bhealach ab fhearr le dul i mbun a gcuid oibre.

I gCaibidil 4 féachtar ar an chúlra agus ar an *modus operandi* a bhain leis na coláistí Gaeilge. Thuig an Bord Náisiúnta go mbeadh gá le tacú leis na hinstiúidí seo a cuireadh ar bun faoi stiúir an Chonartha¹⁰ chun a chinntiú nach raibh i bhfógairt an chláir dhátheangaigh ach polasaí rialtais ar pháipéar amháin. Bhí an Piarasach agus an Craoibhín roimhe amhrasach faoi dháiríreacht an Bhoird córas oideachais dhátheangaigh a chur i bhfeidhm. Ó 1905 bhí an Bord sásta stádas oifigiúil a bhronnadh ar na coláistí Gaeilge a shásaigh na caighdeáin a leag an Bord síos. Pléitear na sonraí a bhain le ceist aitheantas an Bhoird, earcú agus cáilíochtaí ball foirne, cláir oibre agus téacsanna, socruithe ionadaíochta agus cúrsaí airgid agus maoinithe.

I gcaibidil 5, scrúdaítear na ceistanna a d’eascair as reáchtáil na gcoláistí Gaeilge. Pléitear sonraí na siollabas ar nós an mhodha teagaisc a cuireadh i bhfeidhm agus tábhacht na foghraíochta ar na siollabais sin. Pléitear fosta an caidreamh a mhair idir na coláistí Gaeilge agus an Bord. Ba chaidreamh míchompórdach é seo. Cé go raibh siad sásta glacadh le deontas £5 an Bhoird ó 1907 ar aghaidh feicfear nach raibh na coláistí sásta géilleadh ar cheist an neamhspleáchais agus ról a thabairt do

chigirí an Bhoird i gcúrsaí teistiúcháin sna coláistí. Déantar tráchtairacht fosta ar na haighnis éagsúla a bhris amach idir na coláistí, ar léiriú eile iad nach ‘gluaiseacht’ mhonailiotach a bhí i bhfeiniméan na gcoláistí Gaeilge.

1.2.4. Cuid 3. Caibidil 6: Oidhreacht na gcoláistí Gaeilge

Cuirtear deireadh leis an tráchtas i gCuid 3, áit a ndéantar iarracht a n-oidhreacht a mheas. Feicfear, mar shampla, go raibh éifeacht chinniúnach acu ó thaobh neartú na Gaeilge ar an churaclam scoile agus ó thaobh na hoibre a rinne siad chun múinteoirí oilte i dteagasc na Gaeilge a sholáthar don chóras oideachais i rith laethanta deiridh rialtas na Breataine agus i ndiaidh do Rialtas an tSaorstáit teacht i gcumhacht i 1921.

Féachtar ar na héifeachtaí gearrthéarmacha eacnamaíochta agus cultúrtha a bhí ag na coláistí Gaeilge sna ceantair Ghaeltachta ina raibh siad lonnaithe, ar na hiarrachtaí a rinne siad oidí cáilithe a chur ar fáil don chóras oideachais, ar na fadhbanna a bhain le ceist an dátheangachais, ar an chaidreamh a bhí idir na coláistí agus an Conradh agus ar an díospóireacht a tharla mar chuid d’éabhlóid na gcoláistí chun teacht ar an mhodh is fearr an Ghaeilge a theagasc do dhaoine fásta.

1.2.5. Aguisíní

Tá trí aguisín sa tráchtas seo. Tugann Aguisín 1 sampla den réimse ábhar a bhí á dtairiscint sna coláistí oiliúna Stáit sa bhliain 1893. Tabharfar faoi deara nach raibh na coláistí oiliúna Stait ag déanamh freastail ar an Ghaeilge mar ábhar acadúil mar chuid de chúrsa oiliúna na n-ábhar múinteora. Baineann Aguisín 2 leis an chonspóid a bhris amach i 1910 nuair a rinne Cumann Mhúinteoirí Dhún Gharbhán

iarracht coláiste Gaeilge a chur ar bun in ainneoin go raibh coláiste ann ó 1905 taobh leis i Rinn Ua gCuanach. Ainmníonn an litir ann na hoidí a shínigh an achainí le coláiste Gaeilge a bhunú.

Is iarracht é Aguisín 3 léargas a thabhairt ar na mic léinn a d'fhreastail ar na coláistí Gaeilge ó tosaíodh ar taifeadadh oifigiúil a choimeád i 1907 go dtí gur tháinig deireadh le hobair oiliúint na gcoláistí Gaeilge i 1921. Tá an t-eolas ann bunaithe ar na doiciméid a bhaineann leis na coláistí éagsúla atá ar fáil san Chartlann Náisiúnta. Tá cuid mhaith eolais cailte agus, mar sin, ní liosta iomlán atá ann. Tá tábhacht ag baint leis, áfach, mar gurb í seo an chéad uair a leagadh an t-eolas amach mar atá sé anseo.

1.3.0. Forbhreathnú ar an litríocht

Tá trí ábhar éagsúla á scrúdú sa saothar seo. Is iad sin:

- a. Stair na Gaeilge ar an churaclam scoile in Éirinn ins an naoú haois déag;
- b. an clár dátheangach a cheadaigh úsáid na Gaeilge mar mheán teagaisc agus mar ghnáthábhar léinn i scoileanna náisiúnta na Gaeltachta i 1904;
- c. feiniméan na gcoláistí Gaeilge a tháinig chun cinn in Éirinn ó 1904.

1.3.1. An comhthéacs oideachasúil ins an naoú haois déag

Tá dhá shórt foinse liteartha idir lámha agus comhthéacs an chóras oideachais náisiúnta sa tréimhse seo á mheas. Tugann an reachtaíocht a bhain leis an chóras oideachais nua agus an tráchttaireacht a bhaineann léi léargas spéisiúil dúinn ar an éabhlóid a bhain léi. Cuireann saothar Áine Hyland agus Kenneth Milne, *Irish*

educational documents, vol. 1, an reachtaíocht oideachais i láthair a bhain le bunú an chóras oideachais náisiúnta ó fhoilsíodh litir an Tiarna Stanley chuig an Iarla Landsdowne, inar leag sé amach aidhmeanna an chórais oideachais nua. Tugann siad cuntas ar an reachtaíocht a bhain le forbairt an chórais faoi choimisiún Powis (1868-70) agus Belmore (1898-90). Déanann John Coolahan, *Irish education: its history and structure*,¹¹ agus Colmán Ó hUallacháin, *The Irish and Irish*,¹² tráchttaireacht chuimsitheach ar an reachtaíocht sin.

1.3.2. An dátheangachas

Is iad Adeline Tissier-Moston¹³ agus Thomas A. O'Donoghue an bheirt údar a rinne tráchttaireacht ar an dátheangachas ó lár an naoú aois déag. Tugann Tissier-Moston cuntas ar na céimeanna éagsúla a bhí i scéal na hagioide le haghaidh aitheantas na Gaeilge ins an chóras oideachais náisiúnta. Cuireann sí suim ar leith in obair Sir Patrick Keenan (1826-1894), príomhchigire an Bhoird Náisiúnta a d'aithin na laigí a bhain le córas oideachais aonteangach, mar shampla nach raibh áit ar bith ann don Ghaeilge, máthairtheanga bunús dhaltaí na gceantar Ghaeltachta. Cuidíonn sí leis an tuairim gurbh é leathadh an Bhéarla i measc mhuintir na hÉireann príomhchuspóir an chóras oideachais.

Ní ghlacann Thomas A. O'Donoghue leis an tuairim seo, áfach.¹⁴ Tá sé den tuairim gur stráitéis é an clár dátheangach a bhí go hiomlán dírithe ar an litearthacht i nGaeilge agus i mBéarla a chur chun cinn i measc daltaí bunscoile agus ar chinntiú go bhfaighidís oideachas ginearálta trí mheán an dá theanga.¹⁵ Tugann O'Donoghue cuntas stairiúil ar 'a particular innovation in bilingual education in the first twenty years of the twentieth century, namely, the Bilingual Programme of Instruction,

introduced in selected schools in Irish-speaking districts in Ireland between 1904 and 1922'.¹⁶ Dar leis rinneadh neamhaird iomlán ar mhionchultúr agus ar theangacha na mionchultúr sin ar fud Impireacht na Breataine agus gur glacadh le polasaí a chuir cultúr na Breataine chun cinn ar fud na hImpireachta, Éire san áireamh. Ba é príomhchupóir an chóras oideachais, mar sin, an Béarla a mhúineadh do dhaltáí scoile i bpolasaí oideachais ar a dtugann sé 'a policy of cultural assimilation and political socialisation in Ireland'.¹⁷ Lean an polasaí seo i scoileanna na Ríochta Aontaithe fiú tar éis don Rialtas géilleadh don Bhreatnais i 1897, don Ghaeilge i 1904 agus don Ghaidhlig in Albain i 1914.¹⁸

Tá sé doiligh a rá cé aige a raibh an ceart mar go léiríonn na tráchtairí go raibh muintir na hÉireann tar éis tiontú i dtreo an Bhéarla. Deir Kelly an méid seo a leanas:

It seems ... spurious to suggest that English was 'imposed' on the majority of the population. Rather, the British policy of cultural assimilation was strengthened by the desire of Irish people, springing to a large extent from economic necessity, to learn English. To this extent only can the schools be seen as participating in the linguistic shift of the nineteenth century. Of greater importance was the fact that the Irish people were surrounded by a world whose business was carried on through the medium of English, a world which was seen as economically more prosperous than Gaelic-speaking Ireland, Irish often being associated with poverty. In the words of the poet Michael Hartnett, English became 'a necessary sin / the perfect language to sell pigs in'.¹⁹

1.3.3. An clár dátheangach

Ó Aibreán 1904 tugadh cead do mhúinteoirí na gceantar ba láidre Gaeilge, .i. an Ghaeltacht, an Ghaeilge a theagasc mar ghnáthábhar scoile agus úsáid a bhaint as an Ghaeilge mar mheán teagaisc sna scoileanna náisiúnta. Baintear úsáid as saothar

Dhubhglais de hÍde, *Mise agus an Connradh go dtí 1905*,²⁰ chun léargas a fháil ar thuairimí cheannairí an Chonartha i ngluaiseacht an dátheangachais. Tugann Gearóid Mac Giolla Domhnaigh²¹ cuntas ar an ghluaiseacht seo i gCúige Uladh. Is foinse luachmhar é saothar Mhic Ghiolla Domhnaigh mar go dtugann sé cuntas ar thuairiscí chamchuart Thomáis Bháin Uí Choncheanainn thart ar an chúige idir 1900 agus 1902, ina léiríonn sé staid na Gaeilge sna scoileanna náisiúnta. Faightear achoimre ar thuairiscí Phádraig Uí Mháille, Pheadair Uí Annracháin agus Phádraig Uí Chadhla i saothar an Chraoibhín. Tugann Ó hAnnracháin cuntas ar a chuid oibre mar thimire an Chonartha ina dhírbeathaisnéis *Fé Bhrat an Chonartha* (Baile Átha Cliath 1944).

1.3.4. Léargas ár scríbhneoirí dúchasacha

Tugann an scéalta beatha scríbhneoirí na Gaeilge ag deireadh an naoú haois déag léargas saibhir eile dúinn ar chultúr an tseomra ranga i rith an naoú haois déag. Cuireadh an Béarla i réim sa seomra ranga agus caithefear glacadh leis gur baineadh úsáid as an lámh láidir chun cuspóirí an Bhoird agus an mháistir scoile a chur i gcrích. Páistí scoile gan Bhéarla den chuid is mó a bhí i gceist agus múinteoirí gan Ghaeilge á dteagasc. Tagann cuntas ar shaol na scoile náisiúnta anuas chugainn ón scríbhneoir Conallach, Niall Mac Giolla Bhríde. Rugadh Mac Giolla Bhríde i 1861 i gceantar an Chraoslaigh. Cuireann sé síos ar an lá scoile mar seo:

An chéad lá a chuaidh mise isteach ar dhoras na sgoile ní rabh focal Béarla agam. Ach ní fada a bhí mé mar sin. Tugadh le fios damh gurbh' é an Béarla a bhí i n-uachtar sa sgoil, agus thoisigh mé – i n-éadan mo thola – a fhoghlaim. Ní dhéanfaidh mé dearmad go dté ordóg an bháis ar mo shúile ar an deacaireacht a bhí ag baint le foghlaim an Bhéarla. Bhí an Ghaedhilg ar ár dtoil againn go léir agus gan fonn ró-mhór orainn glacadh leis an Bhéarla. Sul a rabh seachtmhain caithte agam-sa ar an sgoil thuig mé nach rabh an dara suidhe sa bhuailidh ann ach claidhe leis an teangaidh a bhí i réim sa sgoil.

Chros an maighistir orainn feidhm a bhaint as an Ghaedhilg taobh istoigh de dhoras na sgoile, agus is beag lá nach mbíodh sé 'gar gcomhairliú an rámás teangtha a bhí againn a chaitheamh uainn. Níorbh' fhorus sin a dhéanamh. Ba í an Ghaedhilg a bhí ag an mhór-chuid de na sgoiláirí agus ba doiligh dóbhfha an teanga a thigeadh go réidh leo agus a chleachtadh siad maidin agus tráthnóna a chur uatha dá mbéadh a fhonn ortha féin. I n-obair na sgoile labhrámuais an Béarla le heagla roimh an mhaighistir, ach ba í an Ghaedhilg a bhíodh againn nuair a bhíodh an chogarnach ar siubhal againn eadrainn fhéin. D'aindeoin droch-mheas an mhaighistir uirthi níor lughaide ar meas-inne uirthi nuair a gheibhimis an fhaill. Níor éirigh leis-sean ná le maighistir ar bith eile sa pharóiste an teangaidh a chleachtadh na páistí sa bhaile a dhíbirt.²²

Ní raibh Mac Giolla Bhríde leis féin ag cur síos ar ghránnacht na laethanta scoile faoin seanchóras. Déanfar tagairt do shaothair dhírbheathaisnéise Thomáis Uí Chríomhthain,²³ Pheig Sayers,²⁴ Mhuiris Uí Shúilleabháin,²⁵ Mhicí Mhic Gabhann²⁶ agus an Athar Peadair²⁷. Tá eolas beathaisnéise Phádraig Uí Chonaire le fáil i saothar na Siúrach Eibhlín Ní Chionnaith.²⁸ Baineann Caoimhe Máirtín, *An máistir – an scoil agus an scoláiocht i litríocht na Gaeilge*,²⁹ úsáid as na foinsí seanchais chun cur leis an pheirspeictíocht seo. Pléann sí an múinteoir, an cigire scoile, an sagart agus ar aile. Tagann dhá rud chun tosaigh sna cuntais bheatha thuasluaite: forlámhas an Bhéarla sna seomraí ranga agus an t-atmaisféar míthaitneamhach a d'fhulaing daltaí na Gaeltachta agus iad ag freastal ar scoil.

1.3.5. Na coláistí Gaeilge

Dúirt Mícheál Ó Máirtín gur 'beag atá scríofa ar na coláistí Gaeilge diomaite de stair bheag Choláiste Uladh i gCloch Cheann Fhaola a foilsíodh i 1956 nuair a bhí iubhaile órga an choláiste á comóradh agus an leabhar *Iolscoil na Mumhan* le Mícheál Ó Domhnaill a cuireadh amach i 1987'.³⁰ Amach ón dá leabhar seo níl ach 'corralt, corrshuirbhé nó corrthagairt anseo is ansiúd in irisí agus i leabharthaí léinn le scéal na gcoláistí a fhoghlaim'.³¹ (Foilsíodh leabhar ag ceiliúradh iubhaile airgid

Choláiste Uladh i 1931). Pléann Proinsias Mac Aonghusa na coláistí Gaeilge i gcomhthéacs stair Chonradh na Gaeilge i gcaidibil ina leabhar *Ar Son na Gaeilge - Conradh na Gaeilge 1883-1983: stair sheanchais* (1983).³² Luaitear na coláistí Gaeilge i leabhar Timothy G McMahon, *Great opportunity: the Gaelic revival and Irish society 1893-1910*, i gcomhthéacs fhás an Chonartha. Pléann Caitriona Ó Torna feiniméan na gcoláistí Gaeilge i gcomhthéacs ‘chonstráid na Gaeltachta’.³³ Caitheann Donncha Ó Súilleabháin seal ag déanamh tráchttaireachta ar thábhacht na gcoláistí Gaeilge in *Athbheochan na Gaeilge – cnuasach aistí*.³⁴

Tá feabhas tagtha ar an ghantannas litríochta sin le dornán de bhlianta anuas. Chuir Coiste Choláiste na Mumhan leabhrán ceiliúrtha amach i 2004 chun céad bliain Choláiste na Mumhan a chomóradh.³⁵ Foilsíodh leabhar cuimhneacháin, *Céad bliain ag fás*, chun céad bliain Choláiste Chonnacht, An Spidéal a chomóradh sa bhliain 2010.³⁶ Chuir Seosamh Ó Ceallaigh leabhar den chineál chéanna in eagar sa bhliain 2006 i gCloch Cheann Fhaola agus d’fhoilsigh craobh Chomhaltas Uladh, An tÍúr *Oidhreacht Oiriaila*, a chuir Desmond McCabe agus Anita Gallagher in eagar chun ceiliúradh a dhéanamh ar chéad bliain Choláiste Bhríde, Ó Méith i 2012.³⁷ D’fhoilsigh Cumann Staire Ó Méith a leabhrán féin, *A look back at the past*, vol. 4, ar an ócáid, agus scríobh mé féin tráchtas máistreachta neamhfhoilsithe ar Ghaeltacht Oiriail agus oidhreacht Choláiste Bhríde i 2009.³⁸

Is é an tOllamh Nollaig Mac Congáil, áfach, an scoláire is mó a bhfuil bunús an taighde déanta aige ar ábhar na gcoláistí Gaeilge. Tá ailt scríofa aige ar ócáidí cheiliúradh an chéid i gcás Choláiste Chonnacht, *Tuar Mhic Éadaigh* (2005), *Coláiste Uladh* (2006), *Coláiste na gCeithre Máistrí* (2006), *Coláiste an Daingin*

(2008) agus Coláiste Chonnacht, An Spidéal (2010). Tá ailt eile scríofa aige ar Scoil Samhraidh Thamhnain, Co. na Gaillimhe, institiúid nach bpléifear sa tráchtas seo, ar Choláiste Chomhghaill, Béal Feirste agus ar Choláiste Laighean, Baile Átha Cliath. Tá na hait seo ar fáil ar an suíomh idirlín www.aran.library.nuigalway.ie.

Tá tráchtairacht chomhaimseartha ar na coláistí Gaeilge ar fáil in *An Claidheamh Soluis*, *Freeman's Journal* agus *The Leader*.

Is iad na príomhfhoinsí eolais atá in úsáid sa taighde seo ná na cáipéisí oideachais ED11 atá á gcoimeád ins an Chartlann Náisiúnta, Baile Átha Cliath. Baineann na doiciméid seo le comhfhreagras idir an Bord Náisiúnta agus údaráis na gcoláistí Gaeilge éagsúla de réir mar a cuireadh ar bun iad. Baineann an comhfhreagras seo leis na sonraí a bhain le haitheantas a fháil do na hinstitiúidí seo, cúrsaí foirne, tinrimh, cigireachta, teagaisc agus téacsleabhar, agus araile. Is iad seo na doiciméid ar baineadh úsáid astu:

ED 11/3/3-12:	Coláiste Chonnacht, Tuar Mhic Éadaigh
ED 11/4/6-16	Coláiste Chonnacht, An Spidéal
ED 11/10/1-3	Coláiste Uladh, Cloch Cheann Fhaola
ED 11/11/1-2	Coláiste Chomhghaill, Béal Feirste
ED 11/16/2-4	Coláiste na Mumhan, Béal Átha an Ghaorthaidh
ED 11/19/1	Coláiste an Daingin, Co. Chiarraí
ED 11/21/1-3	Coláiste na Rinne, Co. Phort Láirge
ED 11/25/1	Coláiste Laighean, Baile Átha Cliath
ED 11/27/1	Coláiste Bhríde, Ó Méith
ED 11/28	Comhdháil na gColáistí Gaeilge
ED 11/31	Rollaí na gColáistí Gaeilge
ED 11/32/1-6	Deontais
ED 11/34/1-6	Scrúduithe
ED 11/13/1-6	Tuarascálacha
ED 11/35	Tuarascálacha na gCigirí
ED 11/36/1-7	Leabhair Údaraithe (1906-1920)

Cuireann Páipéir Sheáin Uí Chuív, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, ábhar tábhachtach ar fáil ar Choláiste na Mumhan agus ar Chomhdháil na gColáistí Gaeilge a cuireadh ar bun i 1912 chun na coláistí Gaeilge a aontú.³⁹ Faightear léargas spéisiúil i bPáipéir Uí Thighearnaigh, Cartlann Choláiste na hOllscoile Bhaile Átha Cliath ar an bhaint a bhí ag Eoin Mac Néill leis na coláistí Gaeilge, go háirithe le Coláiste Bhríde, Ó Méith. Tá an t-ábhar a bhaineann leis an chomhfhreagras idir Mac Néill agus an tAthair Domhnall Ó Tuathail suimiúil sa dóigh ina nochtann Mac Néill a mhíshuaimhneas maidir leis an mhodh díreach. Tugann Mac Néill le fios go mbeidh an Modh Nádúrtha, modh teagaisc a d'fhorbair Ó Tuathail, in úsáid i gColáiste Bhríde, Ó Méith, cinneadh a chuaigh go hiomlán in éadan pholasaí an Chonartha.

1.4.0. Modheolaíocht

Modheolaíocht stairiúil atá sa tráchtas seo. Is é cuspóir an taighde seo scéal ghluaiseacht na gcoláistí Gaeilge idir 1904 agus 1912 a ríomhadh. Socraíodh ar an teora ama seo mar go léiríonn sé scéal chéad ghlúin na gcoláistí Gaeilge agus tús 'an dara glúin'.⁴⁰ Ceal eolas an bac is mó atá ann chun scóip an tráchtais seo a leathnú mar go bhfuil an t-eolas cartlainne an-ghann maidir leis na coláistí Gaeilge a tháinig ar an saol i rith an dara leath de na déagaí. Tá ábhar an tráchtais seo bunaithe ar na cáipéisí oifigiúla atá ar fáil sa Chartlann Náisiúnta agus in irisí agus nuachtáin na linne sin.

1.5.0. Nótaí téacs

Is é an t-aon ghiorrú leanúnach atá á dhéanamh sa tráchtas seo ná ACS a sheasann d'iris an Chonartha *An Claidheamh Soluis*. Tá an giorrú seo le feiceáil sna fonótaí ag deireadh na gcaibidilí.

-
- ¹ Colmán Ó hUallacháin, *The Irish and Irish* (Baile Átha Cliath 1994), 25; John Coolahan, *Irish education: Its history and structure* (Dublin 1981), 21.
- ² Coolahan, *op. cit.*, 33.
- ³ Pádraigin Ní Cheallaigh, 'An Ghaeilge sa chóras oideachais 1919-1929' in *Teagasc na Gaeilge 4*, (Baile Átha Cliath 1984-85), 113-132.
- ⁴ Coolahan, *op. cit.*, 25.
- ⁵ Mícheál Ó Máirtín, 'Na coláistí Gaeilge', foilsithe in *Éigse Uladh 1992* (Dún Geanainn 1992), 13.
- ⁶ Réamheolaire Choláiste Chomhghaill 1905.
- ⁷ *The Irish World*, am éigin i 1912; luaite ag Ó Máirtín, *op. cit.*, 14.
- ⁸ Caitríona Ó Torna, *Cruthú na Gaeltachta 1893-1922* (Baile Átha Cliath 2005), 92.
- ⁹ *Ibid.*, 92-3.
- ¹⁰ *Ibid.*, 92.
- ¹¹ Coolahan, *op. cit.*
- ¹² Ó Huallacháin, *op. cit.*
- ¹³ Adeline Tissier-Moston, 'The campaign for the recognition of the Irish language in national schools (1874-1904)', in Wesley Hutchinson and Cliona Ní Ríordáin (eds.), *Language issues – Ireland, France, Spain* (Bruxelles 2010), 91-104.
- ¹⁴ Thomas A. O'Donoghue, *Bilingual education in Ireland, 1904-1922* (Perth 2000).
- ¹⁵ *Ibid.*, 8.
- ¹⁶ O'Donoghue, *op. cit.*, 1.
- ¹⁷ *Ibid.*, 3.
- ¹⁸ *Ibid.*, 1.
- ¹⁹ Adrian Kelly, *Compulsory Irish – language and education in Ireland 1870s -1970s* (Dublin 2002), 4-5.
- ²⁰ Dubhghlas De hÍde, *Mise agus an connradh go dtí 1905* (Baile Átha Cliath 1936).
- ²¹ Gearóid Mac Giolla Domhnaigh (eag.), *Connradh na Gaeilge Chúige Uladh ag tús an 20ú chéid*, (Béal Feirste 1995).
- ²² Niall Mac Giolla Bhríde, *Dírbheathaisnéis Néill Mhic Ghiolla Bhríghde* (Baile Átha Cliath 1938), 18-19.
- ²³ Tomás Ó Criomhthain, *An t-oileánach* (Baile Átha Cliath 2002).
- ²⁴ Peig Sayers, *Peig*, (eagrán scoile) (Baile Átha Cliath 2000).
- ²⁵ Muiris Ó Súilleabháin, *Fiche bliain ag fás* (Má Nuad 1989).
- ²⁶ Míci Mac Gabhann, *Rotha mór an tsaoil* (Indreabhán 1996).
- ²⁷ An tAthair Peadar Ó Laoghaire, *Mo sgéal féin* (Baile Átha Cliath 1915).
- ²⁸ An tSiúr Eibhlín Ní Chionnaith, *Pádraic Ó Conaire – scéal a bheatha* (Indreabhán 1995).
- ²⁹ Caoimhe Máirtín, *An Máistir – an scoil agus an scolaíocht i litríocht na Gaeilge* (Baile Átha Cliath 2003).
- ³⁰ Mícheál Ó Domhnaill, *Iolscoil na Mumhan ris a ráidtear Coláiste na Rinne* (Corcaigh 1987).
- ³¹ Ó Máirtín, 'Na Coláistí Gaeilge', 12.
- ³² Proinsias Mac Aonghusa, *Ar son na Gaeilge Connradh an Gaeilge – stair sheanchais* (Baile Átha Cliath 1993)
- ³³ Ó Torna, *op. cit.*, 87-95.
- ³⁴ Donncha Ó Súilleabháin, *Athbheochan na Gaeilge – cnuasach aistí* (Baile Átha Cliath 1998).
- ³⁵ Coiste Choláiste na Mumhan, *Coláiste na Mumhan 1904-2004* (Béal Átha an Ghaorthaidh 2004).
- ³⁶ Seán Ó Neachtain, *Céad bliain ag fás* (An Spidéal 2009).
- ³⁷ Desmond McCabe and Anita Gallagher (eds.), *Oidhreacht Oiriaila* (An tIúr 2012).
- ³⁸ Seán Ó Coigligh, *Coláiste Bhríde agus traidisiún Ghaeltacht Oirghiall, miontráchtas máistreacht* neamhfhoilsithe (Coláiste Phádraig, Droim Conrach 2009).
- ³⁹ Banba Papers, no. 57, doiciméid G.1,272 agus G.1,274, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

⁴⁰ Nollaig Mac Congáil, 'Stair bhunú scoil samhraidh an Daingin 1908' in *Irisleabhar Mhá Nuad* (2008), 9.

Cuid 1

1.

An Ghaeilge

agus

an Córas Oideachais 1831-1900

2.0.0. An Córas Oideachais Náisiúnta 1831

Scríobh an scríbhneoir Sasanach William Ralph Inge (1860-1954), ‘The aim of education is not the knowledge of facts but of values’.¹ Is ráiteas idéalach é seo a théann go hiomlán i gcoinne fhóntachas an chóras oideachais a cuireadh ar bun in Éirinn i 1831 agus a léirítear go minic i scríbhneoireacht Bhéarla an naoú haois déag. Is mar seo a leanas a chuir Charles Dickens síos ar an chóras oideachais le linn ré na Banníona Bhictéoiria i Sasana, in *Hard Times*, a foilsíodh sa bhliain 1854:

‘Bitzer’, said Thomas Gradgrind, ‘what is your definition of a horse?’
‘Quadruped. Graminivorous. Forty teeth, namely twenty-four grinders, four eye-teeth, and twelve incisive. Sheds coat in the spring; in marshy countries, sheds hoofs, too. Hoofs hard, but requiring to be shod with iron. Age known by marks in mouth.’ ...
‘Now, girl number twenty,’ said Mr. Gradgrind. ‘You know what a horse is.’²

D’fhoghlaim Sissy Jupe, ‘girl number twenty’, nach raibh áit ann don rómansánsachas agus don tsamhlaíocht i seomra ranga Thomas Gradgrind, ‘a man of realities,’³ i gCoketown. Cloistear Gradgrind, an máistir scoile, ag craobhscaoileadh go dána fealsúnacht oideachasúil na linne sin:

Now what I want is facts. Teach these boys and girls nothing but facts. Facts alone are wanted in life. Plant nothing else, and root out everything else. You can only form minds of reasoning animals upon Facts: nothing else will ever be of service to them. This is the principle on which I bring up my children, and this is the principle on which I bring up these children. Stick to facts, sir!⁴

Ba fhealsúnacht oideachais righin í seo a bhí bunaithe ar fhíorais, agus is mar seo a bhí córas oideachais an naoú haois déag agus ag tús an fhichiú haois in Éirinn. Tá macalla Bitzer ó *Hard Times* le feiceáil sa chuntas seo a leanas a thugann Pádraig Mac Piarais ar eachtra a chonaic sé i scoil Náisiúnta in Iar-Chonnacht:

I have seen in the West of Ireland young men and women, who after six years spent at the National School could neither read nor write and did not know the meaning of the English word for 'man'. I have met boys who could tell me that c-o-w spelt 'cow' that 'cow' was a common noun, third singular, feminine gender; but who were profoundly ignorant of the meaning of the word 'cow', and, of course had not the faintest conception of the signification of the term 'noun', 'common', 'singular', 'feminine', or 'gender'.⁵

Tá díomá an Phiarsaigh le brath anseo agus é ag machnamh ar thoradh an chóras oideachais seo a cuireadh i bhfeidhm ar mhuintir na hÉireann ó 1831 ar aghaidh. Ní raibh tuiscint faighte ag an dalta ar an obair a bhí os a c(h)omhair amach. Ba chóras oideachais é a bhí bunaithe ar fhealsúnacht an fhóntachais, rud a léirítear sna téacsleabhair a bhí in úsáid sna scoileanna Náisiúnta.⁶

Is beag tábhacht a bhí le cultúr na hÉireann i saol na scoile, dar le Coolahan, a deir gur sheachain an Bord tagairtí don chomhthéacs Gaelach. Bhí cuspóirí eile ag an Bbord, 'sé sin, 'to promote the cultural assimilation process which had been signalled in the Act of Union'.⁷ Bheadh áit lárnach ag an scoil Náisiúnta sa phróiseas comhshamhlaithe seo agus bheadh impleachtaí ag an phróiseas seo do shláinte na Gaeilge laistigh agus lasmuigh de theach na scoile.

2.1.0. An Bord Náisiúnta 1831-1870

Cúrsaí infrastruchtúir an chóras oideachais agus an reachtaíocht a bhain leis an chóras seo a shainigh obair an Bhoird ó bunaíodh é i 1831 go dtí go ndeachaigh Coimisiún Powis i mbun obair athnuachana air idir 1868 agus 1870. Chuir Acht Stanley cúrsaí oideachais in Éirinn i lámha an rialtais den chéad uair riamh agus ceapadh Bord na gCoimisinéirí Oideachais chun an tionscnamh seo a stiúradh.⁸

Chuidigh fo-choistí chun baill an Bhoird a choimeád eolach ar gach rud a bhain le cúrsaí oideachais. Leagadh amach dualgais na gcoimisinéirí mar seo a leanas:

The Boards will be entrusted with the absolute control over the funds which may be annually voted by Parliament, which they shall apply to the following purposes:

- 1st. Granting aid for the erection of schools, subject to the conditions hereinbefore specified.
- 2nd. Paying Inspectors for visiting and reporting upon schools.
- 3rd. Gratuities to teachers in schools conducted under the rules laid down, not exceeding ... pounds each. (sic.)
- 4th. Establishing and maintaining a model school in Dublin, and training teachers for country schools.
- 5th. Editing and printing such books of moral and literary education as may be approved of for the use of the schools, and supplying them and school necessities, at not lower than half-price.
- 6th. Defraying all necessary contingent expenses of the Board.⁹

Ní raibh áit ar bith ag an Ghaeilge ar an churaclam a leag an Bord Náisiúnta amach a bhí le cur i bhfeidhm sna scoileanna Náisiúnta.

2.1.1. Cigirí an Bhoird agus oidí

Bhí cliarlathas soiléir i bhfeidhmiú an Bhoird. Ba iad na pátrúin agus na bainisteoirí a bhí freagrach as reáchtáil na scoileanna Náisiúnta, ach ba iad na cigirí a thiomáin cuspóirí an Bhoird agus iad ag dul i mbun a gcuid oibre. Bhí sé de dhualgas ar na cigirí a chinntiú gur cuireadh cuspóirí an chóras oideachais i bhfeidhm sna scoileanna Náisiúnta a bhí faoina gcúram, go háirithe na cuspóirí sin a bhain le neamh-shainchreideamhachas. Bhí sé de dhualgas cur chuige an mhúinteora a mheas agus a bheith cinnte go raibh a c(h)oibre sásúil, agus go n-éireodh le cur i gcrích aidhmeanna an chóras náisiúnta ‘to promote the general intelligence and good conduct of the poorer classes of this country’.¹⁰

Is iomaí cuntas, áfach, a thagann chugainn ó na scríbhneoirí dúchasacha a léiríonn nach raibh cigirí an Bhoird i gcónaí proifisiúnta agus iad i mbun oibre. Tá neart fianaise ann a léiríonn go raibh roinnt cigirí ciontach as díspeagadh a dhéanamh ar mhúinteoirí. Cháintí an múinteoir go minic os comhair na ndaltaí, rud a laghdaigh láithreach meas agus muinín na leanaí air, ionas nár fágadh aon rogha aige ach a phost a thréigint. De réir Mháirtín, ‘Níor leas leis na tuismitheoirí ná leis an sagart an t-oide a cháineadh go hoscailte ach oiread. Rud ba mheasa fós, cháintí an múinteoir sa bhaile, rud a chothaíodh easumhlaíocht agus dímheas i measc na leanaí’.¹¹

Más tábhachtach an ról a bhí ag na cigirí i gcur i bhfeidhm chuspóirí an Bhoird ba thábhachtach fosta an pháirt a ghlac na múinteoirí i slabhra cliarlathach an Bhoird. Bhí cur i bhfeidhm chuspóirí an chóras náisiúnta oideachais ag brath go hiomlán ar an mhúinteoir scoile, de réir rialacha an Bhoird. Go minic ba bheag oiliúint fhoirmeáilte teagaisc a bhí aige, gné de shaol an mhúinteora nár tugadh mórán airde uirthi go dtí gur fhéach Coimisiún Powis uirthi i 1869.¹² Le bunú an chóras oideachais leag an Bord rialacha dochta síos a chuir srian ar shaoirse phearsanta na múinteoirí a bhí acu faoin tseansamhail oideachais Éireannach.¹³

Más fíor é nár chloígh na cigirí go dlúth le rialacha an Bhoird maidir lena n-iompar agus iad ag dul i mbun a gcuid oibre, tá sé fíor fosta nach raibh iompar roinnt oidí de réir na rialacha a leag an Bord síos ach oiread, ’sé sin gan a bheith ag bualadh na ndaltaí. Tá cuntas againn ó Niall Ó Dónaill ar an fhorás a tháinig ar chúrsaí oideachais i Rosa Thír Chonaill i lár an naoú haois déag, ina ndéanann sé tagairt do

roinnt mhúinteoirí sa cheantar. Tosaíonn sé le scoil Inis Fraoich a raibh ‘máighistir saoihiúil’ ag obair inti. Leanann sé mar seo:

Tógadh i Doncaster i Sasain é. Chaith sé óige a shaoil ina tháilliúr, i Londain agus i mBaile Átha Cliath agus i nDoire. Thart fá bhlianta na Gorta d’oibr sé a bhealach chun na n-oileán agus thoisigh a theagasc ins na tithe in Inis Caorthach agus in Inis Saille. Rinneadh máighistir de in 1849 ar an scoil úr in Inis Fraoich, agus pósadh é in 1853. ‘Fear stuama ar bheagán léinn’ a bhí ann, dúirt an cigire. Bhí £17 sa bhliain de thuarastal aige, ‘agus cuma air go raibh sé sona sásta leis sin’.¹⁴

Tugtar le fios dúinn go raibh ‘dóigh úr’ ag máistir Oileán Uaigh le Béarla a mhúineadh, ‘sé sin ‘bheith ag bualadh na bpáistí dá labhradh siad Gaeilg ar an scoil, agus ag iarraidh a muintreacha tabhairt orthu an Béarla a chleachtadh sa bhaile’.¹⁵ Ní haon ionadh, mar sin, go raibh gráin ag go leor daltaí scoile ar an scolaíocht mar a léiríonn Séimidh Phádraig Dhuibh a d’fhulaing faoi lámh an mháistir nach nglacfadh le Gaeilge sa rang, ins an ghearrscéal ‘James Gallagher’ in *Caisleáin Óir* le Máire.¹⁶

Cé nach bhfeictear an lámh láidir in úsáid i scoil Naisiúnta an Ghleanna, in aice le Carraig Airt, Co. Dhún na nGall tugann Hugh Dorian, agus é ag scríobh in 1889, le fios go ndearna a mháistir scoile neamhaird iomlán ar an Ghaeilge agus é i mbun teagaisc. Is é seo a leanas mar a chuireann sé síos ar an lá scoile:

Another great disadvantage in the way of the learner in that district at that time was nearly the total want of knowledge of the English language. While at home the language spoken was Irish; on the way to and from school, and still worse while there itself, every word spoken, except what was taken out of a book, was Irish. Therefore the use or understanding of what they were repeating and learning was to them as Greek or Latin, but after all they gradually crept into a foreign language.¹⁷

Tá sé furasta a thuiscint gur chuir gráin na ndaltaí ar an scoil isteach ar na hiarrachtaí a rinneadh múinteoirí a tharraingt isteach sa chóras. Bhí fáthanna eile ann, áfach, a chuidigh leis an dímheas a bhí ag daoine ar an oideachas – fáthanna sóisialta agus eacnamaíochta, dar le Máirtín. ‘Ar an talamh seachas ar an scoil a bhí an meas’, dar léi. Luann sí Mícheál Ó Donnchú in *Seanchas an Táilliúra*, ‘gur dhiúltaigh [sé] an deis a fuair sé a bheith ina mháistir scoile i bparóiste Chill Gharbháin i gContae Chiarraí sa bhliain 1897 toisc go raibh feirm bheag aige féin. B’fhearr, dar leis, saol an fheirmeora ná gairm na múinteoireachta’.¹⁸

2.2.0. Aidhmeanna an chóras oideachais ó 1831

Idir 1831 agus 1870 cuireadh straitéis oideachais i bhfeidhm ins an seomra ranga chun freastal ar chúrsaí litearthachta agus uimhríochta, bunaithe ar phrionsabail neamh-shainchreideamhacha, ina mbeadh páistí Caitliceacha agus Protastúnacha á dteagasc sa seomra ranga céanna. Thug Adeline Tissier-Moston ‘the revolutionary concept of educating both Protestant and Catholic children in the same classrooms’, ar an straitéis nua.¹⁹ Níor smaoinemh nua é seo, mar i 1812 mhol coimisinéirí na linne córas a chur ar bun ‘which should banish even the suspicion of proselytism’.²⁰ Leagadh amach cuspóirí teagaisc ginearálta an chóras oideachais i litir a eisíodh do chigirí an Bhoird Oideachais i 1835:

First, to promote the general intelligence and good conduct of the poorer classes of this country.

Second, to allay animosities and to cultivate good feelings between the parties that may have been at variance.

Third, to introduce as much of religious instruction as can be done without exciting jealousy and contention, and hostile feeling, either towards government or towards one another.²¹

Ba chuspóirí ginearálta iad seo a dhírigh ar dhul chun cinn an dalta i gcás na léitheoireachta, na scríbhneoireachta agus na huimhríochta – na ‘3 Rs’. Léití leabhair léitheoireachta an Bhoird os ard sa rang. Chuirteá béim ar cheartlitriú agus ar an fhoghlaim de ghlanmheabhair. Bhaintí úsáid as cóipleabhair Vere Foster le haghaidh na scríbhneoireachta, a bhí bunaithe, ó Rang 3 ar aghaidh, ar an deachtú agus ar athscríobh ón téacsleabhar. Chuirteá dáta le ceachtanna na ndaltaí agus choimeádaí na cóipleabhair le haghaidh an chigire ag deireadh na bliana.

Luigh foghlaim na dtáblaí ag croílár na huimhríochta sa seomra ranga. D’fhoghlaimítí na táblaí sa bhaile agus scrúdaítí an dalta an lá arna mhárach. Cuireadh béim ar mháistreacht a fháil orthu agus, tar éis dó a chuid táblaí a chur de ghlanmheabhair, fuair an dalta máistreacht ar uimhríocht, ar dhealú agus ar mhéadú. D’fhoghlaim daltaí na n-ardranganna faoi chéadatáin, faoi chodáin agus faoi dheachúláigh. Ba chóras oideachais é a bhí dírithe ar thorthaí in áit na tuisceana dar le O’Connell:

A lad of 12 or 13 could work out complicated sums in vulgar fractions, recurring decimals, compound interest, annuities, and stocks and shares, and get the correct answer – which was all that was demanded of him. He had learned the appropriate formulae to use for the purpose but knew little of the principles on which his calculations were based.²²

2.2.1. Curaclam gan Ghaeilge

Fán bhliain 1868 bhí bunchlocha an chórais oideachais leagtha síos. Bhí údarás an Bhoird cinntithe agus bhí cuspóirí an chórais seo dírithe ar shealbhú na litearthachta agus an Bhéarla. Bhí an curaclam á chur i bhfeidhm ag na hoidí scoile, faoi údarás agus súile na gcigirí. Ba curaclam leathan é inar múineadh

ábhair mar an tíreolaíocht, an ghramadach, an chuntasaíocht, agus i gcás na gcailíní, fuáil agus cniotáil. Ní raibh áit, áfach, ag an Ghaeilge ar an churaclam sin, fiú sna ceantair Ghaeltachta. Tá seo a leanas le rá ag Coolahan:

The Irish language was not acknowledged as a National School subject even in areas where the living and sole vernacular of the people was Irish. Indeed for much of the century the books contained very little material relating to a distinctively Irish environment and were geared towards the British cultural assimilation of the time.²³

2.2.2. Ag teip ar chuspóirí an chóras oideachais

Ba é feabhsú ar chaighdeán litearthachta sa Bhéarla agus cumas uimhríochta an aosa óig in Éirinn an príomhchuspóir a bhí ag an chóras oideachais náisiúnta, agus is léir go raibh ag éirí leis sa chuspóir seo más fíor iad staitisticí oifigiúla an ama sin. De réir Coolahan, mar shampla, ní raibh cumas léitheoireachta ná scríbhneoireachta ag 53% den daonra a bhí os cionn cúig bliana d'aois sa bhliain 1841. Fán bhliain 1901 thit an líon sin go 14%. Léiríonn sé fosta gur tháinig méadú ar líon na scoileanna Náisiúnta, ó 1,106 i 1835 go 1,547 sa bhliain 1850. Fán bhliain 1900 bhí 8,684 scoil faoi údarás an Bhoird. D'fhás líon na ndaltaí scoile a bhí ag freastal ar na scoileanna Náisiúnta seo ó 107,042 i 1835 go 511,239 sa bhliain 1850, agus fán bhliain 1900 bhí 745,861 dalta ag freastal ar scoileanna Náisiúnta an Bhoird.²⁴ Admhaíonn Coolahan, áfach, go gceileann na figiúirí seo an fhírinne - cúrsaí litearthachta sa Bhéarla, agus sa Bhéarla amháin, a bhí á thomhas sna huimhreacha sin. Ba é an Béarla an meán teagaisc a bhí i ngach scoil Náisiúnta sa tír, agus bhí cosc iomlán ar úsáid na Gaeilge i dteach na scoile, cé gurbh í an Ghaeilge máthairtheanga bhunús na ndaltaí a bhí ag freastal ar na scoileanna Náisiúnta sna ceantair Ghaeltachta.

2.2.3. Míshástacht le polasaí aonteangach an rialtais

Mar sin is féidir a rá nach raibh na hoidí ag dul i bhfeidhm ar na daltaí scoile sna ceantair ba láidre Gaeilge, agus iad ag teagasc trí mheán an Bhéarla. Tugann Tissier-Moston le fios go raibh na coimisinéirí eolach faoin fhadhb seo ó na tríochaidí. Cuireann sí síos ar chuairt a thug an tOirmhinneach Norman McLeod, Uachtarán na hEaglaise Preispitéirí in Albain, ar scoil Náisiúnta i gceantar Chathair na Mart sa bhliain 1833 mar seo a leanas:

When they had read the fable, I asked them to close the book, and to give me the substance of the meaning of what they had read in English; and the boys looked at me, and seemed not to understand it; and I said to the teacher, ‘they do not seem to understand my strong Highland accent; will you tell them what I wish them to do; to give me the meaning in their own way?’ And he laughed very heartily, and said, ‘they cannot do it; to be sure they cannot do it’; and when I asked ‘Why?’ he said, ‘They have no English; they are Irish boys, those, and they have no English’ ... and I said, ‘Do you understand the Irish so well as to explain to them?’ and he said he had no Irish. The boys had no English and he had no Irish; and then I simply asked the man, ‘And pray, what is the good of this teaching? They are learning to read what they do not understand, and which you do not explain to them’; and he said, ‘Indeed Sir, I do not know’.²⁵

Bhí moladh amháin le déanamh ag McLeod i ndiaidh na heachtra thuas: ‘the only effective method that can be taken is to instruct them through the medium of their own language’.²⁶ Bhí an scéal céanna le hinsint ag an Dr. Newell, Cigire an Bhoird i gCorcaigh i rith na seascaidí. Dar le Tissier-Moston, ‘Dr. Newell considered the lack of knowledge of children in the national school of Trafask was explained by the fact that “most of those present spoke Irish, and a short time since heard no other language” and that “English [was] almost a foreign language to them”’.²⁷ Feictear firinne an ráitis seo i gcuimhní Mhíchíl Bhreathnaigh (1881-1908), an chéad Ard-Ollamh, Coláiste Chonnacht, Tuar Mhic Éadaigh, a ceapadh ina chigire

scoile níos déanaí. Seo a leanas mar a chuireann Máirtín síos ar a thaithí agus é ag iarraidh teacht isteach ar an Bhéarla:

Nuair a bhí Mícheál sa tríú rang bhí ceann de dhánta Tennyson á fhoghlaim aige. ‘I come from haunts to cook a herrin’, a bhíodh á rá ag cailín amháin in ionad ‘I come from haunts of coot and heron’ – sampla eile a léiríonn an dallamullóg a bhí á cur ag údaráis an Chórais Náisiúnta Oideachais orthu féin i leith mhúineadh an Bhéarla.²⁸

Ní féidir, áfach, iomlán an mhilleáin a chur ar na scoileanna Náisiúnta. Bhí muintir na hÉireann tar éis glacadh leis an Bhéarla agus bhí sé á labhairt sa bhaile ag tuistí na bpáistí scoile. Thug an tAthair Peadar ‘éagóir’ ar an chleachtas a chonaic seisean á chur i bhfeidhm agus é ag freastal ar scoil Chill an Uird, Co. Chorcaí i lár an naoú haois déag. Cé go raibh tréan Gaeilge sa cheantar ba i mBéarla a d’fhoghlaim na páistí.²⁹

2.2.4. An Béarla ag fáil na láimhe in uachtar ar an Ghaeilge

Ba é leathadh an Bhéarla príomhchuspóir an chóras oideachais náisiúnta agus baineadh úsáid as na scoileanna Náisiúnta chun an cuspóir sin a chur i bhfeidhm ar mhuintir na hÉireann, ’sé sin, comhaontas cultúrtha a neartú idir Sasana agus Éire. Deir Adrian Kelly an méid seo a leanas: ‘It is difficult to agree with the idea that the national school commissioners were simply unaware of the Irish language. However, it seems equally spurious to suggest that English was ‘imposed’ on the majority of the population’.³⁰ Bhí an Béarla ag fáil greim ar mhuintir na hÉireann mar, dar le Kelly, ‘the British policy of cultural assimilation was strengthened by the desire of Irish people, springing to a large extent from economic necessity, to learn English’.³¹ Níl aon amhras ar thráchtairí áirithe go raibh ‘baint lárnach ag na

scoileanna Náisiúnta le cúlú na teanga. Múineadh na teanga Béarla ar ais nó ar éigean a bhí mar aidhm ag na scoileanna Náisiúnta.’³²

Is léir, áfach, nach raibh ag éirí leis an chuspóir seo. ‘Illiterate in two languages’ a tugadh ar thoradh an pholasáí aonteangaigh a chuir an Bord Náisiúnta i bhfeidhm ins an chóras oideachais.³³ Scríobh an tAthair Tomás Ó Ceallaigh an cur síos seo a leanas ar éifeacht an pholasáí seo i rith chaogaidí an naoú haois déag i gceantar an Chorrshléibhe ar theorainn Shligligh agus Ros Comáin:

At that time all aged over sixty had spoken nothing but Irish in their childhood; it was the language of their homes, of fair and market, and of the pulpit. They were taught English at school, without any assistance from their people (who knew little or no English) except encouragement and advice. The schoolhouse was some kind of a barn, the school master a man who, somehow or other, had picked up a little English and arithmetic, English being a consideration far beyond all other qualifications. The pupils of their flesh, made a desparate onslaught on the ‘Readin’-med-aisy’ and ‘Spelling’-book’ and they grew up, as their parents intended, able to speak tolerable English ... When these people married they taught their children not the old speech that was a honey on their lips, but the English which with so much pain they had acquired ... They had been brought up in the belief that English was the top-notch of respectability, the key that opened Sesame, and they were determined that their children should not be left without a boon so precious. Prayers, which they never quite learned in English, ... were continued in Irish in their homes; apart from that, Irish was to their children an esoteric speech employed by their elders to express things not meant for their ears. Their children grew up ignorant of any language but English; at home or in school they never heard anything else with the unimportant exception I have just mentioned.³⁴

Bheadh éifeacht an pholasáí aonteangaigh seo le brath i bhfad ina dhiaidh. Rinne Garret FitzGerald scrúdú ar thorthaí dhaonáireamh 1911, agus a raibh an Ghaeilge acu os cionn seasca bliain d’aois, .i. na daoine a rugadh c.1850. Ba iad seo na daoine a d’fhreastail ar na scoileanna Náisiúnta go luath i ndiaidh an Ghorta Mhóir. Is léir ó na figiúirí thíos gur éirigh le polasaí an Bhoird an Béarla a leathadh

i measc phobal na hÉireann ins na scoileanna Náisiúnta, agus labhairt na Gaeilge a lagú i measc an phobail.³⁵ Seo a leanas toradh pholasaí an Rialtais sna ceantair ba láidre Gaeilge, ina mbeadh an Clár Dátheangach i bhfeidhm ó 1904 ar aghaidh:

County data from the 1911 census in respect of Irish-speakers and monoglots among those aged 60+³⁶

<i>County</i>	<i>Pop. 60+</i>	<i>Irish-speaking</i>	<i>%</i>	<i>Monoglot</i>	<i>%</i>
Donegal	28110	13158	46.8	1811	6.4
Cork	48028	25466	53.0	471	1.0
Kerry	21939	16690	76.1	1129	5.1
Galway	28197	23133	82.0	2875	10.2
Mayo	30358	26636	87.7	922	3.0
Waterford	11352	6708	59.1	103	0.9
Ireland	582184	149743	25.7	7475	1.3

Tá an méid seo le rá ag FitzGerald ins an tráchtairacht a dhéanann sé ar an mheath a tháinig ar an Ghaeilge ó 1851 ar aghaidh:

During the period between 1851 and 1911 the vast majority of those who in their youth had been monoglot Irish-speakers had acquired a command of English. Whereas in 1851 21% of Irish-speakers were recorded as monoglot, by 1881 this figure had fallen to 6.75% of the Irish-speaking population, and amongst those aged 60+ in 1911 the percentage was 5%.³⁷

Bhí seo a leanas le rá ag údar thuarascáil dheiridh an Choimisiúin um Athbheochan na Gaeilge faoi staid na Gaeilge agus faoi mheas an phobail uirthi i laethanta deireanacha an naoú haois déag:

Ní raibh ag mórchuid de na daoine ach drochmheas ar an Ghaeilge, faoi mar nach mbeadh inti ach *patois* a bhí á labhairt ag an chuid ba dhearóile den phobal, coiteoirí, iascairí agus sclábhaithe sna ceantair chúnga ar chósta thiar na tíre mar ar ghá deolchairí agus deontais rialtais agus carthanacht an lucht saibhris chun na daoine a choimeád beo.³⁸

2.2.5. An milleán ar na scoileanna Náisiúnta

Ní féidir a shéanadh, áfach, gur chuir an cosc ar theagasc na Gaeilge go mór le céim síos na teanga ó lár an naoú haois déag. Deir Cólmán Ó Huallacháin an méid seo a leanas faoin stádas reatha ins an chóras oideachais nuair a cuireadh ar bun é:

From the outset, the officially accepted means in the national schools ... was to ban the use of Irish among schoolchildren, and to punish the infringement of the ban. Parents collaborated with this policy, but inspectors and teachers regretted such excessive zeal as led parents to speak with their children whatever English they had acquired, because this only made more difficult the task of teaching a more acceptable form of the language at school!³⁹

Ba í an Ghaeilge a bhí á labhairt ag na páistí agus a dtuistí agus ghlac na scoileanna Náisiúnta páirt lárnach ins an ‘ghalldú’ seo. Dar le Coolahan, ‘The National School system was one important factor in the decline of the Irish language in nineteenth century Ireland. The policies adopted were in line with the cultural assimilation policies typically pursued by colonial power’.⁴⁰ Déanann Kelly tagairt do bhreithiúnas Choimisiún an Bhéaloidis (1954) a deir gurb iad na scoileanna a chuir deireadh leis an Ghaeilge, ‘Those who didn’t go to school kept their Irish’.⁴¹

Is féidir glacadh leis, mar sin, gur chóras oideachais é a raibh mar phríomhchuspóir aige an Béarla a bhrú ar pháistí nach raibh acu ach Gaeilge. Tá sé soiléir fosta go raibh baill áirithe den Bhord féin ag éirí buartha faoi úsáid an Bhéarla sa chóras oideachais i gcur i gcrích na spriocanna oideachais a leagadh amach dó, go háirithe i gcúrsaí litearthachta.⁴² Bhí comhaltaí na gcoimisinéirí féin – na cigirí – buartha faoi thionchar an Bhéarla sna ceantair ba láidre Gaeilge. Ina measc siúd bhí Sir Patrick J. Keenan.

2.3.0. Sir Patrick Keenan (1826-1894)

Rugadh Patrick Keenan i mBaile Phib i dtuaisceart chathair Bhaile Átha Cliath. Chuaigh sé ag obair le Bord an Oideachais Náisiúnta agus ceapadh é ina chigire scoile náisiúnta i 1848. Ceapadh ina Ard-Chigire scoile é sa bhliain 1854 agus rinneadh Príomhchigire an Bhoird Náisiúnta de sa bhliain 1859, an post a bhí aige nuair a thug sé fianaise os comhair Choimisiúin Ríoga Powis a reáchtáladh idir 1868 agus 1870 chun fiosrú a dhéanamh ar an chóras oideachais náisiúnta, ‘with particular reference to accountability for public expenditure’.⁴³ Nuair a mhol coimisiún Powis scéim íocaíochta de réir torthaí ba ar Keenan a thit an dualgas é a reáchtáil agus a chur i bhfeidhm.⁴⁴

Thuig Keenan nach raibh ag éirí go maith le haidhmeanna an Bhoird ó thaobh na litearthachta ná ó thaobh an Béarla a leathadh sna scoileanna Náisiúnta sna ceantair ba láidre Gaeilge. Mhol sé go mba chóir an Ghaeilge, máthairtheanga na bpáistí seo, a cheadú mar mheán teagaisc sna scoileanna Náisiúnta. ‘The only inspector to be truly concerned about the linguistic problems in national schools’ a thugann Tissier-Moston air.⁴⁵ Deir Tarlach Ó Raifeartaigh, iar-ollamh le stair i gColáiste Phádraig, Droim Conrach, a bhí ina chigire scoile ó 1931 agus ina rúnaí na Roinne Oideachais ó 1936, go raibh meas aige ar mhuintir na Gaeltachta agus go raibh dúil mhór aige leas mhuintir na Gaeltachta a dhéanamh.⁴⁶

Tugtar le fios go raibh Keenan ag éirí buartha faoi staid an Bhéarla sna scoileann Náisiúnta chomh fada siar le 1856. I ndiaidh dó camchuairt cigireachta a dhéanamh thart ar scoileanna Náisiúnta Thír Chonaill scríobh sé, ‘only two of the children of

the first class could point out a horse ...thus showing ignorance of English – although there was a horse within a few yards of the class upon the road’.⁴⁷

Thuig Keenan nach n-éireodh leis an Bhord ina chuspóir an Béarla a leathadh i measc mhuintir na hÉireann muna n-athrófaí na modhanna teagaisc sna scoileanna Náisiúnta. Mar sin tugtar creidiúint dó mar gur aithin sé gur shaothar in aisce é oideachas Béarla a chur chun cinn i measc aos óg na hÉireann gan úsáid a bhaint as an máthairtheanga, .i. an Ghaeilge, mar mheán teagaisc, go háirithe sna scoileanna Gaeltachta. Tugann sé le fios gur thuig sé an dochar a bhí á dhéanamh ag an pholasáí aonteangach don Ghaeilge. I dtuarascáil amháin a scríobh sé idir 1855 agus 1858 léiríonn sé cé comh díobháileach agus a bhí polasaithe an Bhoird don Ghaeilge agus d’aidhmeanna an Bhoird:

The shrewdest people in the world are those who are bilingual ... but the most stupid children I have ever met with are those who were learning English while endeavouring to forget Irish. It is hard to conceive any more difficult school exercise than to begin out with the first alphabet, and first attempt at reading, in a language of which we know nothing, and all this without the means of reference to, or comparison with, a word of our mother tongue. Yet this is the ordeal Irish speaking children have to pass through, and the natural result is that the English which they acquire is very imperfect.⁴⁸

Más fíor gur mhol sé úsáid na Gaeilge mar mheán teagaisc sna scoileanna Náisiúnta sna ceantair ba láidre Gaeilge níorbh é slánú na teanga a bhí i gceist aige. Dar le Tissier-Moston: ‘Keenan was in no way attempting to protect the Irish language but was merely anxious to optimise the effects of the national system throughout the country’.⁴⁹ Ba é sin teagasc an Bhéarla in achan scoil Náisiúnta sa tír. Tríd pholasaithe an Bhoird bheadh an Ghaeilge fágtha go hiomlán ar lár i

gcúrsaí oideachais, ‘our only defence against total assimilation by the English-speaking world’.⁵⁰

2.3.1. Fóras ar an churaclam

Fán bhliain 1868 bhí coimisinéirí an Bhoird ag éirí míshásta leis an chaighdeán oideachais a bhí le feiceáil ins na scoileanna. Cuireadh coimisiún Powis ar bun chun fiosrú a dhéanamh ar an chóras oideachais agus athruithe a chur i bhfeidhm dá mbeadh gá leo. Thit ualach na hoibre seo ar Keenan, a ceapadh ina choimisinéir oideachais sa bhliain 1872. Leagadh síos caighdeáin riachtanacha d’ábhair oide agus ardaíodh an caighdeán foghlama de bharr na dtreoirí nua. Ní raibh an tsaoirse chéanna ag múinteoirí. Leagadh na hábhair éigeantacha amach mar seo a leanas: léitheoireacht, scríbhneoireacht agus uimhríocht – na 3 Rs. Bhí gramadach, tíreolaíocht agus litriú le déanamh. Bhí talmhaíocht theoriciúil le déanamh ag na buachaillí agus fúáil ag na cailíní. Fán bhliain 1875 bhí 21 ábhar breise ceadaithe ag na coimisinéirí. Ina measc siúd bhí céimseata, ailgéabar, luibheolaíocht, Laidin, Gréigis, Francis agus cócaireacht, ach ní raibh áit ag an Ghaeilge ar an churaclam.

2.4.0. Faoi scáth an Ghorta Mhóir – gluaiseacht athbheochan na teanga

Cuireann Ó Huallacháin síos ar an dara leath den naoú haois déag mar seo a leanas:

It was not a time when the ‘Gael’ was in a position for indulgence in cultural pursuits over and above what was necessary to place himself and his family ‘beyond the reach of extinction’. Social conditions were grim. 1877-1879 were years of dreadful winter conditions and there was a 37.9% drop in the estimated value of crops. Prices fell in Europe because of the import of cheap American wheat. There was no work in England for migratory farm labourers. In parts of Ireland there was a famine as bad as in the ‘Black Forties’, and

evictions were frequent because the rents could not be paid. Outrages against the people and property followed as reprisals.⁵¹

Ba bhuillí láidre iad na fórsaí seo in éadan iarrachtaí an Ghaeilge a shlánú dar le Gearóid Ó Tuathaigh, a scríobh:

The combined impact of these seemingly irresistible forces driving the language shift, together with the decimation of the largely Irish-speaking rural underclass by the Famine ravages and by continuous emigration in the following decades determined that, as the census data revealed, approaching the end of the nineteenth century, Irish as a living language seemed doomed to extinction within a relatively short interval.⁵²

Is as an iomar aimléiseach seo a d'fhás gluaiseacht na talún, faoi cheannaireacht Mhíchíl Dháibhéid ó 1879 ar aghaidh. Cuireadh Conradh na Talún ar bun chun na tionóntaithe a ghríosú agus a eagrú. Chuaigh Parnell i mbun ghluaiseacht na talún agus níorbh fhada go raibh a pháirtí á neartú. Ba í seo an ghluaiseacht náisiúnaithe a spreag bunú cumann cultúrtha ar nós Cumann Buan-Choimeádta na Gaeilge (1876), Aontas na Gaeilge (1882) agus Conradh na Gaeilge (1893).

2.4.1. Agóid ar son na Gaeilge – cumainn na teanga

Más é cur chuige cosantach an Bhoird a shainigh dearcadh an rialtais i leith na Gaeilge is í freagairt na n-eagraíochtaí teanga a sheasann amach ina lóchrann dóchais dóibh siúd a shantaigh aitheantas don Ghaeilge ar churaclam na scoileanna. Bhí eagraíochtaí liteartha ann ó thús an chéid sin, ina measc The Gaelic-Society of Dublin (1807), The Ibero-Celtic Society (1818), The Archaeology Society (1840), The Celtic Society (1845) agus The Ossianic Society (1853). Obair mhór, fhiúntach a bhí idir lámha ag na cumainn seo. Cé go raibh a

gcuid oibre, den chuid is mó, dírithe ar scoláirí agus ar an lucht léinn, is faoina gcoimirce sin a tháinig méadú ar líon na leabhar Gaeilge a foilsíodh.

Bhí faobhar, áfach, ag baint leis na heagraíochtaí a tháinig ar an saol ó 1870 ar aghaidh. Níorbh é caomhnú thraidisiún liteartha na Gaeilge amháin a bhí i gceist acu. D'aithin lucht na gcumann nua seo nárbh fhiú litríocht na Gaeilge a chothú gan aghaidh a thabhairt ar chaomhnú na Gaeilge agus í a chur chun cinn mar ghnáththeanga labhartha agus chumarsáide mhuintir na hÉireann. Ba é seo cuspóir Chonradh an Gaeilge, a bunaíodh i 1893. Chaith Mícheál Cíosóg fuinneamh Chumann Lúthchleas Gael (CLG), eagraíocht a bhunaigh sé i 1884, go hiomlán taobh thiar den chuspóir seo. Cé gurbh í príomhaidhm an chumainn cluichí na nGael, go háirithe an iomáint, a chur chun cinn, bhí an Dr. T.W. Ó Crócaigh, Ardeaspag Chaisil cinnte i dtaobh dualgais eile a bhí ag CLG, 'sé sin seilbh a ghlacadh ar gach rud a bhí Gaelach.

If we continue travelling for the next score years in the same direction that we have been going in for some time past, condemning the sports that were practised by our forefathers, effacing our national features as though we were ashamed of them, and putting on, with England's stuffs and broadcloths, her 'masher' habits, and such other effeminate follies as she may recommend, we had better, at once, and publicly, abjure our nationality, clap our hands for joy at the sight of the Union Jack and place England's bloody red exultantly above the green.⁵³

Mar a fheicfear, bhí tionchar, nár bheag é, ag na heagraíochtaí seo ar an ardú céime a bheadh i ndán don Ghaeilge ar churaclam na scoileanna Náisiúnta.

2.4.2. Cumann Múinteoirí Éireann 1868

Bunaíodh Cumann Múinteoirí Éireann i 1868 chun an t-oideachas in Éirinn a chur chun cinn agus freastal ar stádas sóisialta agus intleachtúil mhúinteoirí na hÉireann, agus glacadh leis an haidhmeanna seo um Nollaig 1868.⁵⁴ Ní raibh sé ceadaithe go mbeadh aon bhaint ag múinteoirí le cúrsaí polaitíochta,⁵⁵ ach ó thús na ndaichidí bhíodh grúpaí múinteoirí ag bailiú le chéile, faoi rún, chun ról an mhúinteora sa chóras oideachais agus an bealach ar caitheadh leis a phlé. Choimeád na cigirí súil ghéar ar na cruinnithe seo. ‘The Board’, dar le O’Connell, ‘through its inspectors, kept a watchful eye on such meetings, and was ever ready to issue warnings and threats of drastic punishment on anything indicating a departure from the line of conduct so rigidly set down in its rules and regulations’.⁵⁶ In ainneoin bhagairt an Bhoird bhí múinteoirí náisiúnta ann a bhí báúil le haidhmeanna eagraíochtaí Gaelacha na linne agus, ‘many of them read *The Nation* and sympathised with the views of its editors and contributors’.⁵⁷

Ní gá a rá go raibh baint lárnach ag baill Chumann Múinteoirí Éireann (CMÉ) le feachtas shlánú na Gaeilge.⁵⁸ I réamhrá an leabhair a scríobh sé i 1968 faoi stair CMÉ deir O’Connell an méid seo a leanas faoin bhaint a bhí ag Cumann Múinteoirí Éireann i leith cheist na Gaeilge:

Almost from its very beginning the I.N.T.O. gave evidence of its interest in the Irish language and in the various movements for its preservation and revival. Teachers were prominent in the Society for the Preservation of the Irish Language, one of the precursors of the Gaelic League. They were largely responsible for the inclusion of Irish as an extra subject in the national school curriculum. During the national patriotic upsurge which marked the opening years of the present century, they were particularly active in the work of organising branches of the Gaelic League throughout the country. They joined in the public outcry against the removal of Irish from the school programme in 1905 and were prominent in the agitation which succeeded in having it

restored in 1906. Moreover the numerous summer schools and colleges established in the Gaeltacht areas – Ballingeary, Spiddal, Dingle, Cloghaneely, etc. – owed much to the teachers, who helped organise and run them and attended them as students during their vacation periods.⁵⁹

Féachfar níos géire ar pháirt na múinteoirí náisiúnta i ngluaiseacht na teanga agus ar an bhealach ina ndeachaigh an grúpa seo i ngleic leis an dúshlán a bheadh rompu agus iad i mbun oibre sna scoileanna Náisiúnta.

2.4.3. Cumann Buan-Choimeádta na Gaeilge (1876)

Tá dhá ghné shuimiúla a bhaineann leis an heagraíochtaí a tháinig i gcabhair ar an Ghaeilge i rith na ceathrúna deiridh den naoú haois déag. Feictear sealbhú na Gaeilge ag croílár choincheap an náisiúnachais. Rinne an Craoibhín tagairt don dlúthcheangal idir ‘teanga’ agus ‘náisiún’ sa bhliain 1886, deich mbliana i ndiaidh bhunú Chumann Buan-Choimeádta na Gaeilge (CBCG), mar seo a leanas:

Our emancipation as a nation is at hand, a few short years will surely see the dreams of centuries fulfilled, and then it will be the duty – can anyone deny it? – of our rulers to see that our language is treated as the languages of other countries in Europe would be treated in like circumstances; to see that those who learn no other language shall be taught to read the one that they know, and that as much encouragement be given to it by the Government as is given to English.⁶⁰

Is í an dara gné a bhain le gluaiseacht na hAthbheochana sa naoú haois déag go n-aithnítear fosta tábhacht an chóras oideachais i ngluaiseacht shlánú na Gaeilge. Níorbh aon eisceacht é Cumann Bhuan-Choimeádta na Gaeilge a cuireadh ar bun ag deireadh mhí na Nollag 1876. Bheartaigh an eagraíocht, faoi stiúir Dhaithí Uí Choimín, cás na Gaeilge a phlé ag comhdháil a bhí le réachtáil i mBaile Átha Cliath. D’fhógair Ó Coimín na hábhair a bheadh ar chlár na comhdhála, agus ina

measc 'to take into consideration the present position of the Irish language as a Vernacular, and how its use may be best promoted'.⁶¹ Thug Ó Coimín tús áite don chóras oideachais agus tábhacht na Gaeilge sa chóras sin.⁶² Sular éirigh le Ó Coimín an chomhdháil a reáchtáil chuir coiste an chumainn achainí faoi bhráid an Bhoird go gcuirfí an Ghaeilge ar chlár na n-ábhar scoile a bhí ceadaithe faoi scéim na dtorthaí. Bhí argóintí CBCG bunaithe ar thuarascálacha Keenan ó na blianta 1855, 1856 agus 1858, agus a thuairimí faoin damáiste, dar leis féin, a bhí á dhéanamh ag na modhanna teagaisc a bhí á gcur i bhfeidhm sa chóras oideachais don Ghaeilge ar fud na tíre.

Many good men seem to me to forget that the people might know both Irish and English, and they also forget that by continuing to speak Irish, and learning English through its medium, the latter language would be enriched by the imagery and vigour of the mother-tongue, and the process of learning would be a mental exercise of so varied and powerful a character, that its disciplinal effect upon the mind would be equal in itself to a whole course of education of the ordinary kind. The shrewdest people in the world are those who are bilingual; borderers have always been remarkable in this respect. But the most stupid children I have ever met with are those who were learning English whilst endeavouring to forget Irish ... The real policy of the educationalist would, in my opinion, be to teach Irish grammatically and soundly to the Irish-speaking people, and then to teach them English through the medium of their native language.⁶³

Bhí Keenan fábharch do theagasc na Gaeilge chun go mbeadh sé níos fusa an Béarla a chur chun cinn i measc na ndaltaí scoile ach is léir go raibh a chuid smaointe féin tar éis teacht aniar aduaidh air anois agus an t-údarás aige cinneadh i dtaobh na Gaeilge a dhéanamh laistigh den churaclam náisiúnta. Chuir achainí an CBCG béim ar thábhacht na 'Ceiltise' mar theanga scolártha i measc scoláirí Mhór-Roinn na hEorpa agus mar theanga láidir, liteartha, chultúrtha. Chuaigh an tuairim seo go hiomlán in éadan an impreisin a chruthaigh roinnt cheachtanna sa

leabhar scoile a bhí in úsáid ag an Bhord, *Third Book of Lessons*: ‘Various languages are spoken by the nations of Europe, beside our own English. Even in some parts of Ireland, a different language is spoken, viz. Irish; though all who learn to read learn English, and prefer speaking it’.⁶⁴ Mhaígh an achainí gur teanga bheo í an Ghaeilge, le breis agus 200,000 cainteoir faoi bhun fiche bliain d’aois, agus go raibh breis agus 2,000 múinteoir réidh chun dul i mbun teagasc na Gaeilge sna scoileanna Náisiúnta faoi scéim na dtorthaí. Dhearbhaigh achainí CBCG an nasc idir teanga agus tír.

It is the language of Ireland, and the best suited for the natural genius of the countrymen of Scotus Erigena, the ‘perfervidum ingenium Scotorum,’ the best calculated to preserve the traditions and idiosyncrasies of the nation, being cast in that celtic or intellectual mould which rendered the country so singularly famous in former times, and thus enabled her to become the leader of civilisation in Western Europe.⁶⁵

Chuir breis agus 1,500 duine a n-ainmneacha leis an achainí; ina measc siúd bhí 41 Feisire Pairliminte, triúr Ardeaspag, 12 Easpag, Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath, 94 duine d’fhoireann teagaisc Choláiste na Tríonóide, agus baill d’fhoireann na hOllscoile Caitlicí. Ghéill na coimisinéirí agus ceadaíodh an Ghaeilge a theagasc ins na scoileanna Náisiúnta mar ábhar breise, faoi scéim na dtorthaí, ó 1879.

2.5.4. Aontas na Gaeilge (1882)

Nuair a tháinig Aontas na Gaeilge ar an saol chuir sé roimhe irisleabhar, *The Gaelic Journal*, a chur ar bun chun an Ghaeilge labhartha a chaomhnú agus a chur chun cinn agus, ‘to recall the common employment of Irish as a means of communication’.⁶⁶ Nuair a fógraíodh an tseift seo rinne an *London Times* beag is fiú den chuspóir seo. ‘It is a pity’, a scríobhadh ann, 4 Deireadh Fómhair 1882,

‘that admirers of its very real antiquarian riches should waste time on the vain effort to force back on their countrymen a piece of furniture they had already turned out-of-doors, labour which might be fruitfully spent in fitting for safe and honourable deposit among the treasures of the national museum’.⁶⁷ Bhréagnaigh Seán Pléimeann tuairimí an *Times* i litir in *The Gaelic Journal*, agus chuir sé an córas oideachais i lár ghluaiseacht athbheochan na teanga:

We are striving to keep the Irish tongue alive where it is still spoken as long as we can ... and we wish the Irish to be taught to Irish-speaking children from infancy in the schools, and the English language through it as a medium, so that these little Celts may be brought up as national beings, and that the gifted among them may learn the new science of comparable philology, and this way be prepared to give our manuscripts to the world of letters.⁶⁸

Bhí an claonadh i dtreo chaomhnú na teanga labhartha seachas caomhnú na litríochta Gaeilge amháin ag neartú. Tá sé soiléir gur thuig lucht na hathbheochana go raibh an teanga i mbaol báis. Is féidir tábhacht na ceiste a bhrath i gcaint an Chraoibhín ó 1886 nuair a dúirt sé, ‘if we cannot spread it we will at least prevent it from dying out and make sure that those who speak it now, will also transmit it unmodified to their descendants’.⁶⁹ Bhí coincheap an dátheangachais ag fás anois – an gá le straitéis dhátheangach a chothódh an Ghaeilge taobh leis an Bhéarla. Is léir go raibh an aisling seo ag an Chraoibhín, go mbeadh ‘a bilingual population in those parts of Ireland where Irish is now spoken, for whom all those who are in a distant future may wish to investigate the history or the antiquities of our nation, may draw as from a fountain that vernacular knowledge for such purpose is indispensably necessary’.⁷⁰

2.5.5. An Ghaeilge mar ‘ábhar breise’ (1878)

Níorbh fhada go raibh toradh na hagioide seo le feiceáil in earnáil an oideachais. Thug an Bord cead do bhainisteoirí an Ghaeilge a theagasc mar ‘ábhar breise’, ’sé sin go mbeadh cead ag oide scoile an Ghaeilge a theagasc lasmuigh de ghnáthuaireanta scoile. Bhí rialacha dochta ag baint le teagasc na Gaeilge sna scoileanna Náisiúnta. Seo mar a chuireann Ó Huallacháin síos air seo:

It was placed amongst what were known as ‘extras’ of the Boards programme – i.e. no results fees could be paid for successful instruction in it, unless the pupil presented for examination had passed the examination in the essentials, or ordinary subjects, in which instruction was given in the schools. Its teaching was restricted to the two divisions of fifth and sixth class; it was not to be taught within ordinary school hours – i.e. between 10 a.m. and 3 p.m.; each pupil should pay a fee called an ‘extra fee’ of two shillings (2/-) per quarter to come within the rules; and finally, the teacher himself should have a certificate to teach Irish.⁷¹

Lean Aontas na Gaeilge leis an agóid ar son áit na Gaeilge ar an churaclam agus sa bhliain 1884 d’éiligh sé, ‘that Irish be used as a means for the teaching of English in Irish-speaking districts and that the Irish language become part of the ordinary curriculum of the national schools’.⁷² Dhiúltaigh an Bord don achainí mar seo a leanas:

In a country where all the interest, social, commercial, and political combine to favour the acquisition of the English language by the people, it would certainly be neither natural nor rational to impose upon the children who know English an obligation to study Irish also, simply because they have to any extent, great or small, a colloquial knowledge of the Irish. If accordingly the Irish language is to be cultivated at all by such children, it must be as a philological accomplishment, when age and capacity fit them for it, like the acquisition of Latin, Greek, or French.⁷³

Cé go raibh neart le moladh faoi obair na n-eagraíochtaí, is fiú cuimhneamh ar thuairim Corkery, a deir an méid seo a leanas fúthu: ‘all very praiseworthy, still more praiseworthy those unselfish workers, if only they had set themselves to discover where the living sparks really lay ... These societies and others more or less similar were hardly known to the ordinary citizens of Cork or Dublin, and still less to the speakers of the language in Donegal, or Connacht, or Kerry’.⁷⁴

2.4.6. Guthanna eile – Ó Gramhnaigh agus Mac Néill

Cé gur glacadh go huilíoch i measc lucht na hathbheochana go raibh gá leis an Ghaeilge a chaomhnú agus a chur chun cinn i ngach gné de shaol na hÉireann, ba léir, fosta, go raibh gá le ceannaireacht chun an fuinneamh cultúrtha nua seo a thiomáint. Bhí céim bainte amach ag an Ghaeilge ar churaclam na scoileanna Náisiúnta, mar ‘ábhar breise’, ach níor leor é an stádas nua seo gan buntáiste a bhaint as tairbhe na céime in airde seo. Scríobh an tAthair Eoghan Ó Gramhnaigh an méid seo a leanas ins an *Irish ecclesiastical record* sa bhliain 1890:

Looking around the higher schools and colleges we find the native language practically ignored. In all Ireland, only two hundred and seventy four passed Irish at the late Intermediate Examinations; of these two hundred were from the Christian Brothers’ schools, leaving forty in all seminaries and colleges in the country. In none of the Irish-speaking counties is the vernacular recognised in the local colleges, except two. And at the same time French and German pupils are brought over to teach Irish boys and girls the intricacies of foreign languages.⁷⁵

Tá tábhacht ag baint leis an fhóram a roghnaigh Ó Gramhnaigh chun a thuairimí a nochtadh. D’aithin sé, mar a d’aithin Eoin Mac Néill bliain ina dhiaidh sin, go raibh tionchar ar leith ag an chlér Chaitliceach ar mhuintir na hÉireann agus go mbeadh an t-údarás a bhí acusan riachtanach chun tábhacht na teanga a chur ina lúí

orthu. Bhí géarghá leis an phobal a spreagadh mar bhí an t-aos óg, ach go háirithe, ag tiontú i dtreo an Bhéarla. ‘All they seem to want with English at present is, either to seem what they have falsely come to regard as educated, or to be able to emigrate,’ a scríobh Mac Néill.⁷⁶

Chreid sé gurbh í an Ghaeilge an ghné ba láidre a shainigh gach rud a bhain le hanam na hÉireann. Dar leis, ní raibh rud ar bith a bhí níba thábhachtaí ná an teanga labhartha.⁷⁷ Is é an creideamh seo a luigh taobh thiar den chruinniú a tionóladh 12 Meitheamh 1893 dóibh siúd a bhí ‘interested in the foundation of an organisation to promote the use of Gaelic as a spoken language in Ireland’.⁷⁸ Rinne Mac Néill tréaniarracht an chléir a spreagadh chun teacht i gcabhair ar an Ghaeilge mar a tharla i bhFlandair na Beilge áit ar thacaigh an chléir le gluaiseacht na Pléimeannaise. ‘The whole content of the education – primary, intermediate agus advanced – of Celtic Ireland is in the hands of the clergy’, a scríobh sé i 1891.⁷⁹ Ach ba é Conradh na Gaeilge, a thiocfadh ar an saol sa bhliain 1893, a thabharfadh an treoir agus an fuinneamh a raibh gá leis, dar le Mac Néill. Bhí sé mar chuspóir aige an Ghaeilge a athbheochan agus a chur chun tosaigh mar theanga labhartha mhuintir na hÉireann, seanlitríocht na Gaeilge a chaomhnú, agus nualitríocht a chur ar fáil sa teanga.

Chreid Mac Néill i dtábhacht na Gaeilge, mar theanga bheo, ag croílár an chórais oideachais. Cionn is go raibh air an Ghaeilge a fhoghlaim mar dhuine fásta chuir sé suim speisialta ins an ngné seo den teanga – an teanga bheo.⁸⁰ ‘Irish must be cultivated for the people, not for the students. We lay ourselves open to fatal criticism if we adopted as our literary medium a non-existent form of Irish, which

would fail to interest the mass of the Irish-speaking population' a scríobh sé sa bhliain 1897.⁸¹ Lean sé leis mar seo a leanas:

'Grammar – and – dictionary' Irish is about as valuable as a schoolboy's Latin verses ... If the Irish-speaking population could be got to realize the beauty and power of their own language, and to meet with the scorn of those whose ignorance or prejudice makes them despise our national tongue, the position of the Irish language would be impregnable'.⁸²

Níorbh aon ionadh é, mar sin, go raibh Mac Néill cáinteach faoi mhodhanna teagasc na Gaeilge. Ní raibh an cur chuige a bhí in úsáid sna scoileanna oiriúnach chun spéis a mhúscailt sna foghlaimeoirí, rud a d'aithin timirí an Chonartha Pádraig Ó Máille, Peadar Ó hAnnracháin, Pádraig Ó Cadhla agus Tomás Bán Ó Concheanainn i mblianta tosaigh an fhichiú aois (2.6.1). Scríobh sé an méid seo a leanas, arís i 1897, faoi thábhacht stair na hÉireann i bhfoghlaim na Gaeilge.

I think that ignorance of Irish history is the chief cause of want of interest in the Irish language. To anyone who has not a feeling of Irish history or does not identify himself with Irish history, the learning of Irish is mere philology.⁸³

2.5.0. Conradh an Gaeilge (1893) agus ranganna na dtimirí

Fán am ar bunaíodh Conradh na Gaeilge sa bhliain 1893 bhí feabhas tagtha ar stádas na Gaeilge ar an churaclam. Bhí sé ceadaithe anois an Ghaeilge a theagasc mar 'ábhar breise'. Cé nach raibh aitheantas faighte ag an Ghaeilge sna meánscoileanna, bhí stádas éigin aici mar ábhar acadúil faoin teideal 'Ceiltis' ó 1879. Bheadh tuilleadh dul chun cinn ag teacht i mblianta deireanacha an chéid faoi mholtaí an *Commission on Manual and Practical Instruction (1900)* agus ó 1904 ar aghaidh le fógairt an chláir dhátheangaigh. Roimhe sin, áfach, ghlac an

Conradh air féin cúram theagasc na Gaeilge i ranganna speisialta lasmuigh den chóras oideachais. Bhí na ranganna seo bunaithe ar leabhar an Athar Ó Gramhnaigh, *Simple lessons in Irish*, agus níos déanaí, baineadh úsáid as modh teagaisc ar tugadh ‘an Modh Díreach’ air, a chuir béim ar úsáid na spriotheanga mar mheán teagaisc. Reáchtáil timirí agus múinteoirí taistil an Chonartha ranganna i scríobh agus i labhairt na Gaeilge ó 1897 ar aghaidh.

Bhí obair bhunúsach na dtimirí seo fíorthábhachtach i gcrabhscaoileadh shoiscéal an Chonartha. Aithníonn an Craoibhín a dtábhacht, sa chás seo Tomás Bán Ó Concheanainn, an chéad timire a cheap an Conradh go luath i 1899, nuair a scríobh sé in *Mise agus an Conradh*, ‘is obair iongantach an méid oibre do rinne sé ag siubhal na tíre, ag sgrúdughdadh sgol agus ag cur craobhacha ar bun’.⁸⁴ Is ó obair na dtimirí seo a fheictear conas mar a bhí ag éirí le teagasc na Gaeilge ins na scoileanna Náisiúnta ag tús an fhichiú aois. Ba dhaoine díograiseacha iad a d’oibrigh ar son aidhmeanna an Chonartha agus a chreid go hiomlán i dtábhacht na teanga, cé gur minic nach raibh oiliúint fhoirmeálta i dteagasc na Gaeilge acu.

2.5.1. Polasaithe an Chonartha i leith an oideachais Ghaelaigh

Deir Ciarán Ó Coigligh gurbh é an t-oideachas ‘an chloch ba mhó ar phaidrín an Phiarsaigh i gcaitheamh a shaoil’.⁸⁵ Ó ceapadh ina eagarthóir ar iris an Chonartha é, Márta 1903, bhain sé úsáid neamhleithscéalach as *An Claidheamh Soluis* chun aidhmeanna an Chonartha, agus a bhrionglóid féin, a choimeád os comhair an phobail. ‘We must understand’, a scríobh sé i Samhain 1903, ‘precisely what we want, and precisely how best and quickest to get what we want. Hence the necessity to keep hammering away at the same old questions, the necessity to keep

the main issues daily and weekly before the country, even at the risk of growing tedious and platitudinous.⁸⁶ Bhí ceist an oideachais i measc na ‘seancheisteanna’ sin agus is féidir práinn na ceiste seo a fheiceáil idir 1899 agus 1901. Dúirt an Craoibhín gurbh ‘eagraíocht mhór oideachais [i]’ Conradh na Gaeilge i léacht a thug sé i mBéal Feirste i Mí na Nollag 1899.⁸⁷ Luigh an dátheangachas ag croílár pholasaithe oideachais an Chonartha agus cuireadh tús le feachtas an dátheangachais ag an chéad Oireachtas i Meitheamh 1899. Idir ’99 agus ’01 d’fhoilsigh an Conradh deich bpaimfléad. Bhí cúig cinn acu ag plé cheist an dátheangachais agus áit na Gaeilge ins an chóras oideachais.⁸⁸

2.5.2. An Dr. Mícheál Ó hÍcí (1899)

Is é an Píarsach an t-údar ba mhó i measc na gConraitheoirí a phléigh athGhaelú iomlán an chóras oideachais. Meastar gur scríobh an Píarsach tuairim agus ceathrú milliún focal ag plé na ceiste seo in *An Claidheamh Soluis*.⁸⁹ Is fiú cuimhneamh, áfach, go raibh an cheist á plé go hoscailte sular thosaigh seisean ag scríobh. Ina measc na ndaoine seo bhí an Dochtúir Mícheál Ó hÍcí agus an Craoibhín.

I nDeireadh Fómhair 1899, thug Ó hÍcí léacht i Halla an Bhaile in Iúr Cinn Trá dar teideal ‘An Ghaeilge agus Oideachas Dátheangach in Éirinn’. Tar éis dó obair an Chonartha i nGaeltacht Oiriail a mholadh, dúirt sé gur luigh an Ghaeilge ag croí an náisiúnachais, agus cháin sé an dearcadh frithnáisiúnach a bhain leis an chóras oideachais in Éirinn, rud nach raibh le feiceáil i dtír ar bith eile. Thug sé ‘scannal náireach’ ar an ‘tréith mhínáisiúnta’ a thiomáin an córas oideachais.⁹⁰

Níl tír dúchais ag an scoláire Éireannach. Sa churaclam iomlán níl a dhath atá fíorÉireannach. Níl rian an náisiúnachais le mothachtáil ar oideachas in Éirinn.

A fhad is atá sé gan sainthréithe níl ann ach rian an Bhéarla agus, mar sin, tá sé coimhthíoch. Níl a chomhchosúil le fáil i dtír ar bith eile. San Fhrainc, sa Ghearmáin, i Sasain, i Meiriceá déantar an scoláire eolach ar a stair, ar laochra a chine, ar ghlóir a shinsear agus ar a shaíocht liteartha. ‘An mhuintir a dhéanann easair chosáin dá stair,’ dúirt an Dáibhiseach, ‘ní thógann siad don todhchaí’.⁹¹

Dúirt sé gurbh é an t-oideachas Éireannach ‘an cruthú is láidre ar an spioraid náisiúnta, ar mheath an mhórtais chine, ar mheath féinmheasa sa tír seo’.⁹² Dhírigh Ó hÍcí ar chnámh spairne na ceiste, ‘sé sin áit na Gaeilge ar an churaclam,

Ní féidir oideachas Gaelach a fháil in Éirinn go dtí go mbíonn a háit cheart ag an Ghaeilge i scoileanna agus i gcórais agus i gcláir oideachasúla. Ba cheart tús áite bheith ag an Ghaeilge, ag stair na hÉireann agus ag litríocht na hÉireann.⁹³

D’ionsaigh Ó hÍcí an nós nach raibh an Ghaeilge in úsáid ins na scoileanna Gaeltachta:

Más náireach an t-oideachas Éireannach i gcoitinne is measa arís an náire sna ceantair Gaeltachta. Ní hannamh nach mbíonn aon Ghaeilge ag an múinteoir scoile sa Gaeltacht. Níl scolaíocht Ghaeilge le fáil ag páistí na Gaeltachta agus níl de thoradh air sin ach go dtiteann pairilís intleachta orthu.

Cáineadh an córas seo arís agus arís eile ach níl éisteacht le fáil; is de pholasaí ár rialtóirí an córas seo leis an tír a choinneáil Gallda. Tá guth an phobail balbh faoi ...

Cad é atá romhainn, mar sin?

1. a háit cheart a fháil do theanga, do stair agus do litríocht na hÉireann in oideachas na hÉireann;
2. oideachas i nGaeilge a fháil do pháistí na Gaeltachta i gcórais dátheangach.⁹⁴

Mar bhuille scoir spreag Ó hÍcí ‘lucht na gluaiseachta’, ag rá:

Níl áit ann d'éagsúlachtaí tuairimí, níl ach rogha amháin ann Náisiúntacht Ghaelach nó IarBhriotanachas. Seasadh an mhuintir sin a shéanann an Náisiúntacht Ghaelach, seasadh siad ar leataobh. Is meatacháin iad.

Tá sé deacair glacadh leis na polaiteoirí sin a labhraíonn i leith na Gaeilge ar ardán nó i dTithe Rialtais ach a shéanann an t-oideachas Gaelach do pháistí scoile. Is obair ar son anam ár náisiúin obair seo Ghluaiseacht na Gaeilge. Leanaimis den obair ar son an leasa is airde, is uaisle, is fire do náisiún na hÉireann.⁹⁵

Is ó dhaoine mar Ó hÍcí a tháinig an fuinneamh.

2.5.3. An Craoibhín (1899)

Cúpla mí tar éis don Dr. Ó hÍcí labhairt in Iúr Cinn Trá, labhair an Craoibhín i mBéal Feirste, 12 Nollaig 1899. Chuimhnigh sé ar chuspóirí agus ar aidhmeanna an Chonartha nuair a cuireadh ar bun é 'ceathair nó cúig de bhlianta ó shin'. Ba é sin chun 'féinmheas a chothú i measc lucht an Bhéarla trí eolas ar a stair a theagasc'.⁹⁶ Ba phobal é muintir na hÉireann a bhí 'i nduibheagán fíoraineolais ar a saíocht agus ar a dteanga'.⁹⁷

Thiontaigh an Craoibhín ar an chóras oideachais agus ar an Bhord ansin, dream 'a raibh sé mar phríomhchuspóir agus mar mhórsprioc acu muintir na hÉireann a choinneáil aineolach ar a stair agus ar a dteanga; fir a sheas leis an pholasaí sin thar an caoga bliain atá thart a raibh de chuspóir acu dínáisiú na hÉireann, ag goid uainn d'aonturas an rud is luachmhaire a d'fhéadfadh bheith ag an duine, a thuiscint mar oidhre ar mhórtheanga bhreá uasal agus a thuiscint ar stair a chine.'⁹⁸ Ba dhaoine iad oifigigh an Bhoird, dar leis, nár thuig 'nádúr an duine', nach raibh oiliúint acu i gcúrsaí oideachais agus nach raibh 'taithí dá laghad acu i múineadh aon duine ... breithiúna agus daoine a chaith a gcuid ama sna Ceithre Chúirt. Cad é eolas ag daoine mar sin ar oiliúint daoine?'⁹⁹

Chreid de hÍde go raibh gá le claochlú iomlán ar an saol in Éirinn. Thug sé ‘dí-Shacsanughadh’ ar an chlaochlú seo, a chuirfeadh an ruaig ar thionchar Shasana ar Éirinn. In *Mise agus an Connartha* cuireann an Craoibhín síos ar bhreith an choincheapa athGhaelaithe seo.

Tharla go raibh mé im’ uachtarán ar an gCumann Liteartha Náisiúnta san mbliadhain 1892, agus ghlac mé an ócáid sin, ag cruinnuighadh na céadoidhche, chum gáir catha do chur amach (dá n-éirigheadh sé liom) nár cuireadh amach riamh roimhe sin ag na feisiribh, ag Éirinn Óig ná ag na Fíninibh. Badh é mo rosg catha go gcaithfimis Sacsanachas do sgrios in Éirinn, go gcaithfimis Éire do ‘dhí-Shacsanughadh’ agus go gcaithfimis sin do dhéanamh tríd an teanga, tríd a gceól, tríd na cluithchí náisiúnta, acht go mór-mór tríd an teangaidh, agus tré labhairt na teangan.¹⁰⁰

Leanann an Craoibhín air ag cur síos ar an réabhlóid chultúrtha a shantaigh sé do mhuintir na hÉireann mar seo a leanas:

Bhí anam na hÉireann, arsa mise, ins an sluagh mór daoine do bhí fútha, na daoine nach raibh ionnta, mar adubhairt Dean Swift, acht lucht gearrtha adhmaid agus lucht tarraingte uisge. Is iad sin, arsa mise, an Náisiún Gaedhealach, is aca-san do bhí an Ghaedhilg mar theanga, agus is orra atá a sábháil. Níl sé d’ualach ar aon duine eile, beag ná mór, an Ghaedhilg do shábháil acht orra féin, amháin. Ní ar na daoineibh saidhbhre a bhfuil fuil na Sacsanach ionnta atá sé an teanga do bhreith ó bhás, acht ar dhaoineibh coitcheannta na hÉireann. Tháinig an t-am anois chum Éire do dhí-Shacsanughadh. Ní fhéadfamuid aon rud fóghanta a dhéanamh in Éirinn go mbeidh sin déanta againn. Ní féidir linn a bheith ag mallughadh na Sacsanach agus ag déanamh aithris orra san am céanna, ní fhéadamaoid bheith ag gearrán gur b’iad na Sacsanaigh do sgrios ár dtír, agus sinn-ne ag déanamh aithris ar ár ndícheall ar na Sacsanachaibh céadna sin.¹⁰¹

Léiríonn an Píarsach a shuim san oideachas in *An Claidheamh Soluis*, 13 Lúnasa 1904, mar seo a leanas:

Education in this Irish land must be Irish. It must be Irish right through, and all along the line. It must take as its standpoint 'This is Ireland', not 'This is No-Man's Land' and still less 'This is West Britain'. It must be based on a primary system, national not merely in name, but in fact and essence; it must include a secondary system; and it must culminate in a University which, whatever its form ... shall in spirit and complexion, be Irish and national.¹⁰²

D'fheicfí suim agus tionchar an Chonartha in earnáil an oideachais níos déanaí in aimsir bhunú an tSaorstáit. Thug Piaras Béaslaí agus é ag caint sa Dáil sa bhliain 1919 'bun-fhréamh ár náisiúntachta' ar an oideachas'.¹⁰³ Ceapadh Seán Ó Ceallaigh, Uachtarán Chonradh na Gaeilge, mar Aire na Gaedhilge, Deireadh Fómhair 1919. Deir Pádraigín Ní Cheallaigh go 'léiríonn an díospóireacht a bhí ann roimh an gceapachán go mba ionann d'fhormhór na dTeachtaí cúrsaí oideachais agus cúrsaí Gaeilge, agus go mba mhar a chéile, leis, polasaí Chonradh na Gaeilge agus an polasaí a bheadh ag an Rialtas nua'.¹⁰⁴ D'aithin Cathal Brugha an ról lárnach a bheadh ag Conradh na Gaeilge ins an chórasoideachais nua. Dúirt sé an méid seo a leanas:

I dtaobh na Gaeilge, caithfear as seo amach an Ghaedhilg do bheith dá mhúineadh do gach leanbh in Éirinn. Raghaimid i gcomhairle le Conradh na Gaedhilge mar gheall air seo. Beidh Aire againn i bhfeighil Oideachais agus raghaidh sé siúd i gcomhairle leis an gCoisde Gnótha i dtaobh cúrsaí na teangan agus an oideachais.¹⁰⁵

2.5.4. An Piarsach agus 'athGhaelú' an chóras oideachais

Nuair a léitear smaointe oideachasúla an Phiarsaigh in *An Claidheamh Soluis* agus ina chuid scríbhinní eile ar nós *The Murder Machine* agus *Education in the Gaeltacht*, feictear paisean agus fuinneamh an údair i dtaobh na tábhachta a bhain le córas oideachais a bhí iomlán Gaelach agus a dhéanfadh freastal ar anam agus ar mheon mhuintir na hÉireann. Bhí athGhaelú an chóras oideachais ar cheann de na

príomhchuspóirí a bhí ag Conradh an Gaeilge agus seasann an Piarsach i dteannta daoine ar nós Uí Icí agus an Chraoibhín a rinne ionsaí ar an chóras oideachais fhrithnáisiúnaigh a bhí i bhfeidhm in Éirinn. ‘The intellectual independence of Ireland’ a thug sé ar phríomhchuspóir an Chonartha.¹⁰⁶ Bhí an náisiúnachas, an grá tíre agus saoirse intleachtúil na tíre fite fuaite go hiomlán i slánú na Gaeilge – an téama ba mhó a shainigh a chuid smaointe oideachasúla. Bhí an Ghaeilge ag croílár na gluaiseachta seo. Bhí todhchaí na Gaeilge ag brath ar chóras oideachais Gaelach, dar leis an bPiarsach.

I Márta 1903, scríobh sé alt in *An Claidheamh Soluis* inar leag sé síos cuspóirí Sheachtain na Gaeilge na bliana sin agus aidhmeanna an Chonartha:

Seachtmhain na Gaedhilge has a wider, deeper significance. It is a symbol of the National character of the League’s propaganda. It is a sign and a token to all it may concern that the language question has once and for all been set high on a national place, and placed in the very forefront of the vital questions of the hour in Ireland.¹⁰⁷

Shantaigh an Piarsach córas oideachais Gaelach agus thuig sé gur claochlú iomlán a bheadh i gceist ar an stádas reatha. Bheadh géarghá sa chéad áit leis an chóras Gallda seo a Ghaelú. Scríobh sé ina eagarfhocal, dár dháta 7 Samhain 1903:

We have got to Irishise education in this country from the smallest National school on a western mountainside, through all the stages of primary, intermediate, and university education, religious and secular, literary, scientific, professional and technical up to the highest institutions in the land.¹⁰⁸

Is téama leanúnach é an claochlú seo agus filleann an Piarsach ar riachtanas an athGhaelaithe seo arís agus arís eile. Ins an eagarfhocal chéanna, 7 Samhain 1903, leagann sé amach príomhshonraí an chóras oideachais; sonraí a dhéanfadh freastal ar gach gné den chóras.

In dealing with the remaining branches of education, the following are the objectives to be worked for:-

- (1) The complete Irishing of education in the Irish-speaking districts; in other words, the employment of Irish *as the medium of instruction* in every district in which Irish is the home language (including districts where it is constantly spoken only by grown people).
- (2) The *introduction of Irish as a subject into every day and boarding school in Ireland.*
- (3) The teaching of Irish as a *living spoken tongue*; and with this end –
- (4) The employment of *competent Irish-speaking teachers*; and
- (5) The drawing up of *proper programmes* in Irish, so that the schools may turn out speakers, readers, and writers of the language.
- (6) The increased use of facilities by the National Board for the employment of *extern teachers.*
- (7) The *improvement of teaching methods* in schools as well as in League classes, and the encouragement of oral teaching.
- (8) The use of Irish in *school devotions* and in *religious instruction*; also in calling the roll, in giving drill and manual training; and the encouragement of its use in the playground. These points apply to schools in anglicised districts as well as those in the Irish-speaking districts.
- (9) The extended utilisation of *Evening Schools* under the National Board under the Department of Agriculture and Technical Instruction and Technical Instruction for the purposes of teaching Irish.
- (10) The *Irishising of Colleges*, viz., Maynooth, the Seminaries, the Training Colleges, The Intermediate Colleges.
- (11) The *introduction of Irish History* into every school and college in Ireland.¹⁰⁹

Luífeadh an náisiúnachas ag croílár ghluaiseacht na teanga agus luífeadh an teanga ag croílár chóras oideachais Gaelach, dar leis, agus ba é seo an preabchlár chun ionsaí a dhéanamh ar gach gné den chóras oideachais gallda a bhí á chur i bhfeidhm: mar shampla an Bord, na coimisinéirí agus na cigirí scoile. Cháin sé go leanúnach na cigirí scoile – an dream sin a bhí i mbun forbairt na bpáistí a mheas

agus gan Gaeilge ar bith acu. Cháin sé na bainisteoirí. Cháin sé na múinteoirí nach raibh ar aon intinn leis féin – iad siúd a bhí i bhfeighil an chóras oideachais agus nach raibh toilteanach seasamh taobh thiar d’aisling Chonradh an Gaeilge. D’ionsaigh sé lucht an oideachais ar an tríú leibhéal, go háirithe údaráis Choláiste na Tríonóide, ‘the British University’.¹¹⁰ Cháin sé údaráis na gcoláistí oiliúna mar nach raibh siad ag déanamh go leor chun múinteoirí oilte i dteagasc na Gaeilge a sholáthar¹¹¹ agus thug sé ‘scannal’ ar an staid seo.¹¹²

Is smaoinemh athráiteach in eagarfhocail an Phiarsaigh in *An Claidheamh Soluis* é an gá a bhí leis an phróiséis athGhaelaithe seo agus d’aithin sé tábhacht an chóras oideachais i ngluaiseacht an náisiúnachais i mí na Nollag, 1903. In eagarfhocal ina bpléann sé an gairmoideachas deir sé,

It is a fact everywhere recognised, and now thoroughly proved from experience ... that you will not get the best from Technical training unless it is founded upon or accompanied by a training which humanises the man, which broadens his sympathies, strengthens his will and nourishes his heart, his imagination and his soul ... Frankly, I am all for the Gaelic movement in this matter. I believe its educational influence will be inestimable – it will be the chief means of putting a soul into a soulless, lifeless educational system.¹¹³

Filleann sé ar an chóras Ghaelach nua seo in eagrán na seachtaine dár gcionn. Tugann sé le fios nach bhfuil faobhar ar an agóid atá á moladh aige agus go gcaithfear tuilleadh sonraí a nochtadh do phobal na Gaeilge mar,

The public loathes details, and would probably prefer us to agitate this question in an unorthodox Irish way – to talk generalities and to thunder against the Nation’s Board, the managers and the teachers. This would possibly prove more entertaining than the discussion of dry-as-dust details.¹¹⁴

I measc na ‘dry-as-dust details’ luann an Piarsach, ‘(1) that Irish be made the medium of instruction in every district in which it is the home language; and (2) that Irish and Irish history be taught as specific subjects to every child in every class in every school in the country’.¹¹⁵ Is léir, mar sin, gur cheap sé gur cuid thábhachtach é an dátheangachas den phróiseas athGhaelaithe a mholann sé.

2.6.0. An Ghaeilge sna scoileanna Náisiúnta c. 1900

Is foinsí eolais luachmhara iad na tuarascálacha a chuir na múinteoirí taistil ar ais chuig Ard Oifig Chonradh na Gaeilge i mBaile Átha Cliath. Thug na tuarascálacha seo léargas ar staid na Gaeilge sna scoileanna náisiúnta ar fud na tíre. Feictear go raibh bunús leis an bhuairet a mhothaigh an Piarsach agus an Craoibhín maidir le staid na teanga.

Is é an Craoibhín é féin a chuireann an t-eolas ar fáil a bhailigh Pádraig Ó Máille (1876-1946) i gCúige Chonnacht,¹¹⁶ Peadar Ó hAnnracháin (1873-1965) i gCúige Mumhan,¹¹⁷ agus Pádraig Ó Cadhla (1875-1948) i nDéise Phort Láirge.¹¹⁸ Ba thimírí de chuid an Chonartha iad sin a bhí gníomhach i rith blianta tosaigh an chéid seo caite. Thóg siad scáthán agus léirigh siad an fhírinne mar a thuig siad í. Níl aon amhras ann ach go raibh ábhar imní sa phictiúr a thug siad, pictiúr ina bhfeictear leisce na múinteoirí i dtaobh labhairt agus theagasc na Gaeilge. Is féidir alltacht na gConraitheoirí a bhrath. Ach is fiú a lua fosta go raibh sonraí a gcuid tuarascálacha dírithe ar cheannairí an Chonartha i mBaile Átha Cliath – an Craoibhín, Mac Néill agus an Piarsach. Bhí a n-alltacht ar chomhchéim leis an alltacht a fheictear i scríbhinní an Phiarsaigh agus chuir a dtuairiscí an t-oiread sin

uafáis sin ar Ard-Fheis 1902 gur cheap an Conradh ceithre thimire breise i rith fómhair na bliana sin chun an eagraíocht a neartú.¹¹⁹

2.6.1. Ó Máille, Ó hAnnracháin agus Ó Cadhla

Cé go dtuairiscíonn na timirí go raibh an Ghaeilge ag fáil bháis sna ceantair ina raibh siad ag gníomhú bhí fáthanna eagsúla, dar leo, don mheath a bhí tar éis teacht ar an Ghaeilge. D'aithin Pádraig Ó Máille, a chaith a shaol mar thimire ag taisteal ar fud Chúige Chonnacht, gurbh iad na scoileanna Náisúnta a bhí ciontach. Ní raibh caighdeán na dtéacsleabhar maith go leor agus bhí na leabhair seo ag déanamh dochair don Ghaeilge sna seomraí ranga. Dar leis 'ba ghráin leis na páistibh na leabhra so, agus nuair a tháinig leabhra eile ar a seilbh ní léighfidís iad, ach amháin na sgéalta éadtroma. Do gríosadh agus do tiomáineadh na páistí chum Béarla do léigheadh go réidh gan é do thuisgint.¹²⁰ Bheadh an scéal níba mheasa, dar leis, 'dá dtigeadh na páistí chum na sgoile go minic agus go riaghalta.¹²¹

B'amhlaidh a bhí an scéal i gcás Pheadair Uí Annracháin. Chaith sé a sheal mar thimire i gceantar Chorcaí, 'ó Chuan Chorcaighe go dtí Beantraighe' ag tús an chéid.¹²² Cháin sé dearcadh na n-oidí i leith na Gaeilge. Cé go raibh an Ghaeilge á teagasc sna scoileanna i gContae Chorcaí, deir sé 'gurbh ar nós an chuma liom é'.

Ní chuireann an chuid is mó de na muinteóiribh suim ar bith innti, acht amháin do réir na tairbhe atá le baint aiste ... Labhrann cuid mhór den na múinteóiribh Béarla liom-sa, mar sin is dóigh leis na páistibh nach ceart Gaedhilg a labhairt. Tá cuid de na múinteóiribh óga ag déanamh a ndíchill go breágh, acht tá dornán de na sean-mhúinteóiribh, acht ní'l siad ach i n-ár mbealach, labhrann siad acht ní mhúineann siad í. Caithfidimid fanamhaint go n-imtheochaidh siad.¹²³

Ní raibh cás na Gaeilge nó dearcadh na múinteoirí i leith na teanga thar mholadh beirte i gContae an Chláir. Scríobh sé ‘[nach] rachaidh siad coiscéim as an mbealach chum deagh-fhocal do rádh ar son na teangan agus sagart do casadh orm i gContae an Chláir dubhairt sé gurbh amaideacht dí-chéillidhe ar fad é’.¹²⁴

Ní raibh muintir an Chonartha saor ó cháineadh Uí Annracháin ach an oiread. Bhí baill ann agus ‘dar leó is leor Gaedhilg a léigheadh ins an mbaile agus Béarla do labhairt ’na dhiaidh sin’.¹²⁵ Ní haon ionadh mar sin go raibh dearcadh na ndaoine tiontaithe in éadan na teanga, dar leis, mar a tharla in áiteanna eile atá luaite cheana. Cuireann sé síos ar ‘drochnós’ na ndaoine ‘gur dóigh [leo] gur drochmhúinte an rud é Gaedhilg do labhairt leis an té atá saidhbhir nó leis an té sin a bhfuil éadach maith air’.¹²⁶ Leanann sé mar seo a leanas:

Is mór an chúis fuaire é [sic.] measg na bhfear óg agus na mban óg, nach mbíonn aon eólas aca ar Stair na hÉireann. Gach rud do bhain leis na Gaedhealaibh do sgrios na sgoileanna gach cuimhne air. Ní bhíonn aon bhlas maith ar litridhreachtaí ’na measg anois. Is Sacsanaigh, ar an dara lámh, cuid mhór aca, ag dórtadh fuar-uisge ar gach iarracht chum Gaedhilg d’aithbheódhugadh. Acht nuair sheas an sagart go daingean ar chúl an phobail, nuair thaisbeánas sé tré bhriathar agus tré ghníomh go bhfuil sé dá ríribh, ann san éireochaidh linn!¹²⁷

Ní raibh múinteoirí na nDéise mórán éagsúil ina ndearcadh óna gcomhleacaithe i gCorcaigh agus sa Chláir. Cuireann an Craoibhín síos ar na deacrachtaí a bhí ag Pádraig Ó Cadhla. Bhí muintir Chill Mhic Thomáis ‘loitighthe’ ag na hAlbanaigh agus na Sasanaigh a bhí ag obair i muileann éadaigh Thiarna Phort Láirge ann.¹²⁸ Níor thug an Tiarna Talún, a bhí ina bhainisteoir ar roinnt scoileanna i gceantar an Leasa Mhóir, cead an Ghaeilge a theagasc iontu, fiú nuair a seoladh an Clár Dátheangach i 1904.¹²⁹ Is mar sin a bhí an scéal i gCathair Dhún Lasga agus Íbh

Éire i gContae Chill Chainnigh. Dar leis, ‘ba mhaith le cúpla múinteoir sgoile sna háiteanna seo Gaolainn a mhúineadh dos na páisdibh, acht ní leogfaoi dóibh é a dhéanamh’.¹³⁰

Theip ar Ó Cadhla múinteoir taistil a chur ag obair i gcathair Phort Láirge. Cé go raibh a ndícheall á dhéanamh ag na hoidí i Scoil na mBráithre De La Salle agus i gClochar na Toirbhirte sa chathair, is beag atá le rá aige faoi shuim mhuintir na cathrach sa Ghaeilge:

Ní fiú biorán an méid atháthar ag déanamh do theangain na tíre i scoileannaibh na cathrach so. Tá sgoil Naomh Stiophán, fé chúram Bráithrí De La Salle, Coinbhint na Toirbhirte, agus na scoileanna i Sráid a’ Phuirt ag déanamh a ndíthcheall. Is beag den sprid náisiúnta atá ag baint le muintir na Cathrach, agus mara mbéadh na scoileanna seo áirighthe shuas ann, agus an fíor-bheagán a bhaineann le Conradh na Gaedhilge, níor dhóigh leat ach gur istigh i lár Londain a bheithfá.¹³¹

Ach nuair a tháinig na sagairt a raibh cúram scoile orthu le chéile leis na Conraitheoirí agus le múinteoirí scoile na cathrach chun an clár dátheangach a chur i bhfeidhm is léir nach raibh goile ag na hoidí don obair a bheadh rompu. Dúirt Ó Cadhla fúthu:

Ní raibh sainnt ar na múinteoiribh scoile cuidiughadh leo. Bhí cuid aca go dian i gcoinnibh ao’ rud a dhéanamh, dhá rádh go raibh an iomarca le déanamh cheana féin aca. Socruigheadh, pé scéal é, ar tosnughadh beag éigint a dhéanamh ach is beag é.¹³²

Bhí an galldachas céanna le feiceáil dar leis i measc mhuintir na Trá Móire, a raibh ‘an iomarcaidh seóintíneachta ag baint leis na daoinibh ann’.¹³³

2.6.2. Tomás Bán Ó Concheanainn i gCúige Uladh c.1900

Más é an Craoibhín a chuir tuairiscí na dtimírí san Iarthar agus sa Deisceart ar fáil is é Gearóid Mac Giolla Domhnaigh a chuireann an t-ábhar céanna ar fáil faoi staid na Gaeilge i gCúige Uladh in *Conradh na Gaeilge Chúige Uladh ag tús an 20ú chéid*. Ba iad Tomás Bán Ó Concheanainn (1870-1961) agus Proinsias Mag Uinseanáin (c.1838-1901) na timírí ba mhó clú i gCúige Uladh ag tús an chéid seo caite.

Cé gurbh as Inis Meáin ó dhúchas é Tomás Bán Ó Concheanainn ba i gCúige Uladh a chaith sé a sheal mar thimire de chuid an Chonartha. Tá eolas fágtha aige a thugann léargas cruinn dúinn ar staid na Gaeilge in Ulaidh. Tá a chuid tuairiscí agus tuairiscí Phroinséis Mhig Uinseanáin a shaothraigh mar thimire an Chonartha i gContae an Dúin agus i gCo. Ard Mhacha, curtha in eagar ag Mac Giolla Domhnaigh. Cuireann tuairiscí na beirte seo síos ar staid na Gaeilge i gContae Lú, Ard Mhacha, an Dún, Tír Eoghain, Doire agus Tír Chonaill ó 1900 go dtí 1902.¹³⁴ Is fiú, áfach, féachaint ar an méid a bhí le rá aige ag Ó Concheanainn faoi Thír Chonaill, an contae ba láidre ó thaobh na Gaeilge de i gCúige Uladh.¹³⁵

Feictear óna thuairiscí go raibh cúrsaí chomh dona i scoileanna Náisiúnta Thír Chonaill agus a bhí siad ina macasamhail sna ceantair ba láidre Gaeilge sa tír. Bhí scoileanna ann ina raibh an Ghaeilge á teagasc ag na múinteoirí agus bhí scoileanna ann a bhí ‘galldaithe amach’. Bhí oidí scoile ann a bhí ag déanamh iarrachta agus bhí oidí eile ann a bhí go hiomlán in éadan na teanga. In Aibreán 1901, mar shampla, thug Ó Concheanainn cuairt ar cheantar Fhánaide. Bhí sé thar a bheith moltach fán obair a bhí ar siúl sna scoileanna Náisiúnta i nGleann Bharr,

ina raibh an Ghaeilge ag an 112 dalta a bhí ar rolla na scoile. ‘Ní féidir na páistí seo theagasc ach sa Ghaeilge’, a scríobh sé.¹³⁶ B’amhlaidh an scéal sna scoileanna i bhFánaid, i Maol Rua, i gCarraig Airt agus i mBaile Mhícíl fosta. Bhí scoileanna eile ann, scoileanna Náisiúnta Mhainéir Uí Mhachain agus Lorgain Bhuithe, ina raibh na múinteoirí ag foghlaim na Gaeilge. Bhí scoileanna eile, áfach, a chuir olc air. Ní raibh ach ‘galldaithe amach’ le scríobh aige i gcás scoil Náisiúnta an Cheathrún Chaoil.¹³⁷

2.6.3. Iarthar Thír Chonaill

Bhí an scéal céanna le hinsint sna ceantair in iarthar an chontae. Ba é an Béarla a d’úsáidí mar mheán teagaisc do pháistí scoile nár labhair agus nár thuig ach an Ghaeilge. Thug Ó Concheanainn cuairt ar an seachtó scoil a bhí ann idir Fánaid agus an Clochán Liath. Deir sé nach raibh ‘aon scoil amháin don mhéid sin a mhúineas stair na hÉireann, agus annso féin níl acht sgoiláirí ins na rangaibh árda dá foghlaim. Tá an Teagasg Críostaidhe chomh maith le gach ceist agus ealaidhean eile, dá teagasg i mBéarla’.¹³⁸

Deir sé freisin i gcás dhá scoil Náisiúnta is daichead sa cheantar, gur minic nár thuig na daltaí cad a bhí á léamh acu ins na leabhair Bhéarla ‘acht an oiread is thuigeas buachaillí beaga an Laidean a deireann siad ag freastal ar an Sagart ag an Aifreann’.¹³⁹ Tugann sé le fios go raibh trí mhúinteoir is tríocha as an ochtar is ceithre scór múinteoirí sa cheantar gan Ghaeilge.¹⁴⁰ Ba bheag treoir a bhí á fáil ag muintir an cheantair seo ó mhúinteoirí ná ó shagairt.¹⁴¹ Níos déanaí, in *Mise agus an Connradh*, pléann an Craoibhín an méid a bhí le rá ag Ó Concheanainn faoi ‘neamh-shuim na ndaoine féin’, an chonstaic ba mhó dar leis ins an cheantar:

Deiridís leis gach lá nach mór, ‘cia an mhaith an Ghaedhilg?’ Nach bhfeicim-se na daoine móra eile agus gan meas trompa gan teangaidh aca uirre? Cia an meas atá i n-áit ar bith uirri? Cá bhfuigheadh duine slighe bheathadh aisti? Ní fheicim go bhfuil dadaidh le fágáil as an nGaedhilg díomaidhte do bhochtanus agus anró. Nach bhfeicim nach bhfuil na sagairt féin ag tabhairt seanmóir aisti, ná an oiread agus beannughadh dhúinn innti?¹⁴²

Is mar an gcéanna a bhí an scéal i gceantar Dhún Fionnachaidh agus díríonn Ó Concheanainn a mhéar i dtreo na n-oidí scoile, a bhí, den chuid is mó, tiontaithe in éadan na teanga. Luann sé scoil Náisiúnta na gcailíní i Más an Easa. Scríobh sé faoi mhúinteoir na scoile sin, Sorcha Ní Churraoin, á rá go raibh sí gan Ghaeilge, agus go ndúirt sí, ‘Ní féidir liom í a fhoghlaim. Labhraíonn na daoine róghasta. Milleann sí blas an Bhéarla. Teagasctar amhráin Bhéarla amháin’.¹⁴³

Ba é an scéal céanna ag Iníon Mhic Uilcín i Scoil an Chraoslaoidh. ‘Níl Gaeilge aici. “Téann mo dhaltaí go Sasain, go Meiriceá, go hAlbain agus cad é an mhaith dóibh ansin an Ghaeilge?”’¹⁴⁴ Agus is léir go raibh an múinteoir scoile i gCill Darach tiontaithe go hiomlán i gcoinne na Gaeilge i ngeall ar eachtra thubaisteach a tharla le timire an Chonartha, rud a léiríonn, b’fhéidir, go raibh díograis na dtimírí ag dul as smacht agus go raibh siad ag cur eagla agus inní ar na hoidí, faoi mar a rinne cigirí an Bhoird tráth. Tugadh le fios nár lig an múinteoir, Pádraig Mac Giolla Chomhaill, an timire isteach sa scoil agus ‘ní thabharfaidh sé líon na ndaltaí dom siocair “go ndearn mé eala mhagaidh de agus dá scoil nuair a bhí mé ann le deireanas”. Ba é a dúirt mé ag an am sin, “Tá an múinteoir anseo le bliain déag anuas agus níl aon fhocal Gaeilge aige. D’inis mé bréag, tá 11 focal Gaeilge agus sin ocht gcinn sa bhreis ar a bhfuil ag an Bhreitheamh Rosach nó níl aigesean ach ‘conas atá tú!’”¹⁴⁵

Gaoth Dobhair 1902

Is é an rud is suntasaí atá ag baint lena thuairiscí ar Ghaoth Dobhair i 1902 ná líon na scoileanna nach raibh an Ghaeilge á teagasc iontu ach amháin ag am ‘an Chaiticeasma’.¹⁴⁶ Luaitear arís agus arís eile an cumas labhartha agus léite a bhí ag bunús na múinteoirí agus gur chainteoirí dúchais cuid acu. Ach níor tugadh fáth leis an easpa teagaisc trí Ghaeilge i scoileanna an pharóiste, ach amháin i gcás Scoil Mhín an Chladaigh. Dúradh gur ceal spreagtha ón Bhainisteoir a bhí i gceist. Is fiú a lua gur cuireadh an nóta seo a leanas le cuntas Scoil Dhún Lúiche:

Ó tháinig an tuairisc seo thuas amach bhí cruinniú ag múinteoirí na paróiste agus d’aontaigh siad d’aonghuth go dteagascfaí an Ghaeilge ar a laghad ar feadh leathuaire gach lá. Faoi cheann seachtaine ón chruinniú seo fuair thar 1,000 daltaí ceacht Gaeilge don chéad uair.¹⁴⁷

É sin ráite, is doiligh a chreidbheáil nach raibh fiú agus scoil amháin i bparóiste Ghaoth Dobhair ina raibh an Ghaeilge á teagasc taobh amuigh d’am an reiligiúin. Is mar sin a bhí an scéal i bparóiste Chloich Cheann Fhaola an bhliain chéanna. Ní raibh an Ghaeilge á theagasc in oiread agus scoil amháin ann nuair a scríobh Ó Concheanainn a thuairisc i 1902.¹⁴⁸

Na Rosa Íochtaracha 1902

I gcomparáid le ceantair eile sa chontae bhí an Ghaeilge an-láidir ins na Rosa Íochtaracha agus bhí sí á múineadh ins an chuid is mó de na scoileanna. Luann Ó Concheanainn ina thuairisc gur ‘beag paróiste in Éirinn a fuair an méid sin spreagtha ó na Bainisteoirí is a fuair paróiste na Rosann Íochtarach’.¹⁴⁹ Bhí 81 dalta ag freastal ar scoil Náisiúnta Ailt an Chorráin, ‘An Ghaeilge ag 25% acu. Tuigeann gach dalta, ach amháin páistí an gharastúin, í. Seán Ó Dochartaigh an t-

oide. Teagasctar an Ghaeilge sna ranganna is airde amháin. Teagasctar Caiticeasma i mBéarla. Tá an ceantar seo galldaithe ag scata garda cósta, péas agus ceannaithe éisc ó Albain gona gcuid páistí.¹⁵⁰ Tá an galldú seo le brath i nótaí an tuarascálaí faoi Scoil Charraig Fhinne, ‘Uimhir 1’.

Carraig Fhinne: [Uimhir 1] 23 dalta. Níl focal Gaeilge acu ná ag a dtuistí. ‘Plándálaithe Albanacha’ iad uilig. Ristead Mac Dhuibhín an múinteoir. Níl aon fhocal Gaeilge aige. Tá an scoil seo faoi choimirce The Island Coast Missionary Society a bhfuil boladh láidir na Galltacha air.

Ocht scoil déag san iomlán a bhí i gceantar na Rosann Íochtarach. Bhí an Ghaeilge á teagasc i scoileanna an pharóiste, go háirithe ins na hardranganna, mar atá luaite i gcás Rinn na Feirste, Cruite, Mullach Dhuibh agus Loch an Iúir, cé nach raibh mórán Gaeilge ag an mhúinteoir i Loch an Iúir, Pádraig Mac Cú Uladh.¹⁵¹

Mar fhocal scoir ar na Rosa Íochtarach, deir Ó Concheanainn an méid seo a leanas faoi Scoil Rinn na Feirste, a bhí faoi stiúir Dhónaill Uí Bhaoill, ‘Mheas mé go raibh páistí na scoile seo an-chliste agus éirimiúil ar fad, lán seanchais i bprós agus i bhfilíocht’.¹⁵²

2.7.0. An Ghaeilge ins an chóras dara leibhéal

Níorbh é stádas na Gaeilge sna scoileanna Náisiúnta amháin a bhí ag cur as do lucht athbheochan na teanga. Ó bunaíodh an Bord Idirmheánach i 1878 bhí feachtas faoi lán tseoil a raibh mar aidhm aige aitheantas don Ghaeilge a aimsiú ins an chóras iarbhunscoile. A luaithe agus a bunaíodh an Bord Idirmheánach iarradh go gceadófaí an Ghaeilge mar ábhar scrúdaithe ‘for which marks would be awarded in the examinations conducted by the Board’.¹⁵³ Fuair an t-iarratas seo tacaíocht

fheisire Pairliminte do Mhaigh Eo, Seán Ó Conchúir de Paor. Mhol Ó Conchúir Donn, feisire Pairliminte do Ros Comáin, go gceadófaí an Ghaeilge faoin ainm ‘an Cheiltis’. Deir Ó Fiaich, ‘thus under the harmless title of Celtic, the language was smuggled into the Intermediate Board’s programme of subjects’.¹⁵⁴

Níor leor an dul chun cinn seo, áfach. Bhí roinnt éagothrom i gceist i gcás na marcanna a bhí le baint ag iarrthóir a chuaigh faoi scrúdú an Bhoird sa Ghaeilge. Bhí ceithre chéim i scrúdú an Bhoird – ullmhúchán, sóisear, meánach agus sinsear.¹⁵⁵ Bhí cúig chéad marc le baint i gcás na Gaeilge ag an leibhéal ‘ullmhúchán’ agus sé céad marc ag na leibhéil eile. Chuir an roinnt marcanna seo ole ar údaráis an Chonartha mar go raibh seacht gcéad marc ag dul don Fhraincis agus don Ghearmáinis, agus míle dhá chéad marc ag dul don Ghréigis, don Laidin agus don Bhéarla. Sular bunaíodh an Conradh, rinne Aontas na Gaeilge iarracht daltaí a spreagadh chun staidéar a dhéanamh ar an ‘Cheiltis’ nuair a thairg an eagraíocht £30 i bhfoirm duaiseanna dóibh siúd ar éirigh leo na marcanna ab airde a fháil i scrúduithe 1880. Chuir 117 isteach ar an Cheiltis i gcomparáid le 19 sa bhliain 1879. Bhí na duaiseanna ar fáil arís i 1881 agus rinne 118 an scrúdú an bhliain sin. Ní raibh an t-airgead ann do na duaiseanna ina dhiaidh sin agus thit líon na n-iarrthóirí arís go 72 sa bhliain 1872.¹⁵⁶ Tugann Ó Súilleabháin na huimhreacha seo a leanas a léiríonn líon na ndaltaí a chuaigh faoi scrúdú an Bhoird sa ‘Cheiltis’ ó 1889 go dtí 1897:

1889	1890	1891	1892	1893	1894	1895	1896	1897
272	274	244	176	379	489	528	544	503

Scrúdaíodh 408 dalta sa ‘Cheiltis’ i 1899 as 6,533 a chuaigh faoi scrúdú an Bhoird agus d’éirigh le 272.¹⁵⁷

Bhí ganntanas mór téacsleabhar mealltach ann chun freastal ar theagasc na teanga. Ní haon ionadh mar sin nach ndeachaigh ach fíorbheagán scoláirí faoi scrúdú Gaeilge an Bhoird. Tá an méid seo a leanas le rá ag Ó Fiaich ar an ábhar:

As a result of this marking system, coupled with the scarcity of Irish teachers, the lack of foundation at primary level and the apathy of both parents and school authorities, only a small proportion of those examined annually – usually not more than 5 per cent – presented Irish as one of their subjects.¹⁵⁸

Bhí ceisteanna le freagairt ag an Bhoird faoi roinnt éagothrom na marcanna agus faoi chaighdeán na bpáipéar scrúdaithe. I scrúdú 1893, mar shampla, iarradh ar iarrthóirí an méid seo a leanas a aistriú ó Bhéarla go Gaeilge – ‘My mother is sick ... The butter is fresh’. Tugadh an ghluais seo a leanas chun cuidiú leo – ‘mother – *máthair*, sick – *tinn*, butter – *im* and fresh – *úr*.¹⁵⁹ Scríobhadh an méid seo a leanas in *The Gaelic Journal* faoi seo:

Why is Irish called ‘Celtic’ at these exams is more than we can tell ... Although the papers gave satisfaction to most teachers it would appear very strange in any other subject but Irish, that misprints and errors, to the number at least of thirty, should be found in four short papers.¹⁶⁰

Fan bhliain 1899 ní raibh ach deich scoil do bhuachaillí ina raibh dáréag nó níos mó ag dul faoi scrúdú an Bhoird agus bhí na scoileanna seo uilig faoi stiúir na mBráithre Críostaí. Bhí rudaí i bhfad níos measa i gcás na gcaoilíní. Seo a leanas mar a léiríonn Ó Fiaich an drochstaid seo:

Irish was almost non-existent. The total number of passes secured at any grade of the Intermediate Examination by girls in 1899 numbered 43, nearly all of them being pupils of one school – St. Louis' Convent, Monaghan. In the same year almost all students took French while 43 girls, who had the opportunity to take Irish successfully, contrasted badly with the 457 who passed German and even with the 184 who passed in Italian.¹⁶¹

Is léir go raibh lucht na Gaeilge amhrasach faoi dháiríreachta an Bhoird Idirmheánaigh i dtaobh na Gaeilge mar ábhar scoile iarbhunoideachais. Níorbh fhada go dtiocfadh an teanga faoi ionsaí ghéar, leis an chuspóir bata agus bóthar a thabhairt don Ghaeilge ón churaclam idirmheánach.

2.7.1. Coiminsiún Ríoga 1899 - Mahaffy, Atkinson agus an Craoibhín

Tháinig an t-ionsaí seo nuair a cuireadh an Coimisiún Ríoga ar bun i 1899 chun scrúdú a dhéanamh ar an chóras idirmheánach. Fearadh fáilte roimh thuairimí ó éinne, go poiblí nó i bhfoirm scríofa, a raibh aon rud le rá acu faoin chóras idirmheánach. Ceapadh an Craoibhín mar urlabhraí an Chonartha chun fianaise a chur os comhair an Choimisiúin.

Tugann Ó Súilleabháin cuntas cuimsitheach ar obair an Choimisiúin,¹⁶² mar sin ní gá ach príomhshonraí na díospóireachta a bhreacadh síos anseo. Mhol Edward Gwynn, ball foirne in Acadamh Ríoga Éireann, go mba cheart 'an Cheiltis' a scrios ar fad ón churaclam idirmheánach. Bhí sé den tuairim nach raibh aon bhaint ag an ábhar le teangacha móra na linne sin ar nós na Laidine, na Fraincise agus na Gearmáinise. 'It appears to me' a dúirt sé, 'that Modern Irish has little to recommend it; its syntax is monotonous and undeveloped, and its affinities with the great European languages are, except to a trained scholar, unrecognisable. Modern Irish literature has, so far as I know, very little or no value *qua* literature: it

certainly possesses no general interest nor any significance in the history of European thought'.¹⁶³

Rinne an Dr. John Pentland Mahaffy, Ollamh le Stair Ársa i gColáiste na Tríonóide, ionsaí fíochmhar ar áit na Gaeilge ar an churaclam idirmheánach. Dar leis nár chóir go mbeadh an Ghaeilge ar 'chóras praiticiúil oideachais'.¹⁶⁴ Ghéill Mahaffy go mbeadh an Ghaeilge úsáideach 'to a man who was fishing for salmon or shooting grouse in the West, but to teach it in schools was a mischievous waste of time. Those who supported it were at best inspired by sentiment and at worst were striving to separate Ireland from England'.¹⁶⁵

Thóg an Craoibhín seasamh láidir i gcoinne fhianaise Mahaffy. Scaip sé nuachtáin inar foilsíodh tuairimí Mahaffy ar scoláirí an Léinn Cheiltigh ar fud na hEorpa. Ina measc siúd bhí Ernest Windisch in Ollscoil Leipzig, Heinrich Zimmer in Ollscoil Greifswald, an Dr. E.C. Stern in Ollscoil Berlin, Kuno Meyer in Ollscoil Learphoill, Holger Pedersen ó Ollscoil Copenhagen, M.G. Dottin i Rennes, Owen M. Edwards agus an tOllamh York Powell in Oxford, Alfred Nutt, Uachtarán an Chumainn Bhéaloidis i Sasana agus Eleanor Hull i Londain. Nuair a thug an Craoibhín a chuid fianaise, 14 Feabhra 1899, ba mhór an éifeacht a bhí ag freagraí na scoláirí sin ar an Choimisiún. Chuir sé i leith Mahaffy gurbh í an pholaitíocht a luigh taobh thiar dá naimhdeas don Ghaeilge:

The attempt at it [an Ghaeilge] is non-political, and sternly non-political, and one of our [Conradh na Gaeilge] best supporters in the North of Ireland, the late Dr. Kane, who was also the leader of the Orangemen, and the leader of the Unionist Party there. I have not known Irish to be taken up with a political reason at all, but the antagonism to it is political.¹⁶⁶

Is léir, áfach, go raibh ‘cara sa chúirt’ ag Gwynn agus ag Mahaffy. Dar le Ó Súilleabháin thagair Mahaffy go rialta don ‘expert’ seo a thug eolas dó faoi nach mór gach gné den Ghaeilge.¹⁶⁷ Ba é an Dr. Robert Atkinson, Ollamh le Sanscrait agus Focleolaíocht i gColáiste na Tríonóide an saineolaí seo. Thug Atkinson, ‘a dismal swamp’ ar litriú agus ar ghramadach na Gaeilge. Dúirt sé nach ligfeadh sé dá pháistí féin scéal Dhiarmada agus Ghráinne, a bhí ar chlár idirmheánach na ‘Ceiltise’, a léamh. Cháin sé ceann de scéalta an Chraoibhín, ‘as the doings of a common lout who never washed ... [he] warned his hearers against O’Grady’s *Silva Gadelica* which no one could not read without being degraded, and even dismissed the *Book of Leinster* as low and close to the soil’.¹⁶⁸ D’fhill an feall ar an fheallaire, áfach, nuair a rinneadh scrúdú ar shaothair Atkinson in *An Claidheamh Soluis*, faoin teideal, ‘The Dismal Swamp’. Rinne an tAthair Peadar Ó Laoghaire ceap magaidh de agus thaispeáin sé nár thuig Atkinson an difear idir ‘is’ agus ‘tá’. Chuir seo tús leis an rann magúil, ‘Atkinson of T.C.D./Doesn’t know his verb to be’.

2.7.2. Acht nua oideachais 1900 ‘the Revised Programme’

Ritheadh acht nua oideachais i 1900 mar thoradh ar an obair a rinne ‘the Commission on Manual and Practical Instruction. Cuireadh an coimisiúin ríoga seo ar bun ‘to enquire and to report with a view “to determining how far, and in what form, manual and practical instruction should be included in the Educational System of the Primary Schools under the Board of National Education in Ireland”’.¹⁶⁹ Tugadh stádas éigeantach don Ghréigis, don Laidin, don Fhraincis agus don Ghearmáinis, agus bheadh ar mhac léinn teanga amháin acu a ghlacadh. Seo tuairim an Chraoibhín ar an scéal:

Óir do rinne sé [an ‘Clár Nua’] teangacha ‘Éiginteacha’ de’n Laidin, de’n Ghréigis, de’n Ghearmáinis agus de’n Fhraincis. Chaithfeadh an dalta ceann aca do ghlacadh. Is é sin go mb’éigin do’n dalta eolas bheith aige ar cheann éigin de na ceithre teangthachaibh sin, agus do fagadh an Ghaedhilg amach ar fad, acht go mb’éidir le dalta í do bheith aige mar fó-ádhbhar eile – dá mbadh mhaith leis é.¹⁷⁰

Ceadaíodh teagasc na Gaeilge i rith gnáthuaireanta scoile agus is é comhairle na gcoimisinéirí ‘Irish could be used as an aid to the elucidation of English’.¹⁷¹ Chuir an Craoibhín an milleán iomlán ar an Bhord agus go háirithe ar an Dochtúir Mahaffy, a ceapadh ar an Bhord Idirmheánach agus ar thug an Craoibhín ‘an namhaid ba mhó do bhí ag na Gaeleadaibh’ air.¹⁷² Faoin acht nua tugadh áit níos fearr don Ghearmáinis thar an Fhraincis. Thuig an Craoibhín an fáth ar tugadh an oiread sin tábhachta don Ghearmáinis. Dar leis,

Rinneadar san ... de bhrígh go labhrann Dr. Mahaffy agus an Righ Gearmáinis, agus de bhrígh go raibh Coláiste na Trionóide i n-aghaidh na Gaedhilge.¹⁷³

Fágadh an Ghaeilge ina hábhar roghnach.

2.8.0. An Ghaeilge sna scoileanna 1903-1911

In ainneoin an dul chun cinn a tugadh don Ghaeilge fán bhliain 1903 is léir nár glacadh go forleathan leis an deis an Ghaeilge a ghlacadh mar ábhar scrúdaithe, cé go ndeir Ó Fiaich gur tháinig méadú 300 fán gcéad orthu siúd a ghlac an Ghaeilge mar ábhar scrúdaithe idir 1899 agus 1902.¹⁷⁴ De réir tuarascála a cuireadh faoi bhráid Ard-Fheis an Chonartha i 1904 níor ghlac ach 2,259 as an 7,909 mac léinn a chuaigh faoi scrúdú an Bhoird an Ghaeilge mar ábhar, agus theip ar 426 díobh. Tháinig feabhas ar an scéal i 1904 nuair a d’éirigh le 2,103 as an 2,527 dalta a thóg

an Ghaeilge i scrúdú an Bhoird. D'éirigh le 2,580 as an 3,218 dalta a chuaigh faoin scrúdú i 1905. D'éirigh le 3,166 sa Ghaeilge i 1906 agus le 3,898 i 1907. Fán bhliain 1907 bhí níos mó mac léinn ag roghnú na Gaeilge thar an Laidin, cé go raibh an Laidin éigeantach le freastal ar an Ollscoil Ríoga. Sa bhliain chéanna ghlac 5,814 mac léinn as 11,383 an Ghaeilge i scrúdú an Bhoird. I 1909 tharraing scrúdú an Bhoird olc ar an Chonradh de bharr dheacracht na bpáipéar agus de dheasca chaighdeán na marcála ach, é sin ráite, tuairiscítear go ndeachaigh 6,076, idir bhuaichaillí agus chailíní faoi scrúdú agus gur éirigh le 4,579 acu ann. D'éirigh le 5,167 pas a fháil i scrúdú na Gaeilge i 1910 agus rinne 7,110 dalta an scrúdú Gaeilge i 1911. Is fiú breithiúnas Uí Shúilleabháin a lua anseo – gur 'mhó idir é sin agus an 19 a ghlac an Ghaeilge sa bhliain 1879'.¹⁷⁵

2.9.0. Conclúid

B'iad an litearthacht sa Bhéarla agus luachanna na himpireachta an chloch na mhó ar phairdrín na ndaoine a bhí i gceannas an chóras oideachais a bhí i bhfeidhm in Éirinn ó 1831 amach. Níor tugadh aitheantas ar bith don Ghaeilge ar an churaclam, fiú sna scoileanna Náisiúnta sna ceantair Ghaeltachta, an áit ina raibh an Ghaeilge mar mháthairtheanga ag na daltaí sin. Go minic ceapadh oidí scoile sna scoileanna sin nach raibh raibh acu ach an Béarla. Ní raibh na múinteoirí cáilithe le dul i mbun an teagaisc ach oiread. Ní nach ionadh, níor éirigh leis an chóras oideachais na cuspóirí a leagadh síos dó a chur i gcrích. D'aithin Coimisiún Ríoga Powis (1870) go raibh géarghá le feabhas a chur ar an chóras oiliúna d'oidí scoile. Fiú i ndiaidh don rialtas teagasc na Gaeilge a cheadú mar 'ábhar breise', i 1878, níor tugadh deis d'oidí a raibh an teanga Ghaeilge acu a scoileanna teagaisc sn ábhar a fheabhsú.

Seoladh feachtas i measc na gcumann teanga chun aitheantas a fháil don teanga ar an churaclam. Ba é athGhaelú na hÉireann príomhchuspóir na hagóide seo dáiríre agus d'aithin lucht na hathbheochana nach ndéanfaí é seo gan ‘Gaelú’ a dhéanamh ar an chóras oideachais. Léiríonn tuairiscí thimírí an Chonartha (2.6.1-3) na deacrachtaí a bhain leis an chuspóir seo. Léirigh cuid mhór de na hoidí drochmheas i leith na Gaeilge, mar a fheictear i scéalta beatha ár scríbhneoirí dúchasacha. Tugann Micí Mac Ghabhann fianaise dúinn gur Béarla a bhí in úsáid sa seomra ranga i scoil náisiúnta Mhachaire Rabhartaigh.¹⁷⁶ Ach tá sé soiléir go raibh an Béarla i bhfeidhm i scoileanna an Bhlascoid Mhóir le linn óige Pheig Sayers,¹⁷⁷ Thomáis Uí Chriomhthain,¹⁷⁸ agus Mhuiris Uí Shúilleabháin.¹⁷⁹ Níor chóir go mbeadh aon iontas ann gur mar sin a bhí an scéal in Iarthar na tíre chomh maith.¹⁸⁰ Is minic a thiontaigh na hoidí neamhoilte seo ar an lámh láidir chun smacht nó chun oideachas a bhrú orthu siúd a bhí os a gcomhair amach sna seomraí ranga. Is téama coitianta é seo i litríocht agus i scéalta beatha ár scríbhneoirí dúchasacha. Ní raibh an córas oideachais dírithe i dtreo riachtanais chultúrtha an pháiste agus ar na nithe sin a bhaineann le forbairt inthleachtúil, spioradálta agus fhisiciúil an duine, mar a shantaigh an Piarsach.

Is féidir creidiúint éigin, áfach, a thabhairt don chóras oideachais seo as ucht an fheabhais a tháinig ar an ráta litearthachta sa tír. Fán bhliain 1900 ní raibh ach 12 fán gcéad de dhaonra na tíre nach raibh léitheoireacht agus scríbhneoireacht acu. Is é seo a spreag Keenan (2.3.0) le córas dátheangach a mholadh do na ceantair Ghaeltachta. Bheadh an feabhsú litearthachta sa Bhéarla ina bhuntáiste don aos óg agus iad ag dul ar imirce. Dar le David Fitzpatrick, ‘throughout the post-Famine century emigration represented an expected stage in the cycle of life and children

were reared as potential emigrants and when they reached adulthood many knew they “must travel”¹⁸¹. Ba dhearcadh é seo a chonaic Tomás Bán Ó Concheanainn ar an Chraosloch i dTír Chonaill i 1902 (2.6.3).

Ní raibh dóthain infheistíochta sa chóras oideachais. I mBaile Átha Cliath amháin meastar go raibh 104 as an 167 scoil gan leithreas.¹⁸² I 1907 glacadh le rún ag cruinniú Bhardas Chathair Doire a mhol go raibh rialtas na Breataine ag caitheamh go héagórach le páistí na hÉireann i gcúrsaí oideachais:

We consider it a monstrous injustice to Ireland that the parliamentary grant for Irish primary education for the current year should be £578,909 less than the Scottish grant while the number of pupils to be educated in the primary schools in these two countries is practically the same ... we urgently ask an all round increase in the salaries of Irish teachers as we believe the present starvation salaries are calculated to prevent the entrance of suitable candidates to the teaching profession as well as to drive away those who are already in, and that we see no reason whatever for denying Irish teachers those civil rights which are freely conceded to the teachers of Great Britain.¹⁸³

Bheadh impleachtaí ag an easpa infheistíochta seo i bhforbairt an churaclaim agus i gcur i bhfeidhm na n-athruithe a bhí tagtha ar an Ghaeilge ó 1900 ar aghaidh, go háirithe le fógairt an chláir dhátheangaigh i 1904.

¹ Angela Partington, (ed.) *The Oxford dictionary of quotations, new edition* (Oxford 1992), 360.

² Charles Dickens, *Hard times* (London 1854 & 1969), 50.

³ *Ibid.*, 47.

⁴ *Ibid.*, 47.

⁵ Séamas Ó Buachalla, (eag.) *The educational writings of P.H. Pearse: a significant Irish educationalist* (Baile Átha Cliath 1980), 312.

⁶ John Coolahan, *Irish education: its history and structure* (Dublin 1981), 7.

⁷ *Ibid.*, 7.

⁸ Seachtar a ceapadh ar an Bhord agus ba é Diúc Laighean cathaoirleach an Bhoird. Bhí triúr acu ón eaglais Anglacánach, beirt ón Eaglais Chaitliceach agus beirt Phreisbitéireach. Ba iad sin Diúc Laighean, Ardeaspag Anglacánach Bhaile Átha Cliath Richard Whately, Ardeaspag Caitliceach Bhaile Átha Cliath Daniel Murphy, Uachtarán Choláiste na Tríonóide Francis Sadlier, ionadaí na

hEaglaise Preisibitéirigh James Carlile, ionadaí Choiste an Rialtais A. R. Blake agus an dlíodóir Robert Holmes.

⁹ Áine Hyland, Kenneth Milne (ed.), *Irish educational documents* volume 1 (Dublin 1987) 102-3.

¹⁰ *Board of national education's general principles of the system of education to be attended to by the inspectors, 1835*. Tugann Hyland agus Milne cuntas ar na treoirilínte a bhain leis na cigirí, *op. cit.*, 116-118.

¹¹ Máirtín, *An máistir - an scoil agus an scolaíocht*, 68. Tá cuntais le feiceáil fosta in An tAthair Peadar Ó Laoghaire, *Mo scéal féin* (Baile Átha Cliath 1915), 122; Dubhghlas De hÍde, *Mise agus an Connradh* (Baile Átha Cliath 1936), 138-9 & 142.

¹² Tá neart le rá ag Máirtín, faoi thábhacht an mhúinteora scoile faoin seanchóras 'neamhfhoirmiúil agus neamhairdiúil' Ghaelach a mhair roimh Acht Stanley i 1831. Ach is fiú tagairt a dhéanamh don méid seo a leanas a deir sí faoin chóras oideachais i ré an bPéindlíthe: 'Ní mór a mheabhrú go raibh an drochmheas céanna nach mór ar an oideachas agus ar an gcreideamh in Éirinn ag an am. Chaith na Gaill go tarcaisneach dímhéasúil leis an scoileanna a bunaíodh le linn an dá chéad bliain roimh bhunú na scoileanna 'Gailda'. Bhí cosc iomlán ar an gcreideamh Caitliceach agus ar aon ní a bhí bainteach leis seo. Braitheadh go raibh dlúthcheangal idir an scolaíocht agus an Caitliceachas agus dá bhrí sin bhí sa tóir ar na máistrí scoile díreach mar a bhí ag toraíocht na sagart. Bhí de bhuntáiste ag an máistir scoile ar an sagart, áfach, nach raibh sé ar chumas an tsagairt teitheadh ón altóir. Ní raibh le déanamh ag an máistir scoile ach "to throw his Horace into the thorn bush, walk away and his hands in his pockets and devote his attention to farming operations in an adjacent field"', 51.

¹³ Hyland, Milne, *Irish educational documents*, 112-3 & 119-20.

¹⁴ Niall Ó Dónaill, *Na glúnta Rosannacha* (Baile Átha Cliath 1974), 165.

¹⁵ *Ibid.*, 165.

¹⁶ Máire, 'James Gallagher', in *Caisleáin óir* (Dún Dealgan 1928), 3-4, 6.

¹⁷ Hugh Dorian, *The outer edge of Ulster: a memoir of social life in nineteenth-century Donegal*, edited by Breandán Mac Suibhne & David Dickson (Dublin 2001), 118.

¹⁸ Máirtín, *An máistir - an scoil agus an scolaíocht*, 17.

¹⁹ Adeline Tissier-Moston, 'The campaign for the recognition of the Irish language in national schools (1878-1904)', in Wesley Hutchinson and Cliona Ní Ríordáin, *Language issues - Ireland, France, Spain* (Brussels 2010), 91.

²⁰ Letter from the Secretary for Ireland to his Grace the Duke of Leinster on the formation of a Board of Education, Hyland, Milne, *Irish educational documents*, 109.

²¹ Hyland, Milne, *Irish educational documents*, 115.

²² T.J. O'Connell, *100 years of the progress - The story of the Irish national teachers organisation 1868-1968* (Dublin 1968), 333.

²³ Coolahan, *Irish education*, 21.

²⁴ *Ibid.*, 8.

²⁵ Tissier-Moston, 'The campaign for the recognition of Irish', 92-3.

²⁶ *Ibid.*, 93.

²⁷ *Ibid.*, 93.

²⁸ Máirtín, *An máistir - an scoil agus an scolaíocht*, 225

²⁹ An tAthair Peadar Ó Laoghaire, *Mo scéal féin*, (Baile Átha Cliath 1915), 121-2. Chuaigh an cleachtas seo go mór i bhfeidhm ar mhuintir na háite agus ní haon ionadh mar sin gur fhás an Béarla sa cheantar, dar leis an Athair Peadar: 'Tá seo le rá agam, áfach. Chomh fada agus a chuaigh an obair a deineadh ins na scoileanna, an méid oibre ab fhéidir a dhéanamh in ainneoin na héagóra go léir, deineadh é ar chuma a chuir ionadh ormsa. Tugadh an t-eolas don mhuintir óg agus ghlac an mhuintir óg an t-eolas, trí bhóthar crua an Bhéarla, trí bhóthar iasachta an Bhéarla, ar chuma a dhéanfadh creidiúint do mhúinteoirí agus do lucht foghlamtha in éineacht dá mba nach mbeadh an bóthar crua ná iasachta. An éirim aigne a bhí ag gach taobh faoi deara an toradh sin a bheith ar an obair. Ach na daoine a bhí i meánaois an uair sin, na daoine a bhí idir na seandaoine agus muintir na scoileanna, bhí Béarla acusan á labhairt agus ní dóigh liom gur labhraíodh riamh amach as béil daoine caint ba ghráinne ná an Béarla. Féach ansin an sclábhaíocht a bhí ar na múinteoirí agus ar na leanaí. An Béarla gránna sin á labhairt coitianta leis na leanaí sa bhaile, agus ansin na múinteoirí ag jarraidh Béarla éigin slachtmhar a mhúineadh do na leanaí sin ar an scoil.'

³⁰ Adrian Kelly, *Compulsory Irish - language and education in Ireland 1870s -1970s* (Dublin 2002), 4.

³¹ *Ibid.*, 4.

³² Caoimhe Máirtín, 2003, *An máistir - an scoil agus an scolaíocht i litriocht na Gaeilge* (Baile

Átha Cliath 2003), 212-3.

³³ Ibid., 201.

³⁴ Tomás Ó Ceallaigh, ag Seán de Fréine, *The great silence* (Dublin 1965), 148-9.

³⁵ Tá na torthaí iomlána ar fáil in Garret FitzGerald, *Irish-speaking in the pre-famine period: a study based on the 1911 census data for people born before 1851 and still alive in 1911*, (2003 Dublin), 191-283.

³⁶ Ibid., table 4, 281.

³⁷ Ibid., 204.

³⁸ Coimisiún um Athbheochan na Gaeilge, *An tuarascáil dheiridh*, (Baile Átha Cliath 1967), 7.

³⁹ Colmán Ó Huallacháin, *The Irish and Irish* (Baile Átha Cliath 1994), 25.

⁴⁰ Ibid., 21.

⁴¹ Kelly, *Compulsory Irish*, 4.

⁴² Ó Huallacháin, *The Irish and Irish*, 25.

⁴³ Albert Maguire, 'Accountability in education – a historical perspective (1)', in *Review – Journal of the Craigavon historical society*, no. 3, vol. 5, ar www.craigavonhistorical.society.org.uk.; Ceadaithe 15 Meith. 2014.

⁴⁴ Féach Richard Aldrich and Peter Gordon, *Dictionary of British educationalists* (London 1989), 139.

⁴⁵ Tissier-Moston, 'The campaign for the recognition of Irish', 93.

⁴⁶ Tarlach Ó Raifeartaigh, 'An Bord náisiúnta agus an Ghaeilge 1831-70' in *The Irish ecclesiastical review*, lxxii, 481-493.

⁴⁷ Ibid., 93.

⁴⁸ Ibid., 95-6.

⁴⁹ Tissier-Moston, 'The campaign for the recognition of Irish', 94.

⁵⁰ Martin Brennan, 'Language, personality and the nation' in Brian Ó Cuív, *A view of the Irish language* (Baile Átha Cliath 1969), 78.

⁵¹ Ibid., 41.

⁵² Gearóid Ó Tuathaigh, 'The state of the Irish language: a historical perspective' in Caoilfhionn Nic Pháidín agus Seán Ó Cearnaigh (eds.) *A new view of the Irish language* (Cois Life, Dublin 2008), 26.

⁵³ Ó Huallacháin, *The Irish and Irish*, 46.

⁵⁴ O'Connell, *100 years of progress*, v.

⁵⁵ Hyland, Milne, *Irish educational documents*, 119.

⁵⁶ O'Connell, *100 years of progress*, 1.

⁵⁷ Ibid., 1.

⁵⁸ Tugann Máirtín cur síos cuimsitheach ar ról agus ar thábhacht an mhúinteora ins an chóras oideachais i gcaibidil 3 dá leabhar, *An máisitr – an scoil agus an scolaíocht*, 51-105.

⁵⁹ Ibid., 340.

⁶⁰ Ó Huallacháin, *The Irish and Irish*, 44.

⁶¹ Ibid., 39.

⁶² *Report of the proceedings of the congress held in Dublin by the society for the preservation of the Irish language, August 1882* (1884), First Sitting, 7, luaite ag Ó Huallacháin, *The Irish and Irish*, 39.

⁶³ Ibid., 32.

⁶⁴ *Third book of lessons for the use of school* (Dublin 1853), 142, luaite ag Tissier-Moston, 'The campaign for the recognition of Irish', 97.

⁶⁵ Tissier-Moston, *op. cit.*, 96.

⁶⁶ Ó Huallacháin, *The Irish and Irish*, 42.

⁶⁷ *The London Times*, 4 Deir. Fómh. 1882, luaite ag Ó Huallacháin, *op. cit.*, 42.

⁶⁸ Ibid., 42.

⁶⁹ Ibid., 43.

⁷⁰ Ibid. 44.

⁷¹ Ó Huallacháin, *The Irish and Irish*, 40.

⁷² Tissier-Moston, 'The campaign for the recognition of Irish', 98.

⁷³ *Copy of correspondence between the Irish executive and the commissioners of national education in Ireland, with respect to the teaching of Irish in the national schools*, H.C., 1884, LXI, 628 agus luaite ag Tissier-Moston, *op. cit.*, 99.

⁷⁴ Daniel Corkery, *The fortunes of the Irish language* (Cork 1956), 120.

⁷⁵ Father Eugene O'Growney, 'The national language' in *Irish ecclesiastical record* Vol XI (Dublin

1890), 987-8.

⁷⁶ Ó Huallacháin, *The Irish and Irish*, 49.

⁷⁷ Donal McCartney 'Mac Neill and Irish Ireland' in F.X. Martin, & F.J. Byrne, (eds.), *The scholar revolutionary: Eoin Mac Neill, 1867-1945, and the making of the new Ireland* (Shannon 1973), 82.

⁷⁸ *Ibid.*, 80.

⁷⁹ John McNeill, 'Why and how the Irish language is to be preserved', *Irish ecclesiastical record*, vol. XII, (Dublin 1891), 1102.

⁸⁰ Brian Ó Cuív, 'Mac Neill and the Irish language', in Martin, Byrne (eds.), *op. cit.*, 4.

⁸¹ *Ibid.*, 10.

⁸² *Ibid.*, 10.

⁸³ Eoin MacNeill, 'The teaching of history in Irish schools', luaite ag McCartney, 'Mac Neill and Irish Ireland', 91.

⁸⁴ De hÍde, *Mise agus an Connradh*, 102.

⁸⁵ Ciaran Ó Coigligh, 'Pádraig Mac Piarais oideachasóir' in *Dublin and Dubliners: essays in the history and literature of Dublin city* (James Kelly agus Uáitear Mac Gearailt eag.) (Dublin 1990), 74.

⁸⁶ *ACS*, 7 Samhain 1903, 6.

⁸⁷ Gearóid Mac Giolla Domhnaigh, *Conradh an Gaeilge Chúige Uladh ag tús an 20ú chéad* (Béal Feirste 1995), 172.

⁸⁸ No.2: *The case for bilingual education in the Irish-speaking districts*; no. 3: *Irish in the schools*; no. 5: *Parliament and the teaching of Irish: the Irish language debate in the House of Commons on Friday 21st. July 1900*; no. 8: *Bilingual education*; agus no. 9: *The future of Irish in the national schools*.

⁸⁹ Diarmaid Ferriter, *The transformation of Ireland 1900-2000* (London 2005), 148.

⁹⁰ Mac Giolla Domhnaigh, *Conradh an Gaeilge Chúige Uladh*, 166.

⁹¹ *Ibid.*, 166.

⁹² *Ibid.*, 167.

⁹³ *Ibid.*, 167.

⁹⁴ *Ibid.*, 167.

⁹⁵ *Ibid.*, 166-7.

⁹⁶ *Ibid.*, 172-3.

⁹⁷ *Ibid.*, 173.

⁹⁸ *Ibid.*, 173.

⁹⁹ *Ibid.*, 173.

¹⁰⁰ De hÍde, *Mise agus an Connradh*, 33.

¹⁰¹ *Ibid.*, 33-34.

¹⁰² *ACS*, 13 Lún. 1904, 6.

¹⁰³ *Miontuairisc na chéad Dála 1919-1921*, lch 50, luaite in Pádraigín Ní Cheallaigh, 1984-5, 'An Ghaeilge sa chóras oideachais 1919-1929', *Teagasc na Gaeilge* 4, 114.

¹⁰⁴ Ní Cheallaigh, *op. cit.*, 114.

¹⁰⁵ *Ibid.*, 52

¹⁰⁶ *ACS*, 14 Márta 1903, 6.

¹⁰⁷ *Ibid.*

¹⁰⁸ *ACS*, 7 Samh. 1903, 6.

¹⁰⁹ *Ibid.*

¹¹⁰ *ACS*, 31 Deir. Fómh. 1903, 6.

¹¹¹ *Ibid.*, 8 Aibr. 1905, 6.

¹¹² *Ibid.*, 22 Aibr. 1905, 6.

¹¹³ *Ibid.*, 5 Noll. 1903, 6.

¹¹⁴ *Ibid.*, 12 Noll. 1903, 6.

¹¹⁵ *Ibid.*

¹¹⁶ Dubhghlas De hÍde, *Mise agus an Connradh*, 106-7.

¹¹⁷ *Ibid.*, 107-9. Féach fosta Peadar Ó hAnnracháin, *Faoi bhrat an chonnartha* (Baile Átha Cliath 1944).

¹¹⁸ *Ibid.*, 140-3.

¹¹⁹ Timothy G. Mc Mahon, *Grand opportunity: the Gaelic League revival and Irish society 1893-1910* (Syracuse 2008), 121.

¹²⁰ De hÍde, *Mise agus an Connradh*, 106.

¹²¹ *Ibid.*, 106.

- ¹²² Ibid., 107.
- ¹²³ Ibid., 107-8.
- ¹²⁴ Ibid., 108.
- ¹²⁵ Ibid., 109.
- ¹²⁶ Ibid., 109.
- ¹²⁷ Ibid., 109.
- ¹²⁸ Ibid., 140.
- ¹²⁹ Ibid., 140.
- ¹³⁰ Ibid., 140. Tharla an rud céanna ag deireadh 1903 i mBaile an Daighin, Co. Mhaigh Eo nuair a dhiúltaigh Tiarna Oráin Mhóir, bainisteoir na scoileanna ar an bhaile sin, cead an Ghaeilge a theagasc i scoileanna an cheantair. (*Freeman's Journal*, 'Irish in the National schools', 1 Ean. 1904). Ghéill sé sa deireadh (*Freeman's Journal*, 'Lord Oranmore and Irish in the National Schools – Further to the Ballindine Problem', 6 Feabhra 1904).
- ¹³¹ De hÍde, *Mise agus an Connradh*, 140-141.
- ¹³² Ibid., 141.
- ¹³³ Ibid., 141.
- ¹³⁴ Mac Giolla Domhnaigh, *Conradh na Gaeilge Chúige Uladh*, (Lú) 131-2; (An Dún) 132; (Ard Mhacha) 132; (Tír Eoghain & Doire) 133.
- ¹³⁵ Ibid. Tá na nótaí a bhaineann le Tír Chonaill le léamh ar lgh.123 agus 127-151.
- ¹³⁶ Ibid., 127.
- ¹³⁷ Ibid., 127. Nuair a d'fhill sé ar an cheantar céanna i 1910 ba léir go raibh an scéal dulta in olcas. Cé go raibh an Ghaeilge láidir go fóill sa cheantar i gcoitinne thug sé faoi deara go raibh constaicí le sárú i roinnt scoileanna. Luann Mac Giolla Domhnaigh, *op. cit.*, 128, scoil náisiúnta Chill Darach, mar shampla a raibh múinteoir ag teagasc inti le haon bhliain déag agus gan oiread agus focal Gaeilge amháin aige, 128. Ba phictiúr éadóchasach a tharraing Ó Concheanainn agus é ag cur síos ar scoileanna cheantar Fhánaide sa bhliain sin. Tá an léargas seo a leanas ag an Chraoibhín, *op. cit.*, 104, 'Taobh amuich d'fhear aonraic annso is annsúd, níl na máighisdirí sgoile ag cur suim cnaipe gan cois innti (san nGaedhilg). Ní thuigeann siad an cheist, nó má thuigeann tá siad ró-dhíomhaoinéach nó ró-shlamchúiseach le crúidh chur i na dtosach agus obair do dhéanamh. A dtuarasdal agus a dtuarasdal amháin tá ag cur innidhe orra. Ní smaoinéann siad ar a ndualgas do na malraidhibh atá fá na smacht. Tá cuid aca fábharrach don teangaigh, dar leo féin, tá cuid eile 'na haghaidh mar ceapann siad go dtabharfadh sé breis oibre orra 'gan dadaidh dhá bhárr. Níl cuid aca gan leithsgéal do thabhairt ar a son féin. Deireann mórán aca liom go bhféachfaidís le rud éigin a dhéanamh dá n-abróch na bainisteoirí leo é. Tá siadsan (na bainisteoirí) ar an taoibh eile ag tabhairt cead a gcinn do na hoidibh, agus eatorra tá feall dá dhéanamh ar an teangaigh; tá sí ag fághail bháis eatorra, chomh cinnte is tá crois ar dhruim an asail. Sin é an sgéal go díreach ag an nGaedhilg idir na Sagairt (mar is iondamhail gurb iad bainisteoirí na sgoil iad) agus na máighisdirí sgoile. Tá cuid aca so atá ag teagasg na teangan féin, níl siad ach ar nós cuma liom'.
- ¹³⁸ De hÍde, *Mise agus an Connradh*, 104.
- ¹³⁹ Ibid., 104.
- ¹⁴⁰ Ibid., 104.
- ¹⁴¹ Ibid., 105.
- ¹⁴² Ibid., 105.
- ¹⁴³ Ibid., 146.
- ¹⁴⁴ Ibid., 147. Tógann an Piarsach ceist na himirce in 'Education in the West of Ireland' in *Education in the Gaeltacht* atá curtha in eagar ag Séamas Ó Buachalla, in *The educational writings of Patrick Pearse, a significant Irish educationalist* (Baile Átha Cliath 1980), 314.
- ¹⁴⁵ Mac Giolla Domhnaigh, *Conradh na Gaeilge Chúige Uladh*, 147.
- ¹⁴⁶ Ibid., 147-8. Is iad na scoileanna a bhí i gceist anseo ná Luinneach, Bun an Inbhir, Cnoc Fola, Cnoc an Stolaire, Torr, Doirí Beaga (buachaillí agus cailíní), Gabhla agus Inis Meáin.
- ¹⁴⁷ Ibid., 148.
- ¹⁴⁸ Ibid., 148.
- ¹⁴⁹ Ibid., 149.
- ¹⁵⁰ Ibid., 149.
- ¹⁵¹ Ibid., 149-50.
- ¹⁵² Ibid., 149.
- ¹⁵³ Tomás Ó Fiaich, 'The great controversy' in Seán Ó Tuama, (eag.), *The Gaelic League idea* (Cork 1969), 66.
- ¹⁵⁴ Ibid., 66.

-
- ¹⁵⁵ Tá an méid seo a leanas le rá ag Coolahan, *Irish education*, 62, faoi scrúduithe an Bhoird Idirmheánaigh: 'The board was to institute and administer a system of public examinations in secular subjects on the results of which fees would be paid to school managers who fulfilled the board's regulations, while prizes, exhibitions and certificates would be made available to successful pupils'.
- ¹⁵⁶ Donncha Ó Súilleabháin, *Cath na Gaeilge sa chóras oideachais 1893-1911* (Baile Átha Cliath 1988), 26.
- ¹⁵⁷ *Ibid.*, 26.
- ¹⁵⁸ Ó Fiaich, 'The great controversy', 66.
- ¹⁵⁹ *Ibid.*, 66.
- ¹⁶⁰ *Ibid.*, 66.
- ¹⁶¹ *Ibid.*, 66-7; Ó Súilleabháin, *Cath na Gaeilge*, 27.
- ¹⁶² *Ibid.* 28-33.
- ¹⁶³ Gaelic League pamphlets no. 11, luaite ag Ó Súilleabháin, *Cath na Gaeilge*, 28.
- ¹⁶⁴ Ó Fiaich, 'The great controversy', 67.
- ¹⁶⁵ *Ibid.* 67.
- ¹⁶⁶ Ó Súilleabháin, *Cath na Gaeilge*, 30.
- ¹⁶⁷ *Ibid.*, 30.
- ¹⁶⁸ Ó Fiaich, 'The great controversy', 68.
- ¹⁶⁹ *Final Report of the Commissioners (1898)*, v., luaite in Thomas Walsh, *Primary education in Ireland 1897-1990: curriculum and context* (Bern 2012), 33.
- ¹⁷⁰ De hÍde, *Mise agus an Connradh*, 110.
- ¹⁷¹ *Commissioners of national education in Ireland (1902) 67th Report for 1900*, luaite in Thomas Walsh., *op. cit.*, 53.
- ¹⁷² De hÍde, *Mise agus an Connradh*, 110.
- ¹⁷³ *Ibid.*, 110.
- ¹⁷⁴ Ó Fiaich, 'The great controversy', 70.
- ¹⁷⁵ Ó Súilleabháin, *Cath na Gaeilge*, 34-38.
- ¹⁷⁶ Micí Mac Gabhann, *Rotha mór an tsaoil* (Sean Ó hEochaidh a scríobh), (Indreabhán 1996), 27-8.
- ¹⁷⁷ Sayers, Peig, *Peig* (Baile Átha Cliath), 20.
- ¹⁷⁸ Ó Criomhthain, Tomás, *An t-Oileánach* (Baile Átha Cliath 2002), 16.
- ¹⁷⁹ Ó Súilleabháin, Muiris, *Fiche Bliain ag Fás* (Má Nuad 1989), 11-12. Féach fosta Breandán Ó Conaire, 'Spléachadh ar scoil náisiúnta an Bhlaoscaoid sa 19ú haois' in *Tomás an Bhascaoid* (Indreabhán 1992), 91 & 94.
- ¹⁸⁰ Luaite ag an tSiúr Eibhlín Ní Chionnaith ina leabhar *Pádraic Ó Conaire – Scéal a Bheatha* (Indreabhán 1995), 42.
- ¹⁸¹ David Fitzpatrick, *Irish emigration 1801-1921* (Dundalk 1984), 26, 41.
- ¹⁸² Diarmaid Ferriter, *The transformation of Ireland 1900-2000* (London 2005), 88.
- ¹⁸³ *Corporation minute book*, 23 Ean. 1907, Derry City Council Archives, Harbour Museum, Derry. Luaite ag Diarmaid Ferriter, *The transformation of Ireland*, 88-9.

2.

An Clár Dátheangach 1904

3.0.0. Éileamh ar an dátheangachas sa chóras oideachais

Foilsíodh an cáineadh seo a leanas in eagarfhocal in *An Claidheamh Soluis* in 1899 faoi pholasaí aonteangach an Bhoird Náisiúnta sna scoileanna Náisiúnta:

A policy which gags the mouth of a child, stupidly ignores the habits and associations of the home, and crushes every native sensibility. It can only result in immense waste of energy, in the lowering of the tone of the nation, and in a paralysis of the intelligence of many generations of Irishmen.¹

Is é atá anseo leagan cóirithe de thuairimí a nocht cigire scoile na Breataine, an tUasal Edwards, maidir le teagasc na Breatnaise sular ceadaíodh é mar mheán teagaisc i scoileanna na Breataine Bige sa bhliain 1897. I 1900 chuir an rialtas tús ar iarrachtaí feabhas a chur ar an chóras oideachais náisiúnta. Ba é focás na hathnuachana seo athstruchtúradh iomlán a dhéanamh ar an chóras scoile, ‘in relation to breaking the programme up into seven standards in the large school, the best arrangement for combining standards in small schools and the modifications of the programme so as to suit different types of schools’.² Cuireadh toradh na hoibre seo, *The Revised Programme*, i bhfeidhm ó 1903. Ba chuid den chlár nua seo an clár dátheangach. Deir údair eile, áfach, gur ‘ghéill’ an Bord Náisiúnta i gceist an dátheangachais. Faoi rialacha an chláir dhátheangaigh, bhí cead ag múinteoirí sna scoileanna Gaeltachta an Ghaeilge, an Béarla agus na hábhair eile a theagasc, trí mheán na Gaeilge dá mba mhian leo é. Faoi na rialacha nua a d’fhógair an Bord in Aibreán na bliana sin bhí táille le saothrú ag na múinteoirí a mhúinfeadh faoi choinníollacha an chláir seo.³ Ní ábhar iontais é mar sin go dtugann tráchtairí éagsúla, ina measc Pádraigín Ní Cheallaigh, an ‘dul chun cinn ba mhó ... ó thaobh na teanga de, sa tréimhse úd’, ar an ‘ghéilleadh’ seo don chlár dátheangach agus don Chonradh.⁴

3.1.0. Fógairt an chláir dhátheangaigh 1904

Spreag fógairt an chláir fuinneamh sna Conraitheoirí. Tá seo le feiceáil i scríbhinní an Phiarsaigh in *An Claidheamh Soluis*. Is fiú a lua, áfach, nár cuireadh an clár dátheangach i bhfeidhm go forleathan go dtí 1906/7. Ní féidir an mhéar a dhíriú go cinnte ar aon chúis amháin. Luaitear leisce agus neamhshuim an Bhoird. Dhiúltaigh sé aitheantas oifigiúil a thabhairt don phlean dátheangach a chuir bainisteoirí agus oidí Dheoise Chill Eala le chéile in 1905 mar go neartódh an plean úsáid na Gaeilge ins na ranganna sinsearacha.⁵ Luaitear fosta deacrachtaí a bhain le heaspa oiliúna agus ábaltachta thromlach na n-oidí scoile i dteagasc na Gaeilge. Ba fhadhb bhunúsach í seo dar le Walsh, a scríobh ‘fluency and general teacher training did not mean competency to teach bilingually, which required specific methodology and resources’.⁶ Féachfar ar na constaicí a bhain le cur i bhfeidhm an chláir dhátheangaigh i gCaibidil 3. Is cinnte go mbeadh gá na deacrachtaí seo a sháru chun go gcuirfí aidhmeanna an chláir dhátheangaigh i bhfeidhm. Creideadh, áfach, nárbh é slánú na Gaeilge a bhí mar chuspóir ag an pholasáí dátheangach nua. Cé go mbeadh an Ghaeilge in úsáid mar mheán teagaisc ins na scoileanna Náisiúnta sna ceantair Ghaeltachta creideadh gurbh é sealbhú an Bhéarla an phríomhaidhm a bhí ag an Bhord i bhfógairt an chláir dhátheangaigh.

Ba thuairim í seo a neartaíodh nuair a d’fhoilsigh an Bord treoracha ginearálta don dátheangachas sa bhliain 1897. Bhí an chuma ar an scéal go raibh an Bord féin ag éirí níos báúla le tuairimí an Chonartha i dtaobh an dátheangachais ach tarraingíonn Ó Súilleabháin aird ar threoracha an Bhoird a thug le fios i 1897 go mbeadh áit ag an Ghaeilge sa chóras oideachais mar mheán teagaisc:

If there are Irish-speaking pupils in a school, the teacher, if acquainted with the Irish language, should, whenever practicable, employ the vernacular as an aid to the elucidation and acquisition of the English language.⁷

Tháinig forás ar na teoracha seo i nDeireadh Fómhair na bliana céanna nuair a d'fhógair an Bord, 'Inspectors are at liberty to employ the vernacular in the conduct of their examinations, if they think it is desirable to do so'.⁸ Ach is beag cigire a raibh an Ghaeilge aige/aici chun é seo a dhéanamh.

3.1.1. Éabhlóid an dátheangachais⁹ sa chóras oideachais

Tugadh cuntas i gCaibidil 1 ar fheachtas agóide chumainn na teanga i rith an dara leath den naoú haois déag. Is é a bhí mar phríomhchuspóir ag an fheachtas seo stádas comhionann na Gaeilge ins an chóras oideachais agus córas dátheangach a chur ar fáil sna scoileanna Náisiúnta sna ceantair Ghaeltachta (2.4.1). Ba bhrioglóid í seo a chuaigh siar go dtí go luath i ndiaidh bhunú an chóras oideachais. Dar le O'Donoghue d'eascair aisling an dátheangachais as scríbhinní Thomáis Dáibhis, duine de bhunaitheoirí Éire Óg chomh fada siar le 1843. Chreid Dáibhis go mba chóir go mbeadh Gaeilge líofa ag na múinteoirí sna ceantair Ghaeltachta chun an teanga a chaomhnú iontu.¹⁰ Bhí daoine eile ann a chreid i dtábhacht na Gaeilge ins an chóras oideachais. Ina measc siúd luaitear an Dr. Mac Éil, Pilib Barron, Roibeard Mac Ádhaimh, Risteard Dalton, W.E. Hudson agus Seán Ó Dálaigh.¹¹ Chuir Barron, mar shampla, a choláiste féin ar bun i mBun Machan, Co. Phort Láirge i 1834. Bhí sé mar chuspóir aige go múinfi an Ghaeilge i ngach scoil agus i ngach coláiste in Éirinn.¹²

3.1.2. Conradh na Gaeilge agus an dátheangachas

Tá sé tábhachtach a rá anseo nárbh fhás aon oíche a bhí i bhfógairt an chláir dhátheangaigh. Bhí ceist na Gaeilge mar mheán teagaisc á plé ó lár an naoú haois déag. Thuig Sir Patrick Keenan go raibh gá an Béarla a leathadh ar aos óg na hÉireann agus go mbeadh teagasc na Gaeilge sna scoileanna Náisiúnta riachtanach chun an aidhm seo a chur i gcrích (2.3.0).

Ba ábhar agóide é ceist an dátheangachais le fada i measc Conraitheoirí ar fud na tíre. Tá tagairt déanta cheana féin do na tuairimí a nocht Ó hÍcí (2.5.2) agus an Craoibhín (2.5.3). Ag cruinniú a reáchtáladh i nGaillimh, 22 Aibreán 1897 thagair an Craoibhín don dátheangachas, nuair a dúirt sé go raibh an Conradh i bhfábhar ‘a bilingual system of education’.¹³ Dar le Ó Súilleabháin, mhol Príomhchigire cheantar na Gaillimhe, M. Ó Súilleabháin, ‘that Irish should be used as a medium of instruction in Irish-speaking districts, and he attributes the backwardness of the pupils to the fact that they are being educated through the medium of a foreign language, of which they practically know nothing’.¹⁴ Deir Ó Súilleabháin go raibh Gerard Balfour, Príomhrúnaí Éireann i bPairlimint Shasana, i bhfábhar córais dhátheangaigh nuair a labhair sé sa Phairlimint i Londain 24 Iúil 1896. I dteannta Balfour bhí daoine ar nós Príomhrúnaí Wyndham, Dr. Starkie, Sir Patrick Keenan, Ardeaspag Breathnach, Baile Átha Cliath, W.B. Yeats agus Lady Gregory i bhfábhar an dátheangachais sna scoileanna. ‘The support of such powerful and representative figures was pivotal in the campaign’ dar le Walsh.¹⁵ Baineadh úsáid as caint Balfour i bpaimfléid de chuid an Chonartha, *The case for bilingual education in the Irish-speaking districts* mar seo a leanas:

Coming to the point, he could not see that it was desirable to artificially stimulate the study of Irish. If there was a national desire to do so, he would not stand in the way of it, but he would not artificially encourage it. There were, it is true, districts, in Ireland, not very large or populous districts, where the national language was the language of the people, and where that was the case, it was probably true that the best way to teach the children was to reach them in the language that they naturally spoke.¹⁶

Glacadh le rún sna craobhacha éagsula ar fud na tíre a mhol an dátheangachas a chur i bhfeidhm gan mhoill ins na scoileanna Náisiúnta, go háirithe sna Gaeltachtaí agus sna scoileanna Galltacha ina mbeadh sé fóirsteanach dóibh. Mhol Craobh Bhéal Feirste 11 Bealtaine 1898 go gcuirfí ‘ábhar rún isteach ag moladh, ar bhun cothrom coitianta, go dteagasctar páistí na Gaeltachta trí Ghaeilge ó thús a bhfreastail ar scoil agus, dá bharr, go gcuirfear iad ar chomhchéim leo siúd a labhraíonn an Béarla’.¹⁷ Ag cruinniú na craoibhe i mBéal Feirste in Aibreán 1899 mhol an tUasal Wray Clarke, M.A. (T.C.D.) an rún

Go ngríosaítear baill an Bhoird Náisiúnta Oideachais leis an Ghaeilge a chur á teagasc sna Scoileanna Náisiúnta le linn amanna rialta scoile, do pháistí gach aoise agus go háirithe do pháistí na Gaeltachta, go mbeadh an teagasc ina dteanga dhúchais.¹⁸

Glacadh leis an rún. I mBealtaine 1899 ghlac comhairle Chraobh Mhuineacháin le rún a bhí cosúil leis an rún ar glacadh leis i mBéal Feirste, ‘go mbeadh an Ghaeilge á teagasc sna scoileanna Náisiúnta le linn gnáthuaireanta scoile do gach’.¹⁹ I rith na míosa céanna moladh an rún ‘go ndéanfaí teagasc trí Ghaeilge sa Ghaeltacht’ i rith chruinnithe chraobh Mhachaire Fíolta, Co. Dhoire.²⁰ Bhí an rún seo an-chosúil le rún a moladh i Latharna, Co. Aontroma, ‘gur cheart go mbeadh áit shuntasach ag an Ghaeilge sa bhun, mheán, agus ardoideachas agus go háirithe go mbainfí úsáid aisti

mar mheán teagaisc sna ceantair Ghaeltachta'.²¹ Moladh rúin den chineál céanna i gcraobhacha ar fud Chúige Uladh idir 1899 agus 1901.²²

Bhain an Conradh úsáid as an pholaitíocht chun brú a chur ar an Rialtas i Londain an dátheangachas a chur i bhfeidhm i scoileanna na hÉireann. Bhí an córas bunscolaíochta le teacht os comhair na Párlaiminte i Márta 1900 agus iarradh ar theachtaí na hÉireann éileamh an Chonartha a mholadh. Thug Seán Mac Réamoinn le fios go seasfadh sé an fód ar a shon. Pléadh ceist an dátheangachais sa Phairlimint i mBealtaine 1901 agus glacadh leis ar mholadh ó na feisirí Aodh Ó Dúgáin agus Tomás Ó Dónaill '[that] in the interests of education, a regular system of bilingual education should be established in Irish-speaking districts'. Go teoiriciúil bhí glactha anois ag an Bhord leis an dátheangachas ach go praiticiúil fágadh cur i bhfeidhm an pholasáí faoi na múinteoirí agus na bainisteoirí'.²³

Mar sin cé nárbh é Conradh na Gaeilge a thosaigh an agóid chun brú a chur ar an Bhord córas dátheangach a cheadú sna scoileanna Náisiúnta, is cinnte gurbh é an Conradh a chuir faobhar ar lann na hagóide sin, agus ba é an Píarsach a thiomáin an agóid i leathanaigh *An Claidheamh Soluis*. Scríobh sé breis agus fiche alt éagsúil ann idir Eanáir 1904 agus Iúil 1908 faoi riachtanas an dátheangachais ins an chóras oideachais agus féachfar orthu siúd níos moille.

3.2.0 Fógairt an chlár Aibreán 1904

D'fhógair an Bord an clár dátheangach in Aibreán 1904, agus rinne an *Daily Express* cur síos air mar seo a leanas:

The bilingual programme for National Schools, intended to apply to the Irish-speaking districts where Irish and English are both commonly spoken, as well as to schools specially sanctioned by the Board of National Education, has been issued. It is divided into seven sections, the first one being the reading, writing and understanding of the words of two or three letters, and the concluding standard being a thorough knowledge of one hundred pages of an advanced Irish reader, as well as competency in reading, spelling and composition. The programme for teachers seeking certificates in Irish is also issued, the principle requirements being the ability to read, write and speak the Irish Language, and to be acquainted with the full course of instruction in Irish prescribed for pupils in National Schools.²⁴

Cuireadh fáilte roimhe ar fud na hÉireann. I mí Eanáir cheap an Bord foireann cigirí, faoi chúram an phríomhchigire nua-cheaptha, D. Lehane a raibh an Ghaeilge acu chun cigireacht a dhéanamh ar an Ghaeilge ins na scoileanna Náisiúnta.²⁵ Chuir na socrúithe nua seo iachall ar na bainisteoirí múinteoirí a raibh an Ghaeilge acu a fhostú ins na ceantair Ghaeltachta. Socraíodh i nDeoise Chill Eala, mar shampla, nach bhfostófaí múinteoirí scoile nach raibh an Ghaeilge acu.²⁶ Fógraíodh socrúithe mar sin freisin in áiteanna eile ar nós Loch Garman agus Corcaigh, is é sin nach ‘nglacfadaois feasta le haon mháighistir sgoile nach raibh ‘na Gaedhealgóir’.²⁷ D’fhógair Bardas Bhaile Átha Cliath go mbeadh an Ghaeilge riachtanach le haghaidh post múinteoireachta agus nár mhór ‘í do bheith ag éinne do bhí ag dul isteach ar áit nó posta ar bith do bhí fa n-a gcúram’.²⁸ Ba ábhar dóchais iad na fógraí seo, agus thug siad misneach agus uchtach do mhuintir an Chonartha. Dar leis an Craoibhín, ba mhór an t-éacht a bhí ins na fógraí seo mar gur ‘leag an gníomh san an argóint ba mhó do bhí i n-úsáid ‘n ár n-aghaidh go dtí sin, .i. nach raibh aon ‘arán agus im’ i nGaedhilg’.²⁹

Bhí doiléireacht ag baint le haidhmeanna an chláir áfach, agus ba laige bhunúsach í seo i gcur i bhfeidhm an pholasáí. Bhí laige eile ann, áfach, agus b’shin leisce an

Bhoird dar leis an Phiarsach. Fiú i 1908, ceithre bliana ó glacadh le polasaí an dátheangachais, ghlac sé leis an deis tábhacht an dátheangachais a bhrú ar aghaidh:

The Board, it is to be feared, is not yet at the right viewpoint on the subject of bilingualism in the Gaedhealtacht. Its *Rules and Regulations*, at any rate, lend colour to the theory that it regards the Bilingual Programme primarily as an instrument for facilitating the learning of English by Irish-speaking children. Irish Ireland strenuously dissents. A bilingual system contemplates the *education* of the child through two languages: but in the Gaedhealtacht Irish must be established and must remain the 'first language' throughout the whole course.³⁰

3.2.1. Easpa muiníne as an Bhord Náisiúnta

Níorbh iad bainisteoirí na scoileanna agus na múinteoirí amháin a bhí freagrach as cur i bhfeidhm an chláir dhátheangaigh. Gan gníomhaíocht an Bhoird ní bheadh ann ach polasaí ar pháipéar agus bhí mífhoighne le brath i measc lucht tacaíochta an chláir. I 1904, mar shampla, rinne roinnt bhainisteoirí scoile agus múinteoirí i nDeoise Chill Eala iarracht an folús a bhí fágtha ag an Bhord a líonadh agus a gclár dhátheangach féin a chur i bhfeidhm. Cuireann an Craoibhín síos ar an eachtra mar seo a leanas:

Tháinig bainisteoirí agus máighistrí sgoile le chéile ins an deoghaise sin agus tharraing siad amach gléas-oibre chum an clár do chur ar siubhal. Do chuireadar isteach go dtí an Bord an sgéim do tharraing siad féin amach. Ní bhfuair siad ar ais ón mBord é go ceann ráithe, agus ann san do dhiúltaigh an Bord do'n chlár do bhí leagtha amach ag muinntir Chill Eala, óir do bhí úsáid na Gaedhilge ag méadughadh ins na rangannaibh ársa do réir sgéime Chill Eala, acht dubhairt an Bord nárbh oideachas ceart é sin, agus gur ag laghdughadh badh chóir dí a bheith. Dubhairt siad nár chóir gádh do bheith le Gaedhilg ins na rangannaibh sin.³¹

Bhí an Craoibhín, agus é ag scríobh in *Mise agus an Connradh*, cinnte nach raibh agus nach mbeadh an Bord sásta choíche aon rud a dhéanamh chun cabhrú leis an

Ghaeilge sa chóras oideachais nó leis an chlár dátheangach a chur i bhfeidhm. Dar leis, níorbh ionann an Ghaeilge agus na hábhair eile a bhí ar an churaclam scoile.

Níorbh fhada go mba léir dúinn nach raibh an Bord dá ríribh nuair chuir sé an clár ar bun. Ní dhearna an Bord acht an clár do chaitheamh chugainn – tóg é nó ná tóg é – agus ní thug congnamh d’éinne chum é do chur i bhfeidhm. Ar ócáidibh eile, nuair cuirtí rud nua ar chlár na sgoil, do cheapadh an Bord daoine speisialta, agus lucht múinte, le dul timcheall na sgoil ag teagasg na ngnáth-mhúinteóirí, agus ag taisbeáint dóibh cionnas an rud nua do láimhsiughadh. Acht ní mar sin leis an ‘gClár Dhá Theangan’. D’iarramar orra go minic an rud céadna do dhéanamh leis an nGaedhilg. B’fhearr dúinn bheith nár dtost.³²

Thuig an Craoibhín nach raibh an Bord sásta áiseanna oiliúna a chur ar fáil a chuideodh le múinteoirí dul i ngleic leis na dualgais bhreise a bheadh orthu agus iad ag dul i mbun an Ghaeilge a theagasc sna scoileanna. Mar sin, bheadh todhchaí na Gaeilge sna scoileanna Náisiúnta ag brath, go ceann tamaill, ar aon nós, ar dheathoil na múinteoirí scoile agus ar thimirí an Chonartha.

3.3.0. Na meáin chumarsáide agus an clár dátheangach

Níor cuireadh polasaí an chláir dhátheangaigh i bhfeidhm go dtí an scoilbhliain 1906-7. Tháinig an Bord faoi ionsaí ó roinnt nuachtán de dheasca na leisce a léirigh sé agus é in ainm is a bheith ag glacadh leis dul i mbun an dátheangachais. Thacaigh eagarthóir an *Daily Irish Independent*, William Martin Murphy, 20 Bealtaine 1904, leis an chlár agus d’aithin sé áit lárnach an Bhoird i gcur i bhfeidhm an chláir dhátheangaigh. Dúirt Murphy go raibh dualgas ar an Bhord ‘an t-inneallra’ cuí a chur ar fáil dó. Aithníonn an t-eagarfhocal go bhfuil tuilleadh oibre le déanamh chun na haidhmeanna a chuireann sé roimhe a aimsiú:

The Board so far have not given any indication as to whether they are going to provide at an early date the proper machinery for setting the new system of bilingual education in operation. Being charged with the control of primary education in the country, they are, of course, bound to provide the machinery for the proper working of the system they have devised. To have dealt adequately with the existing evil, the Board should have published methods of working, and details as to schemes for training teachers simultaneously with the new programme. It is certainly not fair to originate what is in itself an admirable programme and then to leave the responsibility of carrying it out to those who have not proper educational machinery at their disposal. The managers and teachers of themselves set the new system in full working order. They must be helped by the Board.³³

Dar leis 'sé a luigh taobh thiar de neamhaird agus de leisce an Bhoird ná fonn an clár dátheangach agus an Ghaeilge, araon, a scrios ar fad, mar nár chuir an Bord na deiseanna oiliúna riachtanacha i dteagasc an dátheangachais ar fáil do na múinteoirí.³⁴

3.3.1. Cur in aghaidh an dátheangachais

Bhí 'leisce' an Bhoird fréamhaithe ins an seasamh a ghlac roinnt nuachtán in aghaidh an dátheangachais ag tús an chéid nuair a bhí sé soiléir go raibh an tacaíocht don Ghaeilge ins an chóras oideachais ag bailiú nirt. Nuair a thosaigh feisirí Éireannacha na Pairliminte i Londain ag agóidíocht ar son na Gaeilge sa chóras oideachais i 1901 ghlac an *Times* i Londain, an *Irish Times* agus an *Daily Express* seasamh frith-Ghaelach sa díospóireacht. Nuair a mhol an Feisire Ó Dúgáin an dátheangachas i ndíospóireacht Phairliminte i 1901 ghlac an *Irish Times* seasamh láidir ina choinne. Rinne Ó Dúgáin cur síos ar staid scoileanna na Gaeltachta, inar léirigh sé amaidí an chórais oideachais a bhí ag iarraidh páistí a theagasc trí Bhéarla nuair nach raibh acu ach Gaeilge.³⁵ Thagair an *Irish Times* d'ócáid na díospóireachta seo mar 'an Irish night in the House of Commons' agus

chuir an nuachtán i leith Uí Dhúgáin gur bréag a bhí san óráid a rinne sé. Scríobh an t-eagarthóir an méid seo a leanas faoi na feisirí:

A great deal might be said in support of the bi-lingual system in purely Irish—speaking districts – if any such now exist. They do not exist except in the imagination of the Nationalist members of Parliament, some of whom do not know a single word of Gaelic beyond such common phrases as Céad Míle Fáilte and Erin-go-Bragh. Even for the application of the system to districts where there is a substantial proportion of Irish speakers – and there are very few of them – a good case might be made out, but we altogether deny there is a widespread demand in Ireland for the teaching of Irish.³⁶

Tháinig an *Irish Times* go láidir amach i gcoinne an dátheangachais ins an chóras oideachais chomh luath le 1901. Léiríonn an litir seo a leanas, dar dháta 6 Aibreán, ó C. Sheldon, Béal Feirste, claonadh an nuachtáin i dtaobh na Gaeilge.

Sir, The question of the teaching of Irish in schools has often been discussed, but I think the majority of those who have considered the subject purely from an educational point of view agree in these conclusions:- (a) In no schools should Irish be the medium of Instruction, as this could relegate English to the position of a foreign language, and seriously handicap Irish children in life; (b) In non-Irish-speaking districts Irish shall not be taught as one of the two permissible extra subjects, as time is limited and the other extras are equally educational and more useful; (c) In Irish-speaking districts managers and teachers should be at liberty to teach correct and literary Irish as an extra subject for payment. Now, the new rules of the Education Board are in absolute opposition to the second of these heads. The allowance of the 10 shillings per pupil for Irish and of only 5 shillings for French and Latin, with no adequate restriction as to the places where Irish may be the extra subject, gives a direct and powerful inducement to the teaching of Irish in the non-Irish-speaking districts to the exclusion of the other more useful subjects.³⁷

Labhair an *Irish Times* amach arís go láidir i gcoinne na múinteoirí agus, in eagarfhocal in eagrán 11 Aibreán 1901, phléigh sé an áit ba cheart a bheith ag an teanga, dar leis, sa chlár scolaíochta:

If it [the Irish language] were twenty times more mellifluous and a hundred times more golden, the world does not want it and neither do the people of Ireland as a whole, notwithstanding the assertion in the resolution about a popular demand. Anything which has behind it a popular demand requires very little else. It is bound to be supplied, but there is really no demand of that kind. Ask any sensible Irish Nationalist parent whether he would prefer his boy to study French or Irish; he would answer with a genial, Gaelic smile in favour of the former. Preserve the Celtic Tongue by all means; teach through its medium in Irish-speaking districts certainly. But to impose it whether by compulsion or cajolery upon the poor pupils of the National Schools in general, who have little time and very little seductive opportunities to acquire really serviceable knowledge which will help them in after life to work their hard way in the world, would be the cruellest injustice.³⁸

Níor chuir an seasamh seo aon ionadh ar an Chraoibhín. Dar leis bhí an *Irish Times* ag cur i gcoinne na Gaeilge le fada an lá.³⁹ Ní raibh meas madra ag an Chraoibhín ar an *Irish Times* ná ar *Times* London agus thug sé ‘fíor-namhaid do’n Ghaedhilg’ ar an *Daily Express*. Dar leis:

Badh é an páipéar do cheannuigheadh ministéirí na hEaglaise Protastúnaighe go coitcheannta, agus tháinig sé i gcomhnuidhe go láidir amach anaghaidh gach nidh do bhí Gaedhealach. Badh le Tiarna an Ard-Oileáin é, agus chuala mé d’á rádh go raibh sé ag cailleadh sé mhíle punta san mbliadhain chum an paipéar san do chongbháil ar bun. Saoilim go raibh an páipéar san níos géire ná an *Irish Times*, acht b’as an aon stábla amháin iad. Ní raibh meas ag ceachtar aca ar Chonradh na Gaedhilge.⁴⁰

Obair amú a bhí i ngluaiseacht na Gaeilge agus i bhfoghlaím na Gaeilge, dar leis an *Irish Times*,⁴¹ agus bhí an *Daily Express*, 22 Bealtaine 1901, den bharúil chéanna.

Except for the purposes of philology and to some degree sentiment and literature, Irish is practically a dead language. To force it upon children who must make their living in the great English-speaking world of commerce and industry would be an educational and economic crime. We expect unpractical conduct from the Irish members, but in this matter of National Education they are unpractical and self-contradictory to the verge of madness. On the one hand they call for a system to Technical education which will put Ireland on a level with the most advanced industrial countries in Europe; on the other, they

incite the Irish people to commit industrial suicide by making themselves voluntary aliens in the world's great republic of commerce and affairs.⁴²

Lean an *Daily Express* leis an téama seo an lá dár gcionn. Bhí an baol ann go ndéanfadh an dátheangachas dochar do stádas an Bhéarla in Éirinn.

If there were the least prospect of the English language becoming secondary in general usage throughout Ireland, we should consider the proposal a very foolish one for the Government to support, for whatever sentimental pleasure Irishmen may have in keeping alive the Celtic tongue, it has certainly no practical value outside Ireland, and Irishmen who could speak nothing else would be at a disadvantage the moment they leave home. It seems a curious idea to spend time, trouble and money in attempting to forget a language of world-wide use, to learn one which only survives in Connemara, or Donegal
...⁴³

Nearthaigh an tuairim seo amhras na gconraitheoirí a bhí den bharúil go fóill gurbh é leathadh an Bhéarla i measc mhuintir na hÉireann príomhchuspóir an chóras oideachais.

3.4.0. Conspóid na dtáillí

Is leor a rá ach go raibh tionchar ag an naimhdeas seo a léiríodh sna meáin ar easpa dúthrachta an Bhoird i leith an chláir dhátheangaigh i ndiaidh dó é a fhógairt i 1904. D'eisigh an Bord ciorclán in Aibreán 1904 a d'fhógair nach n-íocfaí a thuilleadh deich scilling mar tháille speisialta le múinteoirí a theagasc an Ghaeilge mar ábhar breise, agus nach n-íocfaí é i gcás aon ábhar breise eile a bhí ar an chlár oibre. Faoi na rialacha nua ní bheadh an íocaíocht bhreise seo, an 'duais' a thug an Craoibhín air,⁴⁴ tuillte ag aon mhúinteoir gan an caighdeán 'maith' a bheith faighte i gcás scoláirí a bhí faoina c(h)úram faoi Rang 4. Fógraíodh freisin go measfaí luach na duaise, faoi na socrúithe nua a bhí á fhoilsiú ag an Bhord, de réir uimhir mheánach na ndaltaí ar éirigh leo sa scrúdú, in áit na duaise aonair a bhronntaí faoin

seanchóras go dtí 1904. Is léir go raibh caiteachas an Bhoird níba thábhachtaí ná ar an fhorás oideachasúil a bhí in ainm a bheith á riaradh acu. Ní haon ionadh é seo nuair a fhéachtar ar an chomhairle a thairg an *Daily Express* don Bhoird i mBealtaine 1901:

It is the business of the Board to spend the taxpayer's money, not in the encouragement of sentiment, but in the formation of a sound primary education. As a factor in that scheme of education the Irish language has received quite as much consideration as its vogue and its importance deserve.⁴⁵

Reáchtáladh cruinniú ‘áidhbhéal-mhór’ i nDún Dealgan chun cur in éadan na gciorruithe seo - ciorruithe, dar leis an Chraoibhín ‘[that] had struck off 60 per cent of all the pupils of the National Schools, in the first, second and third classes, leaving for result fees in Irish practically but one class in the National Schools’.⁴⁶ Labhair sé mar seo a leanas faoi rialacha nua an Bhoird:

Tá mórán scoileanna ... ar fud na tíre, nach bhfuil sé ar a chumas an mháighistir Gaedhilg do mhúineadh. Do chuir Connradh na Gaedhilge múinteóirí ón dtaoibh amuigh ins na sgoileannaibh sin. Íocamaoidne ar son na múinteóirí seo. Is iomdha sgoil a bhfuil an múinteóir seo ó’n dtaoibh amuigh ’na sholus lonnrach ins an bparráiste. B’éidir go dtitfeadh an scoil níos ísle ná an rang ‘go maith’ tré thinneas ins na gceanntar, nó tré dhrochaimsir fearthaine agus an bóthar fada atá le siubhal ag na páistibh, nó tré fáth éigin eile. Agus annsan an fear a thug a obair ar feadh na bliadhna, an fear do rinne, b’éidir an teagasg is fearr ins an sgoil, ní raibh sé le fagháil pingine as a chuid saothair.⁴⁷

Dar leis an Chraoibhín ba ‘tré n-a bhfuath do’n Ghaedhilg do rinne na Coimisinéirí é sin’.⁴⁸ Chuir sé i leith an Bhoird go raibh sé ‘criminal and ruinous beyond description’.⁴⁹ Lean sé leis an ionsaí seo i léacht a thug sé i gCill Chainnigh, i mí Feabhra 1904 nuair a chuir sé i leith an Bhoird go raibh sé mar aidhm aige ‘to kill

the Irish Language movement if they could, and ... to reduce Ireland to the level of a West Britain'.⁵⁰ Thiontaigh sé go háirithe in éadan na gcigirí scoile. Rinne an *Daily Irish Independent* cur síos ar thuairimí an Chraoibhín á rá:

He had the gravest reasons for challenging the Board of National Education, on the grounds that, in hundreds of instances, through inspectors, it had given schoolmasters and schoolmistresses in the National Schools the 'tip' that they would be more agreeable to headquarters if they did not teach Irish.⁵¹

Thuairscsigh sé impleachtaí chinneadh an Bhoird do theagasc na Gaeilge sna scoileanna Náisiúnta mar seo a leanas:

This rule is calculated to press most severely on the schools in the Irish-speaking parts of the country, which are so badly handicapped, owing to the unsuitable and unjust methods of teaching which have to be followed as a result of the anti-Irish system and discouraging attitude of the National Board, and particularly their failure to provide a proper course of bilingual education.⁵²

D'aithin an Craoibhín go raibh barraíocht cumhachta ag na cigirí faoi choinníollacha na scéime nua agus go ndéanfaí dochar cinniúnach don Ghaeilge sna scoileanna Náisiúnta:

It is most unfortunate that the Irish Language and the very many excellent and competent teachers in whose schools it is such an educational influence, should be placed at the mercy of such a set of men, the majority of whom have no sympathy whatsoever for the subject, and many of whom are known to be quite hostile to it. Very few inspectors who know anything about it have been pushed aside, and the question as to whether Irish is to be paid for or not is to be decided by its opponents. It is certain that in many cases the factor which will influence the inspector most in determining whether a school shall be classed 'good' or 'fair' will be whether Irish is taught there or not. If Irish is taught, and the inspector has a prejudice against the language, then there is a grave danger that he will proceed as his prejudice suggests.⁵³

Bhí Pádraig Ó Dálaigh, Ard-Rúnaí an Chonartha, den tuairim chéanna, de réir na litreach a foilsíodh in an *Daily Irish Independent* ag tús mhí Mhárta 1904. Ag deireadh na litreach úd dúirt sé seo a leanas:

That the people, the pupils, the managers and the teachers want Irish is now beyond question. On this point we have a commonly ingenious admission from Mr. Stronge, senior inspector, in his report on the Dublin district. He says – ‘Irish has been taken up in many schools. The fee is high and not difficult to obtain, and I fear that some schools pay so much attention to Irish that English and other branches have suffered thereby ... The people, the managers and the teachers want Irish. The Board flouts and ignores both and is determined to kill out the language. But the Gaelic League will stand by the teachers who stand by the Irish language.’⁵⁴

Feicfear ar ball go raibh a thuairimí féin ag an Phiarsach faoi na táillí seo; tuairimí nach raibh ar aon dul le smaointe an Chraoibhín.

Chuir rialacha nua an Bhoird olc ar bhaill den chléir a bhí ina mbainisteoirí ar na scoileanna Náisiúnta. Glacadh le rún ag cruinniú Choiste Chumann na mBainisteoirí Cléiriúla i Loch Garman, faoi stiúir an Chanónaigh P. F. Ó Floinn, S.P., V.F., ag cur i gcoinne na rialacha nua:

That we cannot help concluding the discouraging and practical penalising of teaching of Irish in national Schools is the object aimed at in the introduction of the new rules restricting payments for extra subjects, we regard the rules in question with the gravest apprehension, and the policy which they indicate, as directly retrograde and mischievous, and that we hereby respectfully call for their withdrawal as far as they affect the teaching of the National Language.⁵⁵

Glacadh le rún den chineál céanna i nDoire, i Luimneach, i mBaile an Róba, in Áth Troim agus i mBeantraí.⁵⁶

I ndeireadh na dála níor chuir an Bord na ciorruithe a bhí beartaithe aige i bhfeidhm. Chaill an Rialtas i vóta pairliminte i Londain nuair a vótáil feisirí pairliminte Pháirtí na hÉireann ina éadan agus ní raibh aon dul as aige ach an ciorclán a tharraingt siar. Ach bhí an dochar déanta ó thaobh sheasamh an Bhoird agus a dháiríreachta i leith na teanga ins an chóras oideachais.

3.5.0 An clár dhátheangach

Rinne *The Revised Programme* iarracht riachtanais an pháiste a chur ag croílár an churaclaim.⁵⁷ Ba chuid d'athscrúdú a rinne an Bord ar an chóras oideachais agus toradh agóid an Chonartha a bhí sa chlár dátheangach, dar le Hyland agus Milne.⁵⁸ Dar leo, 'specimen programmes were devised as guidelines for different sizes of school; manual instruction was removed from the curriculum and bilingual programmes were permitted for Gaeltacht areas'.⁵⁹ Ba pholasáí oideachais é, ar pháipéar ar aon nós, a raibh mar phríomhchuspóir aige litearthacht agus oideachas cuimsitheach, leathan a chur ar fáil do dhaltaí scoileanna Náisiúnta na Gaeltachta i nGaeilge agus i mBéarla. Ach léireoidh tuarascálacha na gcigirí, a fheicfear níos moille (4.1.0), go raibh cuspóirí eile ag an chlár a bhí dírithe 'only towards the teaching of literacy in English through the use of Irish',⁶⁰ argóint nach nglacann O'Donoghue leis:

One of the impressions one gets from reading their [na Cigirí] annual reports is that these inspectors, in general, were concerned that the programme should be taught in the manner suggested by its design, namely as a programme intended to produce a population literate in both Irish and English, and not as a programme geared only towards the teaching of literacy in English through the use of Irish.⁶¹

Cuireadh riachtanais an pháiste, go teoiriciúil ar aon nós, ag croílár an phróisis oideachais le húsáid mháthairtheanga an dalta scoile, i. an Ghaeilge, mar mheán teagaisc in áit an Bhéarla sna ceantair Ghaeltachta. Bheadh saol cultúrtha agus sóisialta an pháiste ag croílár imeachtaí an ranga agus bheadh na hathruithe seo le feiceáil sna téacsleabhair a bheadh in úsáid.

3.5.1. An Clár Dátheangach – rialacha agus treoracha ginearálta

In ainneoin líomhaintí an Chonartha, is léir go raibh an Bord dáiríre faoi chur i bhfeidhm an chláir dhátheangaigh, faoi chaighdeán na gcáilíochtaí agus an oiliúint a bhí ag na múinteoirí scoile náisiúnta, agus go raibh sé ag iarraidh dul i ngleic le heaspa oiliúna na n-oidí.⁶² Ó 1906 d'fhógair an Bord nach bhféadfaí dul i mbun an chláir gan oidí oilte le teastas an Bhoird a bheith acu ar dtús.

Chuirfí an clár dátheangach i bhfeidhm de réir fheiliúnacht na gcúinsí seo a leanas:

- (1) If the home language of the majority of the pupils is Irish.
- (2) If the teacher can speak Irish fluently.
- (3) If instruction through the medium of English will be given to any exclusively English-speaking pupils whose parents desire it.⁶³

Is féidir áit an pháiste ins an bpróiseas oideachais a fheiceáil ins an saghas teanga atá in úsáid sna treoracha agus sna spriocanna foghlama a d'fhoilsigh an Bord. Tá an méid seo a leanas le rá ag O'Donoghue faoi spriocanna an chláir dhátheangaigh:

Overall, the notion was that this approach would ensure that primary school pupils in Irish-speaking districts would leave school being literate and numerate in both Irish and English, and also would receive a very 'general education' through the medium of both languages.⁶⁴

D'eisigh an Bord na nÓtáí seo a leanas a ghabh le treoracha theagasc an chláir:

Notes referring to the bilingual programmes 1904

1. In the interpretation of the programme 'first' or native language must be taken to mean the language which the children best understand and speak with the greater ease and fluency.
2. Reading must include the explanation of the subject matter of the lessons. In all standards above the first, the reading, at sight, of passages from any suitable book approved by the Commissioners, other than the Readers in use should be practised.
The reading must be correct and intelligent, and due attention must be given to the phrasing and intonation.
3. Suitable story-books should be used in the standards above the first.
4. The same group must not read the same portion of the same Reader in two successive years.
5. Oral Composition should be regularly practised in all standards, as an aid to written composition and reading.
6. Written exercises in all subjects must be carefully executed, and regularly signed, dated, and preserved for inspection.
7. In the fifth and higher standards written composition should take the place of transcription.
8. Text-books in Geography and Grammar may be introduced in the fifth and higher standards. Those in Geography should be always used in connection with the maps.
9. Special attention should be given to mental arithmetic, which should be taught in both languages, using the 'first' language mainly in the junior standards, and both English and Irish in the senior division.
10. List of books in Irish considered suitable for the various standards in bilingual schools:
Infants and First Class – the books specified as suitable for Standard III course in Irish as an extra subject.
Standard II – Those considered suitable for Standard IV course in Irish as an extra subject.
Standard III and IV – Those considered suitable for Standard V course in Irish as an extra subject.
Standards V and higher – Those mentioned as suitable for Standard VI course in Irish as an extra subject.
11. The Readers in English may be selected from those already approved by the Commissioners as suitable for the different standards.⁶⁵

In an *Programme for the infants in schools without infant departments (1905)*,

leagtar síos treoracha chun freastal a dhéanamh ar fhorbairt thomhaiste oideachas

an pháiste. Seo a leanas na treoracha a leagadh síos le haghaidh an teagasc teanga:

- a. The pupils to be taught to speak the native or ‘first’ language audibly and distinctly by means of picture lessons, simple object or nature lessons, simple rhymes and recitations, and storytelling.
- b. For children not less than five years of age suitably graduated exercises in reading the ‘first’ language from the black board should be given – these leading on to the reading of a Primer and First Book for older children.
- c. A progressive series of systematically arranged lessons on the ‘Direct’ method in the second language – the pupils over five years of age to be able to read off the black board simple sentences used in these lessons.
- d. To copy from the black board the letters of the alphabet and combinations forming simple words (optional).⁶⁶

I gcás na huimhríochta bheadh máthairtheanga na bpáistí in úsáid go dtí go mbeadh na daltaí líofa sa teanga agus ansin cheadófaí úsáid an Bhéarla, an dara teanga. Bheadh úsáid na Gaeilge chun tosaigh sna ranganna amhránaíochta, ach amháin i gcás amhráin a bheadh i mBéarla. Tugtar na teoracha seo a leanas i gcás an ‘object lesson’:

Each lesson must be given (1) in the ‘first’ language with the cultivation on an intelligent observation for its principle aim, and (2) then in the second language for the purpose of further impressing the points learned, and teaching expression in the new language. As the pupils gain facility in the new language the lessons may be given alternately in English and in Irish.⁶⁷

Níor chuidigh na teoracha seo leis an amhras faoin Bhord a réiteach. Thuig an Piarsach, mar shampla, go raibh an chontúirt ann go sleamhnódh an Béarla isteach sa rang agus go bhfaighfeadh sé an lámh in uachtar ar an Ghaeilge. Tá sé tábhachtach a lua anseo nach raibh cúrsaí oiliúna i dteagasc trí mheán na Gaeilge á chur ar fáil go fóill sna coláistí oiliúna. Ba constaic shuntasach é seo i gcur i bhfeidhm an chláir agus féachfar uirthi i gcaibidil 3.

3.5.2. Ganntanas acmhainní chun freastal ar an Ghaeilge

Níorbh ionadh é nach raibh rogha leathan acmhainní teagaisc ar fáil chun freastal ar an Ghaeilge faoi rialacha an chláir dhátheangaigh. Ní raibh áit ag an Ghaeilge ar chlár teagaisc sna scoileanna Náisiúnta go dtí 1878, nuair a ceadaíodh an teanga a theagaisc go deonach mar ‘ábhar breise’ lasmuigh de ghnáthuaireanta na scoile. Faoi choinníollacha an ‘chláir nua’ (1900) ceadaíodh teagasc na Gaeilge laistigh d’uaireanta na scoile, ach bhí an cead seo ag brath ar bhainisteoir na scoile. Níor eisíodh clár teagaisc le haghaidh theagasc na Gaeilge, áfach. Bhí roinnt saoirse mar sin ag oidí a bhí cáilithe le dul i mbun na hoibre seo a gcláir féin a chruthú, ach é a chur faoi bhráid an Bhoird chun go gceadófaí é.⁶⁸ I 1902 d’eagraigh an Dr. Breathnach, Ardeaspag Bhaile Átha Cliath, comórtas chun cláir oibre le haghaidh theagasc na Gaeilge a chruthú, chun go dtaispeánfaí, ‘how the whole work of the schools is to be carried on, in all the classes, from infants’ class up to the sixth or highest, class.’⁶⁹ Foilsíodh na cláir teagaisc ab fhearr i bpaimphléid uimhir 22, 1902 de chuid an Chonartha.⁷⁰ D’fhoilsigh an Piarsach, i dteannta le Máire Ní Chillín, cláir shamplacha don Ghaeilge mar ‘ábhar breise’, dar teideal *Irish as an extra subject – specimen programmes*, ‘mar chabhair agus mar threoir do bhainisteoirí agus do mhúinteoirí chun clár a ullmhú le cur faoi bhráid an Bhoird Náisiúnta’.⁷¹

Chuaigh an Conradh i mbun oibre chun acmhainní teagaisc a chur ar fáil. I 1900, d’fhoilsigh Coiste Foilsithe an Chonartha *Prímh-Leabhar Gaedhilge le h-aghaidh na naoidheanán* le Tadhg Ua Donnchadha.⁷² Go luath ina dhiaidh sin, spreag an Dr. Breathnach clár teagaisc a foilsíodh in *An Claidheamh Soluis* 29 Márta 1902. Ba é leabhar an Athar Ó Grámhnaigh a ainmníodh mar théacsleabhar an chláir oibre sin.⁷³

3.5.3. Na cumainn dhátheangacha

Faoi choinníollacha an ‘chláir nua’ (1900) tugadh saoirse d’oidí scoile a gcuid scéimeanna oibre a chruthú chun an clár dátheangach a chur i bhfeidhm ‘to collect technical terms, protect bilingual teachers’ interests and to share information in relation to textbooks, materials and resources’.⁷⁴ Ón bhliain 1909 ar aghaidh cuireadh cumainn dhátheangacha ar bun ar fud na hÉireann. Mhol Tomás Ó Colmáin, príomhoide Scoil Náisiúnta An Spidéil, i mBealtaine 1908, in *Irish Schools Weekly*, go mbunófaí aontas d’oidí dhátheangacha, chun tacaíocht i gcúrsaí modheolaíochta agus téarmaíochta a chur ar fáil d’oidí agus iad ag dul i mbun an chláir dhátheangaigh a theagasc.⁷⁵ In eagarfhocal in *An Claidheamh Soluis*, 20 Meitheamh 1908, chuir an Píarsach fáilte roimh an chumann agus chaith sé é féin agus an Conradh go hiomlán taobh thiar den tionscnamh. Dúirt sé go raibh súil aige ‘go leanfar sompla múinteoirí na Gaillimhe i gCo. an Chláir, i gCo. Chiarraighe, i gCo. Chorchaiige, ins an Déisibh, i gCo. Mhaigh Eo, agus i dTír Chonaill.’⁷⁶ Bhí sé cinnte go raibh fóram ar fáil anois ag pobal na Gaeilge a dhéanfadh tairbhe don Ghaeilge sa chóras oideachais:

Níl aon nídh is fearr a dhéanfadh Clár an Dá Theangan a leathnughadh ar fud na Gaedhealtachta ná na múinteoirí atá i n-a éadan i ngach ceantar agus na múinteoirí eile seo a bhfuil fonn ortha dul n-a éadan a theacht i gceann a chéile uair sa mhí, abair, agus léigheachta a chlos ó dhaoineibh a rinne staidéar ar an gceist, idir timthirí an Bhuird, timthirí an Chonnartha, agus uile comhairle a ghlacadh leo ’so agus le n-a céile, agus tamall a chaitheamh ag réidhteach cuid de na cruaidh-beartaibh atá le réidhteach sul a mbídh an t-oideachas dhátheangthach ar stáid chirt ins na sgoltachaibh. Déantar trácht ar an gClár Dhátheangthach i bpáipéaraibh na múinteoirí agus i bpáipéaraibh na tuaithe. Sgairtear eolas air. Labhartar i n-a thaoibh ag cruinnighthibh móra agus ag cruinnighthibh beaga, fá chúram an Chonnartha. Mínígtar a bhrígh do’n pobal. Cuirtear i n-iúl do na haithreachaibh agus do na máithreachaibh gurbh é an t-aon ghléas múinteoireachta amhain é a thiubhras léigheann ceart sa Ghaedhilg agus sa Bhéarla do na páistibh atá ag fás suas fá lathair agus gan leigheann ar bith ortha i gceachtar de’n dá theangain. Oibrigheadh na stiúrthóirí, na múinteoirí, na tuismightheoirí, agus muintir Chonnartha na

Gaeilge guala ar ghualainn san iarracht so. Bainidís díobh an bréidín agus luighidís isteach leis an obair go dícheallach díograiseach dóchasach. Cuirtear an Clár ar bun san oiread sgol agus is féidir é ó'n gcéad lá de'n Iúl amach. Agus na sgoltacha nach éiríonn linn an Clár a chur ag obair ionta i mbliadhna bídís 'gá n-ullmhughadh féin fá theacht na hAith-bhliadhna.⁷⁷

Chríochnaigh an Píarsach a 'rosc catha' mar seo a leanas:

'Sí seo an obair is riachtanaighe da bhfuil romhainn amach. Ná ceapaidh a mhalairt, a chairde. Marbhchóidh na sgoltacha an teanga san Ghaedealtacht muna gcuirtear an Ghaedhilg ar bun iontu ní amháin mar ádhbhar teagaisg ach mar ghnáth-urlabhra ag na múinteoiribh ag múineadh agus ag agallamh na bpáistí dhóibh. Dóchas na hÉireann an Ghaedhilg; dóchas na Gaedhilge an Clár Dhá-theangthach.⁷⁸

Cuireadh cumainn dhátheangacha ar bun i dTír Chonail (1909)⁷⁹ agus i Maigh Eo (1909).⁸⁰ Cuireadh Cumann Dhá Theangach na hÉireann ar bun i 1909 agus i Lúnasa na bliana sin reáchtáladh comhdháil i rith fhéile an Oireachtais agus thug an Píarsach léacht ar thábhacht an dhátheangachais i rith na comhdhála.

3.5.4. Spriocanna an Chláir Dhátheangaigh 1905

Bhí spriocanna an chláir dhátheangaigh an-chosúil le scéim oibre a mhol an Dr. Breathnach i 1902. Leagadh amach spriocanna soiléire don pháiste le haghaidh theagasc na Gaeilge – spriocanna a bhí dírithe ar an léitheoireacht, ar an litriú agus ar an scríbhneoireacht. Is iad seo a leanas na spriocanna a leagadh síos i gcás rang Gaeilge na naíonán, mar shampla:

Read, spell and understand words of two and three letters as in, say, the first eight lessons of *An Chéad Leabhar* or of *Ceachta Beaga. Pt.1*. To copy letters off the blackboard.⁸¹

Tá cur síos tugtha ag O'Donoghue⁸² ar na spriocanna a leagadh amach do na daltaí scoile in achan rang a raibh ag foghlaim ann, ach is fiú príomhaidhmeanna an chláir de réir na ranganna éagsúla a lua anseo. Cuireadh béim ar dhul chun cinn an pháiste seachas ar dhualgais an mhúinteora.

- Bhí an t-ábhar foghlama á dhéanamh i Rang 1 cosúil le rang na naíonán ach amháin go raibh níos mó den ábhar le foghlaim acu. Bheifí ag súil go mbeidís in ann Cuid 1 agus 2 in *An Chéad Leabhar* nó Cuid 2 in *Ceachta Beaga* a léamh, a litriú agus a thuiscint. Bheadh Rang 2 i mbun na hoibre chéanna ach amháin go mbeadh níos mó den chineál oibre sin ar siúl acu.
- Bheadh seasca leathanach ó leabhar léitheoireachta cuí le léamh, le tuiscint agus le míniú ag daltaí Rang 3 agus bhí daichead líne filíochta le cur de ghlanmheabhair acu. Bheadh obair i ngramadach na Gaeilge le déanamh acu fosta agus bheifí ag súil go mbeadh na daltaí in ann abairtí simplí a scríobh a léireodh a dtuiscint ar an ainmfhocal, ar an aidiacht agus ar an bhriathar.
- Cuireadh béim ar líofacht agus ar thuiscint na Gaeilge i Rang a 6 agus 7. Bheifí ag súil go mbeadh sé ar chumas na ndaltaí céad leathanach ón téacsleabhar a thuiscint agus a mhíniú agus go mbeadh ochtó line filíochta curtha de ghlan mheabhair acu.

3.5.5. Téacsleabhair – *An Chéad Leabhar, an Dara Leabhar agus an Treas Leabhar*

Tá úsáid na dtéacsleabhar seo bunaithe ar an chlár leasaithe a d'fhoilsigh an Bord i 1906, an bhliain inar cuireadh an clár dátheangach i bhfeidhm den chéad uair. Is léir nach raibh leabhair shásúla ann i 1904, agus gur de thoradh shaothar an Chonartha a

foilsíodh na leabhair a luaitear thíos. Seo an méid atá le rá ag O'Donoghue faoi chur chuige an leabhair, *An Chéad Leabhar*:

Each lesson was built around a topic deemed suitable for Irish-speaking children of such a young age. The characters referred to were generally either children of their own age or Irish-speaking Parents, while the environment portrayed in the lessons was that of a small farmer and fisherman of the southern and western seaboard. The major topics dealt with were arranged in the following order: 'An Cuan' (The Bay), 'Bád' (A boat), 'Éan' (A Bird), 'Suas an Ród' (Up the Road), 'Síle ag Gol' (Sheila Crying), 'Páirceanna' (Fields), 'Long' (A Ship), Geata' (A Gate), 'Bád ar Linn' (Boats on the Ocean), 'Ag dul ar Scoil' (Going to School), 'Ag tabhairt bia d'Éanaibh' (Giving Food to the Birds). The book also contained one short poem entitled 'Pól' (Paul).⁸³

Leathnaíodh scóip ábhar an *Dara Leabhar* agus an *Treas Leabhar*. Ó Rang 3 ar aghaidh pléadh ábhair mar 'Teacht ón mBaile Mór' agus 'Ár dTír Dúchais Éire'.

Bhí tionchar smaointe Piaget le feiceáil i gcur chuige na leabhar.

The authors ... anticipated the Piagetian notion that at this stage children can internalise ideas of classes and series and can reach the stage of concrete operations. This was reflected in the outlining of such topics as 'An tEarrach' (Spring), 'An Samhradh' (Summer), 'An Fómhar' (Autumn) and 'An Geimhreadh' (Winter). An understanding that children at this age are able to explain classes and understand the relationships between them was also reflected in the choice of such topics as 'An Capall agus an Fiadh', 'An Préachán agus an Crúiscín' and 'An tIolar agus an Cág'. Again, a number of drawings accompanied each lesson.⁸⁴

Bhí an ganntannas leabhar agus acmhainní teagaisc na deacrachtaí ba mhó a bhí le sárú ag múinteoirí. Ní raibh aon acmhainn le haghaidh theagasc na Gaeilge do chainteoirí dúchais foilsithe faoin am seo. Foilsíodh cairteacha chun cuidiú leis an chomhrá, ach bhí na hacmhainní seo dírithe ar theagasc na Gaeilge mar an dara

teanga. D'fhoilsigh Conradh na Gaeilge acmhainní i 1911 a chuidigh le húsáid *An Chéad Leabhar*.

A box containing a list of nouns in the lesson and their English equivalents was presented at the beginning of every lesson. Also, every lesson attempted to incorporate within it nouns and verbs with the same vowel sounds. For example, Lesson Three entitled 'Éan' (A Bird), contained the following words: 'Éad' (Jealousy, 'd'Éag' (Died), 'Déan' (Do), 'Béal' (A Mouth), 'Méar' (A Thumb), and 'Téad' (Twine). Furthermore, each lesson was accompanied by a drawing which depicted a scene similar to the one described in the lesson. These drawings were included so that they could be used to elicit questions and responses using words and sentence constructions from the lesson.⁸⁵

I Lúnasa 1914 moladh do na múinteoirí dhátheangacha a ndaltaí a chur ag léamh a gcuid leabhar i bhfochair na seandaoine sa bhaile agus chun go mbeidís in ann seanfhocail agus nathanna cainte a bhailiú uathu. Sa bhealach seo bheadh na daltaí ag cruthú a n-acmhainní foghlama féin.⁸⁶ Mar sin, fágadh ceist acmhainní teagaisc na Gaeilge i lámha na múinteoirí féin.

3.5.6. An clár dhátheangach i dteach na scoile

Tá sé doiligh teacht ar chuntais a thugann léargas cruinn dúinn ar an chlár dhátheangach á chur i bhfeidhm go laethúil sna scoileanna Náisiúnta a ghlac an clár dhátheangach sna ceantair ba láidre Gaeltachta. Is féidir a fheiceáil ó scríbhinní an Phiarsaigh in *An Claidheamh Soluis* nár glacadh go réidh leis. Fiú i Samhain 1907, breis agus trí bliana i ndiaidh fhógairt an chláir dhátheangaigh, is beag dóchas atá le brath agus an Piarsach ag scríobh faoin ghéarghá a bhain leis:

It is very possible that there is not a school in Ireland – if we except the League's own secondary school at Rinn – in which an Irish education in a really adequate sense is being given to the pupils. But we have personal

experience of a number of schools in which, under the circumstances of peculiar difficulty, a courageous attempt is being made by the teaching staff to give an education predominantly Irish in tone rather than in English; in which Irish is the ordinary medium of intercourse between teacher and pupils; in which the Irish lessons are the most important events of the day; in which Irish is used rather more than English in such subjects as geography, mathematics, elementary natural science, and so on; in which English is taught as a 'second language'.⁸⁷

Leanann an Piarsach leis agus díríonn sé a mhéar i dtreo an Bhoird agus a chuid cigirí agus na hoidí iad féin. Ní ghlacfaí leis an chlár sna Gaeltachtaí, 'until teachers ... are given an opportunity of qualifying themselves to conduct it strictly on scientific lines. We trust we are right in assuming that the training of the bilingual teachers in the specialist knowledge required for the proper handling of the Bilingual Programme will be the first task taken up by the new organisers of the National Board'.⁸⁸

Is cinnte go raibh sé féin bródúil as scoil Náisiúnta Rosmuc, 'into which the custom of speaking English to children has not yet penetrated'.⁸⁹ I 1907 bhí an clár dátheangach á chur i bhfeidhm inti agus bhí ag éirí thar barr leis, ach tá an chuma ar an scéal go raibh díospóireacht ag dul ar aghaidh i lár an Chonartha agus go raibh an Piarsach ag iarraidh a thaispeáint go raibh an ceart aige nuair a bhí an dátheangachas á mholadh aige ó 1904. Scríobh sé:

The Bilingual Programme is in swing in the parish, so that each child is taught both Irish and English at school ... On leaving school, Irish remains their language, but they are able and willing to speak English to strangers. In other words, things are developing in this Western parish precisely as we foretold they would five years ago when we first began to organise the movement in favour of Bilingual education. Irish is *not* being killed. It is not being displaced by English. English is being learned as a 'second language'. Irish, on the other hand, is being learned as a literary as well as a spoken tongue, and young lads and (to a lesser extent) the girls are eager readers of such Irish

books and papers as reach there – indeed, they, in several instances, are commencing to produce Irish prose and poetry themselves. Ros Muc is thus demonstrating not merely the feasibility but the absolute success, from the Irish no less than from the general point of view of bilingual education.⁹⁰

3.5.7. Cúis cheiliúrtha agus fáilte roimh an chlár dhátheangach

Níl aon amhras ann ach gur chuir cumainn na múinteoirí fáilte roimh an chlár dátheangach, ar phaipéar ar aon nós. Thuig siad na deacrachtaí a bhain leis maidir le cumas na múinteoirí an Ghaeilge a theagasc. Thuig siad fosta go raibh deacrachtaí ann i dtaobh cúrsaí oiliúna, ach is léir go raibh na hoidí scoile féin dáiríre faoin gclár nua, mar a cuireadh in iúl ag cruinniú de Chumann Mhúinteoirí Náisiúnta Thuaiscirt Bhaile Átha Cliath ag deireadh mhí Aibreáin, 1904:

Whilst approving the recent programme in Irish for teachers' certificates, we hereby call on the Commissioners of National Education not to put it into operation until 1905, as it would be an utter impossibility for intending candidates to prepare the programme issued now for the first time, within two months of the examinations, and we request that last year's programme be deemed sufficient for candidates at the July examinations, 1904.⁹¹

An bhliain chéanna chaith an *Daily Irish Independent* neart spáis ag iarraidh tábhacht an chlár dhátheangaigh a mhíniú dá léitheoirí:

We have no hesitation in saying that this is the greatest and most important victory yet gained by the Gaelic League ... They recognised rightly that, unless the children of the Irish-speaking districts were educated at first through the medium of their own language, no hope could be entertained of eventually saving the language ... The Irish-speaking child now gets a start in his education in the language of his home, and at all future times during his school life provision is made for teaching him in his native speech. The necessity for Bilingualism in education has been at last officially recognised, and officially provided for ... The time is at hand for acting boldly and determinedly in availing of the new concession.⁹²

Níor glacadh leis an chlár i ngach áit, áfach. Tá an méid seo a leanas le rá ag Walsh faoin amhras a léiríodh in áiteanna faoin chlár:

In Gaeltacht districts, there was general support for the *Bilingual Programme* from teachers and managers. However there was some resistance from parents, particularly in districts on the outskirts of the Gaeltacht; who withdrew their children and sent them to non-bilingual schools, or who refused to buy books or encourage the practice of Irish in the home. Mr. Mangan, Examiner and Inspector of Irish, recorded the rate of progress in the teaching of Irish as disappointing. In 1909 for a number of reasons, including the poor methods of teaching employed, the lack of earnestness and knowledge on the part of the teachers, the distaste on the part of the pupils for the language, the lack of textbooks and the lack of cooperation from parents.⁹³

3.6.0. An Piarsach agus an dátheangachas

Thuig an Piarsach treo na gaoithe nuair a chuaigh sé i mbun pinn agus é ag scríobh faoi riachtanas an chlár dhátheangaigh in *An Claidheamh Soluis*. Bhí athnuachan iomlán an chóras oideachais ar cheann de phríomhchuspóirí an Chonartha agus bhí todhcháí na Gaeilge mar theanga labhartha mhuintir na hÉireann ag brath ar an athnuachan oideachasúil seo. Ghlac an Piarsach air féin pobal na Gaeilge a spreagadh ina thaobh. Deir sé féin go bhfuil sé cáilithe chun labhairt ar an ábhar mar gheall ar an staidéar pearsanta atá déanta aige féin ar ‘the actual workings of the schools in the Irish-speaking districts together with an enquiry, as complete as our opportunities would allow, into the scope and characteristics of the Bilingual Education as understood and practised in Wales and on the Continent’.⁹⁴ Is cur chuige praiticiúil é ina bhfeictear an Piarsach ag déanamh sáriarrachta gach fadhb a d’fhéadfadh tarlú a réiteach agus, ag an am céanna, cuidiú leis an chlár nua seo a chur i bhfeidhm, agus, b’fhéidir, gach rian den amhras a ruaigeadh sna bainisteoirí, sna múinteoirí agus ina chomhchonraitheoirí.

Is féidir croineolaíocht smaointe an Phiarsaigh faoi chur i bhfeidhm an chláir dhátheangaigh, mar a nocht sé iad in *An Claidheamh Soluis*, a léiriú mar seo a leanas:

- i. Eanáir 1904⁹⁵
- ii. Aibreán-Bealtaine 1904⁹⁶
- iii. Meán Fómhair–Samhain 1904⁹⁷
- iv. Aibreán 1906⁹⁸
- v. Deireadh Fómhair 1907–Iúl 1908⁹⁹

3.6.1. Eanáir 1904 - ardú céime na Gaeilge ar an churaclam; solúbthacht an chórais nua; cur chuige agus proifisiúntacht na n-oidí; tábhacht na teanga labhartha

Scríobh an Piarsach ceithre alt in *An Claidheamh Soluis* in Eanáir 1904 chun cur chuige agus buntáistí an chláir dhátheangaigh a chur os comhair an phobail. Thug sé ‘unquestionably the most pregnant event that has yet taken place in the movement’.¹⁰⁰ Ba chláir é, dar leis, a mbeadh mar chuspóir aige ‘the teaching of two languages side by side, and so to say *pari passu*, all through the school course, the pupil’s knowledge, of one language is constantly utilised to help him in the acquisition of the other’.¹⁰¹ Mar sin, bheadh an Ghaeilge cothrom leis an Bhéarla ar an churaclam scoile. Ba chláir oideachais é a bheadh bunaithe ar dhearcadh iomlán nua, ina nglanfaí amach go hiomlán ‘all existing programmes, and substituting for these programmes, based on the postulate that the children for whom they cater are Irish-speaking and not English-speaking’.¹⁰² Dá bhrí sin, bheadh an córas nua seo ag iarraidh na cúinsí áitiúla teanga a chur san áireamh agus é ag iarraidh freastal ar riachtanais na bpáistí scoile. Ba mhór an difear idir an meon nua seo agus an seanmheon.¹⁰³

Leagann an Piarsach amach córas praiticiúil don mhúinteoir scoile. Thosódh an cur chuige nua seo ón chéad lá. Tugann sé comhairle don oide conas an aibítir a theagasc. Molann sé go ndéanfaí staidéar ar an dá aibítir le chéile agus i bhfonóta tugann sé an chomhairle seo a leanas:

We do not of course refer to the fancy names Ailm, Beith, Coll, etc ... but to the names á, bé, cé, dé, etc. still used by many old Irish speakers who were taught to read and write Irish upwards of a half-a-century ago.¹⁰⁴

Tugann sé aghaidh ar cheist phroifisúntacht agus ábaltacht an mhúinteora chun an obair seo a dhéanamh. Mar a fheicfear níos déanaí, bhí fadhbanna ag baint le hoiliúint agus le hábaltacht na n-oidí scoile agus, mar sin, le cur i bhfeidhm éifeachteach an chláir nua. Tugann sé an chomhairle seo a leanas:

The first and primary object is to see that the child thoroughly understands the Irish which he is reading; the second is to see that he can express the same ideas in idiomatic English. The child should be able to turn instantly from one language to the other *without confusing the idioms*: if he is taught intelligently on bilingual lines he will, without any conscious effort, learn to do this; if he is taught on no system, if knowledge is simply *shovelled into him*, without reference to his capability of receiving it, above all, if it is attempted to instruct him through a medium which he only imperfectly comprehends, he will as often as not use English idiom when he attempts to speak Irish, and Irish idiom when he attempts to speak in English.¹⁰⁵

Bheadh toradh an chláir dhátheangaigh ag brath ar dheathoil agus ar chumas teagaisc na múinteoirí. Ba mhínic a scrúdaigh an Piarsach an dearcadh seo i leith na Gaeilge. In eagrán 16 Eanáir 1904 ionsaíonn sé teagasc lochtach na múinteoirí, nuair a deir sé, '[that] Irish is being taught to a minority of children on the rolls, and that to these it is, as often as not, being taught indifferently'.¹⁰⁶ Déanann an Piarsach tagairt do chomhfhreagras a fuair sé ó shagart i gCúige Chonnacht, 'who

is one of the closest observers and most effective workers which the League has in the West'.¹⁰⁷ De réir an tsagairt:

It is very difficult to get information from the teachers around here as to what number of pupils are being taught Irish. Irish is being taught in the Convent Schools and in the Christian Brothers' Schools, in two others, male and female, and in two more, one male and one female, - in all some eight out of twenty-four or twenty six schools in my immediate neighbourhood. In each of these schools there are not, at least any more than two senior classes - and, as you know, in rural districts these are by far the smallest - learning Irish. The numbers are bad enough, but the manner of teaching the language is infinitely worse - e.g., *rod* and *bod* are the conventional way of pronouncing *ród* agus *bád* in a large local school; and if these things happen in the dry wood what about the green? In a large number of schools Irish is taken up in the mere hope of pecuniary gain.¹⁰⁸

Ní ar na múinteoirí amháin a bhí an locht. Cuireann sé an milleán ar aineolas na gcigirí ar an Ghaeilge.¹⁰⁹ Bhí an Piarsach ar aon intinn leis an chomhfhreagraí:

We believe our correspondant is quite right in saddling the Inspectors with a large share of the responsibility for the unsatisfactory status of the language in many schools of which the managers and teachers are, apparently sympathetic.¹¹⁰

Má ba lochtach dearcadh agus leibhéal eolais na gcigirí ba lochtach freisin an bhéim a chuir siad, faoi choimirce an Bhoird, ar an scríbhneoireacht in áit na teanga labhartha.

That the proficiency of the pupils in Irish has been in some instances judged by means of written examination alone; that we consider that such an examination is but a partial and unsatisfactory test of the knowledge of pupils in any language; that the accurate pronunciation and reading of a language should receive due consideration from the Inspector, and that any system of examination which excludes these is unfair both to pupils and teacher.¹¹¹

Mar sin, tá an nóta ag deireadh an ailt seo tábhachtach, mar is léir go raibh an Piarsach ag iarraidh buairt i measc ‘pobal na Gaeilge’ a leigheas nuair a d’fhógair sé leasú an Bhoird maidir le measúnú teanga sna scoileanna, a thiocthadh i bhfeidhm ón 1 Aibreán 1904:

With regard to the teaching of Languages (including Irish) there is a new and valuable provision, ‘the examination in languages will be both oral and written. Fairly correct pronunciation will be essential for a pass’. This provision, if universally and effectively carried out, will remove the grievance to which attention has been drawn by the Munster Managers.¹¹²

Filleann an Piarsach ar bhuntáistí an chláir dhátheangaigh, 23 Eanáir 1904, agus léiríonn sé an dul chun cinn a bhí le feiceáil sa Bheilg, agus go háirithe i bhFlandrás, nuair a cuireadh polasaí dhátheangach i bhfeidhm ins na scoileanna ansin, áit dar leis, a bhí an-chosúil le hÉirinn san ochtú agus san naoú haois déag. Tugann sé le fios gur féidir le muintir na hÉireann tairbhe a bhaint as eispéireas mhuintir na Beilge i gcúrsaí oideachais.

Whilst Ireland has been growing less Irish, Belgium has been growing more Flemish; whilst Ireland has been listless, Belgium has been strenuous; whilst Ireland has been retrograding morally, intellectually, industrially, Belgium has been marching forward in all three aspects.¹¹³

Ní hí seo an chéad uair a cheanglaíonn an Piarsach teanga tíre le hanam agus le dul chun cinn pobail. Ba mhinic a d’fhill an Piarsach ar thorthaí an dátheangachais i bhFlándrás chun ceachtanna faoi a theagasc d’oidí na hÉireann.¹¹⁴

3.6.2. **Aibreán-Bealtaine 1904: ‘athGhaelú’ an chórais oideachais agus na laigí a bhain leis; cigirí an Bhoird agus míabaltacht na n-oidí; moill i gcur i bhfeidhm an chlár dhátheangaigh; comhairle an Phiarsaigh**

Tá dóchas an Phiarsaigh le brath ins an tsraith alt seo, ceithre cinn ins an iomlán a thosaigh 23 Aibreán 1904. Tugann an Piarsach aitheantas don dul chun cinn atá déanta ins an bhliain dheireanach i bhfeachtas an Chonartha chun an córas oideachais a athGhaelú. Fáiltíonn sé roimh an mhéadú a tháinig ar líon na gcigirí ‘to deal with Irish’,¹¹⁵ rud a chruthaigh, dar leis, go raibh an t-éileamh ar an Ghaeilge sna scoileanna Náisiúnta agus go raibh an dátheangachas ag fás i gcónaí.

In alt, dar dháta 30 Aibreán 1904 tugann sé le fios nach féidir a bheith muiníneach as dáiríreach an Bhoird agus na gcigirí¹¹⁶ agus impíonn sé ar údaráis na gcoláistí oiliúna, ‘to do their share of the work by making Irish compulsory in the entrance examinations, and thus providing proper teaching machinery to carry the programme into effect’.¹¹⁷

Ins an alt deireanach sa tsraith seo, dar dháta 14 Bealtaine 1904, filleann Mac Piarais ar chumas na múinteoirí agus ar chúrsaí oiliúna. Ón taithí phearsanta atá aige ar chúrsaí na Beilge deir sé go bhfuil ‘above all things, an intelligent, zealous and highly trained teaching staff’ riachtanach le haghaidh clár dátheangach a chur i bhfeidhm.¹¹⁸ Léiríonn an Piarsach nach bhfuil sé sásta le cúrsaí oiliúna in Éirinn:

They are woefully deficient in the sort of training which is absolutely essential to the efficient working of a Bilingual System. Some of them have, at best, but crude notions of teaching of any sort; it is not to be wondered at that in the presence of a thing so utterly new to them, and, at first sight, so complicated in itself as a Bilingual Programme, many are simply dismayed ... unless [the Board] provides ways and means for the carrying out of its Programme, the Programme will remain a mere curiosity.¹¹⁹

Tá dhá mholadh ag an Piarasach chun an fhadhb bhunúsach seo a leigheas. Aithníonn sé tábhacht thimírí an Chonartha chun tábhacht an chláir dhátheangaigh a bhrú ar údaráis na scoileanna. Bheadh áit ag na coláistí oiliúna i réachtáil cúrsaí Gaeilge i rith mhíonna an tsamhraidh agus an fhómhair ‘to train them in the theory and practice of bilingual teaching. It goes without saying that the instructors should be thoroughly acquainted with the methods in vogue in Belgium and elsewhere, and that they should be practical teachers, and that they should be Irish speakers’.¹²⁰

3.6.3. Meán Fómhair – Samhain 1904 – Faitíos na múinteoirí; buntáistí oideachasúla an dátheangachais; cúrsaí cigireachta; lántacaíocht an Chonartha do na múinteoirí; modhanna teagaisc agus téacsleabhair.

Díríonn an Piarasach ar ról an mhúinteora sa chlár dátheangach ins an tsraith alt seo agus, cé go raibh sé géar orthu roimhe seo, is léir go bhfuil sé ag iarraidh a bheith spreagúil in áit a bheith diúltach. Tá praiticiúlacht ag baint leis an tsraith seo agus, in ainneoin na ndeacrachtaí atá feicthe aige roimhe seo, is féidir an dóchas go n-éireoidh leis an chlár a bhrath ann. Geallann sé lántacaíocht oifigigh an Chonartha do na bainisteoirí agus do na múinteoirí. In alt, dar dháta 24 Meán Fómhair 1904, aithníonn an Piarasach faitíos na múinteoirí agus iad ag plé leis an chlár. Tugann sé le fios go dtuigeann sé a gcás, agus díríonn sé ar phroifisiúntacht an mhúinteora chun misneach a thabhairt dóibh:

The teacher will require to devote more time to thinking out his day’s work, to preparing his lessons beforehand, to organising his classes. But increased trouble is incidental to increased efficiency: all good teaching, as we have so often pointed out, makes large demands on the time and thought and energy and patience of the teacher. Modern teaching methods, whilst they tend to reduce the drudgery of the pupil to a minimum, do not at all tend in the same degree to reduce the labour of the master; rather the contrary. But, whilst we see that the successful handling of the Bilingual Programme will at first call for special exertions on the part of the teacher, we are convinced that in the

long run it will vastly lighten the burden of work both for teachers and pupils.¹²¹

Cuireann sé an córas nua i gcomparáid leis an seanchóras lochtach, ar a dtugann sé ‘the present incredibly and amazingly absurd system ... the system under which there is absolutely no communion of thought between pupil and teacher’.¹²²

Labhraíonn sé leis an mhúinteoir mar chomhghleacaí agus déanann sé iarracht ciall a dhéanamh as an stráitéis teagaisc nua seo atá iomlán éagsúil in achan dóigh leis an seanchóras:

Under the old system the teacher was expected, through the medium of English (or practically so), to make the Irish-speaking child of Ring or Ros Muck [sic.] or Tory as proficient in English and general knowledge as the Dublin or Belfast or Cork child. Under the Bilingual Programme such a child is required to know only half as much English as the Dublin or Belfast child, whilst general subjects such as Geography, History, Arithmetic, Geometry, Object lessons, Drill can be taught through the medium of ‘Irish *and* English’. In the former case the teacher was attempting the morally and physically impossible; in the latter, be his intitial difficulties and perplexities what they may, he will be working with nature, and he will have the whole instinct, intelligence and sympathy of the child with him.¹²³

Ins an chéad eagrán eile filleann an Piarsach ar an chur chuige praiticiúil chun cuspóir an dátheangachais a neartú in aigne an léitheora. Labhraíonn sé faoin tábhacht a bhaineann le húsáid an dátheangachais ón chéad lá ar scoil, más feidir é:

We hold that the very early stages of a child’s education – the first timid steps – should be conducted in the language which is more familiar to him, in Irish if his vernacular be Irish, in English if his vernacular be English; but we hold just as strongly that the teaching of the second language should commence at the earliest possible moment.¹²⁴

Leagann sé teoracha praiticiúla amach don mhúinteoir atá ag teagasc i scoil Ghaeltachta agus é ag dul i mbun a chuid oibre de réir an chláir. Níor chóir don mhúinteoir dearmad a dhéanamh riamh gur páistí na Gaeltachta a bheadh os a chomhair sa seomra ranga, dar leis, agus is é dualgas an mhúinteora 'to draw out their faculties, to train their intelligence, to prepare them for the duties of citizenship; and the instrument that is placed in his hands for the effecting of this object is the Bilingual Programme'.¹²⁵ Dar leis an Phiarsach bheadh oideachas den scoth ag an pháiste a dhéanfadh a chuid scolaíochta trí mheán na Gaeilge:

A child taught on these lines would in his advance from class to class acquire a real education in Irish, and at the same time a sound acquaintance, spoken and written, with English. At the end of the course he would be an educated bilingualist. Primarily an Irish speaker, his mastery of English would be complete.¹²⁶

D'fhéadfaí a rá go raibh na smaointe seo aislingeach agus idéalach. D'fhéadfaí a rá fosta nach n-oibreodh an plean seo comh glan agus a mhol an Piarsach. Léiríonn an Piarsach go dtuigeann sé go bhfuil a chuid moltaí casta, agus, mar sin, go mbeadh impleachtaí ann don mhúinteoir:

This is the only system which seems to us to be rational. It will, of course, entail double work in the lower classes, - the teaching of two groups of children instead of one; and in small schools the inconvenience of dividing already small classes in two will be considerable. But we see no way out of it, if the spirit of the Programme is to be carried out, and if entirely satisfactory results are to be looked for from its adoption.¹²⁷

D'éirigh le muinteoirí na Beilge clár dátheangach a chur i bhfeidhm agus níor chóir, mar sin, go mbeadh baol ann nach n-éireodh le plean den chineál chéanna in Éirinn.¹²⁸

Caitheann an Piarsach solas ar dhá shonra phraiticiúla i saol na scoile ins an dá alt dheireanacha sa tsraith seo – cúrsaí cigireachta (29 Deireadh Fómhair) agus téacsleabhair (5 Samhain). Deir sé go bhfuil cúrsaí cigireachta an-tábhachtach chun fiúntas an chláir agus dul chun cinn na bpáistí a mheas, ach aithníonn sé an tseanfhadhb, ‘their utter incapacity to test the efficiency of such schools as may adopt the Bilingual Programme’.¹²⁹ Leagann an Piarsach a mhéar ansin ar ábhar amhrais a léirigh an Craoibhín roimhe, ‘sé sin dáiríreacht an Bhoird i leith an chláir dhátheangaigh:

Plainly, unless the Bilingual Programme is intended for ornament rather than for use, the Board must send Irish-speaking Inspectors to all schools which adopt it, and that not merely for the purpose of examining them in the Irish part of their work, but for the purpose of testing their general proficiency and progress.¹³⁰

Tá an chuma ar an scéal go raibh Mac Piarais agus an Conradh ag iarraidh tionchar mór a imirt ar na múinteoirí agus údarás an Bhoird a shárú agus é ag moladh nach ligfí na cigirí seo isteach sa seomra ranga.¹³¹ Níl a fhios againn ar lean na múinteoirí an treoir seo ach is cinnte gur chothaigh sé teannas idir roinnt oidí scoile agus timirí an Chonartha, mar atá feicthe cheana féin i gcás Thomáis Bháin Uí Choncheanainn i dTír Chonail i 1902¹³² agus i gcás oidí na Gaillimhe mar a fheicfear i gCaibidil 3. Geallann an Piarsach go dtabharfadh an Conradh lántacaíocht do mhúinteoir ar bith a bheadh faoi bhrú óna leithéid de chigire.¹³³

Tógann an Piarsach ceist na dtéacsleabhar, ábhar a bhí ag cur buartha ar oidí agus ar thuistí, ach molann sé go mba chóir don mhúinteoir úsáid a bhaint as an ‘vive voce’ sa rang agus gan a bheith ag brath go hiomlán ar théacsleabhair. ‘A blackboard in the hand of a teacher who knows how to use it is worth a cartload of wall charts and a trainload of textbooks’, a deir sé.¹³⁴ Áitíonn sé nach ionann an ‘vive voce’ i nGaeilge agus focail ar nós ‘subtractáil’ agus

‘divideáil’ i gceacht Uimhríochta. ‘The correct Irish terms,’ a deir sé, ‘are part of the vocabulary of every Irish Speaker’,¹³⁵ agus bheadh na téarmaí sin ar fáil sa leabhar *Eolas ar Áireamh*.

Díríonn sé ar cheist na dtéacsleabhar agus cuireann sé i gcuimhne do mhúinteoirí go bhfuil saoirse acu i dtaobh na leabhar a roghnaíonn siad dá scoláirí. Foilseacháin ón Chonradh den chuid is mó a mholann sé, mar shampla *An Prímhleabhar* agus *Ceachta Beaga* do na ranganna sóisearacha; leabhair ar nós *Greann na Gaeidhilge*, agus *Aesop* do rang 2 agus 3; *An Buaiceas*, *Cathair Conrói* agus *Eochaidh Mac Rí'n Éirinn* do ranganna 4, 5 agus 6.¹³⁶ Molann sé leabhar Sheághain Mhic a'Bhaird, nach raibh foilsithe go fóill ag an am, le haghaidh na Tíreolaíochta, agus *Irish History Reader* le hEoghan Ó Neachtain, agus *Child's History of Ireland* le Mícheál Breathnach do na ceachtanna staire, agus saothar Chonáin Mhaoil, a foilsíodh ina ailt ins *An Claidheamh Soluis* ach a bhí le teacht amach i bhfoirm leabhair, le haghaidh na nArdranganna.

3.6.4. Aibreán 1906 – riachtanas an chláir dhátheangaigh in Éirinn; cúinsí áitiúla; téacsleabhair agus scéim deontais

Nuair a fhéachtar ar an méid a scríobh an Piarsach i rith 1904 agus an fuinneamh agus an paisean atá le feiceáil ann tá sé deacair a rá cén fáth nár scríobh sé aon rud eile faoin chlár dhátheangach go dtí Aibreán 1906. Is féidir díomá a fheiceáil in alt, dar dháta 4 Aibreán 1906, nuair a ghlacann sé leis nach bhfuil ach 20 scoil páirteach i dtionscnamh an chláir dhátheangaigh. Ní mór dúinn a thabhairt chun cuimhne go raibh ganntanas múinteoirí ann a bhí oilte i modhanna teagaisc nua-aimseartha. Bhí an Piarsach den tuairim go raibh gá le muintir na hÉireann a spreagadh arís agus déanann sé cás arís ar son an dátheangachais sna scoileanna.

Luann sé éileamh an dátheangachais sa Fhrainc agus sa Ghearmáin agus ansin tá an méid seo a leanas le rá aige faoi thábhacht an dátheangachais in Éirinn:

Now, if bilingualism in education be desirable in such countries ... it is absolutely necessary in Ireland: for Ireland, say what we will, is actually a bilingual country - that is to say, a country in which there are two vernaculars. There is not a barony in Ireland in which two languages are not spoken. There is not a town in Ireland in which two languages are not read. There is hardly a human being in Ireland to which either language can be said to be altogether unfamiliar. Ireland, as things are, emphatically makes use of two languages in doing her daily business. To neglect either of these two languages, to leave either out of the educational scheme, would be to commit an educational blunder of the first magnitude.¹³⁷

Filleann an Piarsach ar cheist na leabhar in alt dar dháta 21 Aibreán 1906. Is léir gur ag iarraidh réiteach a fháil ar dheacracht a tháinig chun soluis i litir a seoladh chuige, mar eagarthóir ar *An Claidheamh Soluis* atá sé. Thóg a chomhfhreagróir ceist chostas na leabhar scoile. Chun a fháil thart ar cheist na leabhar filleann sé ar thábhacht an ‘vive voce’.¹³⁸ Ach luann sé ansin an smaoineamh go dtiocfadh an Conradh i gcabhair ar thuistí trí dheontais leabhar a chur ar fáil do na scoileanna a chuireann an clár dátheangach i bhfeidhm:

We cannot approve of the suggestion that the books should be supplied *gratis* by the League to bilingual schools. Every teacher knows that children never value books which they can get for nothing; and we object on principle to anything which would tend to perpetuate the notion, already prevalent amongst Irish-speaking parents, that whilst the acquisition of English is something which they (the parents) ought to pay for, permission to allow them to acquire Irish is something for which they (the parents) ought to be paid. We must educate the Irish-speaking parent to the point of seeing that Irish is quite as valuable a thing as English: that it is his *duty* to teach his children and to see that they are properly educated in it; and that the Gaelic League with a philanthropic public at its back is not going (indefinitely at least), to pay him to do his duty.¹³⁹

Deir an Piarsach le múinteoirí agus le bainisteoirí na scoileanna dhátheangacha nár chóir glacadh le leithscéal na dtuistí agus iad ag gearán faoi chostas na leabhar. Molann sé ‘a little plain speaking to the parents’.¹⁴⁰ Níor chuimhnigh an Piarsach go raibh an chontúirt ann i gcónaí go gcuirfeadh an cineál seo cainte isteach ar oidí scoile agus ar thuistí, rud nach gcuideodh le cás an dátheangachais.

3.6.5. Deireadh Fómhair 1907–Iúl 1908 – ag clár dátheangach á dhíol ag an Phiarsach laistigh agus lasmuigh den Conradh; na scoileanna dátheangacha

In alt, ‘The bilingual programme at work’, a scríobh an Piarsach i nDeireadh Fómhair 1907, tá sé ag iarraidh an clár dátheangach ‘a dhíol’ arís - le léitheoirí na hirise agus, níos tábhachtaí fós, lena chomhghleacaithe sa Chonradh. Is léir ón tagairt a dhéanann sé do na ‘grave and revered seniors in the movement’ nach bhfuil gach duine san eagraíocht chomh dóchasach agus atá sé féin. B’fhéidir gurb é an t-amhras seo a spreag an Piarsach chun pinn arís chun cás an dátheangachais a throid uair amháin eile.

Is fiú a lua nach bhfuil a lán sonraí ar fáil ón Phiarsach féin faoi líon na scoileanna a ghlac chucu féin an clár dátheangach. Tugtar eolas tábhachtach dúinn faoi chur i bhfeidhm an chláir dhátheangaigh in alt a scríobh sé, dar dáta 29 Feabhra 1908. Deir sé go raibh sé á leanacht faoin am seo i 110 scoil agus go raibh an líon céanna ag déanamh réidh chun é a chur i bhfeidhm; rud a léirigh, dar leis, go raibh ceist an oideachais ‘slowly righting itself in the Gaedhealtacht’.

Tá an Piarsach fuinniúil fós i 1908 ag cur síos ar an dul chun cinn atá déanta go dtí seo. Cuimhníonn sé, mar shampla, ar an chur in aghaidh an chláir a mhothaigh sé i

1904 agus cuireann sé sin i gcomparáid leis an fhorás atá tagtha ar chúrsaí anois, forás a leathnóidh, dar leis, ón Ghaeltacht isteach sa Ghalltacht.¹⁴¹ Tugann sé cur síos ar na ceantair éagsúla chun an forás seo a thaispeáint. Mar shampla, deir sé go raibh feabhas mór tar éis teacht ar líon na scoileanna ina raibh an clár dátheangach á chur i bhfeidhm; ‘The programme is today in operation in as many schools in Tír Chonaill as it is in Galway and Mayo combined,’ ar seisean, agus bhí an rud céanna le feiceáil i gceantair Iorrais i Maigh Eo. Bhí tuilleadh oibre le déanamh i gceantar Chonamara chun na hoidí a spreagadh. Is amhlaidh a bhí an scéal i gCo. Chiarraí. Ní raibh an clár á chur i bhfeidhm ach i scoil náisiúnta amháin i gCo. an Chláir. Bhí an Piarsach dóchasach faoi Cho. Chorcaí agus faoi Phort Láirge.¹⁴² Luann sé sonra suimiúil a thugann léargas dúinn ar na deacrachtaí a bhaineann le hIarthar na hÉireann:

Unlike Tír Chonaill, a large part of the proportion of the teachers in Conamara are non-Irish speaking and progress here will necessarily be slower. This is one of the main difficulties of the remote West. Tír Chonaill and the greater part of the Munster Gaedhealtacht raise their own teachers. The more Irish West has to import largely from the Galltacht, for rarely does a boy or girl from an Irish-speaking village in Aran or iar-Chonnachta become a school teacher. They have not the necessary funds, or they leave school too soon and go to America.¹⁴³

3.7.0. Conclúid

Bhí fuinneamh ag baint le gluaiseacht athbheochan na teanga ag deireadh an naoú aois déag a bhí mar chuspóir aici neamhspleáchas intleachtúil agus cultúrtha na hÉireann. Ba é ré an dóchais é. Dar le Ferriter ‘a new sense of cultural vibrancy in the form of a distinctive language literature and history was in evidence ... and the new level of cultural debate was intense and intellectually challenging’.¹⁴⁴ In eagrán tosaigh *The Leader*, 1 Meán Fómhair 1900, scríobhadh ‘that Ireland was capable of

the task of self-government and intellectual, political and cultural self-reliance'.¹⁴⁵

Cuireann Valerie Jones síos ar mheon an ama sin:

The late nineteenth and early twentieth centuries were characterised by efforts to restore the Irish language. These were to gain considerable public support, particularly during the struggle for Irish freedom. This had two fundamental aims: to win independence from Britain, and to develop a new state with its own separate identity. Everything English was to be discarded as alien and replaced by a form of cultural nationalism, which emphasised the language, history and distinctive Irish culture of the new state. The vision of the new Ireland symbolised by the Irish language, inspired the struggle for independence ... had come to symbolise Irish nationalism to such an extent that, in the final years of British rule, the language and the struggle for independence became intertwined.¹⁴⁶

D'aithin an Craoibhín agus an Píarsach tábhacht an chóras oideachais ag croílár na gluaiseachta athGhaelaithe seo. D'éirigh leo áit na Gaeilge a chinntiú ar an churaclam scoile ó 1900. Ghéill an Bord Náisiúnta d'achainí an Chonartha córas oideachais dátheangach a chur i bhfeidhm sna scoileanna. Ach bhí deacrachtaí le sárú, agus an clár sin á chur ag obair go héifeachtach. Bhí gá le hoidí scoile oilte chun spriocanna an chláir a chur i gcrích. Bhí amhras ar chinnirí an Chonartha maidir le dearcadh agus le dáiríreacht an Bhoird ina leith.

Bhí tráchtairí ann a bhí amhrasach faoi iarrachtaí an Chonartha an córas oideachais a Ghaelú agus a chreid gur saothar in aisce a bhí ann. Luann Diarmaid Ferriter tuairim an scríbhneora taistil Louis Paul-Dubois go raibh an Conradh gafa le 'propaganda ... It intends to confer anew upon the country a psychological education'.¹⁴⁷ Nuair a fhéachtar ar chomhthéacs sóisialta na linne sin is féidir bunús na tuairime sin a fheiceáil, ach ní miste cuimhneamh ar naimhdeas fíorthréan intleachtóirí na Fraince i gcoitinne i leith na dteangacha mionlaigh ina dtír féin, an

Briotáinis, an Bhascáis, an Pléimeanais, agus an Ghearmáinis, naimhdeas a théann siar go dtí ré na Réabhlóide agus atá láidir sa lá atá inniu ann, agus atá le feiceáil sa diúltú leanúnach comhstádas leis an Fhraincis a dheonú do na teangachas sin sa chóras oideachais agus i síorlagú na Briotráinise agus na Bascaise. Luadh cheana infheistíocht íseal an rialtais sa chóras oideachais ag deireadh chaibidil a haon (2.10.0), rud nach gcuideodh le fostú oidí, lena n-oiliúint agus mar sin le teagasc na Gaeilge sna scoileanna Náisiúnta. Ní raibh feabhas i ndán go luath do chás na múinteoirí mar a d'admhaigh Birrell sa phairlimint i Londan sa bhliain 1911:- 'the life of an ordinary assistant master in Ireland is detestable, the remuneration is miserably inadequate and he has no tenure of office at all'.¹⁴⁸ Mar sin caithfear an tuiscint a bhí ag lucht an Chonartha ar chúrsaí sóisialta na linne sin, agus a dtuiscint ar thionchar na gcúinsí sóisialta sin ar dhearcadh an phobail i leith cúrsaí oideachais agus leis sin i leith an oideachais Ghaelaigh, a cheistiú.

Ar thuig na conraitheoirí, mar shampla, éifeacht an bhochtanais ar pholasáí oideachais na heagraíochta? Bhí an bochtanas forleathan in Éirinn 1900. Ba fhada ó mhuintir na hÉireann an neamhspleáchas intleachtúil agus cultúrtha a shantaigh an Píarsach agus iad in umar aimilíseach an bhochtanais a bhí thart orthu. Is mar seo a leanas a chuireann Ferriter síos air:

Class tension still abounded in many rural areas ... many of the agricultural labourers were landless, there were people still living in mud cabins and the life expectancy was little beyond fifty. Most Irish farmsteads were miniscule, and 32,000 people had emigrated in 1899 alone, reflecting a higher emigration rate than existed elsewhere in Europe.¹⁴⁹

Bhí an saol sna cathracha níos measa. Bhí plódcheantair go forleathan iontu agus is iad na páistí is measa a tháinig amach as an drochstaid seo. Bhí ráta báis na naíonán an-ard. Fuair 99 leanbh as gach míle bás, ar an mheán, in aghaidh na bliana. Idir 1900 agus 1909 fuair 6,500 leanbh bás in aghaidh na bliana sular shroich siad a gcéad bhreithlá.¹⁵⁰ Cuireann Jacinta Prunty síos ar dhrochstaid na gcathracha mar seo a leanas:

Children remained the main victim of slum conditions ... At the beginning of the century children were beginning to be noticed as individuals susceptible to neglect and ill-treatment ... The Royal Commission on the Poor Law and relief of distress noted in 1904 that more than 50 per cent of the 1,250 families it investigated had less than the necessary minimum income of £1 per week to support a family of 2 adults and 2 children.¹⁵¹

Níor chóir dearmad a dhéanamh go raibh éifeacht na himirce ag déanamh slad ar dhaonra na hÉireann go fóill. Ní haon ionadh, mar sin, nach raibh éileamh láidir in achan áit ar an oideachas, gan trácht ar oideachas trí Ghaeilge. Meastar nach raibh ach 66,000 duine sa tír i 1891 nár labhair ach Gaeilge amháin, rud a léiríonn go raibh an Béarla tar éis scaipeadh go dtí beagnach gach cuid den tír.¹⁵² Luadh cheana go raibh fadhb na neamhláithreachta coitianta ar fud na tíre. Ba chúis bhuíochais é seo, dar le Pádraig Ó Máille (2.6.1), mar gurbh í an neamhláithreachta a rinne cosaint ar Ghaeilge na bpáistí ó Bhéarla an tí scoile.¹⁵³

Tá tuiscint an Chonartha faoin dátheangachas le ceistiú fosta. Ba chomhthéacs sóisialta gallda a bhí i réim in Éirinn. Ba é leathadh an Bhéarla i measc mhuintir na hÉireann príomhchuspóir an chóras oideachais. Ba é an Béarla teanga oifigiúil na meán. Bhí muintir na hÉireann ag tiontú i dtreo an Bhéarla. Leis an bhorradh a tháinig faoi gheilleagar na hÉireann, go háirithe in oirthear agus i dtuaisceart na

tíre, bhain an Béarla stádas teanga gnó na ndaoine amach.¹⁵⁴ An Béarla a bhí á chur i bhfeidhm sna scoileanna Náisiúnta. Mar sin bhí an lámh in uachtar faighte ag an Bhéarla ar mheon agus ar anam mhuintir na hÉireann ag tús an fichiú haois, agus bhí an creimeadh ar an Ghaeilge sna ceantair Ghaeltachta ag bailiú nirt. Bhí stádas an Bhéarla fréamhaithe mar riachtanas beatha fán am seo i saol mhuintir na hÉireann.¹⁵⁵

Ba chuid de pholasaí rialtais é anois an Clár Datheangach agus bheadh torthaí ag brath ar an obair bhí á déanamh i scoileanna Náisiúnta na gceantar Gaeltachta. Bhí deacrachtaí bunúsacha eile le sárú go fóill agus ba é sin easpa oiliúna na n-oidí agus leisce na gcoláistí oiliúna stáit i leith na hoiliúna do theagasc na Gaeilge. Ba chonstaicí móra iad seo do i chur i gcrích bhrionglóid an Chonartha san oideachas.

¹ Luaite in Shán Ó Cuív, *The problem of Irish in the schools* (Baile Átha Cliath 1936), 18.

² Thomas Walsh, *Primary education in Ireland 1897-1990: curriculum and context* (Bern 2012), 75-6.

³ An coimisiún um athbheochan na Gaeilge, *An tuarascáil dheiridh* (Baile Átha Cliath 1969), 18.

⁴ Pádraigín Ní Cheallaigh, 'An Ghaeilge sa chóras oideachais 1919-1929' in Liam Mac Mathúna agus Ciarán Ó Coigligh (eag.), *Teagasc na Gaeilge 4* (Baile Átha Cliath 1985), 113.

⁵ Cólmán Ó hUallacháin, *The Irish and Irish* (Baile Átha Cliath 1994), 119.

⁶ Thomas Walsh, *Primary education in Ireland*, 80.

⁷ *Tuarascáil an chonartha*, 30 Meán Fómh., 1897, 24, luaite ag Ó Súilleabháin, *op. cit.*, 6.

⁸ *Ibid.*, 6.

⁹ In alt in *Taighde agus teagasc* Imleabhar 3, 153-171 déanann Áine Ní Chianáin tagairt don téarmaíocht Ghaeilge atá ag Dónal P. Ó Baoill chun castacht cheist an dátheangachais a léiriú. De réir an údair tá ceithre chineál dátheangachais ann: i. i gcás an Dátheangachais Suimnigh, bíonn ardchumas ins an dá theanga ag an chainteoir; ii. i gcás an Dátheangachais Ceannasaigh, bíonn cumas cainteora dhúchais i dteanga amháin agus cumas níos laige sa dara teanga; iii. Leis an Dátheangachas Dealaioch bíonn an chéad teanga ag dul i léig agus an dara teanga ag dul chun cinn sa chainteoir agus iv. i gcás an leath-dátheangachais bíonn cumas lag ins an dá theanga.

¹⁰ Thomas Davis, 'Our national language' in *The Nation*, 1843, luaite in Thomas A. O'Donoghue, *Bilingual education in Ireland, 1904-1922* (Perth 2000), 24.

¹¹ J.E. Caerwyn Williams agus Máire Ní Mhuiríosa, *Traidisiún liteartha na Gaeilge* (Baile Átha Cliath 2001), 315-335.

¹² Féach Séamus Ua Casaide, 'Philip Barron's Irish college' in John S. Crone (ed.), *The Irish book lover 4* (Dublin 1913), 77-80.

¹³ Donncha Ó Súilleabháin, *Cath na Gaeilge sa chóras oideachais 1893-1911* (Baile Átha Cliath 1988), 5.

¹⁴ *Ibid.*, 5.

¹⁵ Walsh, *Primary education in Ireland*, 78.

¹⁶ Ó Súilleabháin, *Cath na Gaeilge sa chóras oideachais*, 5.

- ¹⁷ Gearóid Mac Giolla Domhnaigh, *Conradh na Gaeilge Chúige Uladh ag tús an 20ú chéid* (Béal Feirste 1995), 36.
- ¹⁸ *Ibid.*, 83.
- ¹⁹ *Ibid.*, 87.
- ²⁰ *Ibid.*, 88.
- ²¹ *Ibid.*, 89.
- ²² *Ibid* 100-134.
- ²³ Ó Súilleabháin, *Cath na Gaeilge sa chóras oideachais*, 6.
- ²⁴ *Daily Express*, 16 Aibr., 1904, 3. Féach O'Donoghue, *Bilingual education*, 129-133.
- ²⁵ *Daily Irish Independent*, 20 Ean., 1904, 2. 'As we go to press we learn that the Commissioners for National Education have just appointed a special staff of Irish Inspectors, whose sole duty will be to examine Irish. The head of the staff is Mr. D. Lehane, B.A., who is appointed Chief Irish Inspector, will have a general supervision over the teaching and examining of Irish, and will besides have special charge for mid-Leinster and North Connacht to Sligo. Mr. O'Lehane's headquarters will in future be Dublin, and not Galway, as heretofore. Mr. P. Newell takes charge of Co. Galway and Mayo; Mr. Mangan of Belfast, the North of Ireland generally; Mr. P.J. Fitzgerald of Waterford, Tipperary and South Leinster, including Wexford, and Mr. E. Duffy of Cork and Kerry.' Féach fosta www.hansard.millbanksystems.com/commons/1905/jun/23/irish-national-board-of-education; Ceadaithe 6 Bealtaine 2013).
- ²⁶ Ó Súilleabháin, *Cath na Gaeilge sa chóras oideachais*, 9.
- ²⁷ Dubhghlas De hÍde, *Mise agus an Connradh* (Baile Átha Cliath 1931), 120.
- ²⁸ *Ibid.*, 120.
- ²⁹ *Ibid.*, 120. Thóg bainisteoirí cheantar Chaisleáin Uidhílin, Co. an Dúin an cinneadh céanna. Seo a leanas mar a chuir an *Daily Irish Independent*, 27 Ean. 1904 ar na himeachtaí seo: 'The school managers in the Castlewellan district (Co. Down) have come together, and resolved in all future appointments to the position of national teacher in the district, preference will be given to those possessing a knowledge of Irish. They have furthermore requested the teachers, at present in charge of the schools to teach Irish, if they are competent to do so, and if not competent, to qualify as soon as possible. This resolution will affect over 1200 children. In Wexford and in the Diocese of Kilala, where the managers have taken concerted action, the language is flourishing in the schools. We have no doubt that a similar impetus will be given to Irish in the Castlewellan schools, arising out of the practical and patriotic resolution of the Managers.'
- ³⁰ *ACS*, 20 Meith., 1908, 9.
- ³¹ De hÍde, *Mise agus an Connradh*, 138.
- ³² *Ibid.*, 137-8.
- ³³ *Daily Irish Independent*, 20 Bealt., 1904, 2.
- ³⁴ *Ibid.*, 14 Méan Fómh., 1904, 2.
- ³⁵ *Ibid.*, 17 Bealt., 1901, 2.
- ³⁶ *Irish Times*, 22 Bealt., 1901, 3.
- ³⁷ *Ibid.*, 9 Aib., 1901, 6. D'fhreagair Edmund E. Fournier, Deilignis, litir Sheldon, 9 Aibreán 1901, 3.
- ³⁸ *Irish Times*, 11 Aib., 1901, 9.
- ³⁹ De hÍde, *Mise agus an Connradh*, 25. Seo mar a bhí an téacs ón *Times*, 4 Deireadh Fómhair, 1882: 'To lavish ardour on bribing teachers and school children to learn a language which can teach them nothing and by which they can learn nothing is like endowing a day labourer with a machine to test gold ... The predetermined futility of the enterprise will not the less induce a sense of disappointment and vexation. Many creatures, vegetable and animal, are most interesting as specimens which are neither desirable nor possible objects of cultivation.'
- ⁴⁰ *Ibid*, 130-1.
- ⁴¹ *Irish Times*, 22 Bealt., 1901, 3.
- ⁴² *Ibid.*, 22 Bealt., 1901, 6.
- ⁴³ *Ibid.*, 23 Bealt., 1901, 3.
- ⁴⁴ De hÍde, *Mise agus an Connradh*, 119.
- ⁴⁵ *Irish Times*, 22 Bealt., 1901, 6.
- ⁴⁶ *Daily Irish Independent*, 18 Feabh., 1904, 2.
- ⁴⁷ De hÍde, *Mise agus an Connradh*, 119-120.
- ⁴⁸ *Ibid.*, 120.
- ⁴⁹ *Daily Irish Independent*, 18 Feabh., 1904, 2.
- ⁵⁰ *Ibid.*, 2.
- ⁵¹ O'Donoghue, *Bilingual Education*, 56.

- ⁵² Ibid., 57.
- ⁵³ Ibid., 57.
- ⁵⁴ *Daily Irish Independent*, 2 Márta, 1904, 2.
- ⁵⁵ *Freeman's Journal*, 7 Márta, 1904.
- ⁵⁶ Ibid., 8 Aibr. 1904.
- ⁵⁷ Walsh, *Primary education in Ireland*, 80-1.
- ⁵⁸ Áine Hyland and Kenneth Milne (eds.), *Irish educational documents vol. 1* (Dublin 1987), 163-165.
- ⁵⁹ Ibid., 163.
- ⁶⁰ O'Donoghue, *Bilingual education*, 56
- ⁶¹ Ibid., 56.
- ⁶² Fógaiodh in ACS, 14 Bealt., 1903, 4 'classes for the Board teaching certificate in Castlebellingham; Tomás de Barra organising; no fee. But those joining must pay 5s. to Castlebellingham Craobh'.
- ⁶³ Ibid., i nóta 17, 145.
- ⁶⁴ O'Donoghue, *Bilingual education*, 2.
- ⁶⁵ Hyland, Milne, *op. cit.*, 164-5. Tugann O'Donoghue, *Bilingual education*, 50, an t-eolas seo a leanas faoi théacsleabhair: 'No specific text books except in First Standard ... In submitting books for approval it should be borne in mind that no mere phrase book having English and Irish Translations can be sanctioned'.
- ⁶⁶ Tógtha as *programmes for instruction for national schools, published in appendix to the annual report of the commissioners of national education, 1905. H.C. 1906 (Cd. 3154) xxix 635.*, *programme for the infants in schools without infant departments*. Hyland, Milne, *op. cit.*, 163.
- ⁶⁷ Ibid. 164.
- ⁶⁸ Ó Súilleabháin, *Cath na Gaeilge*, 2.
- ⁶⁹ ACS, 15 Nollaig, 1900, 633.
- ⁷⁰ Ó Suilleabháin, *Cath na Gaeilge*, 2-3.
- ⁷¹ Ibid., 3.
- ⁷² De hÍde, *Mise agus an Connradh*, 100.
- ⁷³ ACS, 29 Márta, 1902, 49.
- ⁷⁴ Walsh, *Primary education in Ireland*, 79.
- ⁷⁵ *Irish Schools Weekly*, 30 Bealt., 1908.
- ⁷⁶ ACS, 20 Meith., 1908, 1.
- ⁷⁷ Ibid., 1.
- ⁷⁸ Ibid., 1.
- ⁷⁹ *Irish Schools Weekly*, 30 Aibr., 1910.
- ⁸⁰ *Connaught Tribune*, 2 Deir. Fómh., 1909.
- ⁸¹ O'Donoghue, *Bilingual education*, 50.
- ⁸² Ibid., 129-133.
- ⁸³ Ibid., 80.
- ⁸⁴ Ibid., 81.
- ⁸⁵ Ibid., 80-1.
- ⁸⁶ Tugann O'Donoghue, *Bilingual education*, 82-5, cur síos cuimsitheach ar na deacrachtaí a bhain le cúrsaí amchláir agus ar theagasc na n-ábhar eile trí Bhéarla sna scoileanna dátheangacha.
- ⁸⁷ ACS, 2 Samh., 1907, 7. Féach fosta www.anrinn.com, áit ar a dtugtar eolas faoi 'Scoil an Chadhlaidh', a chur Pádraig Ó Cadhla ar bun sa bhliain 1903 chun freastal ar chuariteoirí a tháinig chun na Rinne chun Gaeilge a fhoghlaim. Ba é seo tús Choláiste na Rinne. Osclaíodh meánscoil faoi choimirce an choláiste Gaeilge. Ba é Ó Cadhla agus ina dhiaidh Seán Ó Corraoin a reachtáil an scoil. 'Do fhreastal deichniúr de mhuintir na háite ar an Scoil seo, san chéad bhliain. Sa bhliain 1909 cuireadh fearaistí ar fáil do scoláirí comhnaithe sa Mheán Scoil. Cé gur lean an dá scoil ar feadh roinnt bhlianta – an scoil chomhnaithe go dtí 1915 agus an scoil lae go dtí 1918 níor éirigh leo de dheasca easpa scoláirí ainneoin tréan iarrachta iad a choimeád ar siúl.'; Ceadaithe 1 Meitheamh 2013.
- ⁸⁸ Ibid., 7
- ⁸⁹ Ibid., 19 Deir. Fómh., 1907, 7.
- ⁹⁰ Ibid., 7.
- ⁹¹ *Daily Irish Independent*, 26 Aibr., 1904, 2.
- ⁹² Ibid., 27 Aibr., 1904, 2.
- ⁹³ Commissioners of national education (1910), 75th. *Report for 1908-1909*, appendix, section 1, Mr.

Mangan, examiner and inspector of Irish, pp.136-143, luaite in Walsh, op. cit., 79.

⁹⁴ ACS, 15 Deir. Fómh., 1904, 6-7.

⁹⁵ Ibid., Ean., 2,4; Ean., 9, 2; Ean., 16,4 agus 23 Ean., 1904, 4.

⁹⁶ Ibid., Aibr., 23, 6 & Aibr., 30; Bealt., 7 & 21 1904, 6.

⁹⁷ Ibid., 24 Meán Fómh., 6; Deir. Fómh., 8, 6; 22, 6 agus 29, 6 agus 5 Samh., 1904, 7.

⁹⁸ Ibid., Aibr., 7, 6 agus 21 Aibr., 1906, 6.

⁹⁹ Ibid., 27 Deir. Fómh., 1907, 6; 29 Feabhra, 6; Meith., 20, 6 agus 30 Meith., 1908, 6.

¹⁰⁰ Ibid., 7 Bealt., 1904, 6-7.

¹⁰¹ Ibid., 2 Ean., 1904, 4.

¹⁰² Ibid., 4.

¹⁰³ Ibid., 4.

¹⁰⁴ Ibid., 4.

¹⁰⁵ Ibid., 4.

¹⁰⁶ Ibid., 16 Ean., 1904, 4.

¹⁰⁷ Ibid., 4.

¹⁰⁸ Ibid., 4.

¹⁰⁹ Ibid., 4.

¹¹⁰ Ibid., 4.

¹¹¹ Ibid., 4.

¹¹² Ibid., 4.

¹¹³ Féach ACS, 23 Ean., 1904, 4; 21 Bealt., 1904, 6-7 agus 22 Deir. Fómh., 1904, 6.

¹¹⁴ Ibid., 16 Ean., 1904, 6.

¹¹⁵ Ibid., 23 Aibr., 1904, 6.

¹¹⁶ Ibid., 30 Aibr., 1904, 6. Tógann sé ceist na gcigirí arís in ACS, 29 Deir. Fómh. 1904, 6-7.

¹¹⁷ Ibid., 7

¹¹⁸ Ibid., 21 Bealt., 1904, 7.

¹¹⁹ Ibid., 7.

¹²⁰ Ibid., 7.

¹²¹ Ibid., 28 Meán Fómh., 1904, 6-7.

¹²² Ibid., 6.

¹²³ Ibid., 7.

¹²⁴ Ibid., 8 Deir. Fómh., 1904, 6.

¹²⁵ Ibid., 6.

¹²⁶ Ibid., 6.

¹²⁷ Ibid., 7.

¹²⁸ Ibid., 7.

¹²⁹ Ibid., 29 Deir. Fómh., 1904, 6-7.

¹³⁰ Ibid., 7.

¹³¹ ACS, 29 Deir. Fómh. 1904, 6-7.

¹³² Féach Mac Giolla Domhnaigh, *Conradh na Gaeilge Chúige Uladh*, 146-7. Ina chuntas faoi na scoileanna Náisiúnta i nDún Fionnachaidh deir Tomás Ó Concheanainn an méid seo a leanas faoi Shorcha Ní Churraoin, an t-oide i Scoil Mhás an Easa, '[bhí] sí gan Ghaeilge, agus go ndúirt sí, "Ní féidir liom í a fhoghlaim. Labhraíonn na daoine róghasta. Milleannn [sic.] sí blas an Bhéarla. Teagashtar amhráin Bhéarla amháin"'. Ba é an scéal céanna ag Iníon Mhic Uilcín i Scoil an Chraoslaoidh. 'Níl Gaeilge aici. "Téann mo dhaltai go Sasain, go Meiriceá, go hAlbain agus cad é an mhaith dóibh ansin an Ghaeilge?"' Agus is léir go raibh an múinteoir scoile i gCoill Darach tiontaithe go hiomlán i gcoinne na Gaeilge i ngeall ar eachtra thubaisteach a tharla le timire an Chonartha. Tugadh le fios nár lig an múinteoir, Pádraig Mac Giolla Chomhaill, an timire isteach sa scoil agus 'ní thabharfaidh sé líon na ndaltaí dom as siocair 'go ndearn mé eala mhagaidh de agus dá scoil nuair a bhí mé ann le deireanas'. Ba é a dúirt mé ag an am sin, 'Tá an múinteoir anseo le bliain déag anuas agus níl aon fhocal Gaeilge aige. D'inis mé bréag, tá 11 focal Gaeilge agus sin ocht gcinn sa bhreis ar a bhfuil ag an Bhreitheamh Rosach nó níl aigesean ach "conas atá tú"!'.

¹³³ ACS, 29 Deir. Fómh., 1904, 6-7.

¹³⁴ ACS, 5 Samh., 1904, 6.

¹³⁵ Ibid., 6.

¹³⁶ Ibid., 6.

¹³⁷ ACS, 7 Aibr., 1906, 8.

¹³⁸ ACS, 5 Samh., 1906, 7.

¹³⁹ Ibid., 21 Aibr. 1906, 6.

-
- ¹⁴⁰ Ibid., 6.
- ¹⁴¹ ACS, 29 Feabh., 1908, 9.
- ¹⁴² Ibid., 9.
- ¹⁴³ Ibid., 9.
- ¹⁴⁴ Diarmaid Ferriter, *The transformation of Ireland 1900-2000* (Dublin 2005), 30.
- ¹⁴⁵ *The Leader*, 1 Meán Fómh. 1900, 1.
- ¹⁴⁶ Valerie Jones, *A gaelic experiment - the preparatory system 1926-1961 and coláiste Móibhi* (Dublin 2006), 3.
- ¹⁴⁷ Ibid., 98.
- ¹⁴⁸ John Logan, *Teachers union: the TUI and its forerunners in Irish education 1899-1994* (Dublin 1999) in Ferriter, *The transformation of Ireland*, 89.
- ¹⁴⁹ Ferriter, *The transformation of Ireland*, 30.
- ¹⁵⁰ Ibid., 46.
- ¹⁵¹ Jacinta Prunty, *Dublin slums – 1800-1925, a study of urban geography* (Dublin 1999), 153, luaite in Ferriter, *The transformation of Ireland*, 49.
- ¹⁵² Ferriter, *The transformation of Ireland*, 98.
- ¹⁵³ Dubhghlas de hÍde, *Mise agus an Connradh* (Baile Átha Cliath 1936), 106.
- ¹⁵⁴ Adamson, Ian, www.ianadamson.net/notes/language/htm., ‘The Language of Ulster’, 2008; Ceadaithe 6 Meitheamh, 2012.
- ¹⁵⁵ Wall, Maureen, ‘The decline of the Irish language’, in Brian Ó Cuív (eag.), *A view of the Irish language* (Baile Átha Cliath 1969), 82.

3.

**Constaicí i gcur i bhfeidhm an chláir
dhátheangaigh: oidí agus oiliúint**

4.0.0. An mhoill i gcur i bhfeidhm an chláir dhátheangaigh

Cuireadh milleán na moille a tharla i gcur i bhfeidhm an chláir dhátheangaigh ar an Bhord Náisiúnta agus tá an fhianaise le feiceáil go raibh cuid den mhilleán sin tuillte aige. Ba pholasáí dearfach é agus aithníodh tábhacht an pholasáí nuair a fógraíodh é in Aibreán 1904 (3.0.0). Bhí an baol ann, áfach, gur pholasáí ar pháipéar amháin a bheadh ann, de bharr ‘leisce’ an Bhoird agus na constaicí a bhí le sárú ag an Bhord chun na coinníollacha cuí a chur in áit. Bhain na constaicí seo go bunúsach le caighdeán teagaisc cuid mhaith na n-oidí scoile a bhí ann ag an am, lena ndearcadh i leith na Gaeilge agus leis an ghanntanas oiliúna i dteagasc na Gaeilge a bhí ar fáil do na hoidí scoile sin. D’aithin Coimisiún Powis an géarghá seo thiar sa bhliain 1870 ach bhuail uair na práinne i dtaobh theagasc na Gaeilge nuair a d’eisigh an Bord rialacha an chláir nua i 1904. Bheadh gá mar sin dul i ngleic le ceist chaighdeán oiliúna na múinteoirí agus le dearcadh na gcoláistí oiliúna, nach raibh ag cur oiliúna ar ábhar múinteoirí i dteagasc na Gaeilge. Ba chóir a lua anseo nach raibh an Ghaeilge éigeantach mar cháilíocht iontrála sna coláistí oiliúna ag an am seo.

4.1.0. Na constaicí - na múinteoirí

Thuig gach éinne a raibh baint aige/aici leis an chóras oideachais náisiúnta agus le gluaiseacht shlánú na Gaeilge go raibh bearna mhór le líonadh i dtaobh chaighdeán agus ábaltacht na n-oidí scoile chun coinníollacha an chláir dhátheangaigh a chur i bhfeidhm. I 1905, mar shampla, bhí an méid seo a leanas le rá ag an Chigire Daltúin, Cigire an Bhoird i gceantar Luimnigh, tar éis dó cuairt a thabhairt ar scoil i gCo. an Chláir.

In the Clare section of the circuit the number has probably trebled, influenced by the tempting results fees, classes have been started by many teachers who knew so little of the language that they might well have sat for instruction themselves in the same benches as their own scholars.¹

Leanann Dalton leis mar seo a leanas:

A lady teacher whom I found in this plight impressed me with her candour by confessing that, in order to succeed in learning the elements of the language, she found the concurrent teaching of them indispensable. Going over the matter with her class of pupils proved more serviceable to her progress than the private study of phrase books and grammar. That the teaching of the language should be taken by people so destitute of qualification ... is, of course, a serious abuse.²

Bhí an droch-chás seo coitianta ar fud na tíre agus go háirithe sna ceantair Ghaeltachta ina raibh an clár dátheangach le cur i bhfeidhm iontu. Chonaic an Cigire Ó Dufaigh na deacrachtaí a bhain le teagasc an chláir agus é ag tabhairt cuairt cigireachta ar scoileanna Náisiúnta dátheangacha i gCo. Chiarraí, nuair a scríobh sé ina thuarscáil ‘even the native-speaking Irish teachers find it easier to impart instruction in the mode in which they have been trained’.³ Is amhlaidh a bhí an scéal chomh déanach le 1909 nuair a thug an cigire Mangan cuairt ar scoileanna Thír Chonaill, Mhaigh Eo agus Phort Láirge. Luaigh sé na deacrachtaí seo a leanas a sheas i mbealach chur i bhfeidhm an chláir:

1. Want of satisfactory knowledge of the literary language on the part of the teachers.
2. Want of working knowledge of Irish by the pupils.
3. Ignorance of the requirements of bilingual teaching.
4. Inadequate or slipshod preparation for work on the part of the teacher.
5. Lack of suitable text-books.⁴

De réir thuarascálacha na gcigirí ba bheag scoil Náisiúnta ina raibh an clár dátheangach á gcur i bhfeidhm go héifeachtach fá dheireadh na bliana 1910. Síneann O’Donoghue an mhéar cháinteach i dtreo an ghanntanais oiliúna i modhanna an teagaisc dhátheangaigh.⁵

4.1.1. An Piarsach agus na múinteoirí

Thuig an Piarsach go mbeadh slánú na teanga in earnáil an oideachais ag brath, den chuid is mó, ar na múinteoirí, ar a ndeachoil agus ar a bproifisiúntacht, ach bhí na deacrachtaí a chonaic na cigirí le feiceáil fosta i dtuarascálacha thimírí an Chonartha agus iad ag taisteal ar fud na tíre (Féach 2.6.1- 3). Dhírigh sé ar an ghanntanas múinteoirí le Gaeilge agus é ag scríobh in *An Claidheamh Soluis*, 30 Aibreán 1904, agus chaith sé neart ama ag díriú ar mheon na n-oidí seo i leith na Gaeilge agus i leith an chláir dhátheangaigh ach ba iad na múinteoirí seo ‘the chief obstacle in the way of the scheme’.⁶ Dhírigh sé ar a n-easpa oiliúna mar seo a leanas:

The utter lack of training amongst the teachers, the utter unfitness of so many of the present teaching staff in Irish-speaking districts to undertake the workings of anything so complicated as a bilingual system. The teachers are now brought face to face with a system of which they had no previous experience, and of the elementary principles of which the vast majority of them have not even the haziest notions. This state of affairs can be met only in one way: facilities must be supplied for the training of teachers in the theory and practice of bilingual education as worked in Belgium.⁷

Leag an Piarsach ualach na hoibre a bhain leis an chlár dátheangach ar na bainisteoirí agus ar na múinteoirí seo, ‘on whom the responsibility now rests and not on the National Board,’ in *An Claidheamh Soluis*, 7 Bealtaine 1904, agus dúirt sé, ‘Heretofore it was the Board that was on trial; now it is the country’.⁸ D’impigh sé ar mhuintir na hÉireann, sna ceantair Ghaeltachta agus Ghalltachta araon, glacadh leis an chlár dátheangach:

The country, we hope, will not be found wanting. It will be remembered that in February 1900, nearly 200 managers, representing 1,007 schools in districts where Irish is commonly spoken, presented a memorial demanding that a system of education on bilingual lines be immediately established for such districts. Now the desired concession has been made. And it is not in purely Irish-speaking districts alone that the system can be introduced ... We now see nothing to prevent the signatories to the memorial referred to from having their schools conducted on

bilingual lines as they themselves demanded ... We shall view developments with interest and confidence.⁹

Léirigh an Piarsach a mhíshásamh agus a mhífhoighne i dtaobh na n-oidí ar bhonn leanúnach agus go háirithe ina leith siúd a bhí fostaithe sna ceantair Ghaeltachta agus nach raibh an Ghaeilge acu. I 1905 d'ionsaigh sé an cleachtas seo in *Education in the Gaeltacht* nuair a scríobh sé an méid seo a leanas: 'Coming to the teachers, there are many of them in Irish-speaking districts who cannot speak the native tongue, and are, consequently, incapable of teaching an Irish school'.¹⁰ Níor stop an Piarsach leis na múinteoirí agus é ag díriú na méire ar ghalldú na scoileanna. Bhí muintir na hÉireann agus go háirithe muintir na Gaeltachta ciontach freisin as an neamhaird a léirigh siad nuair a ghlac siad leis an stádas reatha seo.¹¹ Ba phort leanúnach é an cáineadh seo.

4.1.2. An t-oide scoile, an Ghaeilge agus ceist an náisiúnachais

Chreid an Piarsach go raibh sé ar chumas an mhúinteora an Ghaeilge a scrios nó a spreagadh ina chuid daltaí. Chuaigh sé i mbun agóide chun freagracht an mhúinteora i ngluaiseacht na teanga a shoiléiriú ó Bhealtaine 1903 ar aghaidh. Chreid sé go mbeadh na múinteoirí ag croílár athGhaelú an chórais oideachais ach ní bheadh sa chuspóir sin ach aisling rómansúil gan múinteoirí Gaelacha a raibh an Ghaeilge acu agus a bhí in ann an Ghaeilge a theagasc. Tharraing an Piarsach an cheist seo anuas i Samhain 1903:

Irish is now being taught under one form or another in something like 3,000 National Schools. In how many of these is a working knowledge of the living language being imparted? In how many of them is a serious effort being made to impart such a knowledge? In how many of them have even the preliminary steps towards making such an effort been taken? The essential appears to us to be (1) competent Irish-speaking teachers; (2) oral instruction; and (3) profitable and attractive programmes.¹²

Léiríonn sé, mar shampla, tábhacht an mhúinteora in insealbhú na teanga ins na páistí a bheadh os a chomhair amach sa seomra ranga. B'shin freagracht an mhúinteora, freagracht nach raibh á comhlíonadh ag na hoidí. Seo a leanas a bhí le rá aige in eagrán 12 Nollaig 1903:

A teacher worth his salt can make the Irish lesson the most fascinating part of the day's work; a teacher who either does not know the language, or who, knowing the language does not know how to teach it, can succeed in making the Irish lesson wholly repulsive and unpopular, and this in spite of the fact that Irish is the one subject of the school programme which makes an appeal to the child's imagination and heart ... In fact we frequently come across statements to the effect that the children largely absent themselves from school on the day when Irish is appointed to be taught ... This state of affairs infallibly points, not to a low ebb in patriotism in the district, but to inefficient and uninteresting teaching. When the teacher has the right spirit and the faculty of making his teaching interesting, our experience is that children invariably respond.¹³

Ghlac an Píarsach air féin ceist na míabaltachta seo a cheistiú. Thug sé 'obstacles in the way of Gaelising the "National" school'¹⁴ ar a leithéid de mhúinteoir. Ba chonstaicí iad i nGaelú an chórais oideachais, ach dar leis, níorbh iad na múinteoirí amháin a bhí ciontach. Thiontaigh sé ar an Bhord. Dar leis bhí a mianta féin ag na coimisinéirí agus, de réir cosúlachta ag na bainisteoirí a raibh cumhacht agus freagracht acu nach raibh ag na múinteoirí. Thug sé 'managers who pose as zealous Irish Irelanders' i mBealtaine agus arís i Nollaig 1903 orthu siúd a d'fhostaigh múinteoirí gan Ghaeilge ins na scoileanna Náisiúnta. Chuir sé i leith na mbainisteoirí go mbíonn siad ag comhoibriú leis na coimisinéirí chun bac a chur ar athGhaelú an chórais oideachais.¹⁵

Fiú nuair a bhí an bhunfhadhb sin réitithe is léir go raibh ceist ann maidir le tuiscint na múinteoirí ar an oideachas é féin. Cheisitigh sé ábaltacht na bpáistí an Ghaeilge a

fhoghlaim nuair a bhí clár leamh agus siollabas leadránach á mbrú orthu. Dar leis an bPiarsach dhéanadh an easpa samhlaíochta seo níos mó dochair don Ghaeilge.

There is no reason on the face of the earth why teachers should continue to torture children by inflicting ‘Mac-Ghníomhartha Fhinn’, or Part II of ‘Foras Feasa ar Éirinn’ on them ... By the selection of attractive books – say ‘An Prímhleabhar’, ‘An Chéad Léightheoir’, ‘Ceachta Beaga Gaedhilge’, and such simple texts as ‘Tadhg Gabha’, ‘Taidhbhse an Chrainn’, ‘Seaghan an Díomais’, and the like – teachers, provided that they can superadd an interesting method of imparting instruction, may make the half-hour or hour spent at Irish the most enjoyable part of the whole day.¹⁶

4.1.3. Ó cháineadh go cúnaimh – comhairle an Phiarsaigh

D’aithin an Piarsach nach mbeadh mórán i ndán don chlár dhátteangach nó fiú do ghluaiseacht na Gaeilge gan múinteoirí a bhí oilte agus cáilithe, ach thuig sé fosta nár leor an focal cáinteach agus é ag iarraidh tábhacht na gluaiseachta a spreagadh i measc na n-oidí. Cé go bhfuil an fhearg agus an frustrachas le feiceáil ann i gcónaí, feictear freisin an t-oidéachasóir ag teacht chun tosaigh ins an chomhairle a thugann sé don té atá i mbun theagaisc na Gaeilge sna scoileanna Náisiúnta. Seo a leanas mar a dhéanann sé iarracht tábhacht na Gaeilge a chur ina luí ar a chuid léitheoirí in *An Claidheamh Soluis* i mBealtaine 1903:

The teaching of Irish need not be confined within the half-hour or hour laid down in the programme. Both in the Irish-speaking and in the English-speaking areas, the most valuable part of the Irish teaching is that which can be introduced incidentally throughout the entire course of the day. Teachers, can, in fact, make the school atmosphere as Irish or as un-Irish as they please; they can do much to impart a speaking knowledge of Irish without ever setting it down as a subject on their programme; on the other hand, they may wear themselves out in the effort to teach it as a specific subject, without accomplishing anything of national or educational value. It is all a question of spirit, adaptability to circumstances, and method.¹⁷

Ní raibh aon amhras ar an Phiarsach ach go raibh tábhacht ar leith ag baint leis an mhúinteoir sa chóras oideachais Gaelach seo. Bheadh an múinteoir ina spreagadh ionsparáide dá dhaltaí i dteach na scoile. Leanann sé leis,

Every moment and incident of the school life may be made to contribute its quota towards fostering Irish nationality, Irish self-respect and Irish culture. The lessons that count for most are not those extracted from text-books but those which the pupils unconsciously draw from the precept and example, the personality and the habits, the daily life and conversation of the teacher.¹⁸

In ainneoin na ndeacrachtaí a bhain le múinteoirí nach raibh líofa sa Ghaeilge ní raibh leisce air agus é ag cur béime ar an fhocal labhartha sa seomra ranga. D'fhéadfadh an t-oide, mar shampla, a bheith mar a bheadh máthair an pháiste, agus é i mbun oideachais béil.

In the first place, the teacher should himself talk Irish constantly, not only for the purpose of accustoming the children to the sound of the language, but with the object of encouraging them to regard Irish not merely as a desirable literary acquirement, but as a living instrument of thought to be used always and for all purposes, as a mere matter of course.¹⁹

Dhéanfaí é seo trí chomhthéacs cultúrtha a chruthú chun go mbeadh foghlaim na teanga nádúrtha ins an seomra scoile. Bhí stráitéisí bunúsacha le moladh ag an Phiarsach. Ina measc siúd mhol sé:

- scairteadh an rolla a ghlaoch i nGaeilge;
- an Ghaeilge a úsáid i ngach teagmháil béil a bheadh ag an mhúinteoir leis an bpáiste agus leagan Gaelach ainm an pháiste a úsáid
- múineadh na bpaidreacha, eolas diaga, amhráin agus dánta éadroma i nGaeilge
- úsáid a bhaint as an Ghaeilge chun an páiste a mholadh agus a cheartú i gcónaí
- Mhúinfi corpoideachas trí mheán na Gaeilge agus spreagfaí na páistí chun an Ghaeilge a labhairt eatarthu féin.²⁰

Bheadh sé le tuiscint go mbeadh na múinteoirí seo inníoch agus faiteach agus iad ag iarraidh dul i mbun na hoibre breise seo a bheadh ag dul leis an chur chuige nua seo. Thuig an Piarsach a gcás. I Meán Fómhair 1904 scríobh sé seo a leanas:

The teacher will be required to devote more time to thinking out his day's work, to preparing his lesson beforehand, to organising his classes. But increased trouble is incidental to increased efficiency; all good teaching, as we have so often pointed out, makes large demands on the time and thought and energy and patience of the teacher.²¹

Is léir go raibh na hoidí scoile Náisiúnta faiteach agus iad ag dul i ngleic leis na héilimh nua a bheadh ag dul lena ngairm. Bheadh níos mó i gceist ná uair an chloig sa lá, dar leis an Phiarsach. Molann sé cur chuige '[where] the most valuable part of the Irish teaching is that which can be introduced incidentally throughout the entire course of the day.'²²

4.1.4. Teannas idir Cumann Múinteoirí Éireann agus Conradh na Gaeilge

Níl aon amhras ann ach gur chaith an Piarsach é féin go hiomlán taobh thiar d'fheachtas athGhaelú an chóras oideachais agus an chlár dhátheangaigh, agus ba chuma leis dá mbeadh focal searbh nó dhó le rá aige i dtaobh na laigí ba mhó a d'aithin sé chun cuspóirí oideachasúla an Chonartha a bhaint amach. Ní raibh ach lominsint na fírinne i gceist aige, dar leis. Ní haon ionadh é, mar sin, gur chuir tuairimí an Phiarsaigh olc agus buairt ar dhaoine áirithe, múinteoirí na Gaillimhe ina measc. Ag deireadh mhí Bealtaine 1904 foilsíodh litir ins an *Daily Irish Independent*, sínithe ag R.M. Curtin agus Thomas J. McCormack, rúnaithe chraobh Chumann Múinteoirí Éireann, Gaillimh, ina ndearna siad gearán faoi na tuairimí sin a nocht sé faoi oidí scoile áirithe in alt in *An Claidheamh Soluis*, 14 Bealtaine 1904. Bhí oidí na Gaillimhe chomh corraithe sin leis nach raibh siad sásta a ngearán a chur in iúl i leathanaigh *An Claidheamh Soluis*, ar an eagla nach bhfaighidís

cothrom na féinne óna eagarthóir, nó fiú, go bhfoilseofaí an litir. Tá sé soiléir ó hábhar na litreach go raibh an Píarsach i ndiaidh fearg na ndúl a mhúscailt in oidí an Iarthair.

Dear Sir,

In the issue of *An Claidheamh Soluis* of 14th May the National Teachers of All Ireland are grossly insulted in a leader treating of the Bilingual System, which, to say the least of it, shows, not only a lamentable want of taste, but also a hooligan attempt – and a lying one to boot – to belittle the best friends which the Gaelic League language revival has in all the length and breadth of the land. This is not the first, nor the fiftieth occasion on which the Irish National Teachers have had cause for bitter complaint against a journal which, more than any other periodical published in this country, largely depends on the goodwill and influence of our brethren, and it is high time that the teachers of Ireland should take the abusive conduct of *An Claidheamh Soluis* in a very serious spirit, and once and for all, make an uncompromising stand, manfully and sternly, against the false charges, the ungentlemanly sarcasm, and the more than discourteous (and impolite) inuendos against men and women who, more than any other class of Irish society, have loyally and patriotically helped the cause of our ancient tongue.

In the article to which we refer the writer, with that sneering persiflage which is so frequently perceptible in *An Claidheamh* when dealing with the National Teachers and their work, states that the latter ‘are woefully deficient in the sort of training which is absolutely essential to the efficient running of the bilingual system.’ ‘They’ (the teachers) ‘have at best but crude notions of teaching of any sort, and it is not to be wondered at ... that many are simply dismayed at the difficulties which the bilingual programme presents.

This style of writing is simply scandalous, and if the proprietors of *An Claidheamh Soluis* imagine they can insult the Irish National Teachers at their own sweet will, they may find some of these days that they have reckoned too much on the forbearance of our brethren.

We speak for the Galway Association of Teachers, an association that embraces one of the widest and most important Irish-speaking districts in Ireland, including fifty miles and more of coast on the Mainland, the grand old historic islands of Aran, and the important districts centreing on Clifden, Oughterard, Spiddal, Moycullen, Clareglaway, not to speak of the ‘City of the Tribes’, our provincial capital, each and all thoroughly involved at the heart of the great revival movement. We challenge the sneering *Claidheamh* to produce in all Ireland, teachers, men and women, more thoroughly fitted than they are to perform – and pleasingly, willingly perform – their duties in connection with the Irish Language. The ladies and gentlemen of our association are second to none in their patriotic efforts to promote the spread and the retention of the language of old Éire. How gratefully does *An Claidheamh Soluis* acknowledge their services!

We beg a place for this protest, as from past experience we need expect but scant, if any, courtesy from *An Claidheamh* itself. We now simply speak for our own local association as we are well aware that all other teachers’ associations in Ireland can very ably speak for themselves.

Signed John R.M. Curtin and Thomas J. McCormack (Secretaries)²³

Tá sé feicthe cheana i gCaibidil 2 nár ghlac gach éinne le húdarás an Chonartha agus é ag iarraidh na hoidí scoile a spreagadh i leith na Gaeilge. Bhí seo le feiceáil i dtuarscálacha Thomáis Bháin Uí Choncheanainn (2.6.2-3) go raibh roinnt oidí iomlán i gcoinne thimíri an Chonartha agus iad ag iarraidh caighdeán na Gaeilge sna scoileanna Náisiúnta a mheas i dTír Chonaill. Más fíor gur chreid roinnt oidí go raibh an Conradh ag iarraidh cúram an chóras oideachais a ghlacadh faoin a chúram is léir fosta go raibh foighne mhuintir an Iarthair cailte in údarás an Phiarsaigh, urlabhraí neamhoifigiúil ghluaiseacht na teanga, agus nach raibh siad sásta glacadh a thuilleadh leis an cháineadh a bhí á dhéanamh aige go rialta ar na múinteoirí.

4.2.0 Cothrom na féinne

Is fiú a rá go raibh cás ag múinteoirí na Gaillimhe. Más fíor nach raibh go leor oiliúna ag na múinteoirí i dteagasc na Gaeilge is cinnte nach orthusan a bhí iomlán an lochta. Mar atá feicthe cheana chuir leisce an Bhoird deiseanna oiliúna a chur ar fáil do na múinteoirí isteach go mór ar neart conraitheoirí, ina measc an Craoibhín agus an Piarsach. Fiú i 1910, sé bliana tar éis do mhúinteoirí na Gaillimhe dul i mbun pinn, bhí ar Thomás Bán Ó Concheanainn dáirírecht an Bhoird i leith an chláir a cheistiú ag Ard Fheis an Chonartha. Thuig sé nach mbeadh mórán i ndán don chlár dhátheangach gan múinteoirí ábalta agus dhírigh sé ar an Bhord mar seo a leanas:

Thug an Bord ‘Bilingual Programme’ dúinn, ar pháipéar, tá sé ar pháipéar fós; is níl siadsan ag déanamh aon iarracht a n-oidí d’ullmhú chun an Clár sin do chur ag obair. Óir go dtí seo, cia ar bith áit ar cuireadh an Clár ag obair, is é an múinteoir féin is ciontach leis, agus rinne sé amach as a stuaim féin é. Ní bhfuair sé cúnamh ná teagasc ná misneach ón mBord – ní bhfuair siad uathu ach lochtanna. Do shílimid go léir nuair a chuir an Bord seisear timíri ar obair trí bliana ó shin chun teagasc a thabhairt sna ceantair Ghaeltacha ar Mhúinteachas Dátheangach, go ndéanfaí an obair sin go cneasta; ach do cuireadh na timíri sin ar obair eile, in ionad na hoibre a bhí ceaptha dóibh ar dtús. Mar gheall ar seo chionn na hOidí nach bhfuil an Bord dáiríre i dtaobh an Chláir seo, agus dá bhrí sin, ní deifir mhór atá fúthu á chur ar bun.²⁴

Níor chuidigh conspóid na dtáillí leis an scéal ach an oiread agus bhí an chontúirt ann nach n-éireodh leis an chlár dátheangach de bharr go mbeadh an baol ann nach n-íocfaí airgead breise níos mó ar theagasc na Gaeilge. Chothaigh ceist na dtáillí díospóireacht nimhneach laistigh den Chonradh agus tharraing an Píarsach olc air féin agus ar Choiste Gnó an Chonartha de bharr gur sheas sé an fód in éadan daoine ar nós Chathail Bhrugha agus Phiarais Béaslaí ina thuairim nach raibh na táillí speisialta seo tuillte níos mó ag múinteoirí a bhí i mbun theagasc na Gaeilge, a bhí anois ina gnáthábhar scoile.²⁵ Rinne an Píarsach ceist na n-íocaíochtaí breise seo a phlé agus rinne sé comparáid idir cás mhúinteoirí na hÉireann agus cás mhúinteoirí na hAlban agus na Breataine Bige, áiteanna nach raibh íocaíocht bhreise le fáil ag múinteoirí na Gaidhilge agus na Breatnaise. Deir sé an méid seo a leanas:

In Scotland Gaelic is purely an optional and extra subject for which no special remuneration of any kind is given. Not a farthing is paid by the Scottish Education Department for the teaching of Gaelic in the schools either in Gaelic-speaking or in English-speaking districts ... In Wales a bilingual system is optional in Welsh districts, and Welsh can also be taught as an optional subject throughout Wales generally. No special fee, or extra remuneration in any form, is given for the teaching of Welsh whether under a bilingual programme or as an optional specific subject in a non-bilingual school.²⁶

Níor chóir go mbeadh ionadh ar dhuine nár íocadh táillí speisialta i gcás na Beilge, ach an oiread, áit ina raibh an dátheangachas éigeantach sna scoileanna.²⁷

4.2.1. Ag filleadh ar thábhacht na hoiliúna

Thuig an Píarsach nach ndéanfadh an chonspóid tairbhe do chuspóirí oideachais an Chonartha muna ndéanfaí aon rud chun an deighilt laistigh den Chonradh a leigheas agus muna ndéanfaí rud éigin chun dul i ngleic leis an easpa oiliúna ar fhormhór na múinteoirí. Tá sé feicthe cheana nach raibh leisce air tagairt a dhéanamh do chleachtas maith ón

choigríoch nuair a bhí gá leis agus níor chaill sé an deis anseo chun ceacht a theagasc do na conraitheoirí faoi dhea-chleachtas sa Bheilg, sa Bhreatain Bheag agus in Albain. Thug an Píarsach faoi deara go raibh an dátheangachas in Éirinn i bhfad ar gcúl agus chuir sé an cheist, ‘Where then do we fall behind?’ ins *An Claidheamh Soluis* i mBealtaine 1908.²⁸ Ní raibh aon amhras air maidir le freagra ceart na ceiste sin – ganntanas oiliúna.

First, in the spirit of animating our Education Department (as apart from its letter of its rule and regulations) – though here we are gradually changing for the better; but chiefly in the facts that our teachers are not yet sufficiently trained for the work of Irish or bilingual teaching and that, speaking generally, both teachers and managers are partly unable and partly unwilling to avail of the facilities actually afforded by the rules and regulations of the Board, facilities incomparably greater than those afforded in Wales, and – except as regards the use of the second language as a medium of instruction throughout the country as a whole – greater even than those afforded in Belgium.²⁹

Ba é an ganntanas deiseanna oiliúna seo a sheas idir polasaí an chlár dhátheangaigh mar pholasaí oideachais riachtanach agus an clár mar pholasaí oideachasúil rialtais nach raibh ann ach páipéarachas agus caint san aer. Cé gur aithin an Píarsach na lochtanna a bhain le caighdeán agus, in amanna, le dearcadh na múinteoirí i leith theagasc na Gaeilge, thuig sé freisin nach dtiocfadh leigheas ar an scéal seo gan dea-thoil na gcoláistí oiliúna ó thaobh na Gaeilge agus gan dea-thoil an Bhoird féin.

4.3.0. Na coláistí oiliúna

Nuair a fhéachtar ar dhoiciméid an Bhoird,³⁰ feictear láithreach cé chomh híseal agus a bhí an Ghaeilge i gcóras oiliúna na múinteoirí Náisiúnta ag deireadh an naoú haois déag. Bhí raon leathan ábhar ar shiollabas na gcoláistí oiliúna, mar a léireofar thíos. Bhí an chuma air go ndearnadh freastal ar gach uile ábhar faoin ngrian, seachas an Ghaeilge. Cláraíodh múinteoirí de réir na n-ábhar a ndearna siad staidéar orthu ins na coláistí oiliúna. Luaitear

líníocht, ceol, Fraincis, Laidin, talmhaíocht, tís, armóin, cócaireacht, meicnicíocht, ceimic, fisic, solas agus fuaim, maighnéadas agus leictreachas agus ceirdíocht i measc na n-ábhar ba choitianta ar ghlac na hábhair mhúinteora leo.³¹ Roimh 1904 is beag duine a bhí cláraithe mar mhúinteoir(i) cáilithe le Gaeilge mar ábhar aige/aici. Ba í an áit thánaisteach a bhí aici ar an churaclam scoile ba chúis leis seo.

Léireoidh na hiontrálacha samplacha i gcuntais oifigiúla an Bhoird ó 1893, (cuid samplach de atá le léamh in Aguisín 1), an raon leathan ábhar a thairg na coláistí oiliúna dá mic léinn. Ní raibh éileamh ar an Ghaeilge mar ábhar staidéir, cé go raibh cead an Ghaeilge a theagasc mar ábhar breise agus táillí speisialta deich scilling lena chois ó 1879. D’fhéadfaí a rá nach raibh an Ghaeilge á thairiscint mar ábhar staidéir sna coláistí oiliúna mar nach raibh an t-éileamh uirthi ó na hábhair mhúinteora. D’fhéadfaí a rá fosta nach raibh an Ghaeilge á tairiscint mar nach raibh an Bord dáiríre fúithi agus mar sin nár cuireadh brú ar údaráis na gcoláistí oiliúna í a chur ar fáil mar ábhar staidéir. Cibé scéal é, is fiú a lua nach ndearna ach naonúr mac léinn staidéar ar an Ghaeilge mar ábhar acadúil nuair a cáilíodh iad mar oidí scoile Náisiúnta i 1893 go hiomlán. Ba iad sin

Ainm	Scoil	Rolla	Ceantar Ionad Oiliúna
Cornelius Curran	Masterguihy	4463	57 District Centre
James Cunningham	Ballinacona M	3722	60 District Centre
Mary Judge	Shanvaghera F	13592	20 District Centre
James Murphy	-	-	- De La Salle T.C
Michael Neville	St. Eugene’s M.	13863	2 District Centre
Simon O’Sullivan	Dunmanway Model	-	49 De La Salle T.C.
Daniel O’Sullivan	Caherdaniel M.	10239	57 District Centre
Michael O’Sullivan	Lohar M.	10045	57 District Centre
Timothy Scannell	Ballyvourney M.	11155	55 District Centre ³²

Rinneadh ábhar roghnach den Ghaeilge sna coláistí oiliúna i 1897 ach dar le Walsh, '[it] did not prove popular, with only fifty seven of the 700 students between 1897 and 1900 presenting for examination. Despite the Gaelic League pressure, Irish was never elevated beyond the status of an optional subject in the Training Colleges prior to 1922'.³³ Mar sin is féidir a thuiscint an fáth nach raibh múinteoirí á gcáiliú sa Ghaeilge mar nach raibh an Ghaeilge ar shiollabas éigeantach na gcoláistí oiliúna.

Tá sé le tuiscint ón eolas thuas go raibh deis ag mic léinn staidéar a dhéanamh ar an Ghaeilge i gColáiste Oiliúna De La Salle, Port Láirge. Is minic a mholann an Píarsach mhuintir Phort Láirge chun na coláistí oiliúna eile a cháineadh.³⁴ Luaitear thuas fosta gur cáilíodh roinnt oidí in 'District Centres'. Faoi Acht um Rialtas Áitiúil (1888) cuireadh comhairlí contae agus cathrach ar bun chun freastal ar sheirbhísí áitiúla in Éirinn. Tugadh forás ar údarás na gcomhairlí seo faoin Technical Instruction Act (1889) nuair a tháinig soláthar an cheardoideachais faoi chúram na gcomhairlí áitiúla. Bhí oiliúint i dteagasc na Gaeilge á soláthar ag na hionaid áitiúla i gCeathalach, i gCill Mhantáin, i Loch Garman, i gCo. na Banríona, i gCo. an Rí agus i gCill Dara ar dtús, agus níos moille, i gCo. An Chláir, i gCorcaigh agus i gCo. Lú. Nuair a bhagair an Roinn Talmhaíochta deireadh a chur le scéim na ndéontas i 1916 d'fhoilsigh Comhdháil na gColáistí Gaeilge bileog eolais chun aird an phobail a tharraingt ar an dochar a dhéanfaí gan deontas an Rialtais. Tugadh aitheantas don obair oiliúna a bhí ar siúl sna hionaid áitiúla mar seo a leanas:

In addition to the work of the Gaelic Colleges very valuable help has been given to the training of teachers of Irish by Teachers' Classes under the County Technical Instruction Committees ... These classes are not merely for teacher training of Irish. The students are trained in many other subjects also, such as in the teaching of Rural Science, French, etc.³⁵

Ar chúis éigin, tháinig feabhas ar an scéal sa bhliain 1895 nuair a cáilíodh 158 múinteoir le Gaeilge ach thit an líon múinteoirí arís ins na blianta beaga ina dhiaidh sin, ó 1895 go dtí 1903, mar a léireoidh na figiúirí seo a leanas:

Múinteoirí Cáilithe i dteagasc na Gaeilge ó 1895-1903

1895	158	1900	59
1896	35	1901	25
1897	23	1902	89
1898	36	1903	91 ³⁶
1899	33		

Tháinig ardú ar líon na múinteoirí a bhí á gcáiliú le Gaeilge ón bhliain 1907 ar aghaidh, ach ní athrú intinne a tháinig ar lucht na gcoláistí oiliúna ba chúis leis an bhorradh seo, ach an obair a bhí ar siúl ins na coláistí Gaeilge, a cuireadh ar bun chun oiliúint i dteagasc na Gaeilge a chur ar fáil do na hoidí scoile, agus a tháinig ar an saol nuair a d'oscail Coláiste na Mumhan a dhóirse in Iúil 1904. Léiríonn na figiúirí seo a leanas an méadú suntasach a tháinig i líon na múinteoirí a cáilíodh idir 1904 agus 1912 – áit a dtagann deireadh le cuntais an Bhoird.

(1903	91)	1908	80
1904	476	1909	80
1905	164	1910	66
1906	146	1911	165
1907	243	1912	196 ³⁷

Cé nach féidir aon rud a chruthú ó na figiúirí seo amháin is féidir a rá go raibh éifeacht na gcoláistí Gaeilge le feiceáil cheana féin agus iad ag soláthar múinteoirí oilte i dteagasc na Gaeilge don chóras oideachais náisiúnta. Sa bhliain 1907, nuair a thosaigh an Bord ag tabhairt aitheantais do theastais na gcoláistí, luaitear na múinteoirí seo a leanas a

d'fhreastal ar chúrsa Gaeilge i gcoláistí Gaeilge agus a shásaigh riachtanais an Bhoird sa Ghaeilge. Seasann na litreacha 'BL' thíos do 'Bilingual'. I gcás na múinteoirí thíos a bhfuil réiltín lena n-ainm luaitear i gcáipéisí an Bhoird gur fhreastail siad ar Choláiste na gCeithre Máistrí, Leitir Ceanainn.

Name	School	Cert.
Buckley	St. Patrick's Training College	
Breen Daniel	do.	BL
Barry, Michael	De La Salle Training College	
Burke, John	do	
Burke, Michael	do	BL
Burke, Patrick	c/o Rev. P.A. Sheehan, D.D., P.P., Doneraile, Co. Cork	BL
Blackwell, Br. Denis	Ardee Boys', Ardee	BL
Buckley, Wm	St. Joseph's Boys', Gorey	BL
Brennan, Michael	Duleek Boys, Duleek	BL
Browne, Chas	Newtownstewart Boys', Newtownstewart	
Boland, Owen	Carraree, Ballymote	BL
Byrne, Thos	Carrowgowan Boys', Bohola	BL
*Boyle, John,	Teelin, Carrock, Co. Donegal	BL
*Brennan, Francis	Shallogans, Glenties	BL
*Bradley, Mary	Draperstown Girls', Draperstown	BL
*Boyle, Daniel	Ranafast	BL
*Brennan, Mary	Draperstown Girls', Draperstown	BL
*Boyle, Daniel	Inisherrer Island, Derrybeg	
*Boyle, Joseph	Graffey, Glenties	BL
*Boyle, Bridget	Ranafast	BL ³⁸

De réir na sonraí thuas bhí Ó Buachalla agus Dónal Ó Briain fostaithe in 'St. Patrick's Training College'. Is fiú a rá anseo nárbh é seo an institiúid tríú leibhéal a bhí i mbun oiliúna a chur ar na hábhair oide. Bhí scoil Náisiúnta 'cleachtaidh' – 'practising school' - ceangailte le Coláiste Phádraig, a bhí ar fhaiche an choláiste ó lár an naoú aois déag agus a tógadh i 1894.³⁹

4.3.1. Gá le cultúr an tseomra ranga a Ghaelú

Thuig an Piarsach go raibh an-dul chun cinn déanta maidir le ceist na Gaeilge ar an churaclam. Luaigh sé an dul chun cinn seo in eagarfhocal ins *An Claidheamh Soluis*, 20 Lúnasa 1904:

As things stand,

- (1) Irish may be taught as a part of the Ordinary school programme to children of all stages in every school in Ireland;
- (2) Irish may be taught as an extra subject (for special fees) to children from Standard IV, upwards, whatever be the proficiency of the school, provided that in the case of a school marked 'Fair', 'Middling', or 'Bad' the Inspector is of the opinion that Irish may usefully be taught as an Extra;
- (3) Where the teacher is unable to teach Irish an Extern Teacher (who must be certified) may be employed, and may earn special fees,
- (4) In Irish-speaking and bilingual districts, the whole school work may be conducted upon bilingual lines, in accordance with the new bilingual Programme;
- (5) The introduction of the Bilingual Programme in a given school *does not* prevent the teaching of Irish as an Extra Subject for special fees in that school;
- (6) Irish History may be taught as a part of the Ordinary school programme in every school in Ireland.⁴⁰

Níor leor an dul chun cinn seo, áfach. Thuig sé nach mbeadh ann ach snámh in aghaidh an easa gan cultúr na scoileanna a mhúnlú i dtreo an Ghaelachais. Luadh cheana an tábhacht i ról an mhúinteora chun atmaisféar Gaelach a chruthú ins an seomra ranga, ach ní mar sin a bhí cúrsaí nuair a scríobh sé faoi thionchar an Bhéarla sna scoileanna Náisiúnta:

The primary school as an institution is still a pillar of foreignism in Ireland. Individual schools, individual teachers, individual managers, to the number of hundreds are amongst the most vigorous propagants of Irishisms in the country; yet the broad statement remains true that the system, as a system, is still in deal and practice a system which spells Anglicisation.⁴¹

4.3.2. Coláiste Phádraig, Droim Conrach

Níorbh iad na scoileanna Náisiúnta amháin a bheadh le Gaelú, dar leis an Phiarsach. I Lúnasa 1904, seachtain sular ionsaigh sé galldachas na scoileanna Náisiúnta, d'fhógair sé go mbeadh 'cath na Gaeilge', mar a thugann Nollaig Mac Congáil ar an fheachtas seo,⁴² le troid sna meánscoileanna agus sna coláistí tríú-leibhéal. Mhínigh sé tábhacht na hoibre seo mar seo a leanas:

The task of the language movement has set itself largely revolves into the recasting of Irish education along Irish lines ... The League ideal is, or should be That education in this Irish land must be Irish. It must be Irish right through, and all along the line. It must take as its standpoint 'This is Ireland', not 'This is No-Man's Land', and still less 'This is West Britain'. It must be based on a primary system, national not merely in name, but in fact and essence; it must include a secondary system; and it must culminate in a University which, whatever its form, ... shall in spirit and complexion, be Irish and national.⁴³

Cé gur thuill údaráis Choláiste na Tríonóide nimh ar leith ón Phiarsach bhí géarghá ann na coláistí oiliúna a Ghaelú freisin. Is léir nach raibh údaráis na gcoláistí seo ar aon intinn leis an Chonradh maidir le tábhacht na Gaeilge. Tógann Nollaig Mac Congáil an bhunfhadhb a bhain leis na coláistí oiliúna:

Cé a bhí freagrach as na bunmhúinteoirí a oiliúint de thairbhe teagaisc na Gaeilge de – na Coláistí Oiliúna. Is léir nach raibh na Coláistí Oiliúna céanna ag déanamh a ndícheall ar son teagaisc na Gaeilge – a athrach ar fad, d'fhéadfaí a rá.⁴⁴

Thug Pádraig Ó Cadhla, timire an Chonartha (féach 2.6.1) 'an áit mhí-ámharach sin' ar Choláiste Phádraig, áit ar chaith sé féin seal ag ullmhú don mhuinteoireacht i mblianta tosaigh an fhichiú aois.⁴⁵ Léiríonn Mícheál Ó Domhnaill an dímheas a thaispeáin lucht an Choláiste don Ghaeilge mar seo a leanas:

Bhí an-ghráin ag lucht údaráis na gColáistí Oiliúna ar an nGaedhealuinn agus ar gach a mbaineann léi. Nuair a tháinig banríon Shasana go Baile Átha Cliath i mí Aibreáin, 1900, cuireadh ar na mic léinn dul amach agus páirt a ghlacadh i bhfáiltiú na ngallphoc roimpi. Mí ina dhiaidh sin, bhí Oireachtas agus Ardfheis Chonradh an Gaedhealuinne ar siúl sa chathair ach ní thabharfaí cead d'aon mhac léinn dul go dtí ceachtar den dá thionól sin. Is leor de chruthúnas é sin dá laghad na cabhrach a tugadh do na hábhair múinteoireachta chun croí ná anam Gaedhealach a chur in oideachas na tíre.⁴⁶

Feictear an dímheas céanna ó Shéamas Ó Fiannachta, a chaith dhá bhliain ann idir 1893 agus 1895, agus a ceapadh ina chigire scoile níos déanaí. Ní raibh ollamh le Gaeilge ann ag

an am agus, de réir an scéil, chuaigh sé féin agus mac léinn eile, Tadhg Ó Donnabháin, chun cainte leis an Athair Ó Broin, a bhí ina uachtarán ar Choláiste Phádraig agus a léirigh ‘meon frithGhaelach’.⁴⁷ De réir Máirtín, ‘baineadh siar as an mbeirt’ le freagra an uachtaráin. ‘He pointed out that in view of the speed at which the learned world was racing ... Irish would merely be a clog and a break’. Léirigh an tAthair Ó Broin a dhearcadh fhrithGhaelach nuair a d’fhógair sé nach mbeadh aon mhac léinn a roghnódh Gaeilge mar cheann de na trí hábhair bhreise a bhí le déanamh acu ag an am i dteideal príomhdhuais an choláiste a ghnóthú.⁴⁸ Níorbh ionadh mar sin go dtugann Ó Fiannachta le fios go raibh sé de nós ag na mic léinn óga ballaí an choláiste a scrios le ráitis ar nós, ‘No Irish need apply’ agus ‘Down With Irish’.⁴⁹

4.4.0. An Piarsach agus na coláistí oiliúna

Ní raibh an Piarsach dallraithe ag an dearcadh frithGhaelach seo agus scríobh sé go láidir i gcoinne leisce na gcoláistí oiliúna in *An Claidheamh Soluis*, agus faoin ábhar náire a bhain le míabaltacht na múinteoirí a ndualgaisí a chomhlíonadh i leith an chláir dhátheangaigh. In Aibreán, agus arís i mBealtaine, 1904 scríobh sé seo a leanas faoin stádas reatha agus an seanphort atá luaite cheana – easpa chumas na múinteoirí an Ghaeilge a theagasc:

The utter lack of training amongst the teachers, the utter unfitness of so many of the present teaching staff in Irish-speaking districts to undertake the working of anything so complicated as the bilingual system ... this state of affairs can be met only in one way: facilities must be supplied for the training of teachers in the theory and practice of bilingual education as worked in Belgium.⁵⁰

Is féidir práinn na ceiste seo, dar leis, a fheiceáil nuair a deir sé ‘heretofore it was the Board that was on its trial; now it is the country’,⁵¹ agus arís, ‘... nine-tenths of the teachers in those districts [na ceantair Ghaeltachta] have as hazy ideas on the subject of bilingual

education as they had four years ago on the subjects of Hand and Eye Training and Physical Drill.⁵² Níorbh aon ionadh é gur ghoill an chaint seo na hoidí Náisiúnta, faoi mar atá feicthe i gcás mhúinteoirí an Iarthair (4.1.4). Ní fhéadfadh an Conradh cur suas leis an mhí-ábaltacht agus an mhíphroifisiúntacht seo dá mbeadh sé dáiríre faoina chuspóirí maidir leis an Ghaeilge ins an chóras oideachais. Bheadh cur i gcrích na gcuspóirí seo ag brath ar na scoileanna Náisiúnta, agus, mar sin, ar mhúinteoirí na scoileanna Náisiúnta, agus ar a n-ábaltacht an Ghaeilge a labhairt agus a theagasc do na daltaí a bhí os a gcomhair amach i dteach na scoile - obair a bhí tábhachtach agus práinneach, dar le Mac Congáil, agus a bheadh le cur i gcrích de bharr an éilimh a bhí tagtha ar an Ghaeilge ins na scoileanna ag an am.⁵³ Léiríonn na figiúirí seo a leanas an t-éileamh sin idir 1902 agus 1903.

Bhí 8,712 de scoileanna Náisiúnta in Éirinn. Sa bhliain 1902 bhí Gaeilge á múineadh mar ‘ábhar múinte lasmuigh’ (extra subject) i 235 scoileanna; i 1903 bhí sí i 553 scoileanna. Ar an 31 Nollaig 1903 bhí 92,619 scoláirí sna scoileanna Náisiúnta as 633,795 ag foghlaim Gaeilge.⁵⁴

Bheadh géarghá le múinteoirí chun freastal ar an éileamh seo. Bhí sé in am, mar sin, ag an Phiarsach dul i mbun iarrachta meon údarais na gcoláistí oiliúna i leith na Gaeilge a athrú. D'éirigh sé míshuaimhneach i 1904 faoi stadás na Gaeilge iontu nuair a d'fhógair an Bord nach mbeadh sa Ghaeilge ach ábhar rognach ó thaobh scrúdú Scoláireacht an Rí.⁵⁵ B'ionann sin agus a rá nach mbeadh an Ghaeilge riachtanach le háit a fháil ar chúrsa ins na coláistí oiliúna....

In ainneoin leisce lucht na gcoláistí oiliúna aitheantas a thabhairt don Ghaeilge ní fheictear an bhinib chéanna i bpeann an Phiarsaigh agus a léirigh sé nuair a bhí sé ag plé leis na múinteoirí. In áit dul ar an ionsaí roghnaigh sé cur chuige réasúnta agus spreagúil chun

tábhacht na Gaeilge a léiriú d'údaráis na gcoláistí. Bhí na coláistí oiliúna neamhspleách ar a chéile maidir le polasaithe iontrála ach is cosúil go raibh údaráis Choláiste De La Salle, Port Láirge, níos oscailte don Ghaeilge ná mar a bhí na coláistí oiliúna eile, mar gur thug údarás an choláiste sin aitheantas don Ghaeilge ag an chéim iontrála. Mhol an Piarsach go bhféadfadh na coláistí oiliúna aithris a dhéanamh ar pholasaí De La Salle.⁵⁶ Chruthódh riachtanas na Gaeilge mar ábhar iontrála suim sa teanga, dar leis, agus bheadh iarrthóirí ag iarraidh an Ghaeilge a fhoghlaim sula ndéanfaidís scrúdú iontrála an Rí. Dhéanfaidh a leithéid tairbhe do na coláistí oiliúna, do na scoláirí iad féin agus do stádas na Gaeilge ins an chóras oideachais, dar leis.

The Training Colleges themselves could not fail to benefit. It is the laudable ambition of the Colleges to secure positions as principals or assistants for as many as possible of their pupils. The demand for teachers able to teach Irish is already greater than the supply, and it is bound to rapidly increase. Obviously, the College which can turn out the greatest number of teachers thoroughly competent to teach Irish will have considerable pull over its rivals.⁵⁷

Níor ghlac an Piarsach scíste agus é i mbun agóide. Lean sé lena fheachtas in éadan sheasamh na gcoláistí oiliúna i dtrí eagarfhocal in *An Claidheamh Soluis*, Aibreán 1905. Ins an chéad eagarfhocal, dár dháta 8 Aibreán, cháin sé polasaithe na gcoláistí oiliúna nár chuir múinteoirí le Gaeilge ar fáil don chóras oideachais ina raibh 'a large and growing demand for qualified teachers to teach Irish'.⁵⁸ Níor leor teastas an Bhoird, an teastas a bhronn an Bord ar oide scoile ar fhocal cigire, agus a cháiligh é chun dul i mbun teagaisc faoi choinníollacha an chláir dhátheangaigh. Dhírigh sé arís ar iompar na gcoláistí oiliúna mar seo a leanas:

The obtaining of the Board's certificate is after all not a very reassuring guarantee of ability to teach Irish. The question is: Are the Training Colleges actually turning out teachers capable of giving instruction in Irish, and in what number? What is the actual

status of Irish in these institutions, and what is the provision for training in methods of teaching Irish?⁵⁹

Ag deireadh an eagarfhocail treisíonn sé achainíocha an Chonartha:

The two chief demands touching the Training Colleges are therefore:- 1. Recognition of Irish as a subject qualifying for admittance to training. 2. Recognition of Irish as a subject carrying merit in any examination for status as a teacher.⁶⁰

Déanann an Piarsach forbairt ar na hachainíocha seo ins an chéad eagarfhocal eile, 15 Aibreán, agus, cé gur aithin sé an obair a bhí ar siúl i gColáiste De La Salle, Port Láirge agus i gColáiste Naomh Muire, Béal Feirste, cháin sé rialacha an Bhoird: ‘the Commissioners must be allowed no rest until they satisfactorily amend their programme in both of these respects’.⁶¹ Is léir, freisin, go raibh leithscéal ag údaráis na gcoláistí oiliúna ag cur in aghaidh achainithe an Chonartha go raibh bunchlár oiliúna an Bhoird chomh fada sin cheana féin nach mbeadh go leor spáis d’ábhair ar nós na Gaeilge air.⁶² De réir cosúlachta bhí blas na fírinne ar thuairmí an Phiarsaigh. Foilsíodh na figiúirí seo a leanas san iris *Sinn Féin* i mBealtaine 1911:

It appears that the Church of Ireland Training College which supplies no teachers to the Irish-speaking population taught no Irish to its teacher-pupils. The Marlboro’ Street Training College (practically Presbyterian) qualified 4 out of 198 to teach Irish, and the Catholic Training Colleges, which supplies teachers to the Irish-speaking districts, and to a population that wants Irish, supplied altogether 32 out of 642! That is, out of 642 Catholic teachers sent out to teach Young Ireland last year 95 per cent were ignorant of the National language. The manner in which Irish is taught in these Training Colleges is shown by the fact that out of 183 who were examined in Irish only 32 passed – 1 in 6. Where all the teaching is so bad it is hard to award a leather medal, but De La Salle, Our Lady of Mercy, Blackrock and Mary Immaculate, Limerick, contrive to show one pass in Irish to every thirteen or fourteen who entered for examination. In the actual number of teachers qualified in Irish De La Salle takes the Anglicisation palm with 3 out of 97. Here is the complete Dishonours List:

Training Colleges	Teachers Qualified (in Training)	No. Qualified in Irish
De La Salle	97	3
Blackrock	86	3
Mary Immaculate	51	2
St. Mary's Belfast	48	8
Drumcondra	87	12
Marlborough Street	198	4

It is idle to think that Irish can be spread in the schools so long as this kind is permitted to go on.⁶³

Tá sé le feiceáil go raibh géarghá ins an chóras oideachais le múinteoirí a bhí oilte sa Ghaeilge agus i dteagasc na Gaeilge, mar nach raibh na coláistí oiliúna ag soláthar dóthain múinteoirí mar seo ag tús an chéid seo caite. Bhí an Piarsach ag deireadh na feide leis an Bhord agus leis na coláistí oiliúna. Bhí droim tugtha acu ar riachtanais an chóras oideachais agus chuir sé síos ar an staid thruacánta mar seo a leanas:

But how seldom here has the teacher any interest in literature at all; how seldom has he any horizon above his time-table, any soul larger than his results fees ... The fact is that, with rare exceptions, the men and women who are willing to work under the conditions as to personal dignity, freedom, tenure, and emolument which obtain in Irish schools are not the sort of men and women likely to make good educators⁶⁴

4.5.0. Conclúid

Bhí an Ghaeilge á teagasc ag tús an fhichiú aois i ranganna Gaeilge a chuir craobhacha an Chonartha ar fáil don phobal ar fud na tíre. Bhí tóir agus éileamh láidir orthu⁶⁵ ach bhí deacrachtaí le sárú maidir le héifeacht na múinteoirí a bhí ina mbun. Luann Séamas Céitinn go raibh Coiste Ceantair Dhún Dealgan ag éirí míshásta nach raibh labhairt na Gaeilge ag leathnú i measc an phobail mar ba mhian leo agus gur gineadh ‘an mhífhoighne chéanna ina lán craobhacha eile ar fud na tíre’.⁶⁶ Bhí tuairim ag fás i measc roinnt conraitheoirí go raibh todhchaí na Gaeilge ag brath níos lú ar ranganna an Chonartha agus

níos mó ar phobal na Gaeltachta. Bhí Ruairí Mac Easmuinn den bharúil ‘má bhí an Ghaeilge le buanú agus le leathnú agus le láidriú sa Ghaeltacht amháin a dhéanfaí sin ... agus ní i ranganna Gaeilge i mBaile Átha Cliath’.⁶⁷ Tá macalla na cainte seo le clos i bhfocail Nollag Mhic Congáil i léacht cheiliúrtha Choláiste Chonnacht i dTuar Mhic Éadaigh:- ‘b’ionann an Ghaeltacht agus tobar na Gaeilge, lárionad an dúchais agus an ceangal gan bhriseadh le chuile ghné d’oidhreacht na Gaeilge ón am fadó a bhí an tír seo ina lóchrann léinn is creidimh d’iarthar na hEorpa’.⁶⁸

Bhí stádas na Gaeilge ins an chóras oideachais ag brath ar obair dheonach an Chonartha, ar a mhúinteoirí taistil, agus ní ar an Bhord, an rannóg stáit a bhí in ainm a bheith i mbun na hoibre seo. Theip ar an Bhord agus ar na coláistí oiliúna deiseanna oiliúna a chur ar fáil do na hoidí scoile Náisiúnta an t-ualach oibre a bheadh riachtanach dóibh a bhí ag dul i mbun obair an chláir dhátheangaigh a iompar.

Ní raibh an Ghaeilge ina hábhar iontrála éigeantach le haghaidh na gcoláistí oiliúna Stáit go dtí 1922. Fán bhliain sin ní raibh teastas dhátheangach ach ag 9 fán gcéad den 12,000 oide a bhí fostaithe sa chóras oideachais Náisiúnta. ‘This was a significant achievement’, a deir Walsh, ‘but did not amount to a critical mass that was capable of understanding the ambitious plan of the Free State government regarding the inclusion of Irish on the programme following independence’.⁶⁹ Is é seo toradh na hoibre a thosaigh le bunú Choláiste na Mumhan, Béal Átha an Ghaorthaidh in Iúil 1904 agus a leanadh leis sna coláistí Gaeilge eile a cuireadh ar bun ar fud na tíre idir 1905 agus 1921. Is gné thábhachtach iad na hinstiúidí seo i ngluaiseacht na hathbheochana.

¹ ACS, 13 Bealt., 1905, 7, An Cigire Dalton.

- ² Ibid. 7.
- ³ *Seventy-third report of the commissioners of national education in Ireland for 1906 (C.3699) H.C. 1907 XXII*, 145, luaite ag Thomas A. O'Donoghue, *Bilingual education in Ireland 1904-1922*, (Perth 2000), 59.
- ⁴ *Seventy-Sixth report of the commissioners of national education in Ireland for 1909-10, (General Report on Irish: Mr. Mangán)*, 166-7, luaite ag O'Donoghue, *op. cit.*, 59.
- ⁵ Ibid., 59.
- ⁶ ACS, 30 Aibr., 1904, 6.
- ⁷ Ibid.
- ⁸ ACS, 7 Bealt., 1904, 6.
- ⁹ Ibid.
- ¹⁰ Pádraig Mac Piarais, 'Education in the west of Ireland' in *Education in the Gaeltacht*, curtha in eagar ag Séamas Ó Buachalla, *The educational writings of Patrick Pearse, A significant Irish educationalist*, (Dublin 1980), 315.
- ¹¹ Ibid., 315-6.
- ¹² ACS, 14 Samh., 1903, 6.
- ¹³ Ibid., 5 Noll., 1903, 7.
- ¹⁴ Ibid., 9 Bealt., 1903, 6.
- ¹⁵ Ibid., 6.
- ¹⁶ Ibid., 14 Samh., 1903, 6.
- ¹⁷ Ibid., 9 Bealt., 1903, 5.
- ¹⁸ Ibid., 5.
- ¹⁹ Ibid., 26 Noll., 1903, 6.
- ²⁰ Ibid.
- ²¹ Ibid., 24 Meán Fómh., 1904, 6.
- ²² Ibid., 14 Samh., 1903, 6.
- ²³ *Daily Irish Independent*, 27 Bealt., 1904, 3.
- ²⁴ Donncha Ó Súilleabháin, *Cath na Gaeilge sa chóras oideachais*, (Baile Átha Cliath 19818), 23-4.
- ²⁵ Tugann Donncha Ó Súilleabháin cuntas ar an díospóireacht seo in *Cath na Gaeilge sa chóras oideachais 1893-1911* (Baile Átha Cliath 1988), 11-18. Tá an comhfhreagras le léamh in ACS, 28 Marta 1908, 4.
- ²⁶ ACS, 30 Bealt., 1908, 6.
- ²⁷ Ibid., 6.
- ²⁸ Ibid., 6.
- ²⁹ Ibid., 6.
- ³⁰ Doiciméid ED 8/2, An Chartlann Náisiúnta, Baile Átha Cliath.
- ³¹ Bunaithe ar an eolas atá ar fáil i gcáipéisí oifigiúla an Bhoird in ED 8/2.
- ³² Ibid. Bhí baint ag Timothy Scannell le Coláiste na Mumhan, Béal Átha an Ghaorthaidh ó 1904 ar aghaidh.
- ³³ Thomas Walsh, *Primary education in Ireland, 1897-1990: curriculum and context* (Bem 2012), 80.
- ³⁴ ACS, 15 Aibr. 1905, 6.
- ³⁵ *Statement issued by the conference of Irish colleges on grants' issue*, 16 Noll. 1915, 2.
- ³⁶ Doiciméid ED 8/2.
- ³⁷ Ibid.
- ³⁸ Ibid.
- ³⁹ www.saintpat's.ie; Ceadaithe 20 Bealt., 2013, 12.00.
- ⁴⁰ ACS, 20 Lún., 1904, 6.
- ⁴¹ Ibid., 6.
- ⁴² Nollaig Mac Congáil, 'Stair na gcoláistí Gaeilge agus bunú Choláiste Uladh', in Seosamh Ó Ceallaigh, *Coláiste Uladh 1906-2006* (An Fál Carrach 2006), 111.
- ⁴³ ACS, 1 Lún., 1904, 6.
- ⁴⁴ Mac Congáil, 'Stair na gcoláistí Gaeilge', 112.
- ⁴⁵ Mícheál Ó Domhnaill, *Iolscoil na Mumhan ris a ráidtear Coláiste na Rinne* (Corcaigh 1987), 10.
- ⁴⁶ Ibid., 10.
- ⁴⁷ Caoimhe Máirtín, *An Máistir – an scoil agus an scolaíocht i litríocht na Gaeilge*, (Baile Átha Cliath 2003), 23.
- ⁴⁸ Ibid., 223.
- ⁴⁹ Ibid., 223.
- ⁵⁰ ACS, Aibr., 1904, 6.
- ⁵¹ Ibid., 7 Bealt., 1904, 6.
- ⁵² Ibid., 14 Bealt., 1904.
- ⁵³ Mac Congáil, 'Stair na gcoláistí Gaeilge', 111.

⁵⁴ Donncha Ó Súilleabháin, *An Píarsach agus Conradh na Gaeilge* (Baile Átha Cliath 1980), 55-6.

⁵⁵ *ACS*, 18 Meith., 1904, 6.

⁵⁶ *Ibid.* In *ACS*, 15 Aibr., 1905, 6 molann an Píarsach arís dearcadh Choláiste De La Salle, Port Láirge agus Choláiste Naomh Mhuire, Béal Feirste i leith pholasaithe iontrála na gcoláistí sin. Scriobh sé, ‘They [the training colleges] can meet the first difficulty by establishing a college entrance examination in Irish ... and giving candidates who pass it priority over all others. And with regard to the second, that fact that Irish is not a subject carrying merit in the final examination does not, as far as we can see, prevent the College authorities from making adequate provision for its proper treatment during the college course. It does not prevent them from allotting a reasonable amount of time per week to Irish; it does not prevent them for fixing for the Irish class an hour at which the students can attend without an apparent self-sacrifice; it does not prevent them from actively encouraging the study of Irish and the propagation of an Irish spirit generally’. Is fiú a lua fosta go dtugann Máirtín, *op. cit.*, 224, léargas dúinn ar chúrsaí i bPort Láirge, a thuagann le fios nach raibh an scéal comh dearfach agus a léirigh a Píarsach. Luann sí, mar shampla, cás Sheáin Uí Chíosáin, a dúirt gur ‘leagadh an-bhéim ar an mBéarla mar ábhar ach ... “ábhar breise ab ea an Ghaeilge agus mar sin ní raibh aon tábhacht ag baint léi”’. Deir sé go dtagadh múinteoir scoile isteach ann uair sa tseachtain chucu siúd a roghnaigh an Ghaeilge mar ábhar breise. Is féidir leithscéaltacht a bhraith i ndearcadh mhuintir na Gaeltachta i dtaobh na Gaeilge nuair a deir Ó Cíosáin, ‘Thuig siad [muintir an Gaeltachta] nach raibh an meas céanna ar an fhear nach raibh ach Gaeilge aige is a bhí ar an mBéarlóir’.

⁵⁷ *Ibid.*

⁵⁸ *ACS*, 8 Aibr., 1905, 6.

⁵⁹ *Ibid.*

⁶⁰ *Ibid.*

⁶¹ *Ibid.*, 15 Aibr., 1905, 6.

⁶² *Ibid.*

⁶³ Luaite in Mac Congáil, ‘Stair na gcoláistí Gaeilge’, 112.

⁶⁴ Ó Buachalla, *The educational writings of Patrick Pearse*, 382.

⁶⁵ Cuireann Séamas Céitinn síos ar obair Chraobh an Chonartha i gceantar thuaiseart Lú i rith an ama sin ina leabhar *Craobh den Chonradh – Dún Dealgan 1899-1976* (Dún Dealgan, 1976), 9-13.

⁶⁶ Séamas Céitinn, *Craobh den chonradh*, 4.

⁶⁷ Proinsias Mac Aonghusa, *Ar son na Gaeilge – Conradh na Gaeilge 1893-1993* (Baile Átha Cliath 1993), 122.

⁶⁸ Nollaig Mac Congáil, ‘Coláiste Chonnacht – na blianta tosaigh i dTuar Mhic Éadaigh’, Léacht cheiliúrtha (2005) ar www.aranlibrary.nuig.ie, ceadaithe 24 Bealtaine 2013.

⁶⁹ Walsh, *Primary education in Ireland 1897-1990*, 80.

Cuid a Dó

4.

Na Coláistí Gaeilge

agus

Aitheantas an Bhoird Náisiúnta

5.0.0. **Gá le modh nua chun teacht i gcabhair ar an Ghaeilge**

Scríobh Arthur E. Clery (1879-1932) an méid seo a leanas i Meán Fómhair 1917 faoin ghné ba shuntasáí den chóras oideachais in Éirinn sa tréimhse sin, dar leis féin – feiniméan na gcoláistí Gaeilge. Faoin am sin bhí na coláistí ann le trí bliana déag, ó bunaíodh Coláiste na Mumhan i 1904, agus b’institiúidí iad, dar leis, a raibh aird an phobail tuillte acu – an aird chéanna a thuill na dámhscoileanna fadó. Dar leis,

They are a development as surprising as their predecessors of a thousand years ago. In those days some skilful teacher or famous man made his home in poor surroundings on the side of a mountain or by the edge of a lake. From all parts pupils flocked to drink at the new well of learning that had gushed forth in the wilderness. The seeker of knowledge and education turned his steps not to the city with its pillared halls, but to some lonely spot, amongst the mountains or by the sea, where he knew that learning was to be had amid homely surroundings. Something like this has happened again in our own day in Ireland. It is perhaps an exaggeration to compare the modern Irish College, with its confined course, to the great schools of ancient time; but the spirit is the same.¹

Is cinnte go raibh rud éigin speisialta ag teastáil chun teacht i gcabhair ar an Ghaeilge sa chóras oideachais i ndiaidh leisce an Bhoird i dtaobh na Gaeilge mar ábhar scoile. Bhí muinín údaráis an Chonartha as an Bhord cailte cheana féin. Bheadh modh eile de dhíth chun an Ghaeilge a neartú ins an chóras oideachais. Thuig lucht an Chonartha go mbeadh slánú na Gaeilge ag brath orthusan agus ar mhúinteoirí na hÉireann. Ach, mar atá feicthe cheana bhí níos mó ná ranganna Gaeilge i gcrabhacha an Chonartha ag teastáil mar stráitéas chun an Ghaeilge a shlánú. Bheadh gá le foghlaimeoirí a thumadh sa Ghaeilge agus i modhanna theagasc na teanga. Mar sin is fiú dul siar go dtí laethanta tosaigh an chéid sin chun tuiscint a fháil ar an dóigh ar tháinig ann do na coláistí seo.

5.1.0. An cúla: tionscnamh Thomáis Uí Dhomhnaill

Ní raibh polasaithe oideachasúla an Rialtais ag obair ar son leas na Gaeilge sa chóras oideachais ó chuireadh an córas oideachais ar bun sa bhliain 1831. B'ábhar ceiliúrtha é, mar sin, fógairt an chláir dhátheangaigh i 1904 ach b'fhollas nach raibh polasaí rialtais ann ach ar pháipéar amháin. I bhfad roimhe sin, i 1893, scríobh Eoin Mac Néill faoi shlánú na teanga tríd an chóras oideachais mar a bhí sé ag an am: 'You might as well be putting wooden legs on hens as trying to restore Irish through the schools system'.²

Thuig Tomás Ó Domhnaill (1871-1943), Feisire Parlaiminte do Chiarraí Thiar idir 1900 agus 1918, go raibh am na práinne ann i dtaca chumas teagaisc na n-oidí scoile agus go raibh gá le plan chun an bhearna a chruthaigh an easpa oiliúna ar na múinteoirí a líonadh.³ I mí Mhárta 1901, díreach mí i ndiaidh dó 'an t-aon óráid amháin Ghaeilge dár tugadh riamh i nDáil na Breataine'⁴ a thabhairt, d'iarr sé ar an Bhord go gcuirfí ciste airgid ar fáil le haghaidh oidí scoile a oiliúint sa Ghaeilge agus i dteagasc na Gaeilge. Dhiúltaigh an Bord é seo a dhéanamh.⁵ I mí Bealtaine 1901, scríobh Ó Domhnaill chuig an *Daily Irish Independent* faoi shonraí an iarratais a bhí déanta aige. Mhol sé scéim chun múinteoirí a mhealladh go dtí an Ghaeltacht i rith laethanta an tsamhraidh. Dúirt sé go gcuirfeadh a leithéid de thionscnamh ceithre chéad múinteoir scoile, líofa agus oilte i dteagasc na Gaeilge, ar fáil don chóras oideachais láithreach.⁶ Moladh smaoineamh Uí Dhomhnaill, ach aithníodh laige bhunúsach amháin sa scéim agus ba é sin 'a deficiency of properly qualified instructors. This is a state of things which must be remedied at once'.⁷

5.1.1. Cúrsaí samhraidh

Is sa chomhthéacs seo a tháinig ann do na coláistí Gaeilge, is é sin, comhthéacs an mhíshástaimh ar thagair Ó Catháin dó i 1905 i dtaca le hoiliúint mhúinteoirí Gaeilge an

Chonartha agus ar thagair Ó Domhnaill di i 1900 (4.5.0). Bunaíodh scéim shamhraidh le haghaidh teagasc na Gaeilge agus le hoiliúint a chur ar mhúinteoirí taistil an Chonartha i modhanna múinte na teanga. I Meitheamh 1901 foilsíodh fógra faoin scéim in *An Claidheamh Soluis*, ag lorg múinteoirí chun cúrsaí ar fud na tíre a reáchtáil.⁸ B'iad seo a leanas na háiteanna a moladh le haghaidh na n-ionad oiliúna Gaeilge: an tArd Mór, Co. Phort Láirge, Baile Bhuirne, An Gleann Garbh, Co. Chorcaí, Doire Fhionáin nó An Coireán, Ros Beithe, Baile an Fheirtéirigh, Baile an Bhuinneánaigh, Co. Chiarraí, Cill Chaoi agus Lios Dúin Bhearna, Co. an Chláir, An Lionán agus Garmna, Co. na Gaillimhe, Acaill, Baile an Róba, Cluain Cearbán nó Léana na bhFia, Co. Mhaigh Eo, Na Cealla Beaga nó Bun Cranncha, Co. Dhún na nGall agus Ó Méith Mara, Co. Lú.⁹ Seachtain ina dhiaidh sin eisíodh an t-eolas seo a leanas:

It is therefore intended, with as little delay as possible, to establish classes at from fifteen to twenty suitable resorts in Irish districts during the summer and early autumn. Arrangements will be made for competent Irish scholars to spend their holidays in these districts and to take charge of classes daily for a number of weeks. Admission will be given to these classes on payment of a nominal fee.¹⁰

Tugadh le fios freisin go raibh Craobh Londan sásta maoiniú a chur ar fáil don tionscnamh seo.¹¹ I mí Iúil foilsíodh sonraí faoin tríocha agus a trí ionad samhraidh ina reáchtáilfí cúrsaí Gaeilge ar fud na hÉireann.¹²

Níor mhair an tionscnamh nua seo rófhada mar, dar le Ó Súilleabháin: 'ní raibh daoine ar aon aigne faoi na modhanna múinte ab fhearr le húsáid chun Gaeilge a mhúineadh'.¹³ Tá Nollaig Mac Congáil den bharúil gur 'turasóireacht amach is amach a bhí i gceist leis na scoileanna sin, rud a aithnítear láithreach nuair a fheictear gur lonnaíodh iad in áiteacha i nDún na nGall ar nós Bhun Cranncha agus Port an tSalainn'.¹⁴ Cibé scéal é, léirigh an

iarracht seo go raibh dáiríreacht ag fás i measc chonraitheoirí chun theacht ar mhodhanna eile chun an Ghaeilge a mhúineadh go héifeachtach do na hoidí agus chun iad a oiliúint i dteagasc na Gaeilge.

Aithníodh laige bhunúsach sna ranganna a d'eagraigh Conradh an Gaeilge, agus ba í sin easpa oiliúna na múinteoirí craoibhe i modhanna teagaisc nua-aimseartha. Léirigh an Píarsach nár leor a thuilleadh an dea-thoil agus an croí mór maith don Ghaeilge i múinteoirí taistil an Chonartha. Is mar seo a leanas a léirigh sé tréithe an mhúinteora a bhí ag teastáil ón Chonradh agus é ag scríobh in *An Claidheamh Soluis*, Aibreán 1906:

The type of teacher wanted is a man who can teach Irish independently of books, more especially in the initial stages. He must be an expert in the Modh Díreach and clár dubh work, and must have a competent knowledge both of Irish and English. While sound teaching methods are essential, personality is more so. The Múinteoir Taistil should know his Ireland past and present; should have a thorough grasp of what Irish Ireland means; should be able to appeal to the sentiments of the people as well as to their intellectual side; should be a patriot and an enthusiast, good-humoured and an optimist ... a knowledge of Irish songs, music, dances, games will help ... múinteoirí should feel that they are soldiers of Ireland and should talk to young and grown of Ireland's glories, thus infusing the right spirit of Nationality into all with whom they come in contact.¹⁵

Ní le craobhacha an Chonartha amháin a bhain an fhadhb seo, áfach. Bhí géarghá práinneach ann deiseanna oiliúna a chur ar fáil d'oidí na scoileanna Náisiúnta freisin, go háirithe i ngeall ar riachtanais an chláir dhátheangaigh. Is as an ghéarghá seo a d'fhás feiniméan na gcoláistí Gaeilge a tháinig ar an saol den chéad uair le bunú Choláiste an Mumhan i mBéal Átha an Ghaorthaidh in Iúl 1904.

Is ón Bhreatain Bheag a tháinig an bunsmaoineamh a bhí taobh thiar de fheiniméan na gcoláistí Gaeilge, is é sin ó ‘the Welsh Summer School’ a chuir David James ar bun ar bun i 1903.¹⁶

Bhí Coláiste den chineál céanna in Cymru ó 1903 i leith. Is in Aberystwyth a bhí sé seo agus ’sé Cumann na Breatnaise a bhunaigh é le hoiliúint ina dteanga féin a thabhairt do mhúinteoirí Breatnacha. Ollúna Ollscoile agus scoláirí eile is mó a bhí i mbun an teagaisc in Aberystwyth. Bhí cosúlacht idir an scoil samhraidh sin agus Coláistí Samhraidh Chonradh na Gaeilge.¹⁷

Tagraíonn Donnchadh Ó Luasaigh do ghné eile de chúlra na gcoláistí Gaeilge, ’sé sin an spéis a cuireadh i modhanna múinte na dteangacha:

Ag an am so go díreach bhí forbairt á dhéanamh ar mhodhanna múinte nua i gcúrsaí teangacha ar fud na hEorpa. Leathnaigh an faisean go Sasana, áit ina raibh ranganna Gearmáinise, Fraincise agus teangacha nach iad á múineadh sa mhodh so. I scoileanna Samhraidh a múintí na ranganna so. Bhí scoileanna dá leithéid – scoileanna Berlitz – ar siúl i Londain. Thug baill an Chonradh i Londain an dul chun cinn seo fé ndeara agus cheap go bhféadfaí é a chur chun leasa múineadh na Gaelainne sna craobhacha acu. Pléadh an scéal agus ceapadh gur cheart scoil Shamhraidh dá leithéid a thriail i mball éigin in Éirinn, ina mbeadh an teanga á labhairt go nádúrtha, sé sin i nGaeltacht éigin, áit go bhfeicfeadh agus go gcloisfeadh agus go mbraithfeadh na mic léinn an teanga bheo.¹⁸

Cuireadh Coláiste na Mumhan nó ‘The Munster Irish Training College’ ar bun in Iúil 1904. Bhí tábhacht ag baint leis an ainm seo a tugadh ar an institiúid mar dhírigh sé láithreach ar phríomhghnó an choláiste seo agus na gcoláistí a tháinig ina dhiaidh, ’sé sin oiliúint a chur ar mhúinteoirí agus ar ábhair mhúinteora sa Ghaeilge agus i dteagasc na Gaeilge. Rug grúpa Ghaeilgeoirí i nGaeltacht Uíbh Laoghaire ar an neantóg chun an bhearna oiliúna seo a líonadh agus oidí scoile a ullmhú i modhanna nua-aimseartha chun an teanga a theagasc dóibh ar a mbeadh torthaí an chláir dhátheangaigh ag brath. ‘The Irish Training School at

Ring, Co. Waterford’ a thug Pádraig Ó Cadhla ar an tionscnamh nua a bhí á chur ar bun i Rinn Ua gCuanach i 1905.¹⁹

5.2.0. Na coláistí Gaeilge a tháinig ar an saol idir 1904 agus 1906 – ó Bhéal Átha an Ghaorthaidh go Cloch Cheann Fhaola

Is cuid de ghnásanna comórtha é an t-iardhearcadh nuair a bhíonn ócáidí speisialta sa saol á gceiliúradh. Is rud fiúntach, tairbheach é an t-iardhearcadh seo nuair a chuidíonn sé linn tuiscint a fháil air agus toradh an tionscainmh a mheas. Seo díreach mar a bhí sé i Meitheamh 2004 nuair a bhailigh muintir Ghaeltacht Uíbh Laoghaire, Co. Chorcaí le chéile chun comóradh céad Choláiste na Mumhan a cheiliúradh. Bhí an méid seo a leanas le rá ag Donnchadh Ó Luasaigh, cathaoirleach Choiste an choláiste, faoi éifeacht an choláiste ar Ghaeltacht Mhúscraí agus é ag caint i rith an iubhaile:

Cad é an tairfe atá déanta ag Coláiste na Mumhan in imeacht 100 bliain? Is cinnte gur bhuaileas féin lem linn le na lán múinteoirí a raibh meas agus grá acu don dteangain, dos na ráiteasaí cainte agus dos na seanfhocail a phiocadar suas anso i mBéal Átha’n Ghaorthaidh. Bhíothas ann ámh a deireadh gurb é Coláiste na Mumhan ba thrúig bháis do Ghaeltacht shaibhir Bhéal Átha’n Ghaorthaidh mar gur thapuigh muintir na háite a ndeis chun Bearla a fhoghlaim ós na stróinséirí.

Ar an dtaobh eile den scéal táthar ann a deir ná beadh aon Ghaeltacht in Uíbh Laoghaire inniu meireach Coláiste na Mumhan. Is fíor go bhfaca na sean daoine an Ghaelainn mar laincis orthu. Is fíor chomh maith go bhfuil i gcónaí nuicléas daoine anso i mBéal Átha an Ghaorthaidh atá ana-dhílis don Ghaelainn.²⁰

Tá blas na cinniúna le brath i bhfocail Uí Luasaigh, agus é ag caint faoi bhunú Choláiste na Mumhan, Iúil 1904. Dar leis, bhí tábhacht stairiúil ar leith ag baint le bliain leis an uimhir ‘4’ inti.

I gcomhthéacs na Staire de, ó thaobh an chéid atá á chomóradh againn ba bhlianta tábhachtacha cinniúnacha iad, dar liom gach deich ag tosú le 1884 ... 1884 – bunú Chumann Lúthchleas Gael, 1894 – bunú Chonradh na Gaelainne, 1904 – bunú

Choláiste na Mumhan, 1914 – An Cogadh Mór, agus as na toibreacha nó as na foinsí sin ar fad a ghluais Éirí Amach na Cásca, 1916, agus a lean é. Na cluichí dúchasacha ab aidhm don Chumann Lúthchleas Gael. An teanga dhúchais ab aidhm don Chonradh. Chun Éire a Ghaelú níor mhór an teanga a mhúineadh dos na daoine. Ceapadh múinteoirí chun na hoibre seo – a lán acu nách raibh fios a gceirde acu.²¹

Is léir, mar sin, go raibh tábhacht ar leith i ndán do Choláiste na Mumhan i ngluaiseacht athbheochan na Gaeilge.

Reáchtáladh Feis na Mumhan i gCathair Chorcaí i Lúnasa 1903 agus i rith na feise mhol Shán Ó Cuív (1875-1940) go mbunófaí Coláiste Gaeilge chun ‘cainteoirí Gaeilge d’ullmhú i gcóir múinteoireacht na teanga’.²² Dar le Proinsias Mac Aonghusa, ‘chuir seo deireadh leis an gcaint agus tús leis an obair’.²³



Coláiste na Mumhan, Béal Átha an Ghaorthaidh. Robert French (1841-1917) a ghlac an pictiúr seo. (Le cead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann)

5.2.1. Tuar Mhic Éadaigh

De réir an tseanfhocail is iad na rudaí beaga a thaispeánann treo na gaoithe. Tá sé fíor fosta go raibh gaoth fhábhrach ag Gaeil Mhúscraí a chuir a ngualainn leis an roth den chéad uair, a mbeadh mar thoradh orthu bunú Choláiste na Mumhan i rith shamhradh na bliana 1904. Bhí ábhar misnigh ag pobal na Gaeilge go raibh modh nua, éifeachtach acu anois chun dul i mbun shlánú na Gaeilge agus go háirithe chun oiliúint a chur ar oidí scoile i dteagasc na teanga. Níorbh fhada, áfach, go raibh tuilleadh coláistí Gaeilge á bhunú. Cuireadh cearn acu ar bun i Rinn Ua gCuanach nó ‘Iolsgoil na Mumhan’ mar a thug sé air féin sa bhliain 1905. Thug cuntas ó thuairisceoir an *Daily Irish Independent*, 1 Meán Fómhair 1904, le fios go raibh na tonnta beaga a thosaigh i nGaeltacht Mhúscraí le brath níos faide ó thuaidh.

Already, we are informed, a movement is on foot amongst the Gaelic Leaguers of Connaught to follow the example set by Munster and establish a College of their own. In this we hope they will be successful, and should that prove so, then the time will be short until we may expect to see one in each province in Ireland, and all working harmoniously for the common good of the magnificent ambition they have at heart.²⁴

Is cinnte gur thug bunú Choláiste na Mumhan dóchas do phobal na Gaeilge ar fud na tíre agus go háirithe do mhuintir Chonnacht. Shocraigh dream Gaeilgeoirí ins an Iarthar go mbeadh coláiste dá gcuid féin ag muintir Chonnacht - coláiste a d’aontódh le chéile muintir agus ‘cairde Chonnacht’ - iad siúd ‘to whom Connacht has been, intellectually and spiritually, a sort of nurse-mother’.²⁵ Leagadh amach cuspóirí soiléire an choláiste ag cruinniú an choiste i dTuaim ag deireadh na Nollag 1904 agus is mar seo a leanas a fógraíodh iad ins *An Claidheamh Soluis* ag tús mhí Eanáir 1905. Ba í oiliúint na n-oidí scoile príomhghnó na hinstitiúide nua i gCúige Chonnacht:

We strongly hold that the main efforts of the School should be directed towards the *training of teachers*. What Connacht wants is a body of teachers capable of carrying out the Bilingual Programme with the maximum of success, and thoroughly conversant with modern methods of language teaching. We need not abate a jot of our demand that the Commissioners of National Education should themselves make adequate provision for the training of teachers for the administration of the Programme, but it would be an absurd policy to hesitate to supply such training ourselves on the score that by doing so we weaken our case against the Board. On the contrary we strengthen it.²⁶

5.2.2. Béal Feirste, Leitir Ceanainn agus Cloch Cheann Fhaola

Cás eisceachtúil ab ea Cúige Uladh ó thaobh na gcoláistí Gaeilge de, dar le Nollaig Mac Congáil, sa dóigh gur ‘bunaíodh trí cinn acu taobh istigh de bhliain; beirt acu sin sa Ghalltacht – ceann i mbaile mór, mar atá, Leitir Ceanainn, agus an ceann eile sa dara cathair is mó sa tír, mar atá Béal Feirste; ceann acu fosta, a bhí ina choláiste geimhridh’.²⁷

D’fhéadfaí cur leis an liosta a dhéanann Mac Congáil. I 1912 bunaíodh Coláiste Bhríde, Ó Méith, i nGaeltacht Oirghiall i dtuaisceart Lú, in ainneoin go raibh an Ghaeilge ar a dé deiridh sa cheantar fán am sin.²⁸ Lena chois sin, ní raibh an chonspóid riamh i bhfad ó chúrsaí Gaeilge ó thuaidh. Ó dheireadh 1904, nuair a cuireadh Dáil Uladh ar bun chun cearta cultúrtha agus teanga a chur chun cinn sa chúige, bhí go leor achrainn le feiceáil in éabhlóid na gcoláistí Gaeilge i gCúige Uladh nach raibh le feiceáil in áiteanna eile.

Mar a tharla i gCúige Mumhan agus i gCúige Chonnacht, d’aithin lucht ghluaiseacht na Gaeilge i gCúige Uladh go raibh gá le hinstitiúid a chur ar bun chun múinteoirí oilte a sholáthar don Chonradh agus don chóras oideachais. Ba é bunú Choláiste Chomhghaill, Béal Feirste i 1905 an chéad chéim ar an bhóthar sin. Coláiste geimhridh a bhí ann agus reáchtáladh ranganna dhá uair i rith na seachtaine idir Deireadh Fómhair agus Aibreán na bliana dár gcionn. Chuirfí coláiste Gaeilge ar bun i Leitir Ceanainn i 1906, ach ba i

nGaeltacht Chloch Cheann Fhaola, Co. Dhún na nGall a chuirfí Coláiste Uladh ar bun i 1906, faoi stiúir Úna Ní Fhaircheallaigh.

In ainneoin an tairbhe a bhí ag bunú Choláiste na Mumhan ar mhuintir Chonnacht agus Uladh bhris conspóid amach go luath i ndiaidh bhunú Choláiste Chomhghaill i measc chonraitheoirí Uladh. Ba chonspóid í a bhí fréamhaithe ins an tionchar a bhí ag Gaeilge na Mumhan ar chúrsaí Choláiste Chomhghaill. Ní raibh achan duine cinnte faoi éifeacht an tionscnaimh a bhí bunaithe i lár cathrach agus ina raibh, de réir líomhaintí, Gaeilge na Mumhan á teagasc i gcoláiste Gaeilge Ultach. Bhí Gaeil Uladh cosantach faoina gcanúint agus ba léir nach nglacfaí le Gaeilge na Mumhan a bheith á teagasc ann nuair a cuireadh ar bun é chun freastal ar Ghaeilge Uladh agus ar mhúinteoirí Uladh. Is as an chonspóid seo a bunaíodh Ard-sgoil Ultach i mBéal Feirste i 1910 chun a chinntiú gurb í Gaeilge Uladh a bhí á múineadh d'oidí an chúige in áit Gaeilge na Mumhan.

5.2.3. Forás na gcoláistí Gaeilge ar fud na tíre

Cé go raibh cúinsí áitiúla éagsúla sna ceantair ina raibh na coláistí Gaeilge nua seo bunaithe bhí gach ceann acu ag iarraidh freastal ar an chuspóir chéanna, 'sé sin múinteoirí a ullmhú chun an Ghaeilge a theagasc i gcraobhacha an Chonartha agus sna scoileanna Náisiúnta ar fud na tíre. Idir 1904 nuair a bunaíodh Coláiste na Mumhan agus 1906 cuireadh coláistí Gaeilge ar bun i Rinn Ua gCuanach, Co. Phort Láirge i 1905, i mBéal Feirste (1905), i dTuar Mhic Éadaigh, Co. Mhaigh Eo (1905), i Leitir Ceanainn (1906) agus i gCloch Cheann Fhaola, Co. Dhún na nGall (1906). Ba é seo tús ré na gcoláistí Gaeilge mar a thugann Nollaig Mac Congáil ar chéad ghlúin na gcoláistí Gaeilge.²⁹ Ina dhiaidh seo cuireadh coláistí Gaeilge ar bun sa Daingean, Co. Chiarraí sa bhliain (1909) agus i gCuan Dor, An Sgiobairín (1909), sa Spidéal, Co. na Gaillimhe sa bhliain 1910 agus

i gCill Chaoi agus i Sráid na Cathrach, Co. an Chláir sa bhliain 1911. Bunaíodh Choláiste Bhríde in Ó Méith, Co. Lú i Lúnasa 1912 agus i gCathair Dhomhnaill sa bhliain chéanna. Cuireadh coláistí Gaeilge eile ar bun i rith blianta deiridh na ndéagaí agus i rith blianta tosaigh na bhfichidí. Ba iad sin Coláiste an Phiarsaigh, Cathair na Gaillimhe (1919), Coláiste Dhéagláin, An Aird Mhóir, Eochail (1920), Coláiste Theidhleann, An Charraig, Co. Thír Chonaill (1920), Coláiste Thráigh Lí (1920), Coláiste Ghobnatan, Baile Mhúirne, Magh Chromtha (1920) agus Coláiste Chathair Shaidhbhín, Co. Chiarraighe (1922).³⁰ Bhí trí choláiste geimhrídh le cur leis an liosta thuas fosta, Coláiste Chomhghaill, Béal Feirste (1905), Coláiste Laighean, Baile Átha Cliath (1906) agus Coláiste Bhaile Átha Cliath.³¹ Bheadh na coláistí seo ina gcuid lárnach de pholasaí an Chonartha chun an Ghaeilge a athréimniú i measc an phobail.³²

5.3.0. Na coláistí Gaeilge agus an Bord - critéirí aitheantais

Níorbh é slánú na Gaeilge a chothaigh an forás a tháinig ar na coláistí Gaeilge ó 1904 ar aghaidh. Bheadh gá le bonn daingean airgeadúil a chur faoin tionscnamh agus bhí na coláistí ag brath den chuid is mó ar dheontais a bhronn an Bord Náisiúnta orthu. Choinnigh an Bord súil ghéar ar an fhorbairt nua seo. Thuig na coimisinéirí oideachais go mbeadh ról le himirt ag na coláistí i múineadh na Gaeilge a bhí anois ar churaclam na bunsoile do na n-oidí. D'aithin an Bord go mbeadh gá le critéirí soiléire a chur i bhfeidhm chun caighdeán obair na gcoláistí a riaradh agus chun súil a choimeád ar an chaiteachas a bheadh i gceist i dtaca leis an deontas £5 a bhronn an Bord ó 1907 amach. Bronnadh an deontas seo ar choláiste, as gach mac léinn ar éirigh leis an Ghaeilge a theagasc go sásúil ar feadh bliana i scoil i ndiaidh dó/di an cúrsa a dhéanamh sa choláiste. Feicfeadh áfach (6.7.3) nach raibh lucht na gcoláistí Gaeilge i gcónaí sásta leis an ról a bhí ag an Bhord sa phroiséal seo. Chuaigh na coláistí Gaeilge i mbun oibre sular iarr siad aitheantas ón Bhord.

Cé go raibh cúrsaí Gaeilge ar siúl iontu ó shamhradh 1904 níor bronnadh aitheantas oifigiúil an Bhoird orthu go dtí 1907.³³

Leag an Bord coinníollacha dochta síos a bhí le comhlíonadh ag na coláistí éagsúla chun go bhfaighfidís aitheantas oifigiúil. Bhí aitheantas oifigiúil an Bhoird tábhachtach. Gan é ní aithneodh an Bord na teastais a bhronnfaí ar na micléinn ar éirigh leo i scrúdú an choláiste agus a cháiligh múinteoirí chun an Ghaeilge a theagasc san scoileanna Náisiúnta. Gan aitheantas an Bhoird ní bheadh coláiste Gaeilge i dteideal an deontais £5 ó 1907 ar aghaidh. Sa mhéid sin ba é an Bord a leag síos na caighdeáin sna choláistí Gaeilge. Chothaigh ról an Bhoird teannas idir an Conradh agus an Bord Náisiúnta go rialta ach thuig údarais na gcoláistí go mbeadh orthu feidhmiú laistigh den chaidreamh míchompórdach seo.

Bhain coinníollacha an Bhoird le gach gné de réachtáil an choláiste – le hearcú agus le cáilíochtaí na mball foirne, leis an siollabas le clár oibre agus leis na téacsleabhair maraon le sonraí fisiciúla an choláiste. Tá na coinníollacha a bhain le híoc dheontas an Bhoird sa chiorclán seo a leanas ón mbliain 1907:

Payment for Fees for Irish in Colleges where Teachers attend Summer Courses in that subject

The special colleges for the teaching of Irish must have a course of at least four weeks, comprising instruction for not less than eighty hours under teachers whose competency is certified by some recognised authority.

The number of students under any one teacher may not exceed twenty five.

A record of the student's attendances must be kept according to a prescribed form, and the time-table of the college, the programme of studies, and a list of professors must be submitted for approval.

Any student who absents himself from classes, except owing to illness or other reasonable cause, is not recognised as eligible to earn payment for the college.

No student is paid for if he fails to attend three-fourths of the lessons, but if his absence is owing to illness the Commissioners may allow him to receive supplemental lessons sufficient to secure payment.

A qualified substitute may be employed by the teacher of a National school during his attendance at any of these classes, and the services of a substitute is recognised as services given by the teacher.

No student who is already certified in Irish by the Board will be paid for unless special sanction to attend the course has been obtained from the Commissioners.

At the end of the courses the professors of the several colleges examine the teachers who have attended and submit the results for the consideration of the Commissioners.

Those who pass the examination are registered as qualified to teach “Irish as an ordinary or extra subject”, and those who reach a sufficiently high standard are registered as competent to take charge of a bilingual school.

A payment of £5 is made to the college for each teacher who passes the examination, and who subsequently teaches Irish satisfactorily in a public school for one year.³⁴

5.3.1. Iarratais na gcoláistí Gaeilge – *Training Colleges*

Tá sé ráite cheana féin nach raibh deifir ar na coláistí aitheantas a lorg ón Bhord go dtí gur thosaigh an Bord ag íoc deontas £5 ar gach mac léinn ar éirigh leis caighdeán an Bhoird i dteagasc na Gaeilge a shásamh. Is mar sin a bhí an scéal i mBéal Átha an Ghaorthaidh, go háirithe nuair nach raibh ach Coláiste na Mumhan ann ag an am. Ach fá dheireadh 1906 bhí cúig choláiste Gaeilge tar éis teacht ar an saol agus thuig an Bord go mbeadh gá le smacht a chloimeád ar mhéadú líon na n-institiúidí seo agus caighdeán na hoibre a bhí ar siúl iontu a chothú. Bhí an baol ann go dtiocfadh cúrsaí airgid sa bhealach ar chúrsaí caighdeáin nuair a thosaigh an Bord ag íoc an deontais £5.

I Meitheamh 1907 scríobh rúnaí Choláiste na Mumhan, Liam de Róiste, chuig an Bhord Náisiúnta ag iarraidh eolais faoi chúrsaí aitheantais. Feicfear nach raibh údarás an choláiste dall ar cheist an airgid, ach an oiread.

Coláiste Múinteoireachta na Mumhan
Dún na n-Gaedheal
Corcaigh
22.6.07

Gentlemen,

I am directed by the Committee of Management of the Munster Training College (Ballineary, Co. Cork) to make application to you to have the College recognised as one of the Colleges for the National Teachers' Certificates for which grants are to be obtained. We understand that the Commissioners have agreed to give a grant to the College Committee for every teacher trained, and we are desirous of availing of such a grant.

Also, I am directed to say that the Committee respectfully asks the Commissioners to adopt as a programme of instruction in Irish in the National Schools (not bi-lingual) the one drawn up by Cummann na Múinteoirí, which has been published in the Press, as they consider it a most practical and workable programme, and because it is based on Direct Method teaching, which is the method in which students are trained in our College.

I am, Gentlemen,
Your obedient servant,

Liam de Róiste
Rúnaire³⁵

Tabharfar faoi deara an bhéim a leag de Róiste ar chuspóir Choláiste na Mumhan ina chomhfhreagras leid an Bhord, 'sé sin oiliúint a chur ar oidí i modhanna theagasc na Gaeilge. Tá an bhéim chéanna le feiceáil sa chomhfhreagras a tharla idir Coláistí Chonnacht agus Uladh agus an Bord Náisiúnta nuair a chuaigh siad ag lorg aitheantais oifigiúil an Bhoird. Fógraíodh gurb é oiliúint oidí scoile cuspóir Choláiste Chonnacht, Tuar Mhic Éadaigh in *An Claidheamh Soluis* ag tús mhí Eanáir 1905, dhá bhliain sula ndeachaigh J.A. Mag Fhloinn, rúnaí an Choláiste i dteagmháil leis an Bhord den chéad uair i Lúnasa 1907:

We strongly hold that the main efforts of the School should be directed towards the *training of teachers*. What Connacht wants is a body of teachers capable of carrying out the Bilingual Programme with the maximum of success, and thoroughly conversant with modern methods of language teaching. We need not abate a jot of our demand that the Commissioners of National Education should themselves make

adequate provision for the training of teachers for the administration of the Programme, but it would be an absurd policy to hesitate to supply such training ourselves on the score that by doing so we weaken our case against the Board. On the contrary we strengthen it.³⁶

De réir na socruithe a fógraíodh ins an alt céanna bheadh cúrsaí na bliana 1905 ar siúl idir 15 Meitheamh agus Meán Fómhair 1905. Mhairfeadh na cúrsaí sé seachtaine. Bheadh obair an choláiste dírithe ar an phríomhchuspóir seo a leanas: 'a) a course of instruction on the best methods of teaching Irish; b) a course of instruction in the Irish Language and Literature'.³⁷ Mar sin bheadh Coláiste Chonnacht agus Coláiste na Mumhan ag freastal ar na spriocanna céanna, oiliúint oidí sa Ghaeilge agus i dteagasc na Gaeilge.³⁸

Cé go raibh muintir Choláiste Uladh réidh chun tús a chur leis an chéad chursa ar an Fhalcharrach i Lúnasa 1906 ní dheachaigh an tAthair Mícheál Ó Maoláin³⁹ i dteagmháil leis an Bhord go dtí lár na míosa sin chun tús a chur leis an phróiseas aitheantais.⁴⁰ Ar an lá chéanna scríobh Uachtarán Dháil Uladh, an Dochtúir Mag Uidhir, chuig an Bhord ag lorg cuairte ón chigire chun go mbronnfaí aitheantas oifigiúil an Bhoird ar an choláiste. Arís ba í an oiliúint a luaigh Mag Uidhir mar phríomhchuspóir an choláiste.

Letterkenny,
18 August 1906

Gentlemen

I beg to apply for Inspection of the projected Irish College for training teachers at Cloghaneely. It opens on 28th of the present month, with all of the equipment needful to secure its success and its recognition by your Honourable Board. The Dáil Uladh, of which I am President, is the association responsible.

Your obedient servant,

E. Maguire D.D.⁴¹

5.3.2. Iarratais na gcoláistí Gaeilge á mheas ag an Bhord – an Cigire D. Lehane

Ba chuid den phróiseas measúnaithe é cuairt chigire an Bhoird ar an choláiste agus bheadh cinneadh an Bhoird ag brath den chuid is mó ar a thuairiscí. Cé go raibh amhras i measc conraitheoirí maidir le cumas na gcigirí i leith na Gaeilge is léir go raibh roinnt acu sásta comhoibriú leis an tionscnamh nua seo. Ina measc siúd feictear ainm D. Lehane, a luaitear go minic i scéal na gcoláistí ar fud na tíre. Léiríonn tuairisceoir in alt a scríobhadh in *Freeman's Journal*, 7 Meitheamh 1904 gur shíl Lehane go raibh comhairle fhiúntach le tairiscint aige do mhuintir Choláiste na Mumhan faoi mhodhanna teagaisc na Gaeilge:

Mr. D. Lehane, Senior Irish Inspector of the National Board, in a letter to the Rev. President, said he was glad to see that the Gougane College scheme had made such headway. They should, he thought, have a large number of students. He had come across several who had intended to apply for admission. The session should of necessity, be short, and if he might offer a suggestion he thought the aim should be to teach teachers how to teach Irish rather than to teach them Irish. If teachers want to learn Irish they should learn it outside the College, and good teaching of Irish implied the use of Irish and of Irish only during the Irish lessons. The greatest obstacle to progress in Irish instruction was the use of English, and translations into English during the Irish lesson. He did not suggest the translations into English should never be used, but he did suggest that they should be used much less generally and less frequently than they were used. Translations into English were never necessary where the pupils were Irish-speaking, nor were they necessary where the pupils understood the Irish matter read, or an explanation of it given in Irish. Translation into English was one of the most deceptive accompaniments of Irish teaching. A person might be able to translate all the Irish works of the Royal Irish Academy, but not able to maintain a five-minute conversation with a Ballingearry man. He enclosed £1 subscription for the undertaking.⁴²

Is é Lehane a ghlac cúram iarratas údaráis Choláiste Uladh i mí Lúnasa 1906. I nóta oifigiúil inmheánach an Bhoird, dár data 21 Lúnasa 1906, léirigh an Cigire Lehane go raibh sé ar intinn aige cuairt a thabhairt ar Leitir Ceanainn agus go mbeadh sé sásta cuairt a thabhairt ar Choláiste Uladh i rith laethanta tosaigh Mheán Fómhair 1906.⁴³ Iarradh ar Lehane cuairt a thabhairt ar Choláiste Uladh agus ‘report fully as to this Irish College as soon as possible’.⁴⁴ Is fiú a lua anseo gur tharraing Coláiste Uladh siar a iarratas de bharr

aighnis a thit amach idir an Bord agus Conradh na Gaeilge agus nach raibh deis ag Lehane cigireacht a dhéanamh ann.go dtí Iúil 1907.⁴⁵

5.3.3. Coinníollacha aitheantais – sonraí fisiciúla

Bhí ar choistí na gcoláistí Gaeilge éagsúla iarratas foirmiúil a dhéanamh ar an Bhord agus eolas a chur ar fáil dó a bhain le cuma fhisiciúil na n-áiseanna, an fhoireann teagaisc, siollabas na gcúrsaí, amchláir na gcúrsaí agus téacsleabhair. Ba é cuairt an chigire an chuid dheireanach den phróiseas aitheantais.

Is beag eolas a thagann anuas chugainn ó 1907 ach léiríonn tuairisc an chigire Mangan an tábhacht a chuir an Bord i sonraí fhisiciúla na gcoláistí Gaeilge. Eisean a mheas iarratas Choláiste Chonnacht, an Spidéal sa bhliain 1910. Is mar seo a leanas a chuir Mangan síos ar an chuairt oifigiúil ar an Spidéal i nDoiciméid ED 11/4, 15 Lúnasa 1910:

Gentlemen,

In accordance with your instructions I paid a visit to the ‘Irish College’ at Spiddal on Thursday last. The College is in session since the 8th. last. The house where the work of the College is carried out is a good substantial building. It is a short distance from the road from Galway to Spiddal and within a mile of the latter village. The situation is healthy. The house is dry and in good repair. It commands a fine view of Galway Bay and the Coast of Clare. It provides ample teaching accommodation for those in attendance. There were 60 present on the day of my visit. And all the teaching appliances necessary have been provided.

The Rev. Father McAlinney, Dean of University College, Galway is entrusted with the discipline and general conduct of the students, outside the College. He provides lodgings for them. He secured a house in or near Spiddal – a fairly large house, which he has used as a hostel for the lodging for many of the young ... students as the accommodation can afford. If entertainments – songs and dances – take place in any house where students are lodged they must be all over by 10 o’clock. So that there is strict supervision exercised over the students’ conduct and general behaviour – Some have secured lodgings in Spiddal and the rest are housed in the residences of people living near the college.

The students are very earnest and attentive. A good many of them are teachers. The Professors are equally earnest. They are quite competent for the work they are doing. The Lessons are very good. The time-table arrangements are punctually carried out, and everything else is, so far as I had an opportunity of seeing, satisfactory.

I believe the College will do good and that the Commissioners should extend their full recognition to it.

Mangan.

N.B. There are three large classrooms available (and used) for teaching.

D.M.⁴⁶

Ba thoradh dearfach a bhí ar chuairt Mangan agus fógraíodh aitheantas oifigiúil an choláiste 27 Lúnasa 1910. Ba é Mangan a rinne cigireacht ar iarratas Choláiste Bhríde, Ó Méith, 4 Mheán Fómhair 1912. Chuir sé toradh na cigireachta sin in iúl don Bhord an lá arna mhárach.

Dublin,
Sept. 5th. 1912

Gentlemen,

In connection with the application made, in L 2853-12c, on behalf of the above, I beg to report as follows –

1. The accommodation provided for the students is ample and satisfactory. The house in which the work of the college is carried out is large and commodious. It is pleasantly situated, commanding a fine view of the Mourne Mountains and Carlingford Lough. It is within easy reach of the railway station at Omeath, and, I think, very suitable for its purpose. There is every facility afforded for the comfortable housing of the students in the district around the college.
2. The time-table arrangements, the programme, studies and the teaching staff are satisfactory.
3. There are 52 students on the college roll at present – there were over 30 present yesterday when I visited.
4. I heard lessons given during my stay. They were good and carefully prepared.
5. I think the Commissioners might consider the application favourably.
6. The college closes on the 30th September.

Your obedient servant
D. Mangan⁴⁷

Aithníodh Coláiste Bhríde, Ó Méith, 19 Meán Fómhair 1912, mar choláiste Gaeilge de réir rialacha an Bhoird agus, mar sin, d'aithneodh an Bord teastais an choláiste agus bheadh an coláiste i dteideal na ndeontas £5 do chúrsa 1912 agus do chursaí ina dhiaidh sin.

Líonann nuachtáin na linne sin an folús eolais atá sna doiciméid chartlainne a bhaineann le hiarratais na gcoláistí Gaeilge. Cé nach bhfuil an t-eolas chomh h-oibiachtúil le tuairiscí oifigiúla an Bhoird tugann siad blas dúinn faoi na socraithe a bhí le déanamh ag coistí na gcoláistí éagsúla chun dul i mbun na hoibre a bhí réitithe acu. Tá tuairiscí na nuachtán seo luachmhar fosta mar go léiríonn siad an fuinneamh agus an dóchas a bhraith pobal na Gaeilge ag an am faoin obair a bheadh ag dul ar aghaidh sna ‘scoileanna scairteacha’ seo. D’aithin lucht na gcoláistí an deis a bheadh acu sna meáin seo chun bolscaireacht a dhéanamh ar an obair a bheadh ag tarlú ar na cúrsaí éagsúla.

Tógtar, mar shampla, an talt a scríobh Tomás a’ Ghleanna in *An Claidheamh Soluis*, 9 Meitheamh 1906, agus é ag iarraidh mic léinn a mhealladh go ceantar Thuar Mhic Éadaigh. Cuireann sé síos ar shuíomh Choláiste Chonnacht agus ar mhuintir na háite mar seo a leanas:

Atá an Coláiste ’n-a shuidhe go maordha ar bharr cnocáin aeraigh os cionn gach áruis eile ar fud na háite. Tá sé feistighthe suas go deas le gach uile short trosgáin, atá feileamhnach le haghaidh a leithéid d’áit. Atá sé breágh fada fairsing, agus ní thig leis acht bheith folláin óir tá gaoth an tsléibhe agus gaoth Locha Measga ag séideadh isteach air ag tabhairt íocshláinte agus sóláis leo do’n mhuintir atá lag traochta tuirseach de bhárr oibre na bliadhna.

Thart timcheall atá daoine lághacha cneasta ’n-a gcomhnaidhe. Ní hé sin amháin acht tá siad macánta siamsamhail greannmhar. Níl uatha acht faill d’fhághail ar mhaith a dhéanamh do dhuine. Tá siad i gcomhnuidhe réidh chun duine a chur ar bhealach a leasa má’s féidir leo é. Cuir ceist ortha agus freagróchaidh thú go caoin siabhialta. Má’s é tréith é atá greann agus siamsa le fághail asta. Níl dochar do dhuine ná do bheithidheach ionnta.⁴⁸

Ní leor tírdhreach agus daoine cairdiúla chun Gaeltacht bheo a chruthú, áfach, agus ní dhearna Tomás a’ Ghleanna dearmad ar shaibhreas na Gaeilge sa cheantar. Bhí an méid seo a leanas le rá aige faoi:

Agus taisbeánann an teanga cáilidheachta na ndaoine. Níl mórán áit i nÉirinn a bhfuil an teanga Ghaedhilge chomh milis ná comh blasta agus atá sí i gceantar Shléibhe Partraigh. Atá gach uile fhocal atá le clos agat gearrtha go gasta glan. Tá sí go liomhtha i mbéal gach fíor agus mná agus páiste. Tá sí le cloisteáil ar bhealach 's ar bhóthar agat ag aontughadh go deas 'le ceileabhar na n-éan. 'Sí an teanga Gaedhilge atá i n-úsáid ag na daoine i bpáirc agus i ngort, ar shliabh agus i ngleann, ar mhóin agus ar bhán, i dteach agus ar thráigh agus ins chuile áit acht amháin i dtightibh ósta, agus ó bheagán seoinín. Acht tá leigheas againn ortha so – gan dul i ngar dóibh.⁴⁹

Tá cosúlachtaí idir cur síos Thomáis a'Ghleanna agus an cur síos a fhoilsíodh in *An Claidheamh Soluis*, 28 Iúil 1906, agus an tuairisceoir ag scríobh an méid seo a leanas faoi Choláiste na Mumhan:

Tá an Coláiste féin suidhte i sráidín aoibhinn aerach ar bhruach na Laoi, agus i gcomhgar Loch Dálua. Is néamhrach an radharc atá le feicsint mór-dtimcheall na sráide bige ar gach taobh – na cnuic fé n-a gcluthmhar-bhrat crann 'ag bagairt a gcinn thar druim a chéile, 'coill duilleghlas ar gach cnocán, agus loch tuillte d'iasg i ngach logán, aibhne agus garbhshrotha ag crónán agus ar síosmanaigh i measc na gcrann; agus an Gúgán naomhtha – ball seirce na hÉireann – tamaillín siar, an áit áluinn úd a tharraingeann na mílte duine ós gach áird de'n domhan chun lán a dá shúil do bhaint as an aoibhneas neamh-choitcheannta. Is breágh an rud é dul i measc na sean-daoine gcarthannach muinnteartha ag sgríobhadh na sean-amhráin nó na sean-sgéal, agus is binn aca iad agus is fial iad chun a dtabhartha uathu.⁵⁰

5.3.4. Amchláir agus Siollabais – Coláiste Uladh

Ba é Coláiste Uladh, Cloch Cheann Fhaola an chéad choláiste a chuaigh i dteagmháil leis an Bhord ag lorg aitheantais agus thug an cigire Lehane le fios go raibh coinníollacha an Bhoird sroichte ag an choláiste, 15 Lúnasa 1906.⁵¹ Tagann amchlár na bliana 1907 anuas i gcáipéisí an Bhoird, ED 11/10/1. Bhí ranganna deachtaithe, scéalaíochta agus léitheoireachta ann. Bhí cúrsa ann i stair na hÉireann, gné a bhain leis na coláistí Gaeilge go léir ag an am seo. Tá seisiúin ar nós 'Tuairim Eolais' agus 'An Modh Díreach' luaite sa chlár oibre thíos. Pléifear na hábhair seo níos moille (6.2.5).

Amchlár Choláiste Cholm Chille ó sheisiún 1907 (ó Dhoicimeid ED 11/10/1)

	Luan	Máirt	Céadaoin	Déardaoin	Aoine
10.00-11.00	Tuairim-Eolais	Tuairim-Eolais	Tuairim-Eolais	Tuairim-Eolais	Tuairim-Eolais
11.00-11.30	Deachtughadh	Sgéalaidheacht	Deachtughadh	Sgéal'acht	Deacht'adh
11.30-12.00	Léigheoireacht	Léigheoireacht	Léigheoireacht	Leigheoireacht	Leigh'eacht
12.00-1.00	Proinn	Proinn	Proinn	Proinn	Proinn
1.00-2.00	An Modh Díreach	An Modh Díreach	An Modh Díreach	An Modh Díreach	An Modh Díreach
2.00-2.30	Litreacht agus Filidheacht	Stair na hÉireann	Amhráin	Stair na hÉireann	Gramadach
2.30-3.00	Ag gabháil ceoil	Léigheoireacht	Ag gabháil ceoil	Léigheoireacht	Ainmneacha áiteacha

Satharn: ag gabháil siar ar obair na seachtmhaine⁵²

5.3.5. Coláiste na Mumhan

I ndiaidh do Liam de Róiste scríobh chuig an Bhord Náisiúnta ag iarraidh eolais faoi chúrsaí aitheantais i Meitheamh 1907 d'iarr an Bord tuilleadh eolais uaidh de Róiste.⁵³ Sheol sé na sonraí a bhain le foireann an choláiste agus cúrsaí amhláir i litir dár dháta 13 Iúil 1907. Ar dtús sonraí na foirne:

Dear Sirs

I have the pleasure of enclosing Time Table of Coláiste na Mumhan as requested. The Professors are

Head Master:	Rev. R. Daly D.D., D.Ph.
Professor of Method:	Rev. Gerard Nolan, M.A.
Assistant Professor of Method:	Diarmuid O'Leary
Conductor of Tonic Sol Fa:	Miss Annie O'Reilly

Dr. Osborn Bergin will give a course of lectures on Grammar during August session, for which provision will be made on Time Table.

I am, Dear Sirs,

Your Obedient Servant

Liam de Róiste⁵⁴

Chuir de Róiste an t-amchlár seo a leanas ar aghaidh chuig an Uasal Dilworth, rúnaí an Bhoird. Chum an tAthair Ó Dálaigh an t-amchlár.

Time table

9.30 to 10.00	Tonic Sol, Fa – Optional Class	
10.00 to 11.00	Method Teaching	2 nd . & 3 rd . Year Rev. G. Nolan 1 st . Year Mr. Jeremiah O’Leary
11.05 to 12.05	General Phonetics and Photetic Drill	All Students Irish Phonetics and Phonetic Drill Rev. R. Daly D.Ph, D.D.
12.30 to 1.30	Practice and Criticism lessons for 2 nd . and 3 rd . year Students, in Method of Teaching	Rev. G. Nolan, M.A.
1.35 to 2.35	Monday, Wednesday and Friday	2 nd . And 3 rd . Year Texts: Explanation and Reading. Books used: Aesop, Séadna Tuesday and Thursday: Object lessons, Grammar Rev. G. Nolan, M.A.
12.30 to 1.00	1 st . Year Students	
	Texts: Reading and Explanation	
	Book used: Séadna	
	Grammar	Mr. Jeremiah O’Leary
1.00 to 1.30	Practice and Criticism lessons in Method of Teaching	Mr. Jeremiah O’Leary
2.00 to 2.35	Picture Lessons	
	Grammar	
4.30 to 5.30	All Students: Practice and Criticism lessons in Phonetics and Phonetic Drill	Rev. R. Daly D.D., D.Ph. Comparative Phonetics – Irish (National and Provincial), English, French, German
Time not fixed	Students not to attend in a body but each when required	
	Composition, Discussion and Correction of essays; written at convenience by students and handed in on days fixed for each. Two essays to be written by each student every week.	
	Literary spelling, grammar, idiom, style.	Rev. R. Daly, D.D. D.Ph
9.00 to 9.30	Optional Class in Traditional Singing in Class	Miss Annie O’Reilly Scoruidheacht follows. ⁵⁵

Bhí na nótaí seo a leanas scríofa i lámh an Athar Ó Dálaigh a thugann eolas dúinn maidir le coinníollacha iontrála Choláiste na Mumhan.

In order to attend the college a student must be able to read and write Irish, understand it when spoken and speak it with at least fair fluency and correctness. Students must qualify on arrival for admission to the College by passing a fairly severe oral and written examination.

Signed Rev. O'Daly⁵⁶

Tabharfar faoi deara an tábhacht a leagadh ar an fhoghraíocht ar an chlár oibre seo. Ba ghné é a bhí le feiceáil i scéimeanna oibre na gcoláistí Gaeilge, a léiríonn an tionchar a bhí ag Coláiste na Mumhan, agus ag an Athair Ó Dálaigh, ar éabhlóid na gcoláistí Gaeilge a tháinig ar an saol ina dhiaidh. Féachfar ar seo níos moille (6.2.5).

5.3.6. Coláiste Chonnacht

Faoi mar a tharla i gcás na gcoláistí Gaeilge eile táimid ag brath ar mheáin na linne sin chun léargas a fháil ar an chlár oibre a cuireadh i bhfeidhm i gColáiste Chonnacht, Tuar Mhic Éadaigh sular iarr coiste an choláiste aitheantas oifigiúil an Bhoird i 1907. Léiríonn an t-alt seo a leanas a foilsíodh in *The United Irishman* tuilleadh eolais faoin chlár ama agus an scéim oibre a bhí i bhfeidhm i rith an chéid chúrsa a reáchtáladh i dTuar Mhic Éadaigh i 1905:

The more advanced students were able to make a close and more critical study of several of the more difficult texts in prose and poetry. The first session, from 10 to 1, was occupied with text work, composition, storytelling, seanchus, and a song or two in the traditional method. The second session, from 3 to 6, was spent in a somewhat similar manner; but, at the end of each session, a special demonstration was given in the Modh Réidh method. This was intended not only for the benefit of the beginners, but also for intending teachers who, in turn, were given an opportunity of conducting a lesson in that method; always, of course, under the supervision of the principal. Needless to say, every portion of the day's work was conducted exclusively in Irish. It is beyond doubt that the college, even in the first session since its foundation, has accomplished a great deal of valuable work. The coming session promises to be more successful, and still more largely attended.⁵⁷

Part-time: Macrooms, Co. Wick		Part-time: Reading Easy		Part-time: P.M. P.M.		Part-time: P.M. P.M.		Part-time: P.M. P.M.		Part-time: P.M. P.M.	
9.6	9.30	Optimal Class in 2100									
Traditional Singing in Class. Miss Annie O'Reilly											
Soprano teacher follows.											
Students not to attend lessons in a long list each when required.											
Composition, Discussion & Correction of Essays written at Convenience by Students & handed in on different days & fixed for each. Two essays to be written by each student & corrected.											
Spelling, Grammar, Irish style. Rev. R. Daly & M. Jeremiah O'Leary											
4.30	5.30	Practice & Criticism Lessons in Phonetics & Phonetic									
All Students. Rev. R. Daly, & M. O'Leary											
4.30	6.35	Comparative Phonetics - Irish (National & Provincial), English, French, German									
2	2.35	1st year Students - Picture Lessons, Grammar									
1.30	1.55	2nd year Students - Practice & Criticism Lessons in Method of Teaching. M. Jeremiah O'Leary.									
1.30	1.55	3rd year Students - Texts: Reading & Explanation, Book used: Seated, Grammar.									
1.35	2.35	Monday, Wednesday & Friday - Texts: Reading & Explanation, Book used: Seated, Second Grammar.									
1.35	2.35	Tuesday & Thursday - Object lessons. Rev. R. Nolan M.A.									
1.35	2.35	Practice & Criticism Lessons for 2 nd & 3 rd year Students, in Method of Teaching. Rev. R. Nolan M.A.									
1.5	2.15	General Phonetics & Phonetic Drill } All Students. Irish Phonetics & Phonetic Drill } Rev. R. Daly, & M. O'Leary									
1.6	1.11	Method of Teaching { 2 nd & 3 rd year, Rev. R. Nolan, M.A. 1st year, M. Jeremiah O'Leary									
1.5	1.10	Ionic Sol Fa - Optional Class									

Clár ama Choláiste na Mumhan ó lámh an Athar Ó Dálaigh, (6 Dhoicimeid ED 11/16/3).

Tá sonraí na gclár oibre níos iomláine i ndoiciméid an Bhoird i ndiaidh 1907. Chuir Seán MacEnrí, Ard-Ollamh Choláiste Chonnacht, An Spidéal an t-am-chlár seo a leanas ar

aghaidh chuig an Bhord i 1911, a thugann le fios dúinn conas mar a roinneadh an obair. Tá sé soiléir gur cuireadh an-bhéim ar an léitheoireacht, ar an scríbhneoireacht agus ar an ghramadach agus nár cuireadh an oiread sin tábhachta ar an chomhrá, gné d'obair na gcoláistí, rud a chuir olc ar Eoin Mac Néill, a chreid go raibh gá le modh teagaisc níos oiriúnaí do dhaoine fásta 'ar fhág a mbunús an scoil in aois a ceathair déag dóibh, agus nach raibh aon taithí acu ar mhodhanna foirmiúla foghlamtha teanga. Bhí caint na ndaoine beo i measc mhuintir na Gaeltachta, agus is uathu sin, dar leis, ba cheart an saineolas a lorg'.⁵⁸

Programme for 1911 Session

10 go dtí 11	An Clár Dhá-theangadh	
11 go dtí 11.30	Na hArd-Rannga	Árd-Fhoghraidheacht
	*An Ranng ar Leith	Árd-Fhoghraidheacht
	An Bun Ranng	An Modh Díreach
11.30 go dtí 12	An Bun Ranng	Bun-Fhoghraidheacht
	Na hArd-Rannga	Gramadach
	*An Ranng ar Leith	Gramadach
12 go dtí 12.30	An Bun Ranng	Láimh-leabhar na Gaedhilge
	Na hArd-Rannga	Cumadóireacht
	*An Ranng ar Leith	Cumadóireacht
12.30 go dtí 1	An Bun Ranng	Léigheadh agus Deachtughadh
	Na hArd-Rannga	Leabhra Léigheoireachta
	*An Ranng ar Leith	Leabhra Léigheoireachta
1 go dtí 1.30	Sgíth	
1.30 go dtí 2	An Bun Ranng	Cumadóireacht
	Na hArd-Rannga	Leabhra Léigheoireachta
	*An Ranng ar Leith	Leabhra Léigheoireachta
2 go dtí 2.30	An Bun Ranng	Comhrádh
	Na hArd-Rannga	Leabhra Léigheoireachta
	*An Ranng ar Leith	Leabhra Léigheoireachta
2.30 go dtí 3.30	An Bun Ranng	Leabhra Léigheoireachta
	Na hArd-Rannga	Módh Múinteoireachta
	*An Ranng ar Leith	Módh Múinteoireachta

Seaghán P. Mac Enrí (Ard-Ollamh)

Nóta: *Ranng ar Leith – 'a special course for those who already hold certificates'.⁵⁹

Faightear léargas ar chúrsa an ranga seo i gclár oibre na bliana 1912 i nDoiciméid ED 11/4/4 mar seo a leanas:

An Clár Dhá-theangach (Bi-lingual Programme and Teaching Methods through the medium of Irish)

Stair Oideachais (sic.) (Educational Theory)

Syllabus

- a. A series of lectures on the teaching of Irish composition, oral and written
- b. The Geography of Ireland, with specific reference to historical and industrial features
- c. Irish Grammar – parsing and analysis
- d. Elementary Lessons in Arithmetic, Euclid and mensuration
- e. Object lessons, nature study, elementary science
- f. Irish singing

BILINGUAL PROGRAMME

Leabhar an Áirimh, Cuid a hAon agus Cuid a Dó
Tír Eolas na hÉireann
Céimseata, Cuid a hAon
Ceachta Ealadhan
Ceachta Min-Eolais
Stair na hÉireann

Sean-amhránaidheacht

Faoi mar a fheictear i gcás na gcoláistí eile luaitear seisiúin i bhfoghraíocht na Gaeilge agus leabhar an Athar Ó Dálaigh, *Phoneology*, in úsáid mar théacsleabhar.

De réir an eolais atá ar fáil i nDoiciméid ED 11/4/4 d'frestail 170 mac léinn ar chúrsa 1912 agus bronnadh teastais dhátheangacha ar 30 díobh.⁶⁰ Ceithre rang a bhí á reáchtáil sa choláiste – ‘An tArd-Ranng’, ‘An Ranng Meadhonach’, ‘An Bun-Ranng’ agus an ‘Ranng ar Leith’. Tháinig forás ar chlár oibre an choláiste agus tugadh eolas faoi mar a roinneadh obair an chúrsa i measc na mball foirne.

Ard-Rann

10 – 11	Árd-Fhoghruidheacht	Dia Luain, Dia Céadaoin Dia hAoine	Tomás Mac Domhnaill
	Leabhra, Deachtughadh agus Caint	Dia Máirt, Diardaoin Dia Sathairn	Caitlín Nic Ghabhann/ Pilib Ó Bhaldrain
11 – 12	Gramadach agus Cumadóireacht	Gach Lá	Dr. Mac Enrí
12 – 12.30	Sos (ach amháin Dia Sathairn)		
12.30 - 1.30	Leabhra agus Caint	Gach Lá (12-1 Dia Sathairn)	Tomás Ó Colmáin/ Tomás Mac Domhnaill
1.30 – 2.30	Módh Muinteachtair	Gach Lá / /	Dr. Mac Enrí nó T. Ó Colmáin
1.30 – 2.30	Filidheacht, Comhrádh agus Aithriseoracht	Gach Lá /amháin /Dia Sathairn	Pilib Ó Bhaldrain
2.30 – 3.30	Clár Dhá-Theangadh agus Ceol	Gach Lá	Tomás Ó Colmáin

Rann Meadhonach

10 – 11	Foghruidheacht	Dia Máirt, Diardaoin Dia Sathairn	Tomás Mac Domhnaill
10 – 11	Leabhra, Caint agus Deachtughadh	Dia Luain, Dia Céadaoin Dia hAoine	Pilib Ó Bhaldrain
11 – 12	Gramadach agus Cumadóireacht	Gach Lá	Caitlín Nic Ghabhann
12 – 12.30	Sos (ach amháin Dia Sathairn)		
12.30 – 1.30	Leabhra agus Caint	Gach Lá (12-1 Dia Sathairn)	Pilib Ó Bhaldrain
1.30 – 2.30	Módh Múinteachas	Gach Lá (ach amháin Dia Sathairn)	Dr. Mac Enrí nó Tomás Ó Colmáin
2.30 – 3.30	Comhrádh	Gach Lá (ach amháin Dia Sathairn)	Tomás Ó Colmáin nó Tomás Mac Domhnaill

Bun Rann

10 – 11	Foghruidheacht	Dia Máirt, Diardaoin, Dia Sathairn	Tomás Mac Domhnaill
10 – 11	Cumadóireacht	Dia Luain, Dia Céadaoin, Dia hAoine	Caitlín Nic Ghabhann
11 – 12	Módh Díreach/Comhrádh	Gach Lá	Tomás Ó Colmáin
12 – 12.30	Sos (ach amháin Dia Sathairn)		
12.30 – 1.30	Handbook	Gach Lá (12-1 Dia Sathairn)	Dr. Mac Enrí
1.30 – 2.30	Comhrádh	Gach Lá (ach amháin Dia Sathairn)	Caitlín Nic Ghabhann

Rann ar Leith

10 – 11	Árd-Fhoghruidheacht	Dia Luain, Dia Céadaoin, Dia hAoine	Tomás Mac Domhnaill
10 – 11	Leabhra/Árd Gramadach	Dia Máirt, Diardaoin, Dia Sathairn	Dr. Mac Enrí
11 – 12	Leabhra	Gach Lá	Tomás Mac Domhnaill
12 – 12.30	Sos	Gach Lá (ach amháin Dia Sathairn)	
12.30 – 1.30	Leabhra agus Caint	(Leis an Árd-Rann) (12-1 Dia Sathairn)	Tomás Ó Colmáin
1.30 – 2.30	Módh Múinteachas	(Leis an Árd-Rann)	Dr. Mac Enrí
1.30 – 2.30	Filidheacht agus Aithriseoracht	(Leis an Árd-Rann)	Pilib Ó Bhaldrain
2.30 – 3.30	An Clár Dá-Theangadh agus Ceol	(Leis an Árd-Rann)	Tomás Ó Colmáin

5.3.7. Coláiste na Rinne

Is é Mícheál Ó Domhnaill a thugann léargas cuimsitheach ar scéim oibre Choláiste na Rinne. Tá sé le feiceáil gur tháinig forás uirthi ó thosaigh Pádraig Ó Cadhla agus an Dr. de Hindeberg ar a gcuid oibre i scoil Bhóthar na Sop nuair nach raibh ach dáréag i láthair an chéad lá, 3 Iúil, 1903. Tabharfar faoi deara go raibh ábhair aisteacha ar nós an ‘luibheolais’ ar an chlár oibre. Socraíodh an clár ama mar seo a leanas:

Ranganna Gaeilge ó 10.30 r.n. go dtí 2.00 i.n. Bhíodh sos ceathrú uair a chloig ar an 12.00.

Lón idir a 2.00 agus 4.00 i.n.

Ceol nó luibheolas óna 4.00 go dtí a 5.00 i.n. leis an Dr. de Hindeberg nó leis an Dr.

Ó Síocháin

Tae óna 6.00 go dtí a 7.00 trathnóna.⁶¹

Tugann Ó Domhnaill cuntas ar imeachtaí iarnóna na scoile. I dteannta na ranganna thuasluaite bhíodh rang ar leith ann le freastal ar mhuintir na háite. Léamh agus scríobh na Gaeilge a bhí ar siúl iontu seo agus bhí tráthnóna ann ina léití ó scríbhinní Cheitinn agus ‘taithí a fháil ar Ghaedhealuinn na haimsire sin a scríobh le haghaidh daoine a mbeadh eolas leormhaith acu chuige sin’.⁶² Thosaíodh seal scoraíochta ar a hocht a chlog san oíche.

Seo mar a chuireann Ó Domhnaill síos ar an seisiún seo:

Bhailíodh slua anoir agus aniar chun sult a bhaint as ceol agus rince agus amhránaíocht sa seomra scoile agus amuigh sa chlós. Thagadh an Dr. de Hindeberg ann lena bheidhlín agus bhaineadh sé ceol as a chuireadh aoibhneas ar chách, agus thugadh ina theannta ann Mícheal Ó Catháin – Micilín Shíle – fear canta na n-amhran. Bhí bua an cheoil aige agus ba leis nár leasc greas a sheinm a chorródh an chuisle sa lucht éisteachta.⁶³

Tháinig forbairt ar an chlár oibre. Seo mar a roinneadh an teagasc i measc na foirne mar seo:

De Hindeberg:	Meán- agus Sean-Ghaedhealuinn, ‘le candam beag Laidin, Gréigis agus Sanscaite’.
Ó Síocháin:	Caint agus gramadach agus foghraíocht Ghaedhealuinne na Rinne ‘a theagasc agus a léirmhíniú’ agus ceachtanna sa luibheolas.
Ó Cadhla:	Ranganna comhrá agus foghraíochta agus modhanna múinteoireachta.
An Fear Mór:	An Modh Díreach
Stóice:	Béaloideas agus seanchas na sean-mhuinntire. ⁶⁴

Ní raibh aon leabhair in úsáid i rith an chéad chúrsa.

Tharraing coiste Choláiste na Rinne siar a iarratas le haghaidh aitheantais oifigiúil de dheasca an easaontais a tharla idir Conradh na Gaeilge agus an Bord, an t-easaontas céanna a chuir stop le próiseas aitheantais Choláiste Uladh (6.7.3). Scríobh Pádraig Ó Cadhla chuig an Bord arís ag iarraidh aitheantais don choláiste, 5 Iúil 1907. Chuir sé an t-amchlár seo a leanas chuig an Bhord:

Time-Table

10.30 to 11.30	Conversation (object Lessons and picture Lessons) on the Direct Method of Teaching. (Special lessons on method of Teaching)
11.30 to 12	Writing
12 to 12.15	Recreation
12.15 to 1	Elementary Grammar (Dr. Skehan) Grammar (Middle +Old Irish) (Dr. Henebry)
1 to 2	Composition
2 to 4	Dinner
4 to 5	Phonetics and Orthography (Dr. Sheehan) Old Irish (Dr. Henebry)
5 to 6	Reading and Conversation
6 to 7	Tea
7 to 8	Teaching native speakers how to read and write (with special Lectures on bilingual teaching).
8 to 9	Entertainment (music and song)
N.B. All the Professors give special lectures on Method of Teaching each in his own department. ⁶⁵	

Ní raibh liosta léitheoireachta an chúrsa ar fáil go dtí 27 Lúnasa 1907, ach feicfear gur ardchaighdeán léinn a bhí le cur os comhair na mac léinn. Is é seo, is dócha, a spreag Arthur E. Clery an méid seo a leanas a scríobh sa bhliain 1917 faoin obair a bhí ar siúl ag de Hindeberg agus Ó Síocháin:

‘Ring under the influence of Dr. Sheehan of Maynooth and the late Dr. Henebry, once professor in the Catholic University of America, devotes itself rather to literary purity and takes the more ‘precious’ view of the language.’⁶⁶

5.4.0. Téacsanna

Ba chuid thábhachtach den eolas a bhí riachtanach don Bhord iad na téacsanna a bhí ar shiollabas na gcoláistí Gaeilge. É sin ráite, is beag eolas a mhaireann sna cáipéisí cartlainne a bhaineann le próiseas aitheantais an Bhoird. Bhí cead na gcoimisinéirí oideachais ag teastáil i gceist na dtéacsanna a bheadh in úsáid; bhí saoirse áirithe ag údaráis na gcoláistí ach b'éigean dóibh liosta na dtéacsanna a chur faoi bhráid an Bhoird gach bliain. Bhí meascán téacsanna caighdeánacha ann agus téacsanna a bhain le litríocht agus traidisiúin na gceantar éagsúil agus leis an litríocht nua a bhí á foilsiú faoi bhrat an Chonartha. Tá an chuma ar an scéal gur ghlac údaráis na gcoláistí iomlán úsáide as an saoirse a tugadh dóibh agus iad ag roghnú na leabhar a bheadh in úsáid acu. Tugann Nollaig Mac Congáil treoir dúinn, áfach, faoi na téacsanna a bhí in úsáid i gColáiste Chonnacht.

Coláiste Bhríde ^{14.11.14 (2)}

Clár na d'áit.

Uair	An I rang	An II rang	An III rang
10.30-11	Moó Síneac — P	Moó Síneac — P	Moó Síneac P
11 — 11.30	Moó Síneac: leabair ^A	Moó Síneac P	Moó Síneac P
Dia Céadainn Dia Satairín	Cleact-creagair ^P	Cleact-creagair ^P	Cleact-creagair ^P
11.30-12.30	Cáinné agur ^A Ísríobóiréact	Leabair agur ^{D P} Cáinné oréu	Leabair agur ^E Cáinné oréu
12.30-1.30	Sgair		
1.30-2	Fuaimnéiréact ^P		
Dia Máire Dia hAoine	Stair ^E		
2 — 2.30	Comrád agur ^A Ísríobóiréact		Fuaimnéiréact ^P agur deaccuáó
Dia Máire Dia hAoine	Stair ^E		Stair ^E
2.30-3	Moó Síneac: leabair ^A	Leabair: spamaóac ^{D P} áirte Ísríobóca	Leabair: spamaóac ^E áirte Ísríobóca
3 — 3.30	áirte Ísríobóca agur ^A meabruzáó céolta	Sgéalúiréact agur ^{D P} Filióac	
Dia Máire Dia hAoine	Céol ^P		

Amchlár Choláiste Bhríde, Ó Méith i bpeannaireacht Eoin Mhic Néill atá ar fáil i bPáipéir Uí Thighearnaigh, Cartlann Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Seasann na litreacha 'P' do Pheadar Ó Dubhda, 'A' d'Aodh Mac Greacháin, 'E' d'Eoin Mac Néill agus 'D' do Dhomhnall Ó Tuathail.⁶⁷

5.4.1. Coláiste Chonnacht

I gColáiste Chonnacht, Tuar Mhic Éadaigh baineadh úsáid as *Stories from An Táin, Leabhar na Laoitheadh* agus *Beatha Fhéichín* (Aistriúchán Phádhraic Uí Dhomhnalláin) san Ard Rang. Baineadh úsáid as *Stair Ceachta II, Cnoc na Gabha* le Mícheál Breathnach

(Connradh na Gaedhilge, 1906), *Beatha Fhéichín agus Handbook of Modern Irish* le Seán P. Mac Enrí (An Cló-Chumann Teoranta 1903) i rang na dteastas.⁶⁸ Cuireadh cúrsa dátheangach ar siúl agus leagadh síos na téacsanna breise seo a leanas dó: *Leabhar ar Áireamh I & II*, *Leabhar Geograifh*, *Ceachta na h-Ealadhan*, *Céimseata I&II* agus *Algebar*.⁶⁹ Bhí na téacsanna *How to Speak Irish*, *Irish Phonetics* (Browne and Nolan, 1904) agus *Aids to Pronunciation of Irish* ar an siollabas don fhoghraíocht.⁷⁰

Bhí muintir Choláiste Chonnacht, an Spidéal, a cuireadh ar bun sa bhliain 1910, níos flaithiúla faoin eolas a cuireadh ar fáil faoi na leabhair a bhí in úsáid i rith cúrsaí 1911. Ba iad *Stories from the Táin* (Strachan), *Outlines of Old Irish Grammar*, *Stories from Keating* (Bergin) (ll.30-90), *Irisleabhar Phriosúin*, Cuid a hAon (Ó Neachtáin), *Leabhar na Laoitheadh* (S. Ó Ceallaigh), *Amhráin Ghrádha Chúige Chonnacht* (An Craoibhín) agus *Filidheacht Ghaedhilge* (An Craoibhín) a bhí in úsáid san Árd-Rann.⁷¹

5.4.2. Coláiste na Rinne

Bhí téacsanna éagsúla in úsáid i gColáiste an Rinne, dar leis an eolas a thagann ón chomhfhreagras idir Pádraig Ó Cadhla, rúnaí an Choláiste, agus an Bord i 1907. Tá béim ar Ghaeilge na nDéise le brath sna téacsanna a bhí in úsáid ó dheas. *Sean-Chaint na nDéise* (Dr. Sheehan, M.A., Ph.D.), *Cnó Coilleadh Craobhaighe* (leis an údar céanna), *Mac Léighinn* (Fearghus Finnbhéil); *Sounds of Munster Irish* (Dr. Henebry) agus *Manuscript of Irish Grammar* (ullmhaithe ag an Dr. de Hindeberg agus an Dr. Ó Síocháin) a bhí ar shiollabas an Choláiste. Rinneadh staidéar ar an tSean-Ghaeilge, agus b'iad *The Birth of St. Moling* le Whitley Stokes, *Grammar of Old Irish* agus *Grammar of Old Irish and Paradigms* le Strachan na téacsanna a leagadh síos.⁷²

5.4.3. Coláiste Uladh

Socraíodh ar na téacsanna seo a leanas do chúrsa 1906: *Clann Uisnigh, Laoi Oisín, Leabhar an Aircaing, An Cruinneolaidhe, Smuainte ar Árainn* (Úna Ní Fhaircheallaigh), *Greann na Gaidhlighe* (Enrí Ó Muirgheasa), *Eachtra Lorgnachtair*.⁷³ Tháinig leathnú ar shiollabas Choláiste Uladh de réir mar a d'fhás líon na mac léinn ag bhí ag freastal ar na seisiúin. Ins na blianta beaga i ndiaidh don choláiste teacht ar an saol bhí na leabhair *An Mháthair, Cú na gCleas, Cuid a hAon* (Íde Nic Néill agus Séamus Ó Searcaigh), *Bodach an Chóta Lachtna, Guth na mBard* (Tadhg Ó Donnchadha) agus *Céad de Cheoltaibh Uladh* (Enrí Ó Muirgheasa) ar chlár léitheoireachta Rang na dTeastas. Baineadh úsáid as *Cú na gCleas, Cuid a hAon*, agus *Cloich Cheannfhaolaidh* (Séamus Ó Searcaigh) sa 'Rang Meadhonach', maraon le 'selected poems from 'An Fhuisseog' agus 'special lectures on local songs'. Chomh maith leis sin d'fhreastail na mic léinn ar léachtaí ar fhilí Uladh. Rinne siad staidéar fosta ar litríocht na Gaeilge agus ar stair na hÉireann 1600-1800.

Sa 'Bhun Rang', baineadh úsáid as *An Modh Díreach, Cuid a hAon agus a Dó, Coiscéim ar Aghaidh* agus *Taidhbhse an Chrainn* (an Seabhac). Baineadh úsáid as *Elementary Grammar* leis na Bráithre Críostaí ins na ranganna gramadaí. I dteannta na leabhar seo d'fhoghlaim na scoláirí amhráin áitiúla de ghlanmheabhair.

Bhronn Coláiste Uladh 'Diploma in Advanced Irish Studies' orthu siúd 'who already hold a Teaching Certificate.' B'iad *Stories from Keating* le Bergin, *Dánta Grádha* agus *Oidhe Chloinne Uisnigh* na téacsanna a bhí ar chlár an chúrsa seo. Ina theannta sin, rinneadh staidéar ar *Old-Irish Grammar* le O'Connell agus tugadh léachtaí ar 'Philology, Phonetics

and Metrics of the Language'. Rinneadh staidéar ar Litríocht na Gaeilge ó 1600 go 1900 agus ar Stair na hÉireann ó 1691 go 1900.⁷⁴

5.4.4. Coláiste Bhríde, Ó Méith

Tá an chuma air nár baineadh úsáid as téacsanna foirmeáilte sa Bhun Rang in Ó Méith. Léadh *An Cruinneolaidhe* agus *Donnbhó agus Sgeultai eile* agus ba é *An Fhuiseog* an leabhar filíochta a bhí in úsáid sa Rang Meadhonach. Rinneadh staidéar ar *Ceithearnach Uí Dhomhnaill*, *Stair-cheachta* agus *Sgeulaidhe Oirghiall*, agus b'iad *An Fhuiseog* agus *Seachrán Cairn tSiadhail* na téacsanna próis.⁷⁵

5.5.0. Na foirne teagaisc - earcú ball foirne

Tá tábhacht ar leith ag na cáipéisí a bhaineann leis an chomhfhreagras idir na coláistí Gaeilge agus an Bord, go háirithe iad siúd a bhaineann le hearcú bhaill foirne na gcoláistí Gaeilge. Léiríonn na cáipéisí seo go raibh meascán conraitheoirí agus scoláirí léannta ag stiúradh agus ag obair sna coláistí Gaeilge chun a chinntiú go bhfaighfeadh na mic léinn a d'fhreastal orthu oiliúint den scoth sa Ghaeilge agus i dteagasc na Gaeilge.

5.5.1. Coláiste na Mumhan

Nuair a fhéachtar ar na doiciméid a bhaineann le bunú Choláiste na Mumhan, mar shampla, luaitear ainm an Dochtúra Ristead Ó Dálaigh. Tá baint ag an Athair Ó Dálaigh le Gaeltacht Mhúscraí mar gheall ar an scoil samhraidh a bhí aige i gceantar Ghúgan Barra ó 1902. Cuireann Dónal Ó Luasaigh síos air mar seo a leanas:

An Dochtúir Ó Dálaigh a tugtaí anso timpeall air. Fear ab ea an Dr. Ó Dálaigh go raibh urmhór teangacha na hEorpa ar a thoil aige, agus teangacha nach iad - an tSínis agus an Arabais ina measc. Bhí sé ar saoire breoiteachta óna dhualgaisí sagairt san Astráil agus é ina shéiplíneach ag clann saibhir i Londain nuair a chuala sé an

Ghaelainn á labhairt don chéad uair, Lá le Pádraig, 1902. Cheangail sé láithreach le craobh den Chonradh i Londain agus fé shamhradh na bliana san bhí sé sa Ghúgán ag múineadh fuaimneanna na Gaelainne dóibh siúd a bhí bailithe ina thimpeall ann.⁷⁶

Bhí tionchar láidir ag an Athair Ó Dálaigh in éabhlóid Choláiste na Mumhan, mar a bheadh aige ar shiollabais na gcoláistí eile ar fud an tíre de réir mar a thiocfaidís ar an saol. Cuireann Arthur E. Clery síos ar an Dálach, agus é ag scríobh i 1917, mar seo a leanas:

About the same time [(c. 1904)] an Irish-Australian priest, Dr. O'Daly, formerly a student of the Propadanda and master of some fifteen or sixteen tongues, had come home to study Irish, and before long teaching it to a summer school at the shrine of St. Finbarr – at 'lone Gougane Barra.' He was a master of phonetics, and therefore especially useful in the new emergency, when it was sought to create speakers of the language. It was Mr. O'Cuiv, famous as an advocate of phonetic spelling in Irish, who made Dr. O'Daly the instrument of the new idea, and out of the nucleus of his summer school established Coláiste na Mumhan (the Munster Training College), destined to be the forerunner and pattern of all Irish Colleges.⁷⁷

Bhí Ó Cléirigh chomh tógtha le héifeacht an Dochtúra Ó Dálaigh gur thug sé 'the Mecca of the phonetician, and being in the home-land of Father O'Leary, it cherishes spoken Irish beyond all' ar Bhéal Átha an Ghaorthaidh.⁷⁸ Luaitear fosta Shán Ó Cuív agus Liam de Róiste a bhí ina gceannródaithe ar Choláiste na Mumhan agus tá fianaise ann a léiríonn go raibh an tOllamh Osborn Ó hAimhirgín ina bhall d'fhoireann an choláiste. Nuair a bhí iarratais Choláiste na Mumhan á scrúdú ag oifigigh an Bhoird i 1907 léiríonn an rúnaí Dilworth go raibh coimisinéirí an Bhoird sásta le cáilíochta an Ollaimh Ó hAimhirgín. Bhí an méid seo a leanas le rá ag Dilworth faoi:

Dr. Osborn Bergin has charge of the Old and Middle Irish in the School of Irish Learning, Dublin. He obtained his degree in Germany for a thesis on a branch of Irish Studies.⁷⁹

Níos déanaí, ag tús mhí na Samhna 1907, tá seo le rá ag Lehane faoi:

Dr. Osborn Bergin obtained the Junior Fellowship in Irish at the Royal University this year; he previously studied Old Irish under Professor Thurneyson at Heidelberg and obtained the degree of Ph.D. He has at present charge of the classes in Old and Middle Irish at the School of Irish Learning and it is stated that he has been appointed as professor of Irish in succession to the late professor Strachan at the University of Manchester.⁸⁰

Fostaíodh an Dr. Ó hAimhirgín i measc na léachtóirí do chúrsa 1909. I Meitheamh na bliana sin foilsíodh alt in *The Evening Standard* ag cur síos ar léacht a thug sé sa choláiste ar stair na Gaeilge.⁸¹

5.5.2. Coláiste na Rinne

B'as an ghá a d'aithin an conraitheoir Pádraig Ó Cadhla (2.6.1) chun freastal ar éileamh foghlama chuariteoirí ó Bhaile Átha Cliath go dtí an Rinn a d'fhás Choláiste na Rinne, agus bhí an Dr. Mícheál Ó Síocháin, an tOllamh le Léann Ceilteach i gColáiste Phádraig, Má Nuad ag cuidiú leis ón tús. Deir Mícheál Ó Domhnaill in *Iolscoil na Mumhan ris a ráidhítear an tan seo Coláiste na Rinne* gur ghnách leis saoire a chaitheamh i gceantar Cheann Heilbhic agus chaitheadh sé a lán ama i dteannta sheanmhuintir na háite chun éisteacht lena gcuid cainte agus chun nótaí canúna agus foclóra a bhreacadh síos uathu. Seo a leanas mar a chuireann Ó Domhnaill síos air:

Bhí suim ar leith aige i bhfocail agus i leaganacha cainte nárbh eol dó cheana féin nó ar ghabh feidhm nó foghar leo a bhí nua nó neamhchoitianta. Ar an gcuma sin, chruinnigh sé eolas fairsing fíorchruinn ar chanúin Gaedhealuinn na nDéise.⁸²

Chuaigh sé i bhfeidhm ar sheandaoine na háite gur bhraith siad gur 'crann taca é do na Gaedhilgeoirí dúchais'.⁸³ I dtrátha na Cásca 1905, shocraigh Ó Cadhla agus an Dr. Ó

Síocháin ‘go dtiocfaidís araon an samhradh sin agus go ndéanfaidís iarracht lóistín a eagrú do na fámaí seo a bhíodh ag teacht, go gcuirfidís rang ar bun dóibh, agus go ndéanfaidís iarracht ar léamh agus scríobh na Gaedhealuinne do mhúineadh do mhuintir na háite – rud ná raibh acu óir ná raibh cead focal Gaedhealuinne a mhúineadh sa Scoil Náisúnta ach amháin an beagán a mhúin an Gaedheal groí úd Mícheál Ó Foghludha do roinnt des na daltaí taobh amuigh d’obair na rang de réir mar a bhíodh caoi aige chuige’.⁸⁴ Ní raibh d’áiseanna acu ach clár dubh agus ‘páirc oscailte agus an spéir os a gcionn’.⁸⁵ Lean an bheirt acu leis an phlean agus deir Ó Domhnaill gur ‘thóg Pádraig blúire cailce amach as a phóca agus luigh sé isteach ar obair na múinteoireachta. Is mar sin a thosaigh Coláiste an Rinne’.⁸⁶

Nuair a chuir Ó Cadhla a scoil, Scoil Bhóthar an Sop, ar bun sa bhliain 3 Iúil 1906, ba iad seo a leanas an fhoireann a luaitear leí – an chéad chúrsa a reáchtaladh i gColáiste na Rinne - ‘an Dr. Ó Síocháin, Pádraig Ó Cadhla, an Dr. Risteard de Hindeberg, Seán Ó hEochadha (An Fear Mór) agus Diarmuid Stóice, oidí múinte sa scoil nua. Bheadh fáilte roimh gach aon duine a tháinig chun na scoile. Siobhán Bean an Phaoraigh agus a clann ba thúisce chuchu’.⁸⁷

Ba foireann léannta í an chéad fhoireann a bhí i gColáiste na Rinne. Luadh cheana gur scoláire sa Léann Ceilteach é an Dr. Ó Síocháin. Ba scoláire sa Léann Ceilteach é an Dr. de Hindeberg. Tar éis dó seal staidéir, faoi stiúir an Ollaimh John Strachan, a chaitheamb in Ollscoil Manchester i Sasana chuaigh sé go hOllscoil Freiburg na Gearmáine i 1896 chun staidéar a dhéanamh ar ghramadach chomparáideach na dteangacha Ind-Eorpacha faoin Ollamh Thurneysen agus an t-Ollamh Zimmer in Ollscoil Ghrreifswald. Is ansin a chuir sé aithne ar Ó Síocháin. Sular fhill sé ar Éirinn i 1900, le bheith ina ollamh in Ollscoil

Chorcaí, chaith sé seal mar ollamh le Léann Ceilteach in Ollscoil Washington. Tugann Ó Domhnaill léargas dúinn, tré shúile Uí Chadhla, ar de Hindeberg i mbun oibre sa rang:

Nuair a thosnaigh an Dr. de Hindeberg ag cur síos ar an teanga ó gach taobh, ar fhuinneamh, ar chruinneas agus ar cheol na cainte, ar bhrí agus ar nádúr agus ar ársaíocht na bhfocal; ar fhoghair ghutha agus ar fhoghair chainnte, ar bhéim ghutha agus ar bhéim chainnte; leath ár radharc orainn le h-iontas an mhianaigh agus an mhianadóra ... Bhíodh an tSanskrit, an Laidin, an Ghréigis, an mheán-Ghaedhealuinn agus glan-Ghaedhealuinn agus droch-Ghaedhealuinn na haimsire seo, buailte breactha i bhfochair a chéile ar an gclár dubh aige. Ba é an feall ba mhó gur beag a thagadh a mbíodh aon tuiscint acu ar an scéal.⁸⁸

Cé gur dhuine léannta é ba dhuine lách, cneasta é an Dr. Ó Síocháin, is beag meas a léirigh sé ar lucht an Bhéarla. Ba dhuine é a bhíodh ‘breá naofa uasal ag féachaint, a chuid éadaigh agus é féin gan máchail, gan barr cleite isteach ná bun cleite amach in aon bhall de ach é go maorga, mórga, maisiúil; gach aoinne agus sórt scátha orthu roimhe, ach fós iad marbh le meas air agus gean do. Chuir sé fuath na háite ar lucht an Bhéarla agus rachaidís i bpoll tarathair uaidh. Ní raibh uaidh ach an Ghaedhealuinn fhíorchheart, nádúrtha, a bhí i seilbh mhuintir na Rinne a bhailiú agus leathnú gan mhilleadh gan mhúchadh’.⁸⁹

Munar scoláirí acadúla iad ‘An Fear Mór’ agus Diarmuid Stóice ní beag an clú nó an meas a bhíodh orthu i gceantar na Rinne. Conraitheoirí iad an bheirt acu a d’oibrigh i gContae Phort Láirge mar thimirí agus mar mhúinteoirí taistil. B’as Co. Luimnigh é Séamus Ó hEochadha nó ‘An Fear Mór’, mar a thugtaí air. Chaith sé seal ag obair i siopa i mBaile Átha Cliath, áit inar chuir sé suim sa Ghaeilge. I 1903 ceapadh é ina thimire do Chonradh na Gaeilge. Dúradh faoi go ‘ndúisíodh sé grá dá dtír agus dá dteanga i gcoíthe óg agus aosta. Ba dheacair d’aon phobal gan spéis a chur ina chainnt’.⁹⁰ Dúirt an tOllamh Mícheál Ó hAodha, 6 Bealtaine 1955, gurbh é an cuspóir a bhí aige i gcónaí ‘páistí na hÉireann a mhealladh chun na Gaeilge ... Chuige sin chum sé roinnt leabhrán: *Seanchas, Féirín,*

Bréagán, ina raibh ceachtanna simplí, Gaeilge bhreá nádúrtha is comhairle don oide. An té a léifeadh an chomhairle sin inniu thuigfeadh sé a chiallmhaire is a thairbhí atá sí. Díoladh an oiread de na leabhair sin is a díoladh de O'Growney's *Easy lessons in Irish*.⁹¹

Thug Pádraig Ó Cadhla an méid seo a leanas dúinn faoi Ó hEochadha agus é i mbun oibre sa choláiste:

Bhí an Fear Mór annsúd agus allus ag sileadh leis d'iarradh an chaint a bhogadh do na haingciseoirí bochta ná raibh focal den Ghaedhilg in a mbeul agus an t-ath-iompó a bhaineadh sé as gach aon abairt d'iarradh é chur i dtuigsin dóibh féin, agus an tslighe a tharraingeadh sé isteach ar an gcaint iad gan fhios dóibh féin, agus an tslighe a chuireadh sé féin i dtuigsin dóibh gan aon fhocal Beurla. Na gothaí bhíodh aige le n-a shúile, le n-a bheul, le n-a chluasa, le n-a cheann, le n-a lámha, agus le n-a chosa. Bhíodh gach aon fhéith in a chorp ag obair aige ... Eachtradh shaoghalta an artha bhí aige chum na Gaedhilge a mhúineadh, acht mar sin féin is mó braon alluis dá chorp atá curtha aige léi.⁹²

Déiseach ab ea Diarmuid Stóice (1884-1910). Múinteoir taistil ab ea é i gceantar Choill Mhic Thomáis agus níos déanaí i gContae an Chláir. Ach fuair sé bás go hóg i 1910. Dúirt an Dr. de Hindeberg faoi gur dhuine é de na daoine 'a thug fuil a gcroíthe agus smior a gcnámh chun an Ghaedhealuinn a chosaint'.⁹³

Nuair a chuaigh an coiste i dteagmháil leis an Bhord ag lorg aitheantais i 1907 seo mar a bhí an fhoireann, dar le Ó Domhnaill

The staff of teachers comprises the following:-

Rev. Hennebry, Ph.D., Rev. Dr. Sheehan, Pádraig Ó Cadhla and Diarmuid Stokes.

Rev. Dr. Hennebry has a degree for Irish from Germany and is selected as Lecturer in Celtic Studies to the Berkley University, California.

Rev. Dr. Sheehan is Professor in Maynooth College and has a degree from Germany in Classics and has devoted much time to Irish Studies for some years past. He has already an Irish Book going through the press for publication.

Padraig Ó Cadhla is a Trained National Teacher (Trained in St. Patrick's Drumcondra – Session '99-1900) and organizer for the Gaelic League. He is a fluent native speaker of the Language.

Diarmuid Stokes is also a native speaker of the Language and has acted as Irish Teacher for the Gaelic League in several National Schools for the past two years. He holds a Certificate from the National Board as being competent to teach Irish and has certificates from Ballingearry Irish College.⁹⁴

Níl Seán Ó hEochadha luaite mar bhall d'fhoireann an choláiste.

5.5.3. Coláiste Chonnacht, Tuar Mhic Éadaigh - Mícheál Breathnach

Leag coiste Choláiste Chonnacht dhá choinníoll a bhí riachtanach chun go bhféadfaí príomhchuspóir an choláiste a chur i bhfeidhm agus b'shin go mbeadh príomhoide na hinstiúide nua ina chainteoir dúchais agus go mbeadh sé cáilithe ina mhúinteoir oilte 'le tuiscint chuimsitheach aige ar mhodhanna comhaimseartha i dteagasc na teanga'.⁹⁵ Ceapadh Mícheal Breathnach (1881-1908), sa phost. Cé nach raibh 27 mbliana d'aois slánaithe ag Mícheál Breathnach nuair a fuair sé bás i 1908 bhí is léir go raibh clú agus cáil air, ní hambáin ina cheantar dúchais i gCois Fharraige ach ar fud na hÉireann mar theangeolaí, mar mhúinteoir agus mar scríbhneoir. Tugadh 'Goldsmith na Gaeilge' air ins an *Western People* de bharr a chumas scríbhneoireachta.⁹⁶ Bhí sé go hiomlán gafa le ceist shaoirse na hÉireann, fiú agus é in ógánach, rud a thug a chara i gColáiste Chonnacht, Tomás Mac Domhnaill, faoi deara ina chuntas ar a bheatha:

Tá a fhios agam chomh mór is a thaitníodh sé leis a bheith ag spaisteoireacht ina aonraic le imeall an trá. Nuair a bhíodh ropaireacht na gaoithe móire ag cur na farraige ina cléibhte i mullach a chéile i gCuan na Gaillimhe chuireadh sé smaointe na saoirseachta ag preabadh i lár a chléibhe. D'fheiceadh sé na tonnta ag síordhéanamh ag an gcladach agus coipeadh ina mbéal, ar nós marcshlua ag déanamh ar a namhaid. Chloiseadh sé a nglamadóireacht agus iad ag lascairt charraigeacha an Locháin Bhig, agus chloisfeadh sé ina gcomhghrágáil dúshlán Chlainne Morna agus Chlainne Baoiscne dá chéile, agus glór buach Fhinn agus Oisín agus Chónáin Mhaoil na mallacht!⁹⁷

Bhí tuairimí láidre aige maidir le caomhnú chultúr agus theanga na tíre agus nocht sé na tuairimí seo a leanas faoi thábhacht na Gaeilge in óráid os comhair scoláirí an choláiste i rith an chéad seisiúin i 1905:

Is féidir leis an tíoránach sglábhaidhe a dhéanamh d'ár gcuirp, ach ní féidir leis sclábhaidhe a dhéanamh d'ár dtoil. Sin é, muna ngéillimid ár dtoil a thabhairt dó. Agus más toil mhuinnir na hÉireann a bheadh saor gaedhealach, ní féidir le náimhde ar bith gcoinneál gallda nó i ngéibhinn.⁹⁸

Feictear an tírghrá seo i litir a scríobh sé chuig Seán P. Mac Enrí díreach sula bhfuair sé bás:

Táim lántsásta le toil Dé ag imeacht as an saol seo dom, agus mo sheirbhís a bheith tugtha ar son na nithe a ghráigh mo chroí. Fágaim mo bheannacht ag Conradh na Gaeilge agus ag Coláiste Chonnacht, agus guím gach séan agus gach sonas orthu. Is í mo ghuí dheireanach Dia ag cur Sean-Éireann ar bhealach a leasa agus a saoirse.⁹⁹

Is mar theangeolaí agus mar mhúinteoir, áfach, a bhfuil clú agus cáil air. Bhí cur amach leathan aige ar mhodhanna teagaisc, dar le Proinsias Mac Aonghusa, a raibh labhairt roinnt teangacha aige.¹⁰⁰ Tugann Tomás Mac Domhnaill an méid seo eolais dúinn faoina chumas teanga ina leabhar *Micheál Breathnach - scribhinní*:

Bhí togha eolais aige ar an nGaeilge, agus bhí roinnt eolais aige ar an Laidin agus ar an bhFraincis faoin am sin. Ceapann a lán go raibh eolas aige ar gach teanga san Eoraip, beagnach, ar deireadh ach seo mar a bhí: bhí Fraincis aige mórán chomh maith le Béarla, agus bhí an Béarla aige go hálainn. Bhí an oiread Laidine aige is a bheadh ag teastáil ó dhuine san *Matriculation*. Bhí an oiread Gearmáinise aige is go bhféadfadh sé comhrá a thuiscint. Fuair sé deich gceacht i Rúisis, ach níor lean sé di.¹⁰¹

Ní raibh an tsláinte riamh maith ag an Bhreathnach agus i ndiaidh dó a bheith ceaptha ina Ollamh le Gaeilge i gColáiste Iarlatha i dTuaim Dhá Ghualainn, bhris a shláinte air arís

agus b'éigean dó dul chun na hEilbhéise, áit ina bhfuair sé 'deis an t-eolas a chur ar an bhFraincis agus ar an Ghearmáinis. Ón am seo amach bhí a cholainn ag dul i laige agus a intinn agus a anam ag dul i láidreacht agus in aibíocht.'¹⁰²

Sular ceapadh é ina ArdOllamh ar Choláiste Chonnacht chaith Mícheál Breathnach tréimhse thrí mhí san Fhrainc, sa Ghearmáin agus sa Bheilg ag foghlaim modhanna teagaisc nua a bheadh úsáideach i dteagasc na Gaeilge.¹⁰³ Ba í an dúthracht seo a tharraing clú agus cáil air mar mhúinteoir, go háirithe i measc na mac léinn a rinne freastal ar Choláiste Chonnacht. Chuir tuairisceoir an *Western People* síos ar an Bhreathnach mar seo a leanas:

Tá Mícheál Breathnach dár dteagasc, agus, mo chreach, is é an múinteoir é! Tá a chroí agus a anam san obair. Tá sé lách geanúil agus é lántoilteanach ar a dhícheall a dhéanamh sa gcúis. Deirim nach féidir múinteoir níos deise ná é a fháil, agus is ábhar só agus misnigh d'fhear ar bith atá ag foghlaim na Gaeilge a bheith faoina stiúradh.¹⁰⁴

Feictear an tsuim a bhí ag an Bhreathnach i bhfoghraíocht an Gaeilge. Cuireann Mac Domhnaill síos ar a stíl teagaisc i 1906 thíos. Ba stíl í a bhí bunaithe ar chleachtadh agus ar shíorchleachtadh in aimsiú fhuaimneanna cearta na bhfocal.

Chuir sé d'ualach ar gach mac léinn scathán beag pingine a cheannacht. Bhí sé sin ceart go leor, ach chuir sé ar na hiníní léinn iad a fháil freisin! Chuireadh Mícheál roinnt focal deacair ar an gclár dúbh; chuireadh sé féin fuaim leo ar fad, agus d'osclaíodh sé a bhéal go breá fairsing i gcruth is go bhfeicfeadh cách chuile chas dá mbainfeadh sé as a theanga is as a ghléasa cainte. Bheireadh sé ar na mic léinn aithris a dhéanamh air. Gach duine ag breathnú isteach ina scátháinín féin is ag oibriú na ngléasa cainte chomh maith is a d'fhéad sé. Ghníodh na buachaillí ceart go leor é, ghnídís a ndícheall ar chaoi ar bith, ach nuair a thigeafh sé go dtí na cailíní! D'iarradh sé ar chailín gleoite éicint an fhuaim 'la' nó 'ngu' a rá. Shíleadh sise go mbíodh chuile dhuine ar dearcadh uirthi. Bhreathnaíodh sí isteach sa scathán beag. Chuireadh sí deis ar na bruaisíní beaga dearga. Bheirfeá lá an leabhair go mbeadh sí le póg a thabhairt don scáthán. Ach ní dhéanadh sí é. Tar éis cúpla nóiméad a chaitheamh di ag cur cuma dhraíochtúil uirthi féin, thagadh luisne ar dhath an róis ar a héadan, d'osclaíodh

sé a béilín beag bídeach agus thagadh focailín fann lag amach as cosúil le fead dreoilín – ach, ar ndóigh, ní féidir le cailín ‘gleoite’ a bruasa milse agus a teanga bheag ghearr a mhilleadh leis na fuaimneanna deacra seo atá sa nGaeilge. Ach táim ag cur síos ar am fadó. Tháinig níos mó céille orainn ó shin, agus is beag duine anois nach dtuigeann gur leibideach an nós é a bheith ag a iarraidh cosc a chur leis an nglór ceolmhar a bhronn Dia orainn.¹⁰⁵

D’aithin an Píarsach a chumas mar mhúinteoir agus é an scríobh in *An Claidheamh Soluis* i ndiaidh a bháis i 1908:

Such patience. Such gentleness, combined with such firmness. Such clearness in expression, such vivacity of manner. Such eloquent variety of intonation. Such skilful mimicry. Such readiness of resources. Such absolute mastery over all the teachers’ art was his, that to be taught by him or to see him teach was itself a training in all that is teaching ideal and method.¹⁰⁶

5.5.4. Pádhraic Ó Domhnalláin (1884-1960)

Ceapadh Pádhraic Ó Domhnalláin (1884-1960) ina bhall d’fhoireann teagaisc Choláiste Chonnacht i 1908 fosta. B’as paróiste Uachtar Aird é. Bhí sé ar bheagán oideachais de bharr go bhfuair a athair bás nuair nach raibh sé ach dhá bhliain déag d’aois agus chuaigh sé ag obair mar gharraíodóir ina cheantar dúchais. De réir Dhiarmada Bhreathnaigh spreagadh é chun an Ghaeilge scríofa a fhoghlaim nuair a chonaic sé litir i nGaeilge ón fheisire parlaiminte Tomás Mac Domhnaill in *The Irish World*. Go luath ina dhiaidh sin bhí sé ag cur aistí chuig *An Claidheamh Soluis*. Nuair a cuireadh craobh an Chonartha ar bun i gcathair na Gaillimhe i 1903 ceapadh é ina rúnaí uirthi. Ó 1904 amach bhí sé ina mhúinteoir Gaeilge, i gCo. An Dúin ar dtús agus ina dhiaidh, i gCo. Shligigh. Ó 1908 go dtí 1921 theagasc sé i gColáiste Chonnacht agus ceapadh é ina Ard-Ollamh ar an cholaiste nuair a fuair Mícheál Breathnach bás i 1908.¹⁰⁷

5.5.5. Coláiste Chonnacht, an Spidéal – Tomás Mac Domhnaill (1885-1938)

Chruthaigh ceapachán Uí Dhomhnalláin aighneas a bheadh mar thoradh air bunú Choláiste Chonnacht, An Spidéal. Féachfar ar an aighneas seo níos moille ach tugann J.A. Mag Fhloinn, rúnaí Choláiste Chonnacht agus é ag scríobh chuig na coimisinéirí, 15 Meitheamh 1910, comhfhreagras atá ar fáil i nDoiciméid ED 11/4/1, le fios go raibh gá le hinstitiúid nua a chur ar bun.¹⁰⁸ Thiocfadh an coláiste nua faoi údarás Choláiste Chonnacht, Tuar Mhic Éadaigh agus bheadh an Dr. Seán Mac Enrí, M.A., M.D. (1862-1939), Ard-Ollamh ar Choláiste Laighean, Baile Átha Cliath, le ceapadh ina Ard-Ollamh ar an choláiste nua. Bheadh Tomás Mac Domhnaill, ollamh le Gaeilge i gColáiste Laighean agus ball foirne i Scoil Éanna, Baile Átha Cliath, agus Tomás Ó Colmáin, oide náisiúnta i Scoil Dhátheangach an Spidéil, le ceapadh ina n-ollúna ins an institiúid nua. Níor ghlacadh le cáilíocht Uí Cholmáin ar dtús ach tabharfar cuntas faoi níos moille thíos.

Is é Tomás Mac Domhnaill a scríobh cuntas ar bheatha Mhíchíl Bhreathnaigh atá luaite cheana. Rugadh é i mBoth Chomhla, Co. Mhaigh Eo sa bhliain 1885 agus de réir Dhiarmada Bhreathanaigh, a thugann cur síos ar a shaol in *Beathaisnéis 5*, ní fios dúinn ar fhreastail sé ar mheánscoil ach bhí sé ar an chéad chúrsa i gColáiste Chonnacht i 1905. Tuairiscíodh in *An Claidheamh Soluis* i 1908 go raibh sé féin agus Pádhraic Ó Domhnalláin, ‘mar bheirt de na múinteoirí Gaeilge ab fhearr sa tír’.¹⁰⁹ De réir ailt in *Sinn Féin*, 12 Deireadh Fómhair 1909, b’oide cónaithe é i Scoil Éanna agus ba é a bhíodh i gceannas ar na bunranganna agus na meánranganna i gColáiste Laighean gach Satharn.¹¹⁰ Luaitear é go minic mar phríomhoide cunta Choláiste Chonnacht. Tá eolas againn ó na Doiciméid ED 11/4/3, faoi bhaill na foirne. Ba iad sin Seaghán P. Mac Enrí, Tomás Mac Domhnaill, Tomás Ó Colmáin, Pilib Ó Ualdron agus Caitlín Nic Ghabhann.¹¹¹

5.5.6. Coláiste Uladh, Cloch Cheann Fhaola

Fógraíodh foireann Choláiste Uladh den chéad uair in *The Irish News and Belfast Morning News*, 11 Iúil 1906, mar seo a leanas:

Foireann an Choláiste: Úna Ní Fhaircheallaigh, M.A., Ard-Ollamh, Séamus Ó Searcaigh, leasphríomhoide don seisiún iomlán.

Rúnaithe: An tAthair Ó Maoláin agus Ada Nic Néill, Cois Abhann Dála, Co. Antrama

Coiste an Choláiste: An tAthair Maitiú Mag Uidhir, Séamus Ó Searcaigh, Úna Ní Fhaircheallaigh agus T.P. Mac Fhionnlaigh.¹¹²

Cheadaigh an cigire Lehane Antaine Ó Dochartaigh, ‘a teacher of Irish – 2nd. School’, Séamas Ó Searcaigh, ‘the travelling teacher of Irish whom I [Lehane] met in Present. Convent, Drogheda last June’, Éamonn Ó Tuathail, ‘who is candidate for the position of organiser of Irish’ agus P. Mac GiollaCerr, ‘the principal teacher of Gortahork National School’ chun a bheith ar fhoireann an Choláiste 1907.¹¹³

5.5.7. Úna Ní Fhaircheallaigh (1874–1951) agus Séamus Ó Searcaigh (1861–1965)

Luann Ó Baoighill gurb í Ada Nic Néill a bhí ina hArdOllamh ar an Choláiste. Is í Úna Ní Fhaircheallaigh a luaitear mar ArdOllamh an choláiste i gcuntas an chruinnithe, 1 Lúnasa thuas agus i dtuarascáil a foilsíodh in *An Claidheamh Soluis*, 1 Meán Fómhair 1906, mar seo a leanas:

The principalship of the College has been undertaken by Úna Ní Fhaircheallaigh, M.E., than whom no one more fitted to successfully carry out the magnificent programme which is set out in the syllabus now before us could be found in all Uladh. The staff also includes two capable assistant teachers in the persons of Mac Uí Shearcaigh, whose experience in Coláiste na Mumhan and Coláiste Chonnacht will be of great assistance, S. Mac Giolla Charr, another experienced teacher. In addition a number of the most distinguished Gaels in the country have promised to deliver

lectures on subjects relating to Irish literature and Irish History in the course of the session, which commences August 28th will extend till October 15th.¹¹⁴

Is fiú a lua gurb í Úna Ní Fhaircheallaigh, nó ‘Queen of the Gaels’ mar a tugadh uirthi in *The Derry Journal*,¹¹⁵ an t-aon ArdOllamh baineann ar choláiste Gaeilge in Éirinn, go dtí gur ceapadh Neilí Ní Bhriain ina hArdOllamh ar Choláiste Eoghain Uí Chomhraí i gCarraig an Chabhaltaigh, Co. an Chláir sa bhliain 1911.¹¹⁶ Tugann Ríona Nic Congáil le fios go raibh Dáil Uladh i mbaol na conspóide nuair a ceapadh Ní Fhaircheallaigh ina hArdOllamh, ach glacadh go réidh léi ins an cheantar mar go raibh fíis aici maidir le háit an choláiste i bhforbairt eacnamaíochta an cheantair. Tugann Iníon Nic Congáil ‘an fhís útóipeach Ghaelach’ ar an fhealsúnacht shuimeáilithe seo agus deir sí gurb í an fhealsúnacht seo a luigh ag croílár na gcúrsaí a reáchtáladh i gColáiste Uladh go dtí gur éirigh sí as a post. Nuair a dhóigh na Dúchrónaigh halla an Choláiste agus foirgneamh an chomharchumainn áitiúil i Samhain 1920 – gníomh a chuir isteach go mór ar gheilleagar Chloch Cheann Fhaola - gheall Ní Fhaircheallaigh nach dtiocfadh deireadh leis an choláiste, rud a spreag muintir na háite bualadh ar aghaidh i rith na dtrioblóidí.¹¹⁷ Lean sí ina post mar ArdOllamh ar Choláiste Uladh go dtí 1942.

Úna Ní Fhaircheallaigh a ceapadh ina príomhoide ar an chéad seisiún agus ba é Séamus Ó Searcaigh a rinne freastal ar chúrsa Choláiste na Mumhan sa bhliain 1904 agus i gColáiste Chonnacht i dTuar Mhic Éadaigh i 1905, a ceapadh ina ollamh cúnta. Ghlac sé cuireadh ó Sheaghán Ó Catháin teagasc i gColáiste Chomhghaill. Deirtear faoi ‘go raibh sé ar an duine den bheagán cainteoirí dúchais a chuaigh go hardléann na Gaeilge i mblianta tosaigh an chéid agus ba é an duine ba mhó díobh, b’fhéidir, a chaith a dhúthracht le gramadach agus le foghraíocht na teanga’.¹¹⁸ Is é a scríobh na míreanna eolais do *An Claidheamh*

Soluis faoi Choláiste Uladh. Tugann Seosamh Ó Ceallaigh an méid seo a leanas le fios faoi Ó Searcaigh ina alt i leabhar ceiliúrtha an choláiste (2006):

Bhí sé ina Rúnaí ar an Choláiste faoi Úna Ní Fhaircheallaigh ar feadh scór go leith bliain, agus tháinig sé mar chomharba uirthi mar Uachtarán go dtí go bhfuair sé bás i mí na Bealtaine 1965. Ní bréag a rá ... gurbh é Séamus Ó Searcaigh an duine ba thábhachtaí i saol iomlán na Gaeilge sa chontae sa tréimhse sin agus go ceann na mblianta ina dhiaidh sin. Nach ar Choláiste Uladh agus ar phobal Chloich Cheann Fhaolaidh a bhí an t-ádh go raibh a leithéid de dhuine ag gníomhú inár measc.¹¹⁹



An Chéad Choláiste ar an Airdí Bheag, Gort an Choirce (Grianghraf: Seán Ó Coigligh).

5.5.8. Coláiste Bhríde Ó Méith

I litir a scríobh rúnaí Choláiste Bhríde, Eoin Mac Néill chuig coimisinéirí an Bhoird i Lúnasa 1912 tugann sé ainm gach duine ar fhoireann an choláiste agus na cáilíochtaí a bhí acu nuair a osclaíodh doirse an choláiste in Iúil na bliana sin.

Coláiste Bhrighde
Óméith Mara,
29th. August 1912

Dear Sir,

The Rev. M.J. Quinn, P.P., Carlingford, has handed me your letter of the 4th June and requested me to communicate with you. As principal of the summer college of Irish in Omeath, I beg now to make a formal application for the recognition of the college for the teaching of Irish.

The following are the names and the qualifications of the staff:

Eoin MacNeill, Professor of early Irish History, University College Dublin, formerly Professor of Irish at St. Patrick's Training College.

Peadar Ó Dubhda, Extern Teacher of Irish in North Louth. Certificate from Cloghaneely Irish College, 1906. First Prize winner in method of teaching, Oireachtas 1910.

Aodh Mac Greacháin (Hugh Graham, National Teacher, Ballinahinch, Co. Down). Bilingual teachers' certificate 1908 Belfast Irish College. Professor of Irish in Belfast Irish College for two years. Took Irish throughout university course up to and including B.A. degree.

Eámonn de Bhaildrinn is to take the place of Aodh Mac Greacháin from 2nd. September. He is a native speaker and trained teacher of Irish. Extern teacher of Irish in Killeavy, Co. Armagh and Omeath. I understand that he holds a full certificate of the Connacht College of Irish, but in his absence at the time of writing I am unable to state his qualifications fully

I trust that you will be able to arrange for a visit and report as mentioned in your letter of June 4th at the earliest convenient date, as the students are for the most part teachers to whom the recognition of the college is of great importance.

Yours truly,
Eoin MacNeill

W.J. Dilworth Esq.
Secretary¹²⁰

5.5.9. Eoin Mac Néill (1867-1945) agus Peadar Ó Dubhda (1881-1971)

Tá neart scríofa ar bheatha Eoin Mhic Néill, mar pholaiteoir, mar scoláire agus mar réabhlóidí. Luann Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú saothar F.X. Martin agus F.J. Byrne, *The scholar revolutionary* agus beathaisnéis Mhíchíl Uí Thighearnaigh, *Eoin Mac Néill, scholar and man of action (1867-1945)*, i dteannta na n-aistí éagsúla a scríobh údair ar nós Brian Uí Chuív, Julius Pokorny, D.A. Binchy, Seán Ó Cuív, Dónal McCarty, Brian Farrell, Geoffrey Hand, R. Dudley Edwards, Francis Shaw agus John Ryan.¹²¹ Ina aiste féin déanann Breathnach tráchtairacht ar a shaol ó rugadh é i nGleanna Arma, Co. Aontroma i mBealtaine 1867. Ba ollamh leis an luathstair na hÉireann é i gColáiste na

hOllscoile Bhaile Átha Cliath i ndiaidh dó a bheith ina Ollamh le Gaeilge i gColáiste Phádraig, Droim Conrach, an chéad duine a raibh an post sin aige.

Ba i gcomhthéacs bhunú Choláiste Bhríde, Ó Méith a luaitear anseo é. Ceapadh é in Ard-Ollamh ar an choláiste sa bhliain 1912, an bhliain ar bunaíodh é. Bhí baint aige le feiniméan na gcoláistí Gaeilge roimhe sin mar go bhfuil sé luaite ar fhoireann Choláiste Chonnacht, Tuar Mhic Éadaigh 1910.¹²² Eisean a scríobh amhrán Choláiste Bhríde ‘Is in Drom-Mhullach thall tá dream de ghlan-chineadh Ghaedheal’.¹²³ Is beag eolas eile a mhaireann a chuireann síos ar an ról a bhí aige i ndiaidh blianta tosaigh Choláiste Bhríde. Is é an tAthair Lorcán Ó Muireadhaigh a luaitear mar cheannródaí an choláiste idir 1913 agus 1927, a bhliain ar tháinig deireadh le cúrsaí Gaeilge in Ó Méith. Creidtear go ndeachaigh an bhaint a bhí aige leis na coláistí Gaeilge in éag nuair a ceapadh é ina ‘cheann foirne ar na hÓglaigh. I ndiaidh dó seal a chaitheamh i ngéibheann in Dartmoor agus i Lewes scaoileadh saor é sa bhliain 1917, an bhliain ar ceapadh é ina Uachtarán ar Chonradh na Gaeilge. I ndiaidh dó suíochán a bhuachaint in Olltoghchán 1918 ba i dtreo na polaitíochta a d’imigh sé agus ceapadh é ina aire airgeadais 1919, agus ansin ina aire le Tionsclaíocht. I ndiaidh dó feidhmiú mar Cheann Comhairle ceapadh ina Aire Oideachais é in 1922, aireacht a bhí aige go dtí 1925.

Tá ainm Pheadair Uí Dhubhda le feiceáil i liosta tinrimh i gColáiste Uladh 1906 nuair a bhronn an Piarsach teastas an Choláiste air, an t-aon cháilíocht teagaisc a bronnadh air riamh. Ní tugtar ach an méid eolais seo a leanas dúinn faoi:

Peadar Ó Dubhda. Sráidbhaile – (Peter O’Dowd) has taught Irish in National Schools (Day schools) Castletown Convent School (Girls), Dundalk. Examinations were to be held by Inspector ... in August or September. He has taught Gaelic League classes in Dundalk District.¹²⁴

Chaith Ó Dubhda a shaol ag obair ar son na Gaeilge i mbaile Dhún Dealgan, go dtí go bhfuair sé bás sa bhliain 1971. ‘Mr. Gaelic League’ a tugadh air mar gur chaith sé a shaol ag obair in áras an Chonartha ar an bhaile. Tá cuntas ar a bheatha scríofa ag Aodh Ó Cearra agus Séamas Cécitinn, *Peadar Ó Dubhda – a shaol agus a shaothar*. Tugann na húdair seo cuntas ar dhúthracht Uí Dhubhda agus é ag taisteal ar fud chontae Lú ar a rothar. Deir Ó Cearra faoi gur ‘thug sé cuairt ar ocht gcearb agus ar chúig scoil déag le linn na seachtaine, agus ba dhóigh leis gur thaistil sé ocht míle míle in aghaidh na bliana’.¹²⁵ Scríobh Pádraig Ó Néill, a raibh baint aige ar feadh na mblianta le Coláiste Bhríde, Rann na Feirste, leabhrán ar a bheatha, *Peadar Ó Dubhda – the forgotten man*. Luann Donncha Ó Súilleabháin Ó Dubhda ina aiste ar na coláistí Gaeilge in *Athbheochan na Gaeilge – cnuasach aiste*.¹²⁶

Insítear an scéal seo a leanas faoi Ó Dubhda a léiríonn a dháiríreacht agus é i mbun a chuid oibre mar thimire an Chonartha:

Mhair a chuid ranganna uair a chlog [sic] nuair a bhí sé ag teagasc sna scoileanna, agus mar gheall ar leagan amach an chláir ama ní bheadh faille aige riamh rothaíocht ar a shuaimhneas idir na scoileanna. Bheadh sé i gcónaí faoi dheifir. Lá amháin bhí Peadar le Scoil Thalamh na Manach a bhaint amach ar a haon a chlog, bhí taisme aige ar an bhealach. Bhí Peadar ag teacht anuas cnoc ag an Bhaile Úr, agus luas measarta faoi nuair a rith trí chearc trasna an bhóthair roimhe. Bhain dhá chearc acu an cláir amach slán sábháilte, ach dícheannadh an tríú héan. D’eitil cloigeann an éin i dtreo amháin agus d’iompar na nearóga an corp ag creathadh leis cúpla slat. Ba dhóigh le Peadar blianta ina dhiaidh sin go raibh agóid ar siúl acu in éadan na Gaeilge éigeantaí. Aireagán de chuid Pheadair féin a ba chiontach leis an dícheannadh. Ó tharla an oiread sin clabair ar na bóithre, cheangail Peadar dhá leadbh stáin do phludgharda tosaigh an rothair lena a chuid éadaí a choinneáil glan. Cúpla bliain ina dhiaidh seo, bhí a leithéid coitianta go maith ar rothair na tíre. Ní fios ar éirigh na cearca aireach orthu. Ba dhóigh le Peadar gurb é féin an chéad duine a smaoinigh ar na sciatháin rothair seo, ach go raibh sé róghnóthach le cúrsaí Gaeilge le tairbhe tráchtála ar bith a bhaint astu.¹²⁷

5.5.10. Cáilíochtaí á gceistiú ag an Bhord

Tugann na cáipéisí a bhaineann le hearcú foirne léargas saibhir dúinn ar chaighdeán na hoibre a leag na coláistí Gaeilge amach dóibh. Ba dhaoine iad a raibh a gcroíthe sáite i ngluaiseacht athbheobhan na Gaeilge agus cuid acu ina scoláirí léannta acadúla in ollscoileanna ar fud na tíre. Chuir an Bord spéis ar leith i gcáilíochtaí na ndaoine a bhí le ceapadh ina mbaill sna coláistí Gaeilge agus rinne cigirí an Bhoird mionscrúdú ar na sonraí a bhain le hearcú foirne. Is cinnte go raibh an Bord ag súil dáiríre go n-éireodh leis na hinstiúidí seo a bhí ag cur oiliúna i dteagasc na Gaeilge ar mhúinteoirí na gcrabhacha agus ar oidí scoile chun go gcuirfí an clár dátheangach i bhfeidhm sna scoileanna Náisiúnta sna ceantair Ghaeltachta. Cé gur glacadh den chuid is mó le cáilíochtaí iad siúd a ainmníodh sna doiciméid a chuir údarais na gcoláistí ar aghaidh chuig an Bord, bhí amanna ann nuair a tógadh ceisteanna faoi cháilíochtaí daoine áirithe.

Luaigh Eoin Mac Néill, rúnaí Choláiste Bhríde, Ó Méith ina litir (5.5.8) Éamonn de Bhaldruin mar bhall d'fhoireann Choláiste Bhríde. Fán am ar tháinig Coláiste Bhríde ar an saol i 1912 bhí eolas ag an Bhord ar a ainm mar bhunaitheoir Choláiste Thamhain, Contae na Gaillimhe i 1909.¹²⁸ Bhí aithne ag an Bhord ar Eoin Mac Néill a bhí ina ollamh le luathstair na hÉireann i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus ina iarbhall d'fhoireann Choláiste Chonnacht, Tuar Mhic Éadaigh i 1910.¹²⁹ Ní raibh an cháil chéanna ar roinnt daoine a bhí le ceapadh sna coláistí Gaeilge eile.

5.5.11. Diarmuid Ó Laoghaire, Coláiste na Mumhan

Tógadh ceisteanna faoi cheapachán Dhiarmada Uí Laoghaire nuair a chuir Liam de Róiste, sonraí na mball foirne ar aghaidh chuig an Bhord sa bhliain 1907. Ag deireadh Iúil na

bliana sin iarradh ar an chigire Lehane iarratas aitheantais Choláiste na Mumhan a mheas.¹³⁰ D'fhógair Lehane, 15 Lúnasa 1907, an méid seo a leanas i nóta lámhscríofa:

Munster (Ballingearry) Training College

- (1). Time-table Arrangements - Satisfactory
- (2). Programme of Studies - Sufficient and Satisfactory
- (3). List of Professors - I am satisfied that Rev. Dr. O'Daly and Revd. G. Nolan are competent to teach the course covered by the certificate programme in Irish. I know nothing about Diarmuid O'Leary.¹³¹

Ceapadh Ó Laoghaire ina Ollamh Cúnta i modhanna teagaisc, ach is léir ón chomhfhreagras idir an Bord agus Liam de Róiste go raibh amhras ar oifigigh an Bhoird a bhain lena chumas an obair a dhéanamh go sásúil. Tugann Breathnach agus Ní Mhurchú le fios go raibh sé i measc an chéad dream a fuair teastas i gcoláiste Gaeilge sa bhliain 1904'.¹³² Chuaigh Lehane i dteagmháil le de Róiste ag iarraidh air, 'that you will be so good as to state in what capacity Mr. Diarmuid O' Leary, at present engaged at the college, was previously employed and what evidence of competency in Irish is possessed by him'.¹³³ I litir a scríobh de Róiste, dar dháta 28 Lúnasa 1907, chuir sé an t-eolas seo a leanas ar fáil chun tacú le cás Uí Laoghaire:

In reply to your communication of the 24th. inst. I beg to say that Mr. Diarmuid O Leary obtained the highest certificate of the College the first year of its establishment. He is employed as a teacher of Irish in Rathkeale, Co. Limerick, in the Board's school and in Gaelic League classes.¹³⁴

Scríobh an tUasal Dilworth, rúnaí an Bhoird an nóta inmheánach lámhscríofa seo:

Mr Diarmuid O'Leary has been recognised as Extern Teacher of Irish and paid fees for instruction given in schools and around Rathkeale – as to his competency as a Professor in the College being accepted refer to Mr. Lehane.¹³⁵

Is cosúil nach raibh Lehane cinnte go fóill faoi cháilíochtaí Uí Laoghaire. I nóta cumarsáide inmheánach eile, dár dháta 5 Deireadh Fómhair 1907, bhí an méid seo a leanas le rá ag Lehane faoin chás:

I have no reason to doubt Mr. O'Leary's competency, but I have not sufficient information to enable me to form a positive opinion on this subject. The College was not recognised when the certificate referred to by Mr. Liam De Róiste was issued, and as I have had no personal knowledge of the working of the College, I am not in a position to offer an opinion on the value of this certificate.

I beg to recommend in this case action similar to that recommended by me in the case of Mr. Ó Ruadháin of Connacht Irish College, on 16.9.07.¹³⁶

Fá mhí na Samhna 1907 ní raibh toradh le feiceáil i bhfiosrúcháin an Bhoird maidir le cailíochtaí Dhiarmada Uí Laoghaire. Is féidir frustrachas údaráis Choláiste na Mumhan a bhrath i litir Liam de Róiste, dar dáta 2 Samhain 1907, chuig an Bhord ag lorg tuilleadh treoracha chun teacht ar réiteach sásúil.

Sir,

In reply to yours of the 28th ult., I would feel obliged for some further explanation as to whom, in your opinion, would be a 'responsible, independent person' to give evidence of Mr. Dermot O Leary's competency to teach Irish.

Would Mr. O Leane, the Board's Inspector, or Dr. Osborn Bergin be such a person as the Board requires?¹³⁷

Thoiligh an tUasal Dilworth go mbeadh an Bord sásta glacadh le comhairle Uí Aimheirgín.

School of Irish Learning
33 Dawson Street,
Dublin.

12 Nov. 1907

I have much pleasure in bearing testimony to the abilities of Diarmuid O'Leary, some of whose lectures I attended during last session at the Training College in Ballingearry. I was struck by his admirable method of teaching, and his unfailing patience, firmness, and cheerfulness. He is of course a master of the spoken language, and –

what does not always follow – has a delightfully clear and distinct pronunciation. As a teacher and a trainer of teachers he should take high rank.

Osborn J. Bergin Ph.D.¹³⁸

h. 3552-07c

SCHOOL OF IRISH LEARNING

33 DAWSON STREET, DUBLIN

Governors:

LIEUT.-GEN. SIR WILLIAM BUTLER,
K.C.B.
MRS. J. R. GREEN
EDWARD GWYNN, M.A.

REV. E. HOGAN, S.J., LL.D.
DOUGLAS HYDE, LL.D.
THE RIGHT HON. SIR A. P. MACDONNELL,
G.C.S.I., K.C.V.O., LL.D.

JOHN MAC NEILL, B.A.
WHITLEY STOKES, D.C.L.
JOHN STRACHAN, LL.D.

Director: KUNO MEYER, PH.D. Professor: OSBORN BERGIN, PH.D.

Trustees: LORD CASTLETOWN: REV. W. DELANEY, S.J., D.D.: W. P. GLOGHEGAN

Hon. Treasurer: J. G. O'KERRY

Hon. Secretary: R. I. BEST

12th Nov. 1907

I have much pleasure in bearing testimony to the abilities of Chasms O'Searcy, some of whose lectures I attended during last session at the Training College in Ballingearry. I was struck by his admirable method of teaching, & his unfailing patience, firmness, and cheerfulness. He is of course a master of the spoken language, and – what does not always follow – has a delightfully clear & distinct pronunciation. As a teacher and a trainer of teachers he should take high rank.

Osborn J. Bergin Ph.D.

Litir an Ollaimh Osborn Ó hAimheirgín (ó Dhoiciméid ED 11/16/2).¹³⁹

Sa deireadh ceadaíodh ceapachán Dhiarmada Uí Laoghaire 27 Samhain 1907,¹⁴⁰ agus fógraíodh aitheantas an Bhoird do Choláiste na Mumhan go hoifigiúil i litir dár dháta 30 Samhain 1907 mar seo a leanas:

Sir,

With reference to previous correspondence, I am directed to inform you that the Commissioners have ordered that the Munster College for the Teaching of Irish, Ballingearry, be recognised and registered as qualified to earn grants for the 1907 Session, on the conditions set forth in the special rules relating to colleges for the teaching of Irish. The Time Table, the programme of Studies and the Professorial Staff of the College have also been approved.

I am to request that you will be good enough to have the accompanying form of report of the recent session furnished at an early date. In regard to future sessions, a record of the attendance should be kept according to the enclosed form...

I am, Sir,

Your obedient Servant,

W. Dilworth.

SECRETARY¹⁴¹

5.5.12. Tomás Ó Colmáin, Coláiste Chonnacht

Faoi mar a tharla i gcás Choláiste na Mumhan tháinig ceist nó dhó aníos faoi bheirt a bhí le ceapadh ar fhoireann teagaisc Choláiste Chonnacht go luath. Ar an chéad dul síos tháinig clú Thomáis Uí Cholmáin faoi scrúdú i litir a scríobh Mangan chuig na coimisinéirí dar dháta 9 Iúil 1910.

In connection with one of the Professors – Mr. Thomas Colman – I think it right to draw attention to the fact that, as Secretary of the Bi-Lingual Society of Ireland, he was responsible for sending what would appear to be a bogus list of names of teachers anxious to attend lectures given by Mr. Cleary, Organiser of Irish, in Ennistymon, last May. I don't know if he has furnished any satisfactory explanation for this incident yet.

I know him personally and I don't believe that he would deliberately give information of a misleading kind to the Commissioners. I am confident that he is honest.

If you advise me to visit Spiddal and report on the terms of the instructions you will give me I plan to go down during August and send you the report.

Your obedient servant

D. Mangan.¹⁴²

Tá ainm Thomáis Uí Cholmáin le feiceáil ar liosta na mball foirne i gColáiste an Spidéil ón tús. Rugadh é i Sord Cholmcille, Baile Átha Cliath é 14 Samhain 1881. Ba phríomhoide scoile é a athair agus i ndiaidh dó a bheith ina mhonatóir i scoil a athar d'fhreastail sé ar Choláiste Phádraig, Droim Conrach, áit ar cháiligh sé ina oide scoile. Fuair sé post teagaisc i mBaile Brigín ach níorbh fhada gur athraigh sé post nuair a ghlac sé le post teagaisc sna Forbacha, Co. na Gaillimhe. Dar le Breathnach agus Ní Mhurchú¹⁴³ ba ar mhaithe le líofacht Ghaeilge a bhaint amach, an t-athrú seo. Chaith sé seal mar phríomhoide ar an scoil agus chaith sé seal ina dhiaidh sin ag obair i Scoil Náisiúnta na mBuachaillí ar an Spidéal. I 1912 ceapadh é ina thimire Gaeilge faoin Bhord Náisiúnta Oideachais agus i 1922 rinneadh cigire scoile de faoi údarás an tSaorstáit.

Dar le Thomas A. O'Donoghue d'aithin Ó Colmáin go raibh gá le cumann dátheangach náisiúnta a chur ar bun chun gréasán a thabhairt do mhúinteoirí dátheangacha a gcuid eolais agus a gcuid smaointe a roinnt ar a chéile. Bunaíodh an cumann náisiúnta sa bhliain 1909. Bhí cumainn dátheangacha i gcontaetha áirithe ar bun cheana féin agus iad ag iarraidh deacrachtaí i gcur i bhfeidhm an chláir dhátheangaigh a shárú dóibh féin.¹⁴⁴ Tá éifeacht na hoibre sin le feiceáil i gcaibidil 2 (3.5.3). Tá leisce an Bhoird i leith an dátheangachais feicthe cheana féin ach caithfear ceisteanna a chur maidir le dáiríreacht an ghealltanais a rinne an Píarsach agus é ag scríobh in *An Claidheamh Soluis*, 29 Deireadh Fómhair 1904 nuair a gheall sé lántacaíocht an Chonartha do na múinteoirí a chuaigh i mbun theagasc na Gaeilge san scoileanna dátheangacha (3.6.3). Tá an chuma ar an scéal gur fágadh na hoidí seo ar an trá fholamh agus ag brath ar a gcumas féin cibé fadhbanna a bhí acu a réiteach as a gconláin féin. Mar sin féin, b'fhiú tuairimí O'Donoghue a lua agus é ag iarraidh measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an chláir dhátheangaigh:

It was left to the teachers to develop their own methods for the teaching of the Bilingual Programme of Instruction. While one is inclined to blame the National Board for neglecting this aspect of the programme, it is unlikely that they could have done much better work than that undertaken by the various bilingual societies around the country. Indeed, it is possible that this was the better path to follow in any case. In this regard it is worth recalling Tanner and Tanner's argument that throughout the twentieth century it has been learned repeatedly that there is no substitute for the intelligent participation of teachers in curriculum improvement.¹⁴⁵

Chuidigh Tomás Ó Colmáin go mór i gcur i bhfeidhm an chláir dhátheangaigh tríd an gréasán seo a chruthú agus a chothú do na hoidí.

5.5.13. Máire Ní Thuathail (1871-1954) agus Seán Ó Ruadháin (1883-1966)

Níorbh é Tomás Ó Colmáin an t-aon duine amháin ar cheistíodh a chuid cháilíochtaí. Thug J. A. Mag Fhloinn, rúnaí Choláiste Chonnacht, Tuar Mhic Éadaigh, le fios do choimisinéirí an Bhoird ina litir dar dháta 11 Lúnasa 1907 nach raibh ach triúr ar fhoireann choláiste na bliana sin. Luann sé 'Michael Walsh, Principal teacher, W. John Ruane and Miss O'Toole, assistant teachers'.¹⁴⁶ Iarradh ar an Chigire Lehane cinneadh a dhéanamh ar an iarratas, 'as to whether the time table, programme and professors of the College may be regarded as satisfactory'.¹⁴⁷ Ní raibh tuarascáil Lehane ró-fhábharach i leith iarratas na gConnachtach, áfach. Cé go raibh an clár agus an scéim oibre sásúil, bhí tuilleadh eolais ag teastáil ón Bhord faoi Ó Ruadhán agus Iníon Ní Thuathail. Ní raibh Lehane sásta go raibh an bheirt cáilithe le teagasc faoi choinníollacha an Bhoird. Chuir sé a mhíshástacht in iúl do na coimisinéirí.¹⁴⁸ Cuireadh an t-amhras seo in iúl do Mhag Fhloinn, Lúnasa 26 1907, agus iarradh air tuilleadh eolais faoi cháilíochtaí agus cumas teagaisc na beirte a chur ar aghaidh chuig an Bhord.¹⁴⁹

Scríobh Máire Ní Thuathail an litir mholtach seo a leanas fúithí féin chun a cáilíochtaí teagaisc a chruthú:

I was born in an entirely Irish-speaking district and have spoken, read and written the Irish Language from childhood.

I taught school in Minnesota, USA some years ago. Since my return from America I was employed as governess at Mr. Stephen Grogan's.

I held Irish classes at the Branch of the Five Provinces, Dublin during the winter of 1905 and I have also been employed as Assistant Teacher at the Connacht College since it first opened.

Mary O'Toole, Tourmakeady, Co. Mayo¹⁵⁰

Tháinig sagart paróiste Ghleann a'Mhadaidh, an tAthair Ó Conmhaoi, i gcabhair ar Iníon

Uí Thuathail freisin agus seo a leanas an méid a scríobh sé chun tacú léi:

31/08/07

I know Miss Mary O'Toole from her childhood. She is as good a native speaker of the vernacular as I have ever conversed with and I have spoken to many.

Even as a child I have learned a good deal of Irish from her, though I was supposed to know the language well.

From long and frequent correspondence with her – in Irish – I can testify that she is as competent a writer as she is unquestionably a speaker of the language.¹⁵¹

Níorbh é seo an chéad uair a chuidigh an tAthair Ó Conmhaoi le Máire Ní Thuathail.

Cheap an sagart deirfiúr Mháire ina múinteoir nuair a tógadh an scoil nua in Eanach Meáin

sa bhliain 1884, ach nuair a d'éirigh Caitriona tinn bhíodh Máire ag déanamh ionadaíochta

di agus, diaidh ar ndiaidh, 'thóg sí cúram iomlán scoile uirthi féin, i ngan fhios do na cigirí

scoile ach le tacaíocht Conway. Nuair a cailleadh Caitriona lean Máire uirthi ar feadh

roinnt bhlianta ag múineadh i ngan fhios do na húdaráis. Is cosúil gur imigh sí go Meiriceá

nuair a tháinig an cur i gcéill chun solais'.¹⁵² Cibé scéal é, ghlac an tUasal Lehane le moladh an tsagairt.

Rugadh Seán Ó Ruadháin i gceantar Ghaoth tSáile, Co. Mhaigh Eo agus bhí an Ghaeilge

ón chliabhán aige. Fiú fán bhliain 1907 bhí aistí foilsithe aige in irisí ar nós *An Stoc*, *An*

Sguab, Iris an Fháinne, Ar Aghaidh agus The United Irishman. Deir Diarmuid Breathach faoi gur ‘le múineadh na Gaeilge a chaith sé an chuid is mó dá shaol: i gColáiste Chonnacht i dTuar Mhic Éadaigh mar ar chuir sé aithne ar Éamon de Valera i 1909; faoin Choiste Gairmoideachais i Sligeach; ar feadh scór bliain anuas go dtí 1948 ina Ollamh le Gaeilge i gColáiste Oiliúna Bhantiarna na Trócaire, An Charraig Dhubh, Baile Átha Cliath’.¹⁵³ Ach faoi mar a bhí le déanamh ag Máire Ní Thuathail b’éigean do Sheán Ó Ruadhán a chás a throid leis an Bhord. Scríobh sé féin an litir seo chun tacú lena chás:

A Chara,

I have received my English education at a National School which I attended regularly for thirteen years at the end of which time I had been three years in the second standard of sixth class. At my last exam, I got the No. 1 pass in all subjects, including the following extra subjects – Algebra, Book keeping, Agriculture, Geometry and Mensuration. I had studied these for three years. I afterwards learned Shorthand and Typewriting from private tuition. I always took first place in my class at the exams.

I am a native speaker of Irish, and have been educated in that language by private study at first, afterwards by Mr. Fitzhenry, a great linguist and an excellent teacher and again at the Connacht Irish Training College by Professor Breathnach and Dr. Henry. Here again I took first place in my class having got “excellent” in Grammar, Reading, Writing, Spelling, Phonetics; and “very good” for the method of teaching. I was about to be appointed as Professor of Irish at St. Muireadach’s College, Ballina, but I declined the offer owing to ill-health at the time. Since then I have taught Irish successfully in several national schools. I have taught in the Christian Brothers’ School in Tuam for the Intermediate Examination and although I had only five months for preparing them all the boys passed the exam, creditably. Several of the pupils also have distinguished themselves at Feiseanna, some of them having taken first prizes in Literary competitions.

I have taken first place myself at the Mayo and Connacht Feiseanna in Oratory, Essay-Writing, Irish History, Reading Irish at sight.

Mise le meas mór ort

Seaghán Ó Ruadhán¹⁵⁴

Níor ghlac Lehane le ráiteas Uí Ruadháin. ‘Mr. Ó Ruadhán’s letter’, a scríobh Lehane chuig na coimisinéirí, ‘is an account of himself by himself. I have no reason to believe that there is anything incorrect in any statement in his letter. I think, however, that Mr. Ó Ruadhán’s competency should be vouched for by some responsible person other than

himself.¹⁵⁵ Bhí Seán P. Mac Enrí, ArdOllamh Choláiste Laighean agus údar an leabhair Handbook of Modern Irish, agus fear a mbeadh ról lárnach aige i saol Choláiste Chonnacht, An Spidéal, sásta teacht i gcabhair ar Ó Ruadháin. Scríobh sé an méid seo a leanas faoi:

32 Sráid Íoch. Leeson,
Baile Átha Cliath

15/10/07

I certify that, in 1906, I examined the students for certificates in the Connacht (Mount Partry) Gaelic Training College, Tourmakeady, Co. Mayo. Among the students I examined was Seaghán Ó Ruadhán (Mr. John Ruane). As a result he got 'go hanmhaith' (very good) in Method of Teaching and 'Thar Barr' (excellent) in the Knowledge of Irish. Mr. Ó Ruadhán has this year acted as an Assistant Teacher in Connacht College and in my opinion was fully competent for the post both in knowledge of teaching methods and of Irish of which he is a native speaker.

Seaghán P. Mac Enrí
Head Professor in the Leinster College of Irish¹⁵⁶

5.6.0. Aitheantas oifigiúil and Bhoird á bhronnadh 1907

Ba é aitheantas oifigiúil an Bhoird príomhchuspóir an chomhfhreagrais a tharla idir údaráis na gcoláistí Gaeilge agus an Bord. Bheadh na coláistí in ann dul i mbun oiliúna le cead agus le húdarás an Bhoird Náisiúnta. D'aithneofaí na teastais a bhronnfaí ar an mic léinn ar éirigh leo i scrúdú an choláiste ag deireadh an chúrsa mar cháilíocht oifigiúil i dteagasc na Gaeilge. Ní beag an tábhacht a bhain le haitheantas an Bhoird ó thaobh airgid de. Bronnadh deontas £5 ar an choláiste, as gach mac léinn ar éirigh leis an Ghaeilge a theagasc go sásúil ar feadh bliana i scoil i ndiaidh dóibh an cúrsa a dhéanamh sa choláiste.

Chonnacht College for the Instruction of Teachers in Irish

Manager's Name Re. James Corbett PP Address Parting, Ballinacorney

Duration of College Course from 15/10/52 to 27/10/52 = 6 weeks.
 (was from 15/10/52 to 27/10/52)

No. of hours' instruction given each day as follows - weekly total 37

Monday 6 1/2 Tuesday 6 1/2 Wednesday 6 1/2 Thursday 6 1/2 Friday 6 1/2 Saturday 6 1/2

Names of Professors	Qualifications	No. of students under each
<u>Michael Macneil</u>	already sanctioned by the National Board	20
<u>Michael O'Donnell</u>	Conrad College acts as director in the centre by Professor in <u>St. Ann's Hill College Sligo</u>	15
<u>Thomas McDonnell</u>	Sanctioned by the Board 1907	22
<u>John Ruane</u>	ditto	20
<u>Miss M. Toole</u>	ditto	10

Has a record of the students' attendance been kept according to the prescribed form _____

Has the Commission's approval been obtained for :-

- (a) The Time Table of the College Yes
- (b) The Programme of Studies Yes
- (c) The Professorial Staff Yes

Signature of Manager James Corbett

Date 16/10/52

Sonraí foirne Choláiste Chonnacht, Tuar Mhic Éadaigh 1908 (6 Dhoiciméid ED 11/3/1, An Chartlann Náisiúnta).

Fógraíodh aitheantas choláistí na chéad ghlúine, 24 Deireadh Fómhair 1907 mar seo a leanas:

Provisional Order:

Ordered that the five colleges named below be recognised by the Commissioners and registered as qualified to earn grants on the conditions set forth in the special rules relating to such colleges:-

The Irish College of the Four Masters, Letterkenny
The Ulster Training College, Cloghaneely, Co. Donegal
The Munster Training College, Ballingearry, Co. Cork
The Irish Training College, Ring, Dungarvan
The Belfast Irish College (Murray's Terrace) Belfast.¹⁵⁷

D'fhógair W.J. Dilworth, rúnaí an Bhoird, aitheantas oifigiúil i gcás Choláiste Chonnacht, Tuar Mhich Éadaigh i litir, dar dáta 11 Deireadh Fómhair 1907.¹⁵⁸

Níor éirigh le achan choláiste caighdeán an Bhoird a shásamh. Tharla aighneas sna Déise sa bhliain 1910 nuair a rinne Cumann Múinteoirí Dhún Garbhán iarracht coláiste Gaeilge dá gcuid féin a chur ar bun. Ag deireadh mhí Iúil 1909 scríobh E.A. Ó Dúbhshláine, rúnaí chumann múinteoirí Dhún Garbhán, an litir seo a leanas chun a chur in iúl do choimisinéirí an Bhoird go raibh sé ar intinn acu coláiste Ghaeilge a oscailt.

Mullinahorna Boys National School
Dungarvan
Co. Waterford
27th. July 1909

I am directed to state that a class for the study of the Irish language and of the Method of Teaching that language in National Schools will be held during the coming summer vacation at the Augustinian Seminary, Dungarvan under the auspices of the Dungarvan Teachers' Association, and will commence on Tuesday, 10th August terminating on Friday 10th September. Five teachers certified under the national Board and native speakers of the language will have charge of the classes. There will also be a proper committee of management.

Acting under the instructions received from the Dungarvan Teachers' Association I beg to know on what conditions would the Commissioners of National Education

recognise this class and grant certificates at the end of the session to students who show sufficient merit.

I am, Gentlemen,

Your obedient servant,

E.A. Delaney, Hon Sec., Dungarvan Teachers' Association.¹⁵⁹

Mhol an cigire Mangan, i meamran inmheánach an Bhoird, nár chóir glacadh leis an iarratas ó mhúinteoirí Dhún Garbhán agus dhiúltaigh an Bord aitheantas a bhronnadh ar an choláiste. Bhí sé sásta go bhféadfadh Coláiste na Rinne freastal orthu siúd a bhí ag iarraidh teastas an Bhoird i dteagasc na Gaeilge a fháil, 'where the teachers are as eminent and skilful and scholarly as those that may undertake the work in Dungarvan'.¹⁶⁰ Scríobh Mangan an méid seo a leanas leis an mholadh a rinne sé do na coimisinéirí:

If they won't go the Ring and insist on their own class in Dungarvan they should, I think, be made to attend the Board's Examination for the certificate in July and pass it, as a condition of being recognised as competent to teach Irish for fees. I don't think the multiplication of summer schools and classes should be encouraged, except where absolutely necessary, and there is not, so far as I know, any necessity for this new class in Dungarvan.

D. Mangan¹⁶¹

Cuireadh freagra an Bhoird in iúl d'Ó Dúbhshláine, 21 Meán Fómhair 1909. Níorbh é sin deireadh an scéil, áfach. In Aibreán na bliana dár gcionn, 1910, scríobh rúnaí nua chumann múinteoirí Dhún Garbhán chuig coimisinéirí an Bhoird.

The Committee desire me to add that in past sessions the school was a most successful one, the very large number of students who availed of the courses having made phenomenal progress under the able and careful guidance of the professors in charge.

Mr. Barclay, Inspector of National Schools, was amongst the visitors during the 1909 session, while the work was in progress. The Committee venture the opinion that he was very favourably impressed.¹⁶²

Cuireadh an litir seo a leanas ar aghaidh chuig na coimisinéirí le litir Uí Fhaoláin, ag tacú lena n-iarratas. Tabharfar faoi deara go bhfuil cosúlachtaí idir an litir seo thíos agus an litir a léirigh an t-olc a chuir tuairimí an Phiarsaigh ar mhúinteoirí Chontae na Gaillimhe, atá luaite i gCaibidil 3.

Re. The Dungarvan Summer School of Irish

Petition to the Commissioners of National Education,
Dublin

We the undersigned National teachers, being students of the Summer School of Irish held annually at Dungarvan, beg to inform the Commissioners of National Education that it is our intention to avail of the courses proposed to be given at the forthcoming session of the school and are desirous that those of us who, having fulfilled the necessary conditions, and, as a result of the examination conducted by the professors of the school, are awarded certificates of competency to give instruction in Irish in National Schools, be registered by the Board of National Education as qualified for the teaching of Irish both 'as an ordinary and extra subject'. Hence we respectfully ask that the above school be granted the same privileges as are given the other Irish Colleges whose certificates are recognised by the Board of National Education and as is provided in Commissioners' Rules, Schedule 1(4), page 59.

As the Ring College is so recognised and in the immediate neighbourhood perhaps the above request calls for explanation or justification. Some time ago the Gaelic League through its officers in articles published in its official organ and in the Press of the County Waterford publicly slandered the National teachers, wrote unfounded and unwarranted criticism of the teaching methods of individual teachers and otherwise impugned their professional qualifications and status. The teachers of the county Waterford, ever careful to maintain professional standing and personal honour, demanded, in a resolution, withdrawal of the criticisms complained of with a guarantee that they would not be repeated, and further, pledged themselves, in the event of refusal, to withdraw all support from the Gaelic League. The latter body not only refused to restrain their officers but expressed approval of criticisms of the kind. Hence the very strained relations between the teachers of the County Waterford and the Gaelic League and hence, also, it is that in obedience to the terms of the resolution referred to, and in defence of ourselves professionally, we cannot attend courses given at the Ring Irish College, or, indeed at any other Irish College responsible to, and subsidised by, the Gaelic League.

Further, of the visitors who annually frequent Dungarvan as a seaside and health resort National teachers form a very large part. Naturally they would combine study with pleasure and would, apart altogether from the undersigned, make an appreciable number for enrolment in the above school.

We recognise that the lessons in, as well as demonstrations in the teaching of, the Irish Language are indispensable to our acquiring a sound knowledge of the language and the imparting of same to the pupils of our schools, and you will, by acceding to our humble request, be largely facilitating us in our desire for proficiency in the National language; otherwise barriers, for the present insuperable, stand in our way.

We ask for the foregoing your kind and earnest consideration and beg to thank you very sincerely in anticipation.¹⁶³

Shínigh 52 mhúinteoir scoile an litir thuas (Féach Aguisín 2). Sheas Lehane an fód agus mhol sé nár chóir aitheantas a thabhairt don choláiste a bhí le bunú i nDún Garbhán. Seo a leanas mar a chuir sé a thuairimí in iúl do na coimisinéirí:

The Dungarvan School of Irish should not be recognised by the Board, and no recognition should be given to any certificate issued by it. Some of the teachers who signed the attached petition may have a quarrel with the Gaelic League and may object to emphasis of their methods of teaching Irish but they don't seem to me to have any just foundation for quarrelling with the authorities of the Ring College. Their reasons for refusing to avail themselves of the teaching afforded by the Professors there seem to me to be childish and unworthy of them.

The Ring College is at their doors; the staff of the College is competent; it has not offended the teachers or, in any way, have made little of them, as far as I know. The district about the College is Irish speaking. All conditions necessary for effective work and the acquisition of Irish are present.

I don't think in view of all of this that the establishment of an opposition school should be sanctioned by the Commissioners.

If the teachers of Kilkenny and Waterford won't go to Ring they have Ballingearry Irish College in Co. Cork which is not subsidised by the Gaelic League wherein to acquire the knowledge of Irish that they may require.

If they don't go to either and prefer to have a class of their own in Dungarvan, the only thing for them to do is to read the Programme for Certificates in Irish and come up for the exam in June.

D Mangan

3 June 1910.¹⁶⁴

Níor bronnadh aitheantas an Bhoird ar an tionscnamh.

5.7.0. Conclúid

Léiríonn na doiciméid a bhaineann le bronnadh aitheantais ar na coláistí Gaeilge go raibh an Bord Náisiúnta dáiríre fúthu. Bhí amhras ar an Chonradh maidir le cur i bhfeidhm an chláir dháttheangaigh, ach bhí an Bord ag iarraidh infrastruchtúr cinnte a chruthú do na coláistí agus caighdeán na hoibre a choinneáil ard. Bhí sé sásta saoirse a thabhairt do na coláistí dul i mbun obair na hoiliúna. Is í seo an chéad uair riamh a raibh deiseanna oiliúna ag oidí scoile i dtaca le teagasc na Gaeilge sna bunscoileanna agus i ranganna an Chonartha. Cé go raibh na coláistí neamhspleách ar a chéile, bhí siad dírithe ar an chuspóir chéanna, múinteoirí a bheadh oilte i modhanna nua-aimseartha teagaisc a sholáthar chun an clár dátheangach a chur i bhfeidhm sna scoileanna ina raibh an Ghaeilge á teagasc mar ghnáthábhar scoile nó i ranganna Gaeilge an Chonartha.

Bhí aitheantas oifigiúil an Bhoird riachtanach chun dul i mbun na hoibre seo agus chun a bheith i dteideal an deontais £5 a bhronn an Bord ar na colaistí Gaeilge ó 1907 ar aghaidh as gach mac léinn ar éirigh leis/léi an Ghaeilge a theagasc go sásúil ar feadh bliana i ndiaidh dó/di freastal ar choláiste Gaeilge. Ba mhór an mealladh deontas an Bhoird agus feictear é seo sa chomhfhreagras idir na coláistí agus an Bord nuair a bhí siad ag iarraidh eolais faoi chúrsaí aitheantais.

Chothaigh an caidreamh seo míchompord i measc roinnt conraitheoirí. Bhí na coláistí ag brath ar an deontas chun iad féin a chothú ó bhliain go bliain ach níor theastaigh uathu an neamhspleáchas a bhí acu a ligint uathu nuair a theastaigh ón Bhord go mbeadh ról ag a chigirí i gcúrsaí teisitúcháin na gcoláistí. Spreag an míchompord seo aighneas a chuir bac ar roinnt coláistí aitheantas a lorg i 1905 agus 1906. Mar sin ba ghaol praiticiúil a bhí ag na coláistí Gaeilge leis an Bhord. Ar lámh amháin chuir riail an Bhoird olc ar an Chonradh

ach, ar an lámh eile, thuig na coláistí Gaeilge nach raibh aon dul as acu ach géilleadh d'achainí an Bhoird. Ó 1912 ar aghaidh bheadh ról cinnte ag cigirí an Bhoird i gcás scrúduithe na dteastas.

Tá an caidreamh idir an Conradh agus an Bord spéisiúil. Cuireadh i leith an Bhoird go rialta go raibh leisce air dul i mbun a dhualgais an Ghaeilge a chaomhnú sa chóras oideachais mar a bhí á dhéanamh i gcás na n-ábhar eile. Is léir ón chomhfhreagras a mhaireann nach raibh leisce air agus é ag iarraidh a bheith tacúil ó tháinig na coláistí Gaeilge ar an saol. Bhí cigirí ag foghlaim na Gaeilge chun go mbeidís lán ábalta cigireacht phroifisiúnta a dhéanamh agus deireadh a chur le cáineadh an Chonartha maidir lena gcumas Gaeilge. Bhí an Bord sásta ligint do na coláistí teastais a bhronnadh orthu siúd ar éirigh leo i scrúdú ceann cúrsa. Ba shaoirse mhór é sin mar gurbh iad na cigirí amháin a bhronn na teastais seo go dtí 1907.

Chuir na coláistí Gaeilge rompu cuspóirí áirithe a chur i gcrích. Ní raibh a léithéid de dhúshlán ann riamh cheana. Ba thionsnaimh iad a bhí i lámha daoine díograiseacha a chreid go paiseanta sa Ghaeilge agus i slánú na teanga. Chuir bunú na gcoláistí Gaeilge leis an dóchas go bhféadfaí an Ghaeilge a shlánú mar theanga labhartha na ndaoine agus í a neartú trí an chóras oideachais a athGhaelú, ceann de phríomhstraitéisí an Chonartha. Bhí constaicí leanúnacha le sárú ag na coláistí seo agus iad ag dul i mbun a gcuid oibre agus níorbh é an Bord an t-aon chonstaic a bheadh ann.



Na coláistí Gaeilge a bhí ann i 1922 leis an dáta bunaithe idir lúibíní.

- ¹ Arthur E. Clery, 'Chronicle 1: Gaelic colleges', *An Irish quarterly review* 6, no. 23, September 1917, 470.
- ² León Ó Broin, *Just like yesterday: an autobiography*, 66, in Valerie Jones, *A Gaelic experiment – The preparatory system 1926-1961 and Coláiste Móibhí* (Baile Átha Cliath 2006), 11.
- ³ Luann Nollaig Mac Congáil, *Stair bhunú scoil samhraidh an Daingin 1908*, gurb é an feisire pairliminte Seán Ó Beoláin 'a chéad mhol ... bunú scoil saoire sa bhliain 1900' ach 'ní chun múinteoirí d'oiliúint a cuireadh ar bun iad', 2.
- ⁴ www.ainm.ie, 'Ó Domhnaill, Tomás (1871-1943)', ceadaithe 4 Aibr. 2013.
- ⁵ *Irish Times*, 9 Márta, 1901, 3.
- ⁶ *Daily Irish Independent*, 13 Bealt., 1901. Is léir nár tháinig athrú suntasach ar an scéal seo mar scríobh Mary Hayden an méid seo a leanas i 1910 in *Gaelic League Pamphlet No. 34: 'Facts about the Irish Language and the Irish Language Movement'*, (Dublin 1910) 22-3: 'One of the great obstacles to the spread of Irish in the schools is the lack of properly qualified teachers. Amongst the primary teachers not very many, until lately, had a literary knowledge of the language and even those who had this were not always able to teach it. All their training had been conducted on the assumption that they were to teach only through the medium of English, and that this and this alone, was the mother tongue of their future pupils. When confronted with a class who knew little or no English, they naturally were puzzled and hampered. Nor were those of them who, being appointed to schools in an Anglicised district, desired to teach Irish as an Extra Subject, in much better case; they had received no instruction in modern methods of language teaching.'
- ⁷ *Daily Irish Independent*, 13 Bealt., 1901, 38.
- ⁸ *ACS*, 8 Meith., 1901, 217.
- ⁹ *Ibid.*, 15 Meith., 1901, 229.
- ¹⁰ *Ibid.*, 22 Meith., 1901, 241.
- ¹¹ *Ibid.*, 217.
- ¹² *ACS*, 13 Iúil 1901 agus luaite in Donncha Ó Súilleabháin, *Athbheochan na Gaeilge - cnuasach aistí* (Baile Átha Cliath, 1998), 108.
- ¹³ *Ibid.*, 108.
- ¹⁴ Nollaig Mac Congáil, 'Stair na gcoláistí Gaeilge', 116. Tá cuntas ag Cairtriona Ó Tórna ar na scoileanna samhraidh in *Cruthú naGaeltachta 1893-1922* (Baile Átha Cliath 2005), 87-95. Ina cuntas luann sí deacrachtaí áirithe a bhain leis na scoileanna samhraidh seo. Ina measc siúd luann sían chontúirt a bhain le 'galldú' na gceantar Ghaeltachta, 87. Luann sí Port an tSalainn mar shampla d'áit a bhí galldaithe fán bhliain 1901 agus tá an méid seo a leanas le léamh faoi i litir in *An Claidheamh Soluis*, 2 Samh. 1901 agus cur síos á dhéanamh ag comhfhreagraí faoi cuairt a thug sé i dteannta a chairde ar an cheantar: 'Their disgust can easily be imagined when on their arrival they found the district to be a thoroughly English-speaking one, and, worse still, completely submerged by the tide of Anglicisation. Instead of meeting with the true Irish spirit, in order to save themselves from being contaminated by the degrading un-Irish and un-national influences around them, they had immediately to begin with and to carry on during their stay an active campaign against these influences, and to endeavour to convey some faint notion of what national self-respect incant to those around them'. 91.
- ¹⁵ *ACS*, 14 Aibr. 1906 agus luaite in Ó Súilleabháin, *Athbheochan na Gaeilge*, 117-8.
- ¹⁶ Welsh Biography Online ar www.wbo.llgc.org.uk/en/s3-JAME-DAV-1865.html; ceadaithe 1 Aibreán, 2012. Deirtear an méid seo a leanas faoi James (nó 'Defynnog'): 'He was an excellent organiser and succeeded in inviting some of the nation's leading scholars to address members of the summer schools on methods of teaching Welsh and on literary history ... He could not tolerate lazy teachers who could not commit themselves fully to promote the language'.
- ¹⁷ Proinsias Mac Aonghusa, *Ar son na Gaeilge*, 122-3. Féach fosta Thomas A. O'Donoghue, *Bilingual education in Ireland, 1904-1922* (Perth 2000), 63.
- ¹⁸ Donnchadh Ó Luasaigh in óráid an chathaoirligh ag comóradh an chéid, 26 Meitheamh 2004, in *Comóradh céad bliain*, iris Chumann Staire Bhéal Átha an Ghaorthaidh (2004), 13.
- ¹⁹ Doiciméid ED 11/21/1, 8898-06, Ó Cadhla chuig na coimisinéirí 3 Iúil 1906.
- ²⁰ Donnchadh Ó Luasaigh, *op. cit.*, 16.
- ²¹ *Ibid.*, 13.
- ²² Donncha Ó Súilleabháin, 'Na coláistí Gaeilge agus athbheochan na Gaeilge' in *Athbheochan na Gaeilge – cnuasach aistí* (Baile Átha Cliath 1998), 108. Féach fosta www.ainm.ie, 'Ó Cuív, Shán 1875-1940', ceadaithe 18 Meith., 2013.
- ²³ Proinsias Mac Aonghusa, *Ar son na teanga – Conradh na Gaeilge 1893-1993* (Baile Átha Cliath 1993), 123.
- ²⁴ *Daily Irish Independent*, 1 Meán Fómh., 1904.
- ²⁵ *ACS*, 7 Ean. 1905, 6.
- ²⁶ *ACS*, 7 Ean., 1905, 6.

- ²⁷ Nollaig Mac Congáil, 'Bunú Choláiste na gCeithre Máistrí' *An tUltach*, Deir. Fómh., 2006, 10-14.
- ²⁸ Cé gur i dTuaisceart Laighean a bunaíodh Coláiste Bhríde, ba le traidisiún Uladh a bhain sé den mhórchuid. Bunaíodh é, dar le Séamus Mac Daibhéid agus é ag labhairt in Iúr Cinn Trá i Samhain 2012, as Craobh an Iúir agus mar sin ba le hoidhreacht an Iúir go speisialta a bhain traidisiún Choláiste Bhríde. Ní gá go mbeadh gach duine ar aon intinn leis, go háirithe muintir Ó Méith agus Gaeilgeoirí Thuaisceart Lú, ach mar sin féin is i gcomhthéacs Chúige Uladh a bhaineann plé an choláiste seo, go háirithe agus tionchar an Athar Lorcán Ó Muireadhaigh ar an choláiste agus ar scéal na Gaelige ó thuaidh a mheas.
- ²⁹ Nollaig Mac Congáil, 'Stair bhunú scoil samhraidh an Daingin' 1908, 1.
- ³⁰ Doiciméid ED 11/28/1.
- ³¹ Ibid.
- ³² Tá alt suimiúil scríofa ag Séamas Ó Searcaigh, a bhí ina rúnaí ar Choláiste Uladh, in *ACS*, 18 Bealt. 1912, 1, ina mholann sé obair na gcoláistí Gaeilge agus ina leagann sé síos bealaí chun go bhféadfaidís a gcuid oibre a fheabhsú. Luann sé tábhacht na léigheoireachta agus tábhacht an tseanchais. Deir sé, mar shampla, agus é ag tagairt do na léachtaí a thugtar i rith na gcúrsaí, 'Is beag maith atá i léigheachtaibh mura léighe na mic-léighinn iad féin leabhara agus díospóireacht a dhéanamh ortha.' Maidir le tábhacht an tseanchais deir Ó Searcaigh, 'Ní de gheall ar dhaoineibh a shásamh badh cheart do sheanchaidhe ghabháil i gcionn an tseanchais acht de gheall ar fhírinne an sgéil a nochtadh ar dhóigh go bhfeicfeadh cách cibé lochta bhí ar na daoineibh tháinig roimhe agus go ndéanfadh sé aithris ar cibé uaislíneacht a bhain leo. Acht caithfidh an seanchaidhe eolas mór domhain a bheith aige fhéin ar dtús agus uchtach bheith aige an fhírinne a nochtadh is cuma cé bhéas sa mhullach air'. Molann sé, thar dhuine ar bith eile Eoin Mac Néill, a thug 'trí léigheachta i gCloich Cheannfhaolaídh anuraidh agus ba thairbhighe iad' ná a bhfuil de leabharaibh sgríobhtha ar an tseanchas ag úghdair nach dtuigeann cúrsaí an tseanchais sin i gceart. Acht níl ach aon Eoin Mac Néill amháin ann agus tá mórán coláistí ann. B'fhéidir go bhféadfadh uachtaráin na gcoláistí sin theacht i gcionn a chéile agus Eoin a fhasródh le beagán léigheacht a dhéanamh in gach cionn de na coláistibh ar feadh an tsamhraidh'.
- ³³ Doiciméid ED 11/21/2, L.2471-07c.
- ³⁴ Ibid.
- ³⁵ Doiciméid ED 11/16, 1775-07c., de Róiste chuig na coimisinéirí, 1 Meith., 1907.
- ³⁶ *ACS*, 7 Ean., 1905, 6.
- ³⁷ Ibid.
- ³⁸ Doiciméid 11/3/1, Lr. 1774-07c.
- ³⁹ Breathnach, Ní Mhurchú, *Beathaisnéis 4* (Baile Átha Cliath 1994), 139-142.
- ⁴⁰ Doiciméad ED 11/10/1, L178-06, cir. 14.
- ⁴¹ Ibid., C 1883/06.
- ⁴² *Freeman's Journal*, 7 Meith 1904, in ED 7/17, 156-7.
- ⁴³ Doiciméid ED 11/10/1, C1883/06.
- ⁴⁴ Ibid., C1883/06.
- ⁴⁵ Doiciméid ED 11/10/1.
- ⁴⁶ Doiciméid ED 11/4, Cir 11, 15 Lún., 1910.
- ⁴⁷ Doiciméid ED 11/27/1, L1640-12C.
- ⁴⁸ *ACS*, 9 Meith., 1906, 1.
- ⁴⁹ Ibid.
- ⁵⁰ *ACS*, 28 Iúl, 1906. 6.
- ⁵¹ Doiciméid ED 11/10/1, meamram inmheánach an Bhoird, L266/1907, Cir 11.
- ⁵² Bunaithe ar ábhar i ndoiciméid ED 11/10/1. Tá an litriú thuas díreach mar atá sé sa cháipéis oifigiúil.
- ⁵³ Ibid., 1775/1907c.
- ⁵⁴ Doiciméid ED 11/16, 2100-07c., de Róiste chuig na coimisinéirí, 13 Iúl, 1907.
- ⁵⁵ Ibid.
- ⁵⁶ Ibid.
- ⁵⁷ *The United Irishman*, 5 Lún., 1905,1.
- ⁵⁸ Seán Mac Mathúna agus Risteard Mac Gabhann, *Conradh na Gaeilge agus An t-oideachas aosach* (Cois Fharraige 1981), 28
- ⁵⁹ Doiciméid ED 11/4/4.
- ⁶⁰ Ibid..
- ⁶¹ Mícheál Ó Domhnaill, *Iolscoil na Mumhan ris a ráidhtear an tan seo Coláiste na Rinne* (Corcaigh 1987), 21.
- ⁶² Ibid., 26.
- ⁶³ Ibid., 26.
- ⁶⁴ Ibid., 26.
- ⁶⁵ Doiciméid ED 11/21/2, 2034-07c., Ó Cadhla chuig na coimisinéirí, 5 Iúl, 1907.

- ⁶⁶ Cleary, 'Chronicle 1: Gaelic colleges', 473.
- ⁶⁷ Cáipéis LAI/K/14(2), Páipéir Uí Thighearnaigh, Cartlann Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.
- ⁶⁸ Nollaig Mac Congail, 'Coláiste Chonnacht – na blianta tosaigh i dTuar Mhic Éadaigh (2005), www.aran.library.nuigalway.ie, ceadaithe 15 Feabh. 2012, 19.15.
- ⁶⁹ Ibid.
- ⁷⁰ Ibid.
- ⁷¹ Doiciméid ED 11/4/4.
- ⁷² Doiciméid ED11/21/2, L.2471-07c.
- ⁷³ Doiciméid ED 11/10/ 1, 2888-97c.
- ⁷⁴ Ríona Nic Congáil, *Una Ní Fhaircheallaigh agus an fis útóipeach ghaelach* (Baile Átha Cliath 2010), 210.
- ⁷⁵ Doiciméid ED 11/10/3.
- ⁷⁶ Dónal Ó Luasaigh, Óráid an chathaoirligh ag comóradh an chéid, 26 Meith. 2004, foilsithe in *Comóradh an chéid* (Béal Átha an Ghaorthaidh), 13-4.
- ⁷⁷ Cleary, 'Chronicle 1: Gaelic colleges', 471.
- ⁷⁸ Ibid.
- ⁷⁹ Doiciméid ED 11/16, L.2493-07c.
- ⁸⁰ Ibid., 3201-07c.
- ⁸¹ *Evening Standard*, 1 Meith., 1909, 1.
- ⁸² Mícheál Ó Domhnaill, *Iolscoil na Mumhan*, 17.
- ⁸³ Ibid., 17.
- ⁸⁴ Ibid., 17.
- ⁸⁵ Ibid., 17.
- ⁸⁶ Ibid., 17.
- ⁸⁷ Ibid., 21. Is léir go bhfuil an-mheas ag Ó Domhnaill ar Shiobhán de Paor. Luaitear í mar chuairteoir rialta ar cheantar an Rinne i rith an tsamhraidh. Ba bhean í a bhí mór le hArt Ó Gríofa agus le Seán T. Ó Ceallaigh. Deir sé fosta go raibh sí an-ghníomhach i bpáirtí Shinn Féin.
- ⁸⁸ Ibid., 22.
- ⁸⁹ Ibid., 22.
- ⁹⁰ Ibid., 22-24.
- ⁹¹ P. Aonghus Ó hEocha, 'Séamus Ó hEocha – an fear mór (1880-1959)' in Peadar Ó Macháin agus Aoibhinn Nic Dhonnchadha, (eag.), *An Linn Bhuí*, uimhir 15 (Cill Chainnigh 2011), 89.
- ⁹² Ibid., 89.
- ⁹³ Mícheál Ó Domhnaill, *Iolscoil na Mumhan*, 7.
- ⁹⁴ Doiciméid ED 1111/21/1, Ó Cadhla chuig na coimisinéirí, 3 Iúl, 1906.
- ⁹⁵ ACS, 7 Ean. 1905, 6.
- ⁹⁶ Tomás Mac Domhnaill, 'Beatha Mhíicil Bhreathnaigh' in Lochlainn Ó Tuairisg (eag). *Mícheál Breathnach – scríbhinní* (Indreabhán 2009), 29.
- ⁹⁷ Ibid., 15.
- ⁹⁸ 'Stair Tuar Mhic Éadaigh' ar www.tuarmhiceadaigh.ie.
- ⁹⁹ Ibid., 39.
- ¹⁰⁰ Proinsias Mac Aonghusa, *Ar son na Gaeilge*, 125.
- ¹⁰¹ Tomás MacDomhnaill, *Mícheál Breathnach*, 26-7.
- ¹⁰² Ibid., 27.
- ¹⁰³ Féach *Freeman's Journal*, 12 Deir. Fómh. 1908, 1 chun tuairisc ar léacht a thug Mícheál Breathnach dar theideal 'Continental methods of teaching languages'.
- ¹⁰⁴ MacDomhnaill, *Iolscoil na Mumhan*, 34.
- ¹⁰⁵ Ibid., 32-3.
- ¹⁰⁶ Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú, *Beathaisnéis 2* (Baile Átha Cliath 1990), 24-5.
- ¹⁰⁷ Féach Breathnach, Ní Mhurchú, *Beathaisnéis 2* (Baile Átha Cliath 1990), 101-2.
- ¹⁰⁸ Doiciméid ED/11/4/1, Lr. 1724-10c; Mag Fhloinn chuig coimisinéirí an Bhoird, 15 Meith., 1910.
- ¹⁰⁹ Breathnach, Ní Mhurchú, *Beathaisnéis 5* (Baile Átha Cliath 1997), 80.
- ¹¹⁰ Ibid.
- ¹¹¹ Doiciméid ED11/4/3, 26 Iúl, 1911.
- ¹¹² *The Irish News and Belfast Morning News*, 11 Iúl 1906. Deimhníodh an t-eolas seo sa chomhfhreagras idir Ada Nic Néill, rúnaí Choláiste Uladh agus an Bord, 9 Deir. Fómh. 1907, Doiciméid ED 11/10/1, Lr. 2888-07c.
- ¹¹³ Doiciméid ED 11/10/1, meamram inmheánach an Bhoird, L266/1907, Cir 11.
- ¹¹⁴ ACS, 1 Meán Fómh., 1906, 7.

- ¹¹⁵ Ríona Nic Congáil, *Úna Ní Fhaircheallaigh agus an fhís útóipeach ghaelach* (Baile Átha Cliath 2010), 199.
- ¹¹⁶ *Ibid.*, 218.
- ¹¹⁷ *Ibid.*, 225. Tá alt ag an údar céanna in Ó Ceallaigh, *Coláiste Uladh*, dar teideal ‘Úna Ní Fhaircheallaigh (1874–1951): banrioghan na nGaedheal’, 141-173.
- ¹¹⁸ Breathnach, Ní Mhurchú, *Beathainéis 2* (Baile Átha Cliath 1992), 133.
- ¹¹⁹ Ó Ceallaigh, *Coláiste Uladh*, ‘Séamus Ó Searcaigh (1887-1967)’, 242.
- ¹²⁰ Tá an litir seo maraon leis an chomhfhreagras iomlán ar fáil i ndoiciméad ED11/27/1, sa Chartlann Náisiúnta. Tá siad ar fad in Aguisín 1 sa tráchtas M.A. neamhfhoilsithe a scríobh mé dar theideal ‘Traidisiúin ghaeltacht Oirghiall agus Coláiste Bhríde Ó Méith’ (Coláiste Phádraig, Droim Conrach 2009).
- ¹²¹ Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú, *Beathainéis 4* (Baile Átha Cliath 1994), 63-6.
- ¹²² Doiciméid ED 11/4/1.
- ¹²³ Lorcán Ó Muireadhaigh, ‘Omeath’ in *Louth County Archeological and Historical Journal 1914* vol. 3, no. 3, 231.
- ¹²⁴ Doiciméid ED 11/10/2, Lr. 2518-07c.
- ¹²⁵ Aodh Ó Cearra agus Séamas Céitinn, *Peadar Ó Dubhda – a shaol agus a shaothair* (Baile Átha Cliath 1981), 25.
- ¹²⁶ Donncha Ó Súilleabháin, *Athbheochan na Gaeilge: cnuasach aistí* (Baile Átha Cliath 1998), 118.
- ¹²⁷ Ó Cearra agus Céitinn, *Peadar Ó Dubhda*, 25-6.
- ¹²⁸ www.ainm.ie, ‘De Bhalton, Éamonn (1887-1966)’; Ceadaithe 4 Aibr. 2013.
- ¹²⁹ Doiciméid ED 11/4/1.
- ¹³⁰ Doiciméid ED 11/16, L.2100/07c.
- ¹³¹ *Ibid.*, L.266/1907 Cir.11. Lehané chuig na coimisinéirí, dáta 15 Lún. 1907.
- ¹³² www.ainm.ie, ‘Ó Laoghaire, Diarmuid (1871-1942)’; Ceadaithe 4 Aibr. 2013.
- ¹³³ Doiciméid ED 11/16, L.2100/07c., de Róiste chuig Lehané.
- ¹³⁴ *Ibid.*, L.2493-07c.
- ¹³⁵ *Ibid.*
- ¹³⁶ *Ibid.*
- ¹³⁷ *Ibid.*, 3401-07c., de Róiste chuig Dilworth.
- ¹³⁸ Doiciméid ED11/16/2, Lr. 3352-07c., Ó hAimheirghín chuig Dilworth.
- ¹³⁹ *Ibid.*
- ¹⁴⁰ *Ibid.*
- ¹⁴¹ *Ibid.*, L723/1907, Dilworth chuig de Róiste. Bronnadh aitheantas sealadach ar Choláiste na Mumhan, 24 Deir. Fómh. 1907 (Féach 5.6.0)
- ¹⁴² Doiciméid ED 11/4, Cir. 11 330.
- ¹⁴³ Breathnach, Ní Mhurchú, *1882-1982 Béaloideas 5* (Baile Átha Cliath 1996), 136.
- ¹⁴⁴ O’Donoghue, *Bilingual education*, 71-9.
- ¹⁴⁵ *Ibid.*, 84-5.
- ¹⁴⁶ Doiciméid ED 11/3/1, 2315-07c.
- ¹⁴⁷ *Ibid.*, 2315-07c, 16 Lún., 1907.
- ¹⁴⁸ *Ibid.*, Lr. 267, J.A. Mag Fhloinn chuig Dilworth, 1 Lún., 1907.
- ¹⁴⁹ *Ibid.*, Lr. 267/1907, Cr.11, 26 Lún., 1907.
- ¹⁵⁰ *Ibid.*, 2 Meán Fómh., 1907.
- ¹⁵¹ *Ibid.*, 31 Lún, 1907.
- ¹⁵² www.ainm.ie, ‘Ní Thuathail, Máire (1871-1954)’; Ceadaithe 15 Iul 2013.
- ¹⁵³ Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú, *Beathainéis 1* (Baile Átha Cliath 1986), 101.
- ¹⁵⁴ Doiciméid ED11/3/1, Lr. 267, Lún. 30 1907.
- ¹⁵⁵ *Ibid.*, 16 Meán Fómh., 1907.
- ¹⁵⁶ *Ibid.*, Lr. 2972-07c, 15 Meán Fómh., 1907.
- ¹⁵⁷ Doiciméid ED11/21/2, L2471-07c
- ¹⁵⁸ Doiciméid ED 11/3/1, L431-07/1907 Cir. 11
- ¹⁵⁹ Doiciméid ED11/14/I, Lr. 11650/09, Ó Dúbhshláine chuig coimisinéirí an Bhoird, 27 Iúl, 1909.
- ¹⁶⁰ *Ibid.*, Lr. 357; Lehané chuig coimisinéirí an Bhoird, dáta 29 Lún., 1909.
- ¹⁶¹ *Ibid.*
- ¹⁶² *Ibid.*, Ó Faoláin chuig coimisinéirí an Bhoird, dáta 16 Aibr. 1910.
- ¹⁶³ *Ibid.*
- ¹⁶⁴ *Ibid.*, LR 267, Lehané chuig na coimisinéirí, dáta 3 Meith. 1910.

5

Reáchtáil na gcoláistí Gaeilge

6.0.0. Tús maith leath na hoibre

Bhí claochlú iomlán i ndearcadh na n-oidí scoile i leith na Gaeilge le feiceáil ó cuireadh Coláiste na Mumhan ar bun i 1904. Bhí an coláiste sin ag feidhmiú i mBéal Átha an Ghaorthaidh ó 1904 i lár an limistéir a chuir inní ar Pheadar Ó hAnnracháin, a cháin dearcadh na n-oidí scoile a bhí ag teagasc na Gaeilge sna scoileanna Náisiúnta ‘ar nós an chuma liom é’.¹ Ghoill leisce na n-oidí scoile ar Phádraig Ó Cadhla sna Déise ach bhí seisean anois taobh thiar de bhunú Choláiste na Rinne, i dteannta an Dr. Mícheál Ó Síocháin agus an Dr. Risteard de Hindeberg a bhí ag díriú ar na h-oidí céanna a ullmhú chun an clár dátheangach a chur i bhfeidhm in oirdheisceart Mumhan agus Laighean. Bhí Coláiste Connacht i mbun oibre ó 1905 chun na deacrachtaí i leith staid na Gaeilge sna scoileanna Náisiúnta i gCúige Chonnacht a d’aithin timire an Chonartha Pádraig Ó Máille (2.6.1) a réiteach. Ba phictiúr doilíosach a chruthaigh tuarascáileacha Thomáis Uí Choincheanainn i gCúige Uladh idir 1900 agus 1902 (2.6.2), ach anois bhí trí choláiste Gaeilge i mbun oiliúna i gCúige Uladh – Coláiste na gCeithre Máistrí, Leitir Ceanainn, Coláiste Uladh, Gort an Choirce agus Coláiste Gheimhridh Chombhghaill, mBéal Feirste.

Léiríonn an t-eolas a leagtar amach in Aguisín 3 thíos an t-éileamh a bhí ar na cúrsaí sna coláistí Gaeilge seo ó 1907, an bhliain chéanna ar tosaíodh ar thaifeadadh oifigiúil a dhéanamh ar na mic léinn a d’fhreastail ar na cúrsaí. Bhí córas oifigiúil, freagrach á chur i bhfeidhm anois a bheadh ina thaca do na coláistí agus don Bhord agus scéim na ndeontas á chur i bhfeidhm. Ní cartlann iomlán í mar go bhfuil neart eolais cailte ach léirítear sna doiciméid seo gur fhreastal na mílte mac léinn ar na coláistí Gaeilge ar fud na tíre idir 1907 agus 1921, an bhliain ar tháinig deireadh

leis an taifideadh oifigiúil. Mar sin, d'fhéadfaí a rá go raibh éifeacht dearfach ag na hinstitiúidí seo i leith dhearcadh na n-oidí scoile i leith na Gaeilge a mheall iad ina sluaite i dtreo na Gaeilge agus freastal a dhéanamh ar na cúrsaí a bhí á réachtáil iontu.

6.1.0. Tráchtairacht ar obair na gcoláistí Gaeilge sna meáin - Coláiste na Mumhan

Ní gá ach féachaint ar an tráchtairacht chomhaimsire a rinneadh sna meáin faoi obair na gcoláistí Gaeilge chun fianaise an chlaochlaithe i ndearcadh na n-oidí scoile i leith na Gaeilge a fheiceáil. Tugann Mairéad Ní Mhurchú le fios go raibh dhá sheisiún eagraithe do shamhradh 1904 i gColáiste na Mumhan agus go ndearnadh freastal ar dhá shaghas scoláire, ábhair mhúinteora agus tosaitheoirí.² Tugann tuairisceoir eile a bhí ag scríobh in *Freeman's Journal*, 13 Lúnasa 1904, gur múinteoirí taistil an Chonartha a bhí ag baint tairbhe as na deiseanna oiliúna nua bhí ar fáil anois i mBéal Átha an Ghaorthaidh. Cuirtear in iúl gur cuireadh Cumann na Múinteoirí Taistil ar bun, rud a léiríonn gur cuireadh fuinneamh nua in iarrachtaí an Chonartha an Ghaeilge ó thaobh na Gaeilge de le bunú Choláiste na Mumhan.

The latest offshoot of the Munster Training School is the Irish Travelling Teachers' Association, just founded at a meeting of the Gaelic Teachers now in training at Ballingeary School. The rules of the new Association are now drafted, and are to be submitted for ratification to the Conference to be held in connection with the Munster Feis in Killarney a week hence. Membership of the Association will be open to all Travelling teachers of Irish, and all the business, as is but natural, will be conducted in Irish ... There are at present upwards of fifty teachers attending the lectures at Ballingeary. The programme of studies is not only comprehensive and practical, but eminently enjoyable, and, as a result, a spirit of fraternity obtains among the students such as has not been felt since the extinction of the famous Munster schools of three or four centuries ago. The Berlitz Mode of teaching is the system in operation in

the school. In this instruction is given for three or four hours daily, and this instruction is again supplemented by lectures on Phonetics by the Rev. O'Daly. The evenings are given over to distinctively Irish amusements, including dancing, singing, story-telling, and informal athletic contests. Thus permanent work of a broad national character, and calculated to be of the greatest advantage to the Language Movement, is being done in the remote village of Ballingearry, with an absence of ostentation which must commend general admiration.³

Bhí 62 scoláire cláraithe le freastal ar chúrsaí na bliana sin, dar le Donncha Ó Súilleabháin.⁴ Chuir an *Daily Irish Independent* síos ar an chéad chúrsa sa choláiste mar seo a leanas:

Candidates for instruction came from counties so far apart as Antrim and Waterford, Armagh and Tipperary, Monaghan and Cork, Dublin and Kerry, Meath and Limerick, while King's County, Westmeath, Wicklow, Wexford and Kilkenny also sent forward students, of whom there were 35 when the College opened for its first course on July 4th last. The number had grown to 85 for the second course, beginning on 2nd August, and already applications are coming in for next year's courses, which will have a guarantee for further success in the fact that members of the Committee have all been re-elected in testimony of the thoroughness with which they have so far performed their duties. Already, we are informed, a movement is on foot amongst the Gaelic Leaguers of Connaught to follow the example set by Munster and establish a College of their own. In this we hope they will be successful, and should that prove so, then the time will be short until we may expect to see one in each province in Ireland, and all working harmoniously for the common good of the magnificent ambition they have at heart.⁵

Is beag eile atá le clos faoi mar ar éirigh leis an chéad seisiún i 1904 go dtí gur tosaíodh ar na hullmhúcháin le haghaidh seisiúin 1905. Foilsíodh an litir seo a leanas in *An Claidheamh Soluis*, 13 Iúl 1905, ó mhúinteoir taistil an Chonartha a bhí ar chúrsa 1904 ann. Seo a leanas mar a chuir sé síos ar obair na bliana roimhe sin:

Do dhein Coláiste na Mumhan obair fóghanta anuraidh. Do chonncamair féin rian na hoibre sin ar Fheis Chill Mhanntáin. Go deimhin do b'iongnadh linn an toradh a bhí ar shaothar dalta áirithe den choláiste seo. Dheineadar an oiread oibre ar an dtaobh istigh d'aon bhliadhain amháin is ná déanfaidh n-a dá oiread d'aimsir tamall ó shoin. Ní rabhthas díomhaoin ná droch-ghnóthach ar Choláiste na Mumhan anuraidh. Ní baoghal go mbeifear amhlaidh i mbliadhna.⁶

Más 'fóghanta' an obair a bhí ar siúl ann bhí moladh nó dhó le déanamh ag múinteoir taistil eile a d'fhreastail ar an chúrsa céanna agus é ag scríobh in *An Claidheamh Soluis*, 27 Bealtaine 1905. Dar leis, bhí gá le cúrsa ar leith i ngramadach na Gaeilge:

Bhí mé ag Coláiste na Mumhan i mBéal Átha an Ghaorthaidh anuraidh, agus is ríth-mhaith do thaithin an seasán liom, agus go dearbhtha díbh is dóigh liom go dtaithfeadh Modh Múinte Dhiarmuda Uí Fhoghludha agus fuaimeanna an Dochtúra Ua Dálaigh le haoinne. Tá an clár i gcomhair na bliadhna so os mo chomhair, agus thaotheann se go han-mhaith liom. Beidh na cúrsaí céadna ann arís agus cúrsaí nach iad. Beidh cúrsa ar mhodh múinte, teasbánadh agus cleachtadh ar Mhodh Múinte. Beidh cúrsa ar fhuaimneannaibh i gcoitcheann agus ar fhuaimneannaibh na Gaeidhilde, agus conspóidí ar ealadhain na bhfuaimeann. Beidh ceol agus rinne Gaedhealach ann, cuid de gach cúrsa. Is dóigh liom féin, ámh, gur dearmad mór gan cúrsa eile ar 'Ghráiméar na Gaeidhilde' do bheith ann. Tá Gaedhilde mhaith agam féin ach fágaim le huadhacht ná féadfainn a lán nidhthe dá gcuirim tré chéile do mhíniughadh do réir riaghalach gráiméar do sna macaibh léighinn, agus tá gach múinteoir eile do bhuaileann umam ins an gcás céadna ...⁷

Tá sé soiléir ón méid seo a leanas a bhí le rá ag an mhúinteoir taistil go raibh sé an dréim go mór le filleadh ar Bhéal Átha an Ghaorthaidh chun dul i mbun staidéir arís:

'Cad is gabhadh dhuit bheith mar sin,' a déarfais, 'an faid atá Graiméar na mBráithreach agus an Dochtúir Mac Enrí agat?' 'Is fíor sin a chara; táid agam, ach is dóigh liom féin na fuil duine i nÉirinn indiu is bruideamhla 'ná múinteoir taistil na Gaedhilde. Táim féin le bliadhain ag féachaint i nGraiméar na Gaedhilde anois 's arís acht go deimhin díbh níl a leath léigte fós agam,

agus an méid atá níl sé de mheabhair agam de bhrígh ná féadaim mo dhóthain aimsire do chaitheamh dá foghlaim. Agus fós, tá mórán nidhthe ann nach féidir a dtuigsint gan mórán stuidéar do dhéanamh ortha, agus ní féidir don té ná beidh uain aige soin do dhéanamh. Acht nuair bheadh duine ar a laetheanntaibh saoire agus sochair síos chun foghluma ar éan-chuma agus gan éin-nidh eile 'bheith le déanamh aige acht bheith ag foghlaim – mar bheimid go léir, le congamh Dé, i mBéal Átha an Ghaorthaidh arís i mbliadhna – sin an uair badh cheart an graiméar d'fhoghlaim i measg na nidhthe eile, agus is ar na hádhbharaibh sin iarraim-se – mar aoinne amháin – cúrsa áirithe ar ghraiméar na Gaedhilge do bheith i n-ár gcomhair i gcoláiste fíor-uasail na Mumhan.⁸

Tháinig méadú leanúnach ar líon na mac léinn a rinne freastal ar Choláiste na Mumhan sna blianta beaga i ndiaidh 1904. Sa bhliain 1905 rinne 101 freastal ar na cúrsaí ann. I 1906 bhí 124 mhac léinn ann, 171 i 1907, 222 mhac léinn sa bhliain 1908, 252 sa bhliain 1909 agus 260 sa bhliain 1910.⁹ Thug an Dochtúir Neil Buttimer le fios go raibh breis agus 300 mac léinn ar rolla na bliana 1911, orthu seo bhí 19 múinteoir bunscoile i mí Iúil agus 87 oide bunscoile ag seisiún mhí Lúnasa.¹⁰ Léiríonn na huimhreacha seo fírinne na tuairime gur 'mhéadaigh [an coláiste] clú agus cáil an cheantair mar ionad oideachais'.¹¹

6.1.1. Coláiste Uladh (1906)

Léiríonn na tuarascáileacha a foilsíodh in *An Claidheamh Soluis*, 20 Deireadh Fómhair 1906, gur éirigh go geal leis an chéad seisiún i gColáiste Uladh.

Ard-sgoil Cholm Cille has closed after a session which the mic léinn will look back upon as not merely one of the most profitable but one of the most enjoyable ones in their lives. After the departure of Úna Ní Fhaircheallaigh and Seán Mac an Bháird, the college was managed by Séamus Ó Searcaigh and Máistir Mac Giolla Charr. An Laoideach lectured on Tír Chonail poetry. Early this week an tAthair Mag Uidhir and Séamus de Creag came to examine the students, of whom thirty remained on to the very end. There had been as many as sixty in the middle of the session.¹²

Bhí an Piarsach sásta fosta le cúrsaí i gCloch Cheann Fhaola. Scríobh sé an méid seo a leanas in *An Claidheamh Soluis* agus tús Dheireadh Fómhair 1906:

I dtaobh an choláiste, má tá Coláiste na Mumhan agus Coláiste Chonnacht go maith, ní náire do Chúige Uladh Ardscoil Cholm Cille. Tá suas le leathchéad scoláire ann faoi láthair, agus bhí cúig dhuine déag agus trí fhichid ann i lár an tseisiúin. Ní labhartar ar feadh an lae ach Gaeilge. Tá an teagasc a thugtar ann ar fheabhas agus ní bréag a rá go bhfuil na mic léinn sásta leis. Caitear trian den lá le foghlaim, trian le ceol agus scéalaíocht, agus trian le siúl agus spaisteoireacht.¹³

Chuir Íde Nic Néill, rúnaí Choláiste Uladh, an coláiste i gcomparáid le ‘naíonra’, a dhéanfadh tairbhe, ní amháin do chaighdeán na Gaeilge sna scoileanna Náisiúnta ar fud an chúige, ach do Ghaeilgeoirí Chloich Cheann Fhaola:

Qualified teachers have carried Irish from this nursery to all parts of the province, where the language is now, unfortunately, dead. And not only has this part of the work succeeded beyond our hopes, but Cloghaneely College has more than justified its existence locally. This is seen by the large increase of Irish speakers notified in the last census of the Irish-speaking districts of Donegal.¹⁴

Sa bhliain 1911, cúig bliana i ndiaidh bhunú Choláiste Uladh bhí comhfhreagaí in *Sinn Féin* thar a bheith moltach faoi imeachtaí an choláiste agus é ag tarraingt pictiúir dá léitheoirí den chéad mhaidin ar chúrsa i gCloch Cheann Fhaola. Seo a leanas mar a chuireann an scríbhneoir síos ar imeachtaí an lae i gColáiste Uladh:

The first morning after you arrive you rush up to the College to greet old friends and see how everything is going on. You curl up in your appointed class and fraternize with the student next to you. You borrow his or her pencil, look up his text-book, find your own place and plunge straightaway into the stream. At luncheon time you find some more friends, and hear how there are more students this year than ever there were. All of the Colleges have increased steadily up to the present. Back again to work at phonetics or

literature or composition until 3 o'clock, and then you go back to the little hotel to eat a belated dinner, go for a stroll to some Irish-speaking cottage, chat to everyone who is willing to chat to you in Irish, and then, after tea, debate or lecture or dance till 10 o'clock, and home to bed.¹⁵

Ní fada, áfach, go n-éiríonn an scríbhneoir dáiríre faoi chur chuige na gcoláistí, agus molann sé atmaisféar 'daonlathach' Choláiste Uladh. Leanann sé leis mar seo a leanas:

These Colleges are very democratic in their composition, and it is one great reason of their charm. Within their walls, as within the Gaelic League, all are equal. A common cause, a common enthusiasm, unites all; young and old, Protestant and Roman Catholic, man and woman. As a rule it means a very rare earnestness and self-denial in the students who devote their one holiday in the year, not to pure holiday making, but to the attempt to become better acquainted with the language, the literature, the history, of their native land, believing that they will be the better citizens for so doing. This is the root idea of the whole Gaelic League: that to the Irish race, the knowledge of their own country, history and language is the one sure foundation on which to build all other knowledge. It is the great idea underlying all educational schemes of the present day in every country; know yourselves. The enthusiasm has inspired the driest and most grinding toil over grammar, phonetics, etc. The lessons are no child's play. The teachers are not amateurs.¹⁶

6.2.0. Amchlár agus gnáthimeachtaí na gcoláistí Gaeilge

Cé go dtugann doiciméid an Bhoird léargas dúinn ar na sonraí a bhain le réachtáil na gcúrsaí sna coláistí Gaeilge agus go háirithe faoin bhealach inar roinneadh obair an lae táimid ag brath ar nuachtáin na linne chun léargas a fháil ar ghnáthimeachtaí na gcoláistí seo faoi mar a tharla siad. Faightear léargas ar obair an lae i gColáiste na Mumhan sa chuntas seo a leanas a foilsíodh in *The Weekly Freeman*, 29 Lúnasa 1908, ina gcuirtear síos ar an lá fhada a bhí os comhair na mac léinn i mBéal Átha an Ghaorthaidh:

There are at present 200 students at the College, and there are 4 priests, so that with Rev. D. O'Daly and Father O'Nolan there are six priests at the College. This enables religious exercises to be carried out with the regularity of a diocesan seminary. There are Masses every morning at which the students attend, and every evening the Rosary is recited in Irish. The students have breakfast after Mass, and the work of the College begins at 9.30, when Miss O'Reilly teaches Sonic Tolfa to a large class of students. The actual work of the training of the teachers begins at 10 o'clock, and continues with intervals for lunch and dinner, till 7 o'clock. From 10 until 11 Father O'Nolan and Diarmuid O'Leary in the College and Miss Cronin in the Summer School have the students at direct method work, and at 12 o'clock Dr. O'Daly begins the lectures on phonetics. The work is so arranged that the work is alternated, and the students are distributed in convenient numbers. Each teacher gives lectures on his subject, and then has a time set apart for criticism lessons. At 6 o'clock the ordinary work of the College and the Summer School is terminated, and from six until seven Dr. O'Daly takes charge of all of the pupils in a class set apart from the reading of *Cuine Airt I Laere*, Eileen O'Connell's lament for her murdered husband. At 7 o'clock there is an interval for tea. At eight o'clock the students attend the Irish Rosary in the Church, and from the conclusion of the Rosary until 9 o'clock Miss O'Reilly teaches traditional Irish songs. After this there is a sgoraigheacht, which lasts till 10 or 10.30, and at which songs, recitations, stories, etc., are contributed by the students and by the people of the district. This is the routine of every day, and though it seems exacting, the students would not miss a single lesson though most of them are giving up their holiday for this work. With such a programme as that in operation, it is no wonder that the Coláiste na Mumhan has had an influence on Ballingearry.¹⁷

Tugann an t-alt seo a leanas a foilsíodh in *The United Irishman* tuilleadh eolais faoin chlár ama agus an scéim oibre a bhí i bhfeidhm i rith an chéad chúrsa a reáchtáladh i dTuar Mhic Éadaigh i 1905:

The more advanced students were able to make a close and more critical study of several of the more difficult texts in prose and poetry. The first session, from 10 to 1, was occupied with text work, composition, storytelling, seanchus, and a song or two in the traditional method. The second session, from 3 to 6, was spent in a somewhat similar manner; but, at the end of each session, a special demonstration was given in the Modh Réidh method. This was intended not only for the benefit of the beginners, but also for intending teachers who, in turn, were given an opportunity of conducting a lesson in that method; always, of course, under the supervision of the principal. Needless to say, every portion of the day's work was conducted exclusively in Irish. It is beyond doubt that the college, even in the first session since its foundation,

has accomplished a great deal of valuable work. The coming session promises to be more successful, and still more largely attended.¹⁸

6.2.1. Léachtaí – an tSean-Ghaeilge

Ba ghné de na cúrsaí samhraidh sna coláistí Gaeilge iad na léachtaí a reáchtáladh. Tugadh cuireadh d'aoichainteoirí áirithe teacht chun na gcoláistí chun léachtaí a thabhairt ar ábhair éagsúla a bhain le cúrsaí na SeanGhaeilge agus stair na hÉireann. Luadh gur cuireadh an Dr. Osborn Ó hAimheirgín ar liosta na mball foirne Choláiste na Mumhan i 1900 (5.5.1). Foilsíodh an cur síos seo a leanas ins an *Evening Standard*, 1 Meitheamh 1909 ar léacht a thug sé ar stair na Gaeilge:

Dr. Bergin traces the development of the language by its sounds from its earliest stages down to the Irish of today. He uses his knowledge of comparative philology to explain obscure points and elucidate various usages of comparison of Irish words, and kindred words in Welsh, Latin, Greek, Sanskrit, German, Scottish Gaelic and other languages. The lectures are in Irish, and they deal chiefly with the Irish language itself, and the illustrations from the other languages, while they are very interesting in themselves, are only introduced where they can help us to a better appreciation of our own language, and of its growth or decay, as the case might be, or of the influences which acted on it at various periods of its history. The change of the initial P in foreign loan words to initial C in Irish of the early period is thus explained, and so on with other changes. The sound changes are explained under two principal categories – first, those which have taken place from period to period where sounds have fallen together and new sounds have developed; and secondly, those which belong to each period, and which mark grammatical distinctions, such as the inflections of nouns, adjectives and verbs, etc. The development of the language is not only investigated deep down, so to speak, through the ages, but the characteristics of each seam or stratum of the language are also considered. In this way a subject which may otherwise be very dry and uninteresting is made fascinating and the student soon finds himself in possession of a key which will unlock many secrets of the language previously undreamed of by him. These lectures while they will give the student the benefit of the most complete knowledge regarding the growth and development of the Irish language will yet be of a sufficiently popular, non-technical kind as to be interesting and instructive to all the students.¹⁹

Cé nach luaitear an Mheán agus an tSean-Ghaeilge mar chuid lárnach de shiollabais na gcoláistí Gaeilge, ach amháin i gcás Choláiste na Rinne (5.3.7) bhí tábhacht ag baint leis an ábhar i gcomhthéacs na suime a spreagadh in achan rud a bhain leis an athbheochan. Chuir an spéis nua seo bród ar an Phiarsach i 1904 nuair a chonaic sé ‘young native scholars are commencing to delve into the past of the language, and the dead bones of Old and Medieval Irish are stirring again and donning flesh and graciousness’.²⁰ Ní ábhar iontais é, mar sin, gur tugadh áit thábhachtach don Mheán agus na tSean-Ghaeilge ar shiollabais na gcoláistí Gaeilge ó 1912.²¹ Bhí Mrs. Arthur Hutton, a chuir leagan véarsaíochta Béarla den *Táin Bó Chuailgne*, i bhfeighil at chlár ranganna na Sean-Ghaeilge i gColaiste Chomhghaill.²² Ba é Séamus Ó Searcaigh a bhí i mbun an ábhair i gColáiste Uladh. Tuairiscítear in An Claidheamh Soluis, 28 Iúil agus 3 Deireadh Fómhair 1908, go raibh cúram na ranganna seo ar Úna Ní Fhaircheallaigh ‘and apparently had been less than a rousing success’.²³ Is é Eoin Mac Néill a ghlac na ranganna seo i gColáiste Chonnacht, Tuar Mhic Éadaigh i 1910²⁴ agus Tomás Ua Nualláin a bhí i mbun na Sean-Ghaeilge i gColáiste Eoghain Uí Chomhraighe, Carraig an Chomhaltaigh.²⁵

6.2.2. Stair na hÉireann

Bhí áit lárnach ag an stair sna coláistí Gaeilge de bharr achainí Chraobh Londain, ’sé sin go mbeadh cúrsa staire ar chlár oibre Choláiste na Mumhan. Ba chuid d’athGhaelú na tíre teagasc na staire sna scoileanna. Chreid Conradh na Gaeilge go mbeadh sé riachtanach an stair a chur i lár churaclam na scoileanna Náisiúnta, na scoileanna idirmheánachach agus fiú na coláistí triú-leibhéal.²⁶ I 1905, mar shampla, chuir an Conradh stair na tíre ag croilár anam na heagraíochta nuair a fógraíodh, ‘the purpose of the Gaelic League is to make the Irish language, Irish

literature and history the basis of Irish education and the sources of national inspiration'.²⁷ Chreid Ó Duinnín go hiomlán i dtábhacht na staire. I léacht a thug sé ag cruinniú Chumann Gaedhealach na Múinteoirí Náisiúnta, 4 Feabhra 1905, mheabhraigh sé dá lucht éisteachta tábhacht na staire in oideachas an aosa óig mar seo a leanas:

Her story is one to inspire the young with aspirations after nobility and virtue: to breathe into their souls the spirit of the love of God, the love of truth and of country, to make them genuine Irishmen and not nondescript slaves. Why then, I ask, has the history of Erin been kept in a sealed book from so many generations of Irish children, why is every mention of her name in the literature which they are spoon-fed introduced with apologies, why is she referred to with the finger placed on the lips, and in the language of doubt and suggestion?²⁸

Mar sin, bheadh gá go ndéanfadh na hoidí a rinne freastal ar na coláistí Gaeilge staidéar ar stair na hÉireann. Chuige sin reáchtáladh léachtaí i gCraobhacha an Chonartha ar fud na tíre, go háirithe i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh agus i gCraobh Londain. Deir O'Leary a méid seo a leanas faoi na haoiléachtóirí a labhair ag na cruinnithe seo:

Even a partial speakers' list reads like a who's who of contemporary Irish-Ireland: Mac Néill, Pearse, Dineen, Cathal Brugha, Pádraic Ó Conaire, William P. Ryan, 'Conán Maol', Seosamh Laoide, Stephen Gwynn, George Moonan, Standish James O'Grady, Seán Ua Ceallaigh, Peadar Mac Fhionnlaoich, Arthur Griffiths, P.S. O'Hegarty, Alice Stopford Green, Margaret Hobbs – many of these lecturers were also pressed into service at the League's summer colleges with Mac Néill particularly and predictably in demand.²⁹

Bhí Traolach Mac Suibhne, Risteard Ó Maolchatha agus Domhnall Ó Corcora ina n-aoichainteoirí i mBéal Átha an Ghaorthaidh.³⁰ Ag tús Mheán Fomhair 1905

tugadh cuireadh do Alice Stopford Green léacht a thabhairt i gColáiste Chonnacht, Tuar Mhic Éadaigh, ar an ábhar ‘Sibhialtacht na hÉireann ins an séú aois déag’. Ba mhinic a thug Mrs. Green cuairt ar Ó Méith agus ba chara mór í le Eoin Mac Néill.³¹ Tá an cuntas seo a leanas ar an léacht a thug sí le léamh in *The Mayo News*, 16 Meán Fómhair 1905:

Last week Mrs. A. Stopford Green, wife of the famous English historian, delivered a lecture at the Connacht Irish School on ‘Irish Civilisation in the 16th. Century’. She gave an interesting description of the industrial and commercial life of Ireland before the destructive Elizabethan wars. The fifteenth and sixteenth centuries are amongst the most interesting as Irish literature is concerned, not only for the original poets of the time, but for the valuable work done in the schools of Ireland in copying the laws, history and tribal boundaries of the Irish People. As the pressure of the English invaders was felt the Irish sought more diligently to preserve the records of their own civilisation. In the Tudor wars Ireland may be said to be roughly marked in three divisions – the Pale, then narrowed to Dublin and the counties around it for about thirty miles; the Borderland of constant war, which stretched over Meath, South Wexford and Wicklow, and the Irish country beyond the Pale. The Pale was English to be sure and its capital was called Irish or Young London. The Borderland was torn with disputes and quarrels – a state of things not to be wondered at, for the people would not give up their land to the stranger without a struggle. The Irish country people preserved ancient civilisation and were thriving and prosperous. The people were skilled in commerce and seamanship, in agriculture, in handicrafts, in science, in the manufacture of wool, leather and linen, in joinery, in gold and silver ornaments, as well as in war. The strong cloth sent to the Low Countries was cheaper and more durable than any to be bought elsewhere and the fine serge of Ireland was used in the courts of Naples, while fashionable English courtiers gave to one another as valuable gifts the cloaks of Limerick and Galway. The Shannon was covered with ships and the harbours of the West and South now left desolate were in the days of Irish supremacy filled with busy fleets. Let us learn a lesson even late. Let us put our country over and above any other consideration except our creator. Let us understand the past that we may be encouraged to restore Irish industries and commerce. Let us labour to become what our forefathers were, and renew their great fame for learning and enterprise.³²

Thug Dr. Henry Stephen Gwynn, P.J. Pierce, BL, FJ Bigger, MRIA, Seosamh Laoide, agus Eoin Mac Néill B.A léachtanna freisin. Tugadh cuireadh do mhná

léachtaí a thabhairt. Ina measc siúd bhí Máire Ní Aodáin léachtaí i rith seisiúin 1906 i gColáiste Uladh.³³

6.2.3. Ag freastal ar an churaclam leathan

Níorbh í an Ghaeilge nó fiú stair na hÉireann na hábhair a bhí idir lámha ag muintir an choláiste. Bhí curaclam leathan á theagasc sna scoileanna idirmheánacha agus réimse ábhar ar leibhéal ollscoile ann. D'aithin Coimisiún Ríoga Powis, áfach, go raibh fadhb bhunúsach ann maidir leis an méid oidí a bhí gan oiliúint fhoirmiúil. Measann Ó hÓgartaigh nach raibh oiliúint ag níos mó ná 34% d'oidí na scoileanna Náisiúnta i 1900.³⁴ Dar le comhfhreagraí in *National Teacher*, 24 Lúnasa 1900, ní raibh mórán maitheasa san oiliúint a bhí á chur ar fáil sna coláistí oiliúna Stáit a cuireadh ar bun 'to teach poorly educated aspirants the subjects they were to teach children. Teaching methods of teaching was not well regarded. The publicly funded training colleges were dependent on payment by results, so cramming became the norm in them'.³⁵

Bhí áit lárnach ag an Laidin ar an churaclam agus bhí cúis mhaith leis seo. Ó 1871 bhí gá le daltaí dara léibhéal a rogha de dhá cheann de na hábhair seo a leanas a roghnú: an Laidin, an Ghréigis, an Mhatamaitic agus na nua-theangacha Eorpacha a bhí tar éis teacht ar churaclam na scoile – an Fhraincis agus an Ghearmáinis. Bhí an Laidin, an Ghréigis agus an mhatamaitic riachtanach le haghaidh iontrála sna hollscoileanna agus bhí tábhacht na n-ábhar seo le feiceáil sna marcanna a bhí á mbronnadh orthu i scrúdaithe an Bhoird (2.7.0). Bhí an oiread sin éilimh ar an Laidin go dtugann Ó hÓgartaigh le fios gur tháinig méadú ar líon na mban a bhí ag déanamh na Laidine ar scoil ó 220 sa bhliain 1871 go 770 i 1881.³⁶ Dar ndóigh

bhíodh an Laidin á theagasc sna scoileanna scairte fadó ‘where the transmission of Latin, Greek and Bardic Lore, usually in traditional lore, was highly favoured’.³⁷

Seo a leanas mar a chuidigh Coláiste na Mumhan i gcás na Laidine:

Mrs. Fitzgerald (Máire Ní Chinnéide) will deliver a course of lectures in July and August, which will be intended as an introduction to the study of Latin through the medium of Irish. Latin is a difficult language for English speakers to learn because of the dissimilarity between Latin and English, but things such as the inflections of nouns and adjectives, which are always a puzzle to English students of Latin, will be obvious to Irish speakers, who are accustomed to inflectional changes in their own language. These lectures will be based on the assumption that the students know Irish, and Máire Ní Chinnéide, who is herself a distinguished Irish student and was the holder of the Studentship in Irish offered by the Royal University, intends to avail fully of the students’ knowledge of Irish in explaining the characteristics of Latin. She proposes to begin with a general survey, in which she will explain some points of agreement and some points of difference between the two languages before proceeding to teach the language in detail. With an hour’s instruction each day under such a system as this, students should, at the end of the month’s course, have a good knowledge of the outlines of Latin grammar and be well on the road to pursue the study probably by themselves, if they are not in a position to attend classes after leaving the college. The comparison of the two languages will increase their technical and grammatical knowledge of Irish. For teachers who may contemplate going to the University, either as holders of county scholarships or as direct students, this study of Latin will be a great advantage.³⁸

Tá sé doiligh a shamhlú go mbeadh suim ag an ghnáthphobal sna mionsonraí a leagadh amach ins na hailt agus iad ag déanamh tráchtairachta ar ábhar na léachtaí a tugadh i rith cúrsaí sna coláistí Gaeilge. Léiríonn an tsuim a chuir lucht na nuachtán in obair na gcoláistí Gaeilge tacaíocht do na tionscnaimh seo agus don náisiúnachas a bhí ag fás ar fud na tíre. Léiríonn sé fosta an úsáid a bhain na coláistí as na meáin chun bolscaireacht an dhéanamh ar an obair a bhí ar siúl acu.

6.3.0. Modhanna múinte sna coláistí Gaeilge

I gcomparáid lena macasamhail sa lá atá inniu ann níorbh é sealbhú na Gaeilge amháin príomhchuspóir na gcoláistí Gaeilge. Coláistí iad a raibh sé mar chuspóir acu oidí a ullmhú chun an Ghaeilge a theagasc go héifeachtach sna ranganna Gaeilge a d’eagraigh Conradh na Gaeilge agus na scoileanna. Bhí faillí déanta ag coláistí oiliúna an Stáit san obair seo. Mar sin is iad na coláistí Gaeilge an chéad iarracht dáiríre a rinneadh chun oiliúint a chur ar oidí scoile i dteagasc na Gaeilge ó bhunú an chóras oideachais in 1831.

Léiríonn na hamchláir a thagann anuas chugainn gnéithe na h-oiliúna seo. Bhí cur chuige á chur i bhfeidhm ina raibh meascán den teoiric agus den obair phraiticiúil ann. Léiríonn clár oibre Choláiste na Mumhan an meascán seo idir an obair acadúil – gramadach, léitheoireacht agus ceapaóireacht - agus gnéithe praiticiúla an chúrsa ina mbeadh cleachtadh múinteoireachta agus ranganna criticiúla agus foghraíochta ar siúl.

The Programme of studies embraces Method of Teaching, both primary and Secondary, Practice and Criticism Lessons, Primary and Secondary; in Method of Teaching; Phonetics, General Irish and Comparative; Phonetic Drill; Criticism Lessons in Phonetics and Phonetic Drill; Object lessons; Picture lessons; Texts, Reading and Explanation; Grammar; Composition; Singing in Modern and Traditional Style.

For the Criticism lessons the Summer School attached to the College is availed. There, students teach the Practice lesson in the presence of the Professor and their fellow students. These take notes and a criticism of the lesson based on these notes follows at the College. Besides those that come with the intention of attending the Summer School only, those also are sent to it who fail to qualify for the College course.³⁹

6.3.1. Na ranganna criticiúla

Feictear praiticiúlacht na hoiliúna a chuir na coláistí ar fáil dá mic léinn ins an eolas a chuir Liam de Róiste in iúl don Bhord in Iúl 1907. Chuir sé in iúl do na coimisinéirí go mbeadh Gearóid Ó Nualláin i mbun modhanna teagaisc gach lá idir 12.30 agus 1.30 san iarnóin. ‘Practice and criticism lesson for 2nd and 3rd year students in Method teaching’ a thug sé ar na seisiúin seo. Bhí seisiún oiliúna mar seo ag an chéad Bhliain a mhair leathuair an chloig agus bhí seisiún eile i modhanna teagaisc ag achan duine ó 4.30 go dtí 5.30 trathnóna.⁴⁰ Feictear an claonadh céanna i gcás Choláiste Chonnacht inar eagraíodh ‘a special demonstration in the Modh Réidh method ... This was intended not only for the benefit of the beginners, but also for intending teachers who, in turn, were given an opportunity of conducting a lesson in that method; always, of course, under the supervision of the principal (5.3.6).⁴¹ Is é seo an nós atá le feiceáil sa Spidéal le seisiúin teagaisc i modhanna múinteoireachta ó 2.30 go dtí 3.30 san iaróin. Cuireadh síos ar an ghné phraiticiúil seo i gclár oibre Choláiste Bhríde mar seo a leanas: ‘The Middle and Senior Divisions take part in Practice lessons in teaching on the Direct Method, including criticism by individual students and professors’.⁴²

De réir mar a tháinig forás i gcur i bhfeidhm an chláir dhátheangaigh tháinig forás ar ábhar oiliúna na gcoláistí. Tabharfar faoi deara gur dhírigh Coláiste Chonnacht, An Spidéal, ar an chlár dátheangach chun mic léinn a mhealladh ann. Is fiú a lua nach raibh sé ceadaithe faoi riail an Bhoird ag bainisteoir scoile tabhairt faoin chlár dátheangach ó 1912 muna raibh oidí le teastas dátheangach an Bhoird acu cheana féin. Ón bhliain sin eagraíodh ‘rang dátheangach’ speisialta a bhí dírithe ar an ‘Bilingual Programme and Teaching Methods through the medium of Irish’. Ba é Dr.

Seán P. Mac Enrí agus Tomás Ó Cólmáin a bhí i mbun na ranganna sin.⁴³ Léiríonn cáipéisí Choláiste an Spidéil, atá le léamh in Aguisín 3 thíos, go raibh éileamh leanúnach ar an rang dhátheangach seo go dtí 1921.

6.3.2. An Modh Díreach agus an fhoghraíocht

Bhí cur chuige na ranganna bunaithe ar an mhodh díreadh, an modh teagaisc oifigiúil a chuir an Conradh i bhfeidhm ina chuid ranganna sna craobhacha ar fud na tíre. Mar sin ba é an modh díreach a chuirfí i bhfeidhm sna coláistí Gaeilge chun na múinteoirí craoibhe a ullmhú agus a oiliúint. Ní beag an tionchar a bhí ag an Phiarsach ar an chur chuige seo. Rinne sé staidéar ar chórais oideachais eile ar fud an domhain agus thuig sé go raibh i bhfad níos mó i gceist san oideachas ná cúrsaí scrúdaithe. Tá an méid seo a leanas le rá ag Valerie Jones faoin Phiarsach agus an modh díreach.

He was ... a strong advocate of the Direct Method of teaching languages, where only the language being learned was used, as well as of modern teaching aids. Much of the inspiration for the new state's language policy came from Pearse, and because of the heroic status conferred on him following his execution for his part in the 1916 Rising, it was accepted without question.⁴⁴

Roimh 1903 ba é leabhar an Athar Eoghan Ó Gramhnaigh, *Simple Lessons*, a bhí in úsáid sna ranganna a reáchtáil an Conradh sna craobhacha a bhí dírithe ar dhaoine fásta, ach is é an locht ba mhó a bhain leis na ranganna seo ná an iomarca tábhachta a tugadh don ghramadach agus an easpa líofachta a bhí le feiceáil sna foghlaimeoirí. Ba iarracht é úsáid an mhodha dhirigh teacht i dtír ar na deacrachtaí búnasacha seo.⁴⁵

Ba mhodh teagaisc é an modh díreach a bhí fréamhaithe in aimsiú na spriotheanga trí úsáid a bhaint as an spriotheanga sa rang. Mar sin ba í an Ghaeilge a bheadh ina meán teagaisc. Bhí trí bhunphrionsabal ag croílár an mhodha seo: chun teanga a fhoghlaim ní mór an bhéim a chur ar mheán na cluaise in ionad ar mheán na súile. B'fhearr i bhfad an teanga a fhoghlaim in abairtí in ionad focal aonair; agus leis an straitéis seo go spreagfaí an foghlaimeoir chun smaoineamh i nGaeilge. Mar sin, cuireadh béim ar an chaint, a bheadh go hiomlán ar aon dul le cuspóirí na gcoláistí Gaeilge, 'sé sin oiliúint a chur ar oidí sa Ghaeilge agus i dteagasc éifeachtach na Gaeilge.

Bhuaigh an aiste 'Ballingeary' an duais don aiste is fearr in *Catholic Bulletin*, Meán Fómhair 1912, ina léiríonn K. Magner bunphrionsabail an mhodha nua agus é á chur i bhfeidhm i gColáiste na Mumhan:

The new system of language teaching entirely reverses the old. Rules come last, the elements of pronunciation first. This teaching of the elements of pronunciation is a new plan, a result of the newly developed science of phonetics. The idea is that before beginning a new language we should see that a child is able to articulate the sounds of that language, especially the sounds that do not exist in his own. This can be easily and quickly done by means of phonetics, which explains the position of the lips, teeth, tongue and palate for each sound. As soon as a child knows and can articulate all the sounds of a language he will pronounce the word rightly from the beginning, and quickly learn to recognise the written symbols which represent the sounds. The new method then proceeds to simple conversation about everyday things, the objects in the room, domestic animals, parts of the body and dress, and so on. Once this has begun the teacher tries to confine himself to the new language, so that the child may learn to think in that language without mental translation. Soon a simple reader is begun which furnishes opportunities for conversation. All explanations are made in the language to be learned. Many exercises can be done with the reading book as soon as the pupil is more advanced, such as taking a paragraph and changing its tense, person or number. Later the child is helped to form his own grammatical rules by drawing a general conclusion from a number of instances collected and compared.⁴⁶

Lean na coláistí Gaeilge eile clár gábhála Choláiste na Mumhan. Feictear na hábhair chéanna in amchláir na gcoláistí éagsúla chuig an Bord nuair a bhí aitheantas an Bhoird á lorg acu. Reáchtáladh seisiúin i modhanna teagaisc de réir an mhodha dhírigh i dTuar Mhic Éadaigh (5.3.6), i gColáiste Uladh (5.3.4), i gColáiste na Rinne (5.3.7) agus in Ó Méith (5.3.8).

Cé gur lean na coláistí siollabas Choláiste na Mumhan, ar pháipéar ar aon nós, is fiú a lua go raibh éagsúlachtaí áirithe iontu fosta. Thosaigh obair an lae i gCloch Cheann Fhaola le seisiún dar theideal ‘Tuairim-Eolais’ i gCloch Cheann Fhaola. Ní fheictear an t-ábhar in áit ar bith eile. Tá sé doiligh eolas cinnte a fháil ar cad díreach a bhí i gceist ann. Cheap Pádraig Ó Ceallaigh, a chaith na blianta ag teagasc i gColáiste Uladh agus atá imithe anois ar shlí na firinne, gur seisiún cainte a bhí ann, inar spreagadh na mic léinn chun a dtuairimí a nochtadh faoi ábhair reatha nó chun cur síos a dhéanamh ar phictiúir éagsúla a cuireadh os a gcomhair.⁴⁷ Thuig údaráis na gcoláistí Gaeilge tábhacht na cainte agus na mic léinn á dtumadh i gcaint mhuintir na Gaeltachta. Tugann Mícheál Ó Domhnaill an cur síos seo a leanas ar thábhacht shealbhú chaint na ndaoine i rith cúrsaí Choláiste na Rinne.

Theastaigh ó na hoidí an chaint mar a bhí sí á labhairt acu féin [muintir na háite] agus ina dtimpeall a chur i gcóir lena tabhairt do lucht foghlama ón gceantar agus do na daoine eile a bhí á lorg. Fuair siad duine de na cainteoirí ba ghlaine agus ba chruinne Gaedhealuinne sa áit, Tomás Ó Muirthe, agus bhain siad caint as ar chúrsaí a raibh taithí aige ar a bheith ag labhairt orthu: iascaireacht, feirmeoireacht, an aimsir, an fharraige, an tsláinte, piseóga agus mar sin de – agus chuir nuachtán i bPort Láirge *An News* cló i bhfoirm Greas Comhrá ar na cainteanna dóibh. Gach seachtain d’fhaighdís cúpla scór de na bileoga agus bhídís mar ábhar léitheoireachta acu. Rinneadh leabhar díobh ina dhiaidh sin i bhfocair ábhar eile a chruinníodh ó mhuintir na h-áite agus foilsíodh in 1907 é faoin teideal *Cnó Coilleadh Craobhaighe*. An Dochtúir Ó Síocháin a chuir in eagar é.⁴⁸

Is é an claonadh seo chun na foghlaimeoirí a threorú i dtreo caint na ndaoine a spreag muintir Ó Méith cúl a thabhairt ar an mhodh dhíreach i 1913 agus modh teagaisc eile a chur i bhfeidhm i gColáiste Bhríde – an modh nádúrtha, a rinne iarracht nathanna cainte na Gaeltachta a theagasc do na mic léinn. Léirigh údarás Choláiste Ó Méith tábhacht shealbhú na cainte nuair a ghlaoigh siad ‘The Conversational College’ ar an choláiste.⁴⁹ Is é seo an cur chuige a fheictear sa phictiúr a thugann Anraí Mac Giolla Chomhail agus é ag cur síos ar an Athair Lorcán Ó Muireadhaigh agus é ag dul thart ar sheandaoine cheantair Ó Méith agus é ag bailiú seanchais uathu nuair a bhí obair an lae sa choláiste críochnaithe:

Ba é a chuir sé roimhe i dtólamh in Ó Méith a raibh fágtha den teanga a shábháil agus a thabhairt don aos foghlamtha. Nuair a bhíodh obair an choláiste thart tráthnóna, in ionad dul go dtí teach an lóistín lena scíth a ligean, is amhlaidh a bheireadh sé a aghaidh ar na sléibhte agus chaitheadh sé as sin go ham luí – agus am luí an domhain a bhíodh ann go minic – ag dul thart ar sheandaoine, ag scríobh síos seoda na teanga uathu. Uaireanta, bhíodh an chuid is sine agus is díograisí de na scoláirí leis, agus corrmhúinteoir fosta, b’fhéidir. ‘Seanráitíocht’ a bhaist sé ar an mhodh foghlamtha seo.⁵⁰

6.3.3. Tábhacht na foghraíochta ar shiollabais na gcoláistí Gaeilge

Tá tuairisc mhúinteoir thaistil an Chonartha ar an chéad chúrsa a reáchtáladh i gColáiste na Mumhan feicthe thuas (6.1.1). Bhí sé ag súil go mór le filleadh ar Bhéal Átha an Ghaorthaidh arís agus ‘clár i gcomhair na bliadhna so os mo chomhair, agus thaotheann sé go han-mhaith liom’. Luann comhfhreagraí an dá shonra is mó a thaithin leis faoi chúrsa 1904, ‘Modh Múinte Dhiarmada Uí Fhoghludha agus fuaimeanna an Dochtúra Ua Dálaigh’.⁵¹ Cúrsa ar ‘fhuaimneannaibh i gcoitcheann agus ar fhuaimneannaibh na Gaeidgilge, agus conspóidí ar ealadhain na bhfuaimeann’ a bheadh i gceist ag chúrsa an Dochtúra Ó Dálaigh.⁵² Nuair a chuir an tAthair Ó Dálaigh, ‘an chéad duine a léirigh conas staidéar a dhéanamh ar

fhoghraíocht na Gaeilge’ dar le hAindrias Ó Muineacháin,⁵³ amchlár an choláiste le chéile (5.3.5) luaitear ‘Irish Phonetics agus Phonetic Drill’.⁵⁴ Bheadh áit ar leith ag an fhoghraíocht ann, ní amháin ar chlár oibre Choláiste na Mumhan, ach sna cláir oibre a cuireadh i bhfeidhm sna coláistí Gaeilge eile, an fáth ar thug Arthur E. Cleary ‘the forerunner and pattern of all Irish Colleges’.⁵⁵

Cuireadh béim ar thábhacht na foghraíochta mar ceapadh gur scil í a bheadh riachtanach don mhúinteoir éifeachtach. Tugadh an méid seo a leanas le fios in *An Claidheamh Soluis*, 28 Deireadh Fómhair 1905, i gcur síos ar an chéad chúpla seisiún i gColáiste Chomhghaill agus ar thábhacht na foghraíochta:

The value of phonetics ... was emphasized. To the teacher of Irish in particular such a knowledge of the science as would enable him to teach Irish sounds thoroughly was ... as absolutely necessary as a knowledge of musical notes to the teacher of music.⁵⁶

Bhí spéis ar leith ag an Athair Ó Dalaigh san fhoghraíocht agus níorbh ionadh é go mbeadh áit lárnach ag an ábhar ar shiollabas Choláiste na Mumhan ó 1904 ar aghaidh. Scríobh Arthur E. Clery an méid seo a leanas faoi sa bhliain i 1917:

About the same time [(c. 1904)] an Irish-Australian priest, Dr. O’Daly, formerly a student of the Propaganda and master of some fifteen or sixteen tongues, had come home to study Irish, and was before long teaching it to a summer school at the shrine of St. Finbarr – at ‘lone Gougane Barra.’ He was a master of phonetics, and therefore especially useful in the new emergency, when it was sought to create speakers of the language. It was Mr. O’Cuiv, famous as an advocate of phonetic spelling in Irish, who made Dr. O’Daly the instrument of the new idea, and out of the nucleus of his summer school established Coláiste na Mumhan (the Munster Training College).⁵⁷

Bhí baint ag an Ó Dálaigh le ceantar Bhéal Átha an Ghaorthaidh ó 1903, an áit ina raibh scoil samhraidh ar siúl aige. Astrálach de bhunadh Chorcaí é agus bhí clú air mar theangeolaí, a raibh ‘urmhór teangacha na hEorpa ar a thoil aige, agus teangacha nach iad – an tSínis agus an Arabais ina measc’.⁵⁸ Tá a fhios againn gur bhuaigh sé boinn sa Laidin, Gréigis, Béarla, Francis agus Gearmáinis ó Ollscoil Sydney agus gur bhuaigh sé boinn san Eabhrais agus Arabais nuair a bhí sé ag staidéar sa Róimh.⁵⁹ Cuireann Donnchadh Ó Luasaigh síos ar an sagart a thug muintir na háite an Dr. Ó Dálaigh air mar seo a leanas:

Bhí sé ar saoire breoiteachta óna dhualgaisí sagairt san Astráil agus é ina shéiplíneach ag clann saibhir i Londain nuair a chuala sé Gaelainn á labhairt don chéad uair, Lá le Pádraig 1902. Cheangail sé láithreach le craobh den Chonradh i Londain agus fé shamhradh na bliana san bhí sé sa Ghúgán ag múineadh fuaimeanna na Gaelainne dóibh siúd a bhí bailithe thart air.⁶⁰

Tá ainm Uí Dhálaigh ceangailte leis an chéad chúrsa riamh i gColáiste na Mumhan nuair a ceapadh ina ollamh le foghraíocht é. Is ar na léachtaí a thug sé ina scoil sa Ghúgán agus i gColáiste na Mumhan a bunaíodh an dá leabhar *The Sounds of the Irish language in Theory and Practice* (1905) agus *The Science of Phonetics* (1908).⁶¹ Ceapadh ina ardmháistir ar Choláiste na Mumhan é i 1905. Tá cuntas ar shaol an Athar Ó Dálaigh in *Beathaisnéis 2* le Diarmuid Breathnach agus Máirín Ní Mhurchú. Dar leis an Athair Gearóid Ó Nualláin, an tOllamh le Gaeilge i gColáiste Mhuire, Béal Feirste a bhí ag teagasc i gColáiste Chomhghaill nuair a d’oscail sé i 1905, fear ‘faoi leith riamh ab ea an Dochtúir Ó Dálaigh ... Bhí taighde cruinn beacht déanta aige ar fhoghraíocht na Gaoluinne agus muna mbeadh é ar éigean a bheadh puinn trácht ar an bhfoghraíocht i gcoláiste na Gaoluinne inniu’.⁶²

Aithníonn Cleary an pháirt a bhí ag Seán Ó Cuív i mbunú Choláiste na Mumhan agus tuagann sé ‘an advocate of phonetic spelling in Irish’ air. Bhí Ó Cuív chomh dáiríre faoin fhoghraíocht gur minic a fheictear a chuid litreacha chuig Liam de Róiste scríofa de réir an litrithe foghraíochta. Seo a leanas sampla na litreach a scríobh sé chuig de Róiste, 6 Aibreán 1911, ag iarraidh socruithe cruinnithe a athrú:

Fionáras
Glasnevin
D U B L I N
6/4/11.

A Liam, a chara,

Ní dó lium go me shé ar mo chumas veh a Corcuig an lá a cineag a góir a chruingíhi, agus muran v’éidir leat an cruingiú veh agùt Luan a Casga nú an Saharan nú an Domnach ruimi shin. Ní hãn vah dom ãn our rún do chur chùt. Ná bac lesh na rody a bhí agùt uem a däv tou dalty nó. Dá meng láirheach fén ní mair shin a ghiãnhing inish é.

Tá sãrhuras ó Vleácliah go Corcuig De Luen um Cásc agus nách ceart go mèach an cruingiú aguìng an lá son? Ní eadar inéachor canahäv gur ceapag De Ciadyn ’na choir. Vuil is agùt fén canahäv?

Do chara go buan,
Shán Ó Cuív

Tá an comhfhreagras seo ar fáil ins an Leabharlann Náisiúnta, Baile Átha Cliath.⁶³

6.4.0. Tinreamh agus teistiúchán

Chuaigh na coláistí Gaeilge i bhfeidhm ar an phobal, idir fhoghlaimeoirí agus mhuintir na n-áiteanna inar lonnaíodh iad. Ba institiúidí iad a bhí dáiríre faoin a gcuid oibre agus faoi shlánú na Gaeilge. Cé gur feiniméan náisiúnta iad a bhí ag feidhmiú sna ceithre chúige ba as na contaetha thart timpeall, den chuid is mó, a tháinig na micléinn i gcoitinne. Ba eisceacht é dar ndóigh Coláiste na Mumhan i 1904 mar gurbh é an chéad choláiste Gaeilge a cuireadh ar bun. Feictear mar shampla go raibh Séamas Ó Searcaigh, duine de bhunaitheoirí Choláiste Uladh, i

measc na mac léinn a d'fhreastail ar an chéad chúrsa ann,⁶⁴ rud a léiríonn nach mbeadh sé i bhfad go scaipfí na síolta a cuireadh den chéad uair i gCo. Chorcaí i bhfad ó thuaidh.

6.4.1. Coláiste Chonnacht 1907-10

Nuair a bronnadh aitheantas ar Choláiste Chonnacht i 1907 bhí seacht mac léinn déag cláraithe chun freastal ar chúrsa samhraidh na bliana sin.⁶⁵ Mhair an cúrsa sin ó 1 Iúil go dtí 31 Lúnasa. Seo a leanas sonraí an seacht mac léinn déag a d'fhreastail ar chúrsa na bliana sin:

Name	School	Roll Number	County
Bro Sebastian D'arcy	St. Patrick's Monastery	1016	Galway
Miss K. Hegarty	Rossport, Pollathomas	12589	Mayo
Bro. Dominic O'Daly	St. John's Monastery, Bl'dereen	13709	Mayo
Bro. C.S. O'Carroll	The Monastery, Carrickmacross	366	Monaghan
Jas. King	Claddaghduff, Galway	12141	Galway
Bro. Kevin B. Crowley	Monastery, Fethard	13014	Tipperary
Thos Reidy	Landkill N.S., Wesport	4785	Mayo
Nora Linnane	Clarinbridge Convent N.S.	12181	Galway
Ml. Gildea	St. James' N.S., Riverstown	14192	Sligo
P. Hughes	Clocharnaigh N.S., Castlebar	5121	Mayo
Mary Marron	Tubbercurry Convent	8219	Sligo
Miss K. Burke	Ahascragh	11975	Galway
Miss K. Madden	Leenane, Co. Galway	11217	Galway
Miss K. Casserly	Abbeycarton Convent	15139	Roscommon
John Hunt	Cloonfree Boys', Strokestown	4490	Roscommon
Wm. Falconer B.A.	Ormeau Park & 5 Farrafad, B'fast	15351	Down
Miss Sarah Falconer	Ravenhill Road School	15090	Down ⁶⁶

Cháiligh an seachtar mac léinn déag sin i dteagasc na Gaeilge ag deireadh chúrsa 1907, beirt acu siúd chun teagasc i scoileanna dátheangacha.⁶⁷ Tháinig méadú ar líon na mac léinn a rinne freastal ar chúrsa na bliana dár gcionn, 1908. Bhí 42 ainm ar rolla an choláiste. Dhá sheisiún a bhí ann. Thosaigh an chéad seisiún 15 Meitheamh agus mhair sé go dtí 27 Iúil. Thosaigh an dara seisiún 1 Lúnasa agus chríochnaigh sé 15 Meán Fómhair. Is iad seo na baill foirne a chuaigh i mbun oibre

ar chúrsaí 1908: Micheál Breathnach, Pádraic Ó Domhnalláin, Tomás Mac Domhnaill, Seán Ó Ruadháin agus Iníon Máire Ní Thuathail.

Léiríonn sonraí Choláiste Chonnacht don bhliain 1909 dhá rud shuimiúla. Bhí éileamh ar an chéad chúrsa i dTuar Mhic Éadaigh i measc na mbráithre agus na síuracha rialta. Feictear seo ó shonraí na mac léinn a chláraigh i gColáiste Chonnacht i 1907 agus go háirithe arís i 1909.

Name	School	Roll Number	County
Bro Hugh Curran	St. Mary's Monastery, Athlone	12904	Westmeath
Bro. Wm. Long	Quay St. Monastery, Sligo	14533	Sligo
Bro. Benedict Myatt	do.	14533	Sligo
Bro. Andrew Conway			
Bro. Ronan			
Martin Burke			
May Sheehy			
Anne Tarsney			
May Clerkin			
Sheila Flynn			
Francis Woods			
Bridget Rogers			
Bro. Ambrose O'Connell	Curry Monastery	12528	Galway
Winnifred Hannon	Windfield, Ballygar	14218	Galway
May Stenson	Glann, Charlestown	12996	Mayo
Bartley Hannon			
James Hannon	Belmullet		Mayo ⁶⁸

Tá an claonadh céanna le feiceáil síos tríd na blianta agus tá seo le léamh in Aguisín 3, ina dtugtar an t-eolas fúthu siúd a d'fhreastail ar chúrsaí na gcoláistí Gaeilge ó 1907 go dtí 1921. Feictear fosta go raibh clú agus cáil Choláiste Chonnacht ag leathnú ar fud na tíre. Chláraigh 129 mac léinn don dara seisiún i 1909, agus tháinig siad ó áiteanna éagsúla ar fud na hÉireann. De réir mar a tháinig feabhas ar thairfeadh shonraí na mac léinn d'éirigh sé níos fusa próifíl a fháil ar cheantair dhúchais iad siúd a d'fhreastail ar chúrsaí i dTuar Mhic Éadaigh. Tógtar Rolla 1910 mar shampla. Bhí 112 mhac léinn ar rolla na bliana sin, cé nach ndéantar idirdhealú

idir an chéad agus an dara seisiún. Tá a fhios againn gur tháinig 46 mhac léinn ón Ghaillimh, 26 ó Mhaigh Eo, 15 ó Shligeach, 6 ó Roscomáin agus ó Liathroim, 3 ó Longphort agus an Iarmhí, 2 as Cill Mhantáin, agus duine amháin as Aontroim, Fear Meanach, Cill Chainnigh, Clár agus Loch Garman. I gcás beirte, Joseph Kane agus Miss Mulligan, ní thugtar le fios dúinn cad as a dtáinig siad.

Más fíor go raibh clú Choláiste Chonnacht ag leathnú feicfear, áfach, gur thit líon na mac léinn a bhí ag freastal air i 1909 ón 129 mac léinn a d'fhreastail ar chúrsaí 1908. Tá fáth leis an íslíú seo, b'fhéidir. Cé go raibh cáil na hinstitiúide i dTuar Mhic Éadaigh ag fás bhí forbairt, áfach, tagtha ar an fheiniméan lenar bhain sé. Den chéad uair ó bunaíodh é bhí sé i gcomórtas le coláiste Gaeilge nua a bhí tar éis teacht ar an saol ar An Spidéal ó 1909. Bhris aighneas amach idir an dá institiúid.

Léaráid 1. Tinreamh i gColáiste Chonnacht, Tuar Mhic Éadaigh idir 1907 agus 1921 de réir na gcontaetha⁶⁹

Contae	'07'	'08	'09	'10	'11	'12	'13	'14	'15	'16	'17	'18	'19	'20	'21
Aontroim	-	-	-	1	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Ard Mhacha	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Áth Cliath	-	-	-	-	-	6	1	-	1	1	-	-	-	-	-
Bhanríon, An	-	-	1	-	-	-	-	1	-	1	-	-	-	-	1
Cabhán	-	-	-	-	-	1	-	-	-	-	-	-	-	-	2
Ceatharlach	-	-	-	-	-	1	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Ciarraí	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Cill Chainnigh	-	-	-	1	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Cill Dara	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Cill Mhantáin	-	-	-	2	-	1	1	1	-	-	-	-	-	-	-
Clár	-	-	-	1	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	1
Córcaigh	-	-	-	-	-	2	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Doire	-	-	-	-	-	-	-	-	1	-	-	-	-	-	-
Dún	2	-	-	-	-	-	1	-	-	-	-	-	-	-	-
Dún na nGall	-	-	-	-	-	1	1	-	-	-	-	-	-	-	-
Fear Meanach	-	-	-	1	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Gaillimh	5	18	23	46	-	39	28	14	23	15	24	-	-	-	32
Iar Mhí	-	-	2	3	-	7	-	3	1	1	-	-	-	-	-
Liathróim	-	-	-	6	-	-	2	2	3	-	-	-	-	-	4
Loch Garman	-	-	1	1	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Longphort	-	1	-	3	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Lú	-	-	-	-	-	2	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Luinneach	-	-	-	-	-	1	-	-	-	-	-	-	-	-	-
An Mhí	-	-	-	-	-	2	2	-	-	1	-	-	-	-	-
Muigh Eo	4	11	7	26	-	43	43	25	27	16	18	-	-	-	39
Muineachán	1	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-

Port Láirge	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Ríogh, An	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	1	-	-	-	2
Ros Comáin	2	4	2	6	-	3	2	5	3	2	1	-	-	-	11
Sligeach	2	-	6	15	-	5	8	7	2	2	9	-	-	-	14
Tiobraid Árann	1	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	3
Tír Eoghán	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-

6.4.2. Coláiste Chonnacht an Spidéil 1910

A luaithe agus a bronnadh aitheantas oifigiúil an Bhoird ar Choláiste an Spidéil tugadh cead dó deontais an Bhoird a ghnóthú ar bhonn an méid mac léinn ar éirigh leo i scrúdú an teastais faoi rialacha an Bhoird. Cúrsa cúig seachtaine a bhí ann agus tugadh 28 n-uaire an chloig teagaisc i rith na seachtaine. Cé nach bhfuil rolla 1910 ar fáil tá a fhios againn gur éirigh le 16 mac léinn i scrúdú an teastais.⁷⁰ Ba iad sin Seirse Ó Conghaile, timire an Chonartha, Carraig Mhachaire Rois, Co. Mhuineacháin, Padraig Mac Giolla Choda, Ceallúnach, Co. an Chláir, Seamus Ó Murchadha, Domhnach Seachlainn, Co. na Midhe, Róisín Ní Shiúrtáin, Leac na nGall, Co. Shligigh, Caitlín Nic Ghabhann, timire an Chonartha, Co. Liathdroma, Pádraig Ó Neachtáin, Cillín a Díoma, Co. na Gaillimhe, Padraig Ó Rian, Co. an Chabháin, Pádraig Ó Niadh, timire an Chonartha, Co. na Gaillimhe, Colm Ó Cuanáin, timire an Chonartha, Co. na Gaillimhe, Pádraig Ó Maoldúin, Co. na Midhe, Peadar Mac Niadh, timire an Chonartha, Co. na hIar Mhíde, Áine Ní Fhlaitbhartaigh, mac léinn ollscoile, Co. na Gaillimhe, Proinsias S. O'Beirne, Cruachán, Co. Roscomáin, Rós Ní Dheoráin, Stigh Colláin, Co. na Midhe, An Bráthair Gearóid Mac Giolla Mhuire, Gaillimh agus an Bráthair Lughaidh Ó Súilleabháin, Gaillimh. Seo a leanas na sonraí a bhain le scrúdú an teastais le linn an chúrsa:

Ainm	%	Paipéar	Caint & Deachtughadh	Foghraidheacht Léigheadh	Múinteoiracht
		As 250	As 200	As 100	As 200
George Conneely	76.1	205	169	66	131
James Murphy	80.7	210	163	75	157
Rose Jordan	73	193	154	68	133
Kathleen MacGowan	90	232	188	88	167
Patk. J. Naughton	75.7	202	158	68	140
Patrick Ryan	87	234	184	85	150
Patrick Nee	71.2	145	195	65	129
Patrick Read	76.5	216	162	74	122
Peter Nee	79.6	210	174	78	135
Anne O'Flaherty	71	176	146	76	135
Patrick J. O'Beirne	65.2	164	132	60	133
Rose A. Doran	75.3	193	162	71	139
Brother G.J. Gilmore	75.4	207	163	76	120
Martin Keegan	76.1	197	166	71	137
Mary Ellen Healy	70.4	168	172	68	120
Pat Conroy	86.1	210	194	85	157
Agnes Dooley	73.8	190	164	69	131 ⁷¹

Bronnadh an teastas dátheangach ar seachtar acu:

Recommended further that seven (7) of these students viz. Rose Jordan, Patrick J. Naughton, Patrick Ryan, Rose A. Doran, Brother J.G. Gilmore, Martin Keegan and Mary Ellen Healy be registered as qualified to give instruction in the Bi-lingual Programme.

J.J. Hynes (Chief Inspector)⁷²

Léaráid 2. Tinreamh i gColáiste Chonnacht, An Spidéal idir 1911 agus 1921 de réir na gcontaetha.⁷³

Contae	1911	1912	1913	1914	1915	1916	1917	1918	1919 (#)	1920	1921
Aontroim	-	2	-	-	-	2	-	1(1)*	-	-	-
Ard Mhacha	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Áth Cliath	2	5	5	6	4	2	2	8 (5)*	-	3	-
An Bhanríon	1	4	3	3	5	1	1	10 (1)*	2	4	3
Cabhán	-	2	1	-	-	2	-	2	6	7	3
Ceatharlach	-	-	1	-	-	-	-	-	-	-	-
Ciarraí	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Cill Chainnigh	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Cill Dara	-	-	1	-	1	-	-	-	3	4	6
Cill Mhantáin	-	2	-	-	-	-	-	-	-	1	-
Clár	3	8	4	5	7	-	2	5	1	3(2)*	1
Corcaigh	-	1	-	-	1	-	2	1 (1)*	-	-	-
Doire	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Dún	-	-	-	-	-	1	-	-	-	-	-
Dún na nGall	-	-	-	1	-	-	-	1	-	-	-
Fear Meanach	-	-	-	-	-	-	-	-	-	1	-

Gaillimh	28	100	36 (12)*	46 (15)*	42 (5)*	39 (9)*	65 (7)*	54 (2)*	28	64 (9)* (15)**	51 (11)*
Iar Mhí	3	6	5	5	5	3	11	11 (1)*	11	6	3
Liathdroim	1	7	4	5	-	5	9	7	9	11	6
Loch Garman	-	2	-	-	-	-	-	-	1	-	-
Longphort	2	2	2	2	2	-	3	5	3	5	2
Lú	1	-	-	-	-	-	-	-	-	1	-
Luimneach	-	-	-	-	1	2	1	-	-	-	-
An Mhí	1	14	3	3	3	3	4	4	7	2	2
Muigh Eo	3	9	18	16	24	16	17	27 (1)	10	10	12
Muineachán	-	-	-	-	-	1	-	-	-	-	-
Port Láirge	-	-	-	-	-	-	-	-	-	1	-
An Ríogh	1	2	-	1	2	-	2	2	1	5	8
Ros Comáin	6	16	6	5	3	6	2	10	10	15	12
Sligeach	3	15	5	3	8	2	4	1 (1)*	6	1	4
Tiobraid Árann	-	-	-	-	1	-	3	3 (2)*	-	2	2
Tír Eoghan	-	-	-	-	-	1	-	-	-	1	2

(*) Líon na mac léinn a d'fhreastail ar chúrsa an gheimhridh, a reachtáladh de ghnáth idir Deireadh Fómhair agus Aibreán na bliana d'ár gcionn.

(**) Líon na mac léinn a d'fhreastail ar chúrsa speisialta an tSamhraidh

(#) I gcás 1919, níl figiúir ar fáil ach amháin don dara seisiún.

6.4.3. Coláiste Uladh

Mar a tharla i gcás na gcoláistí Gaeilge a tháinig ar an saol roimh 1907 níl ach blúiríní beaga eolais ann faoi reachtáil agus tinreamh Choláiste Uladh nuair a cuireadh ar bun é i 1906. Tá a fhios againn, áfach, go raibh na daoine seo a leanas ar rolla na bliana sin:

Peadar Ó Dubhda. Sráidbhaile – (Peter O'Dowd) has taught Irish in National Schools (Day schools) Castletown Convent School (Girls), Dundalk. Examinations were to be held by Inspector ... in August or September. He has taught Gaelic League classes in Dundalk District.

Hugh Flatley. National School Master – Boy's School, Cushendall, Co. Antrim – has been teaching Irish in school for the past 2-3 years. Also in night school connected with Boy's National School. School Board inspector Mr. Hughes. He also teaches Irish in Gaelic League class in Cushendall.

Edmund O'Toole. Gaelic league organiser in South Monaghan. Teaches Irish in National Board Schools and Gaelic League classes in that district. Has been doing so for the past 23 years.

Patrick Maurice. Carrickmacross. Teaches Irish in National Schools and Gaelic League classes in South Monaghan.

Francis McGinley. Iniskeen, Co. Monaghan. Teacher of Irish under the Gaelic League in branch classes and National Schools.

William Grainger. Irish teacher in Trelick for Father Matthew Maguire in Trelick, Co. Tyrone – both in Gaelic League classes and National Schools.

May Dougherty. National School Mistress Derry

Patrick Gallagher. Teaches under the Gaelic League in Derry – in branch classes and National Schools in Derry.

Charles O’Gallagher. Native-speaker, Co. Donegal. Has been teaching Irish during the last year in East Down – in four National Schools. His classes have been inspected by the National Board Inspectors – he has also taught both day and night classes for the Gaelic League in the East Down District.

Patrick Campbell. Broomfield, Castleblaney – has taught Irish in the National Schools during the past year. The hours of classes – 3 to 5 and 7 to 9 p.m. He has taught in the following National Schools: Baltingglass, Stratforde-on-Slaney – Big Stone, Co. Wicklow, Moone, Co. Kildare and Rathvilly, Co. Carlow. He has also taught Gaelic League classes in Baltingglass (sic.) and Ballstone.

John Breslin of Gortahork, Co. Donegal. Has been teaching in National Schools both day and night classes in Letterkenny, Glenswilly, Churchhill, Termon and Kilmacrennan districts. About 16 National Teachers attended the Irish classes in the district and most of them are at the Irish Session in Letterkenny College at present.⁷⁴

6.4.4. Coláiste Bhríde, Ó Méith

An chéad lá riamh, bhí 45 scoláire cláraithe sa choláiste don samhradh agus ina dhiaidh sin tháinig méadú suntasach ar líon an tinrimh.⁷⁵ I 1914 bhí 97 scoláire ann - 22 ó Chontae Lú, 21 ón Dún, 14 ó Ard Mhacha, 10 ó Bhaile Átha Cliath, 7 ó Mhuineachán, 4 ó Chontae Aontroma, 3 ó Longfort agus 2 ó Chill Chainnigh, 2 ó Mhaigh Eo, Cheatharlach, Dhoire agus Chill Dara, agus duine amháin ó Loch Garman, ón Chabhán, ó Thír Eoghain, ón Iar-Mhí agus ó Shasana.⁷⁶

Is mór an chúis díomá nach bhfuil an oiread sin fágtha, má bhí siad ann riamh, de cháipéisí a bhaineann le cúrsaí tinrimh, go háirithe nuair a fhéachtar ar an méid atá le feiceáil i gcás Choláiste Chonnacht nó Choláiste Uladh. Ach is léir ó na cáipéisí atá againn gurb as contaetha an oir-thuaiscirt den chuid is mó a tháinig na mic léinn

go hÓ Méith. I gcás an dá chúrsa, cúrsa an tSamhraidh agus cúrsa an Fómhair 1913, mar shampla, ba as an Lú, an Dún, an Mhí, Ard Mhacha, Aontroim agus Muineachán tromlach na mac léinn. Reáchtáladh na cúrsaí seo idir 7 Iúil agus 14 Lúnasa agus idir 18ú go dtí 27ú Meán Fómhair.⁷⁷

Léaráid 3. List of National Teachers (including Assistant Mistresses and Monitors) in attendance at the Summer Session 1913 (a)⁷⁸

Roll No.	County	Name of National School in which Employed	Name of Teacher	Position in School	Period of Attendance	
					From	To
855	Louth	Moll	Cathe Collins	Asst	7 July	14 Aug
10465	Louth	Tullyallen	Mary Duffy	Junr. Asst	"	"
14462	Louth	Fieldtown	Brigid Mullen	Junr. Asst	"	"
851	Louth	Pres. Convent	Cathe Watson	Asst	"	"
5624	Down	Model Sch. Newry	Thos Clancy	Asst	"	"
10475	Louth	St. Vincent's	Teresa Fitzpatrick	Asst	"	6 ^h
18860	Down	Star of the Sea Boys	Marg. A Sloan	Jun. Asst	"	14 ^h
7508	Down	Con. Of Mercy, Newry	Mary O'Hare	Monitress	"	"
7508	Down	"	Rose McGeough	Monitress	"	"
7508	Down	"	Margt. McNamara	Monitress	"	"
7508	Down	"	Isabel Ward	Monitress	"	"
7508	Down	"	Brigid Clarke	Monitress	"	"
15402	Monaghan	Cont. Nat. Sch. Monaghan	Martha Hackett	Pupil Teacher	"	2 nd .
15402	Monaghan	"	Elizth. Boylan	Pupil Teacher	"	26 ^h July
15402	Monaghan	"	Anne McCormack	Pupil Teacher	"	2 nd . Aug
15855	Louth	St. Patrick's	Wm. Kiely	Pupil Teacher	"	14 ^h .
243	Down	St. Clare's Convent	Brigid Cunningham	Monitress	"	"
844	Louth	Bricetown	Julia Brodigan	Jun. Asst.	"	9 ^h
9515	Louth	Willistown	Affrica Moran	Jun. Asst.	"	14 ^h .
14641	Louth	Castletown Road	Thos. Fogarty	Asst.	"	2 nd . + 25, 26, 27 Sept.
14641	Louth	"	Laur. Nugent	Asst.	"	"
1496	Louth	St. Brigid's Girls, Dunleer	Cathe. Morgan	Asst.	7 July	14. Aug.
14826	Donegal	Meendotten	John O'Neill	Principal	9 July	"
7508	Down	Mercy Convent, Newry	Cecelia McEvoy	Monitress	7 July	"
14563	Antrim	McKenna Mem.	Patk. Connolly	Asst.	"	"
10277	Antrim	Harryville, Ballymena	Rose Sloan	Principal	14 July	2 nd .
1173	Louth	Mullaharlin	Mary A Murray	Asst.	15 July	14 ^h .
16179	Antrim	St. John's Boys, Belfast		Monitor	16 July	2 nd .
15310	Armagh	Convent Portadown	Margt. Murphy	Monitress	18 July	14 ^h .

11793	Meath	Kilbride	Mary Collins	Principal	21 July "
24302	Down	Convent, Newry	Mary O'Kane		7 July "
75098 (?)	Louth	Convent of Mercy Dundalk	Hilda Cunningham	Monitress	21 July 12 th .
243	Down	St. Clare's Sch., Newry	Madge Keenan	Monitress	" 14 th .
			Stephan Taggart		
			Mary Seanson		22 nd July 9 th
10356	Meath	Waltertown	Mary B. Rogan	Jun. Asst	" 8 th .
743	Dublin	Convent Charity James' St.	Marg. Johnston**	Assist.	28 July "
16143	Meath	Drumconrath	Patk. Cassidy	Principal	29 July 30(?)
14662	Armagh	Cohara, Portadown	Eugene Cullen	Principal	31 July 14 th .

Léaráid 4. List of National Teachers (including Assistant Mistresses and Monitors) in attendance at the Summer Session 1913 (b)⁷⁹

Roll No.	County	Name of National School in which Employed	Name of Teacher	Position in School	Period of Atten- dance From To
14292	Longford	St. Joseph's Dring	Michael Doyle	Principal	
8445	Louth	Drumcar, Dunleer	Rose Maguire	Monitor	
6126	Kildare	Castledermot	Thos. O'Flaherty	Principal	
15285	Louth	Blackrock	William Grimley	Asst.	
384(?)	Armagh	Blackwatertown	Thos. W. Colgan	"	
?	Tipperary	Ballycahill, Thurles	Mary McDermott	"	
2322	Louth	Carlingford Boys	James McVerry	Principal	
5282	Meath	Cloran, Athboy	Cecelia Flynn	"	
?	Tyrone	Moy	Sarah Connolly	Asst.	
13582	Louth	Carlingford	Jane Martin	"	
5282	Meath	Cloran, Athboy	Anne Flynn	"	
6576	Louth	Dromin, Dunleer	Cathe. O'Hanlon	Jun. Asst	
?	Armagh	Lislea Girls	Ellen O'Kane	"	
1950	Down	Carrick	Patrick McEvoy	Monitor	
13582	Louth	Carlingford Girls	Mary Fagan	Principal	
3001	Louth	Omeath Boys	Isabella McKeivitt	Jun.	
9710	Down	Monteith	Mary E. Lennon	"	
523	Down	Derryora, Newry	Ellen McNulty	"	
8911	Monaghan	Derrygooney, Ballybay	Brigid Drum	Principal	
9710	Down	Monteith	Brigid Crickard	"	
?	Tyrone	Altinagh	Mary Grogan		
13226	Armagh	Crossmaglen (?)	Teresa Lennon	Asst.	
	Meath	Drumconrath	Patk. Cassidy	Principal	
13457	Armagh	Adavoyle	Annie Rice	Asst.	
8577	Down	Tullyorior	Alice McGlew	Principal	
	Armagh	Lisummon	Petricia McDonnell	Asst.	
2270	Down	Ballyvarley	Rose McKivergan	"	
16049	Down	Barnmeen	Brigid McKivergan	"	

Is cinnte go raibh ag éirí le Coláiste Bhríde. De réir thuairisc na gcigirí don bhliain roimhe sin, 1920, bhí 408 scoláire ar an rolla, an líon céanna d'iomlán na scoláirí a

d'fhreastail ar chúrsaí an choláiste i 1918 agus 1919 le chéile – luaitear 253 a bheith ar rolla na gcúrsaí i 1919. Bhí éileamh chomh mór sin ar áiteanna sa choláiste go raibh ar na húdaráis áit níos mó a cheannach sa cheantar.

Meastar gur fhreastal breis agus 13,000 mac léinn san iomlán ar na coláistí Gaeilge uilig ó bunaíodh Coláiste na Mumhan i 1904 go dtí 1916 agus go raibh 1,500 ainm ar rollaí na gcoláistí idir 1914 agus 1916, 'the great majority of the students [being] teachers in Primary and Secondary schools. The others included prominent men and women in intellectual and public life, not only from Ireland, but from Great Britain, America, France, and many other countries. Nearly every Nationality in the world has been represented amongst the students'.⁸⁰



Foireann agus Coiste Choláiste Bhríde 1913. Ar chúl, ar chlé ar fad, tá Eoin Mac Néill agus Peadar Ó Dubhda, an cúigiú duine ar chlé. Chun tosaigh tá an tAthair Lorcán Ó Muireadhaigh, an dara duine ar chlé. (Le cead Phádraig Uí Ghrianna, Rann na Feirste).

6.5.0. Ionadaíocht

Oidí scoile den chuid is mó a d'fhreastail ar na coláistí Gaeilge. Ba mhinic a bheadh an dá sheisiún sna coláistí, ceann amháin ag tosú i mí Iúil agus ceann eile ag tosú ag deireadh Lúnasa. Mar sin bhíodh ar bainisteoirí scoile ionadaithe a cheapadh, le cead an Bhoird, in áit na n-oidí a bhí ag iarraidh freastal ar an dara cúrsa, mar go raibh na cúrsaí seo ag briseadh isteach ar an scoilbhliain. Léiríonn an comhfhreagras seo a leanas a tharla idir an tAthair Mac Aonghusa, S.P., An Pointe, Co. an Dúin agus an Bord, i gcás oide scoile, Seán Mac Crabhagáin, oide i Scoil Náisiúnta na mBuachaillí, An Pointe nach raibh an Bord sásta an cead sin a thabhairt i gcás coláiste nach raibh aitheantas faighte aige. Bhí Mac Crabhagáin le freastal ar an chéad chúrsa riamh i gColáiste Bhríde, Ó Méith agus bhí an tAthair Mac Aonghusa ag iarraidh Mícheál Seosamh Ó hOichir a cheapadh in áit Mhic Chrabhagáin.

Parochial House,
Warrenpoint.

20th Aug. 12.

Co Down
No. 13732
Warrenpoint Boys'


To the Secretaries.

Dear Sirs

I have appointed Michael Joseph O'Hare fresh out of training in De La Salle College substitute in the above mentioned school for John G. Crawford who has gone to the Omeath Irish College for the September course.

Sincerely,
Fr. Magennis⁸¹

Ní raibh cead oifigiúil an Bhoird faighte go fóill ag Coláiste Bhríde Ó Méith agus dhiúltaigh an Bord cead don Athair Mac Aonghusa.⁸² Tá ainm Sheáin Mhic Chrabhagáin ar rolla Choláiste Bríde 1912.



Teastas Choláiste Chonnacht, Tuar Mhic Éadaigh. Bronnadh é ar Sheághan Ó Buadhcháin i 1910, (ó Dhoiciméid ED 11/4/2).⁸³

6.6.0. Teistiúchán agus cigireacht

Nuair a tháinig roinnt eagarthóirí nuachtán, an *Daily Express* agus *The Irish Times* ach go háirithe, amach in éadan an dátheangachais i 1901 bhí an baol ann nach mbrúfaí ar aghaidh leis an chlár dhátheangach nuair a fógraíodh é in Aibreán 1904. I mBealtaine 1901 mheabhraigh an *Irish Times* dá chuid léitheoirí agus don Bhord Náisiúnta, ‘It is the business of the Board to spend the taxpayer’s money, not in the encouragement of sentiment, but in the formation of a sound primary education’.⁸⁴ Mar sin rinneadh cigireacht chúramach ar na múinteoirí nuacháilithe le cinntiú go raibh an deontas £5 tuillte, a tháinig as an chiste poiblí, ag na coláistí ina leith.

6.6.1. Coláiste na Mumhan - teistiúcháin agus tinreamh

Bhí sé de dhualgas ar choiste choláiste Gaeilge na sonraí a bhain le líon na mac léinn ar bronnadh teastas orthu a chuir ar aghaidh chuig an Bord. Rinneadh cigireacht ar na mic léinn sin sna scoileanna ina raibh siad ag teagasc agus fuair an coláiste sin íocaíocht faoi scéim na ndeontas de réir mar ar éirigh leis an mhac léinn leis an chigire. Tá an t-eolas seo a leanas ar fáil faoi chúrsaí tinrimh agus teistiúcháin don bhliain 1907. Is litir í, dár dháta 28 Lúnasa 1907, ina n-iarrann Liam de Róiste deontais a bhí tuillte ag an choláiste ó chúrsa na bliana sin. Seo a leanas litir de Róiste:

Coláiste Múinteoireachta na Mumhan,
(Beul Átha an Ghaorthaigh).
Dún na nGaedeal,
Corcaigh.
28/8/07.

The Secretaries,
National Education Board,
Dublin.
Gentlemen,

I am directed by the Committee of Management of the Munster Training College (Ballingeary) to make application to you for payment of grants to the

College in accordance with your rules on behalf of the following teachers who have taken courses at the College this year:

Roll No.7888, Kathleen O’Sullivan, Knightbridge N.S., Valencia Is.
5998, Eileen O’Sullivan, Bridgetown N.S., O’Brien’s Bridge
14052, Denis O’Mahony, Kanturk N.S., Co. Cork
13672, Nora Mangan, Ballacolla, Abbeyleix, Queen’s Co.
914, Katie T. Murphy, Killenard, Portarlinton.
Ellie Bermingham, Sacred Heart Convent, Roscrea
14008, Charles Walshe, Donaskeigh, Tipperary.
11018, Patrick O’Connor, Ballylongford, Co. Kerry.
12832, Thomas Rohan, Killorglin, Co. Kerry.
14008, James P. O Sullivan, Donaskeigh N.S., Tipperary.
6333, Margaret Fitzgerald, Kilmurry, Lissarda, Co. Cork.
10319, Eileen O Gorman, Kilbaha, Carrigaholt, Co. Clare.
3000, John Gordon, Clarecastle, Co. Clare.
9820, Robert Quill, Ballygran, Charleville, Co. Cork.
14758, Sarah Amelia Russell, Quin, Co. Clare.
12280, Bridget Ryan, Crusheen, Co. Clare.
14390, Margaret Loughrey, Ballinruan, Crusheen, Co. Clare.

Some of those teachers, I understand, already possess the Board’s certificate for teaching Irish, but the committee trusts that they will be accorded the special sanction mentioned in your rules.⁸⁵

Faoi mar a tharla i mBéal Feirtse le bunú Choláiste Chomhghaill i 1905 agus i mBaile Átha Cliath nuair a cuireadh Coláiste Laighean i 1906 ar bun bhí gá le modh eile lasmuigh de na gcúrsaí samhraidh chun oiliúint a chur ar oidí i rith míonna an gheimhridh. Chuir Coláiste Chonnacht tús le cúrsaí geimhridh i 1911. Ar an dóigh céanna d’iarr coiste Choláiste na Mumhan aitheantas an Bhoird, i litir ó Liam de Róiste, 29 Lúnasa 1913, ar an scoil gheimhridh a chuirfí ar bun i gcathair Chorcaí i 1913.⁸⁶ Ní raibh leisce ar an Chigire Mangan an t-aitheantas seo a mholadh. ‘It will afford the teachers of Cork city an opportunity for acquiring a knowledge of the Irish at little expense, and I know many of them were anxious to see it established,’ a scríobh an tUasal Mangan i dteachtaireacht inmhéanach an Bhoird, 8 Samhain 1913.⁸⁷

Níl ach blúiríní beaga eolais fágtha a thugann léargas dúinn ar reáchtáil na scoile geimhridh agus tá siad siúd le léamh i bpáipéir Sheáin Uí Chuív.⁸⁸ Mhair an cúrsa idir 25 Meán Fómhair 1917 agus 30 Aibreán 1918. Reáchtáladh na ranganna Gaeilge oíche Dé Máirt agus oíche Dé hAoine óna 7.30 i.n. go dtí 9.30 i.n. Sa bhliain 1917, an chéad bhliain a reáchtáladh ranganna i rith an gheimhridh, socraíodh iad a bheith ó 12.30 i.n go dtí 5.30 i.n. ar an Satharn fosta (féach an bhileog thíos). Bhí ranganna ‘fuaimeanna agus leabhair’ faoi chúram an Dochtúra Ó Dálaigh. Bhí ‘Aistidheacht agus Gramadach’ á teagasc ag Seosamh Ó Laodhcha. Bhí an rang ‘Modh Múinte agus Leabhair’ faoi chúram Mháire Ní Chuill, agus bhí Seán Tóibín i mbun cainte agus ‘cómhrádh’. Tá na sonraí seo le léamh ar an bhileog thíos.

Faoi mar a tharla i rith an tsamhraidh bronnadh teastais orthu siúd ar éirigh leo i scrúdú an choláiste ag deireadh an chúrsa. Bronnadh 17 dteastas ar mhic léinn ag deireadh cúrsa 1917-18.

	Oral	Comp.	Gram.	Read.	Modh.	Fogh.
Sighle Ní Shuilleabháin	70	65	70	70	60	60
Proinsias Ó Ceallaigh	70	70	60	80	60	60
Peig Ní Shioghradha	60	62	65	70	70	58
Mícheál Mac Carthaigh	60	55	60	70	70	60
Donnchadha Ó Drisceoil	65	65	65	65	65	65
Caitlín Ní Shúilleabháin	50	63	59	65	70	62
Liam Ua Súilleabháin	50	62	58	62	68	62
Nóra Ní Dhroighneáin	75	75	75	80	75	60
Eimile Ní Fhionbharr	65	60	60	70	70	60
Brighid Ní Shíthigh	60	60	58	70	70	60
Máire Ní Laighin	60	65	62	70	70	60
Pádraig Ó Reachtagáin	65	70	70	70	75	75
Séamus Ua hAonghusa	65	70	70	70	70	58
Mairéad Ní Scanaill	65	65	50	75	65	65
Máire Ní Shéadha	85	85	85	90	60	75
Pádraig Ó Broin	50	61	60	63	70	64
Cáit Ní Mhurchú	58	70	75	65	70	65 ⁸⁹

Bronnadh 9 dteastas ag deireadh chúrsa 1918-19. Tá liosta díobh siúd a d'fhreastail ar chúrsaí 1917-1918 agus 1918-19 le feiceáil in Aguisín 3.

6.6.2. Coláiste na Rinne

Más gann an t-eolas atá ann faoi na cúrsaí Gaeilge a réachtáladh i ndiaidh 1907 is beag fosta an t-eolas a thagann síos chugainn faoi chúrsaí tinrimh nó teistiúcháin. Tugtar le fios, mar shampla, gur iarr Ó Cadhla aitheantas do na mic léinn seo a leanas ar bronnadh teastas orthu ag deireadh chúrsa 1909:

Student's Name	Already Certified?	School	Roll Number	County	No. of Days Pres. Absent		Partics. re Proficiency Marks in Exam
Seán Ó Tiobraide	Yes	Annagh	12694	Chláir	19	4	70%
Eilís Ní Mhath-ghamhna	No	Ashford Girls	8476	Limerick	23	-	62%
Peadair Ó Muimh-neacháin	Board's Cert 1899	Ballyloughnane	7876	Clare	19	4	61%
Stiophán Clumhain	Board's Cert July 1909	Daingean	11004	Clare	22	1	60%
Aibhlín Ní Ghormáin	Yes	Killbaha	10319	Clare	17	6	73%
Miceal Céitinn	Yes	Feakle	2439	Clare	23	-	93% ⁹⁰

Tugann Mícheál Ó Domhnaill an liosta de na hoidí go léir ar bronnadh lán-teastais i dteagasc na Gaeilge orthu idir na blianta 1908 agus 1914. 127 duine atá luaite aige ar an liosta sin.⁹¹

Chuaigh na coláistí Gaeilge i mbun a gcuid oibre go dúthrachtach nuair a tháinig deireadh leis an aighneas. I 1910, mar shampla, eisíodh na figiúirí seo a leanas maidir le líon na dteastas a bronnadh i rith cúrsaí na bliana sin.

Coláiste na gCeithre Máistrí, Leitir Ceanainn	15
Coláiste na Mumhan, Béal Átha an Ghaorthaigh	56
Coláiste na Rinne, An Rinn	6
Coláiste Chonnacht, Tuar Mhic Éadaigh	43
Coláiste Laighean, Baile Átha Cliath	13 ⁹²

Níor tugadh le fios cé mhéad teastas a bronnadh i gColáiste Uladh, Cloch Cheann Fhaola an bhliain sin. Bronnadh 156 teastas i rith cúrsaí na bliana 1912, seacht gcinn acu i gColáiste Uladh.

Coláiste na gCeithre Máistrí	13
Coláiste Uladh	7
Coláiste na Mumhan	12
Coláiste na Rinne	5
Coláiste Chonnacht, Tuar Mhic Éadaigh	25
Coláiste Laighean	10
Coláiste Chomhghaill	15
Coláiste an Daingin	32
Coláiste Chonnacht, An Spidéal	12
Sligeach	5
Caisleán an Bharraigh	1
Cathair Donall	7
Cuan Dor	8
Coláiste Bhríde, Ó Méith	4 ⁹³

6.6.3. Tábhacht an deontais £5

Léiríonn cuntais airgid na gcoláistí tábhacht dheontas an Bhoird. B'fhoinsé ioncaim luachmhar é go háirithe nuair a thugtar chun cuimhne nach raibh ag na coláistí seachas iad sin, ach táillí na scoláirí agus síntiúis phríobháideacha. Tá tábhacht an deontais £5 le feiceáil fosta sna hachainíoch a rinne Coláiste na Mumhan ar an Bhord sna blianta 1907 agus 1908. B'fhiú £50 luach na dteastas ó chúrsaí 1907 agus £70 ón cheathrair déag teastas a bronnadh sa bhliain 1908.

**Munster Training College and Summer School
Memorial of Deputation to the Resident Commissioners of National
Education**

1907

Number of National Teachers in attendance	54
Number of National Teachers to whom certificates were awarded	8
Number of National Teachers in respect of whom Grants have been received	2
Grants have recently been received in respect of 4 Extern Teachers trained in 1907.	
Total of Grants for 1907	£50 ⁹⁴

1908

Number of National Teachers in attendance	100
Number of National Teachers who were awarded certificates	14
Number of National Teachers who were awarded half-time Certificates	37
	51
Number of National Teachers in respect of whom grants have been received	1
Number of Extern Teachers on whom certificates were awarded	23
Number of Extern Teachers in respect of whom grants have been received	0
Total Grants for 1908	£5 ⁹⁵

I gcuntas Choláiste na Mumhan don bhliain 1910 feictear tábhacht íocaíochtaí dheontais an Bhoird i gciste airgeadais an choláiste. Fuair an coláiste £85 i ndeontas an Bhoird.

1910 Receipts

Jan 1	On hands from 1909	£44 ; 9 : 0
May 19	National Board Grant	£25 : 0 : 0
June 1	National Board Grant	£60 : 0 : 0
July 14	W. Roche – fees (receipts 700-728)	£28 : 12 : 0
July 24	W. Roche – fees (receipts 729-749)	£10 : 7 : 0
Aug. 6	W. Roche – fees (receipts 750-861)	£80 : 0 : 0
Aug. 10	W. Roche	£19 : 13 : 0
Aug. 20	Dr. Daly per W. Roche	£20 : 0 ; 0
Sept. 8	W. Roche	£23 : 12 : 0
Oct. 13	W. Roche	7 : 6 ⁹⁶

Bhí na híocaíochtaí seo an-tábhachtach ag deireadh na bliana nuair a bhí na hinstiúidí ag iarraidh brabús maith a thaispeáint ina leabhair chuntais. Tagann na cuntais seo a leanas chugainn ó Choláiste Uladh (Doiciméid ED 11/10/4) don bhliain 1916-17. Léiríonn siad gurbh ionann deontais an Bhoird agus £50 d'ioncam an choláiste - aon chúigiú d'ioncaim na bliana sin.

Coláiste Cholmcille 1916-1917

Receipts

San mbainc	£ 23 : 12 : 7
(a)O'n Department	£103 : 4 : 7
O'n Bord Náisiúnta	£ 50 : 0 : 0
(b)Fiach o'n Dáil	£ 35 : 0 : 0
Táillí	£ 40 : 13 : 0
Iomlán	<hr/> £252 : 10 : 02

Díolta Amach

(c)Tuarastail	Úna Ní F	£60 : 0 : 0
“	E Ó Tuathail	£45 : 0 : 0
“	S Ó Searcaigh	£45 : 0 : 0
“	A Ó Dochartaigh	£22 : 10 : 0
“	G Ó Raghallaigh	£15 : 15 : 0
Fuagraí ins na páipéiribh		£10 : 11 : 6
Cíos		£10 : 0 : 0
Solus, Teas agus Postas na Coláisde		£11 : 8 : 8
Clóbhuaileadh an Prospectus		£ 2 : 14 : 0
An Runaidhe		£20 : 0 : 0
		<hr/> £242 : 14 : 2
		£252 : 10 : 2
		£242 : 14 : 2
I láimh M. Foghmh. 1917		<hr/> £ 9 : 16 : 0
Ag teacht isteach ó'n Dáil		
le haghaidh sgoilreacht agus Fiach		£ 29 : 0 : 0
Nótaí		
(a)	An Roinn Talmhaíocht atá i gceist anseo	
(b)	Dáil Uladh atá i gceist	
(c)	Úna Ní Fhaircheallaigh, príomhoide an choláiste atá i gceist anseo.	

Níor éirigh le gach éinne teastas an Bhoird a fháil agus iad á meas ag an chigire i rith na bliana i ndiaidh dóibh freastal ar chúrsa i gcoláiste Gaeilge mar a léireofar thíos i gcás Rose Sloan (nó Mrs. Grant). Ba mhúinteoir as Port an Dúnáin, Co. Ard Mhacha í a d'fhreastail ar chúrsa i gColáiste Bhríde, Ó Méith sa bhliain 1913. I meamram inmheánach an Bhoird a bhain le cúrsaí cigireachta, 21 Deireadh Fómhair 1919, tá an tuarascáil seo a leanas fúithí le léamh:

Mrs Grant taught Irish during the school year 15/16 from 3/8/15 to end of June 1916.

The Irish organiser inspected on 17.1.16 and noted

I Year Good all round: written work careful as far as it goes
 II Year Severely weak
 Conversation shaky
 Reading not fluent
 No transcription yet. In justice to teacher it may be said
 the class is a dull one.

The Irish classes were discontinued during the year 16/17. (Lessons were given up to 24/1/17 – they do not appear to have been successful. On the whole the work done by the teacher can scarcely be called satisfactory.

J.M. Bradshaw, 28.10.19⁹⁷

Níor íocadh deontas an Bhoird do Choláiste Uladh i gcás na ndaoine seo a leanas sa bhliain chéanna:

Name of Teacher	Year	County	Roll No.	School	Postal Town	Period of Employment
Margaret Mullan Inspected by Mr. Yates; when inspected found to be "not good".	1910	Louth	14253	Callystown	Clogherhead	1913-14
Margaret Peoples Inspected by Mr. Cleary; found to be "not satisfactory".	1910	Donegal	4739	Gola Island	Bunbeg	1910-1912 at least
Patrick Treacy "Middling and not satisfactory"	1912	Fermanagh	3494	Garrison	Garrison	1912-1913
Kate Murtagh !"Had not taught for a full year"	1912	Fermanagh	4717	Lisnaskea	Lisnaskea	1912-13
Alice McCullough College paid in 1916"	1912	Roscommon	12754 13104	St. Joseph's Summerhill, Athlone	Roscommon	1913-1914

Coláiste Choláiste
1916 - 1917

tuairimí tuairimí

Receipts

gan mbeanna	£ 23 - 12 - 7
o'n Deapromair	103 - 4 - 7
" Bópá na gcuimín	50 - 0 - 0
Fine o'n dáil	35 - 0 - 0
railli	40 - 13 - 0
comtan	£ 252 - 10 - 2

Diolta amai

Tuairimí Uaon n. K.	£ 60 - 0 - 0
" S. O. Teairid	45 - 0 - 0
" S. O. Seapraiz	45 - 0 - 0
" A. O. Deapraiz	22 - 10 - 0
" B. O. Raizilliz	15 - 15 - 0
Fuair na myra pupairib	10 - 11 - 6
Bray	10 - 0 - 0
Solus, reus, apm. na Coláiste	11 - 8 - 8
clé-buandáil an pproprietair	2 - 14 - 0
An pproprietair	20 - 0 - 0
	£ 242 - 14 - 2

£ 252 - 10 - 2

£ 242 - 14 - 2

£ 10 - 16 - 0

M. Pádraic 1917

az reair yreai o'n dáil
le haidáil pcoláiste
gan £5

£ 29

6.7.0. Cúrsaí airgid

Ba iad táillí na mac léinn agus síntiúisí príobháideacha príomhfhoinsí ioncaim na gcoláistí Gaeilge. Bhí táille £1.1s. ar chúrsa a mhair ceithre sheachtain ar a laghad. Bhí sé ceadaithe ag craobh an Chonartha nó ag coiste ceantair mac léinn amháin a mholadh chun freastal ar chúrsa ar leath an táille, 'sé sin ar 10s.6p. Ba í an chraobh nó an coiste a dhéanfadh an t-iarratas ar son an mhic léinn agus 'ní foláir do'n mhac léighinn díol sul a dtosnóchaidh an season'.¹⁰⁰

Bhailigh Coláiste na Mumhan £59 glan i dtáillí ón 73 mac léinn atá luaite ar liosta tinrimh an chéad chúrsa i 1904.¹⁰¹ Léiríonn cuntais ioncaim agus caiteachais Choláiste na Mumhan do na blianta 1905 agus 1906¹⁰² cé chomh tábhachtach agus a bhí táillí na mac léinn i gcúrsaí maoinithe an Choláiste:

1905

<u>Receipts</u>		£. s. d.	£. s. d.	£. s. d.
Fees	47 Students	25:8:5	+ 1:11:7 =	27: 0:0
Subscriptions	37/84	107:8:5	+ 2 : 2:0 =	109:10:5
		<u>£132.16.10</u>	<u>£3.13.7</u>	<u>£136.10.5</u>
<u>Expenses</u>				
D. Foley		45:0:0		
T.A. O Scannell		20:0:0		
Dr. Daly		30:0:0		
Secretary		5:0:0		
Dancing Instructor		4:0:0		
Advertising, Postage, Etc.		<u>£7:6:9</u>	<u>£111:6:9</u>	<u>£3:13:7</u>
Balance		£21.4:1		

1906

Receipts

80	Fees from students to date	£ 59 : 0 : 0
40	Subscriptions	£115 : 9 : 6
		£174 : 9 : 6
	Balance from last year	£ 21 : 19 : 8
		£196 : 9 : 2

Expenses

Dr. Daly	60 : 0 : 0	
John O'Keane	20 : 0 : 0	
P. McSweeney	10 : 0 : 0	
Miss A. O'Reilly	10 : 0 : 0	
Dr. Henebry	10 : 0 : 0	
Secretary	9 : 0 : 0	
D. O'Geary	5 : 0 : 0	
Advertising, Postage, Etc.	14 : 10 : 9	£128 : 10 : 9
Balance in Hand		£ 69 : 18 : 5

6.7.1. Síntiúis

Bhí tábhacht freisin leis na síntiúis phríobháideacha a fuair na coláistí Gaeilge mar is léir ó na cuntais thuas. Bhí siad ag brath orthu mar nach raibh deontas an Bhoird á n-íoc go dtí i ndiaidh cúrsaí na bliana 1907. Nuair a tháinig comhaltas Choláiste na Mumhan le chéile, 4 Aibreán 1904, bhí cúrsaí airgid gann ag an am agus bhí an baol ann go gcuirfeadh an ganntanas airgid seo isteach ar an phlean chun coláiste Gaeilge a chur ar bun. Bhí daoine ar nós Ruairí Mac Easmuinn sásta síntiús £5 a íoc le coiste an choláiste ó 1904 go dtí 1916.¹⁰³ Tháinig roinnt airgid leis ó 'Phrotastúnaigh Ghleannta Aontroma'.¹⁰⁴ D'éirigh líon na mac léinn chomh mór sin i 1908 gur shocraigh coiste an choláiste toscaireacht a chur chuig cruinniú Fheis na Mumhan i gCill Áirne ag lorg tuilleadh síntiúisí chun coláiste nua a thógáil. Ba é an tAthair Ó Dálaigh a bhí i mbun an fheachtais seo agus lena chabhair d'éirigh leo

coláiste nua a thógáil agus d'oscail an tAthair Peadar Ó Laoghaire an t-ionad nua sa bhliain 1914.¹⁰⁵

D'éirigh le coiste Choláiste Chonnacht, Tuar Mhic Éadaigh £84/12s./8d. a bhailiú i bhfoirm síntiúisí mar thoradh ar achainí a rinne sé le haghaidh cúnamh airgeadais go luath i 1905. Bhí an t-achainí seo riachtanach, de réir an J. A. Mag Fhloinn, rúnaí agus cisteoir an choláiste de bharr na gcostas a bheadh ag dul le reáchtáil choláiste Gaeilge agus an t-achainí á dhéanamh in *Mayo News*, 18 Meitheamh 1905.

The College was opened on the 15th. inst. under most favourable circumstances and we expect to have a large number of students for both courses of instruction. Although the response to our appeal was generous, still the committee expected more support from Connacht and we trust that the wellwishers of the Western Training College will help us. The expenses are very heavy and as much depends on a successful first year, we have expended a large sum in fittings and general improvements, besides making ourselves responsible for still larger sums for salaries, etc. A prompt and generous response to our appeal will ensure the success for which we are striving.¹⁰⁶

Tá sé le feiceáil ó liosta na ndaoine a chuidigh leis an achainí gur thug Ruairí Mac Easmuinn síntiús £5 agus gur thug an Piarsach síntiús £1 do Choláiste Chonnacht.¹⁰⁷

Is féidir a fheiceáil sa ráiteas bainc thíos don bhliain 1912 go raibh údaráis Choláiste Bhríde, Ó Méith ag brath go mór ar shíntiúsí fosta. Bhí luach £72. 11s.0d. ar na síntiúsí seo i gcomparáid leis an £32 a tháinig isteach i bhfoirm táillí na mac léinn. Níl amhras ann ach gur chuidigh flaithiúlacht na síntiúsóirí leis an bhrabús £26. 3s. 2d. a rinne an coláiste sa chéad bhliain dó a bheith i mbun oibre.

STATEMENT OF ACCOUNTS OF ST. BRIGID'S COLLEGE OMEATH,
FOR SEASON 1912

Receipts	Expenditure	
Subscriptions as per detailed list—	Salaries of Teaching Staff	£46-13-4
Priests of Armagh Diocese per	Rent of College	6-10-0
Father Lavelle	Repair of Buildings	7-17-1
£23-0-0	Hire of Chairs	3-12-6
Priests of Dromore Diocese per	Sundry Expenses	9- 5-1
Father O’Grianan	Books	1-8-6
16-0-0	Advertisements	9-18-0
Priests of Down and Connor per	Secretary’s Expenses	5-0-0
Father Fullerton		
6-0-0		
Other Subscribers		
27-11-0		
72-11-0		90-4-6
Students’ Fees	Balance Cash in hands in Hibernian	
32- 0- 0	Bank, Dundalk	26-3-2
Net Proceeds of Aeridheacht		
11-16-8		
£116-7-8		£116-7-8

STATEMENT OF ACCOUNTS OF ST. BRIGID'S COLLEGE OMEATH,
FOR SEASON 1912.

RECEIPTS.	EXPENDITURE.
Subscriptions as per detailed list—	Salaries of Teaching Staff ... £46 13 4
Priests of Armagh Diocese per	Rent of College ... 6 10 0
Father Lavelle ... £23 0 0	Repairs of Building ... 7 17 1
Priests of Dromore Diocese per	Hire of Chairs ... 3 12 6
Father O’Grianan ... 16 0 0	Sundry Expenses ... 9 5 1
Priests of Down and Connor per	Books ... 1 8 6
Father Fullerton ... 6 0 0	Advertisements ... 9 18 0
Other Subscribers ... 27 11 0	Secretary’s Expenses ... 5 0 0
72 11 0	
Students’ Fees ... 32 0 0	Balance Cash in hands in Hibernian
Net Proceeds of Aeridheacht ... 11 16 8	Bank, Dundalk ... 26 3 2
£116 7 8	£116 7 8

Ráiteas bainc Choláiste Bhríde 1912¹⁰⁸

Faoi mar a tharla i mBéal Átha an Ghaorthaidh i 1908 chuir an t-éileamh ar chúrsaí in Ó Méith brú ar áiseanna an choláiste agus b’éigean do choiste Choláiste Bhríde áit níba mhó a fháil chun cúrsaí an choláiste a reachtáil. De réir thuairisc na gcigirí don bhliain roimhe sin, bhí 408 scoláire ar an rolla, an líon céanna d’iomlán na scoláirí a d’fhreastail ar chúrsaí an choláiste i 1918 agus 1919 le chéile – luaitear an

uimhir 253 a bhí ar rolla na gcúrsaí i 1919.¹⁰⁹ Bhí gá le dul i mbun bailiúcháin airgid. Seo mar a mhíníonn údaráis an choláiste an scéal, ina gceanglaíonn an coiste riachtanais airgeadais an choláiste le cás an Náisiúin:

The success of the college has attracted so many students that the ordinary resources of the locality are no longer sufficient to furnish their accommodation. The difficulty in obtaining suitable board and lodging has reached a stage at which it threatens to imperil the whole work of the college. The committee has therefore decided to establish and equip a hostel, and hopes, le cuidiu' Dé, to have this hostel in full working order for the beginning of the college session this year. A site has been purchased, including a mill and some other buildings, capable in part of being converted to the uses of the projected hostel. The bulk of the purchase money has been advanced by a member of the committee. To repay this advance and to complete and equip the hostel, a considerable fund is required. The committee now makes appeal to all who appreciate the past work of the college and its potentiality for the future upbuilding of our Nation, to contribute to this fund and to help in raising it.¹¹⁰

Chosain an fheirm seo, feirm trí acra le dhá theach cónaithe, seanmhuilleann agus cúpla foirgneamh eile £350. Ach mheas an t-aitire a bhí fostaithe ag an choiste go nglacfadh sé £1,000 eile chun an áit a chóiriú. Ar an 7ú lá de mhí Bealtaine 1921 fógraíodh toradh an bhailiúcháin seo in *The Irish Independent* faoin teideal 'Appeal'. Bailíodh £121 ó shíntiúsóirí a luadh sa nuachtán. Luaitear mar shampla gur thug an Cairdinéal Ó Laodhóg, a d'oscail an coláiste i Lúnasa 1912, síntiús £5. Luaitear fosta go bhfuair an coiste síntiús de £1 ó gach paróiste in Ardfhairche Ard Mhacha.¹¹¹

6.8.0. Aighneas agus easaontas

Deirtear gurb í sa reilig an t-aon áit nach mbíonn teannas agus aighneas ann. Mar sin tá sé nádúrtha go mbeadh ábhair teannais agus easaontais ann ó am go ham i gcás eagraíocht ar bith. Níorbh aon eisceacht é feiniméan na gcoláistí Gaeilge idir

1904 agus 1921. Ó 1905, bliain i ndiaidh bhunú an chéad choláiste Gaeilge i mBéal Átha an Ghaorthaidh, bhris aighneas amach idir an Conradh agus an Bord nár réitíodh go hiomlán agus a chuir isteach ar an chaidreamh a bhí ag na coláistí Gaeilge leis na Bhord. Bhí an t-aighneas seo fréamhaithe i ról na gcigirí i gcúrsaí theistiúcháin na gcoláistí. Chuir an t-aighneas seo isteach ar na hiarratais a chuir Coláiste na Rinne agus Coláiste Uladh le haghaidh aitheantais an Bhoird. Réitíodh an teannas faoin bhliain 1907 agus bhí siad in ann an dara hiarratas a dhéanamh. Mar sin is iad cúrsaí neamhspleáchais is mó a shainigh an caidreamh míchompórdach idir na coláistí agus an Bord. Ar lámh amháin, bhí na coláistí sásta glacadh le maoiniú an Bhoird i bhfoirm an deontais £5, ach ní raibh siad sásta cloí le hachainí an Bhoird, go mbeadh focal ag cigirí an Bhoird i gcúrsaí teistiúcháin. Nuair a leag an Bord riail chun ról na gcigirí i gcúrsaí teistiúcháin na gcoláistí a chosaint i 1912 bhris conspóid eile amach ina raibh Coláiste na Mumhan chun tosaigh ann.

Níorbh é an Bord an t-aon ábhar a spreag easaontas agus aighneas agus scéal na gcoláistí Gaeilge á insint. Féachfar gur bhris conspóidí inmheánacha amach a d'fhág rian cinniúnach i bhforás Choláiste Chonnacht, agus nuair a rinneadh iarracht na coláistí éagsúla a aontú faoi bhrat Chomhdháil na gColáistí Gaeilge i 1912 féachfar gur throid Coláiste na Mumhan go láidir ina coinne chun neamhspleáchas a chosaint.

6.8.1. Conspóid an chanúnachais i gCúige Uladh agus Coláiste Chomhghaill 1905

Bunaíodh Comhaltas Uladh i 1926 de dheasca an fhrustrachais a bhraith baill ghluaiseacht na Gaeilge i gCúige Uladh a bhí cinnte go raibh neamhaird déanta ag an Chonradh ó dheas, ar an Ghaeilge agus ar chearta Ghaeil Uladh. Ghlac an tAthair Lorcán Ó Muireadhaigh an seasamh cinniúnach seo as a stuaim féin – 'sé sin an ceangal leis an Chonradh ó dheas a bhriseadh. Níorbh é seo an cheád uair a bhraith muintir Uladh go raibh siad in áit na leathphingne i dtaobh na Gaeilge.

Tugann Ríona Nic Congáil le fios nach raibh craobhacha Uladh de Chonradh na Gaeilge eagraithe agus go ndeachaigh an easpa aontachta i measc na gcrabhacha i gcoinne chás na Gaeilge.¹¹² Tháinig grúpa de chonraitheoirí Uladh le chéile ag cruinniú neamhfhoirmiúil a eagraíodh i rith sheachtain an Oireachtais i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1905 'for the purpose of devising some scheme for the consolidation of the workings of the units in the North, with a view to the more effective propagation of the aims and the principles of the Gaelic League'.¹¹³ Moladh atheagrú cuimsitheach ar obair an Chonartha ag an chruinniú chun freastal ar riachtanais teanga, chultúrtha agus liteartha Uladh. Cuireadh buanchoiste ar bun chun aidhmeanna an Chonartha a chur chun cinn sa chúige. Is iad seo a leanas na rúin a cuireadh os comhair an chruinnithe:

- That the secretaries be requested to issue along with their summons the sketch of an agenda paper covering the following points for discussion:
- (a) the formation of an Ulster Training College
 - (b) the creation of a machinery for the organization of Ulster
 - (c) the cultivation of the Irish tongue and literature in Ulster.¹¹⁴

Léiríonn an moladh chun coláistí oiliúna a bhunú an dóchas a bhain le bunú Choláiste an Mumhan. Bhí an dara coláiste i Rinn Ua gCuanach dulta i mbun oibre agus bhí a gcoláiste Gaeilge féin ag Gaeilgeoirí Chonnacht – iad neamhspleách ar a chéile ach dírithe ar an chuspóir céanna chun oidí cáilithe i dteagasc na Gaeilge a sholáthar don chóras oideachais. Theastaigh ó Ghaeil Uladh a mhacasamhail a bheith acu ó thuaidh. Bhí an cuspóir seo tagtha chun tosaigh, de réir litir na rúnaithe a cuireadh amach roimh chruinniú speisialta de Chonraitheoirí Uladh i nDoire, Meán Fómhair 1905. Tuairiscíodh ábhar an chruinnithe úd in *The Leader* mar seo a leanas:

It has long been apparent to the workers in the language movement in the North that, while excellent work is being done in particular districts, and while isolated branches and workers are carrying on the fight successfully, still, if contrasted with the other provinces, Ulster is lamentably deficient in organisation. Munster and Leinster have their training colleges, while Leinster has a school of Irish Learning, and in each there is sufficient cohesion among the constituent parts of the League to enable combined action to be taken on any question of moment. In Ulster the scattered units have never been brought in touch with one another. In addition, the necessity for a training college is evidenced by the scarcity of competent teachers to give instruction in the native speech either in the schools or in the capacity of the travelling teachers.¹¹⁵

Ghlac na coláistí Gaeilge a bunaíodh ó 1905 ar aghaidh scéim oibre a bhí leagtha amach ag Coláiste na Mumhan, agus ba é sin mar a tharla nuair a cuireadh Coláiste Chomhghaill ar bun i 1905.¹¹⁶ Tugtar creidiúint an bhunsmaoinimh coláiste Gaeilge a chur ar bun i gCúige Uladh don Athair Ó Tighearnaigh, a bhí lonnaithe i bParóiste Dhomhnach Maighean, in oirthear Mhuineacháin. Mhol Ó Tighearnaigh coláiste Gaeilge a chur ar bun sa chúige mar ‘gur mór an buntáiste do chanamhaint Chúigídh Uladh dá mbeadh a mhacasamhail-san de cheann aca féin’.¹¹⁷ Nuair a fógraíodh bunú na hinstitiúide nua i nDeireadh Fómhair 1905 bhí dóchas mór ann

go ndéanfadh an coláiste nua freastal ar aisling Uí Thighearnaigh. ‘The class, though of course, on a much less pretentious scale than the Colleges at Ballingearry and Partry, will do for Belfast teachers and students what those have done for their respective Provinces,’ a d’fhógair *The Irish News and Belfast Morning News*.¹¹⁸ Faoi mar a tharla sna coláistí Gaeilge eile ba í scéim oibre na Mumhan a cuireadh i bhfeidhm ann.

Cuireadh béim ar leith ar thábhacht na foghraíochta. Tugadh an méid seo a leanas le fios in *An Claidheamh Soluis* i gcur síos ar an chéad chúpla seisiún:

The value of phonetics ... was emphasized. To the teacher of Irish in particular such a knowledge of the science as would enable him to teach Irish sounds thoroughly was ... as absolutely necessary as a knowledge of musical notes to the teacher of music.¹¹⁹

Tá tionchar na Mumhan le feiceáil fosta ar na téacsanna a roghnaíodh dó.

- I Books: *Séadna*, *Greann na Gaedhilge* (Part 1,2,3) and *Dánta Dhonnchadh Ruaidh* (all of the latter two book – including three parts of *Greann na Gaedhilge* – and about 120 pages of *Séadna* will be done in class).
- II. Christian Brothers’ Grammar
- III. *Cainnt* and *Cainnt* Colour Cards for Method Teaching
- IV. Phonetics: Dr. O’Daly’s Publication on the subject and also *Aids to Irish Pronunciation* by the Christian Brothers.¹²⁰

Ní de thaisme a fuair Gaeilge na Mumhan tús áite i gColáiste Chomhghaill. Ba le Seosamh Cuipéar, rúnaí ar Choiste Ceantair Bhéal Feirtse, a bhí i láthair ag an chruinniú neamhoifigiúil i mBaile Átha Cliath i 1905, an smaoineamh coláiste oiliúna Gaeilge a bhunú i mBéal Feirste. D’iarr sé ar Sheaghán Ó Catháin,

oifigeach custaim a bhí fostaithe sa chathair le déanaí agus a d'fhoghlaim a chuid Gaeilge i gCraobh an Chonartha i Londain, dul i mbun pleanála chun coláiste Gaeilge a chur ar bun sa chathair. Ba bhall foirne é i gColáiste na Mumhan i 1905 agus dúradh faoi gurbh é 'an múinteoir ba chliste, b'fhéidir, dár mhúin ceacht i gColáiste na Mumhan riamh'.¹²¹ Thit bunús na hoibre ar Ó Catháin agus chuir sé a lorg féin ar an chlár oibre. Ba shaineolaí é ar chúrsaí modheolaíochta. Bhí béim láidir ar an chomhrá agus ba é an modh díreach a cuireadh i bhfeidhm ann mar mhodh teagaisc.

Is féidir tionchar Choláiste na Mumhan a fheiceáil ar liosta na mball foirne do sheisiún 1907. I dteannta Uí Chatháin, Ard-Ollamh an Choláiste bhí an tOirmhinneach G.A. Ó Nualáin, 'Professor in St. Malachy's College, Belfast, Professor of Method, Munster Training College, Session 1907'.¹²² Cé gurbh Ultach é Ó Nualláin d'fhreastail sé ar Choláiste na Mumhan i 1904 agus shocraigh sé ar chloígh le canúint na Mumhan mar 'an beagán Gaeilge a bhí agam Gaeilig de Ghaeilig Uladh ab ea í. Agus ba dheacair ar fad dhom na Muimhnigh a thuiscint'.¹²³

Bhí ag éirí go maith le Coláiste Chomhghaill, áfach. Bhí tuarascálacha dearfacha le léamh faoin obair a bhí ar siúl ag Ó Catháin ann ach chuir cur chuige na Mumhan olc ar Ghaeilgeoirí na cathrach. Ní raibh gach éinne ró-chinnteach faoi fhiúntas coláiste Gaeilge a bhí lonnaithe i lár cathrach Gallda, ina raibh Gaeilge na Mumhan á teagasc ann ach a bhí in ainm is a bheith ag plé le múinteoirí Ultacha. Dúradh, mar shampla, sa bhliain 1906, 'it is an anomaly that Munster Irish should be taught in Belfast'.¹²⁴ Ceapadh Séamus Ó Searcaigh, duine de cheannródaithe Choláiste Uladh, Cloch Cheann Fhaola, ina ollamh ann i 1910 chun iarracht tionchar

Ghaeilge na Mumhan a mhaolú. Creidtear gurb í ceist an chanúnachais a spreag do Pheadar Mac Fhionnlaoich as Gleann na Finne i dTír Chonaill, nó ‘Cú Uladh’ mar a bhíodh aithne air fosta An tArdcoil Ultach a chur ar bun sa chathair i 1911 chun go dtiocfadh leo Gaeilge Chúige Uladh a chur chun cinn.

6.8.2. Réiteach ar chonspóid an chanúnachais 1906

Ní raibh ach socrú amháin ann chun Gaeilge Uladh a chur chun cinn agus b’shin coláiste Gaeilge a bhunú i dTír Chonaill é.¹²⁵ Bhí Easpag Rath Bhotha, Pádraig Ó Domhnaill, i ndiaidh Coláiste Adhamhnáin, coláiste na Deoise, a chur ar bun i Leitir Ceanainn i Meán Fómhair 1906 agus is cosúil go raibh sé ag iarraidh go mbainfí úsáid as i rith mhíonna an tsamhraidh mar choláiste Gaeilge. Bhí ciall leis an smaoineamh seo. Baile mór a bhí i Leitir Ceanainn agus bheadh togha lóistín ann dóibh siúd a bhí ag iarraidh freastal ar an choláiste. Bhí foirgneamh úrnua ann a bheadh réidh le haghaidh an teagaisc, agus foireann lánaimseartha an Choláiste chun na cúrsaí Gaeilge a réachtáil. Luaitear daoine ar nós an Athar E. Mag Uidhir, D.D., Uachtarán Dháil Uladh, J.P. Craig agus an tAthair P. A. O’Doherty i measc na n-ollúna a bheadh ar fáil do na cúrsaí samhraidh.¹²⁶

In ainneoin na mbuntáistí a bhí ar fáil in institiúid an Easpaig Ó Domhnaill cuireadh go láidir ina choinne. Tuairiscítear in *The Derry Journal* gur mhol an tUasal Mac an Rí ag cruinniú de Dháil Uladh in Eanáir 1906 nárbh fhiú daoine a chur chun na Galltachta chun an Ghaeilge a fhoghlaim.¹²⁷ Fiú nuair a mhol an Dochtúir Mag Uidhir glacadh le Leitir Ceanainn mar ionad an choláiste nua cuireadh go láidir ina choinne.¹²⁸

Is léir áfach go raibh níos mó i gceist ná deacracht le hionad don choláiste nua. Tugann Pádraig Ó Baoighill cuntas suimiúil ar an easaontas a tharla i 1906 nuair a dhiúltaigh an Conradh ionadaithe a chur chuig Aonach an Dúin, féile chultúrtha a d’eagraigh an tEaspag Ó Domhnaill chun airgead a chruinniú do Choláiste Adhamhnáin. Seo a leanas mar a chuireann Ó Baoighill síos ar an teannas seo:

The reason for this was a conflict had arisen between O’Donnell and the Gaelic League when the League was collecting money to raise funds for a training school in Irish, while O’Donnell was raising funds to complete the diocesan seminary, namely St. Eunan’s College. It is only right to point out here that O’Donnell would have been in favour of the work undertaken by the Gaelic League to provide a training college to prepare teachers to teach the language. He obviously viewed the project underway in his own diocese as a priority.¹²⁹

Sa deireadh níor ghlac Dáil Uladh le tairiscint an easpaig agus leanadh leis an rún ionad sásúil a fháil le haghaidh na hinstiúide nua. Bheadh a gcoláiste Gaeilge féin ag Gaeil Uladh i gceartlár na Gaeltachta. Is fiú a lua nár tháinig laghdú ar mhian an easpaig bualadh ar aghaidh leis an choláiste, fiú agus é lonnaithe i lár na Galltachta. Tuairiscítear in *An Claidheamh Soluis* an méid seo a leanas a bhí le rá aige fá Leitir Ceanainn:

This is a hollow fallacy; the atmosphere of our students, who are tied down to their desks for these five weeks, is very circumscribed, and is thoroughly impregnated with the healthy aroma of the very best Irish. Most of our students are fluent native speakers, and the rest must associate and converse in Irish with these, on their walks, at their recreation, in the evening reunions, etc.¹³⁰

Ba é deireadh an scéil, áfach, gur socraíodh ar cheantar Ghort an Choirce in iarthar an chontae mar ionad an choláiste nua.

Ní dócha gurb éagóir a rá go sainíonn bunú Choláiste Gaeilge Chloch Cheann Fhaola céim eile i gceist an chanúnachais i ngluaiseacht chaomhnú na teanga ag tús an chéid seo caite.¹³¹ Ba cheist í a tháinig chun solais i gColáiste Chomhghaill agus ba cheist í a mhair go láidir i gCúige Uladh go dtí lár na bhfichidí, mar atá luaite cheana. Is leor a rá anois go raibh sé mar chuspóir ag Coláiste Cholmcille oidí scoile a thumadh go hiomlán i gcanúint na gConallach mar a labhair cainteoirí dúchasacha iarthar Thír Chonaill í. Tá an cuspóir sin ríshoiléir i bpíosa bolscaireachta de chuid an choláiste a foilsíodh san *The Irish Peasant*, 11 Lúnasa 1906:

As is already known the object of this College is to help in the revival of the Northern dialect of Irish. The great object of placing the College in Cloghaneely is that here the pupils can gain proficiency in a colloquial knowledge of the language. Nowhere could they have greater advantages. For twenty miles round they will hear Irish spoken. 'Irish in the home, the school, the church.' No better an opportunity could be found in the North by those anxious to obtain certificates for teaching Irish in the schools by the new and direct method. Irish is not a dead language in Cloghaneely, but very much alive, and its people are a great example to the rest of Ulster. In spite of going to England and America for a livelihood, they still uphold their language, and the children talk it far more freely than the tongue of the foreigner which has, alas! so successfully invaded almost every part of Ulster.¹³²

6.8.3. Aighneas idir an Conradh agus an Bord (1905)

In ainneoin an amhrais a mhair idir an Conradh i leith an Bhoird agus na líomhaintí a rinneadh faoi i dtaobh chur i bhfeidhm an chláir dhátheangaigh feictear go raibh an Bord Náisiúnta sásta ligint do na coláistí Gaeilge teastais a bhronnadh ar mhic léinn ag deireadh cúrsa. Mar sin bhí na coláistí ag brath ar dhea-thoil an Bhoird i dtaca na dteastas a bhronn na coláistí ar a gcuid mac léinn.

Cuireadh an deathoil sin i mbaol i 1905 nuair a bhris aighneas amach idir Conradh na Gaeilge agus an Bord. Cúrsaí neamhspleáchais agus teistiúcháin a bhí ag croílár an aighnis seo. Theastaigh ón Bhord go mbeadh ról ag a chigirí i gcóras measúnaithe agus teistiúcháin na mac léinn. Chuir an coinníoll seo olc ar an Chonradh agus chuir an Coiste Gnó ina choinne. Dhiúltaigh an Bord, mar sin, teastais na gcoláistí Gaeilge a aithint go dtí go nglacfaí leis an choinníoll seo.

Tá go leor fianaise ann chun tacú leis an bharúil nach raibh údaráis na gcoláistí Gaeilge go hiomlán ar aon intinn le seasamh an Choiste Ghnó maidir le coinníollacha an Bhoird. Nuair a bhí muintir Choláiste Uladh, mar shampla, ag déanamh réidh i 1906 chun iarratas a chur chuig an Bhord ag iarraidh aitheantais dá gcoláiste a bhí ag déanamh réidh do chúrsa na bliana 1906, thuig siad nach gcuideodh an t-aighneas seo lena gcás.

Socraíodh go dtabharfadh an cigire Lehane cuairt neamhoifigiúil ar Chloch Cheann Fhaola ag tús Mheán Fómhair.¹³³ Go luath ina dhiaidh sin iarradh air ‘cuairt oifigiúil’ a thabhairt ar an cheantar i ndiaidh don Athair Mícheál Mac Maoláin a chur in iúl don Bhord go raibh sé i gceist aige iarratas le haghaidh aitheantais a dhéanamh. Léiríonn an comhfhreagras seo a leanas gur thuig údaráis Choláiste Uladh go raibh siad san fhaopach agus nach mbeidis in ann scrúduithe oifigiúla a eagrú. D’iarr W.B. Mac Ficheallaigh, Adm., Doire, ar an Bhord, i litir a scríobh sé chuig Lehane, cead scrúduithe speisialta a eagrú i gCathair Dhoire chun teacht thart ar na fadhbanna a chruthaigh an t-aighneas idir an Bord and an Coiste Gnó i 1906.¹³⁴ Tá an chuma ar an scéal nach raibh gach duine i gCloch Cheann Fhaola ar aon intinn leis an Chonradh, rud atá soiléir i litir an Athar Uí Mhaoláin:

I find however that owing to a resolution of the Central Gaelic League, that there is a difficulty about examinations for that purpose.

Personally I regret this owing to the stimulus that I anticipated to have come to national teachers to enter here.

I hope however that some plan may be discovered by which the National teachers can get examined by you immediately after leaving here. I understand Father Mc Feely [sic] Adm., Derry, intends to take steps to that effect.

Is mise

Do charad

M. Ó Maoláin.¹³⁵

Bhí an tAthair E. Mag Uidhir, Uachtarán Dháil Uladh, ar aon intinn le Ó Maoláin.

St. Eunan's College,
Letterkenny

1 Sept 1906

Dear Mr. Lehane,

Despite our efforts to secure examinations and inspection of the Ulster Irish College in Cloghaneely, the Gaelic League, under whose auspices and financial support the College was started, have over-ruled our decision. It is with deep regret I find myself obliged to communicate to you this fact.

Sincerely,
E Maguire.¹³⁶

Shocraigh Coláiste Uladh gan cur isteach ar aitheantas oifigiúil i 1906 muna mbeadh an Bord sásta socrú speisialta a dhéanamh dó agus scrúduithe an Bhoird a eagrú lasmuigh de Chloch Cheann Fhaola. Seo mar a chuireann Lehane síos ar chruinniú a bhí aige leis an Dochtúir Mag Uidhir i gcomhfhreagas inmheánach an Bhoird, dar dáta 9 Meán Fómhair 1906:

Re. Cloghaneely Irish College

I had an interview with Rev. Dr. Maguire, President of Dáil Uladh, and the applicant for inspection. Rev. Dr. Maguire told me that the Gaelic League, under whose auspices the College is conducted, much to his regret, objected to having the College connected with the National Board.¹³⁷

De réir cosúlachta, thug an Dochtúir Mag Uidhir litir don Uasal Lehane agus ghlac Lehane ón méid a bhí scríofa ag Mag Uidhir go raibh údaráis Choláiste Uladh ag tarraingt siar a n-iarratas le haghaidh aitheantais oifigiúil. Dhiúltaigh Lehane cás speisialta a dhéanamh do Choláiste Uladh, mar go mbeadh sé ‘officially irregular for me to hold examinations as requested’.¹³⁸ Dhearbhaigh an Bord cinneadh Lehane, 20 Meán Fómhair 1906,¹³⁹ a léiríonn go raibh an Bord dáiríre faoi ghreim a choimeád ar na himeachtaí a bhain le scrúdaithe sna coláistí Gaeilge.

Lean an tAthair Mac Ficheallaigh lena fheachtas féin chun scrúduithe speisialta a eagrú do lucht an chéad chúrsa sa Choláiste in 1906. Níl sé soiléir go raibh tacaíocht údaráis Choláiste Uladh aige agus mar sin caithfear glacadh leis go raibh sé ag treabhadh an ghoirt seo as a stuaim féin. De réir na litreach a scríobh sé chuig an Bhord bhí sé dóchasach go mbeadh deichniúr n-oidí scoile aige le dul faoi scrúduithe an Bhoird i bPort an Dúnáin nó i gCathair Dhoire ag tús Dheireadh Fómhair.¹⁴⁰ Dhiúltaigh an Bord dá achainí:

As the college is not recognised it is to be assumed that this request for specified examination of the students ... cannot be granted and that the Rev. Mr. McFeely should be advised that the Commissioners have arranged for an Annual examination – to be held in July – at which candidates may be examined in Irish for the purpose of obtaining certificates of competency in that subject.¹⁴¹

Bhí tionchar ag an aighneas seo ar Choláiste na Rinne. Tharraing coiste an choláiste siar a iarratas ar aitheantas an Bhoird. I lár mhí Iúil 1906 scríobh Pádraig Ó Cadhla mar seo a leanas chuig coimisinéirí an Bhoird:

Gentlemen,

On account of the unsatisfactory relations existing between the National Board and the Gaelic League with reference to the position of Irish in the National Schools I am directed by the authorities of the above College to state that they decline to accept any grant on behalf of National Teachers attending a course at this school.¹⁴²

Is beag eolas atá ann faoin dóigh ar reitíodh an t-aigneas idir an Conradh agus an Bord. Dar le Donncha Ó Súilleabháin, gur ‘ghéill an Bord agus cuireadh teastais na gColáistí ar chomhchéim le teastais an Bhoird féin,’¹⁴³ agus gur ghlac bunús na gcoláistí le hairgead an Bhoird. Is léir, freisin, go raibh an Bord ag iarraidh tacú leis na coláistí ar bhealach eile. Dar le Ó Súilleabháin bhí trí chigire dhéag ón Bhoird ag freastal ar ranganna i gColáiste Laighean, Baile Átha Cliath, rud a léirigh go raibh an Bord ag déanamh iarrachta ‘coimeád ar chomhchéim le dul chun cinn na Gaeilge’.¹⁴⁴ Cibé scéal é, bhí an t-aigneas réitithe fán bhliain 1907, nuair a bronnadh aitheantas oifigiúil ar Choláiste na Mumhan, Coláiste Uladh, Coláiste na Rinne, Coláiste na gCeithre Máistrí, Leitir Ceanainn agus Coláiste Chomhghaill, Béal Feirste.¹⁴⁵

Chuaigh na coláistí Gaeilge i mbun a gcuid oibre go dtí 1912 nuair a thug an Bord le fios go raibh coinníoll sa bhreis le comhlíonadh ag coiste Choláiste na Mumhan nuair a bhronn an Bord aitheantas ar Scoil Gheimhridh Choláiste na Mumhan, 19 Samhain 1913. Ba é sin ‘that the Board’s inspector be associated with the Professors of colleges for the teaching of Irish in the examinations for the award of certificates is to be required in future in the case of all applications for the recognition of new colleges, or branches of existing Colleges.’¹⁴⁶ B’ é seo ‘an riail nua’ a chothaigh conspóid leanúnach idir na coláistí Gaeilge agus an Bord. Is fiú a

thabhairt faoi deara gurb é sin an coinníoll a leag an Bord ar Choláiste Bhríde, Ó Méith nuair a d'fhógair an Bord aitheantas oifigiúil an choláiste:

Ordered – That the Omeath College for the teaching of Irish be recognised on the usual conditions – the Board's Inspector of Irish to be associated with the College professors in the examination for the award of certificate.¹⁴⁷

Féachfar ar an aighneas a spreag an riail nua seo in 6.8.5.

6.8.4. Easaontas i gColáiste Chonnacht i ndididh bhás Mhíchíl Bhreathnaigh 1910

Ní hé an Bord Náisiúnta an t-aon fhoinsé conspóide i scéal na gcolaistí Gaeilge. Tharla easaontas i scéal Choláiste Chonnacht a d'fhág a rian ar shaol na gcolaistí san iarthar ó shin.

Bhí dóchas ag ceannródaithe an choláiste gur údar aontais é an coláiste a bhunaigh siad i dTuar Mhic Éadaigh do mhuintir an chúige sa bhliain 1905.¹⁴⁸ Léirítear go soiléir go raibh an-éileamh ar an oiliúint a bhí á cur ar fáil ann agus, de réir dealraimh, ba é an t-éileamh seo ba chúis leis an ghá coláiste eile a oscailt sa Spidéal, Co. na Gaillimhe. Tugann J.A. Mag Fhloinn le fios go raibh gá le hinstiúid nua a chur ar bun chun an brú a bhí tagtha ar an choláiste i dTuar Mhic Éadaigh a réiteach.¹⁴⁹ Bheadh an coláiste nua faoi údarás Choláiste Chonnacht, Tuar Mhic Éadaigh agus bheadh an Dr. Seán Mac Enrí, M.A., M.D., Ard-Ollamh ar Choláiste Laighean, Baile Átha Cliath, le ceapadh ina Ard-Ollamh ar an choláiste nua agus Tomás Mac Domhnaill agus Tomás Ó Colmáin le ceapadh ina n-ollúna

ins an institiúid nua. Seo a leanas mar a fógraíodh plean choiste an choláiste in *The Freeman's Journal*, an 5 Lúnasa 1910:

The success of the Connacht College at Tourmakeady last year raised the question whether it was better to enlarge the existing college so as to meet the entire demand or to set up a new one further on, an overflow of the first. In the end, Tourmakeady has been enlarged and a separate college has been opened at Spiddal, under the direction of Dr. S.P. Mac Enrí as Head Professor; and friends of the Irish language will welcome the decision and hope great things from the new institution.¹⁵⁰

Chuidigh an tArdchigire Mangan leis an iarratas agus mhol sé do na coimisinéirí go mba cheart don Bhord aitheantas sealadach a bhronnadh ar an choláiste nua.

9 July 1910
Gentlemen.

With reference to the attached application requesting that the opening of a College for the teaching of Irish at Spiddal under the management of the same committee as controls the Connacht College for the teaching of Irish at Tourmakeady, Ballinrobe may be sanctioned I beg to say that I think the Commissioners should give favourable consideration to this request, and that provisional recognition should be given to the proposed college, pending the receipt of a report from the inspector as to the suitability of the building where the instruction in Irish is to be given, and as to the accommodation available for the housing of those who attend the college.¹⁵¹

Ins an meamram céanna léirigh sé tábhacht na scoileanna dátheangacha sa Spidéal agus sa cheantar thart timpeall, a chuideodh, dar leis, le haidhmeanna an choláiste a chur i bhfeidhm.

There is a good deal of Irish spoken in County Galway, and this is especially the case in Spiddal and its neighbourhood. The bi-lingual programme is taught in many schools in the county. The failure of the teachers in these schools to make the Bi-Lingual Programme as successful as it might be made is very often due to the fact that they have no specific training in teaching a language

different from English. The establishment of a College or school in their midst where special attention will be given to the best methods of teaching Irish cannot fail to be of use to the teachers, and to promote the interests of education in general throughout the district. The programme of studies, and the timetable are satisfactory. The Professors are competent for the work that they undertake to do.¹⁵²

Bhí Tomás Ó Colmáin ina phríomhoide i Scoil Náisiúnta an Spidéil. Léirítear i bhfoinsí eile, áfach, nach cúrsaí éilimh amháin a luigh taobh thiar de bhunú Choláiste Chonnacht, An Spidéil i 1910.

Bhris easaontas amach i ndiaidh bás Mhichíl Bhreathnaigh, Ard-Ollamh Choláiste Chonnacht, Tuar Mhic Éadaigh in 1908 nuair a chuaigh an coiste i mbun duine a cheapadh ina áit. Seo a leanas mar a chuireann Proinsias Mac Aonghusa síos ar an chonspóid:

Theastaigh ó Choiste an Choláiste an post a thairiscint don Dr. Seán P. MacEnrí. Ach ba é Padraig Ó Domhnalláin, an scríbhneoir as Íochar Ard i gContae na Gaillimhe agus céad rúnaí Chraobh Uachtar Aird den Chonradh, an t-aon iarrthóir foirmeálta a bhí ann. Duine den scoth amach is amach é a chaith a shaol in obair an Chonartha agus an náisiúin. Ní raibh locht dá laghad air ag an gCoiste ach gur ceapadh an Dr. Mac Enrí a bheith níos feiliúnaí. Dhiúltaigh an tArdeaspag aon aird a thabhairt ar thuairimí an Choiste. Eisean a bhí sa Chathaoir. Bhí díospóireacht ghéar ann agus sa deireadh dúirt Healy: ‘Is liomsa an Coláiste agus tig liomsa mo rogha rud a dhéanamh leis. Ceapfaidh mé féin an tArd-Ollamh agus ceapfaidh mé mo rogha féin múinteoirí don Choláiste.’

Ar ndóigh, is ag an Ard-Easpag a bhí an ceart maidir le húnéireacht an t-oirgnimh; ba le hard-Fhairche Thuama é. Ach dar leis an gCoiste gur leo féin ‘an coláiste’ agus gurbh é an Coiste a bhí ina bhun.¹⁵³

Níor tháinig an tArdeaspag go maith as an chonspóid, dar le Mac Aonghusa. Dar leis, ‘foilsíodh tuairiscí ar an raic agus tugadh le fios drochmheas a bheith ag an Ard-Easpag ar thuataigh. ‘I would not give a pinch of snuff for their opinion’, a

dúirt sé leis an gCoirnéal Muiris Ó Mórdha'.¹⁵⁴ Sa deireadh tháinig na páirtithe ar réiteach. Dar le Mac Aonghusa ní raibh Coiste Gnó an Chonartha sásta leis an treo ina raibh an chonspóid ag dul.

Cinneadh gan aon cúnadh airgid a thabhairt do Choláiste Chonnacht más institiúid príobháideach faoi cheannas an Ard-Easpaig a bheadh ann agus nach Coláiste faoi riail dhaonlathach é. Is i méid a chuaigh an clampar. Bhí sé i gceist an Coláiste i bPártraí a dhúnadh agus a athbhunú áit éigin eile. Ach deineadh síocháin. Socraíodh gurbh é an Coiste a bheadh i mbun cheapadh na múinteoirí agus leagan amach chlár oibre na scoile mar a bhí ón tús, agus go mbeadh an tArd-Easpag i mbun chúrsaí móráltachta agus smachta.¹⁵⁵

Ba é an toradh a bhí ar an scéal ná go ndeachaigh lucht tacaíochta an Dr. Mhic Enrí a mbealach féin. De réir Sheáin Uí Neachtáin, 'le grá don réiteach níor bhrúigh na heasaontóirí a dtogha féin i gcoinne an Ardeaspaig, ach mar sin féin bhí an dochar déanta. B'as seo a tháinig an tuairim a bhí ag cuid de bhaill an choiste Coláiste nua a bhunú'.¹⁵⁶

Tógann Nollaig Mac Congáil ceist ionad na n-institiúide nua.¹⁵⁷ Socraíodh ar an Spidéal, dar leis, de bharr shaibhreas agus neart na Gaeilge sa cheantar. Luann sé tuairim Thomáis Uí Cholmáin a bhí ag scríobh i 1911 mar seo a leanas:

I would term the village of Spiddal the capital of the Irish-speaking West ... From daily experience in the school I was able to observe a point that may escape the attention of the passing tourists – that even the youngest children from the Galway side of Spiddal were as intensely Irish-speaking as those who came to us from the west. This is the best test of an Irish-speaking district.¹⁵⁸

Bhí an moladh céanna le clos i bhfocail Sheáin Mhic Enrí lá oscailte an choláiste agus é ag cur síos air mar ‘an gceantair is Gaedhealaighe i nÉirinn is i gConamara’.

Lean sé air á mholadh mar seo a leanas:

Ní raibh aon dúthaigh mhór i nÉirinn atá níos Gaedhealaigh ná an ceantair san. Tá an teanga chomh beo beathadhach bíodhgamhail annsin ... is bhí sé le linn Aodha Ruaidh Uí Néill ag cur ruaige ar Ghallaibh ag Beinn Buirb. Má ghníomh na sgoltacha go léir a ndualgas níl meath na éag i ndán don Ghaedhilg i gConamara le congnamh Dé. Tá sí dá labhairt ag sean agus óg. Is í an t-aon teanga amháin í a labhras na páistí go dtéighidh siad ar sgoil agus is í an teanga dheireannach í a labhras an seanóir agus é ar leabaidh a bháis. Is í an teanga í a labharthar ar mhargadh agus ar aonach, ar bhóthar agus i ngort, sa teampall agus cois teallaigh.¹⁵⁹

Níorbh í neart na Gaeilge amháin a mheall ceannródaithe Choláiste Chonnacht go dtí an Spidéal. Chuidigh áiseanna taistil agus buanna na timpeallachta thart timpeall air go mór leis an chinneadh. Bheadh buntáistí sláinte ag baint le suíomh cois farraige mar go raibh an eitinn ag bagairt i gcónaí in Éirinn ag an am agus chuidigh saoire cois trá chun an galar a choimeád ar shiúl.

Is léir, áfach, gur mhair an seanteannas idir an dá fhoireann go fóill. Scríobh ball foirme i dTuar Mhic Éadaigh, Pilib Ó Bhalldrain, an méid seo a leanas ins an *Connacht Tribune* go mall sa bhliain 1909, agus tá sé soiléir ón méid a scríobh sé nach raibh achan duine sásta leis An Spidéal, suíomh an choláiste nua. Cé go raibh áthas air go raibh an coláiste nua le bunú i gCo. na Gaillimhe dar leis ba bhagairt é coláiste nua d’obair mhuintir Thuar Mhic Éadaigh. Luaigh sé go háirithe suíomh an choláiste nua a bhí suite ar an taobh thuaidh de Chuan na Gaillimhe. Dar leis d’éireodh níos fearr leis an choláiste nua dá mbeadh sé suite níos faide ó dheas i

gContae an Chláir. Seo a leanas roinnt de na hargóintí a chuir sé os comhair an phobail, agus é ag lorg tuairimí ó na ‘Irish Irelanders’ i gCúige Chonnacht:

A college so situated would undoubtedly interfere with the success of our dear old Connacht College, would it not? Connacht College was not very far removed from Galway on the northern side. Some time ago a Western Gael suggested that a College be established somewhere on or near the boundary of Clare or Galway, on the southern or south-western side of Galway Bay. His reasons were that the county of Clare was the only county in the Gaeltacht in which the Connacht and Munster Idioms were practically inseparably bound together in all their old sweetness and purity and, secondly, that in Clare was the Royal residence of the Kings of North Munster and of Éire’s greatest Ard-Rí, and that the very best Irish in North Munster must have been spoken in and around the Royal Palace and must still remain with the Gaeilgeorí.¹⁶⁰

Bhí an lá ag Mac Enrí agus a chairde, áfach, agus osclaíodh Coláiste Chonnacht go hoifigiúil ar An Spidéal 8 Lúnasa 1910.¹⁶¹

6.8.5. Comhdháil na gColáistí Gaeilge

De réir mar a tháinig méadú ar líon na gcoláistí Gaeilge seo bhí baol ann go rachadh an forás seo ó smacht agus go dtitfeadh caighdeán na hoibre iontu. Spreag stádas nua na dteastas méadú ar líon na múinteoirí a bhí ag iarraidh freastal ar na cúrsaí a bhí á reáchtáil ag na coláistí. In Aibreán 1912 tionóladh comhdháil do na coláistí Gaeilge i mBaile Átha Cliath chun eagar a chur orthu, chun caighdeán na hoibre a bhí ar siúl sna coláistí éagsúla a phlé, chun slat tomhais d’obair na gcoláistí a leagan síos agus chun cur i gcoinne idirghábháil an Bhoird i ngóthaí inmheánacha na gcoláistí.

Níorbh é seo an chéad uair a rinneadh iarracht eagar a chur ar ghluaiseacht na gcoláistí Gaeilge. I Meitheamh 1907 d’eagraigh Seoirse Ó Muanáin, Coláiste

Laighean cruinniú, ‘when a basis was laid down upon which certificates, should be granted by the Colleges’.¹⁶² Bhí an Dr. Ó Síocháin, an Dr. Ó Dálaigh, an tAthair G. Ó Nualáin, Úna Ní Fhaircheallaigh, Dr. Mac Enrí, M.A., P. Ó Ferrain agus Seán Ó Cuív i láthair ag an chruinniú sin. Socraíodh ar an chlár oibre seo a leanas don chruinniú:

1. Election of Chairman and Secretary
2. Discussion with a view to agreement and common action by the Colleges on the following points:
 - a. Form and nature of Diplomas or Certificates
 - b. Minimum attendance necessary to qualify for certificates or diplomas; provision being made for students who have attended courses in other colleges
 - c. Standard of proficiency to qualify for Certificates or Diplomas
 - d. The nature (or procedure) of the examination
 - e. The courses or subjects for the various examinations
 - f. Extension to students who have done satisfactory courses in other colleges of specific privileges such as reductions of fees, permission to specialise, etc.
 - g. Making provision when arranging courses for students who have attended other Colleges
 - h. Subsidiary matters such as singing, dancing, etc.
 - i. Periodic circulation by Colleges by Coisdi Ceanntair Managers and of lists of prospective teachers who have obtained high distinctions.
2. The Colleges and the National Board.¹⁶³

In ainneoin iarrachtaí Uí Mhuanáin na coláistí Gaeilge a thabhairt faoi scáth comhdhála theip air agus lean na coláistí leo ar bhonn neamhspleách.¹⁶⁴

Níorbh fhada, áfach, go ndearnadh iarracht eile na coláistí Gaeilge a eagrú arís, agus ba é an cur in éadan an Bhoird a thug fuinneamh do chruinniú na comhdhála in Aibreán 1912. Ba é Coiste Oideachais an Chonartha a d’eagraigh í agus bhí feisirí ó achán coláiste Gaeilge i láthair. Bhí an Conradh ag iarraidh go gcuirfí cinnteacht leis an chomhdháil. Dhiúltaigh Coláiste na Mumhan, Ard-Scoil Ultach,

Béal Feirste agus Coláiste na gCeithre Máistrí, Leitir Ceanainn feisirí a chur chun na comhdhála. Is léir nach raibh lucht na gcoláistí seo sásta go mbeadh lámh ag an Chonradh i reáchtáil na gcoláistí Gaeilge. Tugtar an t-eolas seo a leanas faoi thinreamh an chruinnithe sin in *An Claidheamh Soluis*, dar dáta 18 Bealtaine 1912:

A conference of representatives of the various Gaelic Training Colleges, convened on the initiative of the Education Committee of the Gaelic League, was held in the Gaelic League offices, Dublin, on 21st April. The following Colleges were represented: Connacht College (Spiddal), Dr. Mac Enri, M.A., Principal; Ulster College (Cloghaneely), Miss Agnes O'Farrelly, M.A., Principal; Leinster College (Dublin), Dr. G.A. Moonan, B.L., Hon. Secretary; Coláiste Comhghaill (Belfast), Mr. J. O'Cathain, Principal; Coláiste an Daingin (Dingle), Mr. Pádraig Ó Sioghradha ('An Seabhac'). Notifications of co-operation on the parts of Ring College and of Connacht College (Tourmakeady), respectively, were received from Rev. Dr. Sheehan and Mr. Pádraig O Domhnallan, who regretted their inability to attend the conference. Letters in connection with the conference were also received from Colaiste na Mumhan (Ballingeary), Ballinasloe Gaelic College, Ard-scoil Ultach (Belfast)¹⁶⁵, Eoghan O'Curry College (Carrigaholt, Co. Clare), Castlebar Gaelic School, Carberry School (Skibbereen).

In the course of his letter the Rev. Dr. Sheehan said that the Committee of the Ring College would do their best to co-operate with the other Colleges with regard to the securing of a high standard for all the certificates issued by the various colleges.

Miss A. O'Farrelly, M.A. was moved to the chair and Mr. G.A. Moonan, B.L., was appointed Hon. Secretary.¹⁶⁶

Caighdeán na dteastas agus riail an Bhoird maidir le ról na gcigirí a bhí ag croílár an chruinnithe. Glacadh leis an mholadh seo a leanas a leagfadh síos bunchaighdeán na dteastas a bhronnfaí sna coláistí:

This Conference declares it is most desirable in order to maintain the high standard of proficiency for the certificates and other distinctions of the Gaelic Training Colleges, that the recognised Colleges should agree upon a uniform minimum standard, and that no certificate should be granted to students who fail to satisfy the requirements of this standard.¹⁶⁷

Rinneadh caighdeánú ar chlár oibre na gcoláistí agus glacadh leis na moltaí soiléire seo a bhain le modhanna teagaisc agus ullmhúcháin:

METHOD OF TEACHING

- (I) Teaching of prepared lesson.
- (II) Teaching of lesson prepared on short notice, and under supervision (this is to be used as a check upon the *bona fide* character of the prepared lesson).
- (III) Notes on the prepared lesson in proper form to be submitted and credit to be given therefore in calculating marks.
- (IV) The prepared lesson to deal with any of the declensions of the article, adjective, or noun, and with the conjugation of the regular and irregular verb, exempting the subjunctive and the “autonomous” form.
- (V) Teaching of the object lesson, including a simple lesson in composition from objects or pictures.
- (VI) Teaching of a reading lesson.
- (VII) Formal lecture on general methods of language teaching to be given during the course, and students’ knowledge thereof to be tested by written and oral questions.¹⁶⁸

Glacadh le moltaí a bhain le cúrsaí foghraíochta, cúrsaí cainte agus cúrsaí staire a bhí le leanstan mar chuid de churaclam na gcoláistí seo, agus maidir le cúrsaí scríbhneoireachta glacadh le trí mholadh:

- (I) Texts. Selection of texts to be left to various Colleges, but they should be taught through Irish, and the students’ knowledge of them should be tested solely through Irish.
- (II) Grammar. Practical knowledge of grammar of Irish. Students should be tested both as to the knowledge of formal grammar and its working application.
- (III) Composition. Free Composition in nature of an original impromptu essay.¹⁶⁹

Is léir go raibh faitíos ar fheisirí na gcoláistí go dtiocfadh méadú leanúnach ar líon na gcoláistí Gaeilge agus is cosúil gur bhraith siad nach chun a leasa é seo. Glacadh leis an mholadh seo a leanas d’aonghuth ag an chomhdháil:

That in order to prevent the lowering of the standard of efficiency of the work which is being done by the Gaelic Training Colleges, we call upon the National Board not to recognise any proposed College the establishment of which would result in a harmful multiplication of such Colleges, and also not to recognise any such proposed institution which does not offer a good prospect of successful working and efficient teaching.¹⁷⁰

6.8.6. Coláiste na Mumhan agus Comhdháil na gColáistí Gaeilge 1914

Mas í fógairt na rialach nua sa bhliain 1912 ba chúis leis an aighneas a tharla idir Coláiste na Mumhan agus an Bord ba é neamhspleáchas an choláiste a chothaigh tuilleadh easaontais le Comhdháil na gColáistí Gaeilge. Nuair a cuireadh an Chomhdháil ar bun sa bhliain 1912 chun na coláistí neamhspleácha seo a tharraingt le chéile, ní raibh coiste an choláiste sásta glacadh le treoir na Comhdhála maidir le cúrsaí caighdeáin. Rinne an Bord iarracht riail nua a chur i bhfeidhm chun go ligfí dá chigirí a bheith i láthair ag na scrúduithe sin. Throid an Chomhdháil agus Coláiste na Mumhan go láidir i gcoinne chur i bhfeidhm na rialach sin, ach is fiú a lua anseo nár ghlac muintir Bhéal Átha an Ghaorthaidh aon pháirt i ngíomhaíocht oifigiúil na Comhdhála ó cuireadh ar bun í. Bhí níos mó ná riail nua an Bhoird i gceist i seasamh Choláiste na Mumhan in éadan na Comhdhála.

Feictear cé chomh tábhachtach agus a bhí an neamhspleáchas i saol na hinstitiúide nuair a fuair coiste Choláiste na Mumhan cuireadh ó Sheoirse Ó Muanáin, rúnaí Chomhdháil na gColáistí Gaeilge, a bheith i láthair i mBaile Átha Cliath. Léadh litir Uí Mhuanáin ag cruinniú an choiste in Aibreán 1914. Ba é aidhm an chruinnithe úd ná ‘to clarify and defuse misapprehensions ... Munster would not agree to accept the Constitution which the affiliated colleges agree to regarding the minimum standard for certificates prepared by their representatives’.¹⁷¹ Bhí Ó Muanáin ag iarraidh teacht ar chomhréiteach nuair a scríobh sé, ‘there is no desire to impose

any external pressure or control or interference beyond the common agreement of all concerned'.¹⁷² Tuairiscítear in *Freeman's Journal* gur chuir Seán Ó Cuív go paiseanta i gcoinne chuireadh Uí Mhuanáin.

Ó Cuív explained at the meeting that the Munster College Committee had already refused to go into any conference for the fixing of a common standard for all colleges. Like the minimum wage the minimum standard would in practice work out as the maximum, and the Munster College Committee did not think it desirable that such methods, however they might suit modern industrial life, should be introduced into the education life of the Gaelic Colleges.¹⁷³

Bhí an tAthair Abhaistín as láthair ón chruinniú ach scríobh sé litir a léadh ag an chruinniú. D'áitigh an litir nár chóir baint ar bith a bheith ag Coláiste na Mumhan le Comhdháil na gColáistí Gaeilge. Ag tús na litreach tógann sé ceist na saoirse a bhain le smaointe an Athar Peadar, arbh é, dar leis, 'the real foundation of the Irish language movement of to-day ... He has always stood for liberty to write the language as he heard it spoken in his youth, and at the present time there is urgent need for the preaching of freedom within the circle of those who are manfully striving to push forward the cause of our Irish speech'.¹⁷⁴ Lean an tAthair Abhaistín leis mar seo a leanas, ag cur i gcoinne riail na Comhdhála:

It is not by petty regulations regarding programmes, or by narrow views regarding standards, or by official red tape concerning certificates that real Irish education is to be furthered or genuine Irish culture to be served. These are all secondary matters [that] can be very well in the hands of the individual colleges, and so special a body of men should have the power of laying down the law concerning them. Conferences can serve very useful purposes at times, especially when the cause of Irish education is at stake, but, I for one, should be strongly opposed to any attempt on the part of such a conference to legislate for individual colleges, be they Gaelic or otherwise. Give the colleges the greatest possible liberty to cultivate their own ideals, to follow out their own plans, to develop along their own lines, and thus promote real Irish culture. That is always what we have tried to do in Coláiste na Mumhan, and

that is the only way of fostering the germ of good which the College contains ... We may very soon have to face a big fight in Ireland if cast iron rules regarding examinations, standards, and certificates are sought to be imposed on us and the sooner we strike out against these things as being opposed to the truest interests of all educational institutes the better for ourselves.¹⁷⁵

Glacadh d'aonghuth leis an rún a cuireadh os comhair an chruinnithe nach gcuirfeadh Coláiste na Mumhan toscairí chuig cruinniú na Comhdhála. In ainneoin na n-iarrachtaí a rinneadh Coláiste na Mumhan a tharraingt isteach sa Chomhdháil sheas Ó Cuív agus lucht an choláiste an fód. Mhínigh sé an seasamh a thóg an coiste i litir a foilsíodh in *Freeman's Journal*, 28 Aibreán 1917.

Munster College has remained independent of the Conference founded in 1912. It certainly was not because the Munster College, in its courses and instruction, or in its examinations, could not 'reach' the uniform standard referred to in the report.

For many years efforts have been made to establish an artificial uniformity in the value of the certificates granted by all of the Gaelic Colleges. The Munster College Committee have opposed such efforts, believing that there are inherent differences in the colleges (in the teaching power of the staffs and in the texture of the language taught, etc.), which would differentiate them from each other, notwithstanding any resolution declaring them all to be equal that might be passed by a show of hands at a conference. 'Conferences', wrote Father Augustine in 1914, 'can serve useful purposes at times especially when the cause of genuine Irish education is at stake,' but I, for one, should be strongly opposed to legislate for the individual colleges, be they Gaelic or otherwise.¹⁷⁶

6.9.0. An díospóireacht faoi mhodhanna teagaisc

Is é an modh díreach a bhí in úsáid sna coláistí Gaeilge. Glacadh leis mar gurbh é modh teagaisc oifigiúil an Chonartha é tar éis díospóireachta a bhris amach idir 1900 agus 1903 laistigh den Chonradh, nuair a rinneadh iarracht teacht ar bhealach chun caighdeán ranganna na gcrabha a fheabhsú.¹⁷⁷ Bhí Conraitheoirí ag éirí imníoch faoi easpa líofachta na bhfoghlaimoirí a bhí ag freastal ar a gcuid

ranganna. Cuireadh an milleán ar an bhéim a cuireadh ar leabhar an Athar Uí Ghramhnaigh sna ranganna seo agus ar an ghramadach.

Cuireadh Peadar Mac Fhionnlaoich as Gleann na Finne i dTír Chonaill, nó ‘Cú Uladh’ mar a bhíodh aithne air fosta, i mbun na hoibre seo. Rinne sé staidéar ar obair an teangeolaí Bheilgigh, Francois Gouin. Mhol Mac Fhionnlaoich modh teagaisc a bhí bunaithe ar fhealsúnacht Gouin ina leabhar *The handbook of Irish teaching* a tháinig amach i 1903. Bhí trí bhunphrionsabal ag baint leis an mhodh seo: chun teanga a fhoghlaim ní mór an bhéim a chur ar mheán na cluaise in ionad ar mheán na súile; b’fhearr i bhfad an teanga a fhoghlaim in abairtí in ionad focal aonair; agus leis an straitéis seo go spreagfaí an foghlaimeoir chun smaoineamh i nGaeilge.

Tá sé feicthe gurbh é an modh díreach a cuireadh i bhfeidhm sna coláistí Gaeilge, mar atá le feiceáil ó na cáipéisí a chuir údarais na gcoláistí chuig an Bhord Náisiúnta. Mar sin bheadh na múinteoirí taistil a d’fhreastail ar na coláistí, oilte i mbunphrionsabail an mhodha dhírigh a bhí bunaithe ar thábhacht na cainte.

I 1913 d’fhógair coiste Choláiste Bhríde, Ó Méith go hoscailte gurbh é Coláiste Bhríde Ó Méith ‘The Conversational College’. Maíodh gurbh é ‘Father O Tuathail’s Famous Phrase Method’ a bhí in úsáid ann.¹⁷⁸ Is fiú a lua anseo go raibh Eoin Mac Neill fós in ainm a bheith ina Ard-Ollamh i 1920, cé go raibh Lorcán Ó Muireadhaigh ag feidhmiú mar Uachtarán ar an Choláiste le dornán de bhlianta cheana féin. Tá an chuma ar an scéal, mar sin, go raibh Coláiste Bhríde imithe ar a bhealach féin, ó thaobh an mhodha teagaisc a bhí á chur i bhfeidhm ann. Bhí droim

tugtha aige leis an mhodh dhíreach, a bhí i bhfeidhm go hoifigiúil ag an Chonradh ina chuid coláistí ar fud na hÉireann.

6.9.1. An Modh Ráidhte agus an tAthair Domhnaill Ó Tuathail

Bheadh sé fíor-dheacair do mhúinteoir an lae inniu a thuiscint cé chomh tógtha agus a bhí Eoin Mac Néill agus a chomhChonraitheoirí le modhanna teagaisc na Gaeilge. Mar sin féin, is fiú buille faoi thuairim a thabhairt agus a rá go dtaispeánann seo cé chomh paiseanta agus a bhí an dream seo faoi chás na teanga agus iad ag saothrú ar son slánú na Gaeilge ag tús an chéid seo caite.

Scríobh Eoin Mac Néill litir chuig an Athair Domhnall Ó Tuathail ar an 25 Meán Fómhair 1913 ina léiríonn sé dúthracht na nUiltach don mhodh teagaisc a thug Ó Tuathail chun blátha. Agus cé gurbh é Ó Tuathail a thiomáin an modh seo in Éirinn is cinnte go dtéann sé siar tamall maith roimhe sin go dtí lár an naoú haois déag, nuair a bhí grúpa d'oideachasóirí ag moladh an mhodh nádúrtha.¹⁷⁹ Mhol N.M. Petersen, an t-oideachasóir Lochlannach, úsáid an mhodha nádúrtha. I measc na mbunphrionsabal atá taobh thiar de tá béim ar leith ar chleachtadh cainte atá bunaithe ar eispéireas an fhoghlaimora féin:

The natural method of learning language is by practice. That is the way that one's native language is acquired. The pupil becomes acquainted with the elements and absorbs them, as it were, into his soul in their entirety before he is consciously able to separate and account for the single parts and their special relations; ... The logical consequence of this, then, is that as a rule one cannot begin with grammar in teaching languages to a child of ten or twelve. His first years at school ought to give him merely materials; he ought to collect experiences (that is a child's delight), but not speculate over them. ... Paradigms ought by all means to be given, but should never be learned by heart in a rigmarole-fashion.¹⁸⁰

Tá sé soiléir nach ionann fealsúnacht an mhodha seo agus an modh a bhí i bhfeidhm ag an Chonradh, maidir le tábhacht na gramadaí, ar aon nós. De réir bhunphrionsabal an mhodha nádúrtha tugadh tús áite don chomhrá.

6.9.2. Eoin Mac Néill agus an tAthair Domhnall Ó Tuathail

In Ó Meith dó, scríobh Mac Néill dhá litir dar dáta 25 Meán Fomhair 1913 chuig an Athair Domhnaill Ó Tuathail. Nochtann sé an frustrachas agus an mhíshástacht a bhraith sé le húsáid an mhodha dhírigh. Ins an litir, atá i mbailiúchán Pháipéir Uí Thighearnaigh i gCartlann Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, labhraíonn sé go hoscailte ar dtús faoi céard a bhí uaidh:

I am committed to a radical change in the training of teachers of Irish. Here are the stages of my conversion:

- (1) Dissatisfaction with Modh Díreach as it is used, and in the hand of one of the best teachers in Ireland.
- (2) Your demonstration of the natural method.
- (3) My own experience here with the ‘bun-rang’, practically beginners.
- (4) Realizing when Irish becomes an ordinary subject in the lower standards, Modh Díreach is not the thing.¹⁸¹

Scríobh Mac Néill chuig Ó Tuathail mar go raibh sé beartaithe ag coiste Choláiste Bhríde dhá ionad a bhunú chun cur le hobair an Choláiste taobh amuigh de mhíonna an tsamhraidh nuair a bheadh an Coláiste oscailte. Bhí sé i gceist ag lucht an Choláiste ionad a bhunú in Iúr Cinn Trá, faoi stiúir Shéamais Uí Bhaoighill, agus ionad eile a bhunú in nDún Dealgan. Cionn is go raibh Peadar Ó Dubhda fostaithe mar mhúinteoir ag Craobh an Chonartha i nDún Dealgan agus go raibh sé ina bhall ar fhoireann teagaisc Choláiste Bhríde bhí sé beartaithe ag Mac Néill go mbeadh Ó Dubhda i mbun gnóthaí ansin. Bhí sé i gceist ag Mac Néill go mbeadh an modh

nádúrtha nó an modh ráidhte in úsáid i rith na bliana ins an dá ionad seo agus go mbeadh deis ag lucht an Choláiste múinteoirí a oiliúint ins an modh teagaisc, ar an dóigh chéanna is go mbeadh an Conradh ag iarraidh múinteoirí a oiliúint de réir an mhodha dhírih.

Níl aon amhras ann ach go raibh ard-mheas ag Mac Néill ar Ó Dubhda mar mhúinteoir. Ins an litir chuig an Athair Ó Tuathail atá luaite thuas deir sé:

Suppose we have the Dundalk centre with Peadar in charge. He has Modh Díreach at his finger ends. He has never even experimented with the Nature system, as a basis. He will draw up a set of lessons for himself. No other available teacher will do it.¹⁸²

In áit eile sa litir chéanna scríobh Mac Néill:

Look at Peadar Ó Dubhda. He knows the subject; he is bright and ready, he is capable of his best work, and still he is willing to think that Modh Díreach is the fruit of wiser brains than his and to stick to it loyally. Peadar will do the same for the Nature method when it goes on the programme and will be as good as the best at it. He won't initiate it.¹⁸³

Léiríonn Mac Néill cé chomh láidir agus a chuir sé i gcoinne pholasaí an mhodha dhírih, a bhí á chur i bhfeidhm ag an Chonradh ina chuid coláistí. Agus tá sé soiléir freisin gur mhothaigh sé nach gcuirfí failte uilíoch roimh a thuairimí i measc lucht na hathbheochana.

I gceann den dá litir a scríobh Mac Néill chuig Ó Tuathail leagann sé amach cad go díreach a bhí uaidh ón tsraith ceachtanna a bhí sé ag lorg ó Ó Tuathail chun go mbeadh an Ghaeilge agus an foghlaimeoir i lár báire in ionad an téacsleabhair, cruinneas gramadaí agus, thar rud ar bith eile, an mhúinteora. Chreid Mac Néill

nach n-éireodh le feachtas teagaisc na Gaeilge gan féinmhuinín an fhoghlaimeora a chothú, rud a bhí dearmadta san mhodh díreach:

In general, my idea about the earlier conversation lessons is that they should aim at enabling the learners to say in Irish the things they feel most need of saying and most want to say. Learning how to say these things must give them a feeling of satisfaction and new power, where the Modh Cam only inspires a sense of weakness and difficulty. A student cannot be long under the Modh Cam until he begins to feel that the design is to drag and drill him through the whole fabric of Irish Grammar. He doesn't know just how big the job might be, but his ignorance is sure to magnify the difficulties in front of him. He can't help feeling instinctively that a multitude of small points, such as the genitive singular of the first declension of nouns, is to be impressed on his mind by a dry inductive process. And at no stage in the process, from the first to the last, has he heard anything faintly resembling an ordinary piece of talk. A typical Modh Cam lesson would be impossible as an ordinary experience outside or inside of a lunatic asylum.¹⁸⁴

Tá tuairimí Mhic Néill bunaithe ar an dóigh ina bhfoghlaímíonn páiste an chaint:

Any method must be a method, that is to say, it must be systematic and progressive. The child's method is systematic, not because the adults with whom the child converses bother about any system, but because the limitations of the child's mind reduces its conversational experience to a system. The child hears hundreds of things that it never bothers with but passes by unheeded, accepts as concerns its 'subliminal consciousness', for it has a way of not heeding things and still storing up the memory of them. But just as the roots of a plant take up only what the plant needs and rejects what it does not need, so a child holds fast to the phrases it finds useful and passes by others. I think we have here the true basis for system and progress and interest satisfaction, namely to teach first the things that the learner most wants to be able to use, apart from any other standard of utility.¹⁸⁵

Luadh an cur chuige a mhol Ó Catháin ina leabhar *Ceachtanna gramadaighe – 1*, leabhar a bhí dírithe ar an mhodh díreach. Leag Mac Néill síos aidhmeanna na gceachtanna agus na scileanna a bheadh ag teastáil ó na múinteoirí de réir an chur

chuige seo. Dar ndóigh, bhí seo glan i gcoinne fhealsúnacht Uí Chatháin agus Mhic an Fhaighle.

As to general principles

- (1) Every sentence is to be given out complete, with natural rapidity and voice inflexion, and to be learned in the same way
- (2) Nothing to be read or written till so learned. Query, till the whole conversation lesson be complete? Query, any use in writing phonetically in class work? I can see the use of it in taking down sentences learned from native speakers outside, not in class.
- (3) Elucidation of Difficulties: when ordinary action methods fail, I suppose the drift be indicated in English. For my own part, I am not afraid of translation, provided that the Irish is learned off thoroughly by rote and with natural enunciation; but of course translation should not be habitual. If it is used, the natural Irish phrase should be repeated afterwards till it takes hold.
- (4) Should not every conversation lesson be as nearly as possible a complete dramatic scene, so to speak, with a natural beginning and ending.
- (5) The whole lesson should be written out by the teacher in advance, for his own benefit, to secure that the intended ground is properly covered. But in actual use, the teacher might depart a little from the written lesson.
- (6) How to profit by the week's interval? Students who have access to Irish speakers – this won't be a large number – to learn phrases from them, first learning to say them properly till they know how, then writing them in a notebook. What about other students? The aim being to train teachers to teach conversationally, might they not be asked to be ready to teach now and then the lessons they have learned? This would help to keep them fresh on past work.
- (7) Correction of mistakes: The notion of being perfect as you go along – Father Boyle's slán leat method – should not be countenanced. How far then should errors be corrected? I would favour minor errors uncorrected, as we do with children, and making corrections usually, only by saying the thing correctly, without very much emphasis, and then passing on.
- (8) It seems to me that songs might be taught. I mean the words to begin with, by rote, and that these would give an excellent opportunity of teaching accuracy in pronunciation. Strict accuracy would do no harm in this case, and all the five points of phonetics could be brought out. Think over it. I find that, as things are, accuracy is insisted on only in prose, and bad pronunciation allowed in singing. Another way of insisting on phonetic accuracy would be in teaching place-names. Phonetics taught like this would not become a stumbling block in conversation for beginners.¹⁸⁶

I gcomparáid le bunphrionsabail an mhodha dhíriú bheadh saoirse ag an mhúinteoir:

It should be suggested to teachers that they might introduce, off their own bat, bits of conversation that seem to them to have special interest as real live Irish. The teacher in that case would be likely to infuse his own interest into the teaching of such pieces, to do it well, and to capture the interest of the class.¹⁸⁷

Thuig Eoin Mac Néill go raibh bosca Pandora oscailte aige agus nach nglacfaí leis na prionsabail theagaisc a bhí á moladh aige. B'fhéidir go bhfuil an focal 'naimhdeas' róláidir chun cur síos a dhéanamh ar an fhreagairt a tugadh air, ach is léir nach raibh a lucht éisteachta róthógtha lena chuid moltaí an oíche úd san Ardscoil i mBéal Feirste. Feictear nach raibh lucht na hArd scoile ródhíograiseach faoin mhodh nádúrtha:

They tell me in the Ardscoil they have already been at work on the Nature Method for two years; I believe them, but I doubt if they have thrown themselves into it any better than I have up to this. It is not reflected at all in their prospectus. However, I fancy that I burned other boats beside my own on Wednesday night.¹⁸⁸

Ocht mbliain i ndiaidh an fhógra seo tá an méid seo a leanas le léamh i leabhrán na bliana 1920 deirtear:

The basis of instruction for several years past has been the 'Phrase Method,' devised and perfected by Father Domhnall Ó Tuathail, who also takes an active part in the work of the college and gives special lectures on method.¹⁸⁹

Más fíor nach nach raibh an oiread sin tacaíochta ag Mac Néill taobh amuigh d'Ó Méith tá sé íorónta gurb iad bunphrionsabail an mhodha nádúrtha atá ag tiomáint na

ranganna Gaeilge atá á reáchtáil sna coláistí Gaeilge sna Gaeltachtaí sa lá atá inniu ann. Cuirtear nathanna cainte agus foghraíocht mhuintir na háite os comhair na ndaoine óga a chaitheann seal samhraidh iontu. Mar sin, ní amháin go mbeidh cuimhne ar Eoin Mac Néill mar thírghráthóir agus mar pholaiteoir, ach beidh cuimhne air fosta mar dhuine a raibh tuairimí láidre aige maidir le teagasc na Gaeilge agus nach raibh eagla air snámh ina aghaidh an easa.

6.10.0. Conclúid

Ba institiúidí iad na coláistí Gaeilge a cuireadh ar bun chun oidí oilte i modhanna theagasc na Gaeilge a chur ar fáil don chóras oideachais. Líon na coláistí an bhearna a d'fhág na coláistí oiliúna Stáit. Rinne siadsan faillí iomlán sa Ghaeilge agus iad ag ullmhú ábhair mhúinteora chun an curaclam scoile a theagasc. Ba mhór an dúshlán é seo, go háirithe nuair a chuimhnítear gur díograiseoirí teanga a bhí ag dul i mbun na hoibre seo. D'éirigh leo scoláirí léannta a earcú chun cuidiú leo san obair seo. Bhí Risteard Ó Dálaigh, Gearóid Ó Nualláin agus Osborne Ó hAimhirgín ag obair i gColáiste na Mumhan. Bhí de Hindeberg agus Ó Síocháin i gColáiste na Rinne. Bhí Úna Ní Fhaircheallaigh ina hArd-Ollamh i nGort an Choirce. Bhí baint ag Eoin Mac Néill le Coláiste Chonnacht, Tuar Mhic Éadaigh agus le Coláiste Laighean, Baile Átha Cliath, sular ceapadh é ina Ard-Ollamh ar Choláiste Bhríde, Ó Méith i 1912. Thug na scoláirí léannta seo creidiúint agus fuinneamh do na tionscnaimh neamhspleácha seo a bhí dírithe ar an chuspóir chéanna – slánú na Gaeilge chun í a sheachadadh sna scoileanna agus sna craobhacha ar fud na tíre. Neartaigh ról na scoláirí seo go mbeadh sé ar chumas na gcoláistí Gaeilge tairbhe shuntasach a dhéanamh don Ghaeilge.

Léiríonn feiniméan na gcoláistí Gaeilge dáiríreacht i leith an Chonartha agus an Bhoird teacht ar mhodhanna éifeachtacha chun an Ghaeilge a theagasc, ach ar fháthanna éagsúla. Bhí an Conradh ag iarraidh a bheith dílis dá sprioc, an Ghaeilge a athbhunú mar phríomhtheanga labhartha mhuintir na hÉireann. Chuige sin chuir conraitheoirí na coláistí Gaeilge ar bun chun a mhúinteoirí taistil a ullmhú chun caighdeán na ranganna craoibhe a fheabhsú, agus chun oiliúint a chur ar fáil d'oidí scoile na tíre.

Maidir leis an Bhoird, in ainneoin líomhaintí an Chonartha i dtaobh leisce an rialtais, thaispeáin sé go raibh sé ag iarraidh polasaí an chláir dhátheangaigh a chur i bhfeidhm agus go raibh sé sásta airgead poiblí a chur ar fáil chun tacú leis na coláistí Gaeilge a bhí ag déanamh obair ar a shon trí sheirbhísí oiliúna a chur ar fáil. Bhí an chuma ar an scéal gur naimhde iad lucht ghluaiseacht na teanga agus an Bord Náisiúnta agus iad ag plé leis an teanga sa bhunscoil. Ach bhí oifigigh an Bhoird tacúil le hiarrachtaí na gcoláistí agus le hiarrachtaí an Chonartha. Ba chuid lárnach iad na coláistí Gaeilge i gcur i bhfeidhm pholasaí oifigiúil an rialtais, an clár dátheangach. Bhí géarghá le hoidí a bhí oilte le teagasc ar an mhodh dátheangach agus bhí na coláistí ag díriú ar an ghanntanas seo a líonadh. Bhí an Bord ag brath orthu mar nach raibh na coláistí oiliúna Stáit ag dul i mbun na hoibre seo.

Léirigh an Bord go raibh sé dáiríre faoi ról na gcoláistí Gaeilge nuair a bhí ar na cigirí a bhí ag plé leis na coláistí an Ghaeilge a fhoghlaim chun a gcuid ghnóthaí a dhéanamh i nGaeilge. Cé gur chaidreamh míchompórdach a bhí ann is cinnte gur thuig an dá phairtí go raibh siad ag brath ar a chéile agus gur chothaigh an

chomhthuisceint seo de thairbhe iarrachtaí na gcoláistí Gaeilge múinteoirí oilte a chur ar fáil don chóras oideachais go dtí 1921.

NA COLÁISTÍ GAELGEOLAÍCA.

COMHÁIL NA GCOLÁISTÍ.

TRAINING COLLEGES OF IRISH

AFFILIATED TO

The Conference of Gaelic Colleges.

The following brief particulars of the Colleges of Irish affiliated to the Conference of Gaelic Colleges have been compiled for the information of intending students desirous of selecting a college for attendance.

Most of the colleges are situated in Irish-speaking districts, and their courses are carried on during the Summer. The students generally lodge in the houses of Irish speakers or in local hotels where Irish is used. Some colleges, however, provide residential accommodation under the management of the colleges.

Booklets giving full information regarding courses, accommodation, and facilities for travelling are issued by the respective colleges. These and any other information that may be required should be obtained from the Secretary of the college selected.

Colloige	Full Address	Nearest Railway Station and Route	Principal, 1918	Dates of Sessions 1918	Name and Address of Secretary to whom enquiries are to be made
Coláiste Ibhrighte	Omeath, Newry, Co. Louth.	L.N.W.R. to Omeath or U.N.R. to Warrenpoint	Prof. Eoin Mac Neill.	6 July to 17 Aug. and 3 Aug. to 7 Sept.	Rev. James Quinn, C.O., Bessbrook, Newry; or Leader O Dubhda, Castletown Road, Dundalk.
Coláiste na Rinne	Ring, Dungarvan, Co. Waterford.	Dungarvan via Waterford, 6 miles from station.	John Curran, B.A., and P. O'Keefe.	July and August.	John Curran, B.A., Ring College, Dungarvan.
Coláiste Chonnacht I.	Tourmakeady, Ballinrobe, Co. Mayo.	Ballinrobe via Claremorris, 16 miles from station.	Padraic O'Donnabháin	1 July to 27 July and 29 July to 7 Sept.	Rev. B. Crohan, C.C., Oranga, Co. Sligo.
Coláiste Chonnacht II.	Spiddal, Co. Galway.	Galway, 10 miles from station.	S. P. Mac Fari, M.A., M.D.	1 July to 27 July and 29 July to 7 Sept. Bilingual Course—31 July to 22 Aug.	Rev. B. Crohan, C.C., Oranga, Co. Sligo; and Rev. T. McElhinney, P.P., Spiddal, Co. Galway.
Coláiste Choluimcille, Cloghanocly	Cortalack, Letterkenny, Co. Donegal.	Cathainoge via Portadown, Strabane and Letterkenny.	Uua Ní Fhainneolaigh, M.A.	9 July to 21 Sept. (probably) 2 Sessions.	Famonn O Tuathail, M.A., 49 Bilsout Avenue, Driscoll, Dublin.
Coláiste an Daingin	Dingle, Co. Kerry.	Dingle.	Michael O'Pláinn.	1 July to 27 July and 29 July to 31 Aug.	Padraig O'Corcora, The Mall, Dingle.
Coláiste Uí Chuanáin	Carrigrohilly, Co. Clare.	Kilkee, 7 miles from station.	An t-Ath Sean O'Duhalain, B.A., B.D., and An t-Ath T. O'Maolmhuaidhe, B.D.	8 July to 3 Aug. and 6 Aug. to 31 Aug.	Brian O'Huiginn, O'Curry College, Carrigrohilly, Co. Clare.
Coláiste Mhanmhuaidhe	Ballycastle and Ballynietra, Co. Antrim.	Ballycastle, motor boat to Rathlin, ¼ of hour; Branch College at Ballycastle near station.	Rathlin—Rev. S. McEneaney, B.A., B.D. Ballycastle—M. Maguigin.	Rathlin—1 July to 31 July Ballycastle—1 July to 31 July and 1 Aug. to 31 Aug.	M. Maguigin, Croagh Rath, Bank Street, Belfast.
Coláiste Chairtre	Glenduro, Skibbereen, Co. Cork.	Rhibersow, 8 miles via Leath	Frederic O'Hannachain	(1) 1 July (2) 6 Aug.	Michael O'Cuilleanáin, Seana Oulst, Skibbereen.
Coláiste Chornghuill, (Belfast College of Irish)	Bank Street, Belfast.	—	Seamus O'Searaigh, M.A.	Oct. to Dec. and Jan. to May (1919).	M. Maguigin, Belfast College of Irish, Bank Street, Belfast.
Coláiste Leighean (Leinster College of Irish)	25 Farnell Square, Dublin; and Convent of Mary N.S., Drogheda.	—	Famonn O Tuathail, M.A.	Sept. to May, 1919.	B. Mac Giolla Phadráig, B.A., 25 Farnell Square, Dublin.
College of Four Masters	Letterkenny, Co. Donegal.	—	—	—	Hon. Sec., St. Eunan's College, Letterkenny.

* "Winter" Colleges in Belfast, Dublin and Drogheda.

Canell & Co., Ltd., 40 Lt. Ormond Quay, Dublin

Bileog Eolais a d'éisigh Comhdháil na gColáistí Gaeilge roimh tús na gcúrsaí Gaeilge i 1918. Tá Coláiste na Mumhan i measc na gcoláistí nach bhfuil luaite. ¹⁹⁰

- ¹ Dubhghlas de hÍde, *Mise agus an Conradh (go dtí 1905)* (Baile Átha Cliath 1931), 107-8.
- ² *Coláiste na Mumhan 1904-2004 comóradh an chéid*, 3.
- ³ *Freeman's Journal*, 13 Lún. 1904, 9.
- ⁴ Donncha Ó Súilleabháin, 'Na coláiste Gaeilge', 111.
- ⁵ *Daily Irish Independent*, 1 Meán Fómh., 1904 i ndoiciméid ED 7/17, 212.
- ⁶ *ACS*, 13 Iúl, 1905, 9.
- ⁷ *Ibid.*, 27 Bealt., 1905, 6.
- ⁸ *Ibid.*, 6.
- ⁹ Donncha Ó Súilleabháin, 'Na coláiste Gaeilge', 111.
- ¹⁰ Neil Buttimer, i léacht chomóradh an chéid, 24 Meith., 2004 foilsithe ag Chumann staire Bhéal Átha an Ghaorthaidh ina leabhrán chomóradh, 17.
- ¹¹ Máiréad Ní Mhurchú, 'Coláiste múinteoireachta na Mumhan – cúlra stairiúil' in *Coláiste na Mumhan 1904-2004 comóradh an chéid*, 3.
- ¹² *ACS*, 20 Deir. Fómh., 1906, 9.
- ¹³ *Ibid.*, 6 Deir. Fómh., 1906, 6.
- ¹⁴ *ACS*, 9 Lún., 1913, 9.
- ¹⁵ *Sinn Féin*, 16 Meán. Fómh. 1911, 1.
- ¹⁶ *Ibid.*
- ¹⁷ *The Weekley Freeman*, 29 Lún. 1908.
- ¹⁸ *The United Irishman*, 5 Lún., 1905, 1.
- ¹⁹ *Evening Standard*, 1 Meith. 1909, 1.
- ²⁰ Pádraig Mac Piarais, 'An epoch of the movement, *Review of Foclóir Gaedhilge agus Béarla/An Irish English Dictionary*' by P.S. Dinneen in *ACS* 10 Lún. 1904, agus luaite ag Philip O'Leary, *The prose literature of the Irish revival 1881-1921: ideology and innovation*, (University Park, Pennsylvania 1994), 228.
- ²¹ *Ibid.* 228.
- ²² *ACS*, 28 Meán Fómh. 1907.
- ²³ *ACS*, 28 Iúl & 3 Deir. Fómh. 1908.
- ²⁴ *ACS*, 5 Márta 1910.
- ²⁵ *ACS*, 6 Iúl 1912.
- ²⁶ *ACS*, 7 Samh. 1903, 1.
- ²⁷ *ACS*, 10 Iúl 1915, 1.
- ²⁸ Pádraig Ó Duinnín, *Native history in national schools: a lecture delivered before Cumann Gaedhealach na múinteoirí náisiúnta at their rooms, 24 Upper O'Connell Street, Dublin, February 4th, 1905* (Dublin 1905), 9-10, luaite ag O'Leary, *The prose literature*, 167.
- ²⁹ O'Leary, *The prose literature*, 167-8.
- ³⁰ Máiréad Ní Mhurchú, 'Coláiste múinteoireachta na Mumhan', 3.
- ³¹ Tá cuntas gairid in Seán Ó Coigligh, *Traidisiún ghaeltacht Oirghiall agus Coláiste Bhride 1912 Ó Méith 1912-1927*, Tráchtas M.A. neamhfhoilsithe, (Coláiste Phádraig, Droim Conrach 2009), 169-70.
- ³² Luaite ar www.tourmakeady.weekly.com/colaiste_connacht.html; Ceadaithe 20 Meith. 2013.
- ³³ *Irish News and Belfast Morning News*, 11 Iúl 1906.
- ³⁴ Bernadette O'Donovan, *Primary school teachers' understanding of themselves as professionals*, (tráchtas D.Ed. neamhfhoilsithe Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath 2013), 22-3.
- ³⁵ *National Teacher*, 24 Lún. 1900.
- ³⁶ Margaret Ó hÓgartaigh, 'A quiet revolution: women and second level education in Ireland 1878-1930', *New hibernia review*, vol.13, No.2, Samhradh/Summer 2009, 33-51.
- ³⁷ Bernadette O'Donovan, *Primary school teachers' understanding of themselves*, 13.
- ³⁸ *Evening Standard*, 1 Bealt., 1909, 1.
- ³⁹ Doiciméid ED 11/16, L.2100-07c, de Róiste chuig na coiminsinéirí, 13 Iúl 1907.
- ⁴⁰ *Ibid.*
- ⁴¹ *United Irishman* 5 Lúnasa 1905, 1.
- ⁴² Doiciméid ED 11/10/3.
- ⁴³ Doiciméid ED 11/4/4.
- ⁴⁴ Jones, Valerie, *The Gaelic experiment – the preparatory system and coláiste Móibhí 1926-1961* (Dublin 2006), 6.
- ⁴⁵ Seán Mac Mathúna agus Risteard Mac Gabhann, *Conradh na Gaeilge agus an t-oidreachas aosach* (Cois Ferraige 1981), 33.
- ⁴⁶ K. Magner, 'Ballingearry' in *Catholic Bulletin*, September 1912, vol. 2, 643.

- ⁴⁷ Tá an t-eolas seo bunaithe ar chomhrá a bhí agam le Pádraig Ó Ceallaigh ar an ghuthán, 16 Iúl 2013, 17.00.
- ⁴⁸ Mícheál Ó Domhnaill, *Iolscoil na Mumhan ris a ráidhtear an tan seo coláiste na Rinne* (Corcaigh 1987), 24.
- ⁴⁹ Bileog eolais Choláiste Bhríde, Ó Méith 1913, ó phaipéir an Athar Ó Muireadhaigh, Leabharlann an Chairdinéal Ó Fiaich, Ard Mhacha.
- ⁵⁰ Anraí Mac Giolla Chomhaill, *Lorcán Ó Muireadhaigh – sagart agus scoláire* (Dún Geanainn 1983), 47.
- ⁵¹ ACS, 27 Bealt. 1905, 6.
- ⁵² Ibid.
- ⁵³ Aindrias Ó Muineacháin, tagairt d'aiste ar an Dochtúir Ó Dálaigh, *Feasta*, Iúl, 1954; www.ainm.ie, 'Ó Dálaigh, Risteard (1865-1930)'; Ceadaithe 5 Aib. 2103.
- ⁵⁴ Doiciméid ED 11/16/3.
- ⁵⁵ Arthur Cleary, 'Chronicle 1: Gaelic colleges', *Studies – an Irish quarterly review* 6, No. 23, September 1917, 471-2.
- ⁵⁶ ACS, 28 Deir. Fómh., 1905, 10. Bhí Seaghán Ó Catháin lándáiríre faoi thábhacht na foghraíochta agus rinne tréaniarracht daoine a chuir ar a suaimhneas nuair a bhí amhras ar na hUltaigh faoin a tábhacht mar seo a leanas: 'A lecture on Irish Phonetics, usually lasting about twenty minutes, is the next item on our evening's work. I understand that there were some amusing conjectures as to this same Phonetics course before we started. Some could think of it in connection with Pitman's shorthand, or the O'Growney Keywords! There were others whose aesthetic sense revolted at what they thought would be 'a phonetic rendering' similar to what Irish singers occasionally treat us. Fortunately, a few of the students were already good Irish phoneticians, having sat at Rev. Dr. O'Daly's feet during two courses at Ballingearry. I believe these reassured some of the other students. Now that they understand something of this science, and witness its application in the correct teaching of Irish sounds, I think they agree that a knowledge of Phonetics is as necessary to a teacher of Irish ... as a knowledge of musical notes is to the teacher of music. When one gets beyond the preliminary stages, too, the study of Irish Phonetics is a most fascinating one.' *The Irish Peasant*, 30 Noll., 1906.
- ⁵⁷ Arthur E. Cleary, 'Chronicle 1: Gaelic colleges', 471-2.
- ⁵⁸ Donnchadh Ó Luasaigh, 'Óráid an Chathaoirigh' in Comóradh Céad Bliain (Béal Átha an Ghaorthaidh 2004), 13-4.
- ⁵⁹ Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú, 'Risteard Ó Dálaigh (c.1872-1930)', *Beathaisnéis 2* (Baile Átha Cliath 1990), 95.
- ⁶⁰ Ibid., 14.
- ⁶¹ Máiréad Ní Mhurchú, 'Coláiste Múinteoireachta na Mumhan', 3.
- ⁶² Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú, *Beathaisnéis 2* (Baile Átha Cliath 1990), 97.
- ⁶³ Doiciméid G.1,418, Páipéir Sháin Uí Chuív, An Leabharlann Náisiúnta, Baile Átha Cliath.
- ⁶⁴ Filleán G 1,271, Ms. 57, Páipéir Banba, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.
- ⁶⁵ Doiciméid ED 11/3/1, L431-07 Cir. 11, 30 Deir. Fómh., 1907.
- ⁶⁶ Doiciméid ED 11/3/2.
- ⁶⁷ Ibid., 11 Ean., 1909.
- ⁶⁸ Doiciméid ED 11/3/7.
- ⁶⁹ Doiciméid ED 11/3/1. Níl uimhreacha oifigiúla ar fáil do na blianta 1911, 1918, 1919 agus 1920.
- ⁷⁰ Doiciméid ED 11/4/2.
- ⁷¹ Doiciméid ED 11/3/1.
- ⁷² Doiciméid ED 11/4/2.
- ⁷³ Ibid.
- ⁷⁴ Doiciméid ED 11/10/2, Lr. 2518-07c.
- ⁷⁵ Féach Ó Coigligh, *Traidisiún Ghaeltacht Oirghiall*, Aguisín 2, 252-3.
- ⁷⁶ Brian Mac Conraoi, *Omeath – a look at the past*, vol. 2 (Omeath 2007), 60.
- ⁷⁷ Doiciméid ED 11/3/1.
- ⁷⁸ Doiciméid ED 11/3/1/12, L.3367-13C.
- ⁷⁹ Ibid.
- ⁸⁰ Féach Nollaig Mac Congáil, 'Stair bhunú scoil samhraidh an Daingin 1908'.
- ⁸¹ Doiciméid ED 11/28/1, L17775-C.
- ⁸² Ibid.
- ⁸³ Doiciméid ED 11/4/2.
- ⁸⁴ *Irish Times*, 22 Bealt. 1901, 6.

- ⁸⁵ Doiciméid ED 11/16/2, L.2493-07c., de Róiste chuig na coimisinéirí 28 Lún., 1907.
- ⁸⁶ Dociméid ED 11/16/3.
- ⁸⁷ Ibid.
- ⁸⁸ Páipéir Sheáin Uí Chuív, uimhir 57, fillteán G.1418/1.
- ⁸⁹ Ibid.
- ⁹⁰ Doiciméid ED11/21/3.
- ⁹¹ Ó Domhnaill, *Iolscoil na Mumhan*, 45.
- ⁹² Doiciméid ED 11/32/1-2.
- ⁹³ Ibid.
- ⁹⁴ Fillteán G.1,1271, Bailiúchán 57, Páipéir Banba, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.
- ⁹⁵ Ibid.
- ⁹⁶ Ibid.
- ⁹⁷ Doiciméid ED11/32/1.
- ⁹⁸ Doiciméid ED 11/10/6.
- ⁹⁹ Doiciméid ED 11/10/4.
- ¹⁰⁰ Réamheolaire Choláiste na Mumhan 1906.
- ¹⁰¹ Fillteán G. 1,271, Ms. 57, Páipéir Banba, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.
- ¹⁰² Ibid.
- ¹⁰³ Donncha Ó Súilleabháin, 'Na coláistí Gaeilge agus athbheochan na Gaeilge' in *Athbheochan na Gaeilge – cumasach aistí* (Baile Átha Cliath 1998), 103.
- ¹⁰⁴ Donnchadh Ó Luasaigh, 'Óráid an chathaoirligh', 13.
- ¹⁰⁵ Ibid.
- ¹⁰⁶ www.tourmakeady.weekly.com/colaiste-connacht.html; Ceadaithe 2 Feabh. 2011.
- ¹⁰⁷ Ibid.
- ¹⁰⁸ Paipéir Eoin Mhic Néill, Cartlann Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.
- ¹⁰⁹ Leabhrán an Choláiste, 1921 1.
- ¹¹⁰ Leabhrán an Choláiste, 1920, 1.
- ¹¹¹ *The Irish Independent*, 7 Bealtaine 1921.
- ¹¹² Ríona Nic Congáil, R., *Úna Ní Fhaircheallaigh*, 206.
- ¹¹³ Nollaig Mac Congáil, 'Stair na gcoláistí Gaeilge', 117. I dtuarascáil in *An Claidheamh Soluis*, 2 Meán Fómhair, 1905, 9, luaitear ainmneacha na ndaoine seo a leanas a bhí láthair ag an chruinniú úd: Miss Mac Neill, Cushendun House, Cushendun, Miss Lavery Belfast, Belfast; Miss McCrudden, Belfast; Miss Alice Milligan, Rev. Fr. Greenan, Co. Down; Rev. M. O'Mullin, Carndonagh, Co. Donegal; Rev. J. O'Doherty, Derry; Rev. Fr. Maguire, Donaghmoyne; Mr. Stephen Gwynn, Mr. Roger Casement, Mr. Richard Bonner, Townnawilly, Co. Donegal; Mr. John King, Newcastle; Mr. Seamus McManus, Mountcharles, Co. Donegal, Mr. Ward, Omeath; Prof. Mac Laughlin, St. Columb's College, Derry; Mr. P.J. Flanagan, Derry; Mr. J. Bonner, Barnesmore, Co. Donegal; Mr. J.J. O'Hegarty, Derry; Mr. Cahill, Co. Down and Mr. (sic!) Tierney, Monaghan.
- ¹¹⁴ *ACS*, 2 Meán Fómh., 1905, 9.
- ¹¹⁵ *The Leader*, 16 Meán Fómh., 1905
- ¹¹⁶ Ní tugadh 'Coláiste Comhghaill' ar an institiúid go dtí deireadh Dheireadh Fómhair 1907. Roimhe sin tugadh 'An Sgoil Ghaelach', The Belfast Training College for Irish', The Belfast Irish Training School' agus 'Irish Training School' air. Fógraíodh an t-ainm nua ar an Choláiste in *ACS* mar seo a leanas: 'As to signify the great extension of the scope of the College, and to set a high ideal before all associated with it, its name has been changed from 'An Sgoil Ghaedhealach' to Coláiste Naomh Comhghaill, after St. Comghall, the founder of the celebrated school at Bangor in the golden age of Irish learning.' 28 Meán Fómh., 1907, 9.
- ¹¹⁷ *Daily Irish Independent*, 6 Eanáir, 1905, luaite ag Mac Congáil, 'Stair na gcoláistí Gaeilge', 116.
- ¹¹⁸ *The Irish News and Belfast Morning News*, 3 Deir. Fómh., 1905, 3.
- ¹¹⁹ *ACS*, 28 Deir. Fómh., 1905, 10. Bhí Seaghán Ó Catháin lándáiríre faoi thábhacht na foghraíochta agus rinne tréaniarracht daoine a chuir ar a suaimhneas nuair a bhí amhras ar na hUltaigh faoin a tábhacht mar seo a leanas: 'A lecture on Irish Phonetics, usually lasting about twenty minutes, is the next item on our evening's work. I understand that there were some amusing conjectures as to this same Phonetics course before we started. Some could think of it in connection with Pitman's shorthand, or the O'Growney Keywords! There were others whose aesthetic sense revolted at what they thought would be 'a phonetic rendering' similar to what Irish singers occasionally treat us. Fortunately, a few of the students were already good Irish phoneticians, having sat at Rev. Dr. O'Daly's feet during two courses at Ballingearry. I believe these reassured some of the other students. Now that they understand something of this science, and witness its application in the

correct teaching of Irish sounds, I think they agree that a knowledge of Phonetics is as necessary to a teacher of Irish ... as a knowledge of musical notes is to the teacher of music. When one gets beyond the preliminary stages, too, the study of Irish Phonetics is a most fascinating one.' *The Irish Peasant*, 30 Noll., 1906.

¹²⁰ Doiciméid ED 11/11/1, 2647-07C.

¹²¹ Diarmuid Breatnach, Máire Ní Mhurchú, *Beathaisnéis 1* (Baile Átha Cliath 1986), 55-6, ag tagairt don mhéid a bhí le rá ag Peadar Ó hAnnracháin faoi Ó Catháin.

¹²² Doiciméid ED11/11/1, Lr.2040/07.

¹²³ Diarmuid Breathnach, Máire Ní Mhurchú, *Beathaisnéis 2* (Baile Átha Cliath 1990), 129.

¹²⁴ *The Irish Peasant*, 11 Lún., 1906, 3.

¹²⁵ *The Irish Peasant*, 31 Noll. 1931, luaite in Mac Congáil, 'Stair na gcoláistí Gaeilge agus bunú Choláiste Uladh' in Seosamh Ó Ceallaigh (eag.), *Coláiste Uladh 1906-2006* (An Fál Carrach 2006) 125.

¹²⁶ Nollaig Mac Congáil, 'Bunú choláiste na gceithre máistrí', 10-14.

¹²⁷ *The Derry Journal*, 29 Noll., 1905.

¹²⁸ *The Irish People*, 6 Ean., 1906, 7.

¹²⁹ Pádraig Ó Baoighill, *Cardinal Patrick O'Donnell* (Baile na Finne 2008), 259.

¹³⁰ *ACS*, 29 Lún., 1908, 7.

¹³¹ Tagann ceist an chanúnachais chun soluis i scríbhinní Sheáin Mhic Mheanmainn in 'Na hAthruithe' in Seosamh Ó Ceallaigh, *Coláiste Uladh*, nuair a scríobh sé an méid seo a leanas, 'Nuair a chuaigh mise go hArdcoil Cholm Cille an chéad uair ní raibh iomrá ar bith ar an chló Ghallda ná ar Litriú Shimplí. Bhíomar breá sásta leis an chló Ghaelach is an tseanlitriú. Ach cad a tharla anois? Smugacháin, radairí, agus sugáin gan casadh – cait bhreaca an tSaorstáit, daoine nach raibh de mheas orthu tá cúig bliana déag ó shin ach oiread le lucht bratóg is buidéal, d'fhógair siad cogadh ar an tseanchló. Agus ní le hÉire a Ghaelú atá na beacáin bhearaigh is na ruagairí reatha seo ag obair ach le canúint Uladh agus na gConnachtach a chur síos is an méid nár díoladh den oileán bheag a Mhuimhniú!'

¹³² *The Irish Peasant*, 11 Lún., 1906,3; luaite in Mac Congáil, 'Cúlra bhunú choláiste Gaeilge Bhéal Feirste, Coláiste Chomhghaill 1905' in Mícheál Mac Craith agus Pádraig Ó Héalaí, *Diasa díograise-aistí in ómós do Mhairtín Ó Briain*, (Indreabhán 2009) 108.

¹³³ Doiciméid ED 11/10/1, 198/06 ct. 14, c.1883/06.

¹³⁴ *Ibid.*

¹³⁵ *Ibid.*, Ó Maoláin chuig Lehane. Níl dáta leis ag litir.

¹³⁶ *Ibid.*, Mag Uidhir chuig Lehane.

¹³⁷ *Ibid.*, Cir. 14 L.197.

¹³⁸ *Ibid.*, Cir 14 L.198.

¹³⁹ *Ibid.*, L198/1906/Cir.14

¹⁴⁰ *Ibid.*, L 176 31-06.

¹⁴¹ *Ibid.*

¹⁴² *Ibid.*, Ó Cadhla chuig na coimisinéirí, Lúnasa, 1906.

¹⁴³ Ó Súilleabháin, *Athbheochan na Gaeilge*, 21.

¹⁴⁴ *Ibid.*, 22.

¹⁴⁵ Doiciméid ED 11/10,1, L723-07.

¹⁴⁶ *Ibid.*

¹⁴⁷ Doiciméid ED11/27/1, L1640-12c.

¹⁴⁸ *ACS*, 7 Ean., 1905.

¹⁴⁹ Doiciméid ED/11/4/1, Lr. 1724-10c; Mag Fhloinn chuig coimisinéirí an Bhoird, 15 Meith., 1910.

¹⁵⁰ *Freeman's Journal*, 5 Lún., 1910, 6.

¹⁵¹ Doiciméid ED 11/4/1., cir. 11 330, meamran inmheánach ó Mangan chuig na coimisinéirí, 9 Iúl, 1910.

¹⁵² *Ibid.*

¹⁵³ Proinsias Mac Aonghusa, *Ar son na Gaeilge*, 126

¹⁵⁴ *Ibid.*, 126.

¹⁵⁵ *Ibid.*, 126-7.

¹⁵⁶ Seán Ó Neachtáin, *Coláiste Chonnacht – céad bliain ag fás 1910-2010* (An Spidéal 2010), 6. Tá leagan an scéil ag Mac Congáil in 'Coláiste Chonnacht An Spidéal – Céad Bliain ar an Saol' agus atá le léamh ar www.aran.library.nuigalway. Fágann sé scéal an easaontais mar seo a leanas. 'Is leor a rá go bhfuair an t-aighneas cuid mhór poiblíochta sna meáin chlóite idir náisiúnta agus logánta, as Gaeilge agus as Béarla, sular socraíodh an cheist. Socraíodh ag cruinniú de choiste stiúrtha Choláiste

Chonnacht ag tús 1910 go gcuirfí an dara Coláiste Chonnacht ar bun ar an Spidéal an bhliain sin. Má bhí aon bhaint ag an gcinneadh sin leis an aighneas a tharla roimhe sin, níor tráchtadh air go poiblí. Dúradh nach bhféadfadh an Coláiste i dTuar Mhic Éadaigh freastal ar an lucht foghlama a raibh méadú ar an líon i gcónaí. Mar sin a fágadh an scéal.’

¹⁵⁷ Nollaig Mac Congáil, ‘Coláiste Chonnacht An Spidéal’.

¹⁵⁸ Ibid.

¹⁵⁹ *Freeman's Journal*, 8 Lún., 1910, 9.

¹⁶⁰ *Connacht Tribune*, 24 Noll., 1909, 9.

¹⁶¹ Feictear gur tharla díospóireacht nuair a bhí muintir Choláiste Uladh ag iarraidh ionad an choláiste a roghnú. Roghnaíodh Gaoth Dobhair ar dtús. Féach *The Nationalist*, 15 Feabh. 1906, 309. ach socraíodh ansin ar Ghort an Choirce. Féach *ACS*, 24 Márta 1906, 9. I gcás an ionaid do Choláiste an Daingin (1908) bhí sé socrúithe gur i mBaile an Fheirtéaraigh a bhunófaí an coláiste nua, ach socraíodh ar An Daingean i Meitheamh 1908. Tá cuntas iomlán ag Nollaig Mac Congáil ar an díospóireacht a bhain leis in ‘Stair bhunú soil samhraidh an Daingin 1908’, 6-15.

¹⁶² Doiciméid G.1,274, Bailiúchán 57, páipéir Banba, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

¹⁶³ Ibid.

¹⁶⁴ Ibid.

¹⁶⁵ Cuireadh Ardscoil Ultach ar bun in 1911 de bharr an mhíshásaimh a bhraith roinnt conraitheoirí i gCúige Uladh, P.T. Mac Fhionnlaoich nó ‘Cú Uladh’ le Coláiste Chomhghaill, Béal Feirste mar, dar leo, nach raibh Gaeilge Chúige Uladh á dteagasc go fóill ann.

¹⁶⁶ *ACS*, 18 Beal., 1912, 9.

¹⁶⁷ Ibid., 10.

¹⁶⁸ Ibid., 10.

¹⁶⁹ Ibid., 10.

¹⁷⁰ Ibid., 10.

¹⁷¹ *Freeman's Journal*, 25 Aibr., 1914, luaite i bpáipéir Sheáin Uí Chuív, doiciméid G. 1,274.

¹⁷² Ibid.

¹⁷³ Ibid.

¹⁷⁴ Ibid.

¹⁷⁵ Ibid.

¹⁷⁶ *Freeman's Journal*, 28 Aibr., 1917, luaite i bpáipéir Sheáin Uí Chuív, doiciméid G. 1,274

¹⁷⁷ Tá cur síos ar an díospóireacht seo in Seán Mac Mathúna agus Ristear Mac Gabhann, *Conradh na Gaeilge agus an toideachas aosach* (Cois Fharráige 1981), 28-69.

¹⁷⁸ Leabhrán Choláiste Bhríde (Ó Méith 1913), 1.

¹⁷⁹ Ó Mathúna, Seán P., *Múineadh an dara teanga* (Baile Átha Cliath 1979), 38.

¹⁸⁰ Petersen, M.N. *Sprogkundskab i Norden* (Copenhágan 1870); luaite in Ó Mathúna, op. cit., 38.

¹⁸¹ Doiciméid LA1/J/73, Páipéir Uí Thighearnaigh, Cartlann Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

¹⁸² Ibid.

¹⁸³ Ibid.

¹⁸⁴ Doiciméid LA1/J/72.

¹⁸⁵ Ibid.

¹⁸⁶ Ibid.

¹⁸⁷ Ibid.

¹⁸⁸ Doiciméid LA1/J/73.

¹⁸⁹ Leabhrán Choláiste Bhríde (Ó Méith 1920), 1.

¹⁹⁰ Doiciméid ED 11/10/1.

Cuid 3

Oidhreacht na gColáistí Gaeilge

6.

Oidhreacht

na

gColáistí Gaeilge

7.0.0. Tábhacht na gcoláistí Gaeilge

Scríobh Elizabeth Devine, buaiteoir ‘aiste na duaise’ in *The Catholic Bulletin*, Eanáir 1912, agus mac léinn i gColáiste Chonnacht, Tuar Mhic Éadaigh sa bhliain 1911, an méid seo a leanas faoin tuiscint a bhí aici ar obair choláiste Gaeilge:

An Irish College is in the intellectual order what Lough Derg is in the spiritual. In both, mere outward show and creature comforts are relegated to the background; and we become beings of the spirit. An atmosphere of peace and good-will permeates the whole ... Mankind has always consisted of sheep and shepherds: it is the qualities of the shepherds that decide the day. The Connacht Irish College, then, proposes to mould an important body of shepherds; that they may enable the sheep to follow up and develop their ancestral individuality ... it is the function of teachers to see that the rising generation do this, without feeling ashamed or afraid.¹

Thug Eoin Mac Néill ‘the flower of the Gaelic League endeavour’ orthu in *An Claidheamh Soluis* i nDeireadh Fómhair 1909. Chuir sé iad i gcomparáid le coláistí míleata:

The Irish Colleges are to the League what military colleges are to the army. They train the officers of our movement in knowledge and in methods and give them the courage and resourceful individuality for their work. Before the advent of the colleges, in spite of the enthusiasm and sincerity of many workers, much energy was wasted in unfruitful endeavour to teach Irish without the skill of the language teacher.²

Bunaíodh na coláistí Gaeilge chun múinteoirí oilte a chur ar fáil don chóras oideachais agus chun go mbeadh an Ghaeilge, maraon leis an hábhair eile a bhí ar churaclam na scoile, a theagasc go héifeachtach. Thuig an Dr. Micheál Ó hÍcí tábhacht an dátheangachais chomh fada siar le 1899 agus é ag labhairt in Iúr Cinn Trá (2.5.2) agus é ag labhairt faoi chóras oideachais a dhéanfaidh freastal ar phobal na hÉireann. Is é an Píarsach a chuir leis an smaoinemh córas dátheangach a chur i bhfeidhm in achan scoil Náisiúnta sa tír. Cé gur fearadh fáilte roimh an chlár dátheangach nuair a fógraíodh é in Aibreán 1904 bhí sé soiléir nach raibh dóthain múinteoirí oilte ann chun é a chur i bhfeidhm.

Bhí fáthanna ann leis an ghanntanas oidí oilte. Cuireadh bunús an mhilleáin ar an Bhord Náisiúnta mar nár chuir sé deiseanna oiliúna i dteagasc na Gaeilge ar fáil d'oidí scoile, faoi mar a rinne sé sna hábhair eile. Tá sé feicthe, áfach, nár luigh iomlán an mhilleáin ar an Bhord. Ba mhinic a cháin an Piarsach easpa dháiríreacht na n-oidí féin i leith theagasc na Gaeilge. Chothaigh an cáineadh seo teannas agus easaontas idir Conradh na Gaeilge agus na múinteoirí iad féin. Is as an easpa deiseanna oiliúna seo a d'fhás feiniméan na gcoláistí Gaeilge a thosaigh ag teacht ar an saol sa bhliain 1904 agus a raibh mar chuspóir acu an oiliúint seo a chur ar fáil.

7.1.0. Éifeacht gearrthéarmach na gcoláistí Gaeilge – an Ghaeltacht

Is iomaí slí gur féidir oidhreacht na dtionscnamh éagsúil seo a mheas. Is féidir iad a mheas i gcomhthéacs na gcuspóirí a leag siad amach dóibh féin agus i gcomhthéacs na héifeachta gearrthearmaí a bhí acu ar mhuintir na nGaeltachtaí. Creidtear go raibh éifeacht dhearfach ag na coláistí Gaeilge ar mheon agus ar anam mhuintir na Gaeltachta. Ó 1904, an bhliain ar bunaíodh Coláiste na Mumhan, bhí na céadta cuairteoirí ag caitheamh mhíonna an tsamhraidh sa Ghaeltacht ag foghlaim na Gaeilge. Ba é seo a spreag Pádraig Ó Cadhla le ranganna Gaeilge a reáchtáil i Rinn Ua gCuanach (5.2.0). Tugann Anraí Mac Giolla Comhaill an pictiúr seo a leanas den Athair Lorcán Ó Muireadhaigh agus roinnt dá chuid mac léinn agus iad i mbun foghlama i measc na seandaoine i nGaeltacht Ó Méith:

Ba é a chuir sé roimhe i dtólamh in Ó Méith a raibh fágtha den teanga a shábháil agus a thabhairt don aos foghlamtha. Nuair a bhíodh obair an choláiste thart tráthnóna, in ionad dul go dtí teach an lóistín lena scíth a ligean, is amhlaidh a bheireadh sé a aghaidh ar na sléibhte agus chaitheadh sé as sin go ham luí – agus am luí an domhain a bhíodh ann go minic – ag dul thart ar sheandaoine, ag scríobh síos seoda na teanga uathu. Uaireanta, bhíodh an chuid is sine agus is díograisí de na scoláirí leis, agus corrmhúinteoir fosta, b'fhéidir. 'Seanráitíocht' a bhaist sé ar an mhodh foghlamtha seo.³

Is é an saibhreas seanchais seo a mheall scoláirí na Gaeilge agus bailitheoirí an bhéaloidis chuig na ceantair Ghaeltachta chun an seanchas a bhreacadh síos. Caithfidh sé gur neartaíodh misneach phobal na Gaeltachta leis an meas a léirigh na scoláirí agus na foghlaimeoirí seo orthu agus ar a dteanga dhúchais. Chomh maith leis sin thuig siad go raibh lámh acu féin i dteagasc na teanga sin do na ‘cuairteoirí’. Dar le Caitríona Ó Torna go bhfuil sé deacair tionchar na gcuairteoirí seo a mheas de bharr an easpa fianaise agus tuairiscí atá tagtha anuas ó na daoine céanna sin. Luann sí cur síos, áfach, a scríobh Risteard Ó Maolchatha ar cuairt a thug sé féin agus triúr eile ar sheanbhean, Siobhán an tSagairt, i mBéal Átha an Ghaorthaidh thart fán bhliain 1913:

After a few stories the three visitors filed out the door again, and as the last of them stepped across the threshold, Siobhan bent towards me and in a vigorous undertone remarked: ‘Airiú is dócha, a Risteárd, go bhfuil an ghaoluinn aca san.’ The footsteps of the visitors rattled over the cobblestones, their silent minds lingering, no doubt, in appreciation of the vigour and the delicacy and the stored lore of the language they had just listened to. As to Siobhan, her three visitors and their Irish and their interest in Irish were an enigma to her, but they left her buoyed up and stimulated with a pride in her language, a pride in those things linguistically and mentally were traditionally hers. A contribution had been made to the maintenance and revival of the language.⁴

Bhí an baol ann i gcónaí go dtiocfadh an Ghaeltacht faoi thionchar an Bhéarla agus, mar sin, go ndéanadh na foghlaimeoirí dochar don Ghaeltacht agus don chomhthéacs cultúrtha idéalach ina raibh bunús na gcoláistí bunaithe ann. Tharla a leithéid i 1918 sa Rinn nuair a rinneadh gearáin faoi iompar roinnt cuairteoirí a bhí in ainm agus a bheith ag foghlaim na Gaeilge ann ach nach raibh sásta an Ghaeilge a bhí acu a labhairt. ‘Láidriodh Riail na Gaedhealuinne agus b’éigean do gach scoláire feasta foirm a shíniú á ghealladh ná labharfadh sé/sí Béarla fad a bheadh sé/sí sa Rinn’.⁵ Lean coláistí Gaeilge eile le sampla na Rinne agus cuireadh ‘riail an Bhéarla’ i bhfeidhm go forleathan sna coláistí samhraidh ó shin i leith.

Thug Seán Ó Labhra, iar-uachtarán Chomhaltas Uladh, an-mholadh do na coláistí Gaeilge maidir leis an tionchar a bhí acu ar shaol na Gaeltachta. Bhí an méid seo le rá aige agus é ag labhairt ag Éigse Uladh na bliana 1992 faoin éifeacht dhearfach seo ar mhuintir na Gaeltachta:

Mhúscail na coláistí mórtas cine iontu. Chuaigh fealsúnacht na gcoláistí Gaeilge i bhfeidhm orthu. Thuig siad tábhacht a n-oidhreacht agus a ndúchas (sic.) níos fearr. Seo chucu daoine a bhí ag iarraidh an rud a bhí acu siúd ón chliabhán. Tugadh meas agus urraim dóibh cionn is go raibh Gaeilge agus gaelachas acu. Méadaíodh a bhféinmheas. De bharr na gcoláistí ardaíodh a gcaighdeán maireachtála. Feabhsaíodh na tithe agus cuid mhór rudaí eile.⁶

Tá sé doiligh glacadh go hiomlán le tuairimí Uí Labhra, áfach. Nuair a chuir Coimisiún na Gaeltachta (1926) a thuarascáil os comhair an rialtais ba léir go raibh an Ghaeltacht sin imithe i léig go mór. Léiríonn fianaise na tuarascála sin ‘nach raibh tuismitheoirí sásta an teanga a sheachadadh dá bpáistí de bharr gan feidhm ar bith a bheith léi’.⁷ Bréagnaíonn fianaise na bhfinnéithe a chuidigh leis an choimisiún tuairimí Uí Labhra agus léiríonn siad nach raibh an ‘mórtas cine’ sin a luaigh sé chomh láidir agus a shíl sé. Faoi fhichidí na haoise seo caite bhí droim tugtha ag tuistí an aosa óig ar an Ghaeilge mar a bpríomhtheanga labhartha. Dar le McMahon, ‘parents wanted their children to learn English in order to overcome the ingrained social stigma that Irish-speakers were poor and backward ... Fundamentally, however, Irish-speaking parents pushed their children to learn English because they depended financially on their children succeeding as emigrants or as migrant workers’.⁸

7.1.1. Na coláistí Gaeilge agus gilleagar an cheantair Ghaeltachta máguaird

Ní gan chúis a thréig muintir na Gaeltachta an teanga. Léirigh Tomás Bán Ó Concheanainn an ceangal idir an Ghaeilge, an bochtanas agus an imirce ina chur síos ar scoileanna Thír

Chonaill sa bhliain 1902 (2.6.2). Bhí aird an aosa óig ar bhád bán na himirce seachas ar bheith ag fanacht sa bhaile. Mar sin ní bheadh aon ghá le Gaeilge ag páistí a bheadh ag dul go hAlbain agus go Meiriceá. Luann Walsh ina leabhar *Díchoimisiniú teanga: Coimisiún na Gaeltachta 1926* finné amháin a chuidigh le Coimisiún na Gaeltachta agus a dúirt go bhfaca ‘a bhfurmhór aca cad a bhain dóibh féin de dheasca na Gaedhilge’. Lean an finné mar seo a leanas:

Gach post i mbun aon deallradh bhíodh ag imtheacht ba leis an mBeurlóir blasta a thuitfeadh sé, agus is beag nach amhlaidh tá an scéal indiú féin againn. Táthar ag toghadh Beurlóirí, fé lathair os cionn Gaedhealgeóirí tá comhoireamhnach le h-aghaidh postanna Puiblidhe agus lánchead an Riaghaltais leis an obair sin.⁹

Chaithfeadh sé go mbeadh slánú na Gaeltachta agus an infheistíocht i ngeilleagar na Gaeltachta ar aon dul. D’aithin an Coimisiún é sin de réir cosúlachta:

The economic problem which represents itself there forms the heart of the problem, to find a permanent remedy ... The area in which the language persisted came to be reduced to one in which the economic problem was so acute that the surplus population had continually to look for a living outside, while those who remained in home lived in grinding poverty. The economic conditions then became important and a growing factor in the decline of the language. We now know the destructive effect.¹⁰

Cé nár réitigh an t-airgead a tháinig isteach sna ceantair Ghaeltachta gach fadhb ní beag an tairbhe ghearrthéarmach a rinne sé. Tháinig feabhas ar chaighdeán maireachtála na Gaeltachta. Meastar gur fiú €2,000 don cheantar áitiúil gach scoláire a dhéanann freastal ar chúrsa Gaeltachta sa lá atá ann inniu.¹¹ Mar sin, níl aon amhras ann ach go ndeachaigh na coláistí seo i bhfeidhm go mór ar gheilleagar na gceantar inar bunaíodh iad. Feictear an tionchar seo i gCloch Cheann Fhaola agus toradh fhís Úna Ní Fhaircheallaigh, go mbeadh pobal an cheantair sin agus Coláiste Uladh ag obair as láimh a chéile chun tairbhe an phobail áitiúil agus na bhfoghlaimeoirí a d’fhreastail ar an choláiste.¹²

Chuaigh Comhdháil na gColáistí Gaeilge i mbun agóide sa bhliain 1916 nuair a d'fhógair an Roinn Talmhaíochta agus na gCeard laghdú ar na deontais a thug siad do na coláistí. D'fhoilsigh an Chomhdháil bileog eolais chun éifeacht na gciorruithe sin a thaispeáint. Is iad seo a leanas na figiúirí a chuir an Chomhdháil os comhair an phobail. Léiríonn siad go raibh ioncam fiúntach ag teacht isteach chuig na ceantair Ghaeltachta ó na coláistí Gaeilge:

Tionchar na ndeontas ar na coláistí (16 Feabhra 1916)¹³

Name of College	Situation	Total No. who have studied	Average No over past 2 years	Estimate amount spent in locality	Capital Expenditure on liability New building
Munster	Ballingeary Cork	3,000	125	£1,000	£500
	Cork (Winter) Ring, Waterford	1,538	75 135	£1,000	Hall.init. cost £2300
Connacht College	Tourmakeady Co. Mayo	1,850	135	£800	-
	Spiddal Co. Galway	647	165	£700	Building £275
Dingle	Co. Kerry	1,400	116	£1,200	-
Ulster	Cloghaneely Co. Donegal	1,500	104	£600	-
O'Curry	Carrigaholt Co. Clare	400	97	£255	Hall & adds. & €900
Omeath	Co. Louth	320	93	£300	-
Rathlin	Co. Antrim	59	30	?	-
Carberry	Glandore	250	30	£100	-
St. Comhgall's	Belfast	1,690	144	-	Extra Equip. £150
Leinster	Dublin, Navan & Mulligar	1,694	195	-	Liability for rent £250

Ar mhullach na bhfigiúr seo chaith muintir na Gaeltachta airgead ag cur lena dtithe chun lóistín a chur ar fáil do na lóisteoirí i rith na gcúrsaí. Ní beag, mar sin, an tionchar a bhí ag na coláistí ar an phobal ina raibh siad lonnaithe. Bhí fadhb an bhochtanaís ann i gcónaí sna ceantair seo ach ba chúrsaí samhraidh amháin a bhí á reáchtáil sna coláistí. Mar sin, is beag tairbhe eacnamaíochta fhadtéarmach a dhéanfaidh na coláistí seo do gheilleagar na gceantar ina raibh siad lonnaithe. Níorbh é feabhsú eacnamaíochta agus cultúrtha na nGaeltachtaí

príomhaidhm na gcoláistí Gaeilge, áfach. Mar sin caithfear breathnú ar ghnéithe eile chun oidhreacht an gcoláistí Gaeilge a thuiscint.

7.2.0. Éifeacht fhadtéarmach na gcoláistí Gaeilge - cúrsaí oideachais

Ní gá ach an córas oideachais a bhí á chur i bhfeidhm in Éirinn ag deireadh an naoú haois déag a chur i gcomparáid le córas oideachais Rialtas an tSaorstáit, ó 1922 ar aghaidh, chun tábhacht ghluaiseacht na hathbheochana agus oidhreacht na gcoláistí Gaeilge a bhí ag croílár na gluaiseachta sin a fheiceáil in earnáil an oideachais. Tá tréithe agus fealsúnacht an chóras oideachais a chuir Stanley roimhe i 1831 pléite i gCaibidil 1. Galldú na tíre a bhí mar chuspóir aige tríd an Bhéarla a úsáid mar mheán teagaisc in achan scoil Náisiúnta, na ceantair Ghaeltachta san áireamh. Ba é seo an córas oideachais a raibh ‘díShacsanughadh’ le déanamh air,¹⁴ agus a bhí dírithe ar chomhshamhlú luachanna na Breataine agus na hÉireann.¹⁵ Chothaigh an seanchóras seo, maraon leis na cúinsí eacnamaíochta atá luaite thuas, dearcadh diúltach i leith na Gaeilge agus d’oibrigh sé i gcoinne aon dul chun cinn a thabharfadh aitheantas oifigiúil don teanga ar an churaclam. Tá sé soiléir go mbeadh an córas seo, inar tugadh forlámhas don Bhéarla, ag teacht salach ar chóras oideachais rialtas an tSaorstáit inar tugadh túsáit don Ghaeilge.

7.2.1. Toradh pholasaí an Chonartha i leith an dátheangachais

Léiríodh tábhacht fhógairt an chláir dhátheangaigh i gCaibidil 2. Tugadh seasamh combhionann don Ghaeilge ar an churaclam den chéad uair riamh. Ba cháilíocht riachtanach í an Ghaeilge d’oidí in áiteanna mar dheóise Chill Eala i gCo. Mhaigh Eo, i Loch Garman agus i gCorcaigh nuair a fógraíodh nach bhfostófaí oide nach raibh Gaeilge aige, nach ‘nglacfadaois feasta le haon mháighistir sgoile nach raibh ‘na Gaedhealgóir’ ó dheireadh 1904,¹⁶ agus socraíodh ar pholasaí mar sin i limistéar Bhárdas Bhaile Átha Cliath. Bhí

teastas an Bhoird sa Ghaeilge riachtanach ó 1906 d'aon mhúinteoir a bhí le fostú i scoil náisiúnta Gaeltachta ina raibh an clár dátheangach le cur i bhfeidhm. Is cinnte go gurbh í agóid an Chonartha ar son an dátheangachais ba chúis leis an dul chun cinn seo. Is féidir a rá fosta nach mbeadh an Bord Náisiúnta sásta an tsaoirse seo a thabhairt do stádas na Gaeilge gan institiúidí ar nós na gcoláistí Gaeilge a bunaíodh chun an fhadhb a bhain leis an ghanntanas oidí a bhí cáilithe i modhanna teagaisc nua-aimseartha a réiteach. Bhí modh oiliúna faighte anois chun oidí a ullmhú chun an clár dátheangach a chur i bhfeidhm, ach bheadh torthaí sásúla an chláir dhátheangaigh ag brath, go fóill ar aon nós, ar dheathoil agus ar dháiríreacht an Bhoird agus ar dhearcadh na n-oidí i leith na Gaeilge.

Thug bunú Choláiste na Mumhan i 1904 agus bunú na gcoláistí eile a tháinig go tiubh ina dhiaidh móiminteam do ghluaiseacht na teanga, do ghluaiseacht an dátheangachais agus do chaighdeán na ranganna Gaeilge a bhí á réachtáil ag an Chonradh ar fud na tíre. Tugann McMahon le fios gur tháinig feabhas ar chaighdeán na ranganna seo. Dar leis, 'over time classes became livelier and more professional. With the advent of the Gaelic summer Irish colleges, instructors received specialized training in pedagogy, pronunciation, history, literature, music and dance. They returned to their branches better prepared and more enthusiastic to teach'.¹⁷ Bhí ar gach múinteoir taistil de chuid an Chonartha teastas a bheith aige nó aici ó cheann de na coláistí seo.¹⁸

7.2.2. Fadhb oiliúint na n-oidí agus na coláistí Gaeilge

Le fógairt an chláir dhátheangaigh tháinig deacracht eile chun tosaigh, deacracht a aithníodh chomh fada siar le haimsir Choimisiún Powis (1870) agus a pléadh i gCaibidil 3. D'aithin cigirí an Bhoird na deacrachtaí a bhain le caighdeán na múinteoirí scoile ina dtuairiscí ó 1905 (4.1.0). Bliain roimhe sin thug an Píarsach 'the chief obstacle in the way

of the scheme',¹⁹ agus é ag iarraidh an mhoill a bhain le cur i bhfeidhm an chláir dhátheangaigh sna scoileanna Náisiúnta a mhíniú (4.1.1). Bheadh na coláistí Gaeilge, agus mar sin na hoidí a cáilíodh ag deireadh cúrsa sna coláistí sin, in ann seasamh sa bhearna baoil agus réiteach a sholáthar ar an ghanntanas oiliúna seo.

Tá sé luaite cheana gur scríobh an Piarsach breis agus ceathrú milliún focal idir 1903 agus 1909 in *An Claidheamh Soluis* ar thábhacht an oideachais Ghaelaigh, ach déirtear fán Phiarsach nach raibh sa bhrionglóid seo ach smaointe a bhí go hiomlán míréaduíl agus go raibh sé ag súil le barraíocht ó na múinteoirí ar a mbeadh an todhchaí ag brath.²⁰ Cé go raibh suim éigin ag a bhformhór acu i gceist an dátheangachais bhí cuid mhaith den tsuim sin ag brath ar na táillí a bhí á n-íoc go dtí 1904. Tá cur síos déanta i gCaibidil 2 ar an chonspóid a bhris amach laistigh den Chonradh (3.4.0) agus a bhí mar thoradh air 'his disillusionment with his teaching colleagues',²¹ ach ó 1900, nuair a ceadaíodh teagasc na Gaeilge mar ghnáthábhar faoi na hathruithe a tháinig i bhfeidhm faoin *Chlár Nua* gá na múinteoirí seo a spreagadh chun freastal ar na cursaí Gaeilge agus len iad a chur i mbun teagasc na Gaeilge.

Thum na hoidí a d'fhreastail ar na cursaí seo iad féin sa Ghaeilge agus i gcultúr mhuintir na Gaeltachta. Leagadh amach clár oibre leathan, cuimsitheach, mar atá léirithe i gCaibidilí 4 agus 5, agus múineadh iad de réir an mhodha dhírigh a bhí coitianta i dteagasc teangacha ar Mhór-Roinn na hEorpa, áit a bhfuair an Piarsach a chuid smaointe faoin ábhar sin.²² Bhí meascán ábhar traidisiúnta ar nós na foghraíochta, na gramadaí agus na léitheoireachta á dteagasc iontu a thum an foghlaimeoir sa litríocht, idir phrós agus fhilíocht. Ba ghné thábhachtach iad na ranganna criticiúla (6.3.1) ina bhfuair na mic léinn deis na prionsabail teagaisc a d'fhoghlaim siad a chleachtadh. Fuair siad aiseolas óna n-ollúna agus óna

gcomhghleacaithe ar a gcumas teagaisc. Cúrsaí oiliúna praiticiúla a bhí iontu a thugann chun cuimhne gur institiúidí oiliúna go príomha iad na coláistí Gaeilge. Mhair an t-amhras, áfach, maidir le dáiríreacht an Bhoird i leith an dátheangachais agus a leisce maidir le soláthar na ndeiseanna oiliúna a neartódh cur i bhfeidhm an chlár dátheangaigh.

Ba é seo an bunstruchtúr a bhí ann nuair a ghlac Rialtas an tSaorstáit cúram oiliúint na n-ábhar múinteora air féin, agus ba mhór an buntáiste é gur ar Eoin Mac Néill, duine d'ailtíri chóras na gcoláistí Gaeilge céad aire oideachais an chéad rialtais, a bheadh cúram na hoibre seo. Thuig Mac Néill an obair a bhí á déanamh ag na coláistí agus b'fhurasta dó an struchtúr a bhí i bhfeidhm iontu sin a chur i bhfeidhm i gcoláistí oiliúna an stáit nó a chur in oiriúint dóibh i ré an neamhspleáchais pholaitiúil.

7.3.0. An dul chun cinn de thairbhe na gcoláistí Gaeilge in earnáil an oideachais

Cé nár mhair feiniméan na gcoláistí Gaeilge ach tuairim agus fiche bliain, is fiú féachaint ar an dul chun cinn a rinneadh le linn dóibh a bheith ann ó thaobh na Gaeilge. Níl aon amhras ann ach gur chruthaigh siad cíocras i measc go leor oidí an Ghaeilge a fhoghlaim agus cáilíocht oifigiúil i dteagasc na Gaeilge a ghnóthú. Tógann Walsh ceist faoi fhiúntas na gcúrsaí oiliúna a reáchtáil siad. Luann sé, mar shampla, nach raibh ach tuairim agus 1,100 oide cáilithe ins an oideachas dátheangach fán bhliain 1922. Dar leis, ní raibh fiú agus 3,000 oide cáilithe i dteagasc na Gaeilge, as an 12,000 múinteoir bunscoile a bhí fostaithe sna scoileanna náisiúnta ar fud na tíre sa bhliain chéanna.²³ Tógann McMahon an cheist chéanna mar seo a leanas:

In spite of managerial and governmental reluctance to provide them with training and support, some forty percent of teachers in the Free State were already certified to teach through the medium of Irish in the spring of 1922, having taken advantage of the voluntary summer colleges founded by the Gaelic League during the height of the

revival. Of course, this meant that 60 percent of the teaching staff were not initially certified when the curricular policy was promulgated, and even when morer attained their accreditation, it did not guarantee a high cailiber of teaching through the medium of Irish.²⁴

Tugann na figiúirí loma sin le tuiscint nár éirigh rómhaith leis na coláistí Gaeilge na spriocanna a bhí ar intinn ag Tomás Ó Domhnaill agus ag an Chonradh (5.1.0) a shroichint. Ach bheadh éagóir á déanamh ar an obair a bhí ar siúl iontu dá ndéarfaí é seo. Ní mór cuimhneamh nach mbeadh aon mhúinteoirí ann a bheadh oilte i múineadh na Gaeilge agus i múineadh trí mheán na Gaeilge ann gan an obair a rinne na coláistí Gaeilge ó 1904 amach. Ba cheart a n-oidhreacht a mheas de réir an mhéadú mór fuinnimh agus díograise a tháinig chun cinn i ngluaiseacht na teanga de bharr a gcuid oibre, gluaiseacht a bhí á tiomáint anois ag na hoidí scoile seachas ag an Chonradh a bhí ag imeacht i léig ó thart fá 1914.²⁵ Bhí meitheal theoranta oidí cáilithe ann anois den chéad uair riamh i stair an chóras oideachais in Éirinn agus bhí go leor acu díograiseach i leith múineadh na Gaeilge go héifeachtach do pháistí na tíre. Ba mhór an cúnamh iad do Stát ag cur an churaclaim nua Ghaeilge i bhfeidhm sna scoileanna. Ba é cur chun cinn na Gaeilge príomhchuspóir an churaclaim nua ar fad, seachas cur chun cinn an Bhéarla mar a bhí amhlaidh i gcás an tseanchórais anuas go dtí tús an fichiú aois riamh. Chuir na coláistí Gaeilge an comhthéacs cultúrtha riachtanach ar fáil do líon mór de na hoidí agus do na mic léinn a d'fhreastail ar a gcúrsaí. Tumadh sa Ghaeilge agus i gcultúr na Gaeilge iad, rud nach raibh ar fáil i ranganna an Chonartha sna bailte móra agus go háirithe sna coláistí oiliúna stáit.

7.3.1. An comhthéacs cultúrtha agus an dátheangachas

Bhí cúinsí sóisialta eile ag obair i gcoinne aidhmeanna ghluaiseacht na Gaeilge laistigh den chóras oideachais seachas an bochtanas agus an eisimirce. Lonnaíodh na coláistí Gaeilge i lár an Gaeltachta mar ba chliabhán na Gaeilge í an Ghaeltacht ina raibh saíocht agus

oidhreacht na nGael tagtha slán. Is anseo a bhí an Ghaeilge á labhairt mar phríomhtheanga cumarsáide na ndaoine, 'áit de na háiteanna a rachadh a té a bheadh ar lorg glan-Ghaeilge agus seanchas ársa na nGael'.²⁶ Tá sé tábhachtach a thabhairt chun cuimhne nach sa Ghaeltacht a bheadh formhór na n-oidí seo ag obair agus iad ag filleadh ar a scoileanna san fhómhar. Ní gá ach féachaint ar na liostaí tinrimh, a leagtar amach in Aguisín 3 chun ceantair dhúchais na n-oidí a d'fhreastail ar na coláistí seo a fhoghlaim. Ba as an Ghalltacht an chuid ba mhó díobh. Is pointe tábhachtach é seo i gcomhthéacs an dátheangachais, 'sé sin go bhfuil comhthéacs cultúrtha ag teastáil chun an dátheangachas a chothú. Ní amháin nach raibh na scileanna teagaisc ag na hoidí. Ní raibh an comhthéacs cultúrtha láidir sin ann ag tús an fichiú haois in Éirinn chun aidhmeanna an dátheangachais a chothú. Ní raibh an Ghaeilge á labhairt go forleathan lasmuigh de na ceantair Ghaeltachta agus bhí an teanga faoi bhrú i measc mhuintir na Gaeltachta, go háirithe i measc an aosa óig.

D'fhéadfaí a rá go bhfuair an románsachas agus an t-idéalachas an lámh in uachtar ar an réadachas. Ní hamháin go raibh an clár dátheangach le cur i bhfeidhm sna ceantair Ghaeltachta ach ba í brionglóid an Phiarsaigh go gcuirfí i bhfeidhm in achan scoil sa tír é. Is anseo a fheictear an laige is mó a bhain le cur i bhfeidhm an chláir. Níor thuig muintir an Chonartha agus, go háirithe an Piarsach, go raibh Éire ag gluaiseacht i dtreo cultúir aonteangaigh, ina raibh an Béarla tagtha chun tosaigh mar theanga chumarsáide an phobail, cultúr, dar le hÉamonn Mac Niallais, nach gcothódh córas oideachais dhátheangach.²⁷

7.3.2. Fadhb na hoiliúna le réiteach go fóill faoi rialtas an tSaorstáit

Bhí dáiríreacht Rialtas an tSaorstáit i leith na Gaeilge le feiceáil nuair a chruthaigh an Rialtas Aireacht na Gaedhilge, Deireadh Fómhair 1919, agus nuair a ceapadh Seán Ua

Ceallaigh, Uachtarán Chonradh na Gaeilge, ina Aire Gaedhilge chun freastal ar chúrsaí oideachais. Scríobh Gearóid Ó Tuathaigh an méid seo a leanas faoi mheon an rialtais nua i leith na Gaeilge:

The new independent Irish state was determined from the outset to assert the distinctiveness of Irish cultural diversity. For a key cohort of the political leadership of the new Free State ... the Irish language was the corner-stone of that cultural identity: they had ‘been to school’ at the Gaelic League ... the leaders of the main political groupings in the new state accepted that the government of an independent Irish state had an obligation to give official support and recognition to the most irrefutable mark of a distinctive Irish ‘nation’, on whose behalf an independent state had been claimed and established.²⁸

Is í seo an chéad uair riamh ar tugadh aitheantas oifigiúil, poiblí don Ghaeilge. Bhí stádas na teanga ag feabhsú sna scoileanna idirmheánacha ó 1913, nuair a fógraíodh go mbeadh an Ghaeilge ina hábhar riachtanach don Mháithreánach. Mhéadaigh seo líon na scoláirí a ghlac an Ghaeilge mar ábhar scoile, ach bheadh an t-ábhar dóchais seo i mbaol gan cúnaimh agus gan comhairle na múinteoirí. Tugann Ní Cheallaigh aitheantas ar leith do Chumann Múinteoirí Éireann, as ‘comhdháil a ghairm’ sa bhliain 1921, a mbeadh de chúram uirthi ‘clár nua do na bunscoileanna a leagan amach “in accordance with Irish ideals and conditions, due regard being given to local needs and views”’.²⁹ Bhí lámh an Chonartha ins an churaclam nua agus chruthaigh seo amhras i measc na múinteoirí faoi. Dar le Ní Cheallaigh, thuig na múinteoirí nárbh fhada go mbeadh saoirse acu chun pleananna nua a chur i gcrích.

Gan dul i gcomhairle leis na múinteoirí ná leis na bainisteoirí, bhí clár oideachais dréachtaithe ag Conradh na Gaeilge agus iad a chur i bhfeidhm le feachtas éiginthe, ar tháinig stailceanna dá bharr. De réir an phlean seo, roinnfí an tír i dtrí chuid: Fíor-Ghaeltacht, Breac-Ghaeltacht agus Galltacht. Clár dátheangach a bheadh ann i scoileanna na Breac-Ghaeltachta. Sa Ghalltacht, mhúinfí an Ghaeilge ar feadh uair a chloig sa ló ar a laghad go dtí go bhféadfaí clár dátheangach a fheidhmiú ansin freisin, taobh istigh de chúig bliana chomh dóichí lena mhalairt. Caint san aer a bhí sa phlean

seo, dar leis an I.N.T.O.: ‘those who framed this educational programme would have understood that immediate compliance with its demands was a virtual impossibility in the majority of schools’.³⁰

Nuair a cuireadh an clár nua i bhfeidhm, Eanáir 1922, bhí an Ghaeilge le bheith ina hábhair riachtanach, chomh maith le matamaitic, Béarla, stair, tíreolaíocht, amhránaíocht, corpoideachas agus fuáil sna coláistí oiliúna stáit. I gcás ranganna na naíonán, ba í an Ghaeilge amháin a bheadh in úsáid mar mheán teagaisc. Gearradh siar ar líon na n-ábhar a bhí le múineadh sna scoileanna – ábhar gearáin a bhí ann le fada - ach níor réitíodh go fóill fadhb na hoiliúna. Cé go raibh polasaí nua oideachais le cur i bhfeidhm, ní raibh na scileanna teagaisc a bhí riachtanach chun é seo a dhéanamh ag formhór na n-oidí, agus níos measa, ‘the majority ... had little knowledge of the language’.³¹ Don dara huair ó fógraíodh an clár dátheangach sa bhliain 1904 bhí uair na práinne buailte. ‘There could be no postponing the introduction of compulsory Irish or the promotion of Irish as a medium of instruction, and teachers with “only a half-knowledge of Irish ... and possibly only able to read it”, were expected to teach it and use it as a medium of instruction, with pupils “possibly, not understanding a quarter of what he (sic) [was] saying”’.³² Bheadh áit ag na coláistí Gaeilge i réiteach na faidhbe seo.

Faoi mar a bhí an scéal ó bunaíodh an chéad choláiste Gaeilge i mBéal Átha an Ghaorthaidh i 1904, nuair a bhí deis ag oidí feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge agus oiliúint a fháil i dteagasc na teanga, bheadh an deis ag oidí iad féin a ullmhú don tasc nua ó 1922 ar aghaidh. Bheadh áit lárnach ag na coláistí Gaeilge in oiliúint na n-oidí a raibh orthu an Ghaeilge a theagasc, go dtí go mbeadh dóthain oidí cáilithe sna coláistí oiliúna. Tá an méid seo le rá ag Kelly faoi phleananna an Rialtais i dtaca leis na coláistí Gaeilge:

The Free State Government's decision to further develop the summer college idea for teachers, was ... a natural progression, and in 1922 longer school summer holidays were introduced to facilitate attendance at such courses in the Gaeltacht, a move seen in some quarters as 'drastic'. Student teachers in teacher training colleges were also expected to spend four weeks in the Gaeltacht when the colleges closed at the end of May.³³

Níor cuireadh iachall ar oidí scoile freastal ar na cúrsaí samhraidh seo ach amháin idir 1924 agus 1925. Ó 1922 mhair na cúrsaí seo ocht seachtaine i rith mhí Iúil agus Lúnasa. Reáchtáladh bunchúrsa, meánchúrsa agus cúrsa dátheangach i 1922 agus cuireadh cúrsa an teastais ar siúl ó 1923. Sa bhliain 1924 agus arís i 1925 bhí ar gach oide scoile faoi bhun 45 bliain d'aois freastal ar chúrsa Gaeilge. Cúrsaí ceithre seachaine a bhí ar siúl i rith na mblianta sin. Dar le tuairisceoir an *Irish Schools Weekly*, 24 Nollaig 1927, 'the great bulk of teachers had spent their sixth successive year 'mastering the national language in order to be in a position to enable the rising generation to grapple with its difficulties and delight in its mellifluous cadences'.³⁴ Is é seo a leanas an méid atá le rá ag Kelly agus é ag féachaint ar oidhreacht na gcoláistí Gaeilge fá dheireadh na bhfichidí:

The summer courses were successful in achieving what they were developed for ... such contemporary enthusiasm for the achievements of the summer courses was a measure of both their success and their appeal for teachers. In the same year [1927] the Department of Education reported that, as a consequence of the courses, Irish in a number of areas was 'becoming the customary school language and Irish literature and tradition are being conserved and reintroduced into the life of the nation' [Report of the Department of Education 1916-27, 18].³⁵

D'éirigh chomh maith sin leis na cúrsaí Gaeltachta seo gur chuir an Roinn Oideachais deireadh leo sa bhliain 1929. Bhí bláth tar éis teacht ar obair na gcoláistí oiliúna agus bhí deireadh ag teacht anois lena ról. Faoi mar a tharla i Scoil Samhraidh Thamhain ó 1911 dhírigh focás roinnt coláistí ar an aos óg, 'an spriocmhargadh áirithe seo' chun 'go gcothófaí dearcadh náisiúnta iontu'.³⁶ Bhí an scoil faoi stiúir Éamoin de Valera idir 1911

agis 1913 agus ‘de bhrí gur thuig de Valera nach raibh gá ná éileamh ar thrí choláiste oiliúna do mhúinteoirí in aon cheantar amháin ... mhol sé go ndíreodh Scoil Samhraidh Thamhain ar chúrsaí a sholáthar do scoláirí meánscoile agus ollscoile nach raibh líofacht sa teanga acu ach a raibh fonn orthu feabhas a chur ar a gcumas cainte’.³⁷

7.4.0. An caidreamh idir na coláistí Gaeilge agus an Conradh

Tá tuairim choitianta ann gur chuid de ghréasán oifigiúil Chonradh an Gaeilge iad na coláistí Gaeilge. Luann Mac Aonghusa ‘coláistí de chuid Chonradh na Gaeilge’ agus déanann sé tagairt do ‘choláistí an Chonartha’ agus é ag cur síos ar fheiniméan na gcoláistí samhraidh Gaeilge.³⁸ Níl aon fhianaise ann le rá go raibh na coláistí Gaeilge mar chuid de straitéis an Chonartha an Ghaeilge a chur chun cinn. Léiríonn cáipéisí Sheáin Uí Chuív, mar shampla, nár ghluaiseacht eagraithe, aontaithe a bhí sna coláistí Gaeilge agus go raibh coláistí ann, go háirithe a choláiste féin, Coláiste na Mumhan, a shantaigh neamhspleáchas iomlán ó eagraíocht ar bith (6.4.1). Tá sé feicthe i gCaibidil 5 gur chuir seasamh Choiste Ghnó an Chonartha i leith an Bhoird isteach ar Choláiste Uladh nuair a bhí údaráis an choláiste ag déanamh réidh le hiarratas aitheantais a dhéanamh leis an Bhord (6.8.3). Níl maoiniú rialta, seasmhach ón Chonradh le feiceáil i gcuntas na gcoláistí, seachas an £50 a gheall an Coiste Gnó do gach coláiste gach bliain ar feadh ceithre bliana, i ndiaidh dóibh teacht ar an saol.³⁹

Ní hionann sin agus a rá nach bhfuair agus nár ghlac na coláistí le cúnaimh ón Chonradh. Gheall Craobh Londan deontas mar shampla do na scoileanna Gaeilge sa bhliain 1901 nuair a mhol an feisire Tomás Ó Domhnaill a léithéid d’institiúid chun oiliúint a chur ar oidí i dteagasc na Gaeilge (5.1.0). Bhronn Coiste Gnó an Chonartha £350 ar Choláiste na Mumhan sa bhliain 1904. Bhronn Craobh Londain airgead ar thionsnamh Bhéal Átha an

Ghaorthaidh (5.2.0), díreach mar a bhronn craobhacha agus Conraitheoirí áirithe síntiúis phríobháideacha chun cuidiú le coláistí eile (6.7.1). Bhí na coláistí Gaeilge ag brath ar dheontais an Bhoird agus ar na síntiúis phríobháideacha seo chun a gcuid billí a íoc.

Bhí caidreamh tábhachtach ag na coláistí leis an Chonradh ag an am chéanna, áfach. Conraitheoirí a chuir na coláistí Gaeilge ar bun. Conraitheoirí a reáchtáil na cúrsaí bliantúla iontu. Ní gá ach féachaint ar liostaí na mball foirne chun tionchar an Chonartha a fheiceáil. Bhí Eoin Mac Néill ina Ard-Ollamh ar Choláiste Bhríde, Ó Méith i ndiaidh dó a bheith ag teagasc i gColaiste Chonnacht, Tuar Mhic Éadaigh. Bhí ‘Mr. Gaelic League’, Peadar Ó Dubhda ina bhall ar fhoireann an choláiste ó d’oscail sé i 1912 go dtí an lá a dhruid an coláiste i 1927. Is ón Phiarsach a fuair Ó Dubhda a theastas i gColáiste Uladh i nGort an Choirce sa bhliain 1906. Bhí an tAthair Lorcán Ó Muireadhaigh ar fhoireann an choláiste ó 1913. Is é a rinne an cinneadh an coláiste a aistriú go Rann na Feirste i 1926 agus is eisean a rinne an cinneadh Comhaltas Uladh a bhunú agus Gaeil Uladh a scaradh amach ó imeachtaí an Chonartha ó dheas. Bhí daoine mar Sheán P. Mac Enrí, Mícheál Breathnach, Tomás Ó Colmáin ceangailte go dlúth le Coláiste Chonnacht. Ghlac Mícheál Breathnach páirt in imeachtaí an Chonartha agus bhí Seán P. Mac Enrí ina leas-uachtarán ar Chraobh Londan i 1895 agus, i ndiaidh dó filleadh ar Éirinn, ‘ba mhinic ... é ag timireacht go toildheonach don Chonradh’.⁴⁰ Tá Úna Ní Fhaircheallaigh agus Séamus Ó Searcaigh i lár scéal Choláiste Uladh. Dúradh faoi Úna Ní Fhaircheallaigh gurbh í ‘an bhean ba phoiblí agus ba thábhachtaí ... sa Chonradh lena linn féin’.⁴¹ Chuir Neillí Ní Bhriain, garíníon an Éireannaigh Aontaithe William Smith O’Brien, coláiste Gaeilge ar bun i gCarraig an Chomhaltaigh, Co. an Chláir, agus cloistear ainmneacha Sheáin Uí Chuív agus Liam de Róiste go minic agus scéal Choláiste na Mumhan á insint. Bhí Seán Ó Cuív ina bhall de choiste Chorcaí agus bhí sé i measc an cheathrair a chuir Craobh an Chéitinnigh ar bun i

mBaile Átha Cliath. Bhí Pádraig Ó Cadhla ar dhuine de na timirí ba thúisce a chaith na blianta ag obair ar son an Chonartha i gceantar na nDéise agus bhí sé i dteannta de Hindeberg agus Uí Shíocháin ag bunú Choláiste na Rinne i 1905.

Ba dhaoine díograiseacha iad sin a chreid go hiomlán i mbunteachtaireacht an Chonartha mar a chuir an Craoibhín í i láthair i mBéal Feirste, 12 Nollaig 1899 (2.5.1). Thiomáin an Conradh gluaiseacht na teanga agus cuireadh na coláistí Gaeilge ar bun chun an méid dul chun cinn a bhí bainte amach ag an Ghaeilge sa chóras oideachais i 1900 agus i 1904 a bhrú ar aghaidh trí oiliúint i dteagasc na Gaeilge a chur ar fáil d'oidí scoile.

Ba Chonraitheoirí a reáchtáil na coláistí Gaeilge. B'oidí scoile iad, den chuid is mó - 'cúltaca an Chonartha ón tús', de réir Dhonncha Uí Shúilleabháin.⁴² Bhí an Conradh ag brath ar na hoidí scoile a reáchtáil na coláistí agus ar na hoidí a d'fhreastail orthu chun a chuspóirí a chur chun cinn. Ní léiríonn an fhianaise atá ann gur éirigh leis na Chonradh na hoidí seo a mhealladh leis. Tá samplaí luaithe cheana féin den olc a chuir an Píarsach ar oidí i nGaillimh (4.1.4) i 1904 agus i nDún Garbhán sa bhliain 1910 (5.6.0) leis na tuairimí a nocht sé faoina ndearcadh leithscéalach i leith na Gaeilge agus i leith theagasc na Gaeilge - nod a léiríonn, b'fhéidir, nár thuig údarais an Chonartha cás na n-oidí agus na cúinsí áitiúla a bhain leo. Tugann Ó Súilleabháin le fios go raibh éifeacht mhíshásamh mhúinteoirí na Gaillimhe ag cothú teannais idir Cumann Mhúinteoirí Éireann agus Conradh na Gaeilge i 1907. Nuair a d'fhoilsigh Coiste Oideachais an Chonartha ciorclán chuig craobhacha an chumainn ag iarraidh orthu dul i mbun teagasc na staire sna scoileanna, tuairicíodh in *Irish Schools Weekly*, 13 Iúl 1907, go raibh an méid seo le rá ag uachtarán Chumann Mhúinteoirí Éireann, an tUasal Gamble faoin Chonradh:

When they read what was said of them every other Sunday of late on The Gaelic League platform [*An Claidheamh Soluis*], and when they knew it meant dismissal to them, to stand on that platform to defend themselves, it made a man of spirit regret he was a teacher. They were told they were indifferent to the language, and that indifferent men were more dangerous to the movement than aggressive men. They were told, now that fees for Irish were restored, the parents and managers would see the teachers would do their duty by the language, and the parents were told to even boycott the schools unless Irish was taught. Well, he would say the teachers had done more practical and useful work for Irish than all the other bodies put together in the Gaelic League, and he would further say that, as now the platform of the Gaelic League was used to issue threats towards the teachers, it was well for the teachers they had an Organisation of their own at their back, strong enough not only to protect their rights, but to advance their interests.⁴³

Nuair a tharla an t-aighneas i gCúige Chonnacht i ndiaidh bhás Mhíchíl Bhreathnaigh i 1908, chreid muintir Thuar Mhic Éadaigh go raibh an coláiste tréigthe ag an Chonradh. Dúradh, mar shampla, ‘as far as the Connradh was concerned the college ceased to exist’.⁴⁴ Dar leis na tuairiscí a thagann anuas chugainn, chuir muintir Thuar Mhic Éadaigh a muinín ina gcoláiste féin. Chreid siad go neartaíodh a dtionscnamh de bharr an easaontais, ‘... and perhaps, because of the dispute, the British board of education gave more status to Tourmakeady graduates and until 1921 the number of students continued to grow’.⁴⁵ Ní thacaíonn na figiúirí, mar atá le feiceáil in Aguisín 3, leis na tuairimí seo, áfach.

Tá sé doiligh a thuiscint cén chúis a bhí leis an mhíthuiscint idir cinnirí an Chonartha agus na coláistí agus na hoidí. Bhí gréasán timirí ag an Chonradh a bhí ag obair ar fud na tíre, agus tá cuntas ó chuid acu feicthe cheana. Bhí daoine mar Phádraig Ó Máille, Pheadar Ó hAnnracháin agus Phádraig Ó Cadhla (2.6.1) gníomhach ag iarraidh teachtaireacht an Chonartha a chraobhscaoileadh ar fud na tíre, mar a léiríonn an tráchteaireacht a rinne an Craoibhín in *Mise agus an Connradh* ar a gcuid oibre. Tá sé suimiúil féachaint ar na dualgais a bhí orthu, mar Chonraitheoirí. Ba dhaoine iad a bhí ag feidhmniú mar a bheadh cigirí, le cead agus le ‘húdarás’ an Chonartha. Thug siad cuairt ar na scoileanna chun

‘cigireacht’ a dhéanamh ar staid na Gaeilge iontu. Ba chuid dá gcuid oibre páistí a chur faoi scrúdú, de réir an Chraoibhín (2.6.0). Tugann a dtuairiscí léargas suimiúil dúinn ar staid na Gaeilge sna scoileanna ag tús an fichiú haois, ach léirítear fosta gur minic nár cuireadh fáilte rompu. Thaispeáin Tomás Bán Ó Concheanainn an naimhdeas a bhraith sé agus feisirí eile an Chonartha agus é ag dul timpeall ar Thír Chonaill sa bhliain 1902 (2.6.3). Tá sé furasta an teannas seo a thuiscint. Bhí na hoidí ag obair sna scoileanna náisiúnta sna ceantair sin gan aon oiliúint i dteagasc na Gaeilge. Bhí siad ag brath ar dheathoil na mbainisteoirí maidir le teagasc na teanga. Ach ba dhaoine iad a bhí fostaithe ag an Bhord. Léiríonn tuairiscí na dtimirí an eagla a bhí ar na hoidí seo roimh a mbainisteoirí, roimh na sagairt agus roimh chigirí an Bhoird. Ní haon ionadh, mar sin, go mbeadh eagla ar roinnt díobh roimh oifigigh an Chonartha, go háirithe nuair nach raibh le léamh acu in *An Claidheamh Soluis* ach lochtú agus cáineadh ón Phiarsach agus ón Chraoibhín. Is leor a rá gur chaill an Conradh an cath chun na múinteoirí a mhealladh leo agus gur mhair seanamhras na múinteoirí go dtí gur chaill an Conradh a údarás in earnáil an oideachais. Ba bhuille mór é sin do stádas na heagraíochta sa phobail i gcoitinne. Má bhí Conradh na Gaeilge ag dul i léig ar fud na tíre faoin mbliain 1914, caithfidh sé go raibh baint an-suntasach aige sin leis an droch-chaidreamh a bhí aigre le múinteoirí na tíre i dtaca le múineadh na Gaeilge sna scoileanna. Toradh an-tábhachtach eile a bhí ar an aighneas idir Conradh na Gaeilge agus na múinteoirí gur chaill an Conradh go leor dá chuid tionchair ar na coláistí Gaeilge agus gur tháinig méadú ar smacht an Bhoird orthu agus ar an leibhéal comhoibríthe idir na múinteoirí agus an Bord.

Níor chóir áfach a bheith ró-dhian ar an Conradh agus ar a thimirí. Ba dhaoine iad seo a chreid go hiomlán i gcúis na Gaeilge agus i gcuspóirí an Chonartha i dtaobh na teanga. Chaith siad a saol ag obair go dúthrachtach chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Ba dhaoine

iad a thuig an dul chun cinn a tháinig ar an Ghaeilge agus a chaith iad féin go hiomlán isteach in obair an Chonartha chun an dul chun cinn seo a neartú. Tá sé le tuiscint, mar sin, go mbeadh frustrachas agus díspreagadh éigin le brath iontu nuair a chonaic siad go raibh an teanga ag cúlú sna ceantair ba láidre Gaeilge sa tír, agus go raibh leisce ar chuid mhaith de mhúinteoirí na nGaeltachtaí an teanga a theagasc.

I ndeireadh thiar is é an Bord a bhí i mbun na gcoláistí (5.2.0). Is é an Bord a leag síos na caighdeáin a bhain le gach gné de réachtáil na gcoláistí – cáilíochtaí, siollabais, téacsleabhair, socruithe lóistín agus cúrsaí ionadaíochta. Is é an Bord a thug aitheantas do na teastais a bronnadh ag deireadh na gcúrsaí agus a bhronn an deontas £5 ar an choláiste i gcás gach oide a shásaigh caighdeán na gcigirí agus iad ag teagasc na Gaeilge. Bhí an caidreamh idir lucht stiúrtha na gcoláistí agus an Bord míchompordach go minic ach thuig an dá pháirtí a chéile agus iad ag cur polasaí oifigiúil an rialtais, an clár dátheangach i bhfeidhm. Ba é seo cuspóir an Chonartha fosta ach ní raibh an t-údarás ná an stadás a bhí ag an Bhord aige. Tá sé íorónta go raibh an Bord Náisiúnta ag cur i bhfeidhm polasaithe a raibh an Conradh tar éis troid ar a son agus a bhí curtha chun cinn aige, 'sé sin múineadh na Gaeilge agus méadú eolas dhaltáí scoile na tíre ar chultúr na Gaeilge, ar oidhreacht na teanga agus ar stair na nGael. Gan feachtas an Chonartha ní thiocfadh ann dó seo ar fad ná do na coláistí chomh luath sin.

7.5.0. Clabhsúr scéal na gcoláistí Gaeilge

Tá oidhreacht na gcoláistí Gaeilge le feiceáil, mar sin, go príomha in earnáil an oideachais. Is féidir a rá gurbh é an ghné ba thábhachtaí a bhain leo ná go ndeachaigh siad i mbun oiliúint a chur ar oidí scoile i dteagasc na Gaeilge den chéad uair riamh. Ní hionann sin agus a rá go raibh an córas a bhí acu foirfe. Ní raibh, ar an dóigh nach bhfuil aon chóras

oideachais agus oiliúna foirfe. Mar sin féin, ba chéim fhíorthábhachtach, riachtanach iad na hinstitiúidí seo i scéal athbheochan na Gaeilge ag tús an fhichiú haois. Ar na nithe a chur na coláistí i gcrích tá siad seo a leanas:

- Mheall siad na céadta oidí scoile chun na nGaeltachtaí bliain i ndiaidh bliana chun na scileanna riachtanacha i dteagasc na Gaeilge a fhoghlaim agus chun a súile a oscailt do shaibhreas teanga agus culturtha na nGaeltachtaí.
- Thug siad stadás do na Gaeltachtaí nach raibh riamh acu roimhe agus do mhuintir na Gaeltachta arbh ionann agus ‘tobar na Gaeilge, lárionad an dúchais agus an ceangal gan bhriseadh le chuile ghné d’oidhreacht na Gaeilge ón am fadó nuair a bhí an tír seo ina lóchrann léinn is creidimh d’iarthar na hEorpa’ iad.⁴⁶
